Cuntais na Seirbhísí Poiblí 2010

Bainistíocht Vóta

Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Imleabhar 2

Curtha faoi bhráid Dháil Éireann faoi réir Alt 3 (11) de Acht
an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993

Meán Fómhair 2011

Ullmhaíodh an tuarsacáil ar bhunús na doiciméadachta faisnéise agus na mínithe a fuarthas ó Ranna agus Oifigí Rialtais a ndéantar tagairt dóibh sa Tuarascáil.

Seoladh dréachtanna de mhíreanna ábhartha na Tuarascála chuig na Ranna agus Oifigí Rialtais lena mbaineann agus iarradh a gcuid tuairimí orthu. Nuair is cuí coimsíodh na tuairimí sin sa leagan deiridh den Tuarascáil.

An English language version of this report is also available (Prn. A11/1295).

© Rialtas na hÉireann 2011

Cuntais na Seirbhísí Poiblí 2010

Imleabhar 2 – Bainistíocht Vóta

Clár

Caibidil 18 Cuntasaíocht Rialtais Láir 233

Vóta 4 ***An Phríomh-Oifig Staidrimh***

Caibidil 19 Córas Bainistithe Sonraí 255

Vóta 15 ***An Oifig Luachála***

Caibidil 20 Rialachas agus Rialú Airgeadais 275

Vóta 19 ***Dlí, Cirt agus Athchóirithe Dlí***

Vóta 20 ***Garda Síochána***

Caibidil 21 Córais Mhéarloirg 281

Vóta 25 ***Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil***

Caibidil 22 Cistí ón Rialtas Láir do na hÚdaráis Áitiúla 301

Vóta 28 ***Gnóthaí Eachtracha***

Caibidil 23 Fóram Eacnamaíoch Éireannaigh an Domhain 319

Vóta 29 ***Comhoibriú Idirnáisiúnta***

Caibidil 24 Cúnamh Forbartha Oifigiúil 337

Vóta 30 ***Cumarsáid, Fuinneamh agus Acmhainní Nádúrtha***

Caibidil 25 An Scéim Náisiúnta Leathanbhanda 357

Vóta 31 ***Talmhaíocht, Iascach agus Bia***

Caibidil 26 Scéim maidir le hAisghairm Muiceola 369

Vóta 32 ***Iompar***

Caibidil 27 Obair Chothabhála ar Bhóithre Réigiúnacha agus ar Bhóithre Áitiúla 387

Vóta 34 ***Fiontar, Trádáil agus Fostaíocht***

Caibidil 28 Tacaíocht Fhostaíochta agus Cobhsú Fiontair 397

Caibidil 29 Boird Fiontar Contae agus Cathrach 415

Vóta 35 ***Turasóireachta, Cultúir agus Spóirt***

Caibidil 30 An Clár Caipitil Spóirt.....433

Caibidil 31 Campas Náisiúnta Spóirt.....443

Vóta 36 ***Cosaint***

Caibidil 32 Rialú Airgeadais maidir le Cumann Croise Deirge na hÉireann..... 453

Vóta 38 ***Coimirce Sóisialaí***

Caibidil 33 Scéimeanna Leasa agus Fostaíochta 459

Caibidil 34 Ró-íocaíochtaí Leasa.....471

Caibidil 35 Rialtacht Íocaíochtaí Leasa Shóisialaigh.....479

Caibidil 36 Bearta Rialúcháin ag Leibhéal na Scéime..... 487

Caibidil 37 Rialuithe faoi Threallús ag an Eolas 501

Caibidil 38 Ag Tomhas Torthaí Athbhreithnithe..... 509

Caibidil 39 Comhréiteach Bainc agus An Post..... 521

Caibidil 40 Scéim Shóisialta na Tuaithe 527

Vóta 40 ***Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte***

Caibidil 41 Socruithe Comhpháirtíochta sa tSeirbhís Sláinte 545

Caibidil 42 Soláthair i bhFeidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte..... 561

Caibidil 43 Foirne Cúraim Phríomhúil..... 575

Caibidil 44 An Fhorbairt ar Ionaid Cúram Príomhúil..... 591

Caibidil 45 Comhairleacht agus Tacaíocht Sheachtrach..... 613

Caibidil 46 Leas Maoine an Stáit a Chosaint..... 629

Caibidil 47 Bainistiú Vóta na FSS.....635

Caibidil 48 Costais Cúram Teach Altranais.....655

Vóta 41 ***Leanaí agus Gnóthaí Óige***

Caibidil 49 Saoráidí Cúraim Leanaí..... 667

Caibidil 18

Cuntasaíocht Rialtais Láir

Rialtas Láir

Cuntasaíocht Rialtais Láir

18.1 Cuireann Dáil éireann airgead ar fáil do sheirbhísí ranna agus oifigí Rialtais, idir chaipitiúil agus neamhchaipitiúil, trí

- meastacháin a cheadú do na seirbhísí úd i gcaitheamh na bliana
- ag tabhairt éifeacht reachtúil do na meastacháin in Acht Leithreasa bliantúil.

18.2 Tarlaíonn an caiteachas faoi 'vótaí', vóta amháin ar a laghad a chlúdaíonn feidhmeanna gach ranna nó oifige. Sa chéad chuid den mheastachán do gach vóta (ar a dtugtar an scóip) bíonn achoimre ar na seirbhísí a bhíonn le maoiniú. Cuirtear an scóip isteach san Acht bliantúil Leithreasaithe agus dá bhrí sin seasann sí do na cúiseanna a bhíonn le húdarás Dáil Éireann don mhaoiniú.

18.3 Ag deireadh bliain airgeadais, caithfidh gach roinn agus gach oifig cuntas a ullmhú, ar a dtugtar an cuntas leithreasaithe, in aghaidh gach seirbhís vótálta atá faoina gcúram riaracháin. Is é an riachtanas reachtúil ná go mbeidh tuairisc sa chuntas leithreasaithe ar chaiteachas na bliana i gcomparáid leis an méid a sholáthraíonn Dáil Éireann. Is ar bhonn airgead tirim a leagtar amach cuntais leithreasaithe. Mar eolas breise, clúdaítear i nótaí leis na cuntais, caiteachais agus iarmhéid áirithe ar bhonn fabhraithe.

Torthaí Iniúchtaí 2010

Críochnaíodh Iniúchtaí ar na Cuntais Leithreasaithe 2010 do na vótaí go léir. Leagtar amach gach aon chuntas, maraon leis an dtuairisc chuí iniúchta in imleabhar gabhálais dar teideal Cuntais Leithreasaithe 2010. Tá an tuairim soiléir i ngach aon chás.

Chomh maith le cuntais leithreasaithe gach Ranna agus Oifige, ní mór dom faoi Alt 3 (5) den Acht um Ard-Reachtaire Ciste agus Cuntas (Leasú) 1993 tagairt im theastas iniúchta d'aon ócáid suntasach mar a gcaitheadh airgead ar chúis eile seachas mar a bhí beartaithe nó i gcás nach bhfuil idirbheart de réir an údaráis chuí. Táim tar éis aird a tharraingt ar leibhéal suntasach íocaíochta neamhrialta faoin Vóta Coimirce Sóisialaí.

Gan agús a chur i mo thuairim, tagraítear sa chaibidil seo do mhuirir áirithe ar vótaí a tharla roimh aibíocht an dliteanais a bhain leo. Cé nach tábhachtach iad, sáraíonn na suimeanna úd Nósanna Airgeadais Phoiblí.

Leithreasú na bliana 2010

18.4 Áirítear achoimre in Iarscríbhinn A ar na suimeanna leithreasaithe i 2010 do na seirbhísí poiblí a riartar trí vótaí na Rann agus na n-oifigí i 2010. Léirítear freisin caiteachas na bliana, maraon le barrachas leithreasuithe ar chaiteachas.

18.5 Ba é €53.7 billiún[157] an méid leithreasaithe ar deireadh do sheirbhísí poiblí i 2010. San áireamh ann bhí deontais soláthar €47.3 billiún, maoiniú caipitiúil €126 milliún anonn ó 2009[158] agus cúnamh leithreasaithe €6.3 billiún.

---

157 Féach Fíor 94 (Iarscríbhinn A)

158 Faoi Alt 91 den Acht Airgeadais 2004 ceadaítear maoiniú caipitiúil nár caitheadh a bhreith anonn go dtí an bhliain dar gcionn, faoi réir aontú leis an Aire Airgeadais.

18.6 Sonraíodh méadú de €1 billiún sa soláthar caiteachais le linn na bliana mar gheall ar

- méadú iomlán sa soláthar ar fhotheidil chaiteachais de €657 milliún
- laghdú sna fáltais bheartaithe de €334 milliún.

Leagtar na sonraí amach i bhFíor 94

Fíor 94 Meastacháin bhreise, 2010

Vóta		Meastacháin bhreise ceadaithe	Sábháil faoi fotheidil eile	Glanmhéaduithe	Athrú ar Chúnamh i gCúnamh[a]	Glansuim deontas breise soláthair
		€m	€m	€m	€m	€m
19	Dlí agus Ceart, agus Athchóiriú Dlí	24.2	(12.4)	11.8	11.8	—*
20	Garda Síochána	83.8	(52.2)	31.6	21.6	10.0
22	Seirbhís Chúirteanna	8.9	(5.0)	3.9	3.9	—*
25	Comhshaol, Oidhreacht, Rialtas Áitiúil	23.0	(23.0)	—	—	—*
26	Oideachas agus Scileanna	105.0	(105.0)	—	—	—*
27	Gnóthaí Pobail, Comhionannais agus Gaeltachta	14.0	—	—	—	14.0*
28	Gnóthaí Eachtracha	15.2	(2.8)	12.4	—	12.4
32	Iompar	21.4	(21.4)	—	—	—*
34	Fiontar, Trádáil agus Nuálaíocht	5.8	—	—	5.8	—*
37	Pinsin Airm	10.0	(0.5)	9.5	—	9.5
38	Coimirce Shóisialta	566.5	(206.7)	359.8	9.8	350.0
40	Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte	250.0	(42.0)	208.0	(387.0)	595
Dáiltí Breise don Iomlán Vótaí		**1,127.8**	**(471.0)**	**656.8**	**(334.1)**	**990.9**

Nótaí: * bronnadh suim bhreise €1,000 (ar a dthugtar meastachán breise teicniúil).

a Méadú nó (laghdú) ar leithreasuithe vótáilte i gcúnamh.

Táirgeacht Chaiteachais

18.7 Chaith ranna agus oifigí €52.7 billiún i 2010. Nuair a baineadh an t-iomlán cúnamh leithreasaithe réadaithe €6.2 billiún, ba é €46.6 billiún an caiteachas glan mar a léirítear i bhFíor 95.

Fíor 95 Táirgeacht Vótálta 2008 go 2010

	2008	2009	2010
	€m	€m	€m
Iomlán caiteachas vótálta	53,761	53,119	52,738
Móide cúnamh leithreasaithe	(4,464)	(5,916)	(6,172)
Caiteachas glan vótálta	**49,297**	**47,203**	**46,566**

18.8 Níl cead ag roinn ná ag áisínteacht níos mó airgead a chaitheamh ná mar a ceadaíodh do gach réimse vótála. Má tá táirgeacht chaiteachas na bliana níos lú ná an méid soláthair, tá an barrachas dlite do thabhairt suas don Stáchiste.

18.9 Riaradh barrachas €866 milliún don bhliain 2010. As an méid sin, ceadaíodh €14 milliún le breith anonn go 2011.[159] Bhí an fuílleach €852 milliún dlite do thabhairt suas. Léirítear na suimeanna a bhí dlite do thabhairt suas in Fíor 98 (Iarscríbhinn A).

Fíor 96 Diúscairt an Fharasbairr

	2008	2009	2010
	€m	€m	€m
Barrachas dáilte na bliana	878	794	866
Méid anonn go dtí an bhliain dar gcionn	(128)	(126)	(14)
Barrachas le tabhairt suas	**750**	**668**	**852**

18.10 Ba é €794 milliún an dáileadh barrachais i 2009. Ceadaíodh €126 milliún le breith anonn go 2010. Bhí an fuílleach €668 milliún dlite do thabhairt suas don Státchiste. Tá an nós ann a leithéid de thabhairt suas airgeadais a dhéanamh sa bhliain airgeadais dar gcionn.

Conclúid – Táirgeacht Chaiteachais

D'éirigh le gach roinn agus le gach oifig feidhmiú laistigh den dáileadh vótálta. Dá bharr san níor tharla aon vóta breise i 2010. Taifeadadh gach barrachas de réir na vótaí bunaithe ar an soláthar iomlán, agus freisin ar na dáiltí glan tar éis cúnamh leithreasa a chur san áireamh.

Ba é €668 milliún iomlán na bhfuílleach a bhí dlite do thabhairt suas as vótaí na seirbhíse poiblí sa bhliain dar gcríoch 31 Nollaig 2009. Deimhním gur tugadh suas na fuílligh úd mar is cóir.

[159] Faoi Alt 91 den Acht Airgeadais 2004 ceadaítear maoiniú caipitiúil nár caitheadh a bhreith anonn go dtí an bhliain dar gcionn, faoi réir aontú leis an Aire Airgeadais.

Fáltais Bhreise Státchiste

18.11 De réir ordú ón Roinn Airgeadais caitear suimeanna áirithe a bhailíonn ranna agus oifigí Rialtais a chur isteach sa Státchiste, in ionad iad a bheith mar chúnamh leithreasaiathe. Orthusan tá fíneálacha (ar an láthair) an Gharda agus fáltais fíneálacha cúirte. Ar aon dul leo siúd de ghnáth bíonn fáltais amhantrach, mar shampla ó mhórdhíolacháin mhaoine, ó bharrachas ioncaim nó brabús comhlachtaí Stáit, ús, díbhinní nó aisíocaíochtaí caipitiúla, íocaíochtaí cúitimh agus tuarastal á thabhairt suas go deonach.

18.12 Aon áit a raibh fáltais bhreise Státchiste i gceist i 2010, luaitear an méid i nóta leis an gcuntas cuí leithreasaithe. Léirítear comhlánú na bhfáltas úd a tuairiscíodh maidir le gach cuntas in Iascríbhinn A.

Conclúid – Fáltais Bhreise Státchiste

Ba é €94 milliún iomlán na bhfáltas breise Státchiste taifeadta ag ranna agus ag oifigí Rialtais i 2010.

Íocadh leis an Státchiste na fáltais bhreise Státchiste a léirítear i gcuntais leithreasaithe 2010. Tharla cuid de na híocaíochtaí úd go luath i 2011.

Cuntais Stoic agus Stórtha

18.13 Faoi alt 3 (6) den Acht um Ard-Reachtaire Ciste agus Cuntais (Leasú), 1993, ní foláir dom cuntais stoic agus stórtha ranna agus oifigí áirithe a scrúdú. Déantar an scrúdú seo mar chuid den inúchadh ar na Cuntais Leithreasaithe.

Conclúid – Cuntais Stoic agus Stórtha

Ar an mórgóir bhí toradh sásúil ar an scrúdú a rinneadh ar chuntais stoic agus stórtha ranna agus oifigí.

Deontais i gCabhair

18.14 Chomh maith leis na gnáthsheirbhísí a riarann roinn nó oifig rialtais go díreach, d'fhéadfaí riar airgeadais do gnhíomhaíocht nó do sheirbhís áirithe a sholáthraíonn comhlacht sheachtrach a chlúdach freisin i vóta. Is féidir an riar airgeadais a bheith mar dheontas nó mar dheontas i gcabhair.

18.15 Bíonn deontais faoi réir na srianta a bheadh de ghnáth ar aon íocaíochtaí faoi fhotheideal agus aon fhuílleach nach gcaitear faoi dheireadh na bliana bíonn sé dlite do thabhairt suas.[160] Ní mar a chéile deontas i gcabhair agus deontais eile sa mhéid nach mbíonn fuílleach suim vótálta a fhágtar gan chaitheamh faoi dheireadh na bliana dlite do thabhairt don Státchiste.

18.16 Baineann deontais i gcabhair de ghnáth le comhlachtaí poiblí a chuireann feidhmeanna áirithe i gcrích. Cuirtear paraiméadair chinnte leis na feidhmeanna úd agus ní phléitear go leanúnach le Roinn a mbronnta. Sula moltar caiteachas mar dheontas i gcabhair, caithfidh an Roinn a bheith sásta go gcoimeádtar fuílligh deireadh bliana nach gcaitear, maraon le socruithe cuntasaíochta eile a bhaineann le deontais i gcabhair, mar is cóir.[161]

---

[160] De ghnáth, rolltar a leithéid d'fhuílligh ar aghaidh ó bhliain go chéile ar son riaracháin.

[161] Déanann an tArd-Reachtaire Ciste agus Cuntas iniúchadh ar an-chuid comhlachtaí a fhaigheann deontais i gcabhair.

18.17 Ar an mórgóir, cuirtear gach deontas i gcabhair i láthair mar fhotheideal ar leith laistigh den vóta cuí. Má bhíonn íocaithe éagsúla i gceist, féadfar deontas i gcabhair a íoc le ciste ainmnithe a bheidh riartha ag an Roinn chuí. Taispeántar sonraí an chuntas ciste i nótaí leis an gcuntas leithreasaithe.

18.18 Ní íocfar suim iomlán mar dheontas i gcabhair a bheidh níos mó ná an méid a sonraíodh faoin bhfotheideal Meastacháin. Ní cheadaítear airgead a shábháiltear faoi fhotheidil eile a chur leis an suim.

Conclúid – Caiteachas Deontas i gCabhair

I 2010, eisíodh iomlán €2.6 billiún faoi fhotheidil deontas i gcabhair. I ngach aon chás, b'ionann an méid a íocadh mar dheontas i gcabhair agus an soláthar fotheidil a cheadaigh Dáil Éireann nó bhí sé níos lú ná é. Dá bhrí sin, dheimhnigh mo chuid iniúchtaí nár tharla aon chaiteachas breise faoi fhotheidil deontas i gcabhair.

Cuntasaíocht Chláraithe Feithiclí

18.19 Caithfear gach feithicil (ar a n-áirítear gluaisrothar), seachas má bheireann cuairteoirí isteach iad go sealadach sa Stát, a chlárú leis na Coimisinéirí Ioncaim. Íoctar Cáin Chláraithe Feithiclli (CCF) nuair a chláraítear feithicil. Don chuid is mó cláraíonn imdháileoirí ar líne aon fheithiclí a iompartáiltear agus íocann CFF trí Sheirbhís Ar Líne na gCoimisinéirí Ioncaim (ROS). Cláraíonn roinnt imdháileoirí agus lucht iompórtáilte feithiclí ar athdhíol go díreach le hoifigí na gCoimisinéirí.

18.20 Ó Mheán Fómhair 2010 ar aghaidh thug na Coimisinéirí an gnó cláraithe feithiclí seachas ROS ar bhonn seachfhoinsithe do sholáthróir seirbhíse san earnáil phríobháideach. Faoin socrú seo, cuirtear na fáltais CCF a bhailíonn an soláthróir isteach i gcuntas bainc de chuid na comhlachta agus aistrítear iad chuig na Coimisinéirí in aghaidh na míosa. Faoi choinníollacha an chonartha, íoctar táille, atá bunaithe ar scála aontaithe, leis an soláthróir seirbhíse in aghaidh gach feithicil chláraithe. Ansin agus na fáltais chánach á n-aistriú, baineann an soláthróir seirbhíse na táillí iníoctha bailiúcháin. An t-ús a fhabhraítear ó shochair sa bhanc fad is é fós ag an soláthróir seirbhíse, cuirtear é sin san áireamh agus an méid á aistriú chuig na Coimisinéirí[162].

18.21 Bhí €424 milliún[163] i gCuntas Fála Ioncaim an Stáit (Cuntas na gCoimisinéirí Ioncaim, Imleabhar 1, Caibidil 11, Iarscríbhinn A) i 2010 ó fhaltais CCF. San áireamh tá glansuim €17.6 milliún a fuair na Coimisinéirí ón soláthróir seirbhíse i rith na tréimhse ó Mheán Fómhair go Nollaig 2010. Baineadh muirear iomlán €426,053 mar tháillí bailiúcháin ag an soláthróir seirbhíse don tréimhse. As sin bhí cúiteamh €103,621 mar ús fabhraithe. Beidh méadú ar na suimeanna idir tháillí bailiúcháin agus ús bainc i gcaitheamh bliana iomláine.

18.22 I bprionsabal, níor mhór fáltais chánach a chomhaireamh ar bhonn iomlán sa Chuntas Ioncaim i.e. sula mbaintear táillí bailiúcháin. Níor mhór freisin, costais oibríochta na gCoimisinéirí Ioncaim, na costais a bhaineann le bailiúchán cánach san áireamh, a chur isteach i gCuntas Leithreasaithe Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim (Vóta 9).

---

[162] Mínítear an fhoirmle a bhaineann leis na laghduithe atá ceadaithe in Alt 136A den Acht Airgeadais 1992, mar a leasaíodh.

[163] Seo cuid d'fháltais mháil a tuairiscítear mar is cóir sa chuntas.

Conclúid – Cuntasaíocht Chláraithe Feithiclí

Ba é €18 milliún an méid comhlán CCF bailithe faoi na socruithe seachfhoinsithe i 2010. Fuarthas ús timpeall ar €103,621 i ndáil le fáltais CCF a choinnigh an soláthróir seirbhíse.

Is bunphrionsabal é go n-áireofar idir chostais bhailiúcháin agus ioncaim an Stáit mar mhéid comhlán.

Má mhínítear an mórghrósa fáltas cánach agus costais bhailiúcháin as a chéile, ligtear do ghníomh follasach maidir le leibhéal agus roinnt ualach cánach. Éascaíonn sé freisin cuntasaíocht fhollasach ar chostais bhailiúcháin. Moltar go gcuirfidh na Coimisinéirí athrú ar na socruithe íocaíochta chun a chinntiú go gcuirfear costas iomlán bailithe CCF isteach sa Chuntas Leithreasaithe, agus go gcuirtear an mórghrósa fáltas CCF isteach sa Chuntas Ioncaim.

D'fheadfaí a leithéid a dhéanamh gan bhaint leis na nósanna socruithe atá bunaithe go dlíthiúil, trí íocaíochtaí agus fáltais a chur ó chuntas go chéile i.e. d'aistreofaí an táille bailiúcháin ón Vóta go dtí an Cuntas Ioncaim.

Bainistiú Airgead Tirim an Stáit

18.23 De reir Nósanna Airgeadais Phoiblí[164] ní mór deontais a íocann Roinn a dheimhniú go hiomlán agus aon fhuílleach deireadh bliana a fhágtar gan chaitheamh a thabhairt suas. Tá sé riachtanach freisin go n-íocann Ranna deontais i gcabhair ina dtráthchodanna i rith na bliana de réir gá, ach a mhalairt a bheith aontaithe leis an Aire Caiteachas Phoiblí agus Athchóirithe. Caithfear a bheith fíorchúramach nach dtarlaíonn ró-íocaíochtaí, go háirithe ag deireadh an bhliain airgeadais agus níor chóir talamh slán a dhéanamh den soláthar iomlán gan a chinntiú go bhfuil gá i ndairíre ag an ndeontaí leis an maoiniú chun an feidhm a chur i gcrích.

18.24 Is é an bunphrionsabal atá faoi na nósanna seo ná tíosaíocht maidir le bainistiú ciste an Stáit Tuairiscítear iarmhéid suntasach airgead tirim ag deireadh bliana i gcás comhlachtaí áirithe Stait, mar is léir ó na samplaí seo a leanas.

An tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre

18.25 I 2010, fuair an tÚdarás deontas €24 milliún ón Státchiste. Fuair siad chomh maith €22.4 milliún trí fháltais eile, táillí agus tobhaigh ar an mórgóir, a bhíonn ag dul dóíbh go dlíthiúil[165]. Faoi dheireadh 2010 bhí sochar €23.5 milliún acu i gcuntais bhanc tráchtála. Bhí méid iomlán €5.9 milliún idir chreidiúnaithe agus fabhruithe i ndeireadh bliana.

18.26 Tá Comhaontú Leibhéal Seirbhíse (SLA) sínithe leis an Roinn a leagann síos na seirbhísí a sholáthróidh an tÚdarás, costas na seirbhísí agus an córas maoinithe. Trín SLA freisin aontaítear clár caipitiúil a chuirfidh an tÚdarás i gcrích go ceann trí bliana. De réir an SLA tá cead ag an Údarás suim airgid faoi bhun teorann cinnte (€17.2 milliún i 2011) a choimeád as ioncaim eile seachas ioncam ón Stáchiste chun an clár caipitiúil aontaithe a mhaoiniú.

---

[164] Is éard atá i Nósanna Airgeadais Phoiblí ná treoir a leagann amach prionsabail chuntasaíocht an Rialtais agus na dóigheanna ar cheart go gcuirfí na prionsabail siúd bhfeidhm in oibriúcháin leathúla airgeadais ranna agus oifigí an Rialtais.

[165] B'ionann táillí tástála tiománaithe de thart ar €12 milliún agus tobhaigh na Tástála Náisiúnta Gluaisteán de €8 milliún agus an chuid ba mhó de na fáltais eile seo.

An tÚdarás Náisiúnta um Fhorbairt Turasóireachta

18.27 Faigheann an tÚdarás Náisiúnta um Fhorbairt Turasóireachta (an tÚdarás) deontas i gcabhair ón Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt. I 2010, €140 milliún a bhí sa deontas i gcabhair.

18.28 Tarraingíonn an tÚdarás airgead anuas in aghaidh na míosa den dháileadh bliana a bhíonn aontaithe leis an Roinn. Le blianta beaga anuas bhí sé de nós acu, mar a tharla i 2010, suim mhór airgid a tharraingt anuas mí na Nollag agus gan aon mhaoiniú a lorg sa chéad ráithe an bhliain dar gcionn.

18.29 Nollaig 2010, fuair an tÚdarás iomlán €22.5 milliún ón Roinn. Faoi dheireadh 2010 bhí sochar banc €28.9 milliún (2009 - €28.5 milliún) ag an Údarás maraon le €25 milliún (2009 - €27.5 milliún). Is léir ó na figiúirí úd go dtarraingíonn an tÚdarás maoiniú de réir caiteachas fabhraithe seachas de réir gá leis an airgead.

Conclúid – Bainistiú Airgead Tirim an Stáit

Ní léir go dtagann socruithe bainistiú airgead tirim an Stáit mar a mhínítear anso thuas iad le prionsabal na tíosaíochta i mbainistiú ciste an Stáit. Tharlódh sé go mbeadh sé níos oiriúnaí íocaíochtaí le comhlachtaí a dhéanamh de réir an gá a bhíonn acu i ndáiríre le ciste airgead tirim. B'fhéidir go gcaithfidh an Roinn Caiteachas Phoiblí agus Athchóirithe breis treorach a thabhairt faoi nósanna airgeadais phoiblí a chur i gcrích go praiticiúil maidir le tomhas ama íocaíochtaí deontas agus deontas i gcabhair.

Réamhíocaíochtaí maidir le Riachtanais

18.30 Tá Nósanna Airgeadais Phoiblí ann, *inter alia*, chun meon an Roinn Caiteachas Phoiblí agus Athchóirithe a léiriú maidir leis na forálacha reachtúla a rialaíonn íocaíochtaí a chur ina muirear ar Chuntais Leithreasaithe. De réir na nósanna céanna ní íoctar suim airgid go dtí dáta aibíochta an dliteanais. Tugadh faoi deara gur sáraíodh an prionsabal úd i gcuntasaíocht an Rialtais maidir le cásanna áirithe agus inúchtaí 2010 á ndéanamh.

Réamhíocaíochtaí Táillí Seirbhíse TEC ag na Coimisinéirí Ioncaim

18.31 Is léir ón gCuntas Leithreasaithe do Vóta 9 Oifig na gCoimisinéiri Ioncaim go raibh, ar 31 Nollaig 2010 réamhíocaíochtaí ar an iomlán €22.7 milliún d'earraí agus do sheirbhísí. Suimeanna a cuireadh i leith i rith na bliana faoi cheannteideal A.5, a chlúdaíonn caiteachas ar ghléasra agus ar sholáthar eile oifige maraon le seirbhísí gaolmhara, ab ea 94% de na réamhíocaíochtaí sin.

18.32 Tharla réamhíocaíochtaí €15.4 milliún le triúr soláthróir seirbhíse um theicneolaíocht eolais agus cumarsáide (TEC). Soláthraíonn na comhlachtaí réimse seirbhísí leanúnacha a thacaíonn le córais forleathan TEC na gCoimisinéirí, Seirbhís na gCoimisinéirí Ar Líne san áireamh.

18.33 Tá sé ráite ag na Coimisinéirí gur modh is ea réamhíocaíocht lena chinntiú go mbeidh acmhainní aitheanta foirne sna comhlachtaí soláthar seirbhísí ar fáil do na Coimisinéirí i rith na tréimhse lena mbaineann na réamhíocaíochtaí. Faightear lacáistí ar phraghsanna aontaithe conartha agus ar shochair sheirbhíse lasmuigh den gconradh (mar oiliúint d'fhoireann na gCoimisinéirí) chun leas na híocaíochta roimh ré a chúiteamh. Dúirt an tOifigeach Cuntasaíochta go bhfuair na Coimisinéirí Ioncaim meán-lascaine bhliantúil ualaithe de thimpeall ar 5.8% ó na trí sholáthróir i gceist agus d'fhaomh an Feidhmeannas Cánach Ioncaim – is é sin foghrúpa Choiste Comhairleach Bainistíochta na gCoimisinéirí Ioncaim. Thug sí dá haire freisin gur tugadh íocaíochtaí luathaithe de thimpeall ar €2.7 milliún leis an Státchiste mar thoradh ar ghné CBL na n-íocaíochtaí.

Ospidéal Tréadliachta sa Zú

18.34 I gceannteideal C.1 faoi Vóta 10 Oifig na nOibreacha Poiblí áiríodh deontas a íoc le Cumann Zó-eolaíochta na hÉireann. Ba í aidhm an deontais ná cabhrú le háis ospidéal tréadliachta sa Zú a mhaoiniú. Íocadh €2.5 milliún mar an méid iomlán i leith an fhotheidil i Samhain 2010. Níor thosaigh an obair faoin gconradh, áfach, go dtí Deireadh Fómhair 2010 agus beidh sé ar siúl go ceann bliana. Íocadh iomlán €258,000 leis an gconraitheoir i 2010.

18.35 Dhearbhaigh an tOifigeach Cuntais go raibh gá leis an íocaíocht i 2010 chun a chinntiú go gcomhlíonfaí dualgais airgeadais faoin gconradh. Dúirt sí go raibh Coimisinéirí na nOibreacha Poiblí sásta le linn na híocaíochta go raibh geall conarthach dlíthiúil infheidhmithe ann i leith na n-oibreacha chinnte riachtanach a dhéanamh agus go ndearnadh an íocaíocht roimh ré ar an mbonn sin.

18.36 An sriantacht mhaoinithe ar an Státchiste mí na Samhna 2010 á cur san áireamh, ceapadh ag an am gur dhóichí nach mbeadh dáileadh breise ar fáil i 2011 chun oibríocha a chríochnú ar an áis tréadliachta. Faoi Shamhain 2010 bunaíodh conarthaí ar luach breis is €78 milliún a bhain le 2011. Bhí conarthaí riachtanach tosaíochta beartaithe do 2011 a bhí ar luach €158 milliún mar bharr arís ar an méid sin. Bainistítear an t-éileamh úd ar fad laistigh de dháileadh caipitiúil €119 milliún do 2011. Ní fhéadfadh an córas chun caipitiúil a bhreith anonn an chinnteacht chuí a thabhairt faoin gcaiteachas riachtanach. Bhí na Coimisinéirí tar éis iarratas a dhéanamh ar €15.8 milliún (10% de dháileadh 2010) a bhreith anonn, níor ceadaíodh ach €5 milliún.[166]

18.37 Dúirt an tOifigeach Cuntais go raibh géarghá le conradh don áis a bhunú i 2010 chun go bhfeidhmeodh an Zú go leanúnach. Toisc éiginnteacht faoi mhaoiniú a fháil i 2011 theastaigh ón Zú agus ó OPW maoiniú an chonartha a chinntiú ón soláthar a bhí ar fáil i 2010. Dar leo ní raibh ach an t-aon slí amháin leis an méid sin a chinntiú agus b'shin íoc as na dualgais chonarthach i Samhain 2010 tar éis deimhniú gur ceadaíodh an íocaíocht ina iomlán agus go ndearnadh próiseas uirthi de réir coinníollacha na scéime. Mar a tharlaíonn i gcónaí i gcás íocaíochtaí, déanfar monatóireacht ar an gconradh agus ar na híocaíochtaí chun a chinntiú go gcomhlíontar na dliteanais mar is cóir.

Bainistiú Riosca Tuilte

18.38 I gcás eile tharla iomlán íocaíochtaí €2.7 milliún le dhá údarás áitiúil go deireanach i 2010 i leith fhotheideal H.2 – Bainistiú Riosca Tuilte faoi Vóta 10 Oifig na nOibreacha Poiblí. Íocadh na suimeanna úd sula raibh gá leo go praiticiúil agus faoi 31 Nollaig 2010 ní raibh an t-airgead caite ag na híocaithe. Íocadh suim eile €197,000 leis an dtríú údarás áitiúil ní ba dhéanaí sa bhliain 2010 agus fágadh €148,000 gan chaitheamh ag deireadh na bliana.

18.39 Ag seo na trí íocaíochtaí

- íocadh €1 milliún le Comhairle Contae Fhine Gall
- íocadh €1.66 milliún le Comhairle Baile Bhré
- íocadh €197,000 le Comhairle Contae Cheatharlach.

18.40 Dúirt an tOifigeach Cuntais gur tharla an íocaíocht €1 milliún le Comhairle Contae Fhine Gall tar éis don Chomhairle conradh a bhunú chun droichead nua a thógáil mar chuid den scéim faoiseamh tuilte Abhainn na Tulchann. Ba é €2.2 milliún an costas idir dhearadh, maoirsiú suímh agus tógáil. Beartaíodh go raibh €1 milliún oiriúnach mar íocaíocht chun dualgais chonarthach a chomhlíonadh de réir a chéile.

---

166 Déantar a lán de na comhlachais a mhaoinítear ag deontais-i-gcabhair a iniúchadh ag an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

Beartaíodh ar bhreis íocaíochtaí a dhéanamh ar ball le linn an chonartha. I lár na bliana 2011, bhí an suim €1 milliún caite ag an gComhairle agus tá iarratas istigh ar bhreis maoinithe.

18.41 Íocadh €1.66 milliún le Comhairle Baile Bhré, ar iarratas ón gComhairle tar éis dóibh fógra a eisiúint i leith CPO maidir le tailte a bhí uathu chun scéim faoiseamh tuilte don bhaile a dhearadh agus a thógáil. Tá an próiseas CPO ar bun agus súil ag an gComhairle a bheith réidh leis faoi dheireadh 2011.

18.42 Tharla forthairiscint don scéim oibríochta agus tá an Chomhairle réidh le conradh a bhronnadh. Toisc éiginnteacht faoi sholáthar maoinithe i 2012 agus ar aghaidh, áfach, níl OPW in ann cead a thabhairt don Chomhairle leanúint den chonradh a bhunú.

18.43 Íocadh €197,000 le Comhairle Contae Cheatharlach mar tháillí comhairleora proifisiúnta tar éis don chomhairle conradh a bhunú leis an gcomhairleoir chun an dara agus an tríú chéim sa scéim faoiseamh tuilte don bhaile a dhearadh. Faoi láthair, tá an Chomhairle tar éis €157,181 a chaitheamh mar íocaíochtaí eatramhach leis an gcomhairleoir agus tá sé i gceist an íocaíocht iomlán a dhéanamh le linn 2011.

18.44 Arís, dhearbhaigh sí nach bhféadfadh an córas atá ann chun soláthar caipitiúil a iarchur an chinnteacht chuí a dheimhniú maidir leis an maoiniú riachtanach, mar gheall ar an dteorainn a bhí leis an méid a bhféadfaí a bhreith anonn.

Íocaíochtaí Áisínteachta le OPW

18.45 Feidhmíonn OPW mar áisínteacht ar son Ranna agus Oifigí i mórán gnóthaí maoine agus gnóthaí gaolmhara. De réir Nósanna Airgeadais Phoiblí féadfaidh Oifig na nOibreacha Poiblí réamhíocaíochtaí a lorg ó aon Roinn nó Oifig (an príomhshuim) sula mbunaítear conradh nó sula ndéantar íocaíochtaí dlite. Caithfear a leithéid de réamhíocaíochtaí a chur i leith cunas fionraíochta i leabhair chuntais an phríomhshuime. Ní chuirfear mar mhuirear ar Chuntas Leithreasaithe an phríomhshuime in aon bhliain amháin ach na suimeanna a dheimhníonn OPW mar íocaíochtaí a bhíonn déanta acu féin i ndáiríre.

18.46 Le linn iniúchtaí 2010, tugadh faoi deara gur cuireadh suimeanna €2.5 milliún agus €800,000 faoi seach faoi Vótaí an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt agus an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála. Thug an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt an suim don OPW go deireanach i 2010 chun stáisiúin gharda cósta a thógáil i ar an nGóilín agus i mBun an tSábhairne i gContae Chorcaí. Níor tharla aon obair thógála roimh dheireadh na bliana. Níor caitheadh ach oiread roimh dheireadh na bliana an suim thart ar €800,000 a fuair OPW i 2010 ón Roinn Gnóthai Eachtracha agus Trádála.

18.47 Ia mar thoradh ar éilimh chinnte ón OPW a tharla na híocaíochtaí a rinne an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt. Dúirt an tOifigeach Cuntais sa Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt gur thuig sé go lorgaíonn OPW deimhniú ón bpríomhshuim go bhfuil costas beartaithe iomlán an tionscnaimh ar fáil sula dtosnaítear ar an bpróiseas forthairisceana, is go mbíonn an chéim deartha, cead pleanála agus bille cainníochtaí thart lena linn sin. An próiseas forthairisceana thart, nuair a shíníonn OPW conradh agus iad ceangailte leis an gcostas aontaithe ach an tionscnamh a bheith críochnaithe ar bhonn sásúil, ansin caitear leis an méid iomlán mar dhliteanas aibí de chuid na Roinne. Dúirt sé go n-éilíonn OPW go mbeidh sochar sa chuntas ag an bpríomhshuim chun go mbeidh dóthain maoinithe ar fáil uathu agus teacht air chun éilimh íocaíochtaí a chlúdach, gan dul faoi phionós de réir an Acht um íoc Pras Cuntas. Ceapann OPW freisin gur ciallmhar an beart é sochar a choimeád sa chuntas a bheidh fós gníomhach go dtí go gcinntítear nach mbeidh éileamh arís ar an maoiniú.

18.48 Rinne sé nóta de na Nósanna Airgeadais Phoiblí maidir le seirbhísí Áisinteachtaí agus chuir in iúl go bpléifeadh an Roinn le OPW agus leis an Roinn Caiteachas Phoiblí agus Athchóirithe i dtreo na nósanna cearta cuntasaíochta a chur i gcrích maidir le seirbhísí áisínteachtaí de reir Nósanna Airgeadais Phoiblí.

18.49 Thug Oifigeach Cuntais an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála faoi deara go mbíodh sé de nós íocaíochtaí ar sheirbhísí áisínteachtaí a chur faoi Vóta na Ranna féin seachas i gcuntas fionraíochta. D'admhaigh sé gur sháraigh an nós sin na Nósanna Airgeadais Phoiblí agus dheimhnigh go rabhthas chun a chinntiú go gcaithfí mar ba chóir de réir cuntasaíochta leis na réamhíocaíochtaí i 2011 agus as sin amach. Bhí sé sasta gur bainistíodh na tionscnaimh a tharla faoi na socruithe réamhíocaíochta mar ba chóir i gcomhar le OPW agus nár cailleadh aon mhaoin poiblí de dheasca cúrsaí cuntasaíochta maidir leo siúd.

Conclúid – Íocaíocht Dliteanas roimh Aibíocht

Ceaptar an prionsabal go ndéanann ranna agus oifigí íocaíochtaí nuair a bhíonn an dliteanas a bhaineann leo aibí agus nach gcuirtear réamhíocaíoctaí mar mhuirear ar Chuntais Leithreasaithe chun cinntiú go dtugann na cuntais sin fíorléiriú ar íocaíochtaí a tháinig i dtráthanna íocaíochta le linn bliain an chuntais[167].

Ar an mórgóir, má íoctar roimh ré as seirbhís bíonn an baol ann nach mbeidh soláthar na seirbhíse déanta ar bhonn sásúil, ina leithéid de chás níl an rogha ag an gceannaitheoir an íocaíocht (nó cuid di) a shiarchoinneáil chun féachaint chuige go bhfaightear an soláthar ceart riachtanach. Ina theannta san, bíonn costais ar an Stát maidir le réamhíocaíochtaí, mar caithfear an maoiniú a aimsiú níos luaithe ná mar a mbeadh gá leis gan an nós úd a bheith ann.

Níor mhór don Roinn Caiteachas Poiblí agus Athchóirithe smaoineamh ar bhreis treorach a thabhairt do chomhlachtaí poiblí maidir le cleachtas i gcás réamhíocaíochtaí molta agus a dtaifeadadh i gCuntais Leithreasaithe, na forálacha reachtúla agus na hathruithe a tháinig ar chúrsaí gnó na linne seo á gcur san áireamh.

Ó thaobh luach ar airgead de d'fhéadfadh an treoir chéanna na nósanna a chlúdach freisin a bhaineann le moltaí faoi thráthanna íocaíochtaí a mheas, chun a chinntiú go mbíonn géarghá airgeadais leo, maraon le bearta chun riosca neamh-sholáthair a aithint agus a bhainistiú.

[167] Alt 24 den Acht Rannta Státchiste agus Iniúchta 1966.

Moill ar Sholáthar Cuntas

18.50 Chomh maith leis na Cuntais Leithreasaithe, bíonn ar roinnt Ranna cuntais áirithe eile 'lasmuigh den vóta' a sholáthar. Bhí dhá cheann díobh siúd go mór chun deiridh i dtús na bliana 2011. Ba iad siúd an dá chuntas

- An Ciste um Lárionaid Chuanta Iascaigh 2007, 2008 agus 2009
- An Ciste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochcta (EAGF) agus an Ciste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (EAFRD) Cuntas Oibríochta na hÉireann 2008 and 2009.

18.51 Bhí cuntais an Choimisiún Scrúduithe Stáit, maidir le próisis áirithe a dhéanann an Roinn Oideachais agus Scileanna, chun deiridh freisin.

An Ciste um Lárionaid Chuanta Iascaigh 2007 go 2009

18.52 Aithníodh go dlíthiúil sé chuan sa Stát mar lárionaid chuanta iascaigh. Faoin Acht um Lárionaid Chuanta Iascaigh 1968 (leasú) bunaíodh an Ciste um Lárionaid Chuanta Iascaigh (an Ciste) ina gcuirtear ioncam na sé lárionad agus íoctar costas reatha agus forbartha na lárionad as an gcuntas sin. Ullmhaítear cuntas bliantúil an Chiste, chomh maith le cuntas ioncaim agus caiteachais do gach lárionad ar leith.

18.53 Mí Dheireadh Fómhair 2007, aistríodh cúram na lárionad agus an chiste ón Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha chuig an Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia, cé nach raibh an Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia in ann plé le gnóthaí airgeadais go dtí Aibreán 2008. Roimh Aibreán 2008 bhí an Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha ag feidhmiú mar ghníomhaire ar son an Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia.

18.54 Tháinig deireadh le heisiúint sonrasc a bhain le dliteanais chuanta agus le cíosanna cuanta idir Deireadh Fómhair 2007 agus Aibreán 2008. Dá dheasca san rinneadh próiseas ar chuid éigin díobh siúd a bhain le hioncam 2007 idir 2008 agus 2010. I ndréachtchuntais 2007 agus 2008, a cuireadh faoi bhráid iniúchta Deireadh Fómhair agus Samhain 2009 faoi seach, níor cuireadh na botúin úd ná na heasnaimh san áireamh, caitheadh iad a leasú go mór.

18.55 Táthar ag súil go gcríochnófar cuntais 2007 agus 2008 sar i bhfad. Deirtear liom go bhfuil cuntas 2009 á ullmhú faoi láthair agus go mbeidh sé ar fáil don iniúchadh i lár Deireadh Fómhair. Tá an Roinn ag súil le cuntas 2010 a chur faoinár mbráid roimh dheireadh na bliana.

Cuntas EAGF agus EAFRD 2008 agus 200

18.56 Go príomha tá beartais EAGF ann chun ioncam a choimeád laistigh den phobal talmhaíochta. Tá beartais EAFRD ann chun cabhrú leis an dtionscal talmhaíochta an bonneagar a choimeád agus a fheabhsú.

18.57 Cuntas is ea Cuntas Oibríochta na hÉireann de chuid an Chiste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta (EAGF) agus an Chiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (EAFRD) a léirionn na costais ar fad, seachas costais riaracháin, a bhíonn ar an Aire Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia trí oibriú na scéimeanna EAGF agus EAFRD atá faoina chúram, agus an maoiniú a thagann ón AE agus ón Státchiste chun na costais chéanna a chlúdach. Ullmhaítear é ar bhonn moladh ó Choiste na gCuntas Poiblí.

18.58 Deimhníodh cuntais 2007 agus 2008 mí na Nollag 2010. Bhí dréachtchuntais 2009 agus 2010 ar fáil san Oifig agam i mí Iúil 2011 agus cuireadh tús leis an iniúchadh i mí Lúnasa.

An Coimisiún Scrúduithe Stáit 2008 agus 2009

18.59 Tá An Coimisiún Scrúduithe Stáit freagrach as scrúduithe an Teastais Shóisearaigh agus na hArdteistiméireachta a fhorbairt, a mheas, a chreidiúnú agus a dheimhniú. Comhlacht poiblí is ea é faoi choimirce an Roinn Oideachais agus Scileanna.

18.60 Caithfidh an Coimisiún cuntais, a nóchtódh an staid airgeadais go réasúnta cruinn am ar bith, a thaifeadadh mar is cóir. Níl aon chóras comhtháite cuntasaíochta i bhfeidhm acu, áfach. Mar oidhreacht ar bhunú an Choimisiúin tá an Roinn fós, trí chomhaontú, ag déanamh próiseas ar thuarastal agus ar chostais taistil foireann an Choimisiúin. Dá dheasca san, braitheann an Coimisiún ar an Roinn chun cabhrú leo maidir le heolas cuntasaíochta agus iniúchta a sholáthar.

18.61 Pléann an Coimisiún féin go díreach le gach aon ghnó airgeadais eile mar bhailiú táillí scrúduithe, íocaíochtaí ginearálta agus ullmhú cuntas. Is ar bhonn airgead tirim a dhéantar taifeadadh ar ghnóthaí airgeadais.

18.62 Go príomha tharla an mhoill toisc nach raibh córas oiriúnach cuntasaíochta i bhfeidhm. Tá rún ag an gCoimisún na ceisteanna úd a réiteach trí gach aon mhodh atá ar fáil dóibh.

18.63 Deimhníodh na cuntais don dá bhliain sin ar an 6ú Meán Fómhair 2011.

Conclúid – Moill ar Sholáthar Cuntas

Is den bhfreagracht phoiblí é go ndéantarear cuntais a ullmhú agus a iniúchadh laistigh de thráth réasúnta ama. Ní mór d'Oifigigh Chuntais socruithe a leagan síos chun gnóthaí a thaifeadadh go héifeachtach, chun cuntais chruinn a sholáthar agus chun iniúchadh éifeachtach a éascú in am tráth.

Ciste Teagmhais

18.64 Ciste neamh-reachtúil a vótáladh don chéad uair i 1923 agus a bunaíodh chun deontas i gcabhair a riaradh is ea an Ciste Teagmhais. Ón gCiste seo is féidir aon chaiteachas práinneach nó tobann a chlúdach, caiteachas nach dtagann de ghnáth faoi na Vótaí agus a tharlaíonn nuair nárbh fhéidir go praiticiúil cead a fháil láithreach ó Dháil Éireann m.sh. le linn tráth scoir. Trí chomhaontú le Coiste na gCuntas Poiblí, tá cosc ar bhaint leis an gCiste Teagmhais fad is a bhíonn an Dáil ina suí, nó chun seirbhísí nua a chlúdach i gcás conspóide.

18.65 Bainistítear an Ciste sa Roinn Airgeadais. Is é Oifigeach Cuntais na Ranna amháin a cheadaíonn airgead an Chuntais a úsáid, ach aontú an Aire Airgeadais a fháil ar dtús. Oibríonn an Cuntas trí chuntas éarlais in Oifig an Phámháistir Ghinearálta.[168]

18.66 Tá an gnás ann go n-aisíoctar aon íocaíocht a thagann ón gCiste

- trí vóta nua nó breise má bhain an íocaíocht le seirbhís iomlán nua
- trí mheastachán forlíontach má bhain an tseirbhís le vóta atá ann cheana
- ón gCiste Lárnach – gníomh a éilíonn reachtaíocht faoi leith.

18.67 Déantar athbhreithniú ar mhéid an chiste tar éis cúig bliana. I ndiaidh athbhreithniú a dhéanamh i 2009, beartaíodh ar €1.2 milliún a fhágail sa Chiste. Déanfar athbhreithniú arís i 2014.

---

168 Leagtar na nósanna imeachta i ndáil le hoibriú an Chiste i Nósanna Airgeadais Phoiblí (Ailt C.1.5 go C.1.12).

Conclúid – Ciste Teagmhais

Níor tharla aon ghnóthaí sa Chiste i 2010.

Iarscríbhinn A Táirgeacht Airgeadais an Rialtais Láir

Soláthraíonn Dáil Éireann airgead do ghnáthsheirbhísí ranna agus oifigí rialtais trí mheastacháin a cheadú ar na suimeanna atá ag teastáil do na seirbhísí sin le linn gach bliana, agus trí éifeacht reachtúil a thabhairt do na meastacháin sin san Acht Leithreasa bliantúil. Foráiltear don chaiteachas faoi shraith 'vótaí'. De réir an dlí, ní mór cuntas leithreasa a tháirgeadh le haghaidh gach vóta. Ní mór don chuntas sonraí a sholáthar ar an táirgeacht don bhliain in aghaidh an méid atá soláthraithe ag Dáil Éireann.

Soláthraítear i bhFíor 97 achoimre ar an táirgeacht ar chaiteachas agus fháltais i gcoibhneas leis na méideanna a leithreasaíodh do sheirbhísí poiblí i 2010.

Taispeántar i bhFíor 98 an dóigh ar cuireadh leithreasuithe barrachais i bhfeidhm i 2010 — trí iarchur caiteachais go 2011, nó trí ghéilleadh don Státchiste.

Taispeántar i bhFíor 99 fáltais Bhreise Státchiste ionchasach agus réadaithe.

Tá mínithe ar roinnt de na téarmaí atá úsáidte tugtha sna táblaí thíos.

Deontas Soláthair	An t-airgead atá deonaithe (nó vótáilte) ag Dáil Éireann do gach ceann de na seirbhísí poiblí.
Iarchurtha ó 2009	Suimeanna airgid chaipitil nár caitheadh i 2009 agus a tugadh anonn do chaiteachas ar sheirbhísí caipitil i 2010. Bhí tabhairt anonn na suimeanna seo ceadaithe ag Dáil Éireann san Acht Leithreasa 2009.
Leithreasuithe i gCabhair	Fáltais roinne a fhéadfar, le comhaontú Dháil Éireann, a choinneáil chun costais an Vóta dá dtagraíonn siad a ghlanadh
Iomlán na Leithreasuithe	Suim den deontas soláthair, airgead caipitil iarchurtha 2009 (más ann) agus leithreasuithe i gcabhair.
Géilleadh Iarchurtha	Suim airgid chaipitil nár caitheadh i 2010 a tugadh anonn le haghaidh caiteachais i 2011. Bhí tabhairt anonn na suimeanna seo ceadaithe ag Dáil Éireann san Acht Leithreasa 2010.
Suim atá le Géilleadh	Suim airgid a leithreasaíodh i 2010 ach nár caitheadh sa bhliain nó a iarchuireadh go 2011, agus mar sin de, ní mór iad a ghéilleadh don Státchiste.
Fáltais Bhreise Státchiste	Fáltais roinne nach leithreasuithe i gcabhair iad, ach a íoctar go díreach sa Státchiste.

Fíor 97 Achoimre ar Leithreasuithe le haghaidh Seirbhísí Poiblí i 2010, de réir Vóta

Vóta	Seirbhís	Suim Leithreasaithe				Táirgeacht			Comparáid idir Soláthar agus Táirgeacht		
		Deontais Soláthair	Iarchurtha ó 2009	Leithreasuithe i gCabhair	Iomlán	Ollchaiteachas	Leithreasuithe i gCabhair Réadaithe	Caiteachas Glan	Barrachas/ (Easnamh) Soláthar d'Ollchaiteachas	Barrachas/ (Easnamh) i bhFáltais	Barrachas Glan[a]
		€000	€000	€000	€000	€000	€000	€000	€000	€000	€000
1	Teaghlachas an Uachtaráin	3,171	—	92	3,263	2,763	85	2,678	500	(7)	493
2	Roinn an Taoisigh	28,756	—	912	29,668	21,255	955	20,300	8,413	43	8,456
3	Oifig an Ard-Aighne	15,231	—	570	15,801	14,187	731	13,456	1,614	161	1,775
4	An Phríomh-Oifig Staidrimh	57,832	—	2,249	60,081	53,538	2,776	50,762	6,543	527	7,070
5	Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste	6,816	—	6,188	13,004	10,843	5,780	5,063	2,161	(408)	1,753
6	Oifig an Aire Airgeadais	70,158	—	6,822	76,980	69,420	7,545	61,875	7,560	723	8,283
7	Aoisliúntas agus Liúntais Scoir	396,753	—	80,250	477,003	437,635	83,155	354,480	39,368	2,905	42,273
8	Oifig an Choimisinéara Achomhairc	518	—	32	550	449	32	417	101	—	101
9	Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim	339,051	—	64,644	403,695	401,769	72,477	329,292	1,926	7,833	9,759
10	Oifig na nOibreacha Poiblí	414,169	20,279	25,231	459,679	453,410	27,965	425,445	6,269	2,734	9,003
11	An tSaotharlann Stáit	9,183	—	481	9,664	9,194	811	8,383	470	330	800
12	An tSeirbhís Shicréideach	1000	—	—	1,000	580	—	580	420	—	420
13	Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit	34,811	—	1,604	36,415	33,582	1,958	31,624	2,833	354	3,187
14	Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí	43,240	—	614	43,854	42,384	1,031	41,353	1,470	417	1,887
15	An Oifig Luachála	9,345	—	2,198	11,543	10,242	2,738	7,504	1,301	540	1,841
16	An tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí	8,321	—	394	8,715	7,849	460	7,389	866	66	932
17	An Coimisiún um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí	928	—	30	958	594	28	566	364	(2)	362
18	Oifig an Ombudsman	7,639	—	381	8,020	6,924	372	6,552	1,096	(9)	1,087
19	An Roinn Dlí agus Cirt agus Athchóirithe Dlí	390,246	—	45,386	435,632	415,831	48,068	367,763	19,801	2,682	22,483
20	An Garda Síochána	1,399,357	—	132,947	1,532,304	1,530,678	133,040	1,397,638	1,626	93	1,719
21	Príosúin	334,731	—	17,384	352,115	335,204	18,095	317,109	16,911	711	17,622
22	An tSeirbhís Chúirteanna	102,204	—	50,419	152,623	148,594	50,447	98,147	4,029	28	4,057
23	An tÚdarás Clárúcháin Maoine	38,749	—	1,249	39,998	36,401	1,402	34,999	3,597	153	3,750
24	Tabhartais agus Tiomnachtaí Carthanúla	425	—	15	440	361	14	347	79	(1)	78

Vóta	Seirbhís	Suim Leithreasaithe				Táirgeacht			Comparáid idir Soláthar agus Táirgeacht		
		Deontais Soláthair	Iarchurtha ó 2009	Leithreasuithe i gCabhair	Iomlán	Ollchaiteachas	Leithreasuithe i gCabhair Réadaithe	Caiteachas Glan	Barrachas/ (Easnamh) Soláthar d'Ollchaiteachas	Barrachas/ (Easnamh) i bhFáltais	Barrachas Glan[a]
		€000	€000	€000	€000	€000	€000	€000	€000	€000	€000
25	An Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil	2,174,328	3,277	21,156	2,198,761	2,108,697	30,280	2,078,416	90,064	9,124	99,188
26	An Roinn Oideachais agus Scileanna	8,668,105	79,000	626,995	9,374,100	9,345,730	621,868	8,723,862	23,370	(5,127)	23,243
27	An Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta	419,559	—	35,305	454,864	435,059	35,171	399,888	19,805	(134)	19,671
28	An Roinn Gnóthaí Eachtracha	190,537	—	39,697	230,234	224,181	42,869	181,312	6,053	3,172	9,225
29	Comhoibriú Idirnáisiúnta	535,330	—	1,053	536,383	524,418	1,488	522,930	11,965	435	12,400
30	An Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha	273,015	15,721	244,907	533,643	499,823	244,003	255,820	33,820	(904)	32,916
31	An Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia	1,402,418	—	382,864	1,785,282	1,731,131	401,374	1,329,757	54,151	18,510	72,661
32	An Roinn Iompair	2,311,511	—	446,536	2,758,047	2,739,118	441,977	2,297,141	18,929	(4,559)	14,370
33	An Dánlann Náisiúnta	10,163	—	253	10,416	10,148	322	9,826	268	69	337
34	An Roinn Fiontar, Trádála agus Nuálaíochta	1,104,825	6,440	78,641	1,189,906	1,151,165	81,724	1,069,441	38,741	3,083	41,824
35	An Roinn Turasóireachta, Cultúir agus Spóirt	464,909	—	3,179	468,088	450,487	4,628	445,859	17,601	1,449	19,050
36	An Roinn Cosanta	705,525	1,000	49,859	756,384	743,880	50,149	693,731	12,504	290	12,794
37	Pinsin Airm	211,993	—	6,500	218,493	218,202	6,230	211,972	291	(270)	21
38	An Roinn Coimirce Sóisialaí	13,270,168	—	222,190	13,492,358	13,380,415	218,132	13,162,283	111,943	(4,058)	107,885
39	An Roinn Sláinte agus Leanaí	376,417	—	4,296	380,713	322,097	5,926	316,171	58,616	1,630	60,246
40	Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte	11,123,581	—	3,667,850	14,791,431	14,477,921	3,523,317	10,954,604	313,510	(144,533)	168,977
41	Oifig an Aire Leanaí agus Gnóthaí Óige	351,268	—	9,040	360,308	335,209	2,966	332,243	25,099	(6,074)	19,025
	Iomlán	**47,306,286**	**125,717**	**6,280,413**	**53,712,416**	**52,741,368**	**6,172,439**	**46,568,929**	**971,048**	**(107,974)**	**863,074**

Nóta: a Is ionann an barrachas glan (€794.1 milliún) agus barrachas na leithreasuithe glana don bhliain (€48 billiún - rud a chuimsíonn €47.9 billiún de dheontais soláthair agus €0.1 billiún de shuimeanna iarchurtha ó 2008) thar an táirgeacht ghlan (€47.2 billiún).

Fíor 98 Feidhmiú Leithreasuithe Barrachais 2010, de réir Vóta

Vóta		Barrach as Glan	Géilleadh larchurtha	Suim atá le Géilleadh
		€000	€000	€000
1	Teaghlachas an Uachtaráin	493	—	493
2	Roinn an Taoisigh	8,456	—	8,456
3	Oifig an Ard-Aighne	1,775	—	1,775
4	An Phríomh-Oifig Staidrimh	7,070	—	7,070
5	Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste	1,753	—	1,753
6	Oifig an Aire Airgeadais	8,283	—	8,283
7	Aoisliúntas agus Liúntais Scoir	42,273	—	42,273
8	Oifig an Choimisinéara Achomhairc	101	—	101
9	Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim	9,759	—	9,759
10	Oifig na nOibreacha Poiblí	9,003	5,000	4,003
11	An tSaotharlann Stáit	800	—	800
12	An tSeirbhís Shicréideach	420	—	420
13	Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit	3,187	—	3,187
14	Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí	1,887	—	1,887
15	An Oifig Luachála	1,841	—	1,841
16	An tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí	932	—	932
17	An Coimisiún um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí	362	—	362
18	Oifig an Ombudsman	1,087	—	1,087
19	An Roinn Dlí agus Cirt agus Athchóirithe Dlí	22,483	—	22,483
20	An Garda Síochána	1,719	—	1,719

Fíor 99 Fáltais Bhreise Státchiste 2009, de réir Vóta

Vóta		Fáltais Bhreise Réamh-Mheasta	Fáltais Bhreise Réadaithe
		€000	€000
1	Teaghlachas an Uachtaráin	—	85
2	Roinn an Taoisigh	—	955
3	Oifig an Ard-Aighne	—	731
4	An Phríomh-Oifig Staidrimh	—	—
5	Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste	—	—
6	Oifig an Aire Airgeadais	—	10
7	Aoisliúntas agus Liúntais Scoir	—	—
8	Oifig an Choimisinéara Achomhairc	—	—
9	Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim	—	3,054
10	Oifig na nOibreacha Poiblí	—	5,000
11	An tSaotharlann Stáit	—	—
12	An tSeirbhís Shicréideach	—	—
13	Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit	—	7
14	Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí	—	195
15	An Oifig Luachála	—	—
16	An tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí	—	—
17	An Coimisiún um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí	—	—
18	Oifig an Ombudsman	—	57
19	An Roinn Dlí agus Cirt agus Athchóirithe Dlí	—	—
20	An Garda Síochána	24,150	19,125

		€000	€000	€000
21	Príosúin	17,622	2,000	15,622
22	An tSeirbhís Chúirteanna	4,057	—	4,057
23	An tÚdarás Clárúcháin Maoine	3,750	—	3,750
24	Tabhartais agus Tiomnachtaí Carthanúla	78	—	78
25	An Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil	99,188	—	99,188
26	An Roinn Oideachais agus Scileanna	23,243	—	23,243
27	An Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta	19,671	—	19,671
28	An Roinn Gnóthaí Eachtracha	9,226	—	9,226
29	Comhoibriú Idirnáisiúnta	12,400	—	12,400
30	An Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha	32,916	—	32,916
31	An Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia	72,661	—	72,661
32	An Roinn Iompair	14,370	—	14,370
33	An Dánlann Náisiúnta	337	—	337
34	An Roinn Fiontar, Trádála agus Nuálaíochta	41,824	—	41,824
35	An Roinn Turasóireachta, Cultúir agus Spóirt	19,050	5,000	14,050
36	An Roinn Cosanta	12,794	1,500	11,294
37	Pinsin Airm	21	—	21
38	An Roinn Coimirce Sóisialaí	107,885	—	107,885
39	An Roinn Sláinte agus Leanaí	60,246	—	60,246
40	Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte	168,977	—	168,977
41	Oifig an Aire Leanaí agus Gnóthaí Óige	19,025	—	19,025
		863,025	**13,500**	**849,525**

		€000	€000
21	Príosúin	—	—
22	An tSeirbhís Chúirteanna	24,700	20,687
23	An tÚdarás Clárúcháin Maoine	40,620	30,462
24	Tabhartais agus Tiomnachtaí Carthanúla	—	—
25	An Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil	—	149
26	An Roinn Oideachais agus Scileanna	10	345
27	An Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta	—	690
28	An Roinn Gnóthaí Eachtracha	—	608
29	Comhoibriú Idirnáisiúnta	—	—
30	An Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha	—	—
31	An Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia	—	405
32	An Roinn Iompair	—	35
33	An Dánlann Náisiúnta	—	—
34	An Roinn Fiontar, Trádála agus Nuálaíochta	509	12,580
35	An Roinn Turasóireachta, Cultúir agus Spóirt	—	344
36	An Roinn Cosanta	—	2
37	Pinsin Airm	—	—
38	An Roinn Coimirce Sóisialaí	—	52
39	An Roinn Sláinte agus Leanaí	—	97
40	Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte	—	—
41	Oifig an Aire Leanaí agus Gnóthaí Óige	—	—
		89,989	**93,904**

Caibidil 19

Córas Bainistithe Sonraí

Vóta 4 An Phríomh-Oifig Staidrimh

Córas Bainistithe Sonraí

19.1 Mar chuid de ról na Príomh-Oifige Straidrimh (CSO), mar atá leagtha amach san Acht Staidrimh 1993, déantar "faisnéis a bhailiú, a thiomsú, a bhaint amach nó a scaipeadh chun críocha staidrimh maidir le coinníollacha eacnamaíochta, sóisialta agus ginearálta sa Stát". Tá an Oifig freagrach freisin as staitisticí oifigiúla a chuireann údaráis phoiblí eile ar fáil a chomhordú agus deis staitistiúil na dtaifead riaracháin a fhorbairt.

19.2 Bailíonn an CSO faisnéis as raon leathan daonáireamh agus suirbhéanna[169], An Daonáireamh an ceann is mó díobh sin a dhéantar gach cúig bliana. Bailítear faisnéis i rith na bliana ar mhaithe le suirbhéanna teaghlaigh. Déantar suirbhéanna gnó agus talmhaíochta tríd an bpost den chuid is mó, mar aon le roinnt bailiúchán sonraí ar líne. Bailíonn an Oifig staitisticí ó fhoinsí riaracháin (m.sh. breitheanna, básanna agus póstaí) agus tá sé beartaithe aici níos mó úsáide a bhaint as sonraí riaracháin chun an t-ualach ar fhreagróirí a laghdú agus chun anailís staitistiúil nua a bhailiú.

19.3 I Samhain 2003, bhronn an CSO conradh ar Cognizant Technology Solutions (Ireland) Limited, chun Córas Bainistithe Sonraí (DMS) nua a dhearadh agus a chur i bhfeidhm.

19.4 Ba ghné lárnach den tionscadal DMS a bhí sa Phlean um Chur i bhFeidhm Straitéiseach na Teicneolaíochta Faisnéise (ITSIP) a cuireadh le chéile i Márta 2002. Ba phlean TF straitéiseach a bhí san ITSIP, a forbraíodh i gcomhar le hionchur comhchomhairleach ó Cap Gemini Ernst & Young, a ghlac an timpeallacht TF a bhí sa CSO cheana féin san áireamh chomh maith leis na himpleachtaí a bhíothas ag súil leo maidir le dúshláin ghnó amach anseo. Thug sé léiriú ar an smaointeoireacht idirnáisiúnta ba dhéanaí[170] agus thacaigh sé le straitéis an CSO maidir le gnó a athrú ó chur chuige bunaithe ar thearc-chumarsáid chuig samhail eagraíochta feidhmiúcháin[171].

19.5 Mhol an ITSIP clár feidhmithe TF agus tionscadail infreastruchtúir arbh éigean don CSO tabhairt fúthu idir 2002-2006, ina mbeadh tabhairt isteach an DMS ar an ghné ba mhó. Ar na tionscadail eile a bhí beartaithe bhí leaganacha nuashonraithe den anailís staitistiúil agus den phacáiste tuairiscithe atá ann cheana féin, córas bainistithe cáipéisí agus sreafa oibre, córas deisce cabhrach TF nua agus córas cláraithe talmhaíochta nua a imlonnú.

Gnéithe an DMS

19.6 Bhí an tionscadal DMS leagtha amach chun ardán bogearraí nuaimseartha a chur ar fáil don CSO chomh maith le cumas chun níos mó faisnéise a roinnt ar thimpeallacht chliaint/freastalaí lánpháirtithe. Bhí se beartaithe teacht in áit an ardáin mór-ríomhaireachta a bhí ann roimhe sin (VAX Open Virtual Memory System) a bhí in úsáid ag an CSO ó na 1980í agus a bhí ag dul as feidhm.

19.7 Sa DMS tá saoráid bunachair sonraí a cheadaíonn sonraí CSO ar fad a stóráil go lárnach agus a bhainistiú i dtimpeallacht struchtúrtha. Roimhe seo, bhí teorainn leis an méid sonraí a d'fhéadtaí a roinnt agus coinníodh gnéithe leithleacha sonraí ar chórais scoite ar fud na hOifige.

---

169 Tá thart ar 100 suirbhé beo ag an CSO agus eisíonn sí thart ar 300 eisiúint agus foilseachán ar a láithreán gréasáin (www.cso.ie) gach bliain, chomh maith le táblaí staitistiúla mionsonraithe ar líne.

170 Chuaigh an CSO i gcomhchomhairle le móroifigí staitisticí náisiúnta ar nós an tSualainn, an Nua-Shéalainn agus an Íslitír.

171 I gcomhthéacs an CSO, is éard a bhí i gceist leis sin bogadh ó struchtúr a bhí bunaithe ar aonaid ghnó suirbhé-shonraithe go dtí ceann bunaithe ar aonaid níos mó, a mbeadh feidhm áirithe ag gach ceann acu (e.g. bailiú sonraí, anailís, foilsiú) do ghrúpaí suirbhéanna gaolmhara.

19.8 Ó thaobh phróiseáil suirbhéanna, ba é an aidhm a bhí ann ná sraith feidhmeanna a shuiteáil a thiocfadh in áit na gcóras éagsúla a bhí ann cheana féin agus a bhí in úsáid ag suirbhéanna aonair agus a bhí forbartha den chuid is mó ag úsáideoirí deiridh gan ionchur ar bith ón Stiúrthóireacht TF. Cuireann an DMS deich bhfeidhm modúlach ar fáil agus tacaíonn gach ceann díobh sin le céim ar leith sa phróiseas táirgthe staitistiúil, i.e. bailiú, próiseáil, anailísiú agus foilsiú. Dá mbainfí úsáid as feidhmeanna coiteann d'fhéadfaí gnéithe nua a thabhairt isteach agus ní bheadh gá ar bith le mionathruithe ar leith ar ilchórais dírithe ar shuirbhéanna.

19.9 Tá sonraí na bhfeidhmeanna aonair laistigh den DMS ar fáil in Iarscríbhinn A.

Forléargas ar an Tionscadal

19.10 Cuireadh tús leis an tionscadal chun DMS a sheachadadh laistigh den CSO le hanailís ar riachtanais próiseála suirbhéanna agus gnó chun sonraíocht riachtanais shonraithe a fhorbairt a bheadh mar bhonn don cháipéis Iarraidh ar Thairiscint (RTF). Díríonn an tuarascáil seo ar an gcéim ina dhiaidh sin, is í sin an córas nua a dhearadh, a chur le chéile agus a chur i bhfeidhm.

Scóp

19.11 Chuaigh scóp an tionscadail seo chomh fada le gach próiseas suirbhé coiteann laistigh den CSO agus san áireamh leis bhí dearadh agus cur i bhfeidhm na hailtireachta a bhí riachtanach chun tacú leis an DMS. San áireamh leis freisin bhí aistriú na bpróiseas agus na sonraí suirbhéanna a bhí ann cheana féin chuig an DMS, comhéadain a chruthú ina mbeadh feidhmeanna áirithe CSO cheana féin agus sonraí a iompórtáil ó fheidhmeanna eile.

19.12 Fágadh réimsí áirithe gníomhaíochta CSO ar lár ó scóp an tionscadail

- próiseáil an Daonáirimh agus córas tacaíochta gaolmhara
- próiseáil suirbhéanna Chomhardú na n-Íocaíochtaí agus córas bainistithe suirbhéanna gaolmhara
- céad phróiseáil na suirbhéanna aonaid maidir le bailiúchán sonraí tionscail
- córais a thacaíonn le Rannóg Riaracháin an CSO.

Comhéadan le Córais Atá Ann Cheana Féin

19.13 Cuireann an DMS comhéadain ar fáil do dhá fheidhm TF eile a úsáidtear laistigh den CSO

- Coinníonn an Tabhall Gnó Lárnach (CBR) eolas ar gach cineál gnó atá rannpháirteach i ngníomhaíocht eacnamaíochta sa Stát. Cuireann sé staitisticí ar fáil maidir le déimeagrafaíocht gnó agus úsáidtear é mar fhráma samplála do go leor suirbhéanna gnó a dhéanann an CSO.
- Is stór lárnach an CSO atá sa bhunachar Rangaithe agus Caighdeáin Ghaolmhara (CARS) do gach rangú, comhchordacht agus innéacs códaithe. Laghdaíonn sé na hacmhainní a theastaíonn chun suirbhéanna nua a fhorbairt agus cuireann sé le caighdeán sonraí níos fearr trí thacaíocht a thabhairt d'úsáid na ngnáthrangaithe.

19.14 Maidir le roinnt feidhmeanna eile, ní dhearnadh aon chomhéadan sonrach a phleanáil leis an DMS ach measadh go bhféadfaí sonraí a aistriú trí mheascán de shaoráidí easpórtála laistigh de na feidhmeanna iad féin agus na saoráidí iompórtála laistigh den DMS.

Cuspóirí Gnó

19.15 Tháinig cuspóirí gnó an tionscadail DMS chun cinn as spriocanna Ráiteas Straitéise an CSO (2001 – 2003) agus as a Straitéis TF[172] agus bhí an riachtanas chun aghaidh a thabhairt ar an bhfíric go raibh an teicneolaíocht a bhí ann cheana féin ag dul as feidhm agus gurb é an norm a bhí ann oileáin sonraí agus próiseála ar leithligh ar fud na hoifige. I measc na gcuspóirí bhí na nithe seo a leanas

- timpeallacht chliant-freastalaí lánpháirtithe agus a fheidhmíonn go hiomlán a chur in áit an árdáin bhogearraí oidhreachta atá ann cheana féin agus na suirbhéanna ar fad a bhí ann a aistriú chuig an timpeallacht sin
- córas próiseála suirbhéanna a chur ar fáil a nascódh le bailiúcháin sonraí ilchainéil agus córais scaipthe sonraí agus a fhreastalódh ar shuirbhéanna nua agus ar fhairsingiú chuig suirbhéanna atá ann cheana féin
- ailtireacht sonraí a sheachadadh chun tacú leis na feidhmeanna agus infreastruchtúr teicneolaíochta a chuirfeadh feidhmeanna ar fáil do na comhaltaí foirne ar fad.

Béim na Caibidle

Bhí sé mar aidhm ag an gcaibidil seo athbhreithniú

- a dhéanamh ar na nithe seo a leanas leordhóthanacht na meastóireachta tionscadail a rinneadh roimh cheadú an tionscadail
- leordhóthanacht rialachas an tionscadail agus na nósanna imeachta bainistithe tionscadail a bhí i bhfeidhm
- cibé an raibh na riachtanais sonraithe i gceart
- éifeachtacht na socruithe bainistithe conartha sna réimsí seo a leanas: soláthar, rialú athruithe, éagsúlacht agus athruithe praghsanna
- feidhmíocht tionscadail in aghaidh spriocanna ó thaobh ama, costas agus seachadadh na gcuspóirí gnó
- an méid úsáide atáthar ag baint as an gcóras nua
- méid na meastóireachta iar-thionscadail a rinneadh.

Meastóireacht Tionscadail

19.16 Rinneadh aon mheastóireacht a rinneadh i gcomhthéacs an chláir ITSIP níos leithne seachas i ndáil leis an tionscadal DMS i leithlis.

[172] CSO Information Technology Strategy 1999 – 2002 and Beyond, Aibreán 1999.

Riachtanas Gnó

19.17 Tar éis scrdúdú a dhéanamh ar an timpeallacht TF reatha sa CSO, leag an ITSIP béim ar dhá phríomhshaincheist ar theastaigh aghaidh a thabhairt orthu

- bhí formhór córas próiseála lárnach agus coinneála sonraí an CSO ar ardán freastalaithe oidhreachta, a breithníodh mar theicneolaíocht éagtha agus go raibh baol ann go rachadh sí as feidhm
- bhí riachtanas ann chun athrú suntasach a dhéanamh ar nósanna gnó an CSO chun cur ar a cumas freastal a dhéanamh ar riachtanais athraitheacha an AE agus Rialtas na hÉireann, go háirithe na riachtanais a thagann chun cinn ó thionscnaimh ríomhRialtais.

Costais agus Buntáistí a bhíothas ag Súil Leo

19.18 Chuir an ITSIP meastachán de €13.05 milliún ar fáil, CBL san áireamh, chun na tionscadail feidhmiúcháin agus infreastruchtúir TF ar fad a bhí beartaithe a chur i gcrích. Bhain €10.14 milliún de sin leis an tionscadal DMS. Ní raibh costais phearsanra CSO agus gach costas inmheánach eile san áireamh sna figiúirí seo.

19.19 Ní dhearna an ITSIP na buntáistí a bhíothas ag súil leo do gach tionscadal beartaithe a aithint go leithleach. Leag sé amach sé chatagóir de bhuntáistí a measadh a thiocfadh chun cinn ón gclár oibre iomlán

- tacú le straitéis gnó an CSO trí thionscaimh ríomhRialtias a éascú, éileamh ar staitisticí a ardú, taifid riaracháin a úsáid, an t-ualach ar sholáthróirí sonraí a laghdú agus tráthúlacht agus caighdeáin na n-aschur a fheabhsú
- rioscaí atá os comhair an CSO a laghdú, lena n-áirítear rioscaí teicniúla a bhaineann leis an árdán oidhreachta TF, rioscaí oibríochta a bhaineann le cruinneas agus tráthúlacht na n-aschur agus rioscaí bainistithe tionscadail a bhaineann le feidhmiú, acmhainniú agus rialachas tionscadail
- inrochtaineacht, fáil agus sláine sonraí a fheabhsú trí shonraí lánpháirtithe a sholáthar, comhchaighdeáin sonraí, comhtheicneolaíochtaí, comhbheartais cothabhála agus rochtain a dhaingniú don eagraíocht ar fad
- feabhas ar phróisis ghnó a éascú trí ríomh-chumasú agus próisis idir-eagraíochta a chuíchóiriú, (m.sh. fáil agus sintéis eolas Ioncaim), comhphróisis roinnte a thabhairt isteach agus comhchaighdeáin a chur i bhfeidhm ar fud na bpróiseas seo.
- éifeachtúlacht oibríochta a ardú trí laghduithe i ngníomhaíochtaí láimhe agus dúbailt tascanna.
- an tseirbhís a chuirtear ar fáil d'úsáideoirí a fheabhsú trí chumas ríomhRialtais a sheachadadh, teicneolaíochtaí nua a úsáid agus cur chuigí bainistithe maidir le caidrimh custaiméirí a chur i bhfeidhm.

Conclúid – Meastóireacht Tionscadail

Ba chóir go ndéanfadh meastóireachtaí tionscadail na riachtanais atá beartaithe ag an tionscadal a bhaint amach a aithint agus an méid atá sé ag beartú na riachtanais sin a bhaint amach a aithint agus eolas a chur ar fáil ar na costais agus ar na buntáistí atáthar ag súil leis maidir leis na cur chuigí malartacha réadúla i leith na riachtanas a aithníodh a bhaint amach.

Níor cuireadh aon mheastóireacht nó cás gnó ar leith le chéile maidir leis an DMS, ná aon tionscadal aonair eile a moladh san ITSIP. Bhain an CSO úsáid éifeachtach as an ITSIP mar a cás gnó nuair a lorg sí cead ar an Roinn Airgeadais leanúint ar aghaidh leis na tionscadail ar fad a bhí beartaithe. Ba chóir go mbeadh cásanna gnó aonair ag mórthionscadail a bhfuil comhpháirteanna scoite iontu, ar nós DMSanna, chun malairtí inmharthana don réiteach sonrach beartaithe a aithint.

Tuairimí an Oifigigh Chuntasaíochta

19.20 Dúirt an tOifigeach Cuntasaíochta gurb é an DMS an tionscadal ba mhó laistigh den ITSIP, agus gurbh ionann é agus beagnach 80% den chlár oibre. Mar sin, leag sé an cás gnó ginearálta amach don DMS. Thug sé le tuiscint gur ghá an DMS a fhorbairt mar fheidhm saincheaptha. Os rud é nach raibh an cumas ag an CSO an fheidhm a fhorbairt in-tí, breithníodh nach raibh aon chur chuige inmharthanach eile ann, seachas an ceann a glacadh, a thabharfadh aghaidh ar easnamh teicneolaíochta an CSO agus a chomhlíonfadh an cuspóir straitéiseach de chóras lárnach a thabhairt isteach.

Struchtúr Rialachais Tionscadail

19.21 Sa Cháipéis Tionscnaimh Tionscadail, a comhaontaíodh tar éis cheapachán an phríomhchonraitheora chun an DMS a dhearadh, a chur le chéile agus a chur i bhfeidhm, leagadh amach an struchtúr rialachais tionscadail. Tugtar tuairisc ar na príomhghnéithe in Iarscríbhinn B. Cé go ndearnadh ionadaíocht ar úsáideoirí gnó laistigh den struchtúr rialachais, ní dhearnadh ionadaíocht díreach orthu ar bhord an tionscadail nó ar choiste stiúrtha an tionscadail, arb iad na comhlachtaí a rinne na cinntí ardleibhéil maidir leis an tionscadal.

Dearbhú Cáilíochta

19.22 San áireamh leis na socruithe rialachais bhí gné dearbhaithe cáilíochta, a chuir comhairleoir seachtrach ar fáil a thuairiscigh díreach chuig bainisteoir an chláir. Mar chuid den ról forbraíodh plean dearbhaithe cáilíochta, iniúchtaí rialta a dhéanamh, ionchur teicniúil a chur ar fáil don tionscadal agus seirbhísí rialaithe cáilíochta a chur ar fáil maidir le torthaí an tionscadail, bainistiú cáipéisí agus bainistiú athraithe. Rinneadh measúnú neamhspleách ar chaighdeáin dearbhaithe cáilíochta an phríomhchonraitheora mar chuid den ról freisin.

Conclúid – Struchtúr Rialachais Tionscadail

I dtionscadal ar bith a lorgaíonn mórathruithe a thabhairt isteach, tá sé tábhachtach go ndéanann an struchtúr rialachais soláthar go ndéanfaí ionadaíocht ar leasanna na ngeallsealbhóirí ar fad ag leibhéal cuí.

Lorg an tionscadal DMS, athruithe bunúsacha a dhéanamh ar an mbealach a dhéantaí próiseáil suirbhéanna laistigh den CSO. Is léir nach raibh ionadaíocht á dhéanamh ar úsáideoirí gnó an DMS ag leibhéal sách ard laistigh den struchtúr rialachais tionscadail a bunaíodh. Cé go raibh ionadaíocht á dhéanamh ar leasanna na n-úsáideoirí gnó ar an bhfoireann anailísí gnó, ní raibh ionadaíocht díreach á dhéanamh orthu ar an mbord tionscadail ná ar an gcoiste stiúrtha tionscadail agus dá bharr sin bhí cumas teoranta acu aon tionchar a bheith acu ar an bpróiseas déanta cinntí.

Sonraíocht na Riachtanas

19.23 Mar chuid den chéad chéim sa tionscadal DMS, rinneadh anailís ar riachtanais an CSO agus ar ullmhú na sonraíochtaí deartha sonraithe maidir le gach próiseas suirbhé agus gnó. Rinneadh an anailís idir Deireadh Fómhair 2002 agus Aibreán 2003 agus mar chuid di bhí comhchomhairle forleathan agus ranníocaíochtaí ó níos mó ná 100 úsáideoir gnó laistigh den CSO.

19.24 Rinneadh an cleachtadh sonraíochta riachtanas le tacaíocht chomhchomhairle ó Accenture. Bhí siad seo a leanas mar chuid de ról Accenture

- anailís riachtanas do shuirbhéanna CSO atá ann cheana féin chun comhphróisis a aithint a mbeadh ar an DMS tacú leo
- anailís riachtanas do bhainistíocht sonraí corparáideach, lena n-áirítear faisnéis bainistíochta agus eolas ar chomhlíonadh suirbhéanna agus comhsheasmhacht sonraí d'fhreagróirí áirithe

- suirbhéanna staististiúla a chomhdhlúthú agus iad a phróiseáil isteach i roinnt aicmí próiseas gnó teoranta
- sonraíochtaí feidhme agus sonraíochtaí ailtireachta ardleibhéil a sholáthar don infreastruchtúr bainistithe sonraí foriomlán agus do gach ceann de na haicmí próiseas gnó a aithníodh
- scrúdú ar an deis atá ann an t-idirlíon a úsáid chun faisnéis staitistiúil a fháil agus a scaipeadh
- sainmhíniú agus sonraíocht na gcomhéadan riachtanacha do na feidhmeanna CBR agus CARS
- plean aistrithe sonraí ardleibhéil a sholáthar.

19.25 Chruthaigh na sonraíochtaí a forbraíodh an bonn don cháipéis RFT a eisíodh ina dhiaidh sin do dhearadh, do chur le chéile agus do chur i bhfeidhm an DMS. I dteannta an RFT bhí sraith cáipéisí sonraíochta de 132 a chuir treoracha ar fáil do thairgeoirí ionchasacha maidir le gach gné den tionscadal, lena n-áirítear aistriú sonraí, bainistiú sonraí, dearadh an bhunachair sonraí loighciúil, riachtanais ailtireachta ardleibhéil agus dearthaí feidhme ardleibhéil do na feidhmeanna aonair DMS.

Conclúid – Sonraíocht na Riachtanas

Rinne an CSO cleachtadh sonraíochta riachtanas cuimsitheach, lenár bhain comhchomhairle le húsáideoirí gnó ó ar fud na hOifige. Fuarthas cúnamh teicniúil seachtrach chun anailís a dhéanamh ar na riachtanais agus chun cáipéisí sonraíochta ardleibhéil a fhorbairt don réiteach foriomlán.

Bainistiú Conarthaí

19.26 I i mí na Samhna 2003, shínigh an CSO conradh le Cognizant maidir le dearadh, cur le chéile agus cur i bhfeidhm sonraithe an DMS nua ar phraghas socraithe de €5.96 milliún, CBL san áireamh. Thaispeáin an plean tionscadail comhaontaithe amlíne conartha 42-mí, agus bhí an DMS le dul beo i mBealtaine 2006 agus bhí an chéim chothabhála agus tacaíochta ina dhiaidh sin le dul in éag i mBealtaine 2007.

19.27 Bhí uainiú na n-íocaíochtaí beartaithe i sceideal íocaíochtaí an chonartha ceangailte le glacacht thorthaí an tionscadail. Go hachomair, bhí torthaí an tionscadail chun na nithe seo a leanas a dhéanamh

- feidhmeanna modúlacha agus timpeallacht oibríochta an DMS a dhearadh, a chur le chéile, a thástáil, a shuiteáil agus iad a lánpháirtiú le feidhmeanna cliaint freastalaí an CSO
- na crua-earraí agus na bogearraí gaolmhara ar fad a theastaíonn a shonrú, a shuiteáil agus a thástáil
- tacú le comhaltaí foirne an CSO níos mó ná 100 córas próiseála staitistiúil a aistriú chuig an timpeallacht cliaint freastalaí nua
- tacú leis an DMS agus é a chothabháil don chéad bhliain tar éis é a chur i bhfeidhm
- oiliúint a chur ar chomhaltaí CSO maidir le húsáid agus cothábháil an DMS.

Próiseas Soláthair

19.28 Fuarthas an príomhchonraitheoir trí nós imeachta srianta, lena mbaineann próiseas dhá chéim nuair a thugtar cuireadh do na hiarrthóirí sin a bhaineann amach na híos-riachtanais sonraithe ag an gcéim réamhcháilithe agus iad sin amháin, tairiscint chuimsitheach a chur isteach don tionscadal i gceist.

19.29 Fuarthas aon fhreagra déag ag an gcéim réamhcháilithe nuair a roghnaíodh na sé iarrthóir leis an scór is airde le dul ar aghaidh chuig an gcéim luachála díoltóra. Cuireadh cáipéisí RTF ar fáil do na sé chuideachta réamhcháilithe go luath i mí Iúil 2003. Cuireadh ceithre tairiscint isteach roimh an sprioc am agus ní bhfuarthas aon aighneacht ón dá chuideachta eile.

19.30 Tar éis na chéad céime den phróiseas luachála, comhaontaíodh scóir sealadacha agus tugadh cuireadh don na trí iarrthóir a bhí an rangú is airde acu i gcomhair agallaimh. Rinne scrúdú arís ar na scóir luachála tairisceana ar bhonn faisnéise breise a tugadh ag na hagallaimh agus comhaontaíodh scóir deiridh do gach iarrthóir.

19.31 Ba é Cognizant a fuair an scór is airde, ag baint amach 77.8% de na huasmharcanna a bhí ar fáil.

Conclúid – Próiseas Soláthair

Chomhlíon an próiseas soláthair go bunúsach riachtanais na Roinne Airgeadais agus an AE.

Costas an Tionscadail agus Rialú Athruithe

19.32 Chuir an ITSIP meastachán costas €10.14 milliún ar fáil, CBL san áireamh, chun an DMS a dhearadh, a chur le chéile agus a chur i bhfeidhm. Níl na costais a bhaineann le pearsanra CSO agus aon chostas inmheánach eile san áireamh leis an bhfigiúr seo.

19.33 Bhí an conradh a síníodh le Cognizant as dearadh, cur le chéile agus cur i bhfeidhm sonraithe an DMS ar phraghas socraithe de €5.96 milliún. Ar deireadh, b'ionann an méid iomlán a íocadh le Cognizant thar saolré an chonartha agus €9.24 milliún, rud a léirigh difríocht 55% os cionn an praghais socraithe a comhaontaíodh. Tá cur síos ar íocaíochtaí conartha a íocadh le Cognizant i bhFíor 100.

Fíor 100 Íocaíochtaí conartha DMS le Cognizant (CBL san áireamh)

Garsprioc	Tasc	Méid an Chonartha	Méid a Íocadh	Difríocht
		€m	€m	€m
1	Nuathionscnú Tionscadail	0.47	0.47	-
2	Riachtanais an Chórais agus anailís	0.47	0.47	-
3 – 5	Dearadh agus Tógáil an Chórais	2.12	2.12	-
6	Tástáil agus Seachadadh an Chórais	0.71	0.71	-
7	Tástáil Glacachta	0.94	0.94	-
8	Cothabháil agus Tacaíocht	1.25	2.13	0.88
-	Iarratais Athraithe[a]	-	2.40	2.40
Iomlán		**5.96**	**9.24**	**3.28**

Nóta: a Áirítear ann méideanna de €0.29 milliún ar an iomlán i ndáil le tionchar tráchtála ar mhoilleanna ar sceideal an tionscadail.

19.34 As an difríocht de €3.28 milliún, bhain €2.40 milliún le hathruithe conartha comhaontaithe agus tháinig an €0.88 milliún eile chun cinn den chuid is mó as an gcinneadh a rinneadh an tréimhse tacaíochta agus cothabhála iarbheo a shíneadh ó 12 mí go 21 mí, mar a ceadaíodh san RFT.

19.35 Bhain na príomhchatagóirí eile maidir le costas díreach don tionscadal DMS le bogearraí, cruaearraí, sonraíocht riachtanas agus dearbhú cáilíochta seachtrach. Léirítear cur síos ar na costais tionscadail díreacha iomlána i bhFíor 101.

Fíor 101 Costas Díreach an Tionscadail DMS (CBL san áireamh)

Mír Costais	Méid a Íocadh
	€m
Conradh Cognizant	9.24
Bogearraí	2.29
Crua-earraí	0.63
Riachtanais na Céime Sonraíochta	0.63
Dearbhú Cáilíochta Seachtrach	0.31
Eile	0.11
Costas Díreach Iomlán an Tionscadail DMS	**13.21**

19.36 Chomh maith leis sin, léirigh na costais tionscadail a léirítear sna tuarascálacha deiridh a d'ullmhaigh an CSO maidir leis an gcéim sonraíochta riachtanas (Aibreán 2003) agus an céim deartha, chur le chéile agus chur i bhfeidhm (Aibreán 2010) méideanna arbh ionann iad agus €5.01 milliún i ndáil le costais tuarastail inchurtha i leith chomhaltaí foirne an CSO.

Conclúid – Costas Tionscadail

B'ionann íocaíochtaí le comhlachtaí seachtracha maidir leis an tionscadal DMS, lena n-áirítear an chéim sonraíochta riachtanas agus an tréimhse tacaíochta agus cothabhála tar éis é a chur i bhfeidhm agus €13.21 milliún. Léiríonn sé seo difríocht 30% níos mó ná an meastachán costas san ITSIP.

Níor cuireadh costais intí san áireamh sa mheastachán bunaidh a luadh san ITSIP, ach rianadh iad i rith an tionscadail. B'ionann costas tuairiscithe deiridh an tionscadail DMS, costais tuarastail inchurtha i leith de €5.01 milliún san áireamh agus €18.22 milliún.

Tuairimí an Oifigigh Chuntasaíochta

1.37 Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ar an eolas mé gur bunaithe an meastachán costais bunaidh ar chomhairle ghairmiúil agus gur léirigh sé sárchleachtas san earnáil phoiblí agus sna coinníollacha margaidh reatha. Dúirt sé gur cheart a bheith ag súil le héagsúlacht éigin i dtionscadal ar an scála seo.

Costas ITSIP

19.37 Bhí an DMS ar cheann de na cúig tionscadal infreastruchtúir agus feidhme TF a moladh laistigh den ITSIP. B'ionann an meastachán costais chun na tionscadail ar fad a thabhairt chun críche agus €13.05 milliún. I rith an scrúdaithe, d'iarr mé sonraí an aschuir maidir le tionscadail ITSIP eile. Chuir an CSO in iúl dom go ndearnadh go leor den obair ar na tionscadail eile intí. Chuir siad figiúr de €0.48 milliún d'íocaíochtaí seachtracha a rinneadh suas go dtí deireadh Bealtaine 2011 ar fáil agus ba é an t-aon tionscadal a bhí fós ar bun ná an córas bainistithe cáipéisí agus sreafa oibre a tugadh isteach.

Rialú Athruithe

19.38 Shonraigh an Cháipéis Tionscnaimh Tionscadail, a comhaontaíodh i mí na Samhna 2003, an próiseas rialaithe athraithe a bheadh i bhfeidhm maidir le hathruithe molta ar an tionscadal.

19.39 I rith tréimhse an tionscadail, cheadaigh an CSO ilbhearta d'iarratais athraithe maidir le saincheisteanna éagsúla. B'ionann na híocaíochtaí iomlána a rinneadh le Cognizant maidir leis na hathruithe comhaontaithe a chur i bhfeidhm agus €2.11 millliún, CBL san áireamh. Bhain an t-iarratas athraithe aonair is mó a ceadaíodh, ag costas de €0.31 milliún, le pacáiste ríomhfhoghlama DMS a fhorbairt, ar fheidhm oiliúna idirghníomhach í atá ar fáil anois do chomhaltaí foirne an CSO.

19.40 Sa bhreis ar an gcostas a bhain leis na hathruithe comhaontaithe a chur i bhfeidhm, rinne an CSO íocaíochtaí le Cognizant arbh ionann iad agus €0.29 milliún maidir le tionchar tráchtála na moilleanna ar sceideal an tionscadail, a tharla de bharr líon mór iarratas athraithe. Leis an méid sin san áireamh, b' ionann iomlán na n-íocaíochtaí a rinneadh le Cognizant maidir leis na hathruithe tionscadail comhaontaithe agus €2.40 milliún.

Conclúid – Nósanna Imeachta Rialú Athruithe

Is léir go léiríonn méid na n-athruithe a comhaontaíodh i rith tréimhse an tionscadail nach raibh na sonraíochtaí bunaidh chomh cuimsitheach agus a d'fhéadfadh siad a bheith. Bhain na hathruithe le raon saincheisteanna lena n-áirítear oiliúint bhreise, aistriú sonraí agus aistriú meiteashonraí[173]. Léiríonn íocaíochtaí maidir le hathruithe tionscadail comhaontaithe (€2.40 million) ardú de bheagnach 40% ar an bpraghas socraithe bunaithe sa chonradh (€5.96 million).

Tuairimí an Oifigigh Chuntasaíochta

19.41 Dúirt an tOifigeach Cuntasaíochta go raibh an tionscadal DMS deighilte ina dhá chéim. Anailís fhairsing ar riachtanais a bhí sa chéad leath, a chuir bonn láidir ar fáil don dara chéim chun an DMS a thógáil. Is le haghaidh phraghas seasta an conradh a bhí ann, rud a thug deis don CSO smacht níos mó a choimeád ar chostas deiridh an tionscadail. De bharr nádúr casta an tionscadail, bhíothas ag súil go dtiocfadh riachtanais bhreise chun cinn i rith chur i bhfeidhm an tionscadail. Bhí gach iarratas ar athrú faoi réir ag próiseas ceadaithe agus pléadh iad go láidir leis an soláthróir seirbhíse. Tá an CSO sásta gur chuir an cur chuige ar glacadh leis réiteach éifeachtach ar fáil.

Amscála Tionscadail

19.42 Sholáthar an conradh le Cognizant do dháta tosaigh i Samhain 2003, ag súil go mbeadh an córas ag dul beo i mBealtaine 2006, agus ina dhiaidh sin bheadh tréimhse cothabhála agus tacaíochta don fheidhm DMS go dtí Bealtaine 2007. Ar deireadh chuaigh an DMS beo sa CSO i Meán Fómhair 2007, rud a léiríonn go raibh moill 16 mí ar an sceideal bunaidh.

19.43 Luaitear dhá chúis leis an mhoill i dtuarascáil clabhsúir tionscadail a d'ullmhaigh an CSO maidir leis an gcéim deartha, chur le chéile agus chur i bhfeidhm

- bhain thart ar deich mí den mhoill le fomheastachán ar an am a theastaigh chun an córas nua a fhreámhshamhaltú agus a thástáil
- tharla moill sé mhí eile mar gheall go mb'éigean do Cognizant aghaidh a thabhairt ar roinnt saincheisteanna cáilíochta bogearraí, a aithníodh in athbhreithniú cáilíochta a rinne an CSO.

[173] Is éard atá i Metadata go bunúsach ná sonraí faoi shonraí, m.sh. sonraí faoi conas a bailíodh na sonraí, cén uair a bailíodh iad agus cé a bhailigh iad.

19.44 Ó tharla gur bhain tráthúlacht na n-íocaíochtaí le glacacht na dtorthaí, cuireadh siar roinnt íocaíochtaí sceidealaithe faoin gconradh Cognizant mar thoradh ar mhoilleanna tionscadail. Leanadh ar aghaidh ag fáil cothábhala agus tacaíochta don fheidhm DMS ó Cognizant go dtí Bealtaine 2009.

Conclúid – Amscála Tionscadail

Bhí moill 16 mí ar an sceideal conartha bunaidh 30 mí.

Tuairimí an Oifigigh Chuntasaíochta

19.45 Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ar an eolas mé gur léirigh an t-am a tógadh chun an tionscadal a chur i gcrích an gá le tosaíocht a thabhairt do chaighdeán an DMS lena iontaofacht a chinntiú san fhadtéarma. Tá an CSO sásta gur bhain an iarracht bhreise an sprioc sin amach.

Seachadadh Tionscadail

19.46 Rinne tuarascáil chlabhsúir tionscadail, a rinne an CSO in Aibreán 2010, measúnú ar thoradh an tionscadail, a rinne tagairt don mhéid ar baineadh amach na gcuspóirí gnó. Ag fágáil na saincheisteanna úsáide a phléifear sa chéad chuid eile ar leataobh, tuairiscíodh an dul chun cinn seo a leanas

- maidir leis an gcúspóir timpeallacht chliaint-freastalaí lánpháirtithe a fheidhmíonn go hiomlán a chur in áit an timpeallacht crua-earraí atá ann cheana féin, luaigh an tuarascáil chlabhsúir gur dúnadh gach córas agus feidhm oidhreachta agus go raibh an DMS ar fáil ar an líonra CSO do gach comhalta foirne suirbhé údaraithe
- maidir leis an gcúspóir córas próiseála suirbhé a chur ar fáil a bheadh ar a chumas freastal a dhéanamh ar shuirbhéanna nua agus ar leathnú na suirbhéanna a bhí ann cheana féin, luaigh an tuarascáil chlabhsúir gur baineadh sin amach agus thug sí ar aird gur cuireadh an DMS le chéile chun freastal ar na harduithe ar mhéid agus ar mhinicíocht suirbhéanna an CSO, le rialuithe slándála i bhfeidhm a rialódh cé ar féidir leo suirbhé a chur isteach nó leasú a dhéanamh ar shuirbhé atá ann cheana féin
- maidir leis an gcúspóir an córas a chur ar fáil ar thimpeallacht chliant-freastalaí an CSO, luaigh an tuarascáil chlabhsúir go raibh an córas ar fáil do gach úsáideoir údaraithe ó seoladh é i Meán Fómhair 2007.

Conclúid – Seachadadh Tionscadail

Bhain an DMS amach a phríomhchuspóirí trí ardán crua-earraí nua-aimseartha agus timpeallacht oibríochta, bunachair sonraí lárnaithe do stóráil agus bainistiú sonraí agus sraith feidhmeanna próiseála suirbhéanna atá ar fáil le húsáid ar gach suirbhé, a sheachadadh. Mar sin féin, braitheann an méid atá an CSO ag baint leasa as na buntáistí féideartha iomlána ar an leibhéal rannpháirtíochta leis an DMS ag foirne suirbhéanna. Pléitear an tsaincheist seo sa chuid seo a leanas.

Tuairimí an Oifigigh Chuntasaíochta

19.47 Dúirt an tOifigeach Cuntasaíochta gur bhain an tionscadal DMS a phríomhchuspóir amach, eadhon timpeallacht TF an CSO a nua-aoisiú. Déanann foireann TF laistigh den CSO an DMS a chothabháil agus a fhorbairt gan aon chostas sainchomhairleoireachta seachtraí. Dúirt sé gur chuir an DMS buntáistí fíora agus móra ar fáil don CSO, lena n-áirítear tacaíocht a sholáthar don eagraíocht agus í ag aistriú chuig samhail fheidhmiúil agus tabhairt isteach tapa suirbhéanna nua, rud a d'éileodh forbairt chórais TF saincheaptha roimhe seo.

Úsáid DMS

19.48 Tháinig dhá mhórshaincheist chun cinn ó chuaigh an DMS beo sa CSO i Meán Fómhair 2007

- bhí an ráta aistrithe suirbhéanna chuig an DMS níos moille ná mar a bhíothas ag súil leis
- bhí an leibhéal úsáide d'fheidhmeanna áirithe sách íseal.

Aistriú chuig DMS

19.49 Ag tús an tionscadail chun an DMS a dhearadh, a chur le chéile agus a chur i bhfeidhm, bhí an CSO i mbun 101 suirbhé beo. Leag an cháipéis faoi scóp an tionscadail béim ar ghnéithe áirithe de na suirbhéanna CSO atá ann cheana féin nach mbeidh á n-aistriú chuig an DMS nua, ach níor shonraigh sé cé méid suirbhé a measadh a phróiseálfaí trí úsáid a bhaint as na feidhmeanna DMS.

19.50 Pleanáladh ar dtús go n-aistreofaí gach suirbhé ábhartha i bhfráma ama gearr tar éis an dáta a ndeachaigh sé beo. Sa chás nach raibh foirne suirbhé aonair ag iarraidh aistriú chuig an DMS, bhí orthu iarratas a dhéanamh chuig an mbord tionscadail chun cead díolmhaithe a fháil.

19.51 Chuir an CSO in iúl dom go raibh cúiseanna éagsúla ann nach raibh roinnt foirne suirbhé ag iarraidh aistriú chuig DMS

- mar gheall ar méid na n-iarratas athraithe a fuarthas i ndiaidh na tástála glacachta úsáideora, cuireadh go leor díobh siar ar feadh tréimhse ama agus mar thoradh air sin ní raibh úinéirí suirbhéanna sásta dul beo le córas nár shásaigh a gcuid riachtanas
- bhí caillteanas móimintim agus caillteanas muiníne i measc úsáideoirí sa chóras mar thoradh ar an ngá a bhí le hathbhreithniú cóid agus moilleanna tionscadail eile
- bhí drogall i measc roinnt foirne suirbhé bogadh óna gcuid córas suirbhé-sonraithe féin a forbraíodh thar tréimhse áirithe chuig córas cineálach nár chuir roinnt de na gnéithe saincheaptha ar fáil.

19.52 Nuair a chuaigh an DMS beo i Meán Fómhair 2007, bhí an ráta aistrithe chuig an gcóras nua níos moille ná mar a bhí measta. I Meitheamh 2008, rinne foghrúpa de Choiste Bainistíochta Sinsearach CSO athbhreithniú ar na saincheisteanna a chuir isteach ar aistriú agus rinne sé roinnt moltaí i gcomhar leasuithe ar an DMS – cuireadh iad seo ar aghaidh mar iarratais athraithe tionscadail breise.

19.53 I bhfianaise na saincheisteanna aistrithe leanúnacha, coimisiúnaíodh athbhreithniú inmheánach breise i mí na Samhna 2008. Bhreithnigh an t-athbhreithniú an méid a sheachaid an DMS an fheidhmiúlacht spriocdhírithe, an ghlacacht de réir réimse suirbhé agus feidhme agus saincheisteanna a chuireann isteach ar aistriú. Cuireadh i gcrích é i Márta 2009.

19.54 Tar éis an athbhreithnithe, d'athraigh an CSO go dtí cur chuige aistrithe níos moille níos spriocdhírithe, ag díriú ar shuirbhéanna ar meánscála agus ar scála mór inar bhféadfaí an dul chun cinn is éifeachtaí a dhéanamh trí aistriú chuig DMS. Léiríonn Fíor 102 faisnéis a chuir an CSO ar fáil ar stádas reatha an aistrithe suirbhé chuig an DMS.

Fíor 102 Stádas Aistriú Suirbhéanna chuig DMS, ag 1 Meitheamh 2011

Méid an tSuirbhé	Súirbhéanna ag úsaid an DMS	Suirbhéanna i mbun Aistrithe	Dáta Aistrithe Sceidealaithe	Gan aon Aistriú Sceidealaithe	Iomlán
Mór	13	4	2	7	**26**
Meánach	13	2	1	2	**18**
Beag	4	2	3	20	**29**
Iomlán	**30**	**8**	**6**	**29**	**73**

Foinse: CSO

19.55 Ag 1 Meitheamh 2011, bhí 73 suirbhé[174] ar bun ag an CSO a bhí i scóp bunaidh an tionscadail DMS cheana féin nó a cuireadh leis ó shin. Díobh sin, próiseáladh 30 trí úsáid a bhaint as DMS agus bhí 14 sceidealaithe i gcomhair aistrithe roimh dheireadh 2012. Ní raibh aon dáta aistrithe sceidealaithe don 29 suirbhé a bhí fágtha.

Úsáid Feidhmeanna DMS

19.56 Fuair an t-athbhreithniú inmheánach a rinneadh ar shaincheisteanna aistrithe i Márta 2009 amach gur dhírigh an úsáid a baineadh as na suirbhéanna sin a aistríodh chuig DMS ar na seacht n-iarratas laistigh de riarachán suirbhé, bailiú sonraí agus céimeanna próiseála de shaolré na suirbhéanna (féach Iarscríbhinn A). Baineadh úsáid teoranta nó úsáid ar bith as na trí iarratas a bhí fágtha.

19.57 Tar éis an athbhreithnithe inmheánaigh, chinn an CSO go ndíreodh an úsáid a bhainfí as an DMS agus an tacaíocht a thabharfar dó amach anseo ar na seacht n-iarratas go príomha a aithníodh mar na hiarratais a bhaintear an úsáid is mó astu. I mí na Samhna 2009, baineadh na hiarratais Choigeartú Séasúrach, Iontráil Bharúlach agus Scaipthe ón bpríomhroghchlár DMS. Tá an bunchód do na hiarratais seo fós ar fáil má bhíonn siad ag teastáil amach anseo.

Conclúid – Úsáid DMS

Ar cheann de phríomhchuspóirí an DMS bhí córais chineálacha do phróisis oibre CSO a thabhairt isteach. Ó tharla go bhfuil go leor suirbhéanna fós le haistriú chuig an gcóras nua, áfach, tá riachtanas ann i gcónaí go dtiocfadh na córais atá ann cheana féin agus a bhfuil feidhmiúlacht forluite acu leis an DMS agus le costais tacaíochta iarmhartacha.

Ba é an coincheap bunaidh a bhí leis an DMS ná go mbeadh córas próiseála staitistiúil foriomlán ann, a chlúdódh gach céim ó shonraí a fháil go dtí torthaí a scaipeadh. Is léir nach raibh an cinneadh a glacadh chun deireadh a chur leis an úsáid a bhí á baint as trí cinn de na feidhmeanna agus díriú go príomha ar na céimeanna níos luaithe sa saolré próiseála suirbhéanna ag teacht leis an bhfís bhunaidh.

[174] Ba é líon iomlán na suirbhéanna beo, ag 1 Meitheamh 2011, ná 101, ach ní raibh 28 díobh sin laistigh de scóp an tionscadail DMS.

Tuairimí an Oifigigh Chuntasaíochta

19.58 Dúirt an tOifigeach Cuntasaíochta gur leag an tionscadal DMS fís uaillmhianta amach agus gurb é tuairim an CSO gur cuireadh formhór na físe sin i gcrích. Chuir sé ar an eolas mé gurb é straitéis an CSO maidir leis an DMS a úsáid agus a fhorbairt ná díriú ar na suirbhéanna agus próisis sin inar féidir an úsáid a mbaintear astu a uasmhéadú. Baintear sin amach trí iarrachtaí aistrithe a dhíriú ar shuirbhéanna móra agus meánmhéide. Is suirbhéanna beaga, neamh-chasta iad na suirbhéanna atá le haistriú fós agus níl ach tionchar teoranta acu i dtéarmaí rith comhuaineach. Tá an soláthar ghabháil sonraí agus an fheidhm phróiseála sa DMS, atá á úsáid go forleathan ag na suirbhéanna móra agus meánmhéide, ag teacht leis an bhfís a bhí ann don DMS an chéad lá.

Measúnú Iar-Thionscadail

19.59 Chuir an CSO tuarascáil chlabhsúir i gcrích a leag amach na ceachtanna ardleibhéil a foghlaimíodh ón tionscadal. Luann an tuarascáil go raibh na ceachtanna seo mar fhaisnéis d'ullmhú na Straitéise TF do 2010 go 2012. Thuairisc sí an fhoghlaim sna catagóiriú seo a leanas

Scála an Tionscadail

19.60 Ba tionscadal mór a bhí sa DMS, inar cuireadh fís chuimsitheach agus chasta agus mórathrú eagraíochta i bhfeidhm. Bhí roinnt éadochais agus neamhchinnteachta ann i measc úsáideoirí maidir le baint amach an tionscadail mar thoradh ar mhoilleanna agus ar fhadhbanna teicniúla i rith na céime chur i bhfeidhm. Áiríodh ar na nithe a aithníodh tábhacht na nithe seo a leanas

- cur chuige breisíoch a ghlacadh i leith forbairtí nua
- seachadadh trí thionscadail ar scála beag
- réadú luath na mbuntáistí ó infheistíochtaí TF
- forbairtí TF a ailíniú go dlúth le pleananna agus le straitéisí gnó.

Scóp na Riachtanas

19.61 Bhí sé mar aidhm ag an tionscadal DMS riachtanais suirbhé iomlána raon leathan cineálacha suirbhéanna a chomhlíonadh. Chuir an riachtanas a bhí ann réiteach cineálach a chur ar fáil do shuirbhéanna teaghlaigh agus gnó go mór leis an gcastacht. Rinneadh cinneadh go luath sa tionscadal go mbunófaí an tsonraíocht riachtanais suirbhé ar an gcás "mar atá" seachas "mar a bheidh" - ba é an buntáiste a bhain leis seo ná gur cobhsaíodh riachtanais ach chiallaigh sé seo nach raibh gnéithe nua ná athraitheacha clúdaithe. Bhí na riachtanais seo a leanas i measc na n-impleachtaí

- forbairt an DMS amach anseo ag teacht le riachtanais réimse an t-suirbhé
- tionscadail TF a scópáil chun suirbhéanna teaghlaigh agus gnó a fhorbairt go leithleach
- scor breise na bhfeidhmeanna oidhreachta agus an aistrithe chuig DMS
- feidhmeanna scaipthe corparáideacha agus próisis cumarsáide agus tacaíochta idir TF agus réimsí gnó a fhorbairt.

Rialú agus Cumas Cáilíochta

19.62 Ag tús an tionscadail, bhí feidhmeanna próiseála an CSO bunaithe ar sheanteicneolaíochtaí agus léirigh a bonn scileanna é seo. Cinneadh seachadadh tionscadail a fhoinsiú go seachtrach chun scileanna a fháil nach bhfuil ar fáil laistigh den eagraíocht. Ó tharla go bhfuair an CSO breis faisnéise agus scileanna i rith chur i bhfeidhm an tionscadail, bhí sí in ann cur lena cuid próiseas dearbhaithe cáilíochta féin. D'aithin athbhreithniú ar cháilíocht bogearraí a rinne an CSO an riachtanas a bhí ann do mhórobair cóid a dhéanamh arís i rith chur i bhfeidhm an tionscadail. Áiríodh ar na nithe a aithníodh an gá leis na nithe seo a leanas

- beartas scileanna agus foinsithe
- scileanna TF a earcú go seachtrach nuair is cuí
- forbairt TF a dhéanamh intí nuair is féidir
- oiliúint d'úsáideoirí deiridh agus foghlaim agus taighde na gcomhaltaí TF a spreagadh.

Rannpháirtíocht agus Cultúr Gnó

19.63 Ba ghné den struchtúr bainistithe tionscadail é tiomantas láidir na bainistíochta sinsearaí. Aithníonn an tuarascáil chlabhsúir gur bhain caillteanas rannpháirtíochta na n-úsáideoirí gnó i rith na céime aistrithe le caighdeán cumarsáide na gcuspóirí corparáideach. Áiríodh ar na nithe a aithníodh an gá leis na nithe seo a leanas

- cumarsáid níos gníomhaí ag an bhfoireann TF
- próisis rialachais agus déanta cinntí níos simplí le béim níos láidre ar chomhlíonadh
- tacaíocht do ríomhaireacht úsáideoirí deiridh
- béim ar shamhail próiseas gnó chun ailíniú idir cuspóirí gnó agus TF a neartú
- DMS a fhorbairt ag teacht le riachtanais gnó.

Straitéis TF CSO 2010 - 2012

19.64 Chuir an CSO in iúl dom go raibh tionchar láidir ag taithí an tiosncadail DMS ar a straitéis TF reatha. Tá an ailtireacht feidhmchlár agus bogearraí do phróiseáil staitistiúla CSO, lena n-áirítear an DMS, comhdhlúthaithe ag an straitéis. Is iad seo a leanas príomhphointí na straitéise

- is príomhfheidhm straitéise é an DMS, a thugtar tacaíocht iomlán dó intí, a úsáidtear chun sonraí a fháil agus a phróiseáil – cuirfear feidhmiúlacht leis ionas go mbeidh líon níos mó suirbhéanna in ann úsáid a bhaint as
- léiríonn forbairt DMS riachtanais gnó Eagraícohta an CSO[175], lena n-áirítear tacaíocht do struchtúr eagraíochta feidhme agus laghdú ar an ualach ar fhreagróirí suirbhéanna
- scor na gcóras TF oidhreachta a breithníodh a bheith lasmuigh den scóp don tionscadal bunaidh agus don aistriú chuig DMS roimh dheireadh 2012
- córas sonraí Cuntas Náisiúnta a atheagrú (lasmuigh de scóp an tionscadail bhunaidh DMS) a úsáideoidh bunachar sonraí agus gnéithe bainistithe sonraí an DMS

[175] Molann Plean Forbartha Gnó agus Eagraíochta an CSO a eisíodh i mBealtaine 2009, struchtúr eagraíochta nua don Oifig.

- díreoidh an cur chuige i leith fhorbairt feidhmeanna ar thionscadail ar scála beag a forbraíodh intí, le béim ar úsáid luath a bhaint as na buntáistí agus as ath-inúsáidteacht agus idir-inoibritheacht na bhfeidhmeanna.

Conclúid – Measúnú Iar-Thionscaidail

Chuir an CSO measúnú iar-thionscadail chuimsitheach i gcrích. Ó tharla go dtarlaíonn na cineálacha saincheisteanna a bhíonn os comhair an CSO mar gheall ar thioscadail TF na mórearnála poiblí eile de ghnáth, ní mór na ceachtanna a aithníodh a thabhairt ar aird ag leibhéal lárnach agus rialuithe geata a chur i bhfeidhm chun forbairt agus seachadadh na dtionscadal TF mórscála amach anseo a threorú.

Conclúid

Bhain an tionscadal DMS a phríomhchuspóirí amach, eadhon timpeallacht TF an CSO a nua-aoisiú, stóráil sonraí lárnaithe a éascú agus tacar feidhm próiseála suirbhé a sholáthar atá ar fáil le húsáid ar gach suirbhé.

Mar sin féin, bhí tionchar ag saincheisteanna a bhaineann le húsáid an DMS ar an méid ar baineadh an fhís bhunaidh amach.

- Tógadh cinneadh deireadh a chur le húsáid thrí cinn de na deich feidhm DMS a fuarthas, rud nach bhfuil ag teacht leis an gcoincheap bunaidh de chóras próiseála staitisticiúil ó cheann ceann.
- Cé gur thug an DMS córais aicmeacha isteach do phróisis oibre coitianta, tá go leor suirbhéanna aistriú chuige fós, rud a chiallaíonn go bhfuil gá leanúnach ann do roinnt córas a bhí ann cheana féin agus a bhfuil feidhmiúlacht forluiteach acu leis an DMS, a rith go comhuaineach.

Ó thaobh breithmheas a thabhairt ar an tionscadal, níor taifeadadh aon bhreithniú mionsonraithe ar cur chuigí malartacha ionchasacha.

Ó thaobh an bhuiséid de, b'ionann líon iomlán na n-íocaíochtaí le comhlachtaí seachtracha agus €13.21 milliún, ab ionann é agus ardú 30% ar an meastachán costais san ITSIP. Maidir leis an bpríomh-chonraitheoir, cé go raibh nósanna imeachta rialú athraithe leordhóthanacha i bhfeidhm, chuir na hathruithe a comhaontaíodh 40% le suim an phraghais a socraíodh an chéad lá, rud a thugann le fios nach sonraíocht cuimsitheach a rinneadh ag an am.

I dtéarmaí meastóireacht iar-thionscadail, rinne an CSO cleachtadh mionsonraithe a d'aithin saincheisteanna a tháinig chun cinn leis an tionscadal DMS agus thaifead sé na ceachtanna a foghlaimíodh. D'fheádfaí na ceachtanna sin a chur i bhfeidhm le tionscadail TF mhórscála amach anseo sna heagraíochtaí earnála poiblí go léir.

Iarscríbhinn A Feidhmeanna DMS

Cuireann an DMA deich feidhm modúlach ar fáil, a bhí beartaithe freastal ar riachtanais próiseála suirbhé formhór na suirbhéanna.

Céim i Saolré Próiseála na Suirbhéanna	Cur Síos	Feidhm
Riarachán Suirbhé agus Bailiú Sonraí	Cuireann sé an fheidhmiúlacht atá riachtanach chun clár a chothabháil ar fáil, ar liosta aonad é ar féidir a roghnú i gcomhair suirbhé.	Bainistiú Cláir
	Tacaíonn sé le sampla den chlár CSO a roghnú a bhíonn stóráilte sa bhfeidhm CBR nó sa bhfeidhm Bainistithe Cláir DMS.	Rogha Samplach
	Tacaíonn sé leis na feidhmeanna riaracháin a bhaineann le saincheist na gceistiúchán agus cintíonn sé go gcuirtear ar ais in am trátha iad.	Bainistiú Suirbhéanna
	Cuireann sé tuairim tras-suirbhé ar fáil ar chomhlíonadh suirbhéanna agus ar chomhsheasmhacht sonraí ar fud suirbhéanna d'fhreagróir ar leith.	Bainistiú Freagróra
	Cuireann sé feidhmiúlacht ar fáil chun sonraí aonaid a ghabháil ó cheistiúcháin a cuireadh ar ais agus déanann sé eagarthóireacht ar na sonraí seo ina dhiaidh sin.	Gabháil Sonraí
Próiseáil	Sa chás go dteipeann ar aonad freagra a thabhairt ar chuid den cheistiúchán nó ar gach cuid de, ceadaíonn an fheidhm iontrála barúlach luachanna iontrála barúlacha ionadaíocha a chinneadh bunaithe ar shraith rialacha sainithe ag an úsáideoir.	Iontráil Bharúlach
Anailís	Ceadaíonn sé seo sonraí ag leibhéal an aonaid a chur le chéile agus a mheánú, fachtóirí ualaithe a chur i bhfeidhm agus innéacsanna a chur ar fáil.	Comhiomlánú
	Cuireann sé seo ar chumas an úsáideora amshraith sonraí a roghnú ón mbunachar sonraí scaipthe agus fachtóirí coigeartaithe séasúrach a chur i bhfeidhm sna sonraí.	Coigeartú Séasúrach
Foilsiú	Cuireann sé an fheidhmiúlacht atá riachtanach chun táblaí a shocrú laistigh den bhunachar sonraí scaipthe ar fáil a d'fhéadfadh a bheith lán a le torthaí a cuireadh ar fáil sa bhunachar sonraí comhiomláin ina dhiaidh sin.	Scaipeadh
Slándáil	Rialaíonn sé seo rochtain úsáideoirí ar shonraí agus an rochtain ar fheidhmiúlacht laistigh den DMS.	

Iarscríbhinn B Rialachas Tionscadail

Seo a leanas príomhghnéithe an struchtúir rialachais tionscadail

- Bord Tionscadail a raibh sé mar ról aige athruithe ar scóp foriomlán an tionscadail a cheadú, aon mhaoiniú breise a bhí riachtanach a fhoinsiú agus cinntí a dhéanamh maidir le leithroinnt acmhainní agus tosaíochtaí gnó iomaíocha. Ar an mbord bhí comhaltaí foirne an CSO ag leibhéal bainistíochta sinsearach agus ionadaí ón Ionad um Bainistíocht agus Forbairt Eagraíochta sa Roinn Airgeadais.
- Coiste Stiúrtha Tionscadail a raibh sé mar ról aige athbhreithniú a dhéanamh ar thorthaí an tionscadail, saincheisteanna a chuir Bainisteoir an Chláir ar aghaidh a bhreithniú, monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn, tús a chur le haon ghníomh ceartaitheach riachtanach, agus a chinntiú go n-éireoidh leis an tionscadal foriomlán. Thuairiscigh sé go díreach chuig an mBord Tionscadail agus ar an gcoiste bhí comhaltaí foirne sinsearacha ón CSO agus an príomhchonraitheoir.
- Bainisteoir an Chláir a bhí ina chomhalta den Choiste Stiúrtha Tionscadail freisin. Mar chuid dá ról bhí torthaí an tionscadail a ghlacadh thar ceann an CSO, íocaíochtaí tionscadail a shocrú, deireadh a chur le saincheisteanna agus iarratais formhéadaithe a athrú, comhlíonadh na gcuspóirí gnó a chinntiú agus dul chun cinn a phlé leis an bpríomhchonraitheoir. B'éigean do Bhainisteoir an Chláir athbhreithnuithe tionscadail foirmiúla a dhéanamh agus cuir i láthair rialta a dhéanmh chuig an mBord Tionscadail.
- Foireann Bainistíochta Tionscadail CSO a bhí freagrach as saincheisteanna bainistíochta ó lá go lá. Ar phríomhdhualgais na foirne bhí an tionscadal a phleanáil, monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn, béim a leagan ar aon imeacht nó titim siar ó thaobh an tionscadail, réiteach a fháil ar aon saincheisteanna deartha, saincheisteana teicniúla nó iarratais ar athrú. Bhí sí i mbun na bpróiseas bainistithe athraithe agus bainistithe rioscaí agus bhí sí freagrach as idirghníomhaíocht idir an CSO agus an príomhchonraitheoir a chomhordú.
- Foireann Anailísí Gnó a raibh sé mar ról aige ionadaíocht a dhéanamh ar leasanna úsáideoirí gnó an CSO. Ar a cuid freagrachtaí bhí páirt a ghlacadh i dtabhairt chun críche bailíochtaithe riachtanas, ainm a chur le cinntí gnó maidir leis an tionscadal agus saineolas speisialta a chur ar fáil don phríomhchonraitheoir i réimsí gnó CSO agus i bpróisis staitistiúla. Maidir le haistriú suirbhéanna, bhí uirthi úsáideoirí deiridh a éascú chun na sonraí a bhí le haistriú a aithint agus ansin tabhairt faoin aistriúchán loighciúil agus faoin aistriú sonraí isteach sa DMS.
- Foireann Tástála a raibh comhaltaí foirne sinsearacha CSO uirthi a bhí freagrach as straitéis tástála a chomhaontú leis an bpríomhchonraitheoir. Chomh maith le scrúdú a dhéanamh ar thorthaí na dtástálacha a rinne an príomhchonraitheoir, bhí uirthi a tástáil theicniúil, feidhme agus ullmhacht oibríochta féin a dhéanamh ar fheidhmeanna DMS.

Caibidil 20

Rialachas agus Rialú Airgeadais

Vóta 15 An Oifig Luachála

Rialachas agus Rialú Airgeadais

20.1 Ní mór d'oifigí agus do ranna Rialtais a chinntiú go mbunaítear agus go gcothabháiltear córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh. Is é seo an príomh-mhodh chun a chinntiú go ndéantar idirbhearta airgeadais a phróiseáil, a údarú agus a taifeadadh go cuí agus go seachnaítear neamhrialtachtaí nó earráidí ábhartha nó go dtabharfaí faoi deara iad go tráthúil.

Béim na Caibidle

Tuairiscítear sa chaibidil seo ar easpaí áirithe sna socruithe rialaithe agus rialachais lena mbaineann a d'fheidhmigh an Oifig Luachála le linn 2010 chomh maith le freagra an Oifigigh Chuntasaíochta ar thorthaí an iniúchta.

Easpaí i gCórais Rialaithe

20.2 Le linn an iniúchta ar Chuntas Leithghabhála 2010, luadh go raibh easnaimh shuntasacha i gcóras rialaithe airgeadais na hOifige Luachála. Ina measc siúd, bhí siad seo a leanas

- Níor tugadh faoi réitigh mhíosúla idir na taifid chuntasaíochta agus na taifid bhainc le linn na bliana Tá réitigh rialta dá leithéid tábhachtach chun cabhrú le hearráidí nó neamhrialtachtaí a aimsiú go tráthúil agus na leabhair chuntas a ailíniú leis na taifid bhaincéireachta.
- Ní raibh córas i bhfeidhm chun a chinntiú gur údaraíodh gach iontráil chuntasaíochta i gceart agus gur coinníodh rian cuí cuntasaíochta. D'fhéadfadh éagmais na rialuithe seo an Oifig a nochtadh d'earráidí cuntasaíochta.
- B'ann do leibhéal míshásúil iontrálacha cuntasaíochta earráideacha agus nár próiseáladh i gceart nár aimsíodh go tráthúil. Tharla sé seo de bharr easpa athbhreithniú cuimsitheach ar iontrálacha cuntasaíochta, ar bunmhodh é chun a chinntiú go bhfuil an phróiseáil iomlán agus cruinn.
- Níor choinnigh an Oifig clár cruinn sócmhainní agus ní raibh rialuithe i bhfeidhm chun a chinntiú nár diúscraíodh ná nár briseadh sócmhainní seachas má údaraíodh sin.

20.3 Tugadh córas nua cuntasaíochta isteach go luath sa bhliain 2010. Ba phróiseas fada an t-ascnamh sonraí go dtí an córas nua nár cuireadh i gcrích go dtí isteach in 2011. Níor baineadh leas as próiseas rialaithe agus doiciméadaithe a bheadh maith go leor chun a chinntiú gur cuireadh an t-ascnamh i bhfeidhm go cruinn. D'eascair gnásanna fairsingithe iniúchta as seo chun na leabhair chuntas a dhearbhú.

Easpaí i Rialachas

20.4 I measc na n-easnamh i rialachas a sainaithníodh le linn an iniúchta bhí siad seo a leanas

- Ní dhearna Coiste Bainistíochta na hOifige athbhreithniú ar thuarascálacha tréimhsiúla airgeadais ar bhonn rialta. Tá a leithéidí d'athbhreithnithe riachtanach chun leibhéal inghlactha maoirseachta a chur ar fáil ar fheidhmíocht airgeadais na hOifige.
- Ní raibh clár iniúchta ag aonad páirtaimseartha iniúchta inmheánaigh na hOifige, a gcuirtear acmhainní ar fáil dó go hinmheánach, a bhí bunaithe ar mheasúnú ar an rioscaí atá roimh an Oifig. Níor cuireadh aon tuarascálacha iniúchta inmheánaigh i dtoll a chéile in 2010.

- Tá Coiste Iniúchta ag an Oifig a thionól cúig huaire in 2010. Tugann athbhreithniú ar mhiontuairiscí a chruinnithe le fios go ndearna an Coiste iarracht réimse na rioscaí atá os comhair na hOifige a athbhreithniú, agus measúnú iar-iniúchta a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí a chomhaontaigh an lucht bainistíochta a dhéanamh. Ach laghdaíodh éifeachtacht a oibre de bharr easpa socruithe cuí iniúchta inmheánaigh. Ní raibh ach ball seachtrach amháin ar an gCoiste in 2010, cé go moltar beirt bhall seachtrach ar a laghad sa tuarascáil, *Report of the Working Group on the Accountability of Secretaries General and Accounting Officers*.[176]

Freagra an Oifigigh Chuntasaíochta

20.5 Tá sé tugtha le fios ag an Oifigeach Cuntasaíochta go ndearna an t-athrú go cuntas nua cuntasaíochta an staid in 2010 níos casta. Mar sin féin, d'admhaigh sé go raibh easnaimh shuntasacha i socruithe rialaithe agus rialachais le linn na bliana. Tá sé tugtha le fios aige gur thug sé faoi na gníomhaíochtaí seo a leanas nó go bhfuil tús curtha leo chun aghaidh a thabhairt ar na heasnaimh sin

- I ndiaidh athbhreithniú, tá sé eagraithe aige go seachfhoinseofar feidhmeanna sonracha iniúchta inmheánaigh chuig gnólacht cuntasóirí a thuairiscíonn do Cheannasaí an iniúchta inmheánaigh.
- Athshocraíodh an Coiste Iniúchta ionas go mbeidh beirt bhall seachtrach air agus go mbeidh Cairt níos sonraí aige.
- Cuireadh tús le hathbhreithniú cuimsitheach ar rialuithe inmheánacha airgeadais faoi na socruithe iniúchta inmheánaigh nua.
- Cuireadh na sócmhainní uile i bhfardal, cuimsíodh na sócmhainní a sainaithníodh i gclár nua sócmhainní agus eisíodh treoir go bhfuil diúscairtí le doiciméadú agus le faomhadh ag Oifigeach Airgeadais na hOifige roimh ré.
- Tá gnás leasuithe á chur i bhfeidhm do réiteach rialta idirbheart mar a phróiseálann an Oifig agus a baincéir (an PMG) iad agus cuntais fionraí párolla.
- Neartaíodh socruithe chun a chinntiú go gcomhlíontar go hiomlán le treoirlínte agus le riachtanais soláthair phoiblí.
- Déanfar plé rialta ar shaincheisteanna airgeadais agus riosca i measc an Choiste Bainistíochta.

[176] Caibidil 6 den *Report of the Working Group on the Accountability of Secretaries General and Accounting Officers*, Iúil 2002.

Conclúid

B'ann d'easnaimh shuntasacha i socruithe rialaithe agus rialachais a d'fheidhmigh an Oifig in 2010. Tá próiseas rialaithe lánéifeachtach bunaithe ar mheasúnú cuimsitheach ar riosca ag teastáil chun a chinntiú go ndéantar idirbhearta airgeadais a phróiseáil agus a thaifead go cuí.

Tá réiteach rialta idirbhearta baincéireachta ag teastáil freisin chun earráidí a shainaithint, chun coigeartú a dhéanamh mar gheall ar earraí nár taifeadadh sna taifid airgeadais agus chun cruinneas leabhair chuntas na hOifige a chruthú.

Tá aiseolas bunaithe ar shocruithe iniúchta inmheánaigh atá oiriúnach do mhéid na heagraíochta agus do chastacht a feidhmíochta tábhachtach chun tacú le timpeallacht láidir rialaithe airgeadais agus chun foinse dearbhaithe a chur ar fáil don Oifigeach Cuntasaíochta agus do Choiste Iniúchta na hOifige. Sa chás nach ndírítear agus nach mbunaítear an próiseas seo ar mheasúnú ar riosca tá riosca méadaithe i leith teip rialaithe agus caillteanas féideartha airgeadais ann.

D'ainneoin a bhfuil réamhráite, agus bunaithe ar an tástáil a cuireadh i gcrích mar chuid den iniúchadh agus i ndiaidh na gcoigeartuithe a rinneadh dá barr, táim sásta go gcuireann Cuntas Leithghabhála na hOifige a hidirbhearta do 2010 i láthair i gceart agus gur cheart go neartódh na bearta atá á ndéanamh bainistíocht airgeadais na hOifige.

Caibidil 21

Córais Mhéarloirg

Vóta 19 Dlí, Cirt agus Athchóirithe Dlí

Vóta 20 Garda Síochána

Córais Mhéarloirg

21.1 I Samhain 2006, bhronn Seirbhís Eadóirseachta agus Inimirce na hÉireann (INIS)[177] agus An Garda Síochána conradh ar an gcuibhreannas idirnáisiúnta, á threorú ag Accenture, chun córas nua aitheanta ó mhéarloirg uathoibríoch (AFIS) a dhearadh le húsáid sa dá eagraíocht.

21.2 Bhain an tionscadal go príomha le tabhairt isteach córais eolais bhithmhéadraigh nua Printrak a bhí ceaptha teacht in áit chórais a bhí ann cheana (AFIS 2000) a bhí i bhfeidhm i mBiúró Teicniúil an Gharda Síochána (GTB) agus córas méarloirg láimhe a bhí in úsáid i riarachán iarratas ar thearmann in Oifig an Choimisinéara Iarratais do Dhídeanaithe.

21.3 Ar na feabhsúcháin atá beartaithe áirítear

- algartaim mheaitseála fheabhsaithe agus 'ráta aimsithe' (méarloirg nua á meaitseáil le marcanna stairiúla agus le méarloirg stóráilte ar bhunachar sonraí AFIS) méadaithe mar thoradh air
- cianghabháil leictreonach méarlorg agus tarchuir láithreach agus cuardach in aghaidh bunachair shonraí lárnaigh AFIS, eolas beagnach fíor-ama á sholáthar do ghníomhaireachtaí agus d'oifigigh sheachtracha
- úsáideoirí uile a chumasú chun méarloirg a ghabháil, a stóráil, a chuardach agus a mheaitseáil ar bhunachar sonraí AFIS chun a gcríocha gnó féin[178]
- idirnasc idir an córas agus córais eile de chuid na nGardaí atá ann cheana nó a bheidh ann amach anseo lena n-áirítear PULSE agus Córas Eolais Bhiúró Inimirce Náisiúnta an Gharda Síochána agus bunachair shonraí sheachtracha lena n-áirítear iad siúd de chuid Eurodac, Interpol agus Sheirbhís Póilíneachta Thuaisceart Éireann
- malartú sonraí le gníomhaireachtaí seachtracha a cheadú trí chreat comhtháite.

An tAthrú atá á Chur i bhFeidhm

21.4 Bhí an córas ríomhaire roimhe seo de chuid AFIS, a tugadh isteach i 1996, dulta as feidhm faoi dheireadh 2006. Faoin AFIS nua is féidir méarloirg a ghabháil le lámh agus úsáid á baint as modh traidisiúnta 'an dúigh fhliuch' nó go leictreonach agus úsáid á baint as meaisín beoscanta. <0} Féadtar méarloirg, a fhaightear trí úsáid mheaisín beoscanta, a tharchur láithreach do chuardach in aghaidh bunachair shonraí lárnaigh. I gcás go bhfaightear méarloirg trí úsáid dhúigh fhliuch, bíonn céim bhreise ag teastáil, lena mbaineann scannadh na lorg isteach sa chóras sular féidir cuardach a dhéanamh. Cé gur éascaigh an córas roimhe seo gabháil méarlorg leictreonach trí mheaisíní beoscanta, ní raibh na gléasanna chomh hiontaofa go meicniúil le múnluithe níos nuaí agus ní raibh siad comtháite go hiomlán.

21.5 Faoin gcóras roimhe seo bhí trí mheaisín bheoscanta i bhfeidhm, lena n-áirítear ceann a d'úsáid Seirbhís Príosún na hÉireann é lonnaithe i bPríosún Mhuinseo. Chumasaigh na meaisíní seo gabháil dhigiteach méarlorg, ach gabhadh formhór na lorg agus úsáid á baint as an bpróiseas caighdeánach dúigh fhliuch. Bhain seo a leanas le hathrú sonraí ón mbunachar sonraí roimhe seo de chuid AFIS

- athscannadh ar líon roghnaithe de chártaí dúigh fhliuch i leith imscrúduithe gníomhacha chun a chinntiú gur stóráladh na híomhánna nua ag an taifeach ab airde agus ab fhéidir[179]

---

177 Is oifig feidhmiúcháin laistigh den Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais é INIS, atá freagrach as feidhmeanna riaracháin an Aire maidir le tearmann, inimirce (Víosaí san áireamh) agus cúrsaí saoránachta.

178 Roimhe seo bhí ar Bhiúró Teicniúil an Gharda Síochána na feidhmeanna seo a dhéanamh thar ceann chomhlachtaí eile.

179 Féadfaidh AFIS íomhánna a stóráil ag taifeach suas le 1,000 ponc in aghaidh an orlaigh.

- sonraí a ghlanadh agus a fhíorú sula n-aistrítear iad go dtí an córas nua.

21.6 Bhain an tionscadal freisin le forbairt agus le forfheidhmiú creata comhtháite agus cómháthú an AFIS nua le gníomhaireachtaí agus córais bhreise, lena n-áiritear

- Biúró Náisiúnta Inimirce an Gharda Síochána (GNIB)
- Oifig an Choimisinéara um Iarratais ó Dhídeanaithe (ORAC)
- Córas Eolais PULSE, an príomhchóras a úsáideann An Garda Síochána chun saolré teagmhas iomchuí a bhainistiú
- Córas Eolais Schengen[180], ar chóras trasteorann é a cheadaíonnn do thíortha rannpháirteacha eolas a roinnt ar chatagóirí áirithe daoine agus maoine
- Eurodac, bunachar sonraí méarloirg oifigiúil iarratasóirí ar thearmann agus catagóirí áirithe inimircí neamhdhleathacha laistigh den AE
- Interpol.

21.7 Ba é cuspóir an chreata comhtháite cumarsáid idir córais AFIS agus córais IT na nGardaí atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo, agus iad sin a bhaineann le gníomhaireachtaí seachtracha, a éascú.

21.8 Ba é aidhm fhoriomlán an tionscadail teicneolaíocht bhithmhéadrach nua-aimseartha a thabhairt isteach chun cuidiú leis an nGarda Síochána agus leis na húdaráis inimirce a gcuid oibre a dhéanamh níos éifeachtúla i réimsí mar bhrath coireanna, bainistiú teorann agus bailíochtú aitheantais go ginearálta.

Seachadadh Tionscadail

21.9 Bhí an tionscadal le seachadadh thar cheithre chéim. Tá na céimeanna seo leagtha amach i bhFíor 103 thíos.

Fíor 103 Céimeanna i dTionscadal AFIS

Céim	Príomhghnéithe
1	AFIS atá i GTB a athrú agus aonaid bheoscanta atá ann cheana féin a uasghrádú ag Príosún Mhuinseo, Stáisiún na nGardaí i Sráid an Stórais i mBaile Átha Cliath agus Stáisiún Gardaí an Bridewell i gCorcaigh. Aistríodh na sonraí méarloirg uile ón gcóras roimhe seo chuig an bhformáid nua. Cuireadh nasc go Eurodac ar fáil freisin ó na stáisiúin bheoscanta atá lonnaithe in ORAC.
2	Tabhairt isteach creata comhtháite (Garda Broker), comhtháthú AFIS le Córas Eolais GNIB, feidhmiú acmhainneachta soghluaiste AFIS agus úsáid trealaimh scanta do ghabháil leictreonach méarloirg náisiúnach coigríche ag poirt iontrála roghnaithe.
3	Comhtháthú AFIS leis an gcóras PULSE.
4	Comhtháthú AFIS le bunachair shonraí méarloirg Interpol agus Sheirbhís Póilíneachta Thuaisceart Éireann.

Foinse: An Garda Síochána

[180] Meastar gp ngabhfaidh Éire isteach i gCóras Eolais Schengen i 2013, tráth a mbeidh leagan nuashonraithe den chóras eisithe ag Coimisiún an AE. Dá thoradh seo níor cuireadh comhtháthú AFIS le córas Schengen i gcrích mar chuid den tionscadal.

21.10 Chomh maith leis sin chuimsigh an tionscadal tionscadal bithmhéadrach píolótach R-Víosa sé mhí ar cuireadh tús leis i Márta 2010, de bhun aighneachta foirmiúla ó INIS maidir leis an méadú suntasach ar líon na n-iarratas ar víosa Éireannach a bhí á dhéanamh sa Nigéir.

Béim na Caibidle

Déanann an chaibidil seo athbhreithniú ar thoradh airgeadais an tionscadail agus cibé

- ar rinneadh breithmheas réamhchonartha leordhóthanach ar an tionscadal
- ar bunaíodh struchtúr bainistíochta oiriúnach don tionscadal
- a raibh srianadh imleor ar chostais agus ar thiomantais an tionscadail
- an bhfuil úsáid bainte as an gcóras agus ar baineadh leas iomlán as.

Measatóireacht ar an Tionscadal

21.11 Cuireadh tús leis an bpróiseas soláthair i 2004. Ach níor thug an Garda Síochána cás gnó don tionscadal chun críche go dtí 2006. I ndáirire ba mhó d'fhírinniú post hoc a bhí sa chás gnó a rinneadh, é seolta mar chuid de phróiseas athbhreithnithe piara a thosaigh go luath i 2006. Thug sé ar aird gur léirigh soláthraí a chórais reatha (Motorola) go mbeadh a thacaíocht á tarraingt siar le héifeacht ó 31 Nollaig 2006 agus go raibh ceangaltas ann tús a chur le forálacha cuí an Achta Inimirce 2004. Chomh maith leis seo thug sé ar aird gur thairg an ghlún nua de réitigh AFIS deis na rátaí braite a fheabhsú trí fheidhmiú réitigh chomhtháite a bhí feabhsaithe go mór.

21.12 Sa deireadh thiar, mhol an cás gnó an córas reatha a athrú agus ceann a chur ina áit a dhéanfadh AFIS a chomhtháthú le córais náisiúnta mar PULSE agus Córas Eolais GNIB mar aon le córais idirnáisiúnta mar Eurodac agus Córas Eolais Schengen. Thug sé ar aird go gceadódh an rogha seo freisin don Gharda Síochána córais amach anseo a chomhtháthú ar chostas níos ísle agus idir-inoibritheacht iomlán idir AFIS agus na córais sin a chinntiú.

21.13 Leag an cás gnó siarghabhálach amach na buntáistí agus na míbhuntáistí a bhain le ceithre rogha ionchasacha, ach is i gcás an rogha a roghnaíodh iarbhír amháin a tugadh breac-chuntas ar na costais feidhmiúcháin réamh-mheasta agus ar na buntáistí ionchasacha, ó thaobh éifeachtúlachta, a bhainfí amach tar éis a roghnaithe. Aithníodh príomhghnéithe na héifeachtúlachta mar a leanas

- chuirfeadh an córas rochtain ar an teicneolaíocht mhéarloirg is deireanaí ar fáil don Gharda Síochána agus do ghníomhaireachtaí eile agus a d'fheabhsódh mar sin rátaí braite coireanna agus a chumasódh méarlorg leictreonach do lucht iarrtha tearmainn agus do náisiúnaigh nár náisiúnaigh EEA[181] iad, mar a fhoráiltear faoi reachtaíocht náisiúnta agus AE.
- chuideodh sé le tabhairt faoi mhí-úsáid inimirce ag éirí, inter alia, as ilchéannachtaí agus sochair iarmhartacha do bhrath calaoise leasa agus tionscnaimh fhrithsceimhlitheoireachta agus slándála náisiúnta
- chuirfeadh sé ar chumas gníomhaireachtaí mar GNIB agus ORAC cianchuardach a dhéanamh in aghaidh bunachair shonraí AFIS agus stórtha méarloirg idirnáisiúnta eile.
- d'éascódh sé comhtháthú le córais reatha de chuid na nGardaí mar PULSE agus gníomhaireachtaí póilíní seachtracha mar Interpol agus Europol, agus ag an am céanna ag cur creat ar fáil a cheadódh comhtháthú éasca le córais a bheidh ann amach anseo.

[181] Cuimsíonn an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (EEA) 27 Ballstát AE, an Íoslainn, an Iorua agus Lichtinstéin.

Buiséad an Tionscadail

21.14 Mheas an cás gnó go gcosnódh s é thart ar €18 milliún[182] an tionscadal a fheidhmiú go hiomlán, ach níor tugadh aon mhiondealú ar an bhfigiúr foriomlán seo.

21.15 Dúirt údaráis an Gharda Síochána go raibh an buiséad táscach bunaithe ar an margadh a fhiosrú, pléití le tíortha eile a raibh an córas AFIS suiteáilte acu agus taithí roimhe seo ar fhorbairt, ar thástáil agus ar choimisiúnú córais IT mhóra.

Próiseas Athbhreithnithe Piara

21.16 Rinne grúpa ceathrair a chuimsigh oifigigh shinsearacha ón Údarás Clárúcháin Maoine, an Roinn Coimirce Sóisialaí agus an Roinn Airgeadais agus oifigeach sinsearach ar scor ón Roinn Cosanta, athbhreithniú piara. Cuireadh tús leis an athbhreithniú go luath i 2006. Bhí trí ghné ann

- athbhreithniú ar chás gnó
- athbhreithniú ar roghnú córais ghnó
- athbhreithniú ar phleanáil, ar acmhainn agus ar rialachas.

21.17 I ndáiríre, rinneadh an chéad dá chéim den athbhreithniú piara go cúlghabhálach, ón uair go raibh an rogha gnó tosaíochta roghnaithe cheana. Thairis sin, thug an t-athbhreithniú ar aird gur cur chuige struchtúrtha a glacadh i leith an roghnaithe córais

Conclúid – Meastóireacht ar an Tionscadal

Níor foirmlíodh buiséad tionscadail ar leor chun anailís costais is tairbhe a chur ar an eolas agus mionsonrú a thabhairt ar chostas gach gné den tionscadal.

Tugadh an cás gnó chun críche go luath i 2006 mar chuid den Phróiseas Athbhreithnithe Piara, cé go raibh tús iarbhír curtha leis an bpróiseas soláthair don rogha tosaíochta i Nollaig 2004. Dá thoradh sin is cosúil gur úsáideadh an cás gnó chun cinneadh a bhí déanta cheana a fhírinniú in áit an phróiseas cinnteoireachta a chur ar an eolas. Ach bhí próiseas an athbhreithnithe piara, a bhí cúlghabhálach freisin, sásta go raibh an cás gnó agus an córas roghnaithe slán.

21.18 Maidir le buiséad an tionscadail, dúirt na hOifigigh Chuntasaíochta[183] nárbh fhéidir buiséad mionsonraithe a shonrú roimh ré mar nárbh fhéadfaí costas gach gné den tionscadal a shainmhíniú go dtí go raibh an conradh deiridh beartaithe.

---

182 Níor shonraigh an cás gnó an raibh VAT san áireamh sa bhfigiúr seo nó nach raibh.

183 De bharr gur comhaoiníodh an tionscadal faoi Vóta 19: Oifig an Aire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí agus Vóta 20: An Garda Síochána, fuarthas comhfhreagra ón mbeirt Oifigeach Cuntasaíochta.

21.19 Maidir le breithmheas ar thionscadail, chuir na hOifigigh Chuntasaíochta ar an eolas mé gur ullmhaíodh doiciméad straitéiseach go deireanach in 2003 a rinne anailís ar riachtanais náisiúnta i ndáil le méarlorg uathoibrithe agus roghanna sainmhínithe leis na riachtanais sin a chomhlíonadh. Leag an doiciméad straitéiseach béim ar nádúr speisialaithe an mhéarloirg uathoibrithe agus an líon teoranta soláthróirí seirbhíse. Thug sé aitheantas freisin do chúrsaí mar atá faoi láthair, ina bhfuil an GTB freagrach as seirbhís lárnaithe a chur ar fáil don phróiseáil méarloirg uile sa Stát, cibé an mbailítear iad chun críocha coireachta, tearmainn nó inimirce. Cé nár tugadh faoi anailís ilchritéir, roghnaíodh an réiteach is fearr i bhfianaise na mbacainní a aithníodh sa doiciméad straitéiseach agus de bharr nach mbeadh fáil go luath sa todhchaí ar thacaíocht don AFIS a bhí ann.

Bainistíocht Tionscadail

21.20 Chun tionscadal ar an scála seo a fhorbairt agus a sheachadadh bheadh sé riachtanach struchtúir, cleachtais agus córais dea-shainithe agus feidhmiúla a bheith ann do rialachas agus do bhainistíocht tionscadail.

21.21 Baineadh úsáid as córas bainistíochta tionscadail modheolaíochta PRINCE[184], arna moladh ag an Roinn Airgeadais. Chuimsigh an struchtúr rialachais bord tionscadail a bhí mar urra foriomlán ar an tionscadal, stiúrthóireacht thionscadail a thug ceannaireacht ó lá go lá agus foirne tionscadail a rinne obair a shann an bainisteoir tionscadail. Bhí córas bainistíochta riosca ann freisin chun constaicí ionchasacha a aithint agus aon ghníomhartha maolaitheacha riachtanacha a aontú.

Conclúid – Bainistíocht Tionscadal

Bhí ionadaíocht ó na páirtithe leasmhara go léir sa tionscadal ag leibhéal na bainistíochta sinsearaí le háireamh ar an mbord tionscadail a bunaíodh chun maoirseacht a dhéanamh ar threo cláir, ar sheachadadh tionscadail agus ar rialachas. Áiríodh ar an struchtúr bainistíochta tionscadail línte iomchuí cinnteoireachta agus tuairisciú ar dhul chun cinn trí na leibhéil ar fad ó na foirne tionscadail go dtí an bainisteoir tionscadail, stiúrthóireacht an tionscadail agus bord an tionscadail. Bhí na nósanna imeachta bainistíochta riosca a bhí ann leordhóthanach le cinntiú gur aithníodh, gur tuigeadh, gur measúnadh agus gur bainistíodh na mór-rioscaí uile.

Tiomantas agus Rialú Costais

21.22 Chun an tionscadal a bhainistiú ar bhealach cost-éifeachtúil bheadh sé inmhianaithe go mbeadh

- béim ar an tairiscint is buntáistí go heacnamaíoch a roghnú
- córas ann chun athruithe ar an tionscadal a rialú.

[184] Is modh próiseasbhunaithe é PRINCE (Projects In Controlled Environments) do bhainistíocht tionscadail éifeachtach.

Soláthar na Seirbhísí

21.23 Seoladh an próiseas leis an bpríomhchonraitheoir a fháil tríd an nós imeachta[185] srianta, ag tosú ar 16 Nollaig 2004.

Staid Réamhcháiliúcháin

21.24 Cheap an bord tionscadail foireann mheastóireachta le measúnú a dhéanamh ar an léiriú spéise a fuarthas mar fhreagra ar fhógra conartha a foilsíodh ar láithreán gréasáin na rTairscintí. Fuarthas aighneachtaí ó chúig chuideachta roimh an spriocdháta luaite, 4 Feabhra 2005. Ag a chruinniú ar 22 Feabhra 2005 ghlac an bord tionscadail le moladh na foirne meastóireachta gur cheart go ngabhfadh na tairgeoirí go léir ar aghaidh go dtí an dara céim den phróiseas soláthair.

Céim Mheasúnaithe Díoltóra

21.25 Rinne foireann mheastóireachta ar leith, a cheap an bord tionscadail, measúnú ar na ceithre fhreagra tairisceana a fuarthas roimh an spriocdháta luaite, 9 Bealtaine 2005.

21.26 Áiríodh sa phróiseas measúnaithe, scrúdú deascbhunaithe ar na tograí a cuireadh isteach, cur i láthair ó dhíoltóirí (lena n-áirítear freagairtí do cheisteanna soiléirithe) agus cuairteanna ar an suíomh chuig an díoltóir is ardchéimiúla. Tharraing duine de na díoltóirí siar ón bpróiseas roimh staid chur i láthair an díoltóra, rud a d'fhág nach bhfuair ach triúr díoltóir scór tar éis an phróisis mheasúnaithe.

21.27 Is é cuibhreannas Accenture a fuair an scór foriomlán is airde, 92.59% den uasmhéid marcanna a bhí ar fáil á bhaint amach acu. Ó thaobh na gcritéar measúnaithe aonair bhain Accenture an marc ab airde faoi cheithre de na cúig cheannteideal agus an dara marc ab airde faoin gcritéar costais.

21.28 Ag a chruinniú ar 7 Feabhra 2006, ghlac an bord tionscadail d'aon ghuth le tuarascáil na foirne measúnaithe agus socraíodh stádas tairgeora roghnaithigh a thabhairt do chuibhreannas Accenture.

Measúnú ar Chostas

21.29 Ba chostas an dara critéar meastóireachta ba throime ualaithe, arbh fhiú 25% é de na marcanna foriomlána a bhí ar fáil. Ba é an múnla a úsáideadh chun measúnú a dhéanamh ar chostais fheidhmithe AFIS a bhí beartaithe do gach tairiscint ná an Costas Iomlán Úinéireachta (TCO)[186] thar thrí bliana.

21.30 Chun críocha an mheasúnaithe agus chun leasa na cothroime agus na trédhearcachta, chuir an fhoireann mheastóireachta cás rollta amach dóchúil ar fáil a úsáideadh chun teacht ar fhigiúr TCO do réiteach gach díoltora.

21.31 Rinneadh TCO a scóráil ar bhonn coibhneasta, an t-uas-scór á fháil ag an tairsicint ab ísle agus na tairiscintí eile á marcáil i gcomhréir. Is iad seo a leanas luachanna airgeadais TCO iarbhír in aghaidh an togra (coigeartú déanta leis an VAT ag 21% a chur san áireamh), á ríomh ag an bhfoireann meastóireachta ar bhonn an cháis rollta amach a úsáideadh chun na marcanna a bronnadh faoi chritéar TACO a ghiniúint

---

185 Is próiseas dhá staid é nós imeachta srianta, a cheadaítear faoi Threoracha Earnála Poiblí AE leasaithe, faoina dtugtar cuireadh do na hiarratasóirí sin amháin a fhreastalaíonn ar íosriachtanais i réimsí mar chumas teicniúil, taithí agus acmhainn airgeadais tairiscint chuimsitheach a chur isteach ar an tionscadal atá i gceist.

186 Úsáidtear TCO chun costas iomlán tionscadail IT a ríomh lena n-áirítear comhcheangal de chostais láithreacha mar chrua-earraí agus bogearraí agus costais leanúnacha mar cheadúnú, tacaíocht agus cothabháil.

- **Accenture** – €16.05 milliún
- **Tairgeoir B** – €12.02 milliún
- **Tairgeoir C** – €18.22 milliún

21.32 Faoin gcás a úsáideadh do ríomh TCO, tá costas an tairisceana a chuir Accenture isteach cuid mhór (34%) níos costasaí ná an ceann a chuir Tairgeoir B isteach. Cé go bhfuair Tairgeoir B an marc ab airde faoi chritéar TCO, fuair sé an marc ab ísle faoin gceithre chritéar eile. Dá ndéanfaí neamhaird de mharc TCO, áfach, bheadh Tairgeoir B tar éis críochnú sa tríú háit, 10 bpointe taobh thiar de Thairgeoir A agus breis agus 6 phointe taobh thiar de Thairgeoir C.

21.33 Chinn an Tuarascáil Mheastóireachta gur troime na nithe seo a leanas ná géire costais togra Tairgeora B

- ní raibh an cur chuige i ndáil le comhtháthú a mhol Tairgeoir B gan uaim agus theastódh mionathruithe uaidh sula bhféadfadh aon chliant rochtain a fháil ar sheirbhísí tríd an gcreat
- níor ceapadh go raibh an cur chuige i leith slándála a mhol Tairgeoir B leordhóthanach toisc go raibh sé ag brath ar shlándáil stáisiún oibre an chliaint le rochtain a fháil ar sheirbhísí agus d'fhéadfaí teacht timpeall uirthi
- ní raibh aon áiseanna do bhainistiú lárnaithe úsáideoirí rud a chuirfeadh go mór le costais oibríochta agus forchostais riaracháin an chórais.

Praghsáil na Seirbhísí

21.34 Mar a treoraíodh sa chuireadh chun tairisceana, bhí sceideal praghsála san áireamh sa togra a chuir Accenture isteach a leag amach mionsonraí iomlána gach comheilimint laistigh den phraghas foriomlán a luadh. Chuir Accenture praghas aonaid bunlíne le gach crua-earra mar aon le raon de phraghsanna aonaid malartacha a bhainfeadh le méideanna éagsúla a cheannófaí iarbhír. Chomh maith leis seo, sholáthair an togra dá dteastódh earra trealaimh gan choinne, go n-aontófaí an costas sula ndéanfaí é a sholáthar, mar aon le muirear láimhseála 5% do Accenture.

21.35 Maidir le bogearraí, chuir Accenture liosta cuimsitheach ar fáil de gach bogearra a theastaigh don tionscadal agus chuir praghas ceannaigh/ceadúnais ar gach ceann acu. Maidir leis na seirbhísí gairmiúla éagsúla a theastaigh don tionscadal (lena n-áirítear dearadh, forbairt, cumraíocht, tástáil, feidhmiú, oiliúint agus bainistíocht tionscadail), luaigh Acccenture praghas seasta do gach seirbhís, agus tacaíocht sceidil a chuir ainm, ról agus rátaí laethúla ar fáil do gach comhairleoir a moladh. Maidir leis an chéim thacaíochta iarfheidhmithe, luaigh Accenture praghas seasta a chlúdódh uaireanta gnó agus ráta glao amach chun a chinntiú go mbeadh clúdach 24 uair an chloig, seacht lá na seachtaine ar fáil.

Conclúid – Soláthar na Seirbhísí

Cé nach raibh an togra a chuir Accenture isteach ar an togra ab ísle praghais, chinn an próiseas measúnaithe gurb é ab fhearr ó thaobh luach ar airgead.

Cé gur dúradh i gconradh Accenture go raibh an tionscadal foriomlán bunaithe ar phraghas seasta, i ndáiríre, ní raibh ach praghas na seirbhísí gairmiúla seasta. Bhí praghsanna conartha do chrua-earraí, bogearraí agus do ghnéithe tacaíochta cothabhála, bunaithe ar an aonad agus bhí an toradh deiridh ag brath ar na méideanna a theastaigh iarbhír. I gcás crua-earraí coitianta (e.g. stáisiúin oibre, printéirí agus scanóirí), bhí praghsanna aonaid níos ísle ar fáil de réir mar a mhéadaigh an líon a ceannaíodh.

Soláthar Comhairle Teicniúla

21.36 D'fhostaigh an Garda Síochána BearingPoint Ireland Ltd ar dtús, i Meán Fómhair 2004, le tacaíocht chomhairleoireachta a chur ar fáil maidir le soláthar príomhchonraitheora AFIS. Mhaígh an litir fruilithe go gcuirfí seirbhísí ar fáil faoi théarmaí, thoscaí agus rátaí a sonraíodh i gconradh tarraingthe anuas a aontaíodh leis an nGarda Síochána i 2003. Le linn an fhiosraithe seo ní raibh ar chumas údaráis na nGardaí aon doiciméadú a chur ar fáil maidir leis an gconradh tarraingthe anuas dá tagraíodh.

21.37 Luaigh litir fruilithe Meán Fomhair 2004 táille cuimsitheach VAT €151,250, gan chostais san áireamh, mar mhalairt ar na táirgí insoláthartha seo a leanas

- cruthú doiciméid mhionteagaisc (ag leagadh amach forléargas den réiteach amach anseo a theastaíonn) le dul leis an bhfógra conartha in Iris an AE
- forbairt mhaitrís scórála do mheasúnú freagairtí ag an gcéim réamhcháiliúcháin
- cruthú doiciméadú ITT cuimsitheach, lena n-áirítear speiceas riachtanais mionsonraithe don réiteach foriomlán le cur sa timpeall chuig conraitheoirí ar ghearrliosta
- forbairt mhaitrís scórála do mheasúnú freagairtí don ITT
- cúnamh le measúnú teicniúil na bhfreagairtí.

Creatchonradh Seirbhíse

21.38 Ag a chruiniú ar 27 Meán Fómhair 2004, shocraigh an bord tionscadail dul i mbun próisis sholáthair phoiblí do sholáthar seirbhísí comhairle theicniúil agus dearbhú cáilíochta don Gharda Síochána le linn tréimhse feidhmithe an tionscadail, tar éis roghnú an phríomhchonraitheora AFIS. Cuireadh an soláthar chun cinn mar chuid de phróiseas níos leithne chun creatchonradh seirbhíse a bhunú óna bhféadfadh an Garda Síochána seirbhísí dá leithéid a tharraingt anuas, de réir mar a theastaigh, do thionscadail IT eile ar mhórscála.

21.39 Thug an t-iarratas ar thairiscintí (RFT) cuireadh do thairgeoirí iarratas a dhéanamh ar dhá bheart tosaigh, comdhéanta de thionscadal AFIS agus tionscadal Chóras Eolais Schengen (SIS), ach thug le fios go bhféadfaí seirbhísí a tharraingt anuas b'fhéidir i leith tionscadal feidhmithe córas IT eile ar scála mór thar fhad dhá bhliana an chreata. Tugadh cuireadh do thairgeoirí cur isteach ar cheachtar den dá bheart tosaigh, nó an péire dá mba mhian seo. Chun a chinntiú go mbeadh na tairiscintí inchomparáide, d'iarr an RFT ar fhreagróirí praghas a chur isteach ar riachtanais chomhairleoireachta mheasta 930 lá ar thionscadal AFIS agus 850 lá ar thionscadal SIS.

21.40 Bhain BearingPoint an scór measúnaithe ab airde i leith gach beart. Síníodh creatchonradh seirbhíse (dar teideal 'Comhaontú Seirbhísí Máistir') i Meán Fhómhair 2005, ina raibh sceideal aontaithe rátaí laethúla do raon rólanna comhairleacha, le cur i bhfeidhm i leith aon seirbhísí a ceannaíodh faoin gcomhaontú.

21.41 Luaigh an togra a chuir BearingPoint isteach praghas de €1.43 milliún, VAT san áireamh ann, don riachtanas comhairleachta measta 930 lá ar thionscadal AFIS. Ar deireadh, fostaíodh BearingPoint faoin gcreat le hiomlán 2,179 lá comhairliúcháin a chur ar fáil i ndáil le AFIS. Rinneadh an táille do gach táirge insoláthartha a ríomh trí líon na laethanta a bhí riachtanach a mheas agus na rátaí laethúla a bhí sa chreat a chur i bhfeidhm. Ba é €3.12 milliún an táille iomlán a aontaíodh, a bhí comhdhéanta de

- €1.57 milliún chun athbhreithniú a dhéanamh ar gach táirge insoláthartha sa doiciméad a d'ullmhaigh an príomhchonraitheoir le linn gach céim den tionscadal, d'iomláine theicniúil agus do chruinneas (1,148 lá)
- €0.67 milliún chun tacú le forbairt phróisis ghnó nua agus athbhreithniú a dhéanamh air, tacú leis an tástáil uile a rinneadh agus athbhreithnithe saineolaithe sonracha a dhéanamh ar phríomhghnéithe tionscadail (462 lá)

- €0.57 milliún chun athbhreithniú a dhéanamh ar scripteanna tástála agus doiciméadú ar chlabhsúr tástála do gach céim agus chun tacaíocht a sholáthar d'aithint agus do réiteach saincheisteanna oibríochta ag éirí sa tréimhse díreach i ndiaidh 'dul beo' (382 lá)
- €0.23 milliún chun doiciméadú a ullmhú do gach céim den phróiseas measúnaithe d'fhreagairtí don ITT (142 lá)
- €0.08 milliún chun cuidiú le cuairteanna suímh tagartha chuig áiseanna de chuid Póilíní na hEilbhéise in Berne agus ullmhúcháin do phróiseas athbhreithnithe piara (45 lá).

21.42 Ba €3.30 milliún in iomlán na híocaíochtaí a rinneadh le BearingPoint i leith na dtáirgí insoláthartha seo. Níor léir ón doiciméadú íocaíochta a scrúdaíodh le linn an athbhreithnithe cén céatadán den fharasbarr a bhain le costais agus cén céatadán a bhain le líon níos mó laethanta comhairleoireachta riachtanacha ná mar a bhí réamh-mheasta.

21.43 Tar éis go ndearna an creat tosaigh tagairt do dhá thionscadal (AFIS agus SIS) agus gurb ionann agus €2.75 milliún in iomlán togra BearingPoint i leith na dtionscadal sin, tugadh conradh dó faoin gcreat ina dhiaidh sin chun seirbhísí comhairleoireachta a sholáthar i ndáil le 16 tionscadal IT breise de chuid an Gharda Síochána, rud a thug an t-iomlán a íocadh thar shaolré an chreata go €15.16 milliún.

Conclúid – Soláthar Comhairle Theicniúla

Cé gur dhúirt údaráis an Gharda Síochána gur fostaíodh BearingPoint ar dtús i Meán Fómhair 2004, chun tacaíocht chomhairleoireachta a sholáthar do staideanna luath de thionscadal AFIS faoi théarmaí conartha tarraingthe anuas a bhí ann cheana, ní raibh ar a gcumas aon doiciméadú a bhain leis an gconradh tarraingthe anuas a sholáthar le linn cúrsa an scrúdaithe. Is é an praghas a aontaíodh do na seirbhísí seo ná €151,250.

Maidir leis an gcreatchonradh seirbhísí a síníodh i 2005, leag an RFT amach riachtanais mheasta do dhá thionscadal tosaigh, ach níor chuir an doiciméadú tairisceana ná an comhaontú féin aon mheastachán ar scála dóchúil ar fáil nó ar luach na seirbhísí a bhí le tarraingt anuas thar an tréimhse dhá bhliain. Sa deireadh, fostaíodh BearingPoint faoin gcreat nua chun seirbhísí a sholáthar i ndáil le 16 tionscadal IT breise de chuid an Gharda Síochána. B'ionann agus €15.16 milliún an méid iomlán a íocadh le BearingPoint i ndáil le seirbhísí a tabhaíodh faoin gcreat.

Is inmhianta, ó thaobh caiteachas a dheimhniú, go mbeidh comhlachtaí Stáit ábalta a léiriú go ndéantar íocaíochtaí de réir na rátaí a thugtar i meastacháin do na comhpháirteanna seirbhíse aonair ag an gcéim soláthair.

21.44 Maidir leis an gcomhairle theicniúil agus leis na seirbhísí dearbhú cáilíochta a cuireadh ar fáil i ndáil le 16 tionscadal TF breise don Gharda Síochána, dúirt na hOifigigh Chuntasaíochta go raibh na seirbhísí go léir a cuireadh ar fáil clúdaithe ag scóip an chonartha seirbhíse creata.

Athrú Rialaithe agus Costas Bainistíochta

21.45 Ón uair a fhorbraítear conradh, cuirtear rialú costais i bhfeidhm trína chinntiú go ndéantar athruithe a údarú roimh ré agus go ndéantar costas na ngnéithe bunaidh agus breise a phraghsáil de réir a téarmaí.

Forbairt Chonartha

21.46 Tar éis faomhadh a fháil ón Roinn Airgeadais chuir an fhoireann tionscadail in iúl d'Accenture in Aibréan 2006 go raibh stádas tairgeora roghnaithe acu. Thoiligh Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit (CSSO) cuidiú a chur ar fáil don fhoireann tionscadail maidir le dréachtadh an chonartha. Ag an gcruinniú ar 25 Aibreán 2006, thug an bord le fios go raibh coinne aige go dtabharfaí an conradh chun críche go tapa agus go gcuirfí tús leis an gcéad chéim den obair roimh dheireadh Bealtaine 2006. Ach ní bhfuarthas an dréachtchonradh iarbhír ón CSSO agus níor cuireadh go Accenture í go dtí luath i mí Iúil 2006. Sna míonna ina dhiaidh ghlac ionadaithe ón Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais, an Garda Síochána, BearingPoint, agus Oifig an Ard-Aighne agus an CSSO páirt san idirbheartaíocht ar an gconradh le Accenture. Síníodh an conradh ar 17 Samhain 2006.

Táirgí Insoláthartha an Chonartha

21.47 Bhí mionsonraí faoi chuspóirí, scála ama agus na príomhtháirgí insolártha a bhain le gach ceann de na céimeanna feidhmithe san áireamh sa chonradh. Chomh maith leis seo, leag sé amach mionsonraí faoi tháirgí insoláthartha sonracha do gach chéim faoi na ceannteidil feidhmiúlacht chórais, crua-earraí, freastalaithe agus infrastruchtúr, bogearraí, seirbhís agus doiciméadú tionscadail.

21.48 Ach d'fhoráil an conradh freisin go ngabhfadh Doiciméad Tionscnamh Tionscadail (PID), a bhí le hullmhú agus le comhaontú ag tús gach céim den tionscadal, in ionad an liosta sceidealaithe táirgí insoláthartha. Ba é aidhm na PIDanna comhaontaithe na táirgí insoláthartha a bhí le cur ar fáil le linn gach céim a shainiú. Ar na mionsonraithe a sonraíodh do gach táirge insoláthartha a sainíodh sna PIDanna, áiríodh spriocdháta críochnaithe, na socruithe athbhreithnithe agus na critéir cháilíochta faoina ndéanfaí measúnú ar an soláthar.

Sonrú Amlínte

21.49 D'fhoráil an conradh do phlean feidhmithe tionscadail 18 mí, mar ar cuireadh ar fáil sa togra bunaidh a chuir Accenture isteach i mBealtaine 2005. Bunaithe ar dháta tosaigh iarbhír an tionscadail i Samhain 2006, bhí an plean feidhmithe ag dréim le tabhairt chun críche gach céim den tionscadal faoi dheireadh Aibreáin 2008.

21.50 Cé go raibh na spriocdhátaí críochnúcháin sa PID beagán éagsúil le haghaidh céimeanna áirithe uathu siúd a bhí sa phlean feidhmithe bunaidh, ní raibh aon athrú ar an dáta críochnúcháin don tionscadal ó Aibreán 2008.

Muirir Chonartha

21.51 D'fhoráil an conradh don tionscadal foriomlán bunaithe ar chonradh praghas seasta, faoi réir mhuirir athraitheacha a chomhaontú i leith líon riachtanach deiridh na bhforimeallach, e.g., na haonaid bheoscanta. Ar bhonn na méideanna a toimhdíodh sa chonradh, bhí coinne le costas deiridh €17.52 milliún, VAT san áireamh.

Údarú Athrú Conartha

21.52 D'fhoráil an conradh do phróiseas rialú athraithe. Chomh maith leis seo leag an PID aontaithe amach mionsonraí den mheicníocht rialaithe a bhí le húsáid chun bainistiú a dhéanamh ar impleachtaí iarratas chun athrú a dhéanamh ar aon chuid den chomhaontú conarthach.

21.53 Thar shaolré an chonartha, ghlac an Garda Síochána go foirmiúil le 11 fógra rialú athraithe a mhéadódh costas (CCNanna) ar luach iomlán €2.01 milliún, rud a léirigh méadú 11% ar an tsuim a sonraíodh sa chonradh.

- I sé cinn de na cásanna seo, praghsáilte ag €1.71 milliún, rinneadh athruithe a chostáil de réir rátaí a aontaíodh faoin gconradh. Rinneadh iniúchadh ar an doiciméadú seo i leith an cheann ba mhó de na CCN seo, praghsáilte ag €1.35 milliún, le linn an scrúdaithe. Bhain an CCN leis an riachtanas crua-earraí AFIS feabhsaithe a chur ar fáil ag roinnt laithreacha, ag éirí as athruithe eagraíochtúla laistigh den Gharda Síochána a tugadh isteach faoi phlean póilíneachta nua i 2008. Agus scála an athraithe a bhí beartaithe á chur san áireamh, ullmhaíodh cás gnó ar leith agus fuarthas faomhadh ón Roinn Airgeadais don chaiteachas tionscadail breise.
- Sna cúig chás eile, praghsáilte ag €0.3 milliún, ní raibh aon phraghas coibhéiseach ar fáil faoin gconradh. Luaigh an Garda Síochána sna cásanna seo, gur iarr siad ar Accenture costáil a chur isteach, a seiceáladh ansin lena chinntiú nach raibh aon phraghas níos saoire ar fáil in aon áit eile. Rinneadh iniúchadh ar dhoiciméadú i ndáil le dhá CCN, ar phraghas €0.8 milliún. Bhain siad le cúrsa oiliúna a bhí ceaptha go sonrach don Gharda Síochána agus le réiteach stórála feabhsaithe don tionscadal a sholáthar. Ullmhaíodh agus ceadaíodh na CCNanna ag leibhéal cuí ach níor cuireadh aon mhionsonraí ar fáil faoi aon seiceáil a rinneadh ar phraghsanna.

Tionscadal Píolótach Bithmhéadrachta R-Víosa

21.54 Anuas ar na héagsúlachtaí conartha a faomhadh trí phróiseas CNN, aontaíodh an conradh a leathnú amach le tionscadal bithmhéadrachta píolótach i ndáil le hiarratais víosa a tionscnaíodh sa Nigéir, a chur san áireamh. Bhí costas an togra a chuir Accenture isteach don chlár píolóta R-Víosa bunaithe ar na rátaí laethúla a húsáideadh sa chonradh bunaidh agus b'ionann é agus €1.51 milliún. Aontaíodh lascainí d'iomlán €0.18 milliún le linn idirbheartaíochta ina dhiaidh sin idir Accenture agus an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais, a thug an tsuim chomhaontaithe dheiridh go €1.33 milliún.

21.55 Ullmhaíodh cás gnó ar leith i ndáil leis an gclár píolótach R-Víosa agus fuarthas ceaduithe d'iomlán €1.33 milliún ón Roinn Airgeadais i Meitheamh 2009 agus Feabhra 2010.

21.56 Méadú an-suntasach ar líon na n-iarratas ar víosa Éireannach a bhí á dhéanamh sa Nigéir ab ea an comhthéacs don togra píolótach R-Víosa. Bhí líon bliantúil na n-iarratas a fuarthas tar éis méadú ó thart ar 4,000 i 2006 go dtí breis agus 11,000 i 2008, rud ab ionann agus ráta méadaithe i bhfad níos nó ná an ráta in aon áit eile. Bhíothas den tuairim go raibh baint ag an méadú ar iarratais ar víosaí Éireannacha le cinneadh údaráis na Ríochta Aontaithe méarlorgaireacht a thabhairt isteach d'iarratasóirí víosa sa Nigéir, le héifeacht ó lár 2007.

21.57 Cuireadh tús leis an tionscadal píolótach R-Víosa sé mhí i Márta 2010. Bhí tabhairt isteach dhá chéim bhreise i bpróiseas riaracháin víosa i gceist

- méarloirg iarratasóirí le gabháil le linn an phróisis iarratais in dhá ionad (Abuja agus Lagos) sa Nigéir
- fíorú méarloirg in Aerfort Bhaile Átha Cliath le céannacht sealbhóirí víosa a dheimhniú agus iad ag teacht isteach sa tír.

21.58 Cuireadh méarloirg a gabhadh le linn an phóisis iarratais i gcomparáid le bunachar sonraí AFIS féachaint an raibh stair choiriúil, tearmainn nó inimirce cheana ag an iarratasóir. Cuireadh torthaí an chuardaigh ar ais chuig Oifig Víosa Ambasáid na hÉireann sa Nigéir laistigh de 24 uair an chloig agus breithníodh iad mar chuid den phróiseas cinnteoireachta ar an iarratas ar víosa.

21.59 Tá bord tionscadail AFIS tar éis glacadh le measúnú inti ar an tionscadal píolótach R-Víosa. Ba é aidhm an mheasúnaithe athbhreithniú a dhéanamh ar fheidhmiú na scéime píolótaí agus moltaí a dhéanamh faoin gcaoi ar chóir do INIS agus don Gharda Síochána dul chun cinn a dhéanamh maidir le húsáid bhithmhéadrachta amach anseo i réim an víosa. Thug an tuarascáil mheasúnaithe ar aird laghdú suntasach ar líon na n-iarratas ar víosa a cuireadh isteach le linn na tréimhse píolótaí. D'aithin sé freisin laghdú ar líon na n-iarratas ar thearmann ó náisiúnaigh na Nigéire agus chuir béim ar bhrath roinnt daoine aonair a bhí ag iarraidh dul isteach in Éirinn in athuair, tar éis gur díbríodh thar tír amach iad roimhe sin.

Conclúid – Rialú Athraithe agus Costas Bainistíochta

Thóg céim idirbheartaíochta agus forbartha an chonartha níos faide ná mar a bheartaigh an Bord Tionscadail agus cuireadh moill thart ar shé mhí ar dháta tosaigh an tionscadail dá bharr. Chinntigh na nósanna imeachta um rialú athraithe a cuireadh i bhfeidhm ar chonradh Accenture gur sonraíodh gach athrú ar an gconradh go himleor agus gur faomhadh iad ag leibhéal cuí.

Bhain breis agus dhá dtrian de luach na n-athruithe aontaithe ar an gconradh le riachtanais chrua-earraí bhreise a d'éirigh as athruithe eagraíochtúla a tugadh isteach sa Gharda Síochána faoi phlean nua póilíneachta i 2008. Bhain na hathruithe eile ar an gconradh le héagsúlacht saincheisteanna lena n-áirítear athruithe ar bhogearraí, tástáil bhreise agus oiliúint bhreise.

Tríd is tríd, chuir na hathruithe ardú 11% ar chostas an chonartha.

21.60 Dúirt na hOifigigh Chuntasaíochta gur bhain cuid de na hathruithe ceadaithe ar chonarthaí le struchtúir rannacha an Gharda Síochána a ath-ailíniú agus nach bhféadfaí iad a shamhlú ag tús an tionscadail. Mar sin b'éigean iad a dhéanamh faoin bpróiseas um rialú athraithe.

Costas Tionscadail, Amscála agus Seachadadh

21.61 Leag an cás gnó amach meastachán costais €18 milliún chun córas nua AFIS agus an creat comhtháite a fheidhmiú go hiomlán, ach níor léir an raibh VAT san áireamh sa bhfigiúr seo. Bhí íocaíochtaí le conraitheoirí seachtracha, costais inmheánacha mar thuarastail foirne agus tionscnaimh oiliúna agus costais leanúnacha lena n-áirítear tacaíocht agus cothabháil le bheith san áireamh ann.

21.62 Mar a léiríonn Fíor 104, íocadh €23.13 milliún ar sheirbhísí ar chonarthaí seachtracha ar deireadh. Níor rianaíodh costas acmhainní inmheánacha.

Fíor 104 Íocaíochtaí Tionscadail AFIS

Gné	**Méid Íoctha €m**
Conradh Accenture	16.32
CCNanna aontaithe faoi Chonradh Accenture	1.97
Clár Píolótach R-Víosa	1.33
Litir Fruilithe BearingPoint (M.Fómh 2004)	0.21
Creatchonradh BearingPoint (M. Fómh 2005)	3.30
Iomlán an Tionscadail	**23.13**

Foinse: Anailís ar chostais tionscadail an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

21.63 Bhí costas conradh Accenture €1.20 milliún faoi bhun an méid a beartaíodh ag éirí as coigilteas €1.27 milliún ar bhogearraí agus €0.57 milliún ar chrua-earraí, cúitithe roinnt ag farasbarr €0.64 milliún ar sheirbhísí tacaíochta agus cothabhála.

21.64 Maidir leis an gcoigilteas a baineadh amach, chuir na hOifigigh Chuntasaíochta in iúl dom

- go raibh cuid den bhogearra tríú páirtí riachtanach do réiteach AFIS clúdaithe ag comhaontú ceadúnais chorparáidigh reatha a bhí ag an nGarda Síochána
- nar tarraingíodh anuas crua-earraí soghluaiste AFIS mar gheall ar mhoilleanna in achtú an Bhille um Inimirce, Cónaí agus Cosaint.

21.65 Baineann an farasbarr maidir le seirbhísí tacaíochta agus cothabhála leis an gcinneadh an tréimhse tacaíochta don chóras iomlán a leathnú go deireadh Nollag 2010. Tógadh an cinneadh seo i bhfianaise moilleanna a bhí ann i bhfeidhmiú an tionscadail agus chun an cás a sheachaint ina mbeadh an tréimhse barránta don chéad chéim imithe in éag sula nglacfaí leis an gcéim dheiridh.

21.66 Luaigh an litir fruilithe d'obair BearingPoint Meán Fómhair 2004 ar staideanna luath tionscadail AFIS, praghas €151,250. Ba iad na híocaíochtaí iomlána ina dhiaidh sin i leith na fostaíochta sin ná €210,136, ar ionann é agus farasbarr 39%.

21.67 B'ionann agus €3.3 milliún in iomlán íocaíochtaí do BearingPoint i leith obair thionscadail AFIS a raibh conradh déanta faoi, faoin gcreatchomhaontú seirbhíse, arb ionann agus 6% sa bhreis ar an bhfigiúr a aontaíodh.

Conclúid – Costas Tionscadail

Leag an cás gnó amach costas measta €18 milliún. Chuimsigh an meastachán seo gach costas tionscadail réamh-mheasta lena n-áirítear íocaíochtaí do chonraitheoirí seachtracha, bainistíocht tionscadail inmheánach agus costais tacaíochta agus costais leanúnacha mar stáisiúin oibre, ceadúnais agus soláthairtí ríomhaire. Sa deireadh, íocadh €23.13 milliún faoi chonarthaí le dhá sholáthraí ag obair ar an tionscadal, lena n-áirítear €1.33 milliún i leith leathnú ar an tionscadal chun úsáid bhithmhéadrachta i réim an víosa a thriail. Níor coinníodh aon taifead mionsonraithe ar bhainistíocht tionscadail intí agus costais tacaíochta nó costais tionscadail leanúnacha.

Ag leibhéal próisis, rialaíodh na costais sheachtracha a tabhaíodh go caighdeán inghlactha.

Amscála Tionscadail

21.68 Bhí sé beartaithe sna pleananna feidhmithe i gconradh Accenture agus sa PID a comhaontaíodh ina dhiaidh sin, go mbeadh gach céim den tionsadal tugtha chun críche faoi dheireadh Aibreáin 2008. Le linn feidhmiú an tionscadail shocraigh an bord tionscadail an dáta rollta amach do Chéim 3 (comhtháthú AFIS le PULSE) a chur siar go dtí to mbeadh leagan nuashonraithe de chóras PULSE seolta. Sa deireadh, ghlac an bord tionscadail le céim dheiridh an tionscadail i nDeireadh Fómhair 2009.

Conclúid – Amscála

Ar leibhéal tionscadail fhoriomláin, faoin am ar tugadh an chéim dheiridh chun críche i nDeireadh Fomhair 2009, bhí róchaitheamh ama 18 mí ar phlean feidhmithe an tionscadail bhunaidh ann.

21.69 Dúirt na hOifigigh Chuntasaíochta gur bhain an t-am breise ar amscála an tionscadail le cúinsí nach raibh smacht ag bord an tionscadail orthu agus luadh iad go príomha le moill in achtú an Bhille um Inimirce, Cónaí agus Cosaint agus leis an gceanglas leagan nua den chóras PULSE a chur i ngníomh.

Seachadadh Tionscadail

21.70 Is cosúil gur sheachaid an tionscadal na sochair réamh-mheasta go substaintiúil ach tá sé deacair measúnú cinntitheach a dhéanamh ó tá cuid mhór de na sochair ionchais róghinearálta lena bhfíorú. Mar shampla, i gcásanna áirithe cheapfaí ón gcuma a bhí curtha ar na sochair gur fheabhsaigh siad réimsí airithe (e.g. muinin an phobail a fheabhsú, teicneolaíochtaí a fheabhsú), gan aon chainníocht ar scála an fheabhsaithe a bhí beartaithe. I gcásanna eile bhí na sochair réamh-mheasta a luadh á seachadadh cheana go pointe ag an gcóras AFIS roimhe seo (e.g. coireanna á réiteach trí úsáid sonraí méarloirg, méarloirg gach iarrthóir tearmainn a ghabháil).

21.71 D'fhógair an Garda Síochána feabhsú 94% ar an ráta a bhaintear meaitseáil méarloirg amach ó tugadh an córas nua isteach, ar bhonn anailís a rinneadh ar shonraí ón tréimhse 2004 – 2009.

21.72 Rinne an Tuarascáil Chlabhsúir ar Thionscadal AFIS measúnú ar an méid den fheidhmíocht riachtanach agus de na sochair réamh-mheasta a seachadadh. Rinne sé athbhreithniú freisin ar amlínte an tionscadail, bhreithnigh sé céard iad na gnéithe den tionscadal ar éirigh leo agus leag amach na ceachtanna atá le foghlaim ar féidir a chur i bhfeidhm ar thionscadail amach anseo.

21.73 D'aithn an tuarascáil chlabhsúir na deiseanna seo a leanas don fheabhsúchán i gcomhthéacs feidhmiú tionscadal sa todhchaí

- Ba chóir go mbeadh na páirtithe leasmhara go léir bainteach leis an bpróiseas a luaithe agus is féidir – chinn sé go bhféadfaí Roinn Teileachumarsáide an Gharda agus Oifig na nOibreacha Poiblí a bheith bainteach leis ag staid níos luaithe.
- Ba chóir sceidil tionscadail a eisiúint agus a chur in iúl go soiléir – thug sé ar aird nár baineadh sin amach i rith Céim 2 ach go háirithe.
- Ba chóir gur ghné shuntasach de thástáil ghlacachta úsáideora í tástáil ad hoc agus ba chóir don fhoireann tástála oiliúint a fháil ar an gcaoi le timthriall tástála glacachta úsáideora láidir a stiúradh. I gcás AFIS, ní dhearnadh tástáil ad hoc a chomhtháthú sa phróiseas do Chéim 1, ach cuireadh i bhfeidhm é don dara, tríú agus cheathrú céim den tionscadal.
- Ba chóir go mbeadh timpeallachtaí tástála ar aon dul leis an timpeallacht tháirgthe bheo a fhad agus is féidir, ag féachaint do chúinsí buiséadacha. Bhí cásanna ann sa tionscadal AFIS inar oibrigh réitigh go maith sa timpeallacht thástála ach ar theip orthu sa tairgeadh.

Conclúid – Seachadadh Tionscadail

Tá na sochair ghinearálta a bhfuil cur síos orthu, deacair a léiriú i bhfoirm intomhaiste, cé gur léir go mbaineann tábhacht leo. Bheadh fiúntas i dtionscadail sa todhchaí agus iarracht á dhéanamh acu sochair shainiúla tionscadail de ghlúin nua a aithint i dtéarmaí inchainníochtúla.

Tugadh tuarascáil chlabhsúir chun críche agus rinne sé iarracht deiseanna feabhsaithe a aithint.

Ó dhearcadh na feidhmiúlachta, is tomhais inláimhsithe é an feabhas 94% ar an ráta aimsithe den fheabhas ar chumas lárnach an Gharda Síochána loirg a mheaitseáil agus coireanna a réiteach.

21.74 Maidir leis an tionscadal a sheachadadh, chuir na hOifigigh Chuntasaíochta a dtuairim in iúl gur éirigh le cur i bhfeidhm an chórais agus gur sheachaid sé na príomh-bhuntáistí gnó a aithníodh do na gnéithe inimirce agus coireachta araon. Leag siad béim ar thorthaí faoi leith a d'eascair as na tionscadal AFIS, lena n-áirítear

- Am próiseála a bhí go maith níos giorra maidir le hiarratais ar thearmann, mar gheall ar úsáid meaisíní beoscanta le méarlorg a fháil agus cuardach láithreach ar chóras Eurodac
- Brath níos mó ar mí-úsáid inimirce agus tearmainn, mar shampla iarrachtaí dul isteach sa Stát faoi chéannacht bhréige.

Coimisiúnú agus Úsáid

21.75 Cé gur seachadadh gnéithe uile an tionscadail, tá saincheisteanna a bhaineann le huainiú agus le fairsinge leithdháileadh na teicneolaíochta ann i gcónaí.

Ceist Chaidrimh Thionsclaíoch sa GNIB

21.76 Mar ullmhú d'fheidhmiú AFIS, suiteáladh scanóirí aon mhéar amháin in oifigí GNIB chun gabháil agus stóráil sonraí méarloirg ar Chártaí[187] GNIB a chumasú agus suiteáladh meaisíní beoscanta chun gabháil sraitheanna iomlána méarlorg a ghabháil agus cuardach in aghaidh bhunachair shonraí AFIS. Ag éirí as saincheist chaidrimh thionsclaíoch a bhaineann le rólanna oifigigh inimirce agus foireann shibhialach GNIB faoi seach, níor úsáideadh na cúig mheaisín bheoscanta a suiteáladh i gCé an Bhúrcaigh i Lúnasa 2008 ariamh. Ar dtús bhain an fhoireann shibhialach úsáid as na scanóirí aon mhéar amháin rud a d'fhág go raibh sé indéanta sonraí méarloirg a shábháil ar an gCárta GNIB, cé narbh fhéidir cuardach ar bhunachar sonraí AFIS a dhéanamh. Ach ó Mheán Fómhair 2009, níl aon mhéarlorg á thógail mar chuid den phróiseas clárúcháin i gCé an Bhúrcaigh, rud a fhágann go bhfuil Cártaí GNIB á n-eisiúint gan aon sonraí méarloirg. Bhí saincheist chaidrimh thionsclaíoch chomhchosúil le foireann shibhialach GNIB in oifigí Shráid Anglesea i gCorcaigh ach bhí pearsanra ó na Gardaí ar fáil ansin le méarloirg a ghabháil agus a chinntiú go bhfanann an córas go hiomlán oibríochtúil le linn an aighnis.

21.77 Tá an saincheist chaidrimh thionsclaíoch teoranta don dá láthair seo, rud a fhágann go bhfuil méarloirg á dtógáil mar chuid den phróiseas clárúcháin i ngach oifig eile de chuid GNIB. Ó thús an aighnis i Lúnasa 2008, tá GNIB tar éis bualadh go rialta le hionadaithe CPSU[188] agus iarrachtaí suntasacha déanta acu an scéal a réiteach. Bunaíodh grúpa oibre i Nollaig 2008, comhdhéanta de bhainistíocht GNIB agus ionadaithe CPSU, é d'aidhm acu saincheisteanna imní a réiteach. Chomh maith leis seo tá GNIB tar éis comhairle a fháil ó Oifigí an Ard-Aighne agus an Phríomh-Aturnae Stáit agus tá Stiúrthoir Aonad Acmhainní Daonna Sibhialtach an Gharda Síochána tar éis tabhairt faoi mheasúnú ar an obair a dhéanann sibhialtaigh.

21.78 Nuair a bhainfear réiteach ar an gcás caidrimh thionsclaíoch amach, meastar go dteastóidh thart ar chúig seachtaine am dírithe isteach sula bhféadfaí 'dul beo' i gCé an Bhúrcaigh. Meastear go dteastóidh triúr leis an oiliúint agus an obair ghaolmhar a dhéanamh ar chostas iomlán thart ar €0.06 milliún.

---

187 Is ainm coitianta an Cárta GNIB ar an Deimhniú Clárúcháin a eisítear faoin Acht Inimirce 2004, do náisiúnaigh neamhEEA atá ina gcónaí anseo go dleathach.

188 Cuimsíonn baill an Chumainn **Stáit**, **Poiblí agus Seirbhísí** (CPSU) gráid chléireachais agus riaracháin sa státsheirbhís, lena n-áirítear foireann GNIB atá bainteach leis an aighneas reatha.

An Bille um Inimirce, Cónaí agus Cosaint

21.79 Bhí an cumas feidhm a bhaint as gnéithe áirithe den chóras nua ag brath ar athruithe ar an reachtaíocht inimirce reatha. Tar éis gur cuireadh an clár ama d'achtú na reachtaíochta siar cupla uair, shocraigh an bord tionscadail i mBealtaine 2008 dul ar aghaidh le rolladh amach an chórais, gan an fheidhmíocht a bhí ag brath ar an reachtaíocht nua.

21.80 Dá thoradh sin ní féidir feidhm a bhaint as na gnéithe a leanas atá scópáilte, deartha agus seachadta mar chuid de thionscadal AFIS go dtí go ndéantar an reachtaíocht nua a achtú

- gabháil bosloirg le linn próisis chlárúcháin GNIB agus ORAC
- gabháil méarlorg iad siúd a ndiúltaítear cead dóibh tuirlingt[189] ag poirt/aerfoirt iontrála
- úsáid trealamh soghluaiste AFIS a chéadódh d'oifigigh allamuigh GNIB méarloirg a ghabháil agus cianchuardaigh a dhéanamh in aghaidh bhunachair shonraí AFIS.

21.81 Is é an staid láithreach gur tarraingíodh an Bille um Inimirce, Cónaí agus Cosaint 2008 siar i mBealtaine 2010 agus foilsíodh leagan nua in Iúil 2010.

Saincheisteanna Coimisiúnaithe Eile

21.82 Áirítear ar nithe breise ar ghá aghaidh a thabhairt orthu chun uaséifeacht feidhmithe a chinntiú

- ní fhreastalaíonn leagan reatha an chórais AFIS go hiomlán ar riachtanais reatha GTB maidir le hullmhú fianaise méarloirg do chásanna cúirte, ach tá próiseas nua tugtha isteach chun an fhadhb a réiteach agus beidh an fheidhmiúlacht riachtanach ar fáil i leagan a thiocfaidh amach anseo
- níl uasmhéid na sochar ionchasach á baint as an teicneolaíocht nua toisc go bhfuil líon suntasach de mhéarloirg á dtógáil i gcónaí ag an nGarda Síochána ag baint úsáide as córas 'an dúigh fhliuch' a bhí ann roimhe[190]
- tá an tréimhse phíolótach sé mhí don tionscadal bithmhéadrachta R-Víosa tugtha chun críche ach níl aon chinneadh déanta go fóill ar úsáid bhithmhéadrachta i réim an víosa sa todhchaí.[191]

21.83 Cé gur mheas an Garda Síochána gur tógadh an iomarca ama chun marcanna neamhfhollasa a phróiseáil ar an bhfeidhmiú iontrála neamhfhollas, dúirt sé gur réitíodh an cheist sin i Márta 2011.

Conclúid – Coimisiúnú agus Úsáid

Tá glacadh leis na córais agus tá siad curtha in úsáid ach amháin i gcásanna in ar chuir aighnis chaidrimh thioslaíoch bac lena lánúsáid. D'oibrigh saincheisteanna oibríochtúla áirithe in aghaidh leas iomlán a bhaint as an gcóras nua, lena n-áirítear úsáid leanúnach an Gharda Síochána de mhodh traidisiúnta an dúigh fhliuch le méarloirg a ghlacadh ag ionaid áirithe agus moilleanna, suas go Márta 2011, i bpróiseáil mharcanna neamhfhollasa ar an bhfeidhmiú iontrála neamhfhollas.

---

189 Tagrann diúltaítear cead dul i dtír do dhaoine ar diúltaíodh cead dóibh dul i dtír in Éirinn ag port/aerfort ar fáthanna éagsúla, e.g., gan pas/víosa acu nó cóir mhaireachtála.

190 Tugann figiúirí a fuarthas ón nGarda Síochána i ndáil le Meitheamh 2011 go bhfuarthas beagnach 33% de na méarloirg trí mhodh an dúigh fhliuch.

191 Ghlac Bord Tionscadail AFIS le tuarascáil mheasúnaithe in Iúil 2011, a raibh moltaí ann madir le húsáid bithmhéadracht sa réim víosa sa todhchaí.

21.84 Maidir leis an ngníomh tionsclaíoch sa GIB, chuir na hOifigigh Chuntasaíochta ar an eolas mé gur tionóladh cruinniú le déanaí idir oifigigh shinsearacha ó Stiúrthóireacht Acmhainní Daonna Sibhialta an Gharda Síochána, an Roinn Airgeadais agus an CPSU. Aithníodh réiteach ionchasach ar an gceist agus táthar i mbun oibre air faoi láthair. Maidir leis an mBille um Inimirce, Cónaí agus Cosaint, chuir na hOifigigh Chuntasaíochta ar an eolas mé go bhfuil an tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais ag súil go ndéanfar dul chun cinn air go luath.

21.85 Maidir leis na saincheisteanna coimisiúnaithe iarmharacha a aithníodh sa tuarascáil, bunaíodh Grúpa Oibre Méarloirge laistigh den Gharda Síochána lena chinntiú go dtógfar méarlorg le meaisíní beoscanta, nuair is féidir sin. Maidir leis an tionscadal píolótach Ríomh-Víosa, tá an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannas sásta gur éirigh leis an tástáil ar an gcur chuige teicneolaíochta. Luaigh na hOifigigh Chuntasaíochta na buntáistí eile a fuarthas ón tionscadal píolótach, lena n-áirítear níos mó mí-úsáide víosaí agus próisis tearmainn a bhrath agus an tionchar bactha atá aige ar mhí-úsáid a d'fhéadfadh tarlú amach anseo.

Conclúid

Tá córas céannachta méarloirg uathoibríoch nua seachadta agus tá sé in úsáid laistigh de na réimeanna póilíneachta, tearmainn agus inimirce.

Cé go soláthraíonn an córas a seachadadh na gnéithe feabhsaithe a bhí beartaithe an chéad lá, tá dúshláin ann i gcónaí i ndáil lena choimisiúnú agus lena úsáid, ar ghá aghaidh a thabhairt orthu sular féidir lánsochair an chórais a réadú

- ag éirí as gníomh tionsclaíoch leanúnach in oifigí Bhiúró Inimirce Náisiúnta an Gharda ag Cé an Bhúrcaigh, níl an córas nua in úsáid sa phróiseas clárúcháin do náisiúnaigh neamh EEA, agus tá de thoradh air seo go bhfuil cartaí clárúcháin á n-eisiúint gan sonraí méarloirg
- i roinnt láithreacha tá líon suntasach méarlorg á dtógáil i gcónaí ag an nGarda Síochána agus córas láimhe 'an dúigh fhiuch' á úsáid
- rinne an córas nua an fheidhmiúlacht go léir a bhí sonraithe ar dtús a sheachadadh agus tá riachtanais bhreise chun cuidiú le hullmhú foilseán do chásanna cúirte, a aithníodh ina dhiaidh sin laistigh de GTB, á mbeartú faoi nuashonrú eile ar an gcóras
- thástáil an clár píolótach R-Víosa an cur chuige d'úsáid bheithmhéadrachta go rathúil laistigh de réim an víosa, ach tá cinneadh le déanamh go fóill ar a úsáid amach anseo
- ní féidir cuid den fheidhmiúlacht a sheachaid an córas nua a úsáid go ndéanfar reachtaíocht a achtú.

Ó thaobh peirspictíochta pleanála tugadh an cás gnó chun críche post hoc, mar a rinneadh leis an athbhreithniú piara. Ar an mbealach sin, d'fhóin an dá chleachtadh chun cinneadh a bhí déanta cheana a fhíorú, in áit an phróiseas cinnteoireachta a chur ar an eolas.

Ó sheasamh rialaithe, chinntigh na nósanna imeachta a bhí ann gur faomhadh athruithe tionscadail ag an leibhéal iomchuí. Chuir na hathruithe 11% le costas an tionscadail.

Ó thaobh seachadadh an tionsadail, bhí socruithe foriomlána bainistíochta an tionscadail imleor lena chinniú gur seachadadh an córas go dtí an sonrú inmhianaithe.

Caibidil 22

Cistí ón Rialtas Láir do na hÚdaráis Áitiúla

Vóta 25 Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil

Cistí ón Rialtas Láir do na hÚdaráis Áitiúla

22.1 Meastar gur ionann caiteachas comhiomlán na n-údarás áitiúil i rith na bliana 2009 agus €9.2 billiún. Timpeall is €4.3 billiún de chaiteachas caipitil agus timpeall is €4.9 billiún de chaiteachas reatha a bhí i gceist leis sin.

22.2 Léirítear i bhFíor 105 an t-athrú a tháinig ar chaiteachas na n-údarás áitiúil i rith na mblianta ó 2006 go dtí 2009[192].

Fíor 105 Caiteachas na n-údarás áitiúil de réir a chineál, idir 2006 agus 2009



Foinse: An Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil

22.3 Fágann caiteachas caipitil de chuid Údaráis Áitiúil go gcruthaítear sócmhainn nó go gceannaítear sócmhainn a mbíonn tairbhe aisti go ceann tréimhse is faide ná an bhliain ina ndéantar an tsócmhainn sin a sholáthar e.g. bóithre a thógtar, tithe, linn snámha, leabharlann etc. a thógtar nó a cheannaítear. Is le deontais Stáit ó fhoinsí éagsúla a chuirtear ciste ar fáil do chláir caipitil na n-údarás áitiúil den chuid is mó, agus bheadh roinnt den chiste ag teacht ó thobhaigh ar lucht forbraíochta, iasachtaí, acmhainní inmheánacha an údaráis agus maoin talún a dhíol.

22.4 Is é a thagann faoin gcaiteachas reatha ag Údaráis Áitiúil, ar a dtugtar caiteachas ioncaim uaireanta, gnáthchostas riaracháin an údaráis áitiúil, lena n-áirítear tuarastal lucht foirne, cothabháil ar thithe, pinsin, costas oibriúcháin maidir le monarchain chóireála, etc. Cuirtear ciste ar fáil don chaiteachas reatha ó fhoinsí éagsúla, ina measc deontais ón Státchiste agus ón gCiste Rialtais Áitiúil (isteach is amach le 43% den iomlán sa bhliain 2009), rátaí na n-údarás áitiúil (tuairim is 29%) agus táillí maidir le earraí agus seirbhísí, mar shampla táillí uisce, cíos ar thithe, táillí páirceála, etc. (timpeall is 28%). Tugadh isteach an táille ar Áit Chónaithe Príobháideach Thánaisteach (€200 in aghaidh an árais) sa bhliain 2009 d'fhonn leathnú le foinsí ioncaim na n-údarás áitiúil.[193]

[192] Ní raibh an obair thiomsúcháin maidir le torthaí caiteachais na n-údarás áitiúil i leith na bliana 2010 tugtha chun críche ar an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil an tráth ar cuireadh an Tuarascáil seo ar fáil.

[193] Ní mar a chéile i gcás gach údaráis luach an chiste a chuirtear ar fáil don chaiteachas reatha ó na foinsí éagsúla ioncaim.

Béim na Caibidle

Is é an cuspóir atá leis an gcaibidil seo léargas ginearálta a thabhairt ar na cistí a bhíonn ag sreabhadh ó fhoinsí de chuid an Rialtais láir agus trí na foinsí sin go dtí na húdaráis áitiúla, agus ar na cúiseanna ar ar cuireadh na cistí sin ar fáil.

Is féidir tairbhe a bheith as slata tomhais agus táscairí a bhaineann le hábhar agus a bhíonn ar fáil go tráthúil i ndáil le gach clár náisiúnta maidir le cinneadh a dhéanamh faoi dháileadh cistí agus bonn treise a chur faoi sheirbhísí a chur ar fáil go héifeachtach críochnúil agus faoi chúrsaí freagrachta. Déantar athbhreithniú sa tuarascáil seo ar na táscairí maidir le réimse na seirbhísí uisce.

Scrúdaítear chomh maith cora nua a tháinig chun cinn le tamall anuas dírithe ar leibhéal fiachais na n-údarás áitiúil mar gheall ar éadáil talún le haghaidh tithíochta sóisialta agus incheannaithe a ísliú.

Foinsí an Airgid ón Rialtas Láir

22.5 Bhí luach iomlán de beagnach €4.5 billiún leis na cistí a aistríodh go dtí na húdaráis áitiúla i rith na bliana 2010 ó fhoinsí de chuid an rialtais láir. Maoiniú ón Státchiste arna chur ar fáil trí na Vótaí do ranna Rialtais ba bhun le timpeall is 86% de sin. Is ón gCiste Rialtais Áitiúil agus ón gCiste Comhshaoil a cuireadh an t-airgead (14% den iomlán) nach ón Státchiste é ar fáil.

22.6 Cuireadh an Ciste Rialtais Áitiúil ar bun sa bhliain 1999 faoin Acht Rialtais Aitiúil 1998. Cuirtear airgead ar fáil don chiste leis an teacht isteach ó mhótarcháin agus le deontas bliantúil ón Státchiste a íoctar isteach sa Chiste as Vóta 25. Is chun ciste a chur ar fáil d'údaráis áitiúla don ghnáthbheartaíocht ó lá go lá acu agus chun caoi mhaith a choinneáil ar bhóithre nach bóithre náisiúnta iad is mó a úsaidtear acmhainní an Chiste.[194] Baintear úsáid as cuid bheag den Chiste chun airgead a chur ar fáil do bhearta áirithe eile de chuid an rialtais áitiúil.

22.7 Is chun airgead a chur ar fáil do thionscnaimh, d'fheachtaisí agus do chláir oibre atá dírithe ar chúrsaí comhshaoil agus a eagraítear ar an leibhéal áitiúil nó ar an leibhéal réigiúnach faoi scáth na n-údarás áitiúil a úsáidtear an Ciste Comhshaoil den chuid is mó. Íoctar an fáltas ón tobhach ar mhálaí plaistigh a bhailíonn na Coimisinéirí Ioncaim ón lucht miondíolacháin isteach sa Chiste sin. Íoctar an tobhach a íoctar leis na húdaráis áitiúla maidir le líonadh talún isteach sa Chiste chomh maith. Úsáidtear an dáileadh ón gCiste chun cuidiú le tionscadail bunaithe ar a bhfuil d'acmhainn leo go ndéanfar an timpeallacht a chosaint nó a fheabhsú dá mbarr.

22.8 Leagtar amach i bhFíor 106 na foinsí airgid maidir le caiteachas i leith na n-údarás áitiúil ó fhoinsí de chuid an Rialtais Láir gach bliain idir an bhliain 2007 agus an bhliain 2010.

---

194 Is trí na húdaráis áitiúla agus tríd an láithreán gréasáin don Mhótarcháin Ar Líne a bhailítear an t-ioncam mótarchánach, agus íoctar sin isteach sa Chiste Rialtais Áitiúil. Ón mbliain 2007 i leith, tá cuid den leithdháileadh ón gCiste á íoc gach bliain leis an Aire Iompair i bhfoirm leithreasaí i gcabhair faoi Vóta 32. Baineann sin le deontais a íocann an tAire leis na húdaráis áitiúla chun cuidiú leo bóithre réigiúnacha agus bóithre áitiúla a choinneáil i gcaoi mhaith.

Fíor 106 Foinsí airgid ón rialtas láir do na húdaráis áitiúla, 2007-2010

Foinsí an airgid	2007	2008	2009	2010
	€m	€m	€m	€m
Cistí de chuid an Státchiste[a]				
Vóta 25 — Comhshaol, Oidhreachta agus Rialtas Áitiúil	2,584	2,804	2,401	1,828
Vóta 26 — Oideachas agus Scileanna	272	301	379	389
Vóta 27 — Gnóthaí Pobail, Comhionannais agus Gaeltachta	49	64	36	22
Vóta 32 — Iompar	1,476	1,374	1,488	1,577
Vóta 35 — Turasóireacht, Cultúr agus Spórt	32	26	17	19
Vóta 41 — Oifig an Aire Leanaí agus Gnóthaí Óige	—	—	5	4
	4,413	4,569	4,326	3,839
Foinsí eile airgid[b]				
An Ciste Rialtais Áitiúil (an chuid nach mbaineann leis an Státchiste) [c]	1,049	1,102	897	576
An Ciste Comhshaoil [d]	40	39	30	37
	1,089	1,141	927	612
Maoiniú ó fhoinsí uile an Rialtais Láir	**5,502**	**5,710**	**5,253**	**4,451**

Foinse: OCAG Tuarascáil Bhliantúil 2009, An Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil, An Roinn Oideachais agus Scileanna, an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt, An Roinn Ealaíne, Oidhreachta agus Gaeltachta, an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige.

Nótaí:
a Is ionann teidil Vótaí agus iad sin a raibh feidhm leo in 2010 ar mhaithe le comhleanúnachas sa chur chuige agus sonraí stairiúla a chur i láthair.
b Níl iniúchta déanta ar na cuntais don Chiste Rialtais Áitiúil 2010 ná don Chiste Comhshaoil 2010.
c Fáltais ó mhótarcháin maille leis an ús a saothraíodh orthu is mó atá i gceist. Tugtar an leithroinnt ón Státchiste leis an gCiste san áireamh leis an gcaiteachas faoi Vóta 25 mar a luaitear sin thuas.
d Tá an fáltas ón tobhach ar mhálaí plaistigh agus ón tobhach maidir le líonadh talún, maille leis an ús a saothraíodh orthu san áireamh.

Úsáid an Airgid

22.9 Bíonn ceangal maidir leis an gcuid is mó den mhaoiniú a fhaightear ón Rialtas láir agus a chuirtear ar fáil do na húdaráis áitiúla gur ar sheirbhísí sonracha de chuid an údaráis áitiúil a bhíonn sé le caitheamh. Is féidir cláir na seirbhísí sin a rangú de réir sé cinn d'aicmí ginearálta.

- **Tithíocht agus Athbheochan Bailte** – Cuireann an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil mórchuid an chiste do chúrsaí tithíochta agus d'athbheochan bailte ar fáil do na húdaráis áitiúla go díreach. Úsáideann na húdaráis áitiúla an ciste sin maidir le tithíocht údaráis áitiúil a chur ar fáil, le hobair athbheochana agus athchóiriúcháin, le cóiríocht do dhaoine den Lucht Siúil, le tithíocht dheonach agus comharthithíocht, leis an Scéim um Chóiríocht ar Cíos, le deontais d'oiriúnú tithíochta, agus le cóiríocht do dhaoine gan dídean.
- **Seirbhísí Comhshaoil** – Bíonn thart ar 93% den chiste a chuirtear ar fáil do na húdaráis áitiúla ón rialtas láir mar chúnamh i ndáil le seirbhísí comhshaoil dírithe ar infheistíocht sna seirbhísí uisce agus is í an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil den chuid is mó a chuireann an ciste sin ar fáil. Tagann fuílleach an chiste i ndáil le seirbhísí comhshaoil ón Roinn Gnóthaí Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta, ón gCiste Rialtais Áitiúil agus ón gCiste Comhshaoil.

- **Feabhsú Bóithre agus a gCothabháil** – Is ar an Údarás um Bóithre Náisiúnta (NRA), a oibríonn faoi choimirce na Roinne Iompair, Turasóireachta agus Spóirt, a leagtar an cúram maidir le feabhsú na mbóithre náisiúnta agus a gcothabháil. Is iondúil maidir le tionscadail an Údaráis a thabhairt i gcrích go n-úsáidtear na húdaráis áitiúla mar ghníomhairí agus gur tríothu a dhéantar caiteachas an Údaráis. Déantar leithdháileadh ar airgead ón gCiste Rialtais Áitiúil leis an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt maidir le bóithre réigiúnacha agus bóithre áitiúla a choinneáil i gcaoi mhaith. Íocann an Roinn sin deontais i ndáil leis an obair sin leis an NRA agus leis na húdaráis áitiúla ag an Roinn sin ina dhiaidh sin. Tá athbhreithniú ar gnéithe den riarachán i leith an airgid sin i gCaibidil 27.
- **Seirbhísí Oideachais** – Íocann an Roinn Oideachais agus Scileanna ar ais an costas a bhaineann le deontais ardoideachais a thugann na húdaráis áitiúla. Íocann an Roinn ar ais leis na húdaráis áitiúla chomh maith an costas a théann le sochair aoisliúntais a chur ar fáil don lucht foirne atá imithe ar pinsean ó na Coistí Gairmoideachais agus ó na hInstitiúidí Teicneolaíochta ar comhaltaí iad i Scéim Aoisliúntais na Múinteoirí Gairmoideachais nó i Scéim Aoisliúntais na hEarnála Oideachais faoi seach.
- **Seirbhísí Fóillíochta agus Seirbhísí Áitiúla Eile** – Is é atá i gceist leis seo ciste ón rialtas láir maidir le seirbhísí de chuid an údaráis áitiúil, mar shampla seirbhísí leabharlannaíochta agus cartlannaíochta, obair thógála agus obair chothabhála ar linnte snámha agus tionscadail eile maidir le cúrsaí taitneamhachta poiblí agus cúrsaí cultúir, chomh maith le seirbhísí dóiteáin agus seirbhísí éigeandála, agus seirbhísí dóibh siúd atá faoi mhíchumas.
- **Deontais Chuspóirí Ginearálta** – Cuireann an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais áitiúil, tríd an gCiste Rialtais Áitiúil, ranníocaíocht ar fáil do na húdaráis áitiúla chun cuidiú leo an t-easnamh idir an t-ioncam atá acu ó fhoinsí eile agus costas na seirbhísí áitiúla a chuireann siad ar fáil, a thabhairt isteach.

22.10 Tugtar briseadh síos níos mine i bhFíor 107 ar an aistriú cistí go dtí na húdaráis áitiúla i ndáil leis na blianta 2007, 2008, 2009 agus 2010, agus luaitear an clár agus na scéimeanna a raibh cúnamh á thabhairt ina leith chomh maith. Is léir uaidh seo gur le feabhsú bóithre agus le hobair chothabhála ar bhóithre a bhain beagán le cois aon trian den soláthar iomlán. Ba maidir le cúrsaí tithíochta agus le cláir athnuachan bailte a cuireadh beagán faoi bhun an ceathrú cuid ar fáil. Maoiniú i ndáil le cuspóirí ginearálta a bhí i gceist le 17% den tsuim a cuireadh ar fáil.

Conclúid – Cistí ón Rialtas Láir do na hÚdaráis Áitiúla

Bhí sreabhadh cistí dar luach beagnach €5.5 billiún in aghaidh na bliana ó fhoinsí de chuid an Rialtais láir go dtí na húdaráis áitiúla sa tréimhse 2007 – 2009. Is ionann an €4.5 billiún a cuireadh ar fáil in 2010 agus laghdú 22% i gcomparáid le leibhéal 2008 agus 15% i gcomparáid le 2009.

Fíor 107 Aistriú ón rialtas láir go dtí na húdaráis áitiúla, de réir an chláir caiteachais, 2007 – 2010

Aicme Caiteachais	2007 €m	2008 €m	2009 €m	2010 €m
Tithíocht agus athnuachan bailte				
Thithíocht shóisialta a chur ar fáil	1,382	1,571	1,297	961
Tithíocht incheannaithe etc.	64	89	94	84
Cúnamh eile maidir le tithíocht	6	7	4	6
Athnuachan bailte	20	5	1	0
	1,472	**1,672**	**1,396**	**1,051**
Seirbhísí comhshaoil				
Seirbhísí uisce agus seirbhísí sláintíochta	529	544	558	535
Bainistíocht ar chúrsaí dramhaíola	28	27	8	11
Athchúrsáil	12	22	14	14
Bearta eile comhshaoil	11	15	29	16
	580	**608**	**609**	**576**
Feabhsú bóithre agus cothabháil bóithre				
Bóithre náisiúnta	1,476	1,374	1,488	1,166
Bóithre Nach Bóithre Náisiúnta	623	616	455	412
	2,099	**1,990**	**1,943**	**1,578**
Seirbhísí oideachais				
Deontais ardoideachais	126	137	160	172
Aoisliúntas fhoireann ar scor	146	164	219	217
	272	**301**	**379**	**389**
Seirbhísí fóillíochta agus seirbhísí áitiúla eile				
Linnte snámha	25	20	11	3
Seirbhís leabharlannaíochta	17	15	9	6
Deontais spóirt, ionaid spraoi agus tionscadail cultúir	9	7	10	21
Seirbhísí dóiteáin agus seirbhísí éigeandála	24	24	20	19
Seirbhísí oidhreachta (an oidhreacht ailtireachta)	7	8	6	5
Seirbhísí do dhaoine faoi mhíchumas	15	15	12	7
Seirbhísí caipitil ilghnéitheacha	19	31	2	12
Seirbhísí ilghnéitheacha	15	20	6	6
	131	**140**	**76**	**80**
Deontais chuspóirí ginearálta[a]	948	999	850	777
Iomlán an chiste a cuireadh ar fáil do na húdaráis áitiúla	**5,502**	**5,710**	**5,253**	**4,451**

Foinse: OCAG Tuarascáil Bhliantúil 2009, An Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil, An Roinn Oideachais agus Scileanna, an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt, An Roinn Ealaíne, Oidhreachta agus Gaeltachta, an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige.

Nóta: a Áirítear ann maoiniú i ndáil le fíor dhroch-aimsir i 2009 agus 2010.

Éifeachtúlacht maidir le Seirbhísí Uisce

22.11 Cuireann an Roinn Comhaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil maoiniú ar fáil faoi dhá chlár maidir leis an infrastruchtúr don soláthar uisce óil a chur ar fáil. Tagann scéimeanna móra soláthar uisce i gceist le Clár Infheistíochta na Seirbhísí Uisce (WSIP) ar clár rollach trí bliana atá ann. Bíonn na scéimeanna sin dírithe ar limistéir uirbeacha le dlús mór daonra. Is trí Chláir Uisce Tuaithe (RWP), ar cláir aon bhliain amháin iad, a chuirtear an chuid is mó den airgead maidir le hobair thógála ar ghrúpscéimeanna uisce agus ar scéimeanna beaga poiblí i gceantair tuaithe ar fáil.

22.12 Rinneadh infheistíocht ar €5.2 billiún d'acmhainní an Státchiste i rith na mblianta 2000 – 2010 maidir le hinfrastruchtúr na seirbhísí uisce a fheabhsú nó le hinfrastruchtúr nua a chur ar fáil. Caitheadh €4.2 billiún de sin ar an WSIP agus caitheadh €0.99 billiún ar an RWP. Bhí infheistíocht os cionn €1 billiún ar sholáthar uisce poiblí agus €168 milliún i gcaomhnú uisce i gceist leis an infheistíocht iomlán[195]. Tá dhá thascaire mórthábhachta a bhaineann le héifeachtúlacht an chaiteachais ar an soláthar uisce agus ar chaomhnú uisce

- cáilíocht an uisce óil
- an oiread den uisce a dtugtar cóireáil air a thagann chomh fada leis an tomhaltóir.

Táscairí maidir le Cáilíocht an Uisce

22.13 Déantar cúrsaí feidhmiúcháin na n-údarás áitiúil maidir le huisce ar dhea-chaighdeán a chur ar fáil a mheas de réir an chéatadáin den uisce i limistéar an údaráis áitiúil a ndéantar sampláil air atá ag teacht leis na coinníollacha faoin reachtaíocht. Tugann an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (EPA) tuairisc phoiblí ar thorthaí na monatóireachta ar cháilíocht an uisce a dhéanann na húdaráis áitiúla.

22.14 Tá moill shuntasach ar thuairisc a thabhairt ar thorthaí na monatóireachta ar cháilíocht an uisce agus níor tugadh aon tuairisc ar thorthaí na bliana 2009 go dtí seo. Bíonn an Bord Seirbhísí Bainistíochta Rialtais Áitiúil (LGMSB) a dhéanann an fhaisnéis a thiomsú ag brath ar an EPA leis na sonraí a chur ar fáil ionas gur féidir na táscairí a thabhairt. Bíonn an EPA ag brath ar na húdaráis áitiúla na sonraí ón monatóireacht a chur faoi bhráid go tráthúil agus ní mór don EPA chomh maith na sonraí a dheimhniú sula gcuirtear ar aghaidh chuid an LGMSB iad. Leagtar amach i bhFíor 108 na táscairí maidir le cáilíocht an uisce i ndáil leis na blianta 2004 – 2008.

22.15 Ní raibh sonraí na dtástálacha i rith na bliana 2009 ar fáil in am lena bhfoilsiú i dTuarascáil an EPA i leith na bliana sin (Feabhra 2011) agus dá bharr sin níl siad luaite san fhoilseachán sin. Bhí teacht ar na sonraí faoi dheireadh mí Feabhra 2011, áfach. Rinne m'oifigse, i gcomhar leis an LGMSB, an ríomh maidir leis an bpríomhtháscaire - an meánluach airmheáin - maidir leis an mbliain 2009. Is léir ón toradh 99.06% i ndáil leis an soláthar uisce poiblí agus toradh 97.10% i ndáil leis an soláthar uisce príobháideach dul i bhfeabhas maidir leis an soláthar uisce poiblí agus leis an soláthar uisce príobháideach araon i gcomórtas leis an mbliain 2008.

22.16 Tá deimhnithe ag an LGMSB go bhfuil i gceist táscairí na bliana 2010 a lua i dtuarascáil na bliana 2010 (ach na sonraí a bheith ar fáil). Ní bheidh tuairisc á tabhairt ag an mBord ar shonraí na bliana 2009.

---

[195] Áirítear ar an gcaiteachas WSIP €889 milliún a bhain leis an earnáil ghrúpuisce faoin clár uisce tuaithe, go príomha.

Fíor 108 An Comhlíonadh Cáilíochta maidir leis an Soláthar Uisce 2004 – 2008

		2004	2005	2006	2007	2008	Athrú Glan 2004 - 2008
		%	%	%	%	%	%
Soláthar uisce poiblí							
Meánluach airmheáin		97.60	97.88	98.00	97.94	97.67	+ 0.07
Réimse an 25% uachtair	**Ó**	99.60	99.35	99.40	99.56	99.39	- 0.21
	Go dtí	99.03	98.84	98.78	98.79	98.79	- 0.24
Réimse an 25% íochtair	**Ó**	96.20	96.40	96.63	96.95	96.87	+ 0.67
	Go dtí	89.50	94.80	95.00	95.02	93.44	+ 3.94
Soláthar uisce príobháideach							
		2004	**2005**	**2006**	**2007**	**2008**	**Athrú Glan 2004 - 2008**
Meánluach airmheáin		92.70	92.75	93.59	95.00	94.99	+ 2.29
Réimse an 25% uachtair	**Ó**	98.10	99.47	99.38	99.32	98.69	+ 0.59
	Go dtí	95.20	97.14	96.21	96.11	96.24	+ 1.04
Réimse an 25% íochtair	**Ó**	89.30	88.46	90.81	91.04	91.89	+ 2.59
	Go dtí	84.50	81.46	80.00	85.87	88.10	+ 3.60

Foinse: Tuarascálacha an LGMSB ar Thráscairí maidir le Seirbhísí 2004 - 2008.

Conclúid – Cáilíocht an Uisce

Is den tábhacht go mbeadh tuairisc á tabhairt ar fhaisnéis faoin leibhéal feidhmiúcháin gach bliain go seasta ionas go mbíonn lón eolais ar fáil chun cinntí a dhéanamh agus súil a choinneáil ar phátrúin. Ba den tairbhe athbhreithniú a dhéanamh ar an modh oibre maidir leis an bhfaisnéis a thiomsú ionas go gcinntítear gur féidir an ríomh ar na táscairí a dhéanamh go tráthúil.

Éifeachtúlacht maidir leis an gCóras Soláthair

22.17 Is de thréithe gach córas dáiliúcháin uisce go dtéann uisce amú. Tá Uisce gan Tásc (UFW) mar shlat tomhais chun tuairisc a choinneáil ar an dul amú. Is é an difríocht é idir an ‘táirgeacht glan’ is ionann agus toirt an uisce a chuirtear ar fáil sa chóras agus an 't-ídiúchán' arna lua de réir thoirt an uisce ar féidir a áireamh go ndearnadh le fírinne a ídiú.

22.18 Luaitear i bhFíor 109 an UFW mar chéatadán de thoirt glan an uisce a soláthraíodh sa bhliain 2008 agus sa bhliain 2009. Leagtar amach an meánleibhéal feidhmiúcháin náisiúnta agus an réimse leibhéil i measc na n-údarás áitiúil ar fad. Tugtar na sonraí maidir le UFW i ndáil le gach comhairle contae agus comhairle cathrach i leith na mblianta sin in Iarscríbhinn A.

Fíor 109 Uisce gan Tásc (UFW) mar chéatadán den soláthar uisce, 2008 – 2009

	2008 %	2009 %
An ráta UFW ab Airde	58.60	58.50
An ráta UFW ab Ísle	16.83	21.45
An Meánráta UFW	41.20	41.48

Foinse: Tuarascálacha an LGMSB ar Thascairí maidir le Seirbhísí 2008, 2009

22.19 Tríd is tríd, bhí an céatadán UFW i rith na bliana 2009 isteach is amach le 41.48% ar an meán, ardú beag i gcomórtas leis an mbliain 2008 (41.20%). Bhí 17 den 34 údarás ar tháinig feabhas ar an ráta ina leith i rith na bliana 2009, an feabhas ba shuntasaí i gcás Mhuineacháin, mar ar tháinig ísliú 27% ar an gcéatadán den uisce a chuaigh amú, i gcás an Chábháin, mar ar tharla ísliú 18%, agus i gcás Chill Chainnigh, mar ar tharla ísliú 15%. Tharla dul chun donais maidir le UFW i gcás an 17 údarás eile, agus tuairisc ó Chomhairle Chontae Luimnigh go ndeachaigh 35% amú, ardú ó 17% sa bhliain 2008. Bhí tuairisc ar mhéadú suntasach ar sceitheadh ó Chomhairle Chontae Fhine Gall, ó Chomhairle Cathrach Luimnigh agus ó Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath sa bhliain 2009 seachas mar a tharla sa bhliain 2008, 27%, 22% agus 20% faoi seach.

Costas Uisce gan Tásc

22.20 Tá costas suntasach ag gabháil le UFW i gcás na n-údarás áitiúil. Ó tharla nach ndéanann an LGMSB faisnéis faoi tháirgeacht uisce agus na costais a ghabhann leis a thiomsú, áfach, ní bhíonn sonraí ina leith sin ar fáil sa Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil. Mar sin, ní féidir meastachán reatha a thabhairt sa tuarascáil seo maidir leis an gcostas atá ag gabháil leis an UFW faoi láthair.

22.21 Ba léir ó iniúchadh dírithe ar luach an airgid i ndáil le táirgeacht uisce agus dáiliúchán uisce a rinneadh i lár na 1990aidí go raibh réimse costais idir €0.14 agus €0.39 in aghaidh an mhéadair chiúbaigh ag baint leis an uisce a cuireadh ar fáil[196]. Ba é a toradh an scrúdaithe go raibh leibhéal iomlán an uisce a chuaigh le sruth i gcás na n-údarás a ndearnadh suirbhé ina leith ag an am idir 27% agus 40% d'iomlán an uisce a cuireadh ar fáil.

22.22 Meastacháin a bhí sna torthaí, cé gur táscach freisin iad, de bharr nach raibh sé de chumas ag ceann ar bith de na húdaráis ar cuireadh an scrúdú luach ar airgead orthu an leibhéal foriomlán an uisce a chuaigh le sruth a thomhas go cruinn.

22.23 Bunaithe ar a thorthaí, ba é a tuairiscíodh tar éis an iniúchta sin go raibh costas táirgeachta measta in aghaidh na bliana de tuairim is €3.5 milliún leis an uisce a chuaigh amú mar gheall ar sceitheadh i ndáil leis na cúig cinn d'údaráis áitiúla a tugadh faoi athbhreithniú an tráth sin. Ar an Treoir Praghasanna do Thomhaltóirí a chur i bhfeidhm ar an bhfigiúr sin, is ionann an costas sa lá atá inniu ann agus tuairim is €5.3 milliún.

---

196 'Táirgeadh agus Dáileadh Uisce', tuarascáil de chuid Sheirbhís Iniúchta an Rialtais Áitiúil lenar bhain athbhreithniú ar na córais uisce agus moltaí i ndáil le bainistíocht níos fearr. Is leis an mbliain airgeadais 1995 den chuid is mó a bhaineann na sonraí sa tuarascáil sin.

22.24 Ó tharla nach bhfuil sceitheadh ach gné amháin den dul amú a bhaineann le UFW, is cosúil ón tuairisc atá na húdaráis áitiúla a thabhairt ar an méid uisce atá ag dul amú faoi láthair gur beag feabhas, más feabhas ar bith é, atá tagtha ar an gcás in ainneoin infheistíocht shuntasach a rinne an Stát sna seirbhísí uisce idir an dá linn.

Tuairimí an Oifigigh Chuntasaíochta

22.25 Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta in iúl dom gur tugadh faoi iniúchadh cuimsitheach náisiúnta maidir le cúrsaí uisce i ngach ionad uirbeach ina bhfuil daonra is mó ná 5,000 duine tríd an Staidéar Náisiúnta Uisce (arna eagrú faoin bhFochlár Náisiúnta maidir le Caomhnú Uisce ar cuireadh tús leis sa bhliain 1996), d'fhonn géire na bhfadhbanna maidir le UGT agus sceitheadh uisce ar fud na tíre a shocrú. Scrúdaíodh mar chuid den Staidéar Náisiúnta Uisce cé na cúiseanna a bhí le UGT agus leagadh amach lón comhairle d'fhonn na leibhéil UGT a mhaolú.

22.26 Ag eascairt ó thorthaí an Staidéir Náisiúnta Uisce agus scéimeanna píolótacha chun uisce a chaomhnú a cuireadh ar bun sna príomhionaid uirbeacha, Baile Átha Cliath, Corcaigh, Gaillimh, Port Láirge agus Luimneach, tugadh isteach straitéisí agus cláir feidhmiúcháin maidir le huisce a chaomhnú agus tugadh iad sin i bhfeidhm ar fud na tíre ón mbliain 2003 i leith.

22.27 Trí Chlár Caomhnúcháin Uisce Réigiún Bhaile Átha Cliath, a cuireadh i gcrích idir na blianta 1998 agus 2002 mar cheann de na scéimeanna píolótacha faoin bhFochlár Náisiúnta maidir le Caomhnú Uisce, íslíodh an leibhéal sceite réigiúnach ó 42% go dtí 28%. Bíonn leibhéal 30% ar an meán le UFW i réigiún Bhaile Átha Cliath faoi seo agus tá sin ar cheann de na leibhéil is ísle ar fud na tíre ar fad.

22.28 Ó cuireadh tús leis an bhfo-chlár caomhnaithe uisce, tá infheistíocht shuntasach déanta sa bhonneagar bunúsach do bhainistiú uisce, lena n-áirítear méadracht a dhéanamh ar an ionchur soláthair. Rinneadh an mhodheolaíocht a chaighdeánú, chomh maith. Ag eascairt as sin, tá cruinneas sna figiúirí tuairiscithe anois nach raibh ag na figiúirí a tuairiscíodh san am atá caite.

22.29 Mar shampla, mheas Staidéar Straitéiseach ar Sholáthar Uisce Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath (1996) gur cailleadh 44% den ionchur iomlán; luadh 39% den chaillteanas le caillteanais dáilte agus 5% le caillteanais custaiméara. Nuair a rinneadh seiceáil agus uasghrádú ar an gcóras méadrachta i rith an tionscadail caomhnaithe uisce (thart ar 2000), fuarthas go raibh an léamh méadair bunaidh do shreabhadh isteach sa soláthar mícheart, agus go raibh na caillteanais níos airde ná mar a measadh ar dtús (an meastachán ceart don tráth sin ná 42% caillteanais dáilte agus 47% ar an iomlán). D'ainneoin gur measadh go raibh infreastruchtúr bulcmhéadraithe Réigiún Bhaile Átha Cliath iontaofa an tráth sin, fuarthas go raibh roinnt míchruinnis ann a cuireadh ina cheart ina dhiaidh sin.

22.30 I dtéarmaí comparáide, thug an tOifigeach Cuntasaíochta le fios gur soláthar thar a bheith suntasach é soláthar Bhaile Átha Cliath, a fhreastalaíonn ar thart ar aon trian de dhaonra na tíre. Dá bharr sin, ní mór don laghdú ar chaillteanas dáilte ó 42% go 30% i réigiún soláthair Bhaile Átha Cliath tionchar dearfach a bheith aige ar an meánlaghdú náisiúnta (agus is é an figiúr ceartaithe do Réigiún Bhaile Átha Cliath ó 1995/96 is mó a thugann léiriú iontaofa ar chúrsaí ag an am).

22.31 Tuairim eile a nocht an tOifigeach Cuntasaíochta ná go n-éireoidh cúrsaí sceite níos measa de réir mar a thiocfaidh aois ar na sócmhainní, mura ndéanfar infheistíocht. Bíonn gá le léibhéal áirithe infheistíochta fiú chun cúrsaí a choimeád mar atá.

22.32 Luaigh an tOifigeach Cuntasaíochta gur i ndáil le córais bainistíochta uisce is mó a rinneadh infheistíocht taobh amuigh de Bhaile Átha Cliath agus cé go raibh tairbhe as sin maidir le tabhairt faoin sceitheadh, is é a bhí i gceist dáiríre go raibh bonn curtha faoin infheistíocht níos géire a bhí á thabhairt isteach i ndáil le hathshlánú na bpríomhchóras faoi WSIP 2010 - 2012. Dúradh go raibh de thairbhe ón infheistíocht sin i gcórais bainistíochta uisce go raibh éifeachtúlacht níos fearr ag baint leis an gcóras soláthair, rud ba léir ó dhá gheimhreadh lenar bhain fíor-dhrochaimsir agus tuilte i gCorcaigh nuair is fearr a bhí ar chumas na n-údarás ciondáileadh a dhéanamh ar an soláthar agus an soláthar a chur ar ais ar fáil ná mar a bheadh deich mbliana roimhe sin.

22.33 Dúirt an tOifigeach Cuntasaíochta chomh maith gur léiríodh an gá díriú ar chaomhnú uisce trí tháscairí seirbhíse a thabhairt chun cinn, oiliúint a chur ar dhaoine maidir le huisce a chaomhnú, lón treorach a thabhairt chun cinn agus oibriú le Cumann na mBainisteoirí Contae agus Cathrach chun caomhchóiriú a dhéanamh maidir leis na modhanna oibre ina leith seo agus dlús a chur leis an dul chun cinn.

Conclúid – Éifeachtúlacht an Chórais Soláthair

Tagann UFW i gceist toisc fachtóirí mar sceitheadh, droch-cheangal seirbhísí, earráidí méadrachta agus tosca eile. Is cosúil go bhfuil na meánleibhéil UFW in Éirinn ar leibhéal 20% atá dhá oiread meánleibhéal an OECP. Cé nach mór a bheith sách cúramach agus torthaí scrúdú teoranata ar sceitheadh uisce a rinneadh breis agus 15 bliain ó shin, d'fhéadfadh an dul amú faoi láthair, in go leor údarás áitiúil, a bheith chomh hard céanna ná mar a bhí i lár na 1990idí, ainneoin níos mó ná €1 billiún a infheistiú sa soláthar uisce agus i gcaomhnú uisce le deich mbliana anuas.

I bhfianaise an chostais a d'fhéadfadh a bheith ag baint le UFW, is den riachtanas go ndéantar athbhreithniú ar na tosca is cúis le UFW agus ar na straitéisí agus ar na cláir oibre atá á gcur i bhfeidhm ionas go ndírítear isteach ar na bunchúiseanna atá leis an bhfadhb.

Airgeadas maidir le Cúrsaí Tithíochta

22.34 Cuireadh an Ghníomhaireacht Airgeadais do Thithe (HFA) ar bun chun airgead do chúrsaí tithíochta a chur ar fáil do na húdaráis áitiúla, airgead san áireamh chun talamh a cheannach ar a ndéanfadh na húdaráis forbraíocht maidir le tithíocht shóisialta agus tithíocht incheannaithe.

22.35 Is é feidhm atá leis an nGníomhaireacht airgead iasachta a chur ar fáil do na húdaráis áitiúla agus d'earnáil na tithíochta deonaí lena úsáid chun críche ar bith a dtugtar údarás chuige sin faoi na hAchtanna Tithíochta, 1966 – 2009.

22.36 Ní raibh ar chumas an HFA cistí airgeadais a fháil ar na margaí idirnáisiúnta i rith na bliana 2010. Is í Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (NTMA) an phríomhfhoinse cistí aici anois.

Iasachtaí a thug an Ghníomhaireacht Náisiúnta do Thithe

22.37 I ndáil le tionscadail forbraíochta, ba é an córas cistíochta a bhíodh leagtha amach go mbeadh cistí á dtabhairt ar iasacht do na húdaráis áitiúla ar feadh téarma cúig bhliana ar bhonn úis amháin nó ar ús cuachta. Glacadh leis go coitianta go mbeadh an obair thógála maidir leis an togra sin déanta ag an údarás taobh istigh den tréimhse cúig bhliana, an costas (an costas maidir leis iasacht a fhuascailt san áireamh) tugtha isteach ón Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil (i ndáil le tionscadail tithíochta sóisialta), nó ó chistí a fuasclaíodh trí dhíolachán le ceannaitheoirí nó ó mheascán den dá fhoinse. B'ionann luach iomlán na n-iasachtaí a bhí ag seasamh amach ar na leabhar iasachtaí ag deireadh mhí na Nollag 2010 agus €4.44 billiún[197].

Fíor 110 HFA, iarmhéid na n-iasachtaí atá ag seasamh amach, Mí na Nollag 2010

Iasachtaí	**€'000**
Iasachtaí a ceadaíodh roimh an 27 Bealtaine 1986	20,814
Iasachtaí a ceadaíodh ón 27 Bealtaine 1986 i leith	4,428,123
Iomlán	**4,448,937**

Foinse: Tuarascáil Bhliantúil an HFA 2010

Fiachas na nÚdarás Áitiúil

22.38 B'ionann luach iomlán na n-iasachtaí bhí tugtha ag an HFA faoin 31 Nollaig 2010 agus €4.44 billiún[198]. Áirítear leis sin iasachtaí a tugadh d'údaráis áitiúla chun talamh a cheannach do thithíocht sóisialta agus do thithe incheannaithe. B'ionann iomlán na suimeanna a bhí gan íoc ag na húdaráis áitiúla i ndáil leis an dá aicme sin ar an 31 Nollaig 2010 agus €563 milliún, ar bhain €421.9 milliún le tithíocht shóisialta agus €140.6 milliún le tithíocht incheannaithe.

Iasachtaí chun Talamh a Cheannach

22.39 Idir an bhliain 1999 agus an bhliain 2010, thóg na húdaráis áitiúla iasachtaí dar luach €796 milliún ón HFA maidir le ceannach talún agus bhí €563 milliún fós le teacht in aibíocht amhail an 31 Nollaig 2010.

22.40 Mar gheall gur tharla laghdú ar an éileamh ar thithe incheannaithe agus mar gheall ar an ngluaiseacht i dtreo cineálacha níos solúbtha de thithíocht shóisialta a sheachadadh trí stoc cónaithe a bhí ann cheana féin a úsáid, meastar nach dócha go bhforbrófar an talamh uile atá i seilbh údaráis áitiúla sa ghearrtéarma agus sa meántéarma.

---

197 Bhí iasachtaí a ceadaíodh roimh an mbliain 1986 agus ó shin i leith chomh maith san áireamh leis seo. Rangaítear na hiasachtaí le húdaráis áitiúlta de réir na n-iasachtaí a ceadaíodh roimh an 27 Bealtaine 1986 agus na n-iasachtaí a ceadaíodh ina dhiaidh sin mar go gceanglaítear baol creidmheasa éagsúil leis an dá chineála. Baineann mórchuid mhór na n-iasachtaí leis an am ó 1986 i leith.

198 Tuarascáil Bhliantúil an HFA 2010

22.41 I mí na Samhna 2009 mhol an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil don Roinn Airgeadais go ndéanfaí, i bhfianaise na faidhbe a bhí ag teacht chun cinn i ndáil le hiasachtaí de chuid an HFA a thóg na húdaráis tithíochta maidir le talamh a cheannach a bheith ag teacht in aibíocht, córas a chur ar bun chun réiteach a fháil ar an leibhéal ard iasachtaí den sórt sin a bhí ag údaráis áitiúla. Bhí i gceist sin a dhéanamh trí Scéim Chomhiomlánaithe Talún lena mbainfeadh na príomhthréithe seo a leanas:

- Iasachtaí a tháinig in aibíocht nó a bhí ag teacht in aibíocht sa bhliain 2009 agus sa bhliain 2010 a ligean chun atrátha isteach sa bhliain 2011 - bhí luach €277 milliún d'iasachtaí den chineál sin ann.
- Na tailte a bhí i seilbh gach údaráis áitiúil a shonrú agus a mhapáil, an dóigh go ndéanfadh an t-údarás áitiúil lenar bhain forbraíocht nó diúscairt ar an talamh nó leas eile a bhaint as a mheas - thabharfadh an Ghníomhaireacht Foirgníochta Náisiúnta (NBA) a bhí le slánchóiriú leis an nGníomhaireacht um Thithíocht agus Pobail Inbhuanaithe (HSCA) faoi sin.
- Tús a chur le modh oibre ilbhlianta i ndáil le fuílleach na n-iasachtaí a scaoileadh le ciste €25 milliún sa bhliain 2010 agus tuairim is €50 milliún in aghaidh na bliana ina dhiaidh sin. Chonacthas gur dócha go leanfadh an próiseas sin ar aghaidh níos faide go maith ná an bhliain 2016.

22.42 Cheadaigh an Roinn Airgeadais an plean sin i mí Feabhra 2010.

22.43 Is féidir le húdarás áitiúil faoin Scéim, ach aontú na Roinne Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil leis, tailte cónaithe a bhfuil iasachtaí ón HFA gan íoc ina leith a aistriú go dtí gníomhaireacht nua nuair a thagann an tráth a mbeadh na hiasachtaí le fuascailt agus ar an mbunús nach ann d'aon phlean gearrthéarmach ná meántéarmach maidir le forbraíocht a dhéanamh ar an talamh.

Gníomhaireacht Nua a Bhunú

22.44 Bunaíodh cuideachta theoranta, Housing and Sustainable Communities Ltd (HSC Ltd), mar fhochuieachta de chuid na NBA. Déanann an chuideachta sin bainistíocht i ndáil leis an talamh a aistríonn údaráis áitiúla chuici faoin Scéim Comhiomlánaithe Talún. Tá leagtha amach aon ghníomhaireacht tithíochta amháin a bhunú i ndeireadh báire - an Ghníomhaireacht um Thithíocht agus Pobail Inbhuanaithe agus feidhmeanna an NBA, na Comhpháirtíochta Tithíochta Incheannaithe agus an Ionaid don Taighde faoi Thithíocht a thabhairt isteach faoina scáth.

22.45 Sa chás go mbíonn talamh le haistriú go dtí HSC Ltd tá i gceist go ndéanfaidh an t-údarás áitiúil iasacht an HFA a fhuascailt le cistí vótáilte sula ndéantar an t-aistriú. Leagtar an fhreagracht maidir le bainistíocht agus cothabháil i ndáil leis an talamh a aistrítear ar HSC Ltd faoin scéim. Cuirfidh an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil ar fáil an tsuim chaipitil iomlán a fuarthas ar iasacht ón HFA maille leis an ús atá cuachta leis an iasacht.

22.46 Bhí iarratais curtha chuig an Roinn ag na húdaráis áitiúla faoi mhí Bealtaine 2011 i ndáil le haistriú talún i gcás 100 suíomh. Maidir le luach na n-iasachtaí, bhí luach iomlán €210 milliún ag gabháil leis na hiarratais seo a bhain le 337 heicteár talún. Bhí dhá shuíomh eile ar mhol an NBA go ndéanfaí a aistriú a raibh luach €4.2 milliún iasachtaí ag gabháil leo agus achar 5.5 heicteár.

22.47 Ar an 20 Bealtaine 2011, bhí cead tugtha agus íocaíocht déanta ag an Roinn i ndáil le luach beagán le cois €63 milliún de shócmhainní iasachta, lena n-áirítear €170,300 i ndáil le costais riaracháin maidir le haon cheann agus fiche de na suíomhanna. Tá cead tugtha maidir le dhá shuíomh eile, lena mbaineann luach iasachtaí €8.5 milliún agus iad curtha ar liosta go dtí go mbíonn ciste ar fáil lena n-aghaidh.

22.48 Tá ceithre cinn de shuíomhanna a aistríodh go dtí an ghníomhaireacht nua a bhfuil úinéireacht iomlán glactha ag an ngníomhaireacht ar an maoin a bhaineann leo. Maidir leis an 17 suíomh eile, tá fuascailt déanta ar na hiasachtaí ón HFA agus táthar i mbun an phróisis maidir le haistriú na talún. Ar an talamh a aistriú, tá dlite ar an ngníomhaireacht tuarascáil a ullmhú agus straitéis a chur i bhfeidhm maidir le bainistíocht na talún, úsáid na talún agus forbraíocht ar an talamh in am tráth.

Conclúid – Iasachtaí maidir le Ceannach Talún agus Tithíocht Incheannaithe

Tá €562 milliún le híoc ag na húdaráis áitiúla leis an HFA i ndáil le hiasachtaí maidir le talamh a cheannach agus le tithíocht. Tá cuid mhór den infheistíocht nach féidir leas a bhaint as go gearrtéarmach agus tá tús curtha ag an Stát le cistí a chur ar fáil as an vóta don Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil d'fhonn fiachas na n-údarás áitiúil a thabhairt as an áireamh.

Conclúid

Bhí costas €9.2 billiún leis na seirbhísí poiblí a chuir údaráis áitiúla ar fáil sa bhliain 2009. Cuirtear timpeall is 55% den chostas foriomlán ar fáil gach bliain trí aistriú airgid ón Rialtas láir go dtí na húdaráis sin.

I rith na tréimhse 2000 - 2010, cuireadh níos mó ná €2 billiún, nó 40% den chlár infheistíochta iomlán €5.6 billiún sna seirbhísí uisce i rith an ama sin, i leith infheistíocht sa soláthar uisce agus i gcaomhnú uisce. Is cosúil óna léirítear le sampláil a dhéanann na húdaráis áitiúla go bhfuil cáilíocht an uisce sna córais uisce poiblí a bheag nó a mhór gan athrú nó ag feabhsú de bheagán ach is sna scéimeanna uisce príobháideacha is mó atá feabhas le feiceáil. Ina ainneoin sin, tá leibhéal ard uisce poiblí ag dul amú i gcónaí mar gheall ar sceitheadh, droch-cheangal seirbhíse agus earráidí méadrachta. Níl costas chaillteanas den sórt sin, atá dhá oiread meánleibhéal 20% an OECD ríofa go foirmeálta ag na húdaráis áitiúla.

D'fhág cúinsí eacnamaíochta mar atá siad gur ghá don Rialtas beart a dhéanamh agus an bealach a réiteach d'aisíoc dea-rialta ar iasachtaí a bhí ag na húdaráis áitiúla maidir le talamh do thithe a cheannach agus, i ndeireadh báire, críoch a chur leis na hiasachtaí sin. B'ionann luach iomlán na n-iasachtaí a bhí gan íoc ar an 31 Nollaig 2010 agus €562 milliún. Tá cuideachta theoranta nua curtha ar bun ina mbeidh an mhaoin dílsithe ar na fiacha a ghlanadh ag an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil. Tá beartaithe gníomhaireacht Stáit a bhunú a dtabharfar freagrachtaí na gcomhlachtaí Stáit éagsúla a bhaineann le cúrsaí tithíochta faoina scáth. Idir an dá linn tá cuideachta curtha ar bun chun bainistíocht a dhéanamh i ndáil le maoin atá iomarcach. Cé gur faoi úinéireacht an Aire Airgeadais 100% den chuideachta sin, ní dhéanaimse iniúchóireacht ina leith.

Is dócha go dtarlóidh lagú suntasach ó thaobh airgid de ar na sócmhainní lena mbaineann más faoi úinéireacht na n-údarás áitiúil nó faoi úinéireacht an chomhlachta nua a bhunaigh an Roinn a bhíonn siad.

Is léir gur gá cinntiú go ndéantar an tionchar ar chúrsaí airgeadais a nochtadh go follasach agus próiseas cuntasaíochta a chur ar bun ionas gur féidir le Dáil Éireann maoirseacht a dhéanamh ar an dliteanas suntasach seo atá ináirithe.

Iarscríbhinn A Uisce Gan Tásc mar chéatadán de Thoirt Iomlán an Uisce a Soláthraíodh 2008 – 2009

	2008	2009	+/–	% athraithe
	%	%	%	
Comhairle Chontae Cheatharlaigh	40.00	40.57	-0.57	-1.4
Comhairle Chontae an Chábháin	44.70	36.83	7.87	17.6
Comhairle Chontae an Chláir	35.47	38.11	-2.64	-7.4
Comhairle Cathrach Chorcaí	52.93	51.51	1.42	2.7
Comhairle Chontae Chorcaí	44.40	47.40	-3.00	-6.8
Comhairle Chontae Dhún na nGall	43.34	45.50	-2.16	-5.0
Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath	36.00	43.05	-7.05	-19.6
Comhairle Chontae Dhún Laoghaire Ráth an Dúin	29.00	29.25	-0.25	-0.9
Comhairle Chontae Fhine Gall	21.61	27.35	-5.74	-26.6
Comhairle Cathrach na Gaillimhe	49.12	47.42	1.70	3.5
Comhairle Chontae na Gaillimhe	49.46	47.87	1.59	3.2
Comhairle Chontae Chiarraí	47.98	48.72	-0.74	-1.5
Comhairle Chontae Chill Dara	26.37	26.60	-0.23	-0.9
Comhairle Chontae Chill Chainnigh	56.79	48.22	8.57	15.1
Comhairle Chontae Laoise	32.44	34.10	-1.66	-5.1
Comhairle Chontae Liatroma	36.51	35.69	0.82	2.2
Comhairle Cathrach Luimnigh	47.89	58.50	-10.61	-22.2
Comhairle Chontae Luimnigh	16.83	34.85	-18.02	-107.1
Comhairle Chontae Longfoirt	42.18	45.30	-3.12	-7.4
Comhairle Chontae Lú	44.19	47.14	-2.95	-6.7
Comhairle Chontae Mhaigh Eo	43.00	45.88	-2.88	-6.7
Comhairle Chontae na Mí	47.57	46.64	0.93	2.0
Comhairle Chontae Mhuineacháin	43.27	31.75	11.52	26.6
Comhairle Chontae Thiobraid Árann Thuaidh	49.52	48.18	1.34	2.7
Comhairle Chontae Uíbh Fháilí	50.87	48.84	2.03	4.0
Comhairle Chontae Ros Comáin	58.60	55.59	3.01	5.1
Comhairle Chontae Shligigh	44.12	43.00	1.12	2.5
Comhairle Chontae Bhaile Átha Cliath Theas	19.79	21.45	-1.66	-8.4
Comhairle Chontae Thiobraid Árann Theas	55.43	53.47	1.96	3.5
Comhairle Cathrach Phort Láirge	43.60	46.58	-2.98	-6.8
Comhairle Chontae Phort Láirge	31.83	29.03	2.80	8.8
Comhairle Chontae na hIarmhí	45.74	43.81	1.93	4.2
Comhairle Chontae Loch Garman	38.88	37.44	1.44	3.7
Comhairle Chontae Chill Mhantáin	31.34	24.84	6.50	20.7

Caibidil 23

Fóram Eacnamaíoch Éireannaigh an Domhain

Vóta 28 Gnóthaí Eachtracha

Fóram Eacnamaíoch Éireannaigh an Domhain

23.1 Tionóladh Fóram Eacnamaíoch Éireannaigh an Domhain[199] (an Fóram) ag Farmleigh[200], i mBaile Átha Cliath i mí Mheán Fómhair 2009. D'eagraigh agus bhainistigh an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála (an Roinn), i gcomhar le roinnt ranna Rialtais eile agus gníomhaireachtaí Stáit.

23.2 Bhí an tionscnamh mar chuid de straitéis rannpháirteachais le daoine as Éirinn ina gcónaí thar lear agus daoine de bhunadh na hÉireann. Bhí dhá chuspóir ghinearálta ag an bhFóram.

- an tslí a fhiosrú a bhféadfadh Éireannaigh in Éirinn agus thar lear, agus daoine eile a mbeadh ansuim acu in Éirinn, oibriú le chéile agus cur leis na hiarrachtaí foriomlána a bheadh á ndíriú ar an ngeilleagar a chur ina cheart
- bealaí a scrúdú a bhféadfadh Éireann agus a pobal domhanda caidreamh níos straitéisí a fhorbairt lena chéile, go háirithe san earnáil eacnamaíochta.

23.3 Beartaíodh go gcomhlánódh an Fóram moltaí Athbhreithniú Straitéiseach na hÉireann-na Stáit Aontaithe (arna foilsiú Márta 2009), inar leagadh béim ar chaidreamh na hÉireann leis na Stáit Aontaithe agus inar aithníodh réimsí ina bhfuil poitéinseal le haghaidh comhshochair. Bhí sé ailínithe freisin leis an straitéis le haghaidh athnuachan eacnamaíochta a leagadh amach sa chlár chun an geilleagar a chur ina cheart sa mheántéarma 'Ag Cur le Geilleagar Stuama na hÉireann', atá bunaithe ar choincheap an gheilleagair stuama.

23.4 D'fhreastail tuairim is 200 duine ar an bhFóram. Bhí daoine a roghnaigh líonra misin taidhleoireachta na hÉireann thar lear agus na príomhghníomhaireachtaí Stáit sna hearnálacha eacnamaíochta san áireamh ar na rannpháirtithe. Bhí comhaltaí Rialtais, ard-rúnaithe ranna Rialtaí, Príomh-Oifigigh Feidhmiúcháin gníomhaireachtaí Stáit, chomh maith le daoine ceannródaíocha as na hearnálacha gnó, acadúil agus cultúir in Éirinn i measc na ndaoine a d'fhreastail ar an bhFóram chomh maith.

Béim na Caibidle

Sa chaibidil seo leagtar amach

- an costas a bhain leis an bhFóram a óstáil agus cá háit ar tabhaíodh an muirear
- na socruithe chun torthaí gníomhaíochtaí an Fhóraim a thiontú go gníomhartha ar an talamh faoi ghníomhaireachtaí sainiúla
- tuairimí ginearálta an Oifigigh Chuntasaíochta maidir le toradh an Fhóraim.

23.5 Ba é €330,000 an costas iomlán a bhain leis an bhFóram a thionól agus íocadh €233,000 de sin as an gClár Tacaíochta Eisimirceach i Vóta 28: Gnóthaí eachtracha (Fotheideal C). Íocadh an t-iarmhéid, a bhí comhdhéanta den chuid is mó de chostais fáilteachais agus ragobair foirne, as Fotheideal A den Vóta.

23.6 Leagtar amach príomhghnéithe den chostas i bhFíor 111.

---

199 Tá mionsonraí maidir le struchtúr agus formáid an Fhóraim san áireamh i dtuarascáil an Fhóraim, arna foilsiú ag an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála, agus tá sí ar fáil ar líne ag www.globalirishforum.ie.<0}

200 Is eastát faoi úinéireacht an Stáit é Farmleigh a úsáidtear mar phíomhionad cóiríochta le haghaidh daoine mór le rá a thagann ar cuairt agus le haghaidh cruinnithe ardleibhéil Rialtais.<0}

Fíor 111 Costais an Fóraim

Gné den Chostas	Eisíocaíocht
	€
Costais láithreáin	72,539
Lónadóireacht	61,441
Cóiríocht óstáin	37,700
Ábháir chomhdhála	35,780
Costais Chlosamhairc agus costais ghaolmhara	32,185
Éascú agus modhnóireacht	23,894
Iompar	17,930
Costais láithreáin ghréasáin	15,992
Ilghnéitheach	32,662
Iomlán	**330,123**

Foinse: An Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála

23.7 Luaigh an tOifigeach Cuntasaíochta gur coinníodh costais an Fhóraim chomh híseal agus ab fhéidir. D'íoc na rannpháirtithe as a gcostais taistil féin agus roghnaigh an Roinn cóiríocht a chur ar fáil in ostáin a bhí cóngarach don ionad agus a bhí ar phragas iomaíoch (níos lú ná €100 san oíche ar an meán).

23.8 Rinneadh cáipéisí i ndáil leis na híocaíochtaí thuas a scrúdú ar bhonn samplach le linn an iniúchta. Úsáideadh an maoiniú a scrúdaíodh chun na críocha a beartaíodh dó.

Tograí a Thaifeadadh agus Rianú

23.9 Ba é cuspóir an Fhóraim go príomha na smaointe a phlé agus moltaí a dhéanamh a d'fhéadfaí a chur san áireamh i gceapadh agus riaradh beartas amach anseo. Sa roinn seo, déantar athbhreithniú ar na nithe seo a leanas

- an raibh socruithe ann chun tograí an Fhóraim a ghabháil
- an raibh leibhéal rianaithe réasúnta ann maidir le chomh fada is a cuireadh tograí chun cinn.

23.10 Agus é sin á dhéanamh, glactar leis nach bhfuil sé chomh simplí a chinneadh cé chomh maith is a d'éirigh le tionscnamh ar nós an Fhóraim trí líon na mbeart a chuirtear i bhfeidhm a chomhaireamh. Sonrófar luach an Fhóraim ón leibhéal rannpháirteachais leis na tograí, de réir mar a athbhreithneofar beartais agus mar a mhodhnófar socruithe riaracháin.

23.11 D'áirithigh an Roinn Foras Bainistíochta na hÉireann (IMI)[201] chun aon seisiún déag de ghrúpa oibre eacnamaíochta a éascú agus chun na moltaí agus an méid a bhí le cur acu le cúrsaí a thaifeadadh. Leagtar amach na topaicí a bhreithnigh na grúpaí oibre in Iarscríbhinn A. Chuir an IMI tuairisc achomair faoi bhráid na rannpháirtithe sular chríochnaigh an seimineár.

[201] Is lárionad feidhmiúcháin bainistíochta é an IMI atá tiomanta obair a dhéanamh le bainisteoirí atá i mbun oibre agus a bhfuil sé mar aidhm aige eagraíochtaí níos stuama a thógáil trí fhoghlaim bhainistíochta. <0}

Socruithe Leantacha

23.12 Chuir an Roinn tuairisc maidir le himeachtaí an Fhóraim faoi bhráid an Rialtais i mí Dheireadh Fómhair 2009. Bhí achoimre sa tuairisc den phlé a bhí ar siúl ag gach seisiún iomlánach agus gach plé painéil agus aithníodh ann na príomh-théamaí agus príomh-shaincheisteanna a tharraing rannpháirtithe ar aird ar bhonn athfhillteach. Aithníodh ann 37 tionscnamh gnímh sainiúil don ghearrthéarma agus 22 cuspóir don mheántéarma.

23.13 Agus ábhar na tuairisce breithnithe acu, bhunaigh an Rialtas coiste idir-rannach chun obair an Fhóraim a bhreithniú agus a thabhairt chun cinn. Tugann an coiste tuairisc don Rialtas agus is é Ard-Rúnaí Roinn an Taoisigh cathaoirleach an choiste. Bhí roinnt cruinnithe ag an gcoiste agus tá dhá thuarascáil ar dhul chun cinn curtha ag an gcoiste faoi bhráid an Rialtais, ceann i mí Feabhra 2010 agus an ceann eile i mí Dheireadh Fómhair 2010. Tacaíonn foireann comhordaitheoirí i ranna Rialtais iomchuí le hobair an choiste.

Tionscnaimh Ghearrthéarmacha

23.14 Liostaítear na tionscnaimh a aithníodh a bhfuil an poitéinseal ann iad a chur i ngníomh sa ghearrthéarma in Iarscríbhinn B. Chomhaontaigh an tOifigeach Cuntasaíochta achoimre dá stádas, go dtí Aibreán 2011, a chur ar láithreán gréasáin na Roinne. Cuireadh na tionscnaimh a aithníodh i sé chatagóir ghinearálta

- líonraí a thógáil agus tacú leo
- tionscnaimh oideachasúla agus socrúcháin oibre
- an clár oibre comhshaoil agus an teicneolaíocht ghlas a chur chun cinn
- nuálaíocht a chothú
- tacaíocht le haghaidh gnó
- próifíl idirnáisiúnta na hÉireann a fheabhsú.

23.15 Lorg mé barúlacha an Oifigigh Chuntasaíochta maidir leis an méid a rabhthas ag dul i ngleic leis na téamaí a léirítear thuas.

Líonraí a Thógáil agus Tacú Leo

23.16 D'aithin rannpháirtithe an Fhóraim gá le líonra foirmiúil a bhunú chun a chur ar chumas an phobail Éireannach ar fud an domhain dul i bpáirt leis an Rialtas chun teachtaireachtaí dearfacha a chur chun cinn thar lear agus cuidiú le gnó Éireannach a fhorbairt thar lear. Aithníodh freisin gá le naisc a thógáil leis na daoine sin a raibh cónaí orthu in Éirinn roimhe seo agus a bhí imithe ar ais go dtí a dtír dhúchais.

23.17 Seoladh Líonra Domhanda Éireannach (an Líonra) i Londain i mí Feabhra 2010. Óstáladh cruinnithe réigiúnacha ag leibhéal Aireachta sa Fhrainc, sa Ghearmáin, sa tSín, sna Stáit Aontaithe agus san Astráil. D'óstáil misin thaidhleoireachta de chuid na hÉireann cruinnithe neamhfhoirmiúla freisin i dtíortha éagsúla, lena n-áirítear an Ghearmáin, an Astráil, Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha agus san Airgintín. Chomh maith leis an Líonra, tá gníomhaíocht mhéadaithe ag grúpaí gnó de chuid na hÉireann tuairiscithe ag ambasáidí, lena n-áirítear roinnt líonraí nua i bpríomh-mhargaí. Tá ambasáidí dírithe go háirithe ar líonraí de ghairmithe óga atá bunaithe cheana féin a leathnú, trí theagmháil a dhéanamh le céimithe de chuid na hÉireann sa Bhreatain, sna Stáit Aontaithe agus i dtíortha eile.

23.18 Ba €34,000 an costas a bhain le cruinnithe an Líonra a tionóladh in 2010. Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta in iúl dom gur eagraíodh na himeachtaí Líonra le go dtarlódh siad i gcomhar le tiomantais Aireachta eile, i gcás gach ceann de na cruinnithe Aireachta, agus gur reáchtáladh iad mar chuid de chlár níos leithne. I roinnt cásanna (e.g. sa Fhrainc agus sa Ghearmáin), níor bhain aon chostas breise leo.

23.19 Comhordaíonn rúnaíocht laistigh den Roinn an Líonra agus tá ról lárnach ag ambasadóirí de chuid na hÉireann thar lear trí idirchaidreamh le comhaltaí idirnáisiúnta. Tá trí chuspóir ghinearálta agus idirnasctha ag an Líonra

- ardán a chur ar fáil chun cuidiú leis an Rialtas agus le gníomhaireachtaí Stáit teachtaireachtaí eacnamaíochta, cultúir agus turascóireachta na hÉireann a chur chun cinn i bpríomh-mhargaí
- fóram a chur ar fáil trína bhféadfaidh pearsaí gnó agus cultúir de chuid na hÉireann thar lear idirghníomhú lena chéile, tuairimí a mhalartú agus a choinneáil ar an eolas maidir le príomh-fhorbairtí i mbeartais Rialtais
- fóram a chur ar fáil trína bhféadfaidh comhaltaí tograí a chur chun cinn agus tionscnaimh phraiticiúla a chur i bhfeidhm.

23.20 Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta in iúl dom gur chomhaontaigh breis agus 300 duine ó 37 tír a bheith rannpháirteach sa Líonra Domhanda Éireannach. Luaigh sé go raibh roinnt de na hÉireannaigh agus na daoine a bhfuil nasc acu le hÉireann is mó a bhfuil tionchar acu thar lear rannphairteach sa Líonra agus gur acmhainn fíorluachmhar iad ó thaobh saineolais idirnáisiúnta.

23.21 Bhí go leor cineálacha idirghníomhaíochta le comhaltaí an chéad bhliain ag an Líonra ar an bhfód, idir chruinnithe foirmiúla arna n-óstáil ag Airí nó Ambasadóirí agus phlé neamhfhoirmiúil le comhaltaí Líonra ar shaincheisteanna sainiúla.

23.22 Fuair comhaltaí an Líonra eolas rialta i rith 2010 maidir leis na príomh-fhorbairtí eacnamaíochta in Éirinn trí chumarsáid ríomhphoist ó rúnaíocht an Fhóraim agus trí láithreán gréasáin an Líonra. Thug misiúin mionteagaisc rialta ó bhéal do chomhaltaí. Chuir an t-eolas sin ar chumas comaltaí an Líonra labhairt leis na meáin agus lena bpiaraí i bpríomh-mhargaí faoi ghnéithe dearfacha de gheilleagar na hÉireann.

23.23 Luaigh an tOifigeach Cuntasaíochta go ndeachaigh an tAonad um Éireannaigh thar lear de chuid na Roinne agus misin thaidhleoireachta na hÉireann i mbun athbhreithniú cuimsitheach ar an gcéad bhliain i mbun oibre ag an Líonra ag deireadh 2010. Chonacthas san athbhreithniú, gur chuir an Líonra go mór le cúrsaí i dtrí réimse

- mar ghrúpa comhairleach a bhfuil an-tionchar acu agus a bhfuil an-chumas éascaithe acu
- mar mheicníocht chun eolas lárnach maidir le geilleagar na hÉireann agus forbairtí tábhachtacha eile a scaipeadh
- mar bhealach chun tionscnaimh shainiúla a sheachadadh nó chun cuidiú le tionscnaimh shainiúla a sheachadadh.

23.24 Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta in iúl dom gur scríobh sé chuig Ard-Rúnaithe na ranna Rialtais go léir i mí Eanáir 2001, ag léiriú obair an Líonra Domhanda Éireannach[202] agus á spreagadh chun féachaint ar an Líonra agus ar bhaill an Líonra mar acmhainn atá ar fáil dóibh a d'fhéadfadh a bheith mar chúnamh chun tionscnaimh inspéise a chur chun cinn. D'iarr sé ar Ard-Rúnaithe freisin comhordaitheoirí a ainmniú chun comhordú leanúnach a chinntiú ar fud ranna. Tá na comhordaitheoirí sin ann anois agus tá siad ag comhoibriú chun obair an Líonra Domhanda Éireannach a chur chun cinn.

Tionscnaimh Shainiúla Líonra

D'oibrigh an Líonra le hambasáidí agus le consalachtaí de chuid na hÉireann chun roinnt tionscnamh sainiúil a chur chun cinn

- Bhunaigh comhaltaí an Líonra lonnaithe i Singeapór Ánracht Farmleigh. Leis sin, cuirtear deis ar fáil do suas le 25 rannpháirtí de chuid na hÉireann oibriú ar feadh ceithre mhí le roinnt cuideachtaí éagsúla san Áise agus a bheidh rannpháirteach i gcomhchéim MSc i mBainistiú Gnó Áiseach ón gColáiste Ollscoile, Corcaigh agus Scoil Ghnó Nanyang i Singeapór. Tá an clár ar siúl anois leis an gcéad ghrúpa rannpáirtithe i Singeapór faoi láthair tar éis an chéim tosaigh a chríochnú i gCorcaigh. Tá Grúpa Ceannaireachta Theicneolaíocht na hÉireann (ITLG)[a] in Silicon Valley i mbun scéim socrúcháin do chéimithe a bhunú[b].
- Tá obair déanta ag roinnt ambasáidí agus consalachtaí de chuid na hÉireann le comhaltaí an Líonra agus Fiontraíocht Éireann chun cláir meantóireachta fhoirmiúla a fhorbairt. Tá na cláir sin dírithe ar chuideachtaí de chuid na hÉireann atá ag iarraidh briseadh isteach i margaí áirithe nó a gcuid oibríochtaí sna margaí sin a leathnú agus leis na cláir sin, cuirtear rochtain ar fáil dóibh ar chomhairle agus treoir ó chomhaltaí an Líonra atá lonnaithe sna limistéir sin. Ar bhonn níos neamhfhoirmiúla, tá teagmháil éascaithe idir gníomhaireachtaí Stáit agus comhaltaí aonair de chuid an Líonra ag go leor misean, chomh maith le teagmháil idir comhaltaí agus eagraíochtaí eile mar comhlachais tráchtála áitiúla de chuid na hÉireann.
- Chuidigh comhaltaí de chuid na Líonra leis an Roinn lena cuid iarrachtaí leanúnacha clú na hÉireann a athbhunú. Tá léirmheas dearfach de láidreachtaí na hÉireann a léiriú in agallaimh leis na meáin idirnáisiúnta agus le teagmhálacha gnó príobháideacha san áireamh air sin. Tá rannpháirteachas dearfach den sórt sin i measc comhaltaí aonair ina dtimpeallachtaí gnó féin in ann a bheith an-luachmhar agus in ann an-tionchar a imirt ar chúrsaí. Tá roinnt comhaltaí de chuid an Líonra tagtha le chéile i SAM chun tionscnaimh a chur chun cinn a chomhlánódh obair na hAmbasáide agus consalachtaí sa réimse sin.
- Bhí roinnt comhaltaí de chuid an Líonra lárnach maidir le *Imagine Ireland* a fhorbairt, arb é séasúr bliana Chúltúr Éireann[c] d'ealaíona na hÉireann i Meiriceá é. Le *Imagine Ireland*, cruthóidh breis agus 1,000 ealaíontóir agus léiritheoir de chuid na hÉireann breis agus 400 imeacht feadh 40 Stát de chuid Mheiriceá i rith 2011.

Nótai:: a Tá an ITLG comhdhéanta d'fheidhmeannaigh shinsearacha Gael-Mheiriceanacha, atá lonnaithe in *Silicon Valley*, atá ag tacú le forás agus forbairt cuideachtaí teicneolaíochta lonnaithe in Éirinn agus atá tiomanta a chinntiú go bhfanfaidh Éire mar limistéar straitéisteach infheistíochta agus deiseanna le haghaidh cuideachtaí teicneolaíochta de chuid na Stát Aontaithe.

b Ceapadh Craig Barrett, iar-Uachtarán agus Príomhoifigeach Feidhmiúcháin Intel ina Chathaoirleach ar an ITLG agus féachtar air sin mar fhorbairt dhearfach.

c Is é Cultúr Éireann an ghníomhaireacht Stáit atá freagrach as ealaíona na hÉireann a chur chun cinn ar fud an domhain a oibríonn faoi choimirce an Aire Ealaíon, Oidhreachta agus na Gaeltachta.

202 Bhí an Líonra Domhanda Éireannach ar cheann de thorthaí an Fhóraim agus déantar cur síos níos iomláine air sa chuid eile den chaibidil seo.<0}

Tionscnaimh Oideachasúla agus Socrúcháin Oibre

23.25 D'aithin rannpháirtithe an Fhóraim gá leis na córais oideachais tríú agus ceathrú leibhéal a fhorbairt ar bhonn leanúnach leis an aidhm níos mó cruthaitheachta a chothú, dreasachtaí a chur ar fáil d'fheidhmíocht eisceachtúil agus níos mó céimithe a spreagadh dul isteach i réimsí na matamaitice agus na heolaíochta. Ba é an chomhairle a bhí acu ná gur chóir cur leis sin trí bonn scileanna na hÉireann a ailíniú le deiseanna sainiúla i margaí idirnáisiúnta.

23.26 Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta in iúl dom gurb é an príomhbhealach a gcuirfí an tsraith moltaí sin chun cinn ná tríd an Straitéis Náisiúnta Ard-Oideachais, a seoladh i mí Eanáir 2011. Baineann an fhreagracht fhoriomlán don réimse sin dá bhrí sin, leis an Roinn Oideachais agus Scileanna. Tá na nithe seo a leanas san áireamh sa straitéis sin

- moltaí chun cruthaitheacht agus nuálaíocht a chothú i dteagasc, mar riachtanas a thabhairt isteach le haghaidh gach ball foirne cáilíocht a bheith acu in oideolaíocht[203], fiontraíocht agus scileanna cineálacha eile a neadú i ngach clár ag leibhéal fochéime agus iarchéime agus oideachas fochéime céadbhliana a leathnú
- moltaí taighde agus nuálaíochta dírithe ar nascacht a chur ar fáil idir fhorais ardoideachais, a gcuid mac léinn, a bhfoirne, agus an bpobal i gcoitinne
- níos mó béime ar shoghluaisteacht foirne agus mac léinn idir gnólachtaí, tionscail, na gairmeacha agus an pobal i gcoitinne, mic léinn rannpháirteach i socrúcháin oibre nó socrúcháin seirbhíse creidiúnaithe agus struchtúir agus nósanna imeachta oibre le bunú a spreagfaidh an pobal i gcoitinne le bheith páirteach i ngníomhaíochtaí, lena n-áirítear cláir a leagan amach agus leasú.

An Clár Oibre Comhshaoil agus an Teicneolaíocht Ghlas

23.27 D'aithin rannpháirtithe an Fhóraim forbairt agus cur chun cinn na hÉireann mar 'Oileán Glas' feadh raon earnálacha, lena n-áirítear an earnáil bia, turasóireachta agus nuálaíocht fuinnimh mar spreagthach foráis poitéinsiúil.

23.28 Tharraing an tOifigeach Cuntasaíochta aird ar thrí phríomhthionscnamh atá á gcur chun cinn ag an Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha

- bunaíodh Clár nua Náisiúnta Iarfheistithe Fuinnimh €90 milliún in 2010
- cuirfidh Clár Méadraithe Chliste leis an éileamh ar fhuinneamh a bhainistiú, líonraí cliste a sheachadadh agus éifeachtúlacht fuinnimh a chumasú tríd an teicneolaíocht is nua-aimseartha a úsáid[204]
- tá an an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil chun bróisiúr '*Green Who?*' a fhoilsiú in 2011, ina leagfar amach na cineálacha éagsúla cúnaimh atá ar fáil i dtéarmaí eolais, fáil ar dheontais agus cúnamh praiticiúil eile ó raon gníomhaireachtaí eile i réimse an chomhshaoil.

23.29 Chomh maith leis sin, riarann Aonad Forbartha Fuinnimh Aigéin (OEDU) Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann Ciste Forbartha Fréamhshamhlacha. Tá an ciste seo dírithe ar thacaíocht a thabhairt d'fhorbairt agus úsáid feistí fuinnimh aigéin ar féidir leo leictreachas in-athnuaite a ghiniúint. Tá deontais ar fiú €4.7milliún ina n-iomlán iad deonaithe go dtí seo i ndáil le 17 tionscadal ar luach iomlán de €14 milliún.

---

203 Is ionann oideolaiocht agus ealaín nó eolaíocht na múinteoireachta, an oideachais nó modhanna teagaisc.<0}

204 Chuaigh gné leictreachais an treoirthionscaadail beo in Eanáir 2010 agus chuaigh an ghné gáis beo i mí an Mheithimh 2010. De réir an sceidil, tá an tionscadal le cur i gcrích, lena n-áirítear anailís costais is tairbhe, in 2011.<0}

23.30 Fógraíodh pleananna le haghaidh láithréan tonntástála eangach-nasctha lánscála a fhorbairt amach ó Cheann an Eanaigh i Maigh Eo i mBealtaine 2010. Tá cur i gcrích measúnachta straitéisí timpeallachta ar uiscí na hÉireann i ndáil le forbairt tonn, taoide agus gaoithe eischósta á bhainistiú faoi láthair ag an OEDU. Tá staidéir coimisiúnaithe ag an OEDU maidir leis an leas eacnamaíochta atá i bhfuinneamh aigéin agus forbairt ghaoithe eischósta d'Éirinn, maidir le cumais san earnáil innealtóireachta chun fuinneamh aigéin a fhorbairt agus maidir le leorgacht na gcalafort agus an infrastruchtúir loingseoireachta atá ann cheana féin.

Nuálaíocht a Chothú

23.31 Bhí rannpháirtithe an Fhóraim ar aon intinn leis an straitéis d'athnuachan eacnamaíochta a leagadh amach in 'Ag Cur le Geilleagar Stuama na hÉireann'[205] mar chur chuige chun nuálaíocht a chothú. Thacaigh siad go háirithe le cur leis an infheistíocht i dtaighde agus forbairt (R&D) agus an méid agus is féidir a bhaint ag poitéinseal na hÉireann mar láthair shármhaith do chosaint maoine intleachtúla agus mar láthair tástála le haghaidh trialacha cliniciúla.

23.32 Luaigh an tOifigeach Cuntasaíochta go bhfuil sé de dhualgas ar an Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha tionscnaimh don gheilleagar stuama a chur chun cinn.

Tionscnaimh don Gheilleagar Stuama

Bhí na nithe seo a leanas san áireamh ar phríomhthionscnaimh leantacha a bhain leis an bhFóram

- Lárionad Seirbhísí Ábhar Idirnáisiúnta a chruthú, a bheidh ina mhalartán d'ábhar digiteach, áit a bhféadfaidh forbróirí ioncaim a ghlanadh, a thrádáil, a scaipeadh agus a bhailiú ó raon leathan ábhar (m.sh. íomhánna, fógraíocht agus ceol). Bhí roinnt cruinnithe ag tascfhórsa ardleibhéil in 2010 chun saincheisteanna maidir le trádáil ábhar, cánachas, dlí agus maoin intleachtúil a scrúdú. Samhlaítear go bhforbrófar coincheap an Lárionaid Seirbhísí Ábhar Idirnáisiúnta tuilleadh trí chomhoibriú idir an Mol Digiteach[a] agus an tÚdarás Forbartha Tionscail.
- Thionóil an Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha sraith ceardlann chun an timpeallacht agus na coinníollacha a bheadh oiriúnach le haghaidh ionaid sonraí agus néalríomhaireachta a bheidh tíosach ar fhuinneamh a fhorbairt in Éirinn a fháil amach.[b]
- Coimisiúnú an Líonra Eiseamláire, ar láthair tástála cumarsáide snáthoptaice é, ina mbaintear úsáid as teicneolaíocht phaitinnithe de chuid na hÉireann agus lena bhféadfar sonraí leictreonacha a aistriú ag luas ard agus ar chaighdeán ard. Leithdháileadh infheistíocht bhreise de €5 milliún le haghaidh an tionscadail i mí Iúil 2010. Tá baint ag breis agus 40 cuideachta agus foras leis an Láthair tástála Eiseamláire agus tá roinnt tionscadal ollscoile in Éirinn, sa Ríocht Aontaithe agus sa Spáinn á mbeartú. Cuirfear tú le céimeanna breise d'fhorbairt Chlár an Líonra Eiseamláire in 2011.

Nótaí: a Is tionscnamh de chuid an Rialtais é an Mol Digiteach chun lárionad foirfeachta eolais, nuálaíochta agus cruthaitheachta dírithe ar fhiontair ábhar digitigh agus teicneolaíochta a chruthú.

b Óstáladh Grúpa Staidéir an ISO ar Chaighdeánú Lárionad Sonraí in Éirinn i mí na Samhna 2010. Seasann ISO, sa chomhthéacs seo, d'Eagraíocht Idirnáisiúnta na gCaighdeán (*International Organisation for Standardisation*), arb é an forbróir agus foilsitheoir is mó é de chaighdeáin idirnáisiúnta.

[205] Is iad na cúig phríomhréimse gnímh in 'Ag Cur le Geilleagar Stuama na hÉireann' ná geilleagar fiontraíochta a áirithiú agus iomaíochas a athbhunú, an geilleagar smaointe a thógáil, cur leis an gcomhshaol agus soláthairtí fuinnimh a áirithiú, infheistíocht a dhéanamh in infrastruchtúr criticiúil agus seirbhísí poiblí éifeachtúla agus éifeachtacha a chur ar fáil.<0}

23.33 Cuirfear na tograí sa réimse R&D, a bhfuil an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta freagrach as, chun cinn faoin Straitéis Eolaíochta, Teicneolaíochta agus Nuálaíochta, 2006 - 2013. Tugadh tuarascáil de chuid Tascfhórsa Nuálaíochta[206] chun críche i Márta na bliana 2010 inar díríodh ar phlean oibre a sholáthar chun Éire a shuíomh mar mhol le haghaidh nuálaíocht idirnáisiúnta a fhorbairt.+

Tionscnaimh Taighde agus Nualaíochta

Bunaíodh grúpa, lena n-áirítear ionadaithe roinne, gníomhaireachtaí agus ón earnáil phríobháideach, chun moltaí tuarascáil an Tascfhórsa Nuálaíochta a chur i bhfeidhm. Thug an tOifigeach Cuntasaíochta ar aird go ndearnadh roinnt forbairtí go dtí seo.

- Seoladh Ciste Nuálaíochta Éireann i mí Iúil 2010 agus is éard atá mar aidhm leis ná cuideachtaí ceannródaíocha caipitil fiontair idirnáisiúnta a mhealladh chun lonnú in Éirinn. Faoin scéim, déanfaidh Fiontraíocht Éireann agus an Cúlchiste Náisiúnta Pinsean (NPRF) suas le €250 milliún d'infheistíocht ó ghnólachtaí caipitil fiontair idirnáisiúnta a mheaitseáil, le go mbeidh suas le méid iomlán de €500 milliún ar fáil chun tacú le fiontar nuálach. Tá dhá infheistíocht déanta ag an NPRF go dtí seo. Tháinig deireadh le céad ghairm Fiontraíocht Éireann ar léiriú spéise i mí na Samhna 2010 agus tá an NPRF ag cuidiú leis faoi láthair na 32 léiriú spéise a fuarthas a mheas. Samhlaítear go dtabharfaidh Fiontraíocht Éireann roinnt geallúintí do bhainisteoirí cistí caipitil fiontair go gairid.
- Tá sé mar aidhm le Scéim Caipitil Síl agus Fiontair Fhiontraíocht Éireann (2007-2012) earnáil caipitil fiontair na hÉireann a fhorbairt tuilleadh. Leis an scéim, cuirtear caipiteal riosca ar fáil d'fhiontair bheaga agus ar mheánmhéid sna céimeanna síl, tosaigh agus forbartha, déantar infheistíocht phríobháideach agus instiúidí a ghiaráil agus forbraítear cistí atá inmharthana ó thaobh tráchtála. Tá €175 milliún á infheistiú ag Fiontraíocht Éireann i mbabhta nua de mhaoiniú caipitil fiontair faoin scéim.
- Chuir an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála maoiniú ar fáil do Ghrúpa Ceannaireachta Theicneolaíocht na hÉireann le haghaidh rúnaíocht a bhunú agus gníomhaíochtaí na heagraíochta a leathnú.
- Osclaíodh Lárionad Nuálaíochta na hÉireann in San José go luath in 2010. Is timpeallacht atá sa lárionad inar féidir le cuideachtaí Theicneolaíocht na hÉireann rochtain a fháil ar ghnólachtaí caipitil fiontair, baincéirí, custaiméirí, soláthróirí agus fostaithe.

Tacaíocht le haghaidh Gnó

23.34 Tharraing rannpháirtithe an Fhóraim ar aird an gá atá le tacú le gnólachtaí de chuid na hÉireann, sa bhaile agus thar lear araon, trí phointe idirchaidrimh amháin a bhunú sa Rialtas agus trí mheicníochtaí maoinithe caipitil fiontair a fhorbairt.

23.35 Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta in iúl dom go bhfuil dul chun cinn déanta i roinnt réimsí chun na tacaí atá ar fáil le haghaidh gnó a fheabhsú sa tréimhse ó tionóladh Fóram Eacnamaíoch Éireannaigh an Domhain.

- Sheol an Rialtas straitéis agus gníomh-phlean '*Ag Trádáil agus ag Infheistiú i nGeilleagar Stuama*' i mí Mheán Fómhair 2010. Tríd an straitéis, táthar ag iarraidh a chinntiú go gcuirfear trádáil thar lear, turasóireacht agus infheistíocht i bpríomh-mhargaí chun cinn ar shlí chomhordaithe.

---

[206] Cheap an Taoiseach Tascfhórsa Nuálaíochta, i mí an Mheithimh 2009, chun comhairle a chur ar an Rialtas maidir lena straitéis chun Éirinn a shuíomh mar mhol forbartha nuálaíochta idirnáisiúnta agus chun cuidiú le geilleagar stuama a fhorbairt.<0}

- Tá straitéisí tacaíochta nua do chliaint á gcur le chéile ag na gníomhaireachtaí forbartha fiontraíochta agus béim á cur ar leas a bhaint as deiseanna sa mhargadh domhanda agus poist á gcothú.
- Táthar ag leanúint le rómhaorlathas, nó an t-ualach rialála ar ghnó, a laghdú. Meastar sa Roinn Post, Fiontraíochta agus Nuálaíochta gur ndearna gnólachtaí beaga €74 milliún[207] a choigilt mar thoradh ar an obair sin sa tréimhse ó tionóladh an Fóram. Léirítear le staitisticí tagarmharcála idirnáisiúnta go bhfuil an t-ualach rialála réasúnta íseal ar ghnólachtaí in Éirinn, agus luaitear i dTuarascáil Iomaíochais Bhliantúil 2010 na Comhairle Náisiúnta Iomaíochais[208] go bhfuil timpeallacht rialála na hÉireann ar cheann de na timpeallachtaí is lú srian san OECD.
- Tá sé beartaithe cigireacht agus ceadúnú gnó chomh maith le monatóireacht ar shábháilteacht bia a shruthlíniú.
- Tabharfar aghaidh ar chóras intuartha, comsheasmhach agus tapúil maidir le maoin intleachtúil a bhaint amach tríd an bPrótacal Náisiúnta do Mhaoin Intleachtúil, lena dtabharfar soiléire maidir le hionchais agus téarmaí agus lena gcinnteofar próisis éifeachtúla le haghaidh maoin intleachtúil a thráchtálú ó thaighde a mhaoineofar le hairgead poiblí.
- Tá an córas maidir le maoin intleachtúil á athbhreithniú leis an gcuspóir rochtain iomchuí a thabhairt do mhaoin intleachtúil a leanfaidh as taighde maoinithe ag an Rialtas, le go bhféadfaidh fiontair é a úsáid chun poist a chruthú agus cúrsaí eacnamaíochta a chur ina gceart.

Próifíl Idirnáisiúnta na hÉireann a Fheabhsú

23.36 Ba é tuairim rannpháirtithe an Fhóraim go raibh gá le híomhá na hÉireann i margaí an domhain a bheachtú, agus béim faoi leith a chur ar an damáiste a rinneadh ar chlú na tíre mar thoradh ar laigeachtaí rialála sa chóras airgeadais a chealú. Ina theannta sin, thug siad ar aird gá le hÉirinn a chur chun cinn go gníomhach thar lear, go háirithe i margaí na hÁise, agus díriú ar nádúr uathúil aitheantas cultúrtha na hÉireann.

23.37 Thug an tOifigeach Cuntasaíochta ar aird go raibh tionchar mór ag imeachtaí ó tionóladh Fóram na bliana 2009 ar phróifíl idirnáisiúnta na hÉireann. Mar sin féin, chuir tionscnaimh a ndeachaigh an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála ina mbun, sular tionóladh an Fóram agus mar chuid den phróiseas leantach, ar a chumas aghaidh a thabhairt ar an damáiste a rinneadh do chlú na hÉireann go hidirnáisiúnta.

23.38 Bíonn an Roinn in ann é sin a dhéanamh trí mhonatóireacht a dhéanamh ar bhunéirim agus ábhar an chlúdaigh a dhéantar ar chúrsaí na hÉireann sna meáin idirnáisiúnta, go háirithe i ndáil le hailt a bhainenn leis an ngeilleagar. Oibríonn Aonad Monatóireachta Meán na Roinne le ranna Rialtais eile agus le gníomhaireachtaí Stáit lena chinntiú go mbíonn rochtain ag ambasáidí agus ag consalachtaí ar an eolas is cothroime le dáta maidir le forbairtí eacnamaíochta. Bíonn go leor den eolas seo, lena n-áirítear príomh-aithisc, tuarascálacha agus ábhair, á roinnt ag misin le comhaltaí áitiúla den Líonra Domhanda Éireannach.

23.39 Luaigh an tOifigeach Cuntasaíochta go raibh taidhleoirí ar mhisin de chuid na hÉireann i dteagmháil leis an bpobal idirnáisiúnta maidir le saincheisteanna eacnamaíochta ag leibhéil éagsúla, lena n-áirítear Ceannairí Stáit, airí sinsearacha, gobharnóirí banc ceannais agus gach leibhéal de na meáin.

---

[207] Rinneadh an figiúr sin a ríomh sa Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíocht ag baint úsáide as an tSamhail Costais Chaighdeánach, atá mar mhodheolaíochta idirnáisiúnta chun costais riaracháin a thomhas.<0}

[208] Tuarascáil Iomaíochais Bhliantúil 2010 'Feidhmíocht na hÉireann a Thagarmharcáil – Imleabhar 1', arna foilsiú ag an gComhairle Náisiúnta Iomaíochais i mí Iúil 2010.<0}

23.40 Bíonn teagmháil ag na misin i ndáil leis na saincheisteanna sin freisin leis an Líonra Domhanda Éireannach, rud a chuireann ar chumas comhaltaí labhairt leis na meáin agus lena bpiaraí i príomh-mhargaí maidir leis na gnéithe dearfacha i ngeilleagar na hÉireann.

23.41 Bhí na nithe seo a leanas san áireamh ar na príomh-idirghabhálacha

- foilsiú alt a scríobh ceannairí polaitíochta de chuid na hÉireann i nuachtáin eachtracha a chur chun cinn
- buntáiste a bhaint as comóradh Lá Fhéile Pádraig chun leas na hÉireann a chur chun cinn
- Comhairle Trádála Eachtraí a bhunú, a raibh clú na hÉireann a thógáil i margaí domhanda le hardchumas fáis agus cur leis an gclú sin i margaí bunaithe cheana féin san áireamh ar a cuspóirí
- a bheith rannpháirteach i ngrúpa cumarsáide, faoi chathaoirleacht Roinn an Taoisigh, a bhfuil straitéis cumarsáide idirnáisiúnta agus feachtas chun cur le híomhá agus clú na hÉireann á bhforbairt aige.

Barúlacha Ginearálta an Oifigigh Chuntasaíochta

23.42 Luaigh an tOifigeach Cuntasaíochta go meastar sa Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála gur éirigh go maith leis an bhFóram agus gur léirigh sé fíorluach ar airgead. Ba é an phríomhaidhm a bhí leis an bhfóram ná leibhéal nua de rannpháirteachas straitéiseach a fhorbairt idir Éirinn agus príomhcheannairí gnó thar lear a bhfuil baint acu le hÉirinn. Tá an rath a bhí i gceist leis an gcuspóir sin a bhaint amach ar cheann de na torthaí fadtéarmacha is tábhachtaí a bhí ar an imeacht.

23.43 Tá aitheantas is bhfad níos fearr forbartha ó Mheán Fómhair 2009 i measc príomhtheagmhálacha thar lear agus sna hearnálacha gnó agus Rialtais sa bhaile maidir leis an méid is fiú an caidreamh idir Éirinn agus diaspóra na hÉireann. Ba é an Fóram ba chúis le hathrú cáilíochtúil i rannpháirteachais diaspóra ag stát na hÉireann agus chuir sé go mór le raon agus leibhéal an rannpháirteachais le hÉireannaigh ar fud an domhain a raibh Aonad um Éireannaigh thar lear de chuid na Roinne agus ambasáidí agus consalachtaí na hÉireann thar lear ina bhun cheana féin. Thug an tOifigeach Cuntasaíochta ar aird go ndearna tíortha eile teagmháil leis an Roinn ó tionóladh an Fóram chun treoir a fháil maidir leis an tslí a bhféadfaidís leibhéal rannpháirteachais Diaspóra den sórt céanna a fhorbairt.

23.44 Is é bunú an Líonra Domhanda Éireannach i mí Feabhra 2010 – príomhthoradh de chuid an Fhóraim – an mheicníocht trína ndearnadh leas a bhaint as an acmhainn thábhachtach sin don chéad uair agus ar scála chomh mór. Leis an Líonra, cuirtear rochtain ar fáil don Rialtas agus do chuideachtaí de chuid na hÉireann ar phríomhchinnteoirí earnála príobháidí ar fud na cruinne. Is féidir leis a bheith ina mhór-fhoinse 'bogchumhachta' d'Éirinn sna blianta atá le teacht agus tá sé ina acmhainn thábhachtach cheana féin don Rialtas chun teachtaireachtaí eacnamaíochta, cultúir agus turasóireachta na hÉireann a chur chun cinn i bpríomh-mhargaí ag pointe cinniúnach don Stát seo.

23.45 Ba é an dara príomhchuspóir a bhí ag an bhFóram ná bealaí a scrúdú lena bhféadfadh Éireannaigh, sa bhaile agus thar lear, oibriú le chéile agus cur leis na hiarrachtaí foriomlána chun an geilleagar a chur ina cheart. Léiríodh le tuarascáil an Fhóraim, agus leis na tuarascálacha ar dhul chun cinn tar éis sé mhí agus dhá mhí dhéag, raon agus mionsonraí an phlé i bpríomhearnálacha eacnamaíochta. Leagtar amach cuntas gonta ar an dul chun cinn atá déanta go hAibreán 2011 faoi gach ceann de na tograí sainiúla sin ar láithreán gréasáin na Roinne. Luaigh an tOifigeach Cuntasaíochta, agus súil ghéar á caitheamh ar an léirmheas sin, go léirítear go raibh an próiseas leantach maidir le moltaí an Fhóraim láidir agus go bhfuil tromlach mór na dtionscnamh curtha i bhfeidhm nó go bhfuil dul chun cinn mór déanta chun iad a chur i bhfeidhm.

Conclúid

Ba €330,000 an costas a bhain leis an bhFóram a reáchtáil. Bunaíodh líonra i ndiaidh an Fhóraim atá á bhainistiú ag an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála. Íoctar na costais leanúnacha as an Vóta agus caitheadh €34,000 in 2010 chun cruinnithe Aireachta a thionóladh ag ionaid idirnáisiúnta éagsúla.

Tháinig raon leathan smaointe as an bhFóram, agus cé nach dtacaíonn an Rialtas go foirmiúil leo, tá siad ar fáil le beartais agus coigeartuithe riaracháin a mhúnlú.

Sa chaibidil seo, athbhreithnítear dul chun cinn maidir le haghaidh a thabhairt ar na príomhthéamaí sa chomhairle a tháinig as an bhFóram. Leagtar amach an tslí a bhfuil aghaidh á tabhairt ar gach beart shainiúil ar láithreán gréasáin na Roinne.

Luíonn úsáideacht an Fhóraim ina chumas chun smaointe a léiriú agus iad a leanúint ar shlí chomhleanúnach uile-Rialtais agus idirghabhálacha Stáit á n-athsuíomh chun inniúlachtaí ar leith agus cumas táirgthe na hÉireann a mheaitseáil níos fearr leis na deiseanna margaíochta atá sa timpeallacht eacnamaíochta atá ann faoi láthair.

Tá leibhéal réasúnta rianaithe agus tuairiscithe déanta ar thograí rannpháirtithe agus bheadh sé úsáideach an méid foriomlán a chuir an coincheap agus deiseanna chun níos mó tairbhe a bhaint as na líonraí a mheas, ar mhaithe leis an tír, amach anseo.

Iarscríbhinn A Grúpaí Oibre an Fhóraim Eacnamaíoch

Ba iad na topaicí a bhreithnigh na grúpaí oibre

- Conas is féidir le hÉirinn infheistíocht isteach ar luach níos airde a mhealladh agus infheistíochtaí atá ann a áirithiú?
- Conas is féidir le hÉirinn cuideachtaí dúchais de chuid na hÉireann atá i mbun onnmhairithe scála a bhaint amach?
- Conas is féidir '*Silicon Valley* Eorpach' a chruthú in Éirinn trí thallann, fiontraithe agus saineolaithe maidir le maoin intleachtúil a mhealladh?
- Conas is féidir le córas oideachais na hÉireann aghaidh a thabhairt ar aon easnamh scileanna chun daoine óga a ullmhú le bheith ina gceannaire smaointe sa gheilleagar stuama trí chruthaitheacht, nuálaíocht agus smaointeoireacht chliathánach a chothú?
- Conas is féidir le hearnáil seirbhísí airgeadais na hÉireann leas a bhaint as earnálacha airgeadais agus baincéireachta na todhchaí?
- Conas is féidir le hÉirinn a bheith chun tosaigh in inréimniú teicneolaíochta?
- Conas is féidir le hÉirinn a geilleagar ísealcharbóin a fhorbairt?
- Conas is féidir le hÉirinn tús áite a thabhairt do chaiteachas caipitil chun an t-infrastruchtúr a theastaíonn le haghaidh an gheilleagair stuama a thabhairt chun tosaigh?
- Conas is féidir le hÉirinn í féin a shuíomh mar áit shármhaith sa domhan don chéad ghlúin eile de thurasóirí?
- Cad iad na hathruithe is gá a dhéanamh chun earnáil bia agus talmhaíochta na hÉireann chun a todhchaí mar thionscal inbhuanaithe fadtéarmach a áirithiú?
- Cad é an ról is féidir a bheith ag caipiteal cultúrtha agus ealaíonta na hÉireann chun ár ngeilleagar a fhorbairt?

Iarscríbhinn B Tionscnaimh a bhfuil Poitéinseal maidir le Gníomh sa Ghearrthéarma acu

	Próifíl Idirnáisiúnta na hÉireann a Fheabhsú
1	Láithreán gréasáin 'Geata Éireann' a chruthú chun gnó, cultúr agus spórt na hÉireann a chur chun cinn.
2	Straitéis leasaithe na hÁise a chur i bhfeidhm agus straitéisí a fhorbairt le haghaidh margaí eile atá ag teacht chun cinn.
3	Cur le honadaíocht thar ceann na hÉireann thar lear agus a chinntiú go bhfuil fócas gnó láidir ag ambasáidí.
4	Úsáid níos spriocdhírithe a bhaint as deiseanna margaíochta domhanda a bhaineann le Lá Fhéile Pádraig.
5	Turasóireacht Éireann chun comhaltaí phobal na nÉireannach domhanda teacht ar saoire go hÉirinn.
6	Na rannpháirtithe is oiriúnaí a roghnú chun torthaí ó mhisin trádála idirnáisiúnta a uasmhéadú.
7	Díriú ar inrianaitheacht táirgí bia na hÉireann mar an eochair chun rochtain a fháil ar mhargaí onnmhairithe amach anseo.
8	Cur le hiarrachtaí chun deireadh a chur leis an dtoirmeasc allmhairithe ar mhairteoil na hÉireann sna Filipínigh.
	Líonraí a Thógáil agus Tacú Leo
9	Líonra Domhanda Éireannach a bhunú chun leanúint leis an obair a tosaíodh ag an bhFóram.
10	Bunachar sonraí a chruthú de na daoine agus gnólachtaí de chuid na hÉireann is mó tionchar ar fud an domhain.
11	Fóram óige a eagrú chun teagmháil a dhéanamh le daoine níos óige den phobal Éireannach ar fud an domhain.
12	Tacú le líonraí gnó Éireannacha earnála shainiúla thar lear agus iad a chur chun cinn.
13	Líonra bia agus dí a bhunú timpeall an domhain.
14	Straitéis a chur i bhfeidhm le teagmháil a dhéanamh le náisiúnaigh coigríche a raibh cónaí orthu roimhe seo in Éirinn.
	Tionscnaimh Oideachasúla agus Socrúcháin Oibre
15	Lárionad den scoth le haghaidh cultúr agus taibh-ealaíona na hÉireann a bhunú i bhfoirgneamh a bheadh mar shainchomhartha Éireannach, le bheith mar lárionad d'oideachas ealaíonta agus cruthaitheach, do nuálaíocht agus teicneolaíocht.
16	Clár a bhunú chun cuidiú le céimithe de chuid na hÉireann deiseanna fostaíochta agus oideachais a fháil i sprioctháirtha, lena n-áirítear an tSín, an tSeapáin, an Chóiré, an Rúis agus an India.
17	Socrúcháin mac léinn a shocrú suas in Éirinn le haghaidh daoine óga den phobal Éireannach ar fud an domhain.
18	Straitéis a fhorbairt chun teagasc teangacha Áiseacha in Éirinn a chur chun cinn.
19	Príomhthallann (m.sh. ailtirí, innealtóirí leictreacha agus meicniúla dífhostaithe) a uasoiliúint i dteicneolaíochtaí agus i bpróisis nua trí mhórthionscadail foirgníochta ghlaise phoiblí a chur ar aghaidh.

20	An Líonra Domhanda Éireannach a úsáid chun socrúcháin a chruthú le haghaidh céimithe na hearnála talmhaíochta agus bia.
	Nuálaíocht a Chothú
21	Lárionad Nualaíochta Éireannach a bhunú in California.
22	An Ciste Nuálaíochta a moladh in 'Ag Cur le Geilleagar Stuama na hÉireann', a chur i bhfeidhm.
23	Deiseanna turasóireachta a fhorbairt trí rochtain ar thaifid ghinealais a fheabhsú agus a chur ar chumas turasóirí phoitéinsiúla dul siar ar a sinsearacht.
24	Ceann scríbe bainistithe ábhar a fhorbairt, lena ndéanfar bainistiú ábhar digitigh agus saincheisteanna dleachta bainteacha a shruthlíniú agus lena gcuirfear seirbhís iomlán ar fáil do chliaint domhanda.
25	Córas iompair cliste a fhorbairt, lena n-áirítear ríomh-Ionaid a chur ar fáil cóngarach to chathracha móra, chun cur le táirgeacht, brú tráchta agus astaíochtaí carbóin a laghdú.
	Tacaíocht le haghaidh Gnó
26	Clár meantóireachta foirmiúil a bhunú trína bhféadfaidh daoine ceannródaíocha den phobal Éireannach ar fud an domhain poist neamhfheidhmiúcháin a ghlacadh ar bhoird chuideachtaí de chuid na hÉireann.
27	Scéim nua bannaí a chruthú a bheidh dírithe ar an bpobal Éireannach domhanda, agus an t-ioncam a thiocfaidh as a infheistiú i dtionscadail infrastruchtúir a bheadh mar díol suntais.
28	'Sár IFSC' a cheapadh chun oibriú le Gobharnóir an Bhainc Cheannais agus leis an Aire Airgeadais chun muinín a athbhunú sna príomh-mhargaí airgeadais maidir le hÉirinn.
29	Muinín a athbhunú maidir le hÉirinn mar ionad airgeadais idirnáisiúnta.
30	Páipéar bán a fhorbairt ar sheirbhísí airgeadais, ina n-aithneofaí príomhstraitéisí le leanúint.
31	Éire a chur chun cinn go gníomhach mar lárionad do ghníomhaíocht bhainistithe sócmhainní domhanda.
	An Clár Oibre Comhshaoil agus an Teicneolaíocht Ghlas
32	Moltaí an ghníomh-ghrúpa ardleibhéil maidir le fiontraíocht ghlas a chur i bhfeidhm.
33	Ciste dlúthpháirtíochta a bhunú chun tacú le forbairt gnólachtaí teicneolaíochta glaise in Éirinn.
34	Clár a chur i bhfeidhm chun an t-éileamh ar fhuinneamh a laghdú.
35	Gradam bliantúil a bhunú chun forbairtí dearfacha a spreagadh sa teicneolaíocht ghlas.
36	Líonra leicreachais chliste a fhobairt, ina n-ionchorprofaí fuinneamh in-athnuaite, chun a chur ar chumas custaiméirí costais fuinnimh a rialú agus chun tacú le líonra feithiclí leictreacha a fhorbairt.
37	Údarás uisce aonair a bhunú don tír uile.

Caibidil 24

Cúnamh Forbartha Oifigiúil

Vóta 29 Comhoibriú Idirnáisiúnta

Cúnamh Forbartha Oifigiúil

24.1 Is éard atá i gcúnamh forbartha oifigiúil (ODA) aistriú acmhainní ó ghníomhaireachtaí Stáit – in airgead nó i bhfoirm tráchtearraí nó seirbhísí – chuig tíortha nó críocha atá i mbéal forbartha, nó chuig forais forbartha iltaobhacha[209].

Béim na Caibidle

Tiomsaíodh an chaibidil seo chun an caiteachas iomlán ar ODA a chur i láthair in aon ráiteas amháin. Déanann sí cur síos freisin ar na córais atá ann d'iniúchadh agus do mheasúnú na bpríomhchodanna de chlár ODA na hÉireann.

Caiteachas ar Chúnamh Forbartha

24.2 B'ionann iomlán €676 milliún caiteachas ODA na hÉireann i 2010, titim ó bhuaic €921 milliún i 2008. Is ionann é seo agus laghdú €245 milliún, nó beagnach 27%, le dhá bhliain anuas. Léiríonn Fíor 112 an treocht i leibhéal caiteachais ODA na hÉireann ó 2000.

Fíor 112 Caiteachas Cúnaimh Forbartha Oifigiúil na hÉireann (€ milliún), 2000 go 2010



Foinse: Tuarascáil Bhliantúil Chúnamh Éireann

24.3 Is rannán laistigh den Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála é Cúnamh Éireann[210] a riarann clár ODA na hÉireann. Tugtar cuntas ar chaiteachas ODA a phróiseáiltear trí Chúnamh Éireann faoi Vóta 29: Comhar Idirnáisiúnta, ach déantar roinnt caiteachais a phróiseáil trí ranna Rialtais eile agus tugtar cuntas orthu ar vótaí eile. I 2010, tugadh cuntas ar €522 milliún de chaiteachas d'iomlán ODA na hÉireann faoi Vóta 29, a léiríonn 77% d'ODA iomlán na hÉireann.

24.4 Is é atá sa chuid eile de chaiteachas ODA go príomha ranníocíocht na hÉireann le buiséad comhair forbartha an Aontais Eorpaigh, íocaíochtaí le comhlachtaí idirnáisiúnta ag an Roinn Airgeadais, an Roinn

[209] Ní cháilíonn aistrithe le cur san áireamh i meastachán ODA ach nuair a bhíonn siad dírithe i dtreo cur chun cinn forbartha eacnamaíochta agus leasa tíortha i mbéal forbartha.

[210] Is é seo an Rannán Comhair Forbartha den Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála.

Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil agus ag an Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia (agus ar a dtugtar cuntas ina vótaí faoi seach) agus aisíocaíochtaí ó na Coimisinéirí Ioncaim i leith na Scéime In-Asbhainteachta Cánach le haghaidh tabhartas do charthanais iomchuí.

Sprioc na Náisiún Aontaithe

24.5 Tá sprioc leagtha síos ag na Náisiúin Aontaithe (UN) go ndéanfaidh tíortha forbartha ODA is comhionann le 0.7% dá n-olltáirgeacht náisiúnta (GNP) a ranníoc gach bliain[211]. I 2005, leag Comhairle AE cuspóir síos do Bhallstáit, seachas iad siúd a chuaigh isteach ann ó 2002, an spriocléibhéal 0.7% a bhaint amach faoi 2015[212]. Tá tiomantas sa Chlár don Rialtas reatha an leibhéal sprice 0.7% a bhaint amach agus deir go ndéanfaidh an Rialtas iarracht é seo a bhaint amach faoi 2015.

24.6 Bhí ranníocíocht ODA na hÉireann i 2010, ag 0.53% de GNP, ar an naoú ceann ab airde i measc tíortha OECD.[213] Mar a léiríonn Fíor 113, mhéadaigh ODA na hÉireann diaidh ar ndiaidh ó 0.3% de GNP i 2000 go 0.59% i 2008, ach tá sé titithe siar le dhá bhliain anuas.

Fíor 113 Cúnamh Forbartha Oifigiúil na hÉireann mar Chéatadán de GNP, 2000 go 2010



Foinse: An Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála

24.7 Ní dheachaigh ach cúig thír is deontóirí thar sprioc na Náisiún Aontaithe sa bhliain 2010: an Iorua (1.1%), Lucsamburg (1.1%), an tSualainn (1%), an Danmhairg (0.9%) agus an Ísiltír (0.8%). Shroich Lucsamburg an spriocleibhéal i 2000 agus tá sé á bhaint amach ó shin. Tá an spriocleibhéal á bhaint amach go leanúnach ag na ceithre thír eile ó na 1970idí.

211 Rún 2626 (XXV) de chuid Comhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe, 24 Deireadh Fómhair 1970.

212 Cruinniú Uimh. 2660 de chuid Comhairle an Aontais Eorpaigh, Comhairle Chaidreamh Eachtrach, an Bhruiséal, 24 Bealtaine 2005

213 OECD, Glanchúnamh Forbartha Oifigiúil i 2010, Aibreán 2011.

Feidhmiú Chúnamh Forbartha

24.8 Léirítear miondealú ar an gcaoi a fheidhmítear maoiniú ODA na hÉireann i bhFíor 114. Déanann sé seo idirdhealú idir

- Cúnamh déthaobhach — lena ghabhann soláthar cúnaimh dhírigh do thír atá i mbéal forbartha. Chuir Éire cúnamh déthaobhach ar fáil arbh fhiú €413 milliún é i 2010, trí chainéil éagsúla lena n-áirítear rialtais tíortha i mbéal forbartha, eagraíochtaí neamhrialtasacha Éireannacha (NGOnna) agus cumainn mhisinéireachta.
- Cúnamh Iltaobhach — a bhaineann le ranníocíochtaí d'eagraíochtaí cúnaimh idirnáisiúnta a chomhthiomsaíonn ranníocaíochtaí ó thíortha is baill agus a úsáideann iad chun críocha forbartha. Chuir Éire €233 milliún ar fáil i gcúnamh iltaobhach le linn 2010.

Fíor 114 Cúnamh Forbartha Oifigiúil, de réir Cineáil, 2007 go 2010

	2007 €m	2008 €m	2009 €m	2010 €m
Cúnamh déthaobhach	576.0	614.8	454.9	412.9
Cúnamh iltaobhach	264.8	270.7	231.1	232.6
Costais riaracháin (Vóta 29)	30.1	35.1	32.2	30.5
Ollchaiteachas iomlán	**870.9**	**920.6**	**718.2**	**676.0**

Foinse: An Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála

24.9 Ba mhaoiniú do naoi dtír chláir[214], a bhfuil socrú ag Éirinn leo chun tacaíocht a sholáthar ar bhonn fadtéarmach, an ghné aonair ba mhó (€182 milliún) de chúnamh déthaobhach. Bhí meascán de bhearta ilbhliantúla i gceist sa chuid eile de chúnamh déthaobhach na hÉireann (€231 milliún) lena n-áirítear tionscadal sochaí sibhialta, tionscnaimh oideachais agus sláinte agus cláir athshlánaithe i dtíortha roghnaithe agus bearta níos láithrí lena n-áirítear maoiniú do chúinsí daonnúla agus éigeandála.

24.10 Tugann Aguisín A breac-chuntas ar na príomhchláir faoina gcuirtear cúnamh ar fáil.

Measúnú agus Iniúchadh ar Chaiteachas ODA

24.11 Oibríonn an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála Aonad Iniúchta agus Measúnaithe (an Roinn), arbh iad a phríomhaidhmeanna dearbhú a sholáthar go bhfuil cistí poiblí atá á riaradh ag an Roinn á n-úsáid chun na críocha a bhí beartaithe dóibh agus go mbaintear luach ar airgead amach. Clúdaíonn obair an Aonaid gníomhaíochtaí na príomhRoinne a dtugtar cuntas iontu faoi Vóta 28: Gnóthaí Eachtracha agus comhar-obair fhorbartha a dtugtar cuntas inti faoi Vóta 29: Comhar Idirnáisiúnta. Agus méid coibhneasta na mbuiséad[215] agus nádúr na gclár caiteachais, díríonn an t-Aonad go háirithe ar fheidhmeanna Chúnamh Éireann a maoinítear faoi Vóta 29. Tugann an tOifigeach Cuntasíochta faomhadh do phlean oibre bliantúil don Aonad agus aontaíonn Coiste Iniúchta na Roinne é.

[214] Cuirtear maoiniú ar fáil faoi chomhpháirtíochtaí straitéiseacha le rialtais tíortha tosaíochta áirithe chun tacú le laghdú bochtaineachta agus le forbairt ar bhonn fadtéarmach.

[215] Ba é an t-ollchaiteachas iomlán do Vóta: Gnóthaí Eachtracha agus do Vóta 29: Comhar Idirnáisiúnta, i 2010, ná €224 milliún agus €524 milliún faoi seach.

24.12 Bíonn dhá phríomhfhoirm i gceist i ngníomhaíocht an Aonaid maidir le ODA.

- Is é cuspóir na feidhme iniúchta measúnú a dhéanamh ar chórais rialaithe inmheánaigh na Roinne agus dearbhú a chur ar fáil go bhfuil cistí á n-úsáid chun na críocha a bhí beartaithe.
- Déanann an fheidhm measúnachta measúnú ar dhearadh, ar chur i bhfeidhm agus ar thorthaí tionscnamh leanúnacha nó atá tugtha chun críche chun a n-éifeacht, a n-éifeachtúlacht, a dtionchar agus a n-inbhuanaitheacht a chinneadh.

Iniúchadh

24.13 Díríonn obair iniúchta isteach go háirithe ar iomchuibheas córas cuntasaíochta agus bainistíochta airgeadais eagraíochtaí comhpháirtithe[216], cibé an NGOnna iad, eagraíochtaí iltaobhacha, gníomhaireachtaí Rialtais nó comhlachtaí eile a bhfuil maoiniú á fháil acu. Sa chás go ndéantar cistí a sheachadadh trí rialtais, déantar measúnú ar an timpeallacht bhainistíochta airgeadais phoiblí fhoriomlán, lena n-áirítear acmhainneacht agus neamhspleáchas oifigí iniúchta náisiúnta.

24.14 Tugann na socruithe iniúchta i leith maoinithe ODA a sholáthraítear trí Vóta 29. aghaidh ar thrí réimse leathana caiteachais

- caiteachas tíortha de chuid na gclár (€182 milliún)
- cláir chúnaimh dhéthaobhaigh eile (€225 milliún)
- cláir chúnaimh iltaobhaigh (€84 milliún).

Caiteachtas ar Thíortha an Chláir

24.15 Tá cúnamh á thabhairt do naoi dtír cláir de réir phleananna straitéiseacha ilbhliantúla faofa. Tá gné de mheasúnú ex-ante don chaiteachas seo, toisc go scrúdaítear córais rialaithe inmheánaigh eagraíochta comhpháirtíochta roimh faomhadh a thabhairt do pháipéir straitéise tíre. Tá an tAonad Iniúchta agus Measúnaithe ag obair níos mó agus níos mó le hinstitiúidí iniúchta náisiúnta i dtíortha comhpháirtíochta d'fhonn bainistíocht airgeadais agus cuntasaíocht a fheabhsú, chomh maith le cumas iniúchta inmheánaigh ag leibhéal tíortha an chláir a neartú.

24.16 Tá clúdach iniúchta ar thart ar 95% de chaiteachas á bhaint amach le blianta beaga anuas. Tá tionchar á imirt ag an gcur chuige a úsáidtear leis an dearbhú sin a fháil ar an mbealach maoinithe a úsáideann Cúnamh Éireann i dtíortha áirithe, e.g. áit a gcuirtear maoiniú trí chórais rialtais, bainfear clúdach amach de ghnáth trí thuarascálacha a gheofar ó oifig iniúchta náisiúnta na tíre is faighteoir.

24.17 Áirítear ar na bealaí gur féidir dearbhú iniúchta a bhaint amach

- Tuarascálacha iniúchta a choimisiúnaigh eagraíochtaí comhpháirtíochta, mar na cinn sin a dhéanann cistí agus cláir UN, oifigí iniúchta náisiúnta i dtíortha is faighteoirí agus NGOnna
- Iniúchtaí a choimisiúnaigh Cúnamh Éireann agus a rinne cuideachtaí iniúchta aitheanta idirnáisiúnta
- Iniúchtaí ar chláir nó ar thionscadail shonracha, a chómhaoinigh Cúnamh Éireann agus ceann amháin nó níos mó de thíortha bronntacha eile
- Obair a rinne an tAonad Iniúchta agus Measúnaithe go díreach agus a rinne iniúchóirí inmheánacha a bhí ag obair i misin i dtíortha is faighteoirí.

---

[216] Is iad eagraíochtaí comhpháirtíochta na comhlachtaí idirmheánach trína seachadaítear maoiniú ó Chúnamh Éireann go dtí na tíortha i mbéal forbartha.

24.18 B'ionann caiteachas i dtíortha an chláir agus €219 milliún in 2008 arbh í an bhliain is deireanaí í a bhfuil an clár iniúchta ina leith tugtha chun críche go substaintiúil. Is é 94% an leibhéal cúnamh iniúchta a baineadh amach go dtí seo i ndáil le caiteachas in 2008 – Tugann Fíor 115 léiriú ar fhoinse an chúnaimh sin.

Fíor 115 Foinse dearbhaithe iniúchta do chaiteachas[a] tíortha an chláir i 2008

Tír Chláir	Iniúchtaí coimisiúnaithe ag compháirtí (lena n-áirítear NAOnna)[b]	Á choimisiúnú ag Cúnamh Éireann	Maoinithe ag Comhbhronntóir	Iniúchadh Inmheánach	Iomlán
	€m	€m	€m	€m	€m
Uganda	27.0	5.0	2.9	5.9	40.8
Mósaimbíc	6.9	7.5	17.8	-	32.2
An Tansáin	29.6	5.3	2.3	-	37.2
An Aetóip	23.8	5.8	6.1	-	35.7
An tSaimbia	14.9	6.7	-	1.9	23.5
Vítneam	9.3	5.8	-	-	15.1
Leosóta	5.3	2.6	0.1	-	8.0
An Mhaláiv	0.3	5.8	2.0	-	8.1
Tíomór Thoir	-	3.8	-	-	3.8
Comhiomlán	**117.1**	**48.3**	**31.2**	**7.8**	**204.4**

Foinse: An Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála

Nótaí: a Clúdaíonn an figiúr seo dearbhú suas go dtí 1 Bealtaine 2011

b Is éard atá in NAOnna oifigí iniúchta náisiúnta na dtíortha faoi seach.

Cúnamh Déthaobhach Eile

24.19 I gcás cineálacha eile cúnaimh fhorbartha dhéthaobhaigh, déanann an conradh leis an eagraíocht chomhpháirtíochta coinníoll go gcaithfear tuarascálacha iniúchta a ullmhaíonn comhlachtaí neamhspleácha a chur faoi bhráid na Roinne Gnóthaí Eachtracha agus Trádála. Is ar bhainistíocht an rannáin laistigh de Chúnamh Éireann a dhéileálann leis an eagraíocht chomhpháirtíochta atá an fhreagracht na tuarascálacha iniúchta seo a bhailiú agus a athbhreithniú. Féadfaidh an rannán dul i gcomhairle leis an Aonad Iniúchta agus Measúnaithe faoi shaincheisteanna sonracha. Déanann sé athbhreithniú freisin ar rialaithe a bhaineann le scéimeanna nó le comhpháirtithe i gcás riosca aitheanta. Ach níl córas struchtúrtha ag an Roinn chun a chinntiú go cuirtear tuarascálacha isteach de réir mar a theastaíonn nó go ndéanfaidh an tAonad Iniúchta agus Measúnaithe athbhreithniú ar na tuarascálacha.

Cúnamh Iltaobhach

24.20 Agus nádúr na gclár cúnaimh iltaobhaigh san áireamh lena ghabhann feidhmiú comhthiomsú cistí ó ilthíortha bronntacha chun críocha forbartha, tá sé deacair iniúchadh ex post a aonarú agus a dhéanamh de na cistí sonracha a thug Éire. Cuirtear iontaoibh sna socruithe iniúchta reatha atá ann d'eagraíochtaí cúnaimh idirnáisiúnta.

24.21 I gcás eagraíochtaí na Náisiún Aontaithe, tá cistí faoi réir iniúchta ag Bord Iniúchóirí UN agus tuairiscíonn feidhm iniúchta inmheánaigh gach eagraíochta don chomhlacht rialaithe a bhfuil ionadaíocht ag Éirinn air. Cuirtear tuarascálacha iniúchta aonair ar fáil d'Éirinn ach iad a iarraidh.

Freagairt do Thuarascálacha Iniúchta

24.22 I gcásanna inar aithníodh saincheisteanna ábhartha, féadfaidh tuairimí iniúchóra coinníollacha a bheith sna tuarascálacha iniúchta. Is é an gnáthchleachtas nádúr an choinníll a phlé leis an eagraíocht comhpháirtíochta agus oibriú le chéile chun plean gnímh a aontú leis an saincheist a réiteach.

24.23 Luaigh an Roinn go raibh roinnt cásanna in ar chuir sí moill ar mhaoiniú nó an maoiniú ar fionraí, go dtí go dtiocfaí ar réiteach na saincheisteanna a raibh béim orthu sna tuarascálacha iniúchta. Tharla sé gur iarr agus go bhfuair an Roinn aisíocaíochtaí ó eagraíochtaí comhpháirtíochta.

Measúnú

24.24 Thug athbhreithniú piara ar ODA na hÉireann, a rinne Coiste Cúnaimh Forbartha an OECD i 2009, ar aird go dtiomnaíonn Cúnamh Éireann iarracht agus acmhainní suntasacha chun tionchar a chlár cúnaimh a léiriú. Déantar straitéis mheasúnaithe a bhreithniú agus a fhorbairt ag céim pleanála agus dearaidh tionscnamh nua, rud a chinntíonn soiléireacht ón tús maidir leis an gcaoi a ndéanfar feidhmíocht a thomhas agus maidir leis an rud is rathúlacht ann.

24.25 Cuirtear tuarascálacha measúnaithe faoi bhráid Ghrúpa Bainistíochta Sinsearaigh na Roinne agus a Coiste Iniúchta agus eascraíonn freagairtí foirmiúla ón mbainistíocht sa réimse atá faoi athbhreithniú. I gcásanna nuair nach n-aontaíonn an bhainistíocht le moladh ar leith, féadfaidh sí dúshlán an mholadh a thabhairt trí chás a chur go dtí an tAonad Iniúchta agus Measúnaithe, a eisíonn cinneadh ansin faoi an bhfuil bonn cirt faoin moladh nó nach bhfuil. Foilsítear na tuarascálacha deiridh agus cuirtear ar fáil iad ar láithreán gréasáin Chúnamh Éireann.

Éifeachtacht Fhoriomlán

24.26 Le linn 2010, rinneadh athbhreithniú foirmiúil ar chumas na hÉireann a tiomantais cúnaimh faoi Dhearbhú Pháras maidir le hÉifeachtacht Cabhrach agus Clár Gníomhaíochta Accra a fheidhmiú.

Dearbhú Pháras agus Clár Oibre Accra

Is éard atá i nDearbhú Pháras ná cúig phrionsabal i leith cúnaimh forbartha, ag éirí as fóram de thíortha bronntacha agus faighteora a reáchtáileadh i 2005

- Úinéireacht – ceadaigh do thíortha is faighteoirí a straitéisí forbartha féin a leagan amach
- Ailíniú – tíortha bronntacha le gníomhú de réir córas agus cuspóirí áitiúla
- Comhréiteach – tíortha bronntacha le gníomhartha a chomhordú agus eolas a roinnt
- Torthaí – béim níos mó ar thorthaí cúnaimh forbartha a thomhas
- Comhchuntasacht – tá tíortha bronntacha agus faighteora araon freagrach as torthaí.

Rinne Clár Gníomhaíochta Accra, a aontaíodh i 2008, iarracht dlús a chur le feidhmiú prionsabail an Dearbhaithe. Cuireann sé chun cinn go háirithe úsáid chóras tíre comhpháirtíochta chun cúnamh a sheachadadh agus cuireann sé béim ar riachtanas intuarthachta do thíortha is faighteoirí maidir le leibhéal an chúnaimh a bheidh ar fáil. Chomh maith leis seo, forbraíodh táscairí le dul chun cinn tíortha aonair i gcur i bhfeidhm Dhearbhú Pháras agus prionsabail Chlár Oibre Accra a mheas.

24.27 Ar an bhfoireann athbhreithnithe bhí meastóir neamhspleách agus beirt d'fhoireann shinsearach na Roinne Gnóthaí Eachtracha agus Trádála. Bhí trí dhiminsean sa tuarascáil.

- Maidir le leibhéal an tiomantais laistigh de Chúnamh Éireann chun aon athruithe is gá a dhéanamh ar a bheartais, nósanna imeachta agus cleachtais seachadta cúnaimh, chinn an fhoireann mheasúnaithe go raibh ardleibhéal tiomantais i measc na foirne d'éifeachtacht chúnaimh go ginearálta agus d'fheidhmiú Dhearbhú Pháras agus prionsabail Chlár Oibre Accra go háirithe. Ach tugadh ar aird cé gur tugadh tosaíocht do ghnéithe áirithe, nár ghlac an fhoireann laistigh den chuid eile den Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála an clár oibre go hiomlán chucu féin.
- Níor aithin an fhoireann mheasúnaithe aon srianta ar chumas struchtúir agus pearsanra Chúnamh Éireann aon athruithe beartais riachtanacha a thuiscint nó a chur i bhfeidhm. Ach thug an tuarascáil ar aird cé go bhfuil na próisis phleanála agus forbartha beartais atá ann sármhaith, gur easnamh lárnach é easpa córais éifeachtaigh ar thuairisciú feidhmiúcháin ar éifeachtacht cúnaimh. Ina theannta sin dúirt an tuarascáil gur chóir go ndéanfaí an bhéim ar chuntasacht airgeadais laistigh de Chúnamh Éireann a chomhlánú le saineolas bainistíochta airgeadais phoiblí. Áirítear ar shaincheisteanna cumais eile a aithníodh srianta buiséid ag éirí as an gcúlú eacnamaíochta domhanda agus as deacrachtaí coinneáil agus athruithe foirne ionchasacha ag éirí as dílárnú Cúnamh Éireann go Luimneach agus lánchosc ar earcú ar fud an rialtais.
- Maidir le neart na ndreasachtaí a thiomáineann iompar institiúide, chinn an tuarascáil gurb í an bhraistint i measc polaiteoirí ar thosaíochtaí Dhearbhú Pháras agus Chlár Oibre Accra mar bhealach le beartas eachtrach na hÉireann a chur chun cinn, gurb ionann iad agus príomhthreallús, ach tugadh ar aird nach raibh mórán brú ar Chúnamh Éireann éifeachtacht chúnaimh feabhsaithe a sheachadadh ag teacht ó fhoinsí seachtracha mar lucht acadúil agus NGOnna.

24.28 Rinne an t-athbhreithniú roinnt moltaí lárnacha do Chúnamh Éireann agus don Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála chun éifeachtacht chúnaimh idirnáisiúnta na hÉireann a fheabhsú. Áiríodh orthu sin

- caidreamh níos córasaí a fhorbairt laistigh de Chúnamh Éireann agus den Roinn maidir le cur i bhfeidhm an Dearbhaithe agus prionsabail Chlár Oibre Accra
- daingne bainistíochta torthaí, measúnú tionchair, meastóireacht agus iniúchadh a fheabhsú
- cleachtais bhainistíochta a neartú trí tharmligean méadaitheach, tabhairt isteach chóras meantóireachta agus oiliúint fhoirmiúil ar éifeachtacht chúnaimh agus ar bhainistíocht airgeadais phoiblí
- straitéis rannach chun dul i ngleic leis an bpobal ar fhorbairt idirnáisiúnta a fhorbairt tuilleadh
- deiseanna don fhoireann rannach chun dul ag obair le Cúnamh Éireann a chinntiú.

24.29 Dúirt an tOifigeach Cuntasaíochta go n-áirítear ar an obair a rinneadh chun aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna ar leagadh béim orthu

- forbairt chóras bainistíochta feidhmíochta ag Cúnamh Éireann
- forbairt chumais don bhainistíocht agus don fhoireann i bhfeidhmíocht agus i mbainistíocht bunaithe ar thorthaí
- bunú foirne tiomanta chun dearbhú cáilíochta leanúnach agus tacaíocht i réimsí beartais, pleanála agus éifeachtachta a chur ar fáil.

24.30 Tugadh ar aird gur chinn tuarascáil taighde neamhspleách ar cháilíocht chúnaimh forbartha ó raon de thíortha agus gníomhaireachtaí iltaobhacha, a foilsíodh i 2010, gurb i Éire an t-aon bhronntóir dháthaobhach a rangaíodh ar na deich gcinn is airde thar gach príomhdhiminsean de cháilíocht chúnaimh a scrúdaíodh.[217]

Clár Measúnaithe

24.31 Cuireann an próiseas roghnaithe d'ábhair mheasúnaithe leibhéal tábhachta straitéisí tionscnamh áirithe do chlár forbartha thar lear Chúnamh Éireann san áireamh agus méid an chaiteachais atá i gceist. Tá cur síos ar scóip leathan obair mheasúnaithe leagtha amach thíos.

Tíortha de chuid an Chláir

24.32 Maidir le naoi dtír an chláir rinneadh measúnaithe ar gach ceann acu le linn na tréimhse 2004 go 2010. Clúdaíonn socruithe maoinithe do thíortha an chláir tréimhse chúig bliana agus is cuid den bheartas measúnú a dhéanamh sa bhliain deiridh de gach timthriall.

24.33 Tugadh trí mheasúnú fhoirmiúla de chláir chúnaimh tíortha is comhpháirtithe i 2010. Bhain siad sin le

- páipéar straitéise tíre do Vítneam (2007 – 2010)
- clár cúnaimh tíre don Tansáin (2005 – 2010)
- comhstraitéis chabhrach don tSaimbia (2007 – 2010).

24.34 Tá achoimrí de na trí mheasúnú leagtha amach in Aguisín B.

Cláir Dhéthaobhacha Eile

24.35 Tá socruithe éagsúla ann do mheasúnú cineálacha eile cúnaimh forbartha dhéthaobhaigh.

24.36 Maidir le Tacaíocht Sochaí Sibhialta arbh ionann é agus €99.9 milliún i 2010, déantar measúnú ar an Scéim Chomhpháirtíochta Ilbhliantúil ag druidim le deireadh gach timthriall maoinithe cúig bliana, agus an measúnú is deireanaí á thabhairt chun críche faoi láthair. Foráiltear na socruithe measúnaithe i leith an Chiste Sochaí Sibhialta sna conarthaí maoinithe aonair leis na faighteoiri. I gcás Misean Cara, tá an chéad athbhreithniú neamhspleách eile le bheith ann ag druidim le deireadh na céime reatha den mhaoiniú (2012/13).

24.37 I réimsí cúnaimh éigeandála agus daonnúla agus ullmhacht éigeandála agus iar-athshlánaithe, arbh ionann agus caiteachas €64.2 milliún i 2010, téann formhór an mhaoinithe go dtí comhlachtaí idirnáisiúnta a bhfuil nósanna imeachta agus cleachtais sheanbhunaithe acu[218]. Ar shaincheisteanna leasa straitéisí do Chúnamh Éireann, féadfaidh an tAonad Iniúchta agus Measúnaithe páirt ghníomhach a ghlacadh i gcuid den na cleachtaí measúnaithe seo. Mar shampla, tá páirt á ghlacadh ag an Aonad faoi láthair sa mheasúnú ar Lárchiste Freagartha Éigeandála na Náisiún Aontaithe.

24.38 Cuirtear formhór an mhaoinithe do thionscnaimh oideachais, ocrais agus sláinte domhanda, arbh ionann agus €18.6 milliún i 2010, ar fáil i gcomhpháirt le deontóirí eile agus déantar measúnú ar na comhábhair éagsúla ag tréimhsí aontaithe.

---

217 Institiúid Brookings /Lárionad d'Fhorbairt Domhanda (2010), Cáilíocht Mheasúnaithe Cúnaimh Forbartha Oifigiúil.

218 Lena n-áirítear gníomhaireachtaí UN, gníomhaireachtaí iltaobhacha agus NGOnna idirnáisiúnta.

Cláir Chúnaimh Iltaobhaigh

24.39 Maidir le cúnamh forbartha iltaobhach, arbh ionann é agus €84.5 milliún faoi Vóta 29 i 2010, tá aonaid mheasúnaithe ag na gníomhaireachtaí NA atá i gceist a dhéanann athbhreithnithe rialta ar gach gné dá n-oibríochtaí. Cuirtear na tuarascálacha measúnaithe go léir ar fáil de ghnáth do Chúnamh Éireann agus do dheontóirí eile na dtionscnamh a ndearnadh measúnú orthu. Maidir le maoiniú a chuirtear ar fáil trí chomhlachtaí AE, déantar obair mheasúnaithe trí Aonad Measúnaithe an Choimisiúin Eorpaigh. Cuirtear an chuid is mó den chúnamh iltaobhach eile ar fáil trí chláir thógáil chumais chómhaoinithe, lena n-áirítear Institiúid an Bhainc Dhomhanda agus an Chorparáid Airgeadais Idirnáisiúnta, a bhfuil a feidhm mheasúnaithe féin ag gach ceann acu. Tá tuarascálacha ón AE agus ón mBanc Ceannais ar fáil go poiblí.

Measúnuithe Comhlánaithe a Leanúint

24.40 Le linn 2010, rinne an tAonad Iniúchta agus Measúnaithe tuilleadh forbartha ar a chóras rianaithe ar chur i bhfeidhm moltaí measúnaithe a rinneadh. Úsáidtear teimpléad chun stádas iar-chomhlíontachta na tuarascála measúnaithe féin a rianú (e.g. curtha isteach le haghaidh athbhreithnithe inmheánaigh, curtha faoi bhráid an Choiste Iniúchta) agus stádas feidhmithe gach moladh aonair. Réachtáiltear cruinnithe leis an mbainistíocht sa réimse atá clúdaithe ag an athbhreithniú le forbairtí maidir leis na moltaí aontaithe a phlé.

24.41 Tugann Físor 116 achoimre ar an suíomh maidir le cur i bhfeidhm moltaí ag éirí as gach ceann de mheasúnuithe 2009.

Físor 116 Stádas moltaí ó mheasúnuithe a comhlíonadh i 2009[a]

Stádas[b]	Measúnú ar Chlár Cúnaimh Uganda	Measúnú ar Thacaíocht do Siarra Leon	Measúnú ar thacaíocht HIV agus AIDS
Líon iomlán moltaí sa tuarascáil	18	15	7
Líon ar ghlac an bhainistíocht leo[c]	17	14	7
Líon a cuireadh i bhfeidhm	17	13	7
Líon atá ar siúl	-	1	-
Líon nár cuireadh tús leo	-	-	-

Foinse: An Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála

Nóta:
a Tugadh measúnú ar thacaíocht don Libéir chun críche freisin i 2009, ach níl na mionsonraí san áireamh thuas. Is bliain toghcháin é sa Libéir agus ag cur san áireamh ionchas na héagobhsaíochta chun cur isteach ar chláir Chúnamh Éireann, cuireadh forbairt straitéise tíre nua siar go dtí tar éis an toghcháin. Tabharfaidh an straitéis nua, nuair a fhorbraítear í, aghaidh ar na saincheisteanna a tógadh i measúnú 2009.

b Léirítear an stádas amhail 1 Bealtaine 2011.

c Sa dá chás nuair nár ghlac an bhainistíocht leis na moltaí, d'aontaigh an tAonad Iniúchta agus Measúnaithe nach raibh bonn cirt leis na moltaí.

Conclúid

B'fhiú €676 milliún in iomlán caiteachas ODA na hÉireann i 2010, a ndearnadh €522 milliún a phróiseáil trí Chúnamh Éireann agus ar tugadh cuntas ina leith faoi Vóta 29: Comhar Idirnáisiúnta.

Idir 2000 agus 2008, rinne Éire dul chun cinn seasmhach i dtreo sprioc na NA do thíortha forbartha chun ranníocaíocht ODA comhionann le 0.7% de GNP a dhéanamh gach bliain. Ach tar éis 0.59% a bhaint amach i 2008, tá an figiúr titithe siar i ngach ceann den dá bhliain deiridh, le leibhéal 0.53% do 2010.

Rinneadh athbhreithniú le linn 2010 ar chumas na hÉireann freastal ar a tiomantais faoi Dhearbhú Pháras maidir le hÉifeachtacht Chabhrach agus Clár Oibre Gnímh Accra. Bhí na torthaí dearfach ar an iomlán ach tugadh roinnt imní ar aird, lena n-áirítear easpa córas éifeachtach tuairiscithe feidhmíochta ar éifeachtacht cabhrach agus gá le saineolas méadaitheach i mbainistíocht airgeadais phoiblí.

Tá Aonad Iniúchta agus Measúnaithe ag an Roinn a bhfuil de chúram air a chinntiú go n-úsáidtear cistí chun na críocha a bhí beartaithe agus go mbaintear luach ar airgead amach.

Iniúchadh

Baineadh clúdach iniúchta thart ar 95% de chaiteachas amach le blianta beaga anuas. Baintear an dearbhú iniúchta seo amach ar bhealaí éagsúla lena n-áirítear tuarascálacha a fuarthas ó eagraíochtaí comhpháirtíochta, iniúchtaí a coimisiúnaíodh ó ghnólachtaí iniúchta aitheanta go hidirnáisiúnta agus obair a rinne an tAonad Iniúchta agus Measúnaithe go díreach.

Tá an fhreagracht do bhailiú agus d'athbhreithniú tuarascálacha iniúchta do chúnamh déthaobhach lasmuigh de sin a sholáthraítear do thíortha an chláir ar rannáin aonair laistigh de Chúnamh Éireann. Níl córas struchtúrtha i bhfeidhm ag an Roinn chun a chinntiú go gcuirtear tuarascálacha isteach de réir mar a theastaíonn nó d'athbhreithniú tuarascálacha ag an Aonad Iniúchta agus Measúnaithe.

Tá teorannú leis an méid is féidir le na cistí sonracha a thugann Éire a aonrú agus a chur faoi iniúchadh ex post do chláir chabhrach iltaobhacha arna maoiniú trí ranníocaíochtaí comhthiomsaithe ó thíortha ilbhronntacha. Sna cásanna seo bíonn an Roinn ag brath ar shocruithe iniúchta na n-eagraíochtaí cabhrach idirnáisiunta lena ndéantar na ranníocaíochtaí do dhearbhú iniúchta.

Nuair a chuirtear coinníoll le tuarascálacha iniúchta de bharr saincheisteanna ábhartha a aithníodh, oibríonn an Roinn leis an eagraíocht chomhpháirtíochta chun plean gnímh a aontú le aghaidh a thabhairt ar na réimsí imní.

Measúnú

Is é cuspóir feidhm an mheasúnaithe tionchar tionscnamh a chinneadh agus an méid a bhfuil luach bainte amach a mheas. Tá straitéis mheasúnaithe á comhtháthú i ndearadh idirghabhálacha nua, na critéir á gcur in áit roimh ré lena ndéanfar an rathúlacht a thomhas. Tá córas struchtúrtha i bhfeidhm ag an Aonad chun rianú a dhéanamh ar mholtaí measúnaithe a rinneadh agus iad a leanúint.

Tá na cláir mhaoinithe i ngach ceann de na tíortha cláir á measúnú ó 2004 agus tá tuilleadh measúnuithe sceidealaithe thar na ceithre bliana atá romhainn. Athraíonn na socruithe measúnaithe dona chláir chúnaimh dhéthaobhaigh eile agus an clár aonair is mó, an Scéim Chláir Ilbhliantúil, á measúnú uair in aghaidh gach cúig bliana agus na cinn eile á measúnú ar bhonn ad hoc níos mó. Bíonn an Roinn ag brath ar mheasúnuithe ó eagraíochtaí comhpháirtíochta lena n-áirítear eagraíochtaí na NA agus an Banc Domhanda do chláir chúnaimh iltaobhaigh.

Tá iarrachtaí measúnaithe an Aonaid Iniúchta agus Measúnaithe dírithe ar an maoiniú a chuirtear ar fáil do thíortha an chláir. Tá achoimre ar thorthaí na dtrí measúnú a rinneadh le linn 2010 in Iarscríbhinn B.

Iarscríbhinn A Príomhchláir Chúnaimh

Soláthraíonn Cúnamh Éireann cúnamh do thíortha i mbéal forbartha faoi raon leathan clár, a ndéantar cuid díobh a sheachadadh trí theagmháil dhíreach leis na tíortha iad féin agus cuid eile trí eagraíochtaí cúnaimh idirnáisiúnta.

Cúnamh Forbartha Déthaobhach

Soláthraítear an chuid is mó (64%)[219] d'ODA na hÉireann trí chláir comhair dhéthaobhaigh. Léiríonn Fíor 117 miondealú ar aistrithe déthaobhacha.

Fíor 117 Cúnamh Forbartha Oifigiúil Déthaobhach, de réir Cineáil, 2007 go 2010

	2007 €m	2008 €m	2009 €m	2010 €m
Vóta 29 Caiteachas comhair idirnáisiúnta				
Cúnamh do thíortha an chláir	185.0	218.6	195.0	181.7
Cúnamh do thíortha eile	29.4	38.2	24.5	20.2
Tacaíocht Sochaí Sibhialta, lena n-áirítear cómhaoiniú le NGOnna.	117.6	134.2	107.6	99.9
Tionscnaimh shláinte dhomhanda, ocrais agus oideachais[a]	96.5	67.6	27.9	18.6
Cúnamh daonnúil agus éigeandála	120.8	108.4	67.7	64.2
Cláir eile	17.8	39.5	25.1	22.2
ODA déthaobhach ag gníomhaireachtai Rialtais eile	8.9	8.3	7.3	6.1
Iomlán ODA déthaobhach	**576.0**	**614.8**	**454.9**	**412.9**

Foinse: An Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála

Nóta: a Tá caiteachas faoin tionscnamh ocrais domhanda (ar cuireadh tús leis i 2009) san áireamh sa chatagóir seo anois in áit i 'gcláir eile'. Tá coigeartú déanta ar fhigiúirí 2009 dá réir.

Cúnamh do Thíortha an Chláir

Caitheadh iomlán €181.7 milliún ar chláir chúnaimh tíre fhoirmiúla i 2010. Is comhpháirtíochtaí straitéiseacha na cláir seo le rialtais tíortha roghnaithe chun tacú le laghdú bochtaineachta agus le forbairt ar bhonn fadtéarmach. Ar na tíortha a thacaigh Éire leo faoi na cláir seo tá an Aetóip, Leosóta, an Mhaláiv, an Mhósaimbíc, an Tansáin, Tíomór Thoir, Uganda, Vítneam agus an tSaimbia. Déanann ambasáidí Éireannacha i ngach tír cúnamh forbartha a bhainistiú agus soláthraítear é trí thacú le buiséid agus le pleananna forbartha náisiúnta an rialtais chomhpháirtíochta, chomh maith le heagraíochtaí sochaí sibhialta agus NGOnna sna tíortha sin.

[219] Den €645.5 milliún a dáileadh in ODA i 2010, rinneadh €412.9 milliún a sheachadadh trí chláir chúnaimh dhéthaobhaigh.

Cuireadh cúnamh arbh fhiú €20.2 milliún in iomlán é ar fáil freisin do thíortha roghnaithe eile i 2010. Tugtar tacaíocht do chlár san Afraic Theas, maoirseacht á déanamh ag ambasáid na hÉireann ansin. Tá clár athshlándála i bhfeidhm i Siarra Leon agus sa Libéir, á sheachadadh go príomh trí ghníomhaireachtaí speisialaithe na NA agus NGOnna, agus déantar maoirseacht air ó oifig i Siarra Leon. Tugadh tacaíocht freisin do chlár sna limistéir riaraithe ag na Pailistínigh, agus do chlár HIV/AIDS sa tSimbáib a sheachadaítear trí NGOnna.

Tacaíocht Shochaí Sibhialta

Soláthraíonn buiséad na Sochaí Sibhialta maoiniú do NGOnna, do ghrúpaí misinéirí agus do chomhpháirtithe sochaí sibhialta eile le haghaidh idirghabhálacha forbartha. Thit caiteachas sa réimse seo 7% i 2010, go €100 milliún. Is iad seo a leanas na príomhchainéil caiteachais

- An Scéim um Chlár Ilbhliantúil – soláthraíonn sí seo maoiniú ilbhliantúil intuartha do chúig cinn d'eagraíochtaí neamhrialtasacha bunaithe ar a bpleananna straitéiseacha. Is iad na cúig eagraíocht neamhrialtasacha Concern, Trócaire, Christian Aid, Goal agus Self Help Africa. Tá maoiniú tríd an Scéim bunaithe ar chreat straitéiseach pleanála agus monantóireachta agus tiomantas i leith feabhsú leanúnach de réir an chleachtais idirnáisiúnta is fearr a bheith ar bun ag an eagraíocht is faighteoir.

- An Ciste Sochaí Sibhialta – soláthraíonn sé seo maoiniú tionscadail ilbhliantúil thar raon earnálacha sóisialta agus eacnamaíochta. I 2010, maoiníodh 77 éigin eagraíocht neamhrialtasacha faoin scéim seo.

- Misean Cara (ar a dtugtaí an Irish Missionary Resource Service tráth) — is gníomhaire bainistíochta é an comhlacht seo le haghaidh misinéirí, a thugann fodheontais do 87 eagraíocht mhisinéireachta agus a sholáthraíonn forbairt acmhainne agus maoirsiú breise ar a n-idirghabhálacha forbartha.

- An Scéim Mion-Tionscadal Intíre — faoin scéim seo, tá buiséid ag naoi n-ambasáid de chuid na hÉireann agus ag consalacht amháin chun tacaíocht dhíreach a thabhairt do thionscadail forbartha ar mhionscála. Oibríonn an scéim i dtíortha atá i mbéal forbartha ina bhfuil creidiúnú taidhleoireachta ag Éirinn ach nach bhfuil aon chlár de chuid Chúnamh Éireann iontu.

- An Clár um Lárionad Faisnéise a Bhaineann le hOibrithe Saorálacha—is é is cuspóir an lárionaid eolas a sholáthar ar obair Chúnamh Éireann, agus seirbhís eolais a sholáthar do dhaoine aonair ar mian leo a bheith ag obair mar oibrithe saorálacha forbartha thar lear.

Cúnamh Oideachais, Ocrais agus Sláinte Domhanda

B'ionann agus €18.6 milliún an caiteachas ar scéimeanna oideachais, ocrais agus sláinte i 2010, lena n-áirítear caiteachas faoin tionscnamh ocrais dhomhanda ar cuireadh tús leis i 2009. Is féidir é seo a chur i gcomparáid le caiteachas iomlán €96.5 milliún i 2007. Tá caiteachas eile dírithe go príomha ar chosc agus ar chúram HIV/AIDS agus soláthar oideachais bhunaidh i dtíortha nach bhfuil forbartha chomh maith sin. Soláthraítear cistí le haghaidh na dtionscnamh trí eagraíochtaí neamhrialtasacha agus misinéirí.

Cúnamh Daonnúil agus Éigeandála

13 Soláthraítear cúnamh éigeandála agus daonnúil le linn éigeandálaí agus ina ndiaidh ar éigeandálaí a eascraíonn faoi thubaistí nádúrtha nó géarchéimeanna daonnúla. Is í an aidhm atá leis an gcúnamh seo beatha daoine a shábháil, fulaingt a mhaolú agus dínit an duine a chothabháil. Féadfar an maoiniú a sholáthar do rialtais atá ag déileáil le géarchéimeanna daonnúla, trí eagraíochtaí neamhrialtasacha atá in ann freagairt thapa a thabhairt ar ghéarchéimeanna dá leithéid, nó trí eagraíochtaí idirnáisiúnta amhail na Náisiúin Aontaithe agus Cumann Idirnáisiúnta na Croise Deirge. €64.2 milliún an caiteachas iomlán ar chúnamh éigeandála agus daonnúla i 2010, rud a léiríonn laghdú 5% ar sholáthar 2009.

D'fhonn mearfhreagairt d'éigeandálaí a éascú, rinneadh os cionn €25.9 milliún a ranníoc sa bhliain 2010 (méadú ó €23 milliún i 2009) le haghaidh socruithe maoinithe chomhthiomsaithe lena n-áirítear Lárchiste Freagartha Éigeandála na Náisiún Aontaithe. Cuireadh €10.1 milliún eile chun bealaigh trí Chumann na Croise Deirge. Fuair eagraíochtaí de chuid na Náisiún Aontaithe beagnach €4 milliún, agus fuair an Clár Domhanda Bia an sciar is mó de sin (€2.1 milliún). Soláthraíodh €12.6 milliún d'earnáil na n-eagraíochtaí neamhrialtasacha, agus soláthraíodh €10.5 milliún de sin d'eagraíochtaí atá bunaithe in Éirinn.

Cúnamh Forbartha Iltaobhach

Soláthraítear thart ar 36% de ODA na hÉireann trí ranníocaíochtaí ginearálta i leith an chostais a ghabhann le hobair forbartha a dhéanann raon d'eagraíochtaí iltaobhacha idirnáisiúnta. Cuirtear miondealú ar na heagraíochtaí a dtugtar maoiniú dóibh i láthair i bhFíor 118.

Fíor 118 Cúnamh Forbartha Oifigiúil Iltaobhach, de réir Eagraíochta, 2007 go 2010

	2007 €m	2008 €m	2009 €m	2010 €m
Na Náisiúin Aontaithe, lena n-áirítear ranníocaíochtaí deonacha do ghníomhaireachtaí NA	111.9	102.1	60.1	59.9
Gníomhaireachtaí agus tionscnaimh an Chomhphobail Eorpaigh				
Buiséad AE do Chomhar Forbartha	82.0	85.3	95.1	77.5
An Ciste Eorpach Forbraíochta	15.3	22.0	22.0	23.2
An Banc Domhanda agus institiúidí iltaobhacha eile	46.4	53.6	32.8	28.3
Comhaoiniú le gníomhaireachtaí iltaobhacha	9.2	7.7	21.3	43.7
Iomlán ODA iltaobhach	**264.8**	**270.7**	**231.1**	**232.6**

Foinse: An Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála

Tá maoiniú comhair iltaobhaigh dírithe go príomha ar na réimsí seo a leanas

- Gníomhaireachtaí na Náisiún Aontaithe – Tá ról ag na Náisiúin Aontaithe in aghaidh a thabhairt ar an mbochtaineacht ar bhonn domhanda agus i gcuidiú chun cuspóirí idirnáisiúnta comhaontaithe agus Spriocanna Forbartha na Mílaoise a bhaint amach. Soláthraíonn Éire cion dá ODA do chistí agus cláir de chuid na NA, go mór mór mar mhaoiniú príomha dá gcuid oibríochtaí agus gníomhaíochtaí, ach freisin chun tacú le bearta athchóirithe agus le cláir shonracha lena n-áirítear forbairt daonlathais agus athchóiriú toghcháin, oideachas agus oiliúint, cúnamh do dhídeanaithe, cosaint do chearta an duine, comhrac i gcoinne HIV agus AIDS, córais sláinte a fhorbairt agus an comhshaol a chosaint.

- Comhar Forbartha AE – Is é an tAontas Eorpach (lena n-áirítear ranníocaíochtaí a bhallstát) an soláthraí is mó cúnaimh forbartha ag leibhéal domhanda agus tá tionchar aige ar chláir forbartha ag leibhéal idirnáisiúnta.

- Is bealaí suntasacha chun cúnamh a sheachadadh iad an Banc Domhanda agus bainc forbartha réigiúnaí agus is gníomhairí tábhachtacha iad freisin maidir le saincheisteanna beartas agus athchóirithe ag leibhéal tíre. Is ranníocóir í Éire, tríd an Roinn Airgeadais, le Comhlachas Forbartha Idirnáisiúnta an Bhainc Dhomhanda agus le Banc Forbartha na hÁise. Bíonn sí ag plé leis na bainc maidir le bainistiú fiach, éifeachtúlacht chúnaimh agus beartas a bhaineann le maoiniú forbartha chomh maith le saincheisteanna sonracha a bhaineann le tíortha atá páirteach i gcláir de chuid Chúnamh Éireann.

- Áirítear i gcómhaoiniú le gníomhaireachtaí iltaobhacha tacaíocht do thaighde talmhaíochta chun cuidiú le daoine bochta tríd an nGrúpa Comhairleach um Thaighde Idirnáisiúnta Talmhaíochta agus tríd an gCiste Domhanda um Éagsúlacht Barr. Tugtar tacaíocht d'fhorbairt fiontraíochta agus gnó ar mhionscála tríd an Eagraíocht Idirnáisiúnta Saothair.

Iarscríbhinn B Measúnuithe Cúnaimh 2010

Straitéis tíre do Vítneam

Chuir an mheasúnacht measúnú neamhspleách ar fáil ar lóighic, ar chomhleanúnachas agus ar threo straitéiseach chéad pháipéar straitéiseach tíre (CSP) de chuid Chúnamh Éireann i (2007-2010). Rinne sé taifead freisin ar cheachtanna a foghlaimíodh ar féidir a fheidhmiú i ndearadh straitéisí tíre sa todhchaí.

Thug an tuarascáil ar aird go raibh athrú an-mhór tagtha ar an gcomhthéacs socheacnamaíoch i Vítneam le scór bliain anuas. Tá daonra sa bhreis ar 86 milliún ag an tír, geilleagar margadhbhunaithe rafar agus meánfhás GDP 7.5% in aghaidh na bliana le deich mbliana anuas. Tá titim ar an mbochtaineacht fhoriomlán ó 58% i 1993 go 10% measta i 2010, de réir an tsainmhínithe náisiúnta ar thairseach na bochtaineachta. Ach tá dúshláin rialachais ann i gcónaí maidir le saincheisteanna follasachta, caimiléireachta, comhionannais agus dáileadh maoine.

Is í Vítneam príomhfhaighteoir cúnaimh san Áise Thoir, ag fáil tacaíochta ó bhreis agus 50 bronntóir thar lear. I 2008, fuair sí cúnamh iomlán US$1.6 billiún, arbh ionann agus thart ar 3% d'Olltáirgeacht Intíre na tíre. Faoi dheireadh 2009, bhí Cúnamh Éireann tar éis iomlán €53.4 milliún a íoc amach i Vítneam ó thús an CSP i 2007.

Chinn an measúnú go raibh an CSP foriomlán ceaptha go hiomchuí le hailíniú le Plean Forbartha Socheacnamaíochta Vítneam agus le Páipéar Bán Rialtas na hÉireann ar chúnamh (2005). Dhírigh sé isteach go háirithe ar thionscnaimh a thug aghaidh ar bhochtaineacht a bhí suite go domhain agus ar dheacrachtaí atá ag grúpaí mionlaigh agus bhí punann tionscnamh ann a thug aghaidh ar leasanna na ngeallsealbhóirí uile ar bhealach comthromaithe. Ach thug an tuarascáil ar aird gur fhág an bhéim chúplach ar laghdú bochtaineachta agus forbairt eacnamaíochta go raibh dhá shruth oibre ann nár tháinig le chéile ach feadh méid teoranta.

Chinn an measúnú gur fheidhmigh an clár go maith ach go bhféadfadh sé a bheith níos éifeachtaí dá mbeadh béim níos mó ar dhul chun cinn a thomhas agus ar cheachtanna a fhoghlaim. Cinneadh gur baineadh éifeachtacht amach trí mheascán de rialacha mionsonraithe cúnaimh a úsáid agus gur tugadh aghaidh ar shaincheisteanna inbhuanaitheachta, ach go raibh sé ró-luath i bhformhór na gcásanna breithiúnas a thabhairt ar a rathúlacht.

Ba é measúnú foriomlán na measúnachta ar chur i bhfeidhm an CSP gur chuir sé tacaíocht thábhachtach ar fáil don dá chlár oibre ar laghdú na bochtaineachta agus ar fhorbairt eacnamaíochta.

Príomh-mholtaí

Tá roinnt moltaí do Chúnamh Éireann sa tuarascáil maidir leis an gcéad pháipéar straitéise tíre eile i Vítneam

- líon teoranta de chomhpháirtithe tosaíochta a aithint agus díriú ar réimsí buntáiste comparáidigh, agus solúbthacht á coinneáil chun buntáiste a bhaint as deiseanna a bhí ag teacht chun cinn
- leanúint leis an mbéim ar bhochtaineacht, ag díriú ar ghrúpaí imeallaithe agus faoi mhíbhuntáiste
- leanúint le comhchodanna rathúla mar chlár IDEAS, Eispéireas agus Roinnt Forbraíochta na hÉireann agus an clár scoláireachta CSP.
- cleachtadh seasmhach a fhorbairt do scoitheadh ó chomhchodanna cláir, tacaíocht á tabhairt do na comhpháirtithe go léir leis an gcoigeartú riachtanach a dhéanamh
- próifíl níos airde a thabhairt d'fhoghlaim ceachta, laistigh de chreat soiléir measúnaithe agus monatóireachta.

Straitéis Chomhchúnaimh don tSaimbia

Ba é cuspóir an mheasúnachta measúnú a sholáthar ar an gComhstraitéis Chúnaimh don tSaimbia (JASZ) thar an tréimhse ó 2007 go luath i 2010, chun forbairt phleananna straitéiseacha todhchaí a fhoirmiú. Scrúdaigh an measúnú dearadh agus cur i bhfeidhm JASZ araon agus rinne measúnú ar a hábharthacht, a héifeachtacht agus a héifeachtúlacht.

Is creat meántéarma é JASZ ina bhfuil roinnt prionsabal, tiomantas agus gníomhartha molta chun bainistíocht chúnaimh a fheabhsú. Rinne sé chomhpháirtí i gcomhar é a fhorbairt agus a shíniú i 2007 agus chlúdaigh sé an tréimhse thrí bliana ina dhiaidh sin. Níl figiúr sa tuarascáil don chúnamh iomlán a bhí le cur ar fáil don tSaimbia le linn JASZ a bheith ann. Is ionann beagnach US$920 milliún na figiúirí a bhí san áireamh do 2008, ar chuir Éire thart US$26 milliún de ar fáil.

Ó thaobh ábharthachta JASZ, thug an tuarascáil ar aird roinnt saincheisteanna i leith a dearaidh agus a feidhmithe araon. Ar an gcéad dul síos níl aon spriocanna nó táscairí sonracha ann chun dul chun cinn a thomhas. Ar an dara dul síos, cé go mbraitheann rathúlacht JASZ go criticiúil ar thacaíocht stáit, ní sínitheoir na straitéise é Rialtas na Saimbia. Ar an tríú dul síos léirigh an Rialtas laigeacht instiúide ina chur chuige i leith bainistíochta cúnaimh, rud a chruthaigh deacrachtaí do na páirtithe comhoibrithe.

Chinn an Tuarascáil gur fhág easpa próisis leantaigh chórasaigh go raibh sé deacair measúnú a dhéanamh ar cibé ar cuireadh plean oibre JASZ i bhfeidhm nó nár cuireadh. Chinn sé gur oibrigh na socruithe cumarsáide idir na comhpháirtithe i gcomhar agus an Rialtas go maith. Thug sé ar aird gur mheas formhór na gcomhpháirtithe i gcomhar go raibh an chomhchuntasacht lag, agus cé go bhfuil braistint láidir comhchuibhithe ann is iad riachtanais bronntóirí déthaobhacha a stiúrann a lán de na cinntí agus na gníomhartha go fóill. Shocraigh sé go raibh JASZ níos éifeachtaí ag cur feabhas ar phróisis ná i dtorthaí forbartha a fheabhsú.

Ó thaobh éifeachtúlachta, chinn an measúnú go bhfuil JASZ ag cur leibhéal níos mó comhordaithe ar fáil i réimsí rialachais agus na timpeallachta. Ach d'fhág easpa soiléireachta maidir le rólanna in earnálacha áirithe go raibh teannas ar uairibh idir na comhpháirtithe i gcomhar. Chinn an tuarascáil gur mhéadaigh costais idirbheart do na comhpháirtithe faoi JASZ, ach go raibh laghdú éigin ar chostais idirbheart do Rialtas na Saimbia.

Ar an iomlán, níor aimsigh an measúnú mórán fianaise gur spreag JASZ úinéireacht níos mó ag leibhéal tíre, le córais bhainistíochta cúnaimh an rialtais lag agus comharthaí ceiste faoina chumas dul i gcion ar chinntí comhpháirtithe i gcomhar. Chuir sé béim ar dheiseanna a bhí caillte ar an dá thaobh do dhul chun cinn maidir le hailtireacht idirphlé agus creat measúnaithe bronntóra.

Príomh-Mholtaí

Rinne an tuarascáil seo roinnt moltaí do chomhpháirtithe i gcomhar (lena n-áirítear Cúnamh Éireann) maidir le dearadh agus cur i bhfeidhm na chéad straitéise eile don tSaimbia. Ba chóir don JASZ nua

- ráiteas soiléir cuspóirí a bheith ann a aithníonn na gníomhartha agus na tiomantais atá riachtanach chun na cuspóirí sin a bhaint amach, agus tacaíocht aige ó mheamram nua tuisceana idir comhpháirtithe i gcomhar agus Rialtas na Saimbia
- prionsabail Dhearbhú Pháras a chur chun cinn, ag díriú go háirithe ar na cinn sin nár tugadh aghaidh orthu go dtí seo, i.e. comhchuntasacht agus bainistíocht le haghaidh torthaí
- tacú le cur i bhfeidhm an Séú Plean Forbartha Náisiúnta don tSaimbia, cláir á mapáil go dtí réimsí tosaíochta agus tacaíocht riaracháin iomchuí á cinntiú
- córais mhonatóireachta níos láidre a bheith san áireamh a ndearnadh idirphlé orthu agus a aontaíodh le Rialtas na Saimbia
- pleananna oibre leasaithe go bliantúil a ionchorprú le spriocanna réadúla chun a chinntiú go gcoinnítear an bhéim ar thorthaí forbartha.

Clár cúnaimh tíre don Tansáin

Scrúdaigh an measúnú seo feidhmíocht an chúnaimh forbartha a chuir an Ríocht Aontaithe agus Éire ar fáil don Tansáin le linn na tréimhse 2005-2010. Is iad Cúnamh Éireann agus Roinn Forbartha Idirnáisiúnta na Ríochta Aontaithe (DFID) a rinne an measúnú i gcomhar.

Sháraigh an fás eacnamaíoch sa Tansáin 7% i ngach ceann de na blianta faoi athbhreithniú seachas 2009, áit ar ísligh sé go 5% de bharr an mhaolaithe eacnamaíochta domhanda. Bhí an tionchar ar an mbochtaineacht go príomha i réimsí neamhioncaim, le dul chun cinn mór san oideachas agus i gcúrsaí sláinte. Chuir caiteachas poiblí méadaithe bonneagar breise ar fáil do sheirbhísí sóisialta ach tá earcú foirne cáilithe titithe chun deiridh.

Chuir tacaíocht buiséid ghinearálta ó chomhpháirtithe forbartha thart ar 20% de chaiteachas iomlán poiblí ar fáil thar thréimhse an athbhreithnithe. Cé gur fhág sé seo go raibh leathnú ar an scála soláthair seirbhíse in earnálacha áirithe ar thug an rialtas tosaíocht dóibh, thug an tuarascáil ar aird nár fhág sé go raibh feabhas ar cháilíocht nó ar éifeachtúlacht na seirbhíse. Tá éagóracha ann i gcónaí sna dáiltí earnála sóisialta go dtí na ceantair is mó atá faoi mhíbhuntáiste.

Chinn an measúnú, ainneoin fás eacnamaíoch seasta na tíre le blianta beaga anuas, nach raibh mórán tionchair ar an mbochtaineacht sa Tansáin mar gheall ar ró-iontaoibh as caitheamh na hearnála poiblí agus tionchar teoranta infheistíochtaí sa talmhaíocht, i dtrádáil agus san earnáil phríobháideach. Tá caiteachas poiblí níos mó sna réimsí cearta á chumasú i gcónaí ag tacaíocht bhuiséid dhírigh ach tá an acmhainneacht ag tiomantais bhronntóirí sa réimsí seo a scóp d'infheistíocht dhíreach san earnáil phríobháideach agus sa tsochaí sibhialta a theoranú. Tugadh ar aird freisin go raibh an idirphlé tacaíochta buiséid ghinearálta ró-chasta agus ilsraitheach, agus béim mhíchuí ar shraith táscairí a bhí ag fás, an deis don phlé agus do mhalairt tuairimí á dteorannú leis sin.

Ba é measúnú na foirne athbhreithnithe gur léirigh Rialtas na Tansáine a chumas bainistíochta chuí a dhéanamh ar an ioncam méadaithe ó theacht isteach baile agus ó chúnamh thar lear, agus é a dháileadh, ach teastaíonn tuilleadh fiosraithe le fáil amach cibé a bhfuarthas luach ar airgead don chaiteachas poiblí méadaithe. Cé go bhfuil páirtithe leasmhara tar éis éirí níos gníomhaí agus go bhfuil méadú ar infhaighteacht eolais, tá an leibhéal cuntasachta teoranta trína n-easpa eolais agus tuisceana ar na próisis do leagan amach buiséid agus do chinnteoireacht rialtais.

Maidir le cumas intíre Chúnamh Éireann, chinn an measúnú go raibh an eagraíocht struchtúrtha go hiomchuí agus go raibh úsáid éifeachtach bainte amach aici as na feidhmeanna nasctha forbartha agus dioplómaitiula. Ach cinneadh go raibh nascanna idir an Ceannáras agus cláir oifige tíre lag le sreabhadh neamhleor eolais agus easpa foghlaim ceachta comhroinnte.

Chinn an tuarascáil go bhfuil ardmheas ar Chúnamh Éireann i measc a piaraí, rud a chuireann tábhacht lena dhearcadh agus a thuairimí agus a chuireann ar a chumas tionchar suntasach a imirt ar Rialtas na Tansáine. Thug an tuarascáil ar aird freisin cé gur minic a ndéantar faillí ar shaincheisteanna leathana i bpróiseas idirphlé tacaíochta buiséid, d'imir Cúnamh Éireann ról láidir i roinnt cásanna, go sonrach i gcásanna inscne agus an chomhshaoil.

Príomh-Mholtaí

Tá roinnt moltaí do Chúnamh Éireann sa tuarascáil seo chun éifeachtacht chúnaimh forbartha don Tansáin sa todhchaí a fheabhsú

- idirphlé athnuaite a spreagadh leis an gcaidreamh muiníne le Rialtas na Tansáine a fhorbairt tuilleadh agus tuiscint níos doimhe ar dhinimic an athruithe agus nádúr eacnamaíochta polaitiúla na tíre a ghnóthú
- díriú ar fhorbairt foirne intíre chun a chinntiú go bhfuil na scileanna agus an t-eolas riachtanach acu chu dul i ngleic le hidirphlé beartais éifeachtach
- an meascán reatha éifeachtach cúnaimh a choinneáil, tacaíocht d'earnálacha tosaíochta agus do thionscadail shonracha á cothromú le tacaíocht buiséid ghinearálta
- tús áite a thabhairt do thacaíocht chun tógáil ar rathúlacht sna hearnálacha sláinte agus talmhaíochta agus leanúint le cur chun cinn leasaithe ar rialtas áitiúil agus dílárú
- tacaíocht bhuiséid ghinearálta a athdhearbhú mar mhódúlacht roghnaithe chun cúnamh comhchuibhithe, á threorú ag an tír, a sholáthar agus dearcadh réadúil á choinneáil ar na torthaí ar féidir a bheith ag súil leo
- castacht an iliomad constaicí (beartas, institiúideach agus acmhainní daonna) in aghaidh caiteachais phoiblí éifeachtaigh a aithint, a thuiscint agus ómós a thabhairt di
- nascadh níos láidre a spreagadh idir Ceanncheathrú Chúnamh Éireann agus comhghleacaithe intíre trí obair foirne, malartú eolais, athbhreithnithe roinnte agus foghlaim ceachtanna.

Caibidil 25

An Scéim Náisiúnta Leathanbhanda

Vóta 30 Cumarsáid, Fuinneamh agus Acmhainní Nádúrtha

An Scéim Náisiúnta Leathanbhanda

25.1 De réir spriocanna iomaíochta an AE caithfear a chinntiú go príomha go mbeidh teacht ag gach aon Eorpach ar bhunleathanbhanda faoi 2013, ansan faoi 2020, go mbeidh teacht acu ar luas idirlín a bheidh níos airde ná 30 meigighiotán sa soicind (Mbps) agus go mbeidh ar a laghad 50% de theaghlaigh na hEorpa ceangailte le seirbhís idirlín a bheidh níos airde ná 100Mbps.

25.2 Leagadh síos go ginearálta spriocanna na hÉireann maidir le leathanbhanda sa todhchaí i ráiteas dar teideal 'Leathanbhanda den Chéad Ghlúin eile – Geata go dtí Éire an Eolais' a foilsíodh i 2009. Ar na spriocanna céanna tá rochtain leathanbhanda do chách sa Stát maraon le luasanna ceangail níos airde.

25.3 Ar an mórgóir tá dhá shaghas teicneolaíochta i gceist chun leathanbhanda a sholáthar

- Leathanbhanda suite – a thagann trí ghréasán traidisiúnta teileafóin, trí chábla nó trí ghréasáin snáthoptaice
- Leathanbhanda gan sreang – a thagann ar ghréasáin raidió, de ghnáth thar chranna teileafón soghluaiste, nó thar shatailít.

25.4 Smaoiníodh ar an Scéim Náisiúnta Leathanbhanda (NBS) mar chuid lárnach den soláthar leathanbhanda gan sreang chuig idir 10% agus 15% de dhaonra an Stáit nach mbeadh in ann teacht ar sheirbhís murach eadráin nó tacaíocht éigin – go díreach lucht ceantar imeallacha agus réigiún mar a mbíonn dlús íseal daonra, áiteanna nach mbeadh soláthróirí príobháideacha in ann nó toilteanach bonneagar leathanbhanda a lonnú iontu ar bhonn gnó (limistéir NBS)[220]. De réir anailís a rinne an Roinn meastar go rachaidh an scéim molta chun tairbhe glan don sochaí agus don gheilleagar má leantar di laistigh de chostais áirithe.

25.5 De thoradh próiseas iomaíoch forthairisceana, rinneadh conradh idir an Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha (an Roinn) agus an soláthróir seirbhíse '3' chun seirbhís leathanbhanda gan sreang a sholáthar i gceantair áirithe. Bhí an comhlacht le seirbhísí leathanbhanda a sholáthar ar bhonn miondíola do thithe cónaithe agus do lucht gnó a mbeadh na seirbhísí uathu laistigh de limistéir chlúdaigh an NBS chomh maith le rochtain mhórdíola d'aon oibritheoir údaraithe leathanbhanda a bheadh ag iarraidh freastal ar áitribh sa limistéar NBS.

25.6 Caithfidh '3' na seirbhísí faoin gconradh a sholáthar go ceann téarma an chonartha (go dtí Lúnasa 2014). Tá sé ráite ag an Roinn nach mbeidh smacht acu ar ghnímh an chomhlachta nuair a bheidh an conradh in éag. Toisc go bhfuil an comhlacht tar éis gréasán fisiciúil cranna a thógáil chun freastal ar an limistéar NBS, glacann an Roinn leis go leanfar den soláthar seirbhísí do chustaiméirí sna ceantair úd nuair a bheidh an conradh as feidhm.

25.7 Faoin gconradh íocann an Roinn €79.8 mhilliún mar fhóirdheontas le '3' i gcéimeanna áirithe thar tréimhse 68 mí – 20% ar chritéir mhóibílithe a bhaint amach Nollaig 2008, 67.5% ar mharcanna ainmnithe eisrothlaithe a shroicheadh, 25% le híoc sa 26ú mhí den chonradh agus 10% ag deireadh na tréimhse oibríochta móide aon chairde dlite. Leagtar amach an sceideal íocaíochtaí, mar atá agus ón réamhaisnéis i bhFíor 119.

[220] Seoladh scéim bhreise, ar tugadh an Scéim Leathanbhanda Tuaithe uirthi, i mí na Bealtaine 2011 le leathanbhanda a sholáthar d'áitribh thuaithe aonair i limistéir nach bhfuil san NBS nach bhfuil seirbhís ar fáil iontu faoi láthair mar gheall ar chúiseanna teicniúla nó eile.

Fíor 119 Sceideal Íocaíochtaí NBS

Céim Íocaíochta	Dáta dlite Íocaíochta	De Réir Buiséid €000	Fíor €000
Móibíliú	2008	15,960	15,960
Eisrothlú	2009/2010	55,860	55,864
Dheiridh	2014	7,980	—
Iomlán		**79,800**	**71,824**

Foinse: An Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha

25.8 Tá an NBS i dteideal páirtmhaoiniú AE a fháil faoin gCiste Forbartha Réigiúnach na hEorpa (ERDF) 2007-2013. Meastar go mbainfear beagán thar €36 mhilliún faoi dheireadh an tionscadail.

25.9 Bhunaigh an Roinn an Bord Tionscadail, a fhaigheann cabhair ó chomhairleoirí teicniúla neamhspleácha, chun monatóireacht a dhéanamh in aghaidh na míosa ar fheidhmíocht bonneagar an NBS, ar infhaighteacht is ar sholáthar seirbhíse, ar thaithí custaiméirí agus ar ghéilliúlacht iomlán do na dualgais atá ar '3' faoin gconradh.

Béim na Caibidle

Sa chaibidil seo tá athbhreithniú ar dhul chun cinn go dtí seo maidir le comhlíonadh gealltanas leathanbhanda a luaitear sa scéim. Go príomha ceistítear

- an bhfuil an tseirbhís leathanbhanda á soláthar de réir an phlean ar an gcaighdeán a aontaíodh
- cé chomh leathan is atá an t-éileamh ar sheirbhís sna limistéir a ndírírtear orthu sa NBS
- an modh monatóireachta go dtí seo maraon leis na torthaí maidir le caighdeáin.

Infhaighteacht Sheirbhísí

25.10 Laistigh den limistéar a gheobhaidh seirbhís leathanbhanda trín NBS tá 1,028 gcinn de Thoghranna roghnaithe.[221]

25.11 Faoin gconradh le '3', bhí sé i gceist go mbeadh seirbhís trí ghréasán tarchuir móibíleach in úsáid ag custaiméirí NBS sna limistéir chuí. Aimsítear an tseirbhís seo trí ghléas ar a dtugtar "dangal" (gléas plocóide don ríomhaire). I gcás glacadh teoranta, tugtar athsheoltóir don chustaiméir — sin gléas a neartóidh an comhartha laistigh den áitreabh féin. Beartaíodh freisin ar sheirbhís trí tharchur satailíte a sholáthar do chuid éigin síntiúsóirí nach mbeadh in ann an clúdach eile trí ghréasán móibíleach a aimsiú.

25.12 Mar riachtanais tábhachtacha faoin gconradh le '3' sonraíodh go mbeadh spriocanna le baint amach maidir le luas íoslódála ag úsáideoirí agus le cumas an chórais freastal ar na húsáideoirí go léir in éineacht. Socraíodh teorannacha freisin le riar na seirbhíse a bhféadfaí a sholáthar trí shatailít.

[221] Ní fhoilsítear staitisticí daonra do cheantar riaracháin níos lú ná an toghroinn (ar a dtugtaí toghroinn cheantair) Cruinniú de bhailte fearainn is ea an toghroinn i gceantair tuaithe. Tá 3,440 toghroinn sa Stát. Sa tuarascáil seo ciallaíonn 'limistéir' na ranna a ndírítear orthu sa NBS.

Luas Íoslódála

25.13 Tomhaistear meánluas an cheangal idirlín de réir meánluas íoslódála agus táscaire tábhachtach is ea é sin chun feidhmíocht seirbhís leathanbhanda a mheas.

25.14 Scrúdaíonn an OECD na luasanna íoslódála mar a fhógraítear ag solathróirí seirbhísí idirlín chun luasanna idirlín sna ballstáit a chur i gcomparáid lena chéile. An méid sin san áireamh, tá an luas is fearr a gheofaí in Éirinn, 9.6 Mbps, i bhfad níos ísle ná formhór na mballstát eile. Ar an meán fógraítear 37.5Mbps i measc na mballstát ar fad, ach fógraítear meánluas 85.6 Mbps sa tSualainn.

25.15 Go praiticiúil, is iad siúd na luasanna is fearr a bhféadfaí a fháil go teoiriciúil trín dteicneolaíocht a bhíonn in úsáid ag soláthróirí seirbhísí idirlín. Is fíor go mbíonn an luas a chleachtaítear de ghnáth i bhfad níos ísle ná iad siúd má ghlactar leis an meán a tharlaíonn thar tréimhse ama. Bíonn bunchúiseanna éagsúla i gceist, san áireamh bíonn infhaighteacht seirbhíse agus an líon úsáideoirí a éilíonn an seirbhís san am céanna (tugtar cóimheas coimhlinte air siúd).

25.16 Faoin gconradh le '3' ba cheart ó thosach go mbeadh luas íoslódála 1.2 Mbps ar a laghad ón soláthar seirbhíse sna limistéir NBS, ansan go ndéanfaí uasghrádú go dtí 1.6 Mbps ó Iúil 2010 agus go dtí 2.3 Mbps ó Dheireadh Fómhair 2012. Beartaíodh go mbeadh meánluas íoslódála 2.9 Mbps faoi Iúil 2010 agus é sin ag dul go 3.4 Mbps faoi Dheireadh Fómhair 2012 ón soláthar leathanbhanda móibíleach.

25.17 De réir socruithe monatóireachta atá sa chonradh, caithfidh '3' a gcuid seirbhísí leathanbhanda a thriail maidir le luas, cóimheas coimhlinte agus caighdeán seirbhíse. Caithfear luas íoslódála an leathanbhanda agus an cóimheas coimhlinte a thomhas. Cuireann an comhlacht na trialacha ar bun i láithreacha a roghnaítear faoi thuairim.

25.18 De réir tuairisc ó '3' ar thorthaí na dtrialacha is déanaí léirítear luasanna íoslódála idir 2 agus 5 Mbps ag an gcuid is mó de na láithreacha a bhí i gceist (féach Fíor 120).

Fíor 120 Luasanna Íoslódála NBS don Sé Mhí dar gcríoch Nollaig 2010[a]



Foinse: Torthaí trialacha

Nóta: a Torthaí iad so ar thrialacha stataca déanta ar 90 láthair faoi thuairim in aghaidh na míosa.

25.19 Don chuid is mó ba léir go raibh na luasanna íoslódala os cionn an íosmhéid (1.6 Mbps) faoi Nollaig 2010. Fuarthas meánluas íoslódála faoi bhun 2 Mbps ar 11% de na láithreacha. Ar an iomlán, ba é 3.5 Mbps an meánluas íoslódála don tréimhse sé mhí idir Iúil agus Nollaig 2010.

25.20 Ar 11% de na láithreacha bhí meánluas íoslódála níos airde ná seirbhís 5 Mbps. Ar bhonn náisiúnta, meastar go mbíodh meánluas íoslódála níos airde ná 5 Mbps ag 29% d'úsáideoirí.[222]

Cóimheas Coimhlinte

25.21 I gcás seirbhís leathanbhanda baineann an cóimheas coimhlinte leis an líon custaiméirí a bhíonn ag úsáid na seirbhíse san am céanna. Dá ísle an cóimheas, is ea is fearr ó thaobh luas íoslódála de. Ó thosach sa chonradh NBS socraíodh ar 36:1 mar uasmhéid cóimheas coimhlinte. Bhí an soláthróir seirbhíse leis an gcóimheas a ísliú go 22:1 ón 1 Iúil 2010.

25.22 De réir torthaí ar thrialacha coimhlinte déanta ag '3' fuarthas cóimheasa a bhí níos ísle ná an caighdeán conarthach 22:1 agus iad de ghnáth thart ar 5.4:1.

25.23 In éineacht le spriocanna luasanna leathanbhanda, smaoiníodh faoin NBS ar theorainn chinnte leis an dtoirt sonraí a bhféadfadh an tomhaltóir a íoslódail. Ar dtús socraíodh ar thoirteanna íoslódála 15 Ghigibheart in aghaidh na míosa don seirbhís mhóibíleach agus 10 Gb don satailít. Measadh ag an am go ndéanfaí uasghrádú orthusan ar an gcéad dul síos go 20 Gb agus ina dhiaidh sin go 30 Gb Deireadh Fómhair 2012 don leathanbhanda móibíleach. Faoi láthair is í 20 Gb an teorainn chonarthach. I gcás seirbhís leathanbhanda trí shatailít, áfach, níl aon athrú ar an uasmhéid íoslódála atá faoi láthair ann – 10 Gb.

Cineál Seirbhíse atá ar Fáil

25.24 Tá sé ráite ag an Roinn gur leagadh amach an NBS go príomha chun seirbhís leathanbhanda a thabhairt chuig láithreacha ainmnithe sa limistéar NBS. Ina cáilíocht féin, tá an chumraíocht déanta mar réiteach leathanbhanda suite, ag baint úsáid as teicneolaíocht leathanbhanda gan sreang.

25.25 De réir an NBS níor ceadaíodh ach uasmhéid 5% mar theorainn leis an líon iomlán áitreabh agus gnóthaí suite a gheobhadh seirbhís trí cheangal satailíte, toisc an tseirbhís úd in ainm is a bheith ar chaighdeán níos ísle na leathanbhanda móibíleach. De réir suirbhé déanta ar 300 custaiméir NBS bhí leathanbhanda ag 96% díobh trín mbonneagar móibíleach agus an córas satailíte ag an gcuid eile.[223]

25.26 Sa chóras leathanbhanda móibíleach, tugann na hoibritheoirí athsheoltóirí móibíleacha do chustaiméirí chun an comhartha a threisiú laistigh den áitreabh. Is léir ón méid sin nach mbíonn comhartha sásúil bunúsach ar fáil don síntiúsóir, d'fhéadfadh an cineál foirgnimh nó an treoshuíomh a bheith i gceist nó fiú bac sa réimse talún, agus go mbíonn gá le hathsheoltóir dá dheasca.

25.27 Faoin 30 Meitheamh 2011, bhí athsheoltóirí ag 43% de chustaiméirí an NBS. Céatadán an-ard is ea é sin sa NBS óna dtuigtear nach mbíonn ach comhartha lag bunúsach ag móran síntiúsóirí.

25.28 Tá sé ráite ag an Roinn go ndearnadh dianmhacnamh, agus an forthairiscint á meas, ar an leathnú fearas athsheoltóra a bhí molta ag '3' agus gur glacadh ag an am leis an úsáid mar mhodh chun a chinntiú go n-aimseofaí na seirbhísí sonraithe bunúsacha NBS ar láithreacha suite. Dúradh gur féidir le hathsheoltóirí an tionchar a bhíonn ag 'tranglam' (mar gheall ar réimse talún) agus ag ábhar tógála i dteach an chustaiméara (gloiniú dúbailte áirithe, leithead ballaí, treo mí-oriúnach fuinneoga 7rl) a laghdú, cúinsí nár aithníodh agus an gréasán á phleanáil. Luadh freisin nach rabhthas ag brath chomh mór san ar sheirbhís satailíte de bharr athsheoltóirí a bheith go forleathan. I dtairiscint '3' sa chomórtas NBS

---

222 Akamai Technologies Inc, Ráithe 1 2001 Tuarascáil.

223 Bhí foráil sa chonradh a lig do '3' ceantair áirithe a ainmniú do 'chumas ar choinníoll' agus breis is 5% den seirbhís a sholáthar trí shatailít iontu. Mar a tharla, níor roghnaigh '3' an foráil sin a úsáid.

míníodh mar réiteach go mbeadh bunstáisiúin tarchur móibíleach acu maraon le fearas athsheoltóra mura mbeadh ach comhartha lag ar fáil ar aon láthair áirithe custaiméara.

25.29 Is ar '3' atá an costas a bhaineann le fearas athsheoltóra a leathnú, de réir meastachán na Roinne tá €3 mhilliún caite ag an gcomhlacht go dtí seo ar an bhfearas úd.

Conclúid — Soláthar Seirbhíse

De reir tomhas seirbhísí déanta ar son an soláthróra agus mar a tuairiscíodh don Roinn, cuireadh ar fáil seirbhísí leathanbhanda sna limistéir NBS a chomhlíon na caighdeáin seirbhísí a leagadh síos sa chonradh.

Ar bhonn náisiúnta, meastar go mbíodh meánluas níos airde ná 5 Mbps ag 29% d'úsáideoirí. Ar an iomlán ba é 3.5 Mbps an meánluas íoslódála sa limistéar NBS agus ar 11% de na láithreacha bhí meánluas íoslódála níos airde ná 5 Mbps.

Tuairimí an Oifigigh Chuntais

25.30 Dhearbhaigh Oifigeach Cuntais na Roinne go raibh sé d'aidhm ag an NBS seirbhísí inacmhainne, inghrádaithe leathanbhanda a sholáthar do thoghranna ainmnithe faoin dtuath in Éirinn mar a measadh an clúdach leathanbhanda a bheith easnamhach. Mar pholasaí níos leithne bhí an NBS chun

- An bearna sa mhargadh a líonadh maidir le soláthar leathanbhanda in áiteanna iargúlta in Éirinn
- Tabhairt faoi cheisteanna toirmisc idir eacnamaíoch agus sóisialta a leanann easpa rochtain leathanbhanda
- Cur go mór le hiomaíocht sna limistéir maidir le hinfheistíocht idir dhúchasach agus iasachta.

25.31 Dúirt an tOifigeach Cuntais go raibh NBS tar éis an sprioc lárnach a chur i gcrích, sa mhéid is go raibh, ó Dheireadh Fómhair 2010 seirbhísí leathanbhanda inacmhainne agus inghrádaithe ar fáil ar fud an limistéir NBS ar fad de réir an chonartha sínithe ag an Stát agus ag '3'.

Ceannach na Seirbhíse

25.32 Ar deireadh, ní bhainfear leas sóisialta ná eacnamaíoch as seirbhís leathanbhanda gan í a úsaid. Teist amháin ar an úsáid is ea éileamh custaiméirí uirthi. Tomhaistear é seo de ghnáth de réir ráta aimsithe leathanbhanda, pé acu i gcóimheas leis an méid áitreabh a mbíonn seirbhís shuite ar fáil iontu, nó leis an daonra iomlán.

25.33 Mheas an Roinn go mbeadh thart ar 200,000 áitreabh in ann glacadh le leathanbhanda laistigh den limistéar clúdaigh molta don NBS. San áireamh bhí idir thithe cónaithe agus áitribh ghnó.

25.34 Luaigh an Roinn go mbíonn ráta aimsithe thart ar 80% d'áitribh i dtíortha mar a bhfuil córas maith bunaithe leathanbhanda. Ina hanailís chostshochair ar thairiscint an NBS, bhíothas ag tuar go mbeadh 126,000 custaiméir ag seirbhís NBS faoi dheireadh tréimhse an chonartha i 2014, b'shin ráta ceannaigh 63% den chumas mar áitribh oiriúnacha sa réigiún. Níor leagadh síos spriocanna dá réir, áfach, ná níor cuireadh a leithéid de spriocanna sa chonradh le '3'. Tá sé ráite ag an Roinn go bhfacthas an ceannach ag custaiméirí mar ghnó a bhain leis an soláthróir seirbhíse.

25.35 I gcomhthéacs idirbheartaíocht don chonradh, ceapadh gur chustaiméirí miondíola ag an soláthróir féin a bheadh i 107,000 den líon iomlán agus go gceannódh 29,000 custaiméir eile seirbhís a bheadh faighte ar bhonn mórdhíola ó '3' ag soláthróirí seirbhíse eile.

25.36 Go praiticiúil, bhí an t-éileamh ag síntiúsóirí i bhfad níos ísle ná mar a measadh ó thosach na scéime. Laghdaíodh an ceannach a bhí beartaithe an chéad uair faoi 2014 go 107,000 custaiméir miondíola, toisc gur léir nach raibh suim ró-mhór ag soláthróirí leathanbhanda eile i bplé le '3' faoi shocruithe miondíola. Ina dhiaidh sin arís, laghdaíodh an figiúr do 2014 ó 107,000 go 68,000 custaiméir i.e. 34% d'áitribh sa limistéar NBS.

25.37 Mar is léir i bhFíor 21, níor tharla an ceannach mar a bhí beartaithe, fiú ag leibhéal an réamh-mheastacháin íslithe. Faoi Mheitheamh 2011, bhí 35,500 custaiméir ar an iomlán tar éis an seirbhís a cheannach ó '3' — thart ar 15% faoi bhun an leibhéil a bhí beartaithe mar réamh-mheastachán laghdaithe faoi 2014.

Fíor 121 Custaiméirí Scéim Náisiúnta Leathanbhanda, Spriocanna agus Fíor



Foinse: Anailís ag Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste, bunaithe ar shonraí ón DCENR

25.38 Ag breathnú siar, is léir gur beartaíodh rátaí ceannaigh ó thosach a bhí ró-ard. D'fhéadfaí a bheith ag súil ar dtús le tarraingt réasúnta ar sheirbhísí uathu siúd nach raibh aon seirbhís leathanbhanda in aon chor acu agus, an éileamh úd sásta, go mbeadh an fás ag dul i léig.

25.39 De réir suirbhé ar chustaiméirí NBS déanta i lár 2011, dúirt 51% díobh gur aistrigh siad ó sholáthróirí eile. Dhearbhaigh an Roinn go raibh orthu dul isteach i gceantair mar a mbíodh seirbhís éigin cheana, má bhíothas chun tithe agus gnóthaí a bhí gan seirbhís a aimsiú. Aon áit a mbíodh seirbhís éigin cheana, rinneadh anailís chruinn chun a chinntiú arbh fhiú an ceantar a chur san áireamh i limistéar NBS. Go minic, bheartaíodh an Roinn ar a leithéid de cheantar a chur sa scéim, toisc a líonmhaire is a bhí na háitribh nach raibh teacht acu ar sheirbhís. Dá bhrí sin bhí móran áitreabh idir thithe cónaithe agus gnóthaí laistigh de limistéar NBS a raibh teacht acu ar sheirbhís ó sholáthróir éigin eile.

25.40 Cé go bhfuil impleachtaí tráchtála do '3' ag an gceannach a bheith níos ísle ná mar a ceapadh agus ioncaim laghdaithe dá réir, gheobhaidh an comhlacht (faoi réir soláthar leanúnach na seirbhíse faoin gconradh ar na caighdeáin a aontaíodh) an íocaíocht iomlán chonarthach ón Roinn.

25.41 Má shroichtear an sprioc laghdaithe 68,000 custaiméir faoi 2014, meastar go mbeidh an Stát ag íoc €1,180 in aghaidh síntiúsóra mar fhóirdheontas. Cuirtear an méid sin i gcomparáid leis an bhfigiúr €635 in aghaidh síntiúsóra a bhí ceapaithe nuair a rinne an Roinn anailís chostshocair ar an scéim.

Bainistiú Éilimh

25.42 Faoin gconradh NBS contract, caithfidh '3' feachtas éifeachtach margaíochta a chur i gcrích chun an NBS a chur chun cinn. Cinntíodh go gcaithfí €10.7 mhilliún chuige sin thar tréimhse an chonartha. Mar is léir i bhFíor 122, caitheadh níos mó ar mhargaíocht faoi dheireadh 2010 ná mar a bhí beartaithe.

Fíor 122 Caiteachas Margaíochta – NBS 2009 -2014

	Sa Phlean €m	Fíor €m
2009	2.4	1.9
2010	2.3	5.0
2011-2014	6.0	–
Iomlán	**10.7**	**6.9**

Foinse: An Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha

25.43 Ar anailís mhargaidh a dhéanamh, ceaptar go bhfuil claonadh anois i measc custaiméirí chun táirgí móibíleacha réamhíoctha gan chonradh a roghnú, mar gheall ar éiginnteacht i gcúrsaí fostaíochta agus ar ioncaim inchaite laghdaithe. Eisítear billí faoi láthair sa chóras NBS. Tá gach seans go dtiocfadh feabhas ar an éileamh agus ar tharraingt an táirge ach rogha conartha a thabhairt do chustaiméirí.

Conclúid — Ceannach Seirbhíse

Rinneadh measúnú ar an NBS mar a bhí molta ar an dtuiscint go dtiocfadh 63% den gcumas mar áitribh oiriúnacha sna limistéir isteach sa scéim. Tuigtear anois, áfach, gur sprioc ró-ard a bhí ansiúd, nuair is léir gur laghdaíodh an figiúr a bhí mar réamhaisnéis síntiúsóirí go 68,000 (34%) go luath i dtús na scéime. Arís, cé gur caitheadh níos mó go dtí seo ná mar a bhí sa phlean margaíochta, níl an ceannach ar aon chéim leis na spriocleibhéil chuí má táthar chun na figiúirí beartaithe do 2014 a bhaint amach.

Cé go bhfuil impleachtaí tráchtála ag an líon síntiúsóirí a bheith níos ísle ná mar a bhí sa réamhaisnéis, téann an méid sin i bhfeidhm ar an luach ar airgead ón infheistíocht Stáit sa scéim agus an fóirdheontas ar an meán in aghaidh síntiúsóra ag ardú go €1,180, ón €635 a bhí beartaithe, sin má shroichtear an sprioc reatha 68,000 síntiúsóirí.

San anailís costshochair cuireadh sochar leathan sóisialta agus eacnamaíoch san áireamh ach tá baol anois ann nach dtarlóidh a leithéid go hiomlán de dheasca an éileamh a bheith níos ísle ná mar a bhí ar intinn ag an am.

Tuairimí an Oifigigh Chuntais

25.44 Thug an tOifigeach Cuntais faoi deara go bhfuil seirbhísí leathanbhanda ar fáil anois do chách a mbíonn siad uathu sna limistéir NBS de bharr na scéime. Cé nach bhfuil an ceannach go dtí seo chomh maith is a bhí sa phlean ar dtús, caithfear aird a dhíriú ar infhaighteacht sheirbhísí sna limistéir úd, ar an dtábhacht a bhaineann le leathanbhanda i bhforbairt shóisialta agus eacnamaíoch maraon leis an ngá atá le bearna digiteach a sheachaint á gcur san áireamh.

25.45 Dhearbhaigh sé nach raibh an ceannach mall san ar dtús chomh maith is a ceapadh, ach de réir fianaise ó thíortha an AE dealraíonn sé gur patrún comónta é sin in iompar tomhaltóirí nuair a bheirtear seirbhís nua isteach i réigiún nó i gceantar. Dúirt sé freisin gur gnó don soláthróir seirbhíse is ea an riosca a leanann an líon custaiméirí agus nach baol don íocóir cánach de dheasca ceannach a bheith níos ísle ná mar a bhí beartaithe.

25.46 Maidir leis an margadh mórdhíola, tá sé raite ag an Roinn gur deacair an easpa forbartha a mhíniú gan anailís chruinn mhargaíochta. Dúradh go bhféadfaí é a lua leis an gcúlú eacnamaíochta nó go mb'fhéidir nach mbeadh tarraingt ann do sheirbhís mhórdhíola ar bhonn forleathan toisc an limistéar NBS a bheith ar bheagán daonra. Thug an Roinn faoi deara go bhfuil feabhas ar an seirbhís ó sholáthróirí eile sa limistéar ó thosaigh an NBS, ar an gcuma san tá idir rogha agus leibhéal seirbhíse níos fearr ná mar a bhíodh agus na bunspriocanna idir shóisialta agus eacnamaíoch á gcur i gcrích dá bharr san.

25.47 Admhaíonn an Roinn go bhfuil tionchar ag an gceannach ar shochair idir shóisialta agus eacnamaíoch. Cé nár scrúdaíodh an tionchar a bhí ag dinimic an chomórtais agus ag an gconradh a thabhairt do '3' ar dhreamanna eile an mhargaidh, chaithfeadh aon mheasúnú cuimsitheach a dhéanfaí an líon custaiméirí leathanbhanda atá ag soláthróirí eile sna limistéir NBS, seachas ag '3' amháin, a chur san áireamh.

Tuairimí an Choimisiúin um Rialáil Cumarsáide

25.48 Mar fhreagra ar mo thuairisc, cheap an Coimisiún gur dhóichí go mór nach dtarlódh an soláthar céanna leathanbhanda is a lean an NBS in aon chor, nó go dtarlódh sé i bhfad ní ba dhéanaí ná mar a bhí beartaithe ag soláthróirí seirbhíse, murach an scéim a bheith ann.

25.49 Thug an Coimisiún faoi deara go bhféadfadh feabhas a theacht ar an éileamh agus ar tharraingt an táirge ach rogha conartha a thabhairt don chustaiméir, ach go gcaithfear tionchar a leithéid de rogha ar an mbonn síntiúsóirí atá anois ann a chur san áireamh m.sh. an mbeadh an rogha iníoctha ag teastáil ó chuid acu agus an rachadh a leithéid d'athruithe i bhfeidhm ar '3' sa bhonn ioncaim NBS ar an iomlán.

Caighdeán Seirbhíse

25.50 De ghnáth ní bhíonn seirbhísí leathanbhanda atá bunaithe ar theicneolaíocht mhóibíleach chomh héifeachtach san i gcomparáid le línte suite ó thaobh buanseasmhacht cheangail, cumas agus luas de. Ina theannta san, ní leor an soláthar seirbhíse a bheith ann i limistéar NBS chun a chinntiú go mbeidh an comhartha leathanbhanda láidir nó tapaidh go leor le bheith ina tháirge sásúil inmharthana ag an gcustaiméir.

25.51 Faoin gconradh NBS, tá dualgas ar '3' suirbhé ar shástacht custaiméirí a choimisiúnú faoi dhó sa bhliain agus na torthaí a chur faoi bhráid na Roinne. Go dtí seo tá trí shuirbhé déanta ag comhlacht suirbhé tuairime neamhspleách, a cheistigh 300 custaiméir NBS do gach suirbhé.[224]

25.52 Nochtaíonn na suirbhéanna go bhfuil móran custaiméirí ceangailte leis an tseirbhís toisc nach bhfuil soláthróir eile sa cheantar agus ní léir go bhfeiceann siad aon bhuanna faoi leith sa táirge féin.. Ar an lámh eile, dúirt thart ar a leath acu sa tsuirbhé deireanach gur aistrigh siad ó sholáthróir eile, rud a chiallaigh go raibh gné éigin seirbhíse a thaitin leo.

25.53 Is é an toradh lárnach maidir le caighdeán na seirbhíse sa limistéar NBS ná go ndúirt 64% a d'fhreagair an suirbhé go raibh an tseirbhís go díreach mar a bhí ar intinn acu féin.

---

[224] Torthaí ar an meán thar trí shuirbhé a phléitear sna hailt seo a leanas.

25.54 Dúirt beagán thar thrian na gcustaiméirí go raibh siad ag súil le seirbhís níos fearr ná mar a fuair siad. Ar anailís a dhéanamh ar na fáthanna, de réir gearán chuig an roinn cúram cuistaiméara bhí 18% míshásta le luas íoslódála agus mhínigh 22% nach raibh an clúdach seirbhíse maith go leor ag '3'.

25.55 De réir na Roinne is tomhas suibíochtúil é súil an chustaiméara. Mar shampla, bheadh duine amháin ag súil le seirbhís ar bhonn 10 Mbps – déarfadh an duine céanna go raibh sé ag súil le seirbhís níos fearr ná mar a fuair sé. Dá bhrí sin, cé gur ciallmhar an beart é suirbhéanna a dhéanamh chun a fháil amach an raibh an tseirbhís ar aon dul le súil custaiméirí, ceapadh gur mhór tuilleadh eolais a fháil chun conclúid a thuiscint. Ar aon dul lena leithéid d'fhianaise tá an méid seo.

- Tháinig laghdú ar an méid aisíoc chuig custaiméirí, ó 23% a fuair aisíoc i 2009 go dtí figiúr faoi bhun 2% i 2010.
- Tá an céatadán briseadh seirbhíse a tharla go díreach os cionn 5% (an teorainn a leagadh síos mar sprioc sa chonradh).

25.56 Is féidir bunchúiseanna míshástachta le luas agus le clúdach a lua le ceisteana feidhmíochta gréasáin agus le pleanáil acmhainne iompair. Mar sholáthróir seirbhís idirlín, caithfidh '3' próiseas monatóireachta a bheith acu don bhfeidhmíocht ghhréasáin ionas gur féidir tosú láithreach ar ghnímh cuí maidir le deisiúcháin, le cothabháil choisctheach agus le huasghrádú ar an acmhainn iompair. Ceapann an Roinn, áfach, go bhfuil an phleanáil acmhainne iompair sásúil. Dúradh go raibh lear mór acmhainne bhreise i gceist agus an gréasán á dhearadh agus go ndéantar monatóireacht uirthi chun tairseach cinnte a choimeád. Chomh luath is a shroichtear an tairseach, caithfidh '3' an gréasán a uasghrádú agus an acmhainn iompair a mhéadú.

25.57 Tá sé ráite freisin ag an Roinn go bhful beartais rialú caighdeán ar bun. Déantar monatóireacht ar fheidhmíocht an bhonneagar NBS, ar an dteacht ar sheirbhís agus ar thaithí custaiméara chomh maith leis an ngéilliúlacht iomlán ag '3' do na dualgais chonarthacha. Déantar an t-uasghrádú ar an ngréasán agus ar an acmhainn iompair go huathoibritheach faoin gconradh nuair a shroichtear leibhéil áirithe tráchta chun a chinntiú go gcoimeádtar caighdeán na seirbhíse leathanbhanda.

25.58 D'aontaigh an Roinn go dtéann an conradh NBS i mbannaí leibhéil seirbhíse agus go leagtar córas sochar seirbhíse ar '3' agus iarmhairtí suntasacha airgeadais i gceist muna gcomhlíontar na bunleibhéil sonraithe seirbhíse.

Conclúid – Caighdeán Seirbhíse

Is é an táirge NBS an t-aon rogha inmharthana atá ar fáil i mórán ceantar in Éirinn. Dá bhrí sin ta dúshláin ann maidir le sástacht úsáideoirí a mheas, ní féidir córas móibíleach agus satailíte a chur i gcomparáid le líne suite mar ní hionann an dá sheirbhís ó thaobh clúdaigh, fála, feidhmíochta feidhmchlár ná luais de.

Bíonn síntiúsóirí áirithe míshásta leis an luas íoslódála agus le gnéithe éigin den chúram custaiméara. Cinntítear leibhéil áirithe maidir leo siúd faoin gconradh le '3'. Má bhíonn dearcadh diúltach ag roinnt custaiméirí tá gach seans nach sroichfear fiú na figiúirí i réamhaisnéis íslithe na scéime.

Ba cheart go bpléifeadh an Roinn, i gcomhar lena comhairleoirí teicniúla agus le comhairleoirí teicniúla '3', aon chéimeanna breise a bheadh indéanta chun tabhairt faoi bhuarthaí custaiméirí agus chun cinntiú go mbeadh seirbhís leathanbhanda ardchaighdeánach athléimneach ag custaiméirí gnó agus ag custaiméirí eile.

Tuairimí an Oifigigh Chuntais

25.59 Dhearbhaigh an tOifigeach Cuntais gur tomhas maith ar fheidhmíocht an NBS iad na suirbhéanna, mar sin féin nach raibh sa mhodh úd ach slí amháin chun a fháil amach an raibh spriocanna fíorthábhachtacha mar chaighdeán seirbhíse á sroicheadh. Cheap sé go mba chóir torthaí na suirbhéanna éagsúla custaiméara a chur ar aon líne le sonraí feidhmíochta eile chun léargas oibíochtiúil a fháil ar an seirbhís a sholáthraítear in aghaidh an lae.. Ba chóir a chur san áireamh chomh maith go mbíonn líon íseal gearán chuig an Roinn ar an iomlán agus go ndeachaigh an t-aisíoc chuig custaiméirí go mór i léig ó thús na scéime.

Conclúid

Tá an Stát tar éis fóirdheontas €80 milliún a chur ar fáil do '3' chun seirbhísí leathanbhanda móibíleach a sholáthar i gceantair shonraithe atá ar bheagán clúdaigh nó gan aon chlúdach in aon chor.

Ar dtús leagadh síos 126,000 áitreabh mar réamhaisnéis éilimh ar an gceannach a bheadh ar sheirbhísí NBS. Tá an dul chun cinn go dtí seo chun deiridh agus an réamhaisnéis iomlán laghdaithe go 68,000 áitreabh. Tá 35,500 síntiúsóir ag an seirbhís faoi lár 2011.

Toisc nach mbeidh an ceannach chomh hard is a beartaíodh san anailís chostshochair, beidh laghdú dá réir ar an luach ar airgead ón scéim. Ag brath ar an réamhaisnéis cheannaigh nua, beidh méadú ar an bhfóirdheontas meánach ón Stát in aghaidh an chustaiméara ó €635 go €1,180. Is baolach freisin nach mbainfear amach na sochair idir shóisialta agus eacnamaíoch a bhí beartaithe. Ba mhaith an gníomh é anailís chostshochair a dhéanamh agus sinn ag féachaint siar chun a fháil amach conas atá na torthaí úd faoi láthair i gcomhthéacs na bpleananna a bhí sa chead anailís.

Tá sé de dhualgas ar '3' monatóireacht a dhéanamh ar chaighdeán na seirbhíse a chuirtear ar fáil agus déantar monatóireacht ar shástacht chustaiméirí trí shuirbhéanna. De réir torthaí go dtí seo, deir beagnach dhá dtrian de chustaiméirí NBS go raibh an tseirbhís a bhí uathu anois acu. Bhí thart ar an gcúigiú chuid acu, áfach, nach raibh sásta le luas íoslódála ná le clúdach seirbhíse.

Caibidil 26

Scéim maidir le hAisghairm Muiceola

Vóta 31 Talmhaíocht, Iascach agus Bia

Scéim maidir le hAisghairm Muiceola

26.1 Sa bhliain 2008, bhí luach €333 milliún, maidir le luach ag geata na feirme, le tionscal na muiceola in Éirinn, rud a d'fhág gurbh é an tríú tionscal ba thábhachtaí é, tar éis earnáil na mairteola agus earnáil na déiríochta, in earnáil na talmhaíochta in Éirinn. Bhí luach iomlán isteach is amach le €1 billiún le toradh na hearnála agus b'ionann an líon daoine a bhí fostaithe sa tionscal agus timpeall is 7,000.

26.2 Tugadh faoi deara le sampláil den ghnáthchineál ar tháirgí muiceola a rinne an Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia (an Roinn) faoin gClár Monatóireachta Náisiúnta maidir le hIarmhair go raibh Défheinil Pholaclóirínithe (PCB) ar fáil i saill muiceola i mí na Samhna 2008. Ó tharla go bhféadfadh sin a bheith ina chomhartha go raibh éilliú dé-ocsaine tarlaithe ar leibhéal doghlactha, rinneadh tástáil bhreise ar mhuca agus ar ábhar cothaithe d'ainmhithe. Sonraíodh an áit as ar tháinig an mhuiceoil a bhí i gceist agus bailíodh samplaí den ábhar cothaithe ainmhithe ar fad a bhí in úsáid ar an bhfeirm muc sin. Deimhníodh leis na tástálacha sin go raibh éilliúchán tarlaithe i ndáil leis an ábhar cothaithe ainmhithe agus leis na hainmhithe féin. Rinneadh amach ina dhiaidh sin gur ola a úsáidíodh le linn phróiseas triomúcháin agus an t-ábhar cothaithe á tháirgeadh bunfhoinse an éilliúcháin.

26.3 Tugadh faoi deara gur soláthraíodh trí ualach déag ola ón soláthraí amháin idir mí Bealtaine agus mí Deireadh Fómhair 2008 ag an monarcha déantúsaíochta ónar cuireadh an t-ábhar cothaithe ar fáil agus ónar eascair an t-éilliúchán. Tá ráite ag an Roinn gur i ndeireadh mí Lúnasa 2008 a rinneadh an ola éillithe a sheachadadh.

26.4 Rinneadh an t-ábhar cothaithe éillithe a chur ar fáil do 48 feirm – deich gcinn d'fheirmeacha muc agus 38 feirm beithígh mairteola. An tráth sin, bhí 8% den olltáirge náisiúnta muiceola á chur ar fáil ó na feirmeacha muc sin. Bhí ainmhithe á gcur chuig ocht gcinn de sheamlais uathu agus ba astu sin a tháinig os cionn 90% den olltáirge náisiúnta muiceola.

26.5 Ar an 6 Nollaig 2008, d'ordaigh Údarás Sábháilteacht Bia na hÉireann (FSAI) go ndéanfaí aisghairm ó mhargadh na hÉireann agus ó mhargaí idirnáisiúnta maidir le gach táirge muiceola de chuid na hÉireann a tháinig ó ainmhithe a maraíodh idir tús mí Meán Fómhair 2008 agus an 6 Nollaig 2008.

26.6 Roinnt laethanta tar éis na haisghairme, d'eisigh an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia (EFSA) tuairim nach raibh, tar éis don Údarás measúnú baoil a dhéanamh, baol ar bith do shláinte dhuine ar bith a chaith táirgí muiceola, a bhféadfadh éilliúchán a bheith tarlaithe ina leith, le trí mhí go dtí go ndearnadh aisghairm maidir le táirgí muiceola uile na hÉireann. Tá áitithe ag an Roinn gur thug EFSA san áireamh nár tharla leibhéil arda dé-ocsaine go dtí mí Meán Fómhair 2008 agus gur maolaíodh aon rónochtadh dó san aiste bia trí na bearta tapaidh críochnúla a rinneadh chun aisghairm a dhéanamh ar mhuiceoil agus ar tháirgí muiceola na hÉireann.

Scéimeanna Cúitimh

26.7 Chuir an Roinn dhá scéim ar bun chun cúnamh airgid a chur ar fáil do tháirgeoirí agus do phróiseálaithe príomhúla agus do phróiseálaithe tánaisteacha[225] ar cuireadh isteach orthu mar gheall ar an éilliúchán dé-ocsaine

- An Scéim maidir le Diúscairt Muc agus Eallaigh
- An Scéim maidir le hAisghairm Muiceola.

[225] Bíonn an obair ag an bpróiseálaí príomhúil bunaithe ar líne táirgíochta a oibriú chun ainmhithe a mharú agus a phróiseáil go mbíonn ina bpríomhghearrthacha feola. Ullmhaíonn próiseálaithe tánaisteacha príomhghearrthacha don lucht mórdhíolacháin, miondíolacháin agus lónadóireachta.

26.8 Faoin Scéim maidir le Diúscairt Muc agus Eallaigh, cuireadh cúnamh ar fáil i ndáil le muca agus beithígh a thabhairt chun bealaigh, a mharú agus a rindreáil ó ghabháltais ar bhain an t-éilliúchán dé-ocsaine dóibh. Tá €29.5 milliún íoctha amach faoin Scéim maidir le Diúscairt Muc agus Eallaigh agus éilimh ar chúiteamh dar luach iomlán €849,000 faoi réir ag breith i gcásanna dlí sula ndéantar réiteach ina leith. Tá €18.8 milliún íoctha le lucht táirgthe muc faoin scéim seo.

26.9 Bhain an Scéim maidir le hAisghairm Muiceola leis na próiseálaithe sin amháin a raibh caillteanas orthu mar gheall ar an aisghairm agus leis na táirgí sin amháin a bhain le hainmhithe a maraíodh in Éirinn idir an 1 Meán Fómhair 2008 agus an 6 Nollaig 2008, nach bhféadfaí a léiriú nár tharla éilliúchán ina leith.

26.10 Leagtar amach scóip na Scéime maidir le hAisghairm Muiceola ar bhealach níos mionsonraithe in Aguisín A.

Béim na Caibidle

Tugtar tuairisc sa chaibidil seo, ina ndírítear ar an Scéim maidir le hAisghairm Muiceola, ar thorthaí fhiosrúcháin iniúchóireachta maidir le

- torthaí airgeadais na Scéime
- an bhainistíocht agus an rialáil maidir leis an Scéim
- an córas inrianaitheachta muiceola atá ar bun trínarbh fhéidir an bia éillithe a aisghairm nuair a tharla an eachtra maidir leis an dé-ocsain agus
- an clár cigireachta agus rialála atá ar bun chun éilliúchán a thabhairt faoi deara mar ghnáth-thoradh ar an obair.

Torthaí Airgeadais

26.11 Go dtí seo, íocaíodh €102 milliún ina iomláine faoin Scéim maidir le hAisghairm Muiceola, €97 milliún le 135 iarratasóir (próiseálaithe den chuid is mó) agus €5 milliún le 4 rindreálaí[226]. Is ináirithe go bhféadfadh suas le €27 milliún eile a bheith dlite i ndáil le héilimh a bhfuil an phróiseáil dheireanach ina leith le déanamh go fóill faoin aicme táirgí 'breis luacha'[227]. Is é tuairim na Roinne gurb é an deireadh a bheidh air an gcás sin go mbeidh na híocaíochtaí i ndáil leis an ngné 'breis luacha' go mór faoin méid sin. Leagtar amach i bhFíor 123 an briseadh síos ar an méid atá íoctha go dtí seo faoin scéim.

---

[226] Déanann lucht rindreála próiseáil ar ábhar fo-tháirge ó ainmhithe chun geir, gréisc agus min ardphróitéine agus min chnámh a chur ar fáil.

[227] Tugtar de shainmhíniú ar tháirge 'breis luacha' táirgí muiceola próiseáilte, bia ullmhaithe nó táirgí comhshuite lena mbaineann muiceoil éillithe de chuid na hÉireann, nó muiceoil phróiseáilte. Thabharfaí san áireamh leis sin, mar shampla, píogá, *pizza* agus liathróidí feola.

Físor 123 An Scéim maidir le hAisghairm Muiceola – Íocaíochtaí de réir Aicmí

Earnáil an Éilitheora	**€ m**
Próiseálaithe Príomhúla	41.8
Próiseálaithe Tánaisteacha[a]	51.9
Rindreáil	5.1
Costais a bhaineann le hÉilimh thar lear	3.0
Ilghnéitheach	0.1
Iomlán	**101.9**

Foinse: An Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia

Nóta: I leith timpeall is is 10,000 tonna den táirge a dhéantar íocaíochtaí le Próiseálaithe Tánaisteacha. 16% de a bhaineann le hamhábhar, 16% le hobair atá idir lámha agus 68% leis an táirge críochnaithe

26.12 Chuir Coimisiún an AE comh-mhaoiniú ar fáil do na scéimeanna. Níor bhain an cúnamh sin ach amháin le táirge a bhí faoi smacht seamlais. B'ionann luach éileamh na hÉireann faoin rialachán maidir le comh-mhaoiniú agus €7.9 milliún. Tá an Ard-Stiúrthóireacht maidir le Talmhaíocht agus Forbairt na Tuaithe ag áiteamh go mb'fhéidir nár chomhlíon an Roinn na coinníollacha ar fad i ndáil leis an gcomh-mhaoiniú agus d'fhéadfadh go molfaí don Choimisiún caiteachas áirithe a choinneáil as an áireamh i ndáil leis an gcomh-mhaoiniúchán.

26.13 Luaigh an tOifigeach Cuntasaíochta nach bhfuil próiseas iniúchóireachta Choimisiún an AE tugtha chun críche agus nach bhfuil aon socrú déanta i ndáil le comh-mhaoiniú áirithe a choinneáil as an áireamh. Luaigh sé go raibh 7,512 tonna ar fad ag baint leis an éileamh ar an AE agus go ndearna an Coimisiún fiosrú i ndáil le 429 tonna táirge a chuir custaiméirí ar ais, agus a raibh luach timpeall is €450,000 leis a chur san áireamh. Ba é tuairim an Choimisiúin nach mbeadh ináirithe maidir le comh-mhaoiniúchán ach amháin na táirgí sin a bhí i siopaí agus faoi smacht phróiseálaithe ar an 6 Nollaig 2008 agus nach mbeadh táirgí a chuir custaiméirí ar ais. Tá an Roinn ag cur in aghaidh réamhchonclúidí an Choimisiúin agus tá iarrtha uirthi ábhar breise a chur ar fáil a chuirfeadh le háiteamh na Roinne. Táthar ag leanacht den chaidreamh leis an gCoimisiún mar gheall ar an gceist.

Conclúid – Torthaí Airgeadais

Tá €102 milliún íoctha amach faoin scéim. Tá dliteanais teagmhasacha i gceist dar luach €27 milliún sa bhreis air sin. Tá baol ann nach bhfaighfear cuid bheag den chomh-mhaoiniú €7.9 milliún ón AE.

An Bhainistíocht ar an Scéim

26.14 Is i gcúinsí éigeandála a cuireadh an Scéim maidir le hAisghairm Muiceola i bhfeidhm. Ina ainneoin sin, is den tábhacht nach mbeadh cúiteamh á íoc, chomh mór agus is féidir sin, ach amháin i gcásanna inar féidir bonn cinnteachta a chur faoi tháirge incháilithe a scrios.

26.15 Bhí rátaí éagsúla cúitimh i bhfeidhm de réir aicme an táirge agus cineál an phróiseálaithe.

An Bunús leis an gCúiteamh

Próiseálaithe Príomhúla – Táirge Incháilithe

- Táirge úr, fuaraithe nó reoite a bhí sa siopa ar an 6 Nollaig 2008
- Táirge a fuarthas nó a tugadh ar ais tar éis an 6 Nollaig 2008

Próiseálaithe Tánaisteacha – Táirge Incháilithe

- Earraí críochnaithe agus ábhar a rabhthas i mbun oibre air
- Amh-ábhar

Iompar agus Rindreáil

Costais rindreáil agus iompair a bhaineann leis na cuimhne a bhí incháilithe faoin scéim.

Bunús na Luachála

An roinn iarratasóirí a éilítear faoin scéim a chur in iúl ar an doiciméadú ábhartha na catagóirí táirge, na méideanna atá á éileamh sa chatagóir sin, agus an luacháil is cuí.

An luach a chuirfí le gach táirge, ní bheadh sé níos mó ná praghas an táirge ar an margadh mórdhíolacháin mar a bhí ar taifead agus indeimhnithe ag an bpróiseálaí; agus bheadh sé glan ó CBL agus ó lascaine sa chás go raibh sin i gceist.

Sa chás go raibh táirgí mar a chéile á marcáil agus á bpraghasáil ar luachanna éagsúla, bhí meánluach ualaithe le ríomh agus le húsáid i ndáil le gach táirge den sórt sin.

Maidir le obair a bhí ar bun agus amhábhar, chuirfeadh na próiseálaithe luach a bhí ag teacht lena modh oibre sainiúil féin ina leith sin.

Chuirfeadh na próiseálaithe taifid i ndáil le praghasanna agus luacháil ar fáil don Roinn lena scrúdú air sin a iarraidh.

26.16 Agus iarracht á dhéanamh cinntiú gur ar fhianaise dhoiciméide a bhunófaí an cúiteamh, tá roinnt rioscaí a thagann i gceist do na cistí poiblí.

- d'fhéadfadh nach mbeadh fianaise faoi fhoinse an táirge ar fáil
- d'fhéadfadh go mba dheacair táirge a maraíodh roimh an dáta tosaigh ar an 1 Meán Fómhair 2008 a idirdhealú ó tháirge a maraíodh tráth ba deireanaí ná an dáta sin
- mar gheall ar an bpróiseas féinluachála ar glacadh leis, d'fhéadfadh iarratasóirí ar chúiteamh boilsciú a oibriú ar éilimh nó táirgí a rangú ar an mbealach is mó a mbeadh cúiteamh le fáil ina leith
- d'fhéadfadh nach mbeadh dóthain fianaise faoin méid de tháirge a cuireadh ar aghaidh chuig lucht rindreála
- d'fhéadfadh go scriosfaí táirgí áirithe sula mbeadh socraithe an raibh siad incháilithe faoin scéim nó nach raibh.

26.17 1.17 Go deimhin, thit rioscaí seo go léir chun go ndéileálfar leis i gcúrsa an riarachán na scéime.

Táirge Neamh-incháilithe a chur as an áireamh

26.18 1.18 Tugadh cásanna chun aire le linn na hiniúchóireachta ina raibh éiginnteacht áirithe maidir le táirgí a bhí tugtha san áireamh san éileamh ón bpróiseálaí a bheith incháilithe. I gcás próiseálaí amháin, ní raibh an Roinn sásta leis an bhfianaise a cuireadh ar fáil mar dheimhniú ar fhoinse tháirgí éillithe agus ar fhoinse tháirgí neamhéillithe. Ina dhiaidh sin féin, rinne an Roinn socrú leis an gcomhlacht €2.29 milliún sa bhreis a íoc, anuas ar an €8.2 milliún a raibh cinntithe ag an Roinn ina leith roimhe sin gurbh é an méid é a bhí le híoc. Ó tharla nárbh shoiléir cén fáth ar tharla sin, rinneadh fiosrú faoin gcás leis an Roinn.

26.19 Luaigh an tOifigeach Cuntasaíochta gurbh é toradh a bhí ar an gcéad mheasúnú a rinne an Roinn ar na héilimh gur diúltaíodh íocaíocht beagnach €4 milliún a dhéanamh leis an bpróiseálaí. Ba i ndáil le timpeall is luach €1.1 milliún de tháirge neamhéillithe agus luach €2.6 milliún de tháirge éillithe sin maille le €300,000 sa bhreis i ndáil le héilimh eile. Rinne an próiseálaí achomharc maidir leis an gcinneadh diúltaithe sin agus tháinig sé faoi athbhreithniú grúpa athbhreithnithe ardleibhéil ar a raibh Stiúrthóir Seirbhísí Dlí na Roinne. De bharr an athbhreithnithe sin, ghlac an Roinn le háiteamh an phróiseálaí go raibh caillteanas air mar gheall ar an táirge neamhéillithe ó tharla go raibh air an táirge a reo nuair nach raibh spás stórála ceadaithe ar fáil agus, ó tharla gur gearr a mhaireann an táirge ar an seilf, gur fágadh gan luach ar bith é.

26.20 I ndáil le costas na dtáirgí éillithe, deimhníodh foinse an éilliúcháin a d'áitigh an próiseálaí trí scrúduithe cigireachta na Roinne. Luaigh an tOifigeach Cuntasaíochta gur shocraigh an Roinn teacht ar réiteach €2.29 milliún mar gheall ar éilimh seo an phróiseálaí ar bhonn 90% de luach an ábhair neamhéillithe agus 50% de luach an ábhair éillithe. Diúltaíodh an fuílleach €300,000 maidir le héilimh eile a íoc. Luaigh sé freisin gur tar éis aird chuí a thabhairt ar chúinsí uile an cháis a thángthas ar an gcinneadh sin, fianaise shoiléir gur scriosadh an táirge san áireamh, agus ar mhaithe le himeachtaí dlí a sheachaint a bhféadfadh costas mór a bheith ag gabháil leo.

26.21 Maidir le cás eile, an cás a bhain le próiseálaí a fuair isteach is amach le €30 milliún, nó timpeall is 30% den mhéid iomlán a íocaíodh faoin scéim go dtí deireadh na bliana 2010, bhí á thabhairt le fios sna doiciméid a bhain le roinnt de na héilimh a ndearnadh próiseáil ina leith go raibh curtha ar taifead ag na hoifigigh de chuid na Roinne a cheadaigh seoladh an táirge go dtí na rindreála nach raibh bonn curtha go fóill faoin táirge a bheith incháilithe faoin scéim.

26.22 Luaigh an tOifigeach Cuntasaíochta gur cheadaigh an Roinn ina dhiaidh sin €10.7 milliún a íoc i ndáil le 3,449 tonna den táirge sna cásanna atá faoi chaibidil anseo. Bhí san áireamh leis sin, suim díreach faoi bhun €9 milliún i ndáil le táirge a maraíodh idir an 1 Iúil 2007 agus an 1 Meán Fómhair 2008 agus €1.75 milliún i ndáil le táirge nár tharla éilliú air ach nárbh fhéidir é a chur ar díol. Luaigh sé nach raibh an táirge a maraíodh roimh an 1 Meán Fómhair 2008 nó an táirge a maraíodh le linn na tréimhse cáiliúcháin ach é bheith gan éilliú cé nárbh fhéidir é a chur ar díol, incháilithe ar dtús go dtí go mbeadh ceadú ón AE ina leith. Tháinig ceadú mar sin sa deireadh i mí Deireadh Fómhair 2009. An t-éileamh a phróiseáil ansin le haghaidh íocaíochta i Nollaig 2009

26.23 Níor cuireadh an modh oibre maidir le séala slándála ar ualaigh a cuireadh ó na próiseálaithe go dtí na rindreálaithe i bhfeidhm i ngach cás agus ba chosúil go raibh na próiseálaithe beaga saor ó na bearta rialála sin. Bhí baol ann go bhféadfadh a theacht de thoradh ar an nós sin, go gcuirfí táirge nach raibh incháilithe isteach, tar éis deimhniúcháin tréidliachta, leis na hualaigh a bhí á n-aistriú agus gurb é toradh a bheadh air sin sa deireadh go mbeadh an Roinn ag íoc ar an táirge sin chomh maith.

26.24 Luaigh an tOifigeach Cuntasaíochta go raibh roinnt de na próiseálaithe beaga a bhain leas as seirbhísí sainiúla dhiúscairt feola chomhlachtaí iompair a bhaileodh feoil nach raibh oiriúnach mar bhia ag an duine ó phróiseálaithe éagsúla ar an aon lá amháin. Ní bheadh séala ar ghabhdáin den chineál sin. Ach amháin i gcás táirge a scriosadh sa Ríocht Aontaithe, ba daoine d'fhoireann tréidliachta na gComhairlí Contae a thug údarás maidir leis na hualaigh eile agus d'fhéadfadh nach mbeadh teacht acusan ar shéalaí. Luaigh sé ina dhiaidh sin féin gur cheart ábhar faoisimh a bhaint as gur de réir an mheáchain ab ísle ar taifead a rinneadh íocaíocht maidir leis na hualaigh ar fad agus sa chás nach raibh séala orthu, go raibh doiciméid ó na droichid meáite, cáipéisí clárúcháin leoraithe agus cáipéisí sonrúcháin leantóirí ar fáil.

Luacháil chruinn maidir le táirgí

26.25 Rinne an Roinn 16 beart iniúchta tosaigh maidir le cúrsaí luachála i ndáil le próiseálaithe tánaisteacha a raibh cúiteamh dar luach timpeall is €34.9 milliún éilithe acu, méid ab ionann agus 67% de na héilimh ó phróiseálaithe tánaisteacha. Tugadh faoi deara go raibh an róluach luaite le 50% de na héilimh agus nach raibh an modh oibre a bhí leagtha síos ag an Roinn úsáidte ag na próiseálaithe ar fad. Bhí gá le hísliú luacha 3% ar an meán agus bhí trí cinn de chásanna inar cuireadh ísliú idir 17% agus 23% i bhfeidhm.

26.26 Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta in iúl dom gur €31.5 milliún in iomláine a íocaíodh i ndáil leis an 16 próiseálaí a ndearnadh iniúchadh ar a gcuid luachála, agus go raibh laghdú €3.4 milliún i gceist leis sin. Luaigh sé nár bhain sin ar fad le cúrsaí luachála agus go raibh ísliú mar gheall ar tháirge nach raibh incháilithe san áireamh chomh maith. Dícheaduithe mar thoradh ar luacháil iomarcach a bhí sa réigiún de € 450,000.

26.27 Níorbh fhéidir le linn athbhreithniú na hiniúchóireachta a shonrú go cinnte ó na foirmeacha a bhain le hábhar cibé arbh amhábhar, táirge a rabhthas i mbun oibre air[228] nó earraí críochnaithe an táirge. Bheadh d'ábhar buartha ina leith sin nach bhféadfaí bheith dearfa an raibh an luacháil cheart in úsáid agus an cúiteamh á ríomh. Anuas air sin, ba é breith na Roinne óna cuid beart iniúchta féin go raibh 15% de na héilimh nárbh den réasún iad ó tharla gur áitíodh nach raibh táirge ar bith i gceist a rabhthas i mbun oibre air[229].

26.28 I bhfreagraí ar mo chuid fiosrúcháin, luaigh an tOifigeach Cuntasaíochta go raibh dhá cheist ag baint leis an ábhar seo – cúrsaí luachála agus obair a bhí ar bun. D'áitigh sé go ndearna an Roinn go forbheartach cásanna inar tháinig sin i gceist a shonrú agus déileáil leo sa chaoi is go gcinnteofaí go raibh an luach ceart á lua lena raibh na próiseálaithe a éileamh. Thug an Roinn suntas d'éilimh san áit nach raibh á áiteamh san éileamh críochnúil go raibh táirge ar bith a rabhthas i mbun oibre air nó ar measadh an méid oibre a bhí ar bun a bheith an-íseal. Iarradh ar iniúchóirí de chuid na Roinne cuairt a thabhairt ar na próiseálaithe d'fhonn deimhniú i ndáil leis an luacháil agus iarradh ar chigirí cuairt a thabhairt ar na monarchain d'fhonn na taifid i ndáil leis an bpróiseáil a scrúdú agus seiceáil mar gheall ar an leibhéal próiseála agus ar an obair a bhí ar bun. Bhí de thoradh air sin gur cuireadh méid suntasach as an áireamh.

---

228 D'aontaigh an Roinn 80% de luach an táirge a íoc sa chás go rabhthas i mbun na hoibre ar an táirge an tráth a ndearnadh an aisghairm. Sa chás go raibh níos mó ná 80% i gceist leis an obair a bhí ar bun, cuireadh in iúl do na próiseálaithe nach n-íocfaí leo ach 80% de luach an táirge.

229 Ní raibh luach iomlán an táirge iníoctha sa chás gurbh é breith na Roinne gurbh táirge é a rabhthas i mbun na hoibre air an tráth a ndearnadh an aisghairm seachas táirge críochnaithe.

26.29 Luaigh sé go raibh ar chumas na Roinne an luacháil maidir le táirge príomhúil a dheimhniú ach go raibh a fhios ag an Roinn go mbeadh gá iniúchóireacht a dhéanmamh maidir leis na próiseálaithe tánaisteacha chun cinntiú go raibh an luacháil cheart ag baint leis an éileamh. Eisíodh fógra leis na trádálaithe i mí Márta 2009, ag iarraidh ar phróiseálaithe éilimh chríochnúla a chur faoi bhráid agus ag míniú an modh luachála a bhí le leanacht. Ina dhiaidh sin féin, tar éis fiosruithe ó na próiseálaithe agus fiosruithe de chuid na Roinne maidir leis na héilimh a tháinig isteach, eisíodh fógra breise i mí Bealtaine 2009 inar meabhraíodh an modh luachála do na próiseálaithe. Iarradh ar iniúchóirí de chuid na Roinne an luacháil a bhain le héilimh ó phróiseálaithe áirithe a thabhairt faoi bhreithniú.

26.30 1.30 Luaigh an tOifigeach Cuntasaíochta go raibh ar an Roinn, tar éis athbhreithniú a dhéanamh ar thuairiscí na n-iniúchóirí, an tríú fógra a eisiúint leis na trádálaithe arna chur in iúl do na próiseálaithe tánaisteacha go raibh tugtha faoi deara go raibh an ró-éileamh ag tarlú an-mhinic agus á mholadh go ndéanfadh próiseálaithe nár cuireadh faoi iniúchadh athbhreithniú ar an éileamh a bhí déanta acu agus iad a leasú dá mba ghá. Nuair ba ghá, d'iarr oifigigh de chuid na Roinne míniúchán ar phróiseálaithe, iarradh orthu éileamh leasaithe a chur isteach agus íslíodh méid na n-íocaíochtaí. Thángthas ar thrí chás ró-íocaíochta trí bhearta iniúchóireachta tar éis na híocaíochta agus tá siad sin aisíoctha nó táthar i mbun a n-aisghabháil.

26.31 1.31 Chuir sé in iúl dom gur iarradh ar chigirí de chuid Rannóg Rialála na Roinne cuairt a thabhairt ar mhonarchain chun seiceáil mar gheall ar an leibhéal próiseála ar tháirgí. Bhí roinnt comhlachtaí a d'fhéad luacháil ab airde ná 80% a éileamh maidir le táirgí a rabhthas i mbun na hoibre orthu (dúirt sé gur leibhéal treorach a bhí ansin) sa chás gur fhéad siad a chruthú go raibh luach a gcuid táirgí níos airde ná sin mar gheall ar iad a bheith ag an gcéim deiridh den phróiseáil i.e. á ngearradh nó réidh le pacáistiú. Bhí comhlachtaí eile a raibh orthu éileamh leasaithe a chur faoi bhráid. B'ionann luach iomlán an méid a cuireadh as an áireamh agus €935,000 agus bhí sé phróiseálaí i gceist leis.

Deimhniú maidir le scrios na dtáirgí

26.32 T ugadh faoi deara leis an athbhreithniú roinnt cásanna inar cuireadh táirge muiceola ar aghaidh lena scrios sula bhféadfadh an Roinn a dheimhniú go raibh an táirge incháilithe faoin scéim. Rinneadh 637 tonna táirgí a bhí ag dhá mhórchomhlacht miondíolacháin a scrios ar an gcaoi sin. Bhí cásanna eile a tugadh faoi deara leis an scrúdúchán nuair nárbh fhéidir leis an Roinn deimhniú go ndearnadh an táirge a scrios.

26.33 Dúirt an tOifigeach Cuntasaíochta nach raibh de rogha ag an Roinn sna cásanna sin ach an cúiteamh a íoc ó tharla go ndearnadh scrios na dtáirgí a chuir an lucht miondíolacháin ar aghaidh lena scrios laethanta beaga tar éis aisghairm na dtáirgí a thabhairt isteach. Leag sé béim air gur thug Údarás Sábháilteacht Bia na hÉireann isteach an aisghairm ionas go gcinnteofaí nach dtiocfadh an bia éillithe isteach sa slabhra bia. Ghlan an lucht díolacháin na táirgí muiceola ar fad de na seilfeanna ó tharla nár fhág an tréimhse ghairid a mhaireann an chuid is mó de na táirgí muiceola ar an seilf dóthain ama ag an lucht miondíolacháin ná ag a gcuid soláthraithe chun a dheimhniú cibé an raibh éilliúchán tarlaithe do na táirgí nó nach raibh. Cé go raibh ar chumas na Roinne na hualaigh ar fad a cuireadh ar aghaidh lena scrios a mheá, níorbh fhéidir taifead na dtáirgí ar fad i ngach ualach a leagan síos.

26.34 Luaigh sé go raibh difear idir éilimh an lucht miondíolacháin agus na gnéithe den scéim a bhain le táirgí mar gheall gur glacadh leis nárbh fhéidir cruthúnas i bhfoirm sheasta a chur ar fáil sa chuid is mó de na cásanna ó tharla gur tríú páirtí a rinne an t-ábhar a thabhairt amach, a sheoladh chun bealaigh agus a scrios. Ina ainneoin sin, iarradh ar an lucht iarratais an cruthúnas is fearr a bhí ar fáil a chur faoi bhráid na Roinne d'fhonn a bhreithniú. Nuair a bhí sin ar fáil, chuir an lucht miondíolacháin isteach na foirmeacha cuí de chuid na Roinne agus iad líonta isteach[230]. Nuair nach bhféadfaí sin, fuarthas dearbhú ón lucht miondíolacháin inar tugadh faisnéis den chineál céanna faoin dáta agus faoin áit ar seoladh an t-ábhar, sonraí faoi na táirgí, cainníochtaí agus an áit agus an dáta a ndearnadh an rindreáil. Mar shamplaí de chruthúnas cuí mar bhonn taca leis sin, áirítear éilimh aisíoca sonraithe ón lucht miondíolacháin, sonraí faoi na táirgí, sonraí cainníochtaí a bhaineann le hábhar, luacháil, nóta creidmheasa agus sonraí faoi aon íocaíochtaí a rinneadh nó aon táirgí a cuireadh ar fáil in ionad na dtáirgí a bhí i gceist.

26.35 Chuaigh an Roinn i gcaidreamh leis na comhlachtaí móra miondíolacháin in Éirinn i dtús na bliana 2009 d'fhonn go n-aontóidís scarbhileoga mionsonraithe a chur ar fáil i ndáil le gach soláthraí dá gcuid soláthraithe muiceola a raibh cur isteach orthu leis an aisghairm ar tháirgí. Chuir an lucht miondíolacháin scarbhileoga mionsonraithe ar ríomhphost chuig an Roinn inar liostaíodh luach an éilimh ag an soláthraí, sonraí faoi na táirgí, ráta in aghaidh an chileagraim de réir gach táirge agus costais eile a bhí ag gabháil leis an gcás. Ina dhiaidh sin féin, níor fhéad an lucht miondíolacháin an meáchan i leith gach táirge a chur ar fáil i ndáil le gach soláthraí faoi seach.

26.36 Bhí meascán faisnéise sa cháipéisíocht ón lucht miondíolacháin do na soláthraithe, an meáchan i ndáil le roinnt de na táirgí agus líon na n-aonad i ndáil le cuid eile, rud a d'fhág nár fhéad an Roinn an meáchan i ndáil le gach comhlacht miondíolacháin a ríomh ionas go bhféadfaí sin a úsáid chun cinntiú nach raibh an meáchan iomlán a chuir gach comhlacht miondíolacháin á scrios á shárú ag iomlán na n-éileamh ar fad ón lucht miondíolacháin. I gcás na n-éileamh ó lucht miondíolacháin dar luach €1.2 milliún a ndearnadh scrúdú orthu mar chuid den iniúchadh, dúirt an tOifigeach Cuntasaíochta go ndearnadh íocaíochtaí maidir leis na héilimh ar bhonn ráiteas ón lucht miondíolacháin, sonraí cuntais, éilimh aisíoca sonraithe agus nótaí creidmheasa. I roinn cásanna, bhí na rátaí i ndáil le táirgí a éilíodh mar chuid d'éilimh ó chomhlachtaí miondíolacháin níos airde ná mar a bheadh súil leis i ndáil leis an gcatagóir a bhí i gceist. Ba chosúil le rátaí miondíolacháin iad. D'fhiosraigh an Roinn an cás agus tháinig éilimh leasaithe de thoradh air sin a d'fhág luach €145,000 á chur as an áireamh.

26.37 Ag freagairt do na fiosruithe a rinne mé maidir le coigiltis a rinneadh ar éilimh tomhaltóra dúirt an Roinn liom gurb é an costas iomlán na n-éileamh tomhaltóra a rinneadh ná €5.033. Próiseáladh íocaíochta de €4.888 milliún.

---

[230] Ar na doiciméid thábhachtacha a bhain leis an scéim, bhí an fhoirm PRS2 agus an fhoirm PRS3. Cuireadh síos tuairisc ar an bhfoirm PRS2 faoi chatagóir, foinse agus meáchan an táirge a bhí á chur ar aghaidh lena rindreáil. Is é an próiseálaí a líon isteach í agus dheimhníodh oifigeach de chuid na Roinne í ar an láthair. Taifead ar aistriú an táirge idir an próiseálaí agus an mhonarcha rindreála a bhí san fhoirm PRS3. Doiciméid i dhá pháirt a bhí inti, leath amháin arna ullmhú ag an bpróiseálaí agus á dheimhniú ag oifigigh maoirseachta na Roinne nó ag foireann tréidliachta an Údaráis Áitiúil, an taobh eile á líonadh ag an lucht bainistíochta sa mhonarcha rindreála agus á dheimhniú ag lucht foirne na Roinne ag an monarcha sin.

Conclúid – An Bhainistíocht maidir leis an Scéim

Beart éigeandála a bhí sa scéim a tugadh isteach d'fhonn déileáil leis an tionchar chun dochair a bheadh ag éilliúcháin dé-ocsaine i dtáirgí muiceola ar an margadh agus ar an tomhaltóir. Cé gur tugadh an scéim isteach i mí na Nollag 2008, níor tháinig aontú críochnúil an AE le scóip tosaigh na scéime agus leis na leasuithe a chuir an Roinn i bhfeidhm ina dhiaidh sin go dtí mí Deireadh Fómhair 2009.

Bhí sciar suntasach den ábhar a sheol an lucht miondíolacháin lena rindreáil agus a mbeadh cúiteamh le híoc i ndáil leis, nach bhféadfadh an Roinn a dheimhniú ar ábhar a bhí ann a bheadh inghlactha faoin scéim. Ní raibh an beart rialála príomhthábhachta maidir le cúrsaí slándála i ndáil leis na táirgí muiceola – séala ar na hualaigh – á chur i bhfeidhm i gcás cuid mhór de na próiseálaithe beaga. Sna cásanna sin, arbh oifigigh tréidliachta de chuid na n-údarás áitiúil ab iondúla i mbun bainistíochta orthu, ní raibh séalaí ar fáil go réidh tráth a seolta. Ní bheadh sláine an táirge le linn a iompair chomh maith agus a d'fhéadfaí sna cásanna sin.

Bhí deacrachtaí móra ag an Roinn cinntiú go raibh na polasaithe luachála cearta á gcur i bhfeidhm ag na próiseálaithe muiceola, go háirithe ag na próiseálaithe tánaisteacha. Bhí timpeall is 50% de na héilimh dar luach iomlán €35 milliún a chuir na próiseálaithe tánaisteacha faoi bhráid ar thug an Roinn faoi deara an róluach a bheith luaite leo sula ndearnadh íocaíochtaí. Chaith an Roinn dícheall mór riaracháin agus iniúchóireachta lena chinntiú go ndearnadh na cásanna iomraill sin a réiteach.

Inrianaitheacht Táirgí

26.38 D'fhonn an baol do shláinte an duine agus an baol go dtarlódh caillteanas airgid mar gheall ar eachtraí éilliúcháin a mhaolú oiread agus is féidir, ba cheart do na húdaráis náisiúnta córais a bheith curtha ar bun acu a fhágann gur féidir an táirge éillithe agus ainmhithe a bhfuil an t-éilliúchán ag gabháil dóibh a aimsiú gan mhoill.

26.39 Sa chás maidir leis an dé-ocsain, níorbh fhéidir feoil gan cnámha ó ainmhithe éillithe a dheighilt go héasca ó mhuiceoil gan cnámha a tháinig ó ainmhithe gan éilliúchán agus bhí de thoradh air sin gur caitheadh gach táirge muiceola a cuireadh ar fáil idir dátaí sonraithe a thabhairt san áireamh leis an aisghairm ar tháirgí.

26.40 Tá de shainmhíniú ag an AE ar inrianaitheacht gur ionann é agus an cumas bia, ábhar cothúcháin, ainmhí le haghaidh bia nó ábhar a bhfuil de rún é a chur nó a cheaptar a chur isteach mar chuid de bhia nó d'ábhar cothúcháin a rianú agus a leanacht trí gach céim den táirgíocht, den phróiseáil agus den dáiliúchán[231]. Leagtar freagracht ar an Roinn as reachtaíocht an AE ina leith sin.

26.41 Is féidir cuntas achoimre a thabhairt ar an stádas maidir le inrianaitheacht i ndáil le hearnáil na muiceola mar seo a leanas

- níl aon reachtaíocht de chuid an AE ná aon reachtaíocht náisiúnta ann lena gceanglaítear go mbeadh córais inrianaitheachta ar bun trína bhféadfaí táirgí muiceola a leanacht siar go dtí foinse táirgeora
- tá córas inrianaitheachta ann ó thaifid seamlais a cheanglaíonn muca leis an bhfeirm óna dtáinig siad. In ainneoin sin, ón tráth a mbaintear na cnámha as conablach muice, ní féidir na gearrthacha feola faoi leith a cheangal go héasca leis an bhfeirm ónar tháinig siad.

[231] Rialachán (CE) Uimh 178/2002.

26.42 I ndáil leis an bponc deireanach sin, áitíonn an Roinn gur mar gheall ar chúinsí tráchtála a ghoilleann ar na saoráidí táirgíochta é sin i.e. cuirtear conablaigh muc a bhfuil an meáchan céanna iontu sa seomra fuaraithe amháin (gan bheann ar an bhfeirm óna dtáinig siad) rud a fhágann conablaigh ó fhoinsí éagsúla á meascadh isteach le chéile. Luaigh an Roinn go raibh gá leis sin ar chúiseanna tráchtála mar go n-éilíonn cliaint ollmhargaí gearrthacha a bhíonn de réir réimsí meáchain ríchúnga. Luaigh an Roinn go bhféadfaí an táirge ar fad a chuirtear i mboscaí a cheangal le feirmeacha a ndearnadh na muca uathu a mharú an lá céanna.

26.43 Is léir ó cháipéisí de chuid na Roinne go ndearnadh an rogha maidir le haisghairm i bpáirt ar tháirgí a mheas. Tháinig le fios, os a choinne sin, gur aistríodh muca ó na deich bhfeirm muc ar soláthraíodh an t-ábhar cothúcháin éillithe iontu go dtí ocht gcinn déag de thréada eile. Níorbh fhéidir leis an Roinn a shuíomh go sainiúil go ndearnadh na muca ar fad as na tréada sin a mharú sna seacht gcinn de mhonarchana móra seamlais lena mbaineann.. Socraíodh dá réir sin maidir le scóip na haisghairme go dtiocfadh na monarchana seamlais ar fad faoina scáth.

Conclúidi – Cúrsaí Inrianaitheachta

Nuair nárbh fhéidir roinnt táirgí muiceola a rianú ar ais siar go dtí an fheirm ónar tháinig, fágadh go ndearnadh aisghairm níos forleithne ná mar a dhéanfaí i gcásanna eile. Cé go nglactar le tuairim na Roinne go bhfuil an tionscal ag comhlíonadh choinníollacha an AE i ndáil le cúrsaí inrianaitheachta, b'fhiú don Roinn an nós oibre náisiúnta i gcúrsaí talmhaíochta maidir le córais inrianaitheachta i dtíortha eile inchomórtais le hÉirinn a fhiosrú go ndeimhneofaí an bhfuil modhanna ann atá éifeachtach ó thaobh costais chun feabhsú a dhéanamh maidir le leibhéal inrianaitheachta na dtáirgí muiceola ar fad agus an baol go dtarlódh caillteanas airgid don Státchiste a mhaolú.

Tuairimí an Oifigigh Cuntasaíochta

26.44 D'áitigh an tOifigeach Cuntasaíochta go meastar go ginearálta go bhfuil córais inrianaitheachta na hÉireann ar a laghad ar chomhchéim leis na córais i mBallstáit eile an AE. Bhí an bealach inar cuireadh chuig an aisghairm ag teacht faoi thionchar a phráinní a bhí gá le muinín a chothú an athuair i dtionscal muiceola na hÉireann, an tréimhse fada ar tharla an marú a bhí i gceist lena linn agus gur tharla cuid mhór den táirge imithe chomh fada sin ar aghaidh trí shlabhra casta soláthair cheana féin. Dúirt sé gur pléadh in ainneoin sin an scóip a bheadh ann maidir le feabhas a chur ar chórais ar roinnt ócáidí ó tharla eachtra na dé-ocsaine ag cruinnithe idir an Roinn agus ionadaithe de chuid lucht thionscal na feola.

26.45 Luaigh sé go bhfuil i gceist teimpléad tuairisce caighdeánach a bheith in úsáid sa chás go dtarlódh eachtra den chineál céanna arís ionas gur féidir an fhaisnéis a chuireann oibreoirí éagsúla i ngnó an bhia ar fáil mar dheis inrianaitheachta a phróiseáil ar bhealach níos éifeachtaí. Dúirt sé freisin go bhfuil an dream a bhfuil geall ach sa ghnó ag coinneáil súil ar chora nua eile, go háirithe i ndáil le barrachóid agus scéim atá á beartú tíopáil DNA a dhéanamh maidir le collaigh na hÉireann, a bhféadfadh go gcuirfidís leis an acmhainn inrianaitheachta.

An Réimeas Cigireachta maidir le Sábháilteacht Bia

26.46 Is ar na hOibritheoirí Gnóthais Bia (FBO)[232] a leagtar an phríomhfhreagracht i ndáil sábháilteacht bia. Is gné lárnach den fhreagracht sin plean maidir le hAnailís ar Ghuais agus Pointe Rialála Cinniúnach (HACCP) a chur le chéile agus a bheith i bhfeidhm. Ní mór sampláil ar na pointí rialála cinniúnacha le linn na bpróiseas a bheith mar chuid den phlean, i.e. 'féinseiceáil'.

26.47 Déanann an FBO monatóireacht freisin i ndáil le hiarmhair. Eisíonn an Roinn treoracha gach bliain le gach próiseálaí príomhúil ina leagtar síos go sonrach an réimse íosta substaintí nach mór seiceáil ina leith agus na híosleibhéil tástála. Tá áitithe ag an Roinn go mbítear soiléir leis an FBO go dtugtar na treoracha maidir le híosleibhéil tástála gan dochar do mheasúnú baoil dá gcuid féin.

26.48 Ullmhaítear Plean Rialála Náisiúnta (NCP) i gcomhar idir an FSAI agus an Roinn. Is leis sin a leagtar amach struchtúr agus córas na mbeart rialála i ndáil le bia, ábhar cothúcháin, sláinte na n-ainmhithe agus leas na n-ainmhithe in Éirinn. Tá an Clár Monatóireacht Náisiúnta i ndáil le hIarmhair (NRMP) agus an Clár Cigireachta Náisiúnta maidir le hÁbhar Cothúcháin (NFIP) ina mbearta rialála mórthábhachta taobh istigh den NCP.

26.49 Tá curtha in iúl dom ag an Roinn nach dtagann tástáil maidir le PCB ná éilliúchán dé-ocsaine faoi scáth na dtreoracha bliantúla a eisíonn an Roinn leis an FBO. Táthar ag leanacht de thástáil maidir le PCB faoi chlár tástála na Roinne agus, ó thús na bliana 2011, tá tástáil á dhéanamh chomh maith maidir le dé-ocsainí.

An Clár Monatóireachta Náisiúnta i ndáil le hIarmhair (NRMP)

26.50 Is d'fhonn monatóireacht a dhéanamh ar chomhlíonadh reachtaíocht an AE is mó a leagadh amach an NRMP. Tá dhá phríomhghné ag baint leis

- monatóireacht a dhéanamh ar úsáid substaintí áirithe a chosc (e.g. hormóin spreagtha fáis) agus
- uasleibhéil monatóireachta a shocrú (teorainneacha uasta iarmhair) maidir le hábhar míochaine údaraithe agus le hábhair éilliúcháin sa timpeallacht.

26.51 Leagtar síos an leibhéal tástála atá le déanamh ar bhonn náisiúnta gach bliain i dTreoir ón AE. In Éirinn, tá an sciar den toradh iomlán le sonrú ar an dáileadh náisiúnta idir próiseálaithe príomhúla a thagann faoi mhaoirseacht na n-údarás áitiúil agus iad sin a thagann faoi mhaoirseacht na Roinne féin. Is faoi mhaoirseacht FSAI a shocraítear an dáileadh sin. Déanann na húdaráis áitiúla maoirseacht ar phróiseálaithe príomhúla a bhfuil cion oibre níos ísle acu agus bíonn na húdaráis áitiúla freagrach, trí chonradh foirmeálta seirbhíse, don FSAI[233] maidir leis an NRMP a thabhairt i gcrích san earnáil sin. Ar an taobh eile den scéal, is ar an Roinn a leagtar an fhreagracht i ndáil le tástáil maidir le hiarmhair i gcás na bpróiseálaithe príomhúla ar airde an cion oibre a dhéanann siad. Tá conradh seirbhíse ar bun idir FSAI agus an Roinn freisin i ndáil leis na freagrachtaí sin a thabhairt i gcrích.

26.52 As an 98 sampla a thóg an Roinn i ndáil le tástáil PCB sa bhliain 2008, bhí 29 acu tógtha roimh an mbeart tástála lenar tugadh faoi deara an t-iarmhar ba chúis leis an aisghairm. Nuair a bhí toradh dearfach i ndáil le PCB ar shampla a tógadh i mí na Samhna, tógadh 69 sampla breise agus bhí toradh dearfach ar 38 acu sin.

---

[232] Is é an tOibritheoir Gnóthais Bia an duine nó an t-eintiteas ar a bhfuil de fhreagracht cinntiú go bhfuil coinníollacha dhlí an bhia á sásamh sa ghnóthas atá faoina smacht.

[233] Is ar Údarás Sábháilteacht Bia na hÉireann atá an fhreagracht fhoriomlán, go náisiúnta, maidir leis an reachtaíocht faoi shábháilteacht bia a chur i bhfeidhm.

26.53 Éilíonn an Roinn go mbeadh séala ar na samplaí ar fad. Ní raibh séala ar bith ar a theacht isteach i saotharlann na Roinne ar an sampla a tógadh ar an 19 Samhain 2008 ar dá thoradh a tugadh faoi deara an t-éilliúchán dé-oscaine. As deich gcinn de shamplaí a eisíodh leis an saotharlann ina dhiaidh sin d'fhonn tástáil maidir le PCB, bhí ocht gcinn acu ar liostaíodh sa saotharlann nach raibh séala orthu ag teacht.

26.54 Tugadh chun aire leis an athbhreithniú go raibh sé cinn den ocht seamlas chuig ar tháinig táirge ó na feirmeacha éillithe i rith na bliana 2008 ina ndearnadh marú ón 1 Meán Fómhair 2008 go dtí an dáta ar tugadh PCB faoi deara ar an 19 Samhain 2008. B'ionann sin agus líon iomlán laethanta maraithe de 176 lá. Níor thug an Roinn éilliúchán PCB ná éilliúchán dé-ocsaine faoi deara le linn an ama sin.

26.55 Luaigh an tOifigeach Cuntasaíochta nach raibh cur isteach ar dheis inrianaitheachta an tsampla ar bhealach ar bith cé nach raibh an séala ar an ngabhdán seachtrach ina gcoinnítear na samplaí ar a theacht chuig an saotharlann i roinnt cásanna. Deir sé go bhfuil deimhniú maidir leis an acmhainn rianaitheachta mar gheall ar an gcáipéisíocht a ghabhann leis na samplaí agus, go háirithe, mar gheall ar chóras lipéadaithe dúbailte trína ngreamaítear lipéad le huimhir shainiúil dá chuid féin ar gach gabhdán sampla faoi leith (taobh istigh den ghabhdán seachtrach) agus trína ngreamaítear leathcheann an lipéid sin ar an gcáipéisíocht samplála. Ón mbliain 2008 anuas, tá córas séalaí nua tugtha isteach ag an Roinn (a raibh tábhacht leis ó thaobh ionchúiseamh faoin dlí coiriúil a dhéanamh maidir le sárú an dlí i ndáil le hiarmhair). Faoin gcóras nua seo, déantar soláthar do ghabhdán faoi leith a shéalaítear agus sin taobh istigh den ghabhdán seachtrach. Luaigh an tOifigeach Cuntasaíochta go raibh séalaí a chuirfí ar ghabhdáin seachtracha i mbaol a stróiceadh den ghabhdán de thimpiste le linn iompair.

26.56 Luaigh an tOifigeach Cuntasaíochta chomh maith nárbh fhéidir, mar gheall nach raibh taithí cheana ar dhé-oscainí a thabhairt faoi deara i dtáirgí ó ainmhithe in Éirinn, critéir spriocaimsiúcháin faoi leith a chur i bhfeidhm faoin NRMP, i ndáil le seiceáil maidir le PCB, taobh amuigh de scaipeadh agus de dháileadh forleitheadach ar fud na tíre a chinntiú i rith na bliana. D'éirigh leis an gcóras ó thaobh an fhadhb a thabhairt chun suntais agus a aimsiú ina dhiadh sin sa slabhra maidir le hábhar cothúcháin.

An Clár Cigireachta Náisiúnta maidir le hÁbhar Cothúcháin

26.57 Is é an cuspóir atá leis an gClár Cigireachta Náisiúnta maidir le hÁbhar Cothúcháin ná go gcinnteofaí nach bhfuil ábhar contúirte do shláinte an duine ná do shláinte ainmhithe ná don timpeallacht san ábhar cothúcháin ná sna nósanna cothúcháin. Tagann sábháilteacht an ábhair cothúcháin i rith gach céim den slabhra bia faoina scáth.

26.58 Déantar scrúduithe cigireachta gan choinne ar fud gach céim den slabhra bia d'fhonn seiceáil mar gheall ar an gcomhlíontas maidir leis an reachtaíocht[234]. Bíonn scrúdú agus measúnú ar phróisis éagsúla, ar cháipéisíocht nó ar shaoráidí agus ar threalamh ag baint leis an gcigireacht. Réimeas cigireacht atá bunaithe ar an mbaol a oibríonn an Roinn agus tugtar san áireamh leis

- an lón eolais a gnóthaíodh ó bhearta cigireachta roimhe seo
- ábhar éilliúcháin ar eol baol mór i gceist leis agus
- coinníollacha sonracha arna n-eisiúint ón AE.

26.59 De réir na Roinne, rinneadh 8,192 scrúdú cigireachta gan fógra in áitribh oibritheoirí ábhair cothúcháin idir na blianta 2007 agus 2010. Tugadh faoi deara 2,100 cás easnaimh maidir leis an gcomhlíontas le líon díreach faoi bhun 1,000 cuairt chigireachta nó i gcás 12% de na hoibritheoirí ábhair cothúcháin sin. Tá luaite ag an Roinn gur easnamh de chineál nach tromchúiseach a bhí i gceist leis an gcuid is mó de na cásanna sin.

---

[234] Is í an reachtaíocht de chuid an AE a bhfuil feidhm léi Rialachán 882/2004 agus Rialachán 183/2005. Tugadh éifeacht leis na Rialacháin sin faoi dhlí na hÉireann de réir Ionstraim Reachtúil 432 den bhliain 2009 (a tháinig in áit Ionstraim Reachtúil 910 den bhliain 2005, a bhí i bhfeidhm an tráth ar tharla an eachtra maidir leis an dé-ocsain).

26.60 Déanann an Roinn bearta iniúchta freisin maidir le lucht déantúsaíochta ceadaithe agus in áitribh ghnóthais ábhair cothúcháin eile, mar shampla lucht athchúrsála bia. Tugtar fógra roimh ré do na comhlachtaí i ndáil leis na bearta iniúchta seo agus is é a bhaineann leo scrúdú a dhéanamh ar na gnáis rialála atá ar bun.

26.61 Rinneadh 277 beart iniúchta ar fad idir na blianta 2007 agus 2010. Thángthas ar easnamh maidir leis an gcomhlíontas i ngach cás acu.

26.62 I ndáil leis an neamhchomhlíontas a tugadh faoi deara trí scrúduithe NFIP, dúirt an tOifigeach Cuntasaíochta gur neamhchomhlíontas de chineál nach tromchúiseach a bhí i gceist le mórchuid mhór na gcásanna maidir le cigireacht gan fógra, cásanna a bhain den chuid is mó le sláintíocht agus le himeacht ó ghnéithe de na pleananna HACCP nó ó phrótacáil a leagtar síos i lámhleabhair ardchaighdeáin. Luaigh sé chomh maith go ndéanfar le gach beart iniúchta, de réir an nádúir, aird a dhíriú ar easnamh amháin nó líon is mó ná sin, i ndáil le nósanna imeachta. Socraítear bearta cearthaithe agus tráthchlár lena dtabhairt i gcrích leis na hoibritheoirí gnóthais ábhair bia tar éis na bearta iniúchta a chríochnú.

26.63 Níor thángthas ar aon chás éilliúcháin le dé-ocsain faoin gclár oibre seo idir an bhliain 2002 agus an cás i mí na Samhna 2008. I mbreisitheach le hábhar cothúcháin éisc le tabhairt do bheithígh a thángthas ar an dé-oscsain sa bhliain 2002. Sa chás sin measadh nach raibh ábhar buartha i ndáil le sláinte an duine i gceist leis an éilliúchán.

26.64 Mar gheall ar thástálacha a rinneadh i ndáil le dé-oscainí i rith na mblianta 2009 agus 2010, thángthas ar shampla amháin sa bhiain 2009 agus ar thrí cinn de shamplaí i rith na bliana 2010. Bhain sampla na bliana 2009 leis an eachtra dé-ocsaine a tharraing na scéimeanna diúscartha agus aisghairme. Bhain sampla na bliana 2010 le hábhar cothúcháin feamainne.

26.65 Tá curtha in iúl ag an Oifigeach Cuntasaíochta go ndéanann an Roinn athbhreithniú ar an réimeas rialála go hinmheánach agus i gcomhar le lucht an tionscail ar bhonn leanúnach lena dtugtar san áireamh na torthaí rialála.

Conclúid – Monatóireacht

Níor tugadh faoi deara le réimeas monatóireachta agus tástála na Roinne an t-éilliúchán dé-ocsaine a d'eascair ó na feirmeacha lenar bhain ná sna seamlais i rith na tréimhse idir deireadh mí Lúnasa 2008 agus lár mí na Samhna na bliana céanna.

Tríd is tríd, tá le tuiscint ó thorthaí scrúduithe cigireachta go bhfuil leibhéal ard neamhchomhlíontais ag pointí éagsúla ar fud an tslabhra bia i ndáil leis na rialacháin maidir le sábháilteacht bia agus cúrsaí sláintíochta. Tharlódh nach scéal ró-mhór go leor de na cásanna sin ach fágann an scála a bhaineann le cásanna easnaimh go gceapfaí gur gá don Roinn an lón eolais ginearálta atá le baint as na scrúduithe cigireachta a thabhairt faoi mheas agus clár oibre feabhsúcháin a chur chun cinn bunaithe ar na torthaí is tábhachtaí.

Conclúid

Tugadh an Scéim maidir le hAisghairm Muiceola isteach i mí na Nollag 2008 mar bheart éigeandála chun tabhairt faoi ábhar buartha maidir le cúrsaí sláinte agus chun an dochar ó thaobh eacnamaíochta a d'fhéadfadh éilliúchán ar tháirgí feola a dhéanamh do dhea-chlú na hÉireann, mar thír a chuireann táirgí bia den scoth ar fáil, a mhaolú. Tháinig athrú ar scóip na scéime in imeacht na bliana tar éis a tabhairt isteach agus i mí Deireadh Fómhair 2009 a aontaíodh na téarmaí críochnúla.

Bhain deacracht le próisis éifeachtúla riaracháin a chur i bhfeidhm chun cosc a chur le ró-íocaíochtaí faoin scéim i gcás na luachála a chuir próiseálaithe i bhfeidhm i ndáil le táirgí a bhí á gcur faoi bhráid maidir le cúiteamh. Rinneadh cuid mhór táirgí muiceola a scrios sula raibh deimhnithe ag an Roinn go raibh siad inghlactha faoin scéim. Anuas air sin, thug an Roinn faoi deara go raibh thart ar 50% de na héilimh a chuir próiseálaithe tánaisteacha faoi bhráid a raibh luach ró-ard luaite iontu.

Tríd is tríd, d'éirigh réasúnta maith leis an Roinn riarachán a dhéanamh ar scéim cúitimh a bhí bunaithe ar thaifid nach raibh iomlán.

Tá teorainn lena mhéid is féidir táirge muiceola a thabhairt ar ais siar go dtí an fheirm ónar tháinig, go háirithe sa chás gur meascadh an mhuiceoil isteach in earraí breis luacha. Bhí de thoradh air sin gur ghá scéim aisghairme níos forleithne, níos uileghabhálaí agus níos daoire ná mar a theastódh sa chás gurbh fhéidir rianú a dhéanamh i ngach cás faoi leith. Ba cheart don Roinn athbhreithniú a dhéanamh ar na modhanna ina ndéileáiltear le ceisteanna inrianaitheachta i ndlínsí eile san AE atá inchomórtais le hÉirinn.

Is cosúil go bhfuil leibhéal suntasach neamhchomhlíontais i measc oibritheoirí gnóthais bia le rialacháin maidir le sábháilteacht bia agus le sláintíocht agus ba cheart don Roinn agus do ghníomhaireachtaí rialúcháin eile de chuid an Stáit sin a thabhairt faoi mheas maidir le bealaí inar féidir feabhas a chur ar chúrsaí ionas go maolaítear oiread agus is féidir an baol go dtarlódh eachtraí éilliúcháin san am atá le theacht a mbeadh bagairt iontu do dhea-chlú an tionscail.

Iarscríbhinn A An Scéim maidir le hAisghairm Muiceola

Scóip na Scéime ar dTús

Ar thosach na scéime i mí na Nollag 2008 ba é scóip na dtáirgí a bhí inghlactha maidir le cúiteamh táirgí muiceola arna ndéanamh as ainmhithe a maraíodh in Éirinn ar dhátaí idir an 1 Meán Fómhair agus an 6 Nollaig 2008 sna cásanna seo a leanas

- Ní raibh an táirge faoi smacht an phróiseálaí phríomhúil ná an phróiseálaí thánaistigh feasta agus bhí sé á chur ar fáil go hoscailte ar an 6 Nollaig 2008 agus cuireadh ar ais chuig an bpróiseálaí nó chuig gníomhaire an phróiseálaí é, tugadh admháil ina leith agus thug an Roinn deimhniú ina leith; nó
- chuir lucht miondíolacháin an táirge díreach chuig lucht rindeála feola chun go scriosfaí é agus cuireadh cáipéisí deimhniúcháin ar fáil do na próiseálaithe príomhúla agus / nó do na próiseálaithe tánaisteacha agus cuireadh iad sin ar fáil don Roinn; nó
- d'fhan an táirge faoi smacht an phróiseálaí agus ní fhéadfaí a léiriú go críochnúil chun sástachta na Roinne go raibh sé gan éilliúchán; nó
- d'fhan an táirge faoi smacht an phróiseálaí phríomhúil nó an phróiseálaí thánaistigh agus mar gheall ar an dáta dul in éag nó an dáta deiridh díolacháin ní fhéadfaí a chur ar fáil go hoscailte ar an margadh.

Leathnú Scóipe

Le himeacht 11 mí – mí na Nollag 2008 go dtí mí Deireadh Fómhair 2009, chuir an Roinn le scóip na Scéimeanna. Faoi mhí Deireadh Fómhair 2009 bhí cúiteamh á chur ar fáil ar bhonn níos forleithne, agus go háirithe, i ndáil le

- marú breise ar 40,760 muc
- 230 tonna breise de tháirgí mairteola a bhí faoi smacht phróiseálaithe agus tarraingte siar ón margadh mar gheall ar éilliúchán dé-ocsaine
- táirgí muiceola arna ndéanamh in Éirinn as meascán de mhuiceoil as Éirinn agus de mhuiceoil as tíortha iasachta
- muiceoil a bhí curtha isteach i dtáirgí feola a bhfuil de dhliteanas dlíthiúil ar na próiseálaithe príomhúla agus ar na próiseálaithe tánaisteacha ina leith aisíoc a dhéanamh leis na próiseálaithe tríú leibhéal
- 800 tonna de tháirgí a scriosadh na chéad laethanta den scéim agus a bhféadfadh táirgí gan éilliúchán a bheith i gceist leis freisin (táirgí ón iasacht san áireamh)
- táirgí ar áitigh na próiseálaithe nach bhféadfaí a ndíol ná a gcur ar an margadh agus a raibh tráth a ndéanta idir an 1 Iúil 2007 agus an 6 Nollaig 2008
- táirgí a rinneadh idir an 1 Iúil 2007 agus an 1 Meán Fómhair 2008 a ndearnadh a n-easpórtáil
- costas iompair agus costas eile a ndeachaigh an próiseálaí ann chun an táirge inghlactha a thabhairt chomh fada leis an bpointe diúscartha.

Fuair an Roinn cead an AE i mí Deireadh Fómhair 2009 na gnéithe sin thuas a thabhairt isteach faoi scáth na scéime.

Caibidil 27

Obair Chothabhála ar Bhóithre Réigiúnacha agus ar Bhóithre Áitiúla

Vóta 32 Iompar

Deontais d'Obair Chothabhála ar Bhóithre Réigiúnacha agus ar Bhóithre Áitiúla

27.1 Is bóithre réigiúnacha agus bóithre áitiúla atá in 94% de chóras bóithre na tíre agus téann 54% den trácht bóthair orthu. Is ar na húdaráis áitiúla atá an cúram maidir le hobair thógála, chothabhála agus fheabhsúcháin ar na bóithre sin de réir alt 13 d'Acht na mBóithre 1993 (an tAcht). D'fhonn cur leis na hacmhainní a bhíonn ar fáil ag na húdaráis áitiúla i ndéanamh an chúraim sin, cuireann an rialtas láir clár infheistíochta bliantúil de chistí deontais ar fáil.

27.2 I mí Meán Fómhair 2009 aistríodh an cúram maidir leis an riarachán i leith an chláir infheistíochta ón Roinn Iompair go dtí an tÚdarás um Bhóithre Náisiúnta (NRA) de bhun alt 32 an Achta. Rinne an tAire Iompair an cinneadh ina leith sin agus d'aontaigh Bord an NRA leis ionas gur fearr an úsáid a bheadh á baint as na hacmhainní atá ar fáil d'earnáil na mbóithre.

27.3 Is é príomhról atá ag an NRA bonn taca teicniúil, comhairle agus treoir a chur ar fáil do na húdaráis áitiúla agus íocaíochtaí deontais faoin gclár a phróiseáil. Táthar ag tnúth gur beag costas breise ó thaobh acmhainní an NRA a ghabhfadh leis an ról ó tharla gur féidir leas a bhaint as saineolas agus modhanna oibre atá ar fáil cheana féin san NRA.

27.4 B'ionann an ciste a cuireadh ar fáil don NRA as an gCiste Rialtais Áitiúil i rith na bliana 2010 chun críche na deontais sin a íoc leis na húdaráis áitiúla agus €411 milliún. Is í an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil a dhéanann an riarachán i leith an Chiste Rialtais Áitiúil a dhéantar a mhaoiniú le hairgead vótáilte arna chur ar fáil ag an Oireachtas agus le fáltais ó cháin mótair.

27.5 Sa bhliain 2010, shocraigh an Roinn i gcomhar leis an NRA an leithroinnt i ndáil leis na húdaráis áitiúla faoin gclár infheistíochta[235] maidir le bóithre réigiúnacha agus bóithre áitiúla agus bhí na gnéithe seo a leanas i gceist

- deontais feabhsúcháin faoi leith do sholáthar naisc leis bealaí straitéiseacha
- deontais faoi chlár bóithre réigiúnacha agus bóithre áitiúla straitéisacha a réitíonn an bealach d'fhorbraíocht de réir na Straitéise Náisiúnta Spáis
- deontais cothabhála agus feabhsúcháin arna ndáileadh ar bhonn míleáiste pro-rata[236] ar na húdaráis áitiúla maidir le tionscadail áirithe, mar shampla cóiriú ar dhromchla an bhóthair, atógáil ar bhóithre agus obair chothabhála eile maidir le bóithre, mar shampla glanadh draenacha agus marcáil bóithre
- blocdheontais d'údaráis bailte arna ndáileadh ar bhonn mhéid an daonra
- scéimeanna feabhsúcháin áitiúla mar shampla obair ar bhóithre neamhphoiblí arna maoiniú le meascán de chistí poiblí agus de chistí príobháideacha
- tionscadail eile, comharthaí bóthair, cosáin, bearta sábháilteachta agus oiliúint ar dhaoine den fhoireann a bhíonn ag obair ar chothabháil bóithre ina measc.

---

235 Faigheann údaráis uirbeacha, lena n-áirítear cúig Chomhairle Chathrach, cúig Chomhairle Bhuirge agus 49 Comhairle Bhaile, blocdheontais ar leithligh i gcomhair feabhsúchán agus cothabháil ar bhóithre ina réimsí riaracháin.

236 Leithdháiltear na deontais seo bunaithe ar an míleáiste coibhneasta bóithre i ngach contae. Tá cás eisceachta ag baint leis na trí Comhairlí Contae i mBaile Átha Cliath a dtugtar leithroinnt níos airde dóibh mar gheall ar an éileamh breise i ndáil leis an gcóras bóithre sna limistéir sin.

27.6 I ndáil le bóithre réigiúnacha agus áitiúla, d'íoc an NRA deontais €411 milliún leis na húdaráis áitiúla i rith na bliana 2010 - €300 milliún i leith obair thógála agus obair fheabhsúcháin agus €111.4 millún i leith obair chothabhála agus bainistíochta.

Fíor 124 Deontais Bóithre Áitiúla agus Réigiúnach NRA, 2010

Cineál Deontais	Buiséad 2010	Deontais a íocaíodh 2010
	€m	€m
Obair Thógála agus Obair Fheabhsúcháin ar Bhóithre		
Feabhsúchán Athchóiriúcháin	188.8	190.1
Feabhsúchán Sonraithe	33.9	38.4
Tionscadail Straitéiseacha	23.7	21.6
Blocdheontas Uirbeach	26.5	26.0
Obair Fheabhsúcháin eile [a]	29.6	23.9
	302.5	**300.0**
Obair Chothabhála agus Obair Bhainistíochta ar Bhóithre		
Cothabháil Athchóiriúcháin	60.0	59.3
Cothabháil ar Togra	51.0	51.7
Ilghnéitheach	0.4	0.4
Iomlán	**413.9**	**411.4**

Foinse: An Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt.

Nóta: a Tugtar san áireamh le hobair fheabhsúcháin eile, bearta sábháilteachta, comharthaí ar bhóithre réigiúnacha, cosáin agus oiliúint.

Béim na Caibidle

I bhfianaise an fheidhm a aistriú go dtí an NRA agus an éagsúlacht idir an costas maidir le dromchla nua ar bhóithre ó údarás áitiúil go chéile, chuir mé tuairisc

- i ndáil leis an éifeachtúlacht bhreise a rabhthas ag féachaint lena baint amach ón aistriú
- na bearta a rinneadh nó a bhí beartaithe a dhéanamh chun rátaí costais an aonaid maidir le hobair ar dhromchla nua a chur ar bhóithre a ísliú.

Costas Aonaid maidir le Dromchla Nua a chur ar Bhóithre

27.7 Tugtar san áireamh leis an €59.3 milliún a caitheadh ar chothabháil athchóiriúcháin deontais arb é is cuspóir leo sláine struchtúrtha na mbóithre a chaomhnú trí chóiriú dromchla agus obair ullmhúcháin a ghabhann leis sin[237] de leithéid fálta sceach agus fásra eile ar cholbha an bhóthair a ghearradh siar.

[237] Ní thugtar san áireamh leis seo obair ullmhúcháin ar scála níos mó, mar shampla, obair dhraenála agus deasú poill a rangaítear mar obair Fheabhsúcháin Achóiriúcháin

27.8 Is léir ó na sonraí faoin meánchostas aonaid i ndáil leis an gcostas a ndeachaigh údaráis áitiúla ann maidir le cóiriú an dromchla faoi mar a cuireadh ar fáil don Roinn Iompair i leith na mblianta ó 2008 agus 2011 go raibh éagsúlacht shuntasach maidir leis na costais ó údarás áitiúil go chéile. Leagtar amach i bhFíor 125 na meánchostais i ndáil le Ceantar Bhaile Átha Cliath agus an chuid eile den tír de réir na mblianta éagsúla. Is léir uaidh sin gurbh ionann an meánchostas iomlán i ndáil le bóithre réigiúnacha agus bóithre áitiúla araon taobh amuigh de limistéir na dtrí Chomhairle Contae i mBaile Átha Cliath agus €4.96 in aghaidh an mhéadair chearnaigh i rith na bliana 2010 nuair a bhí na costais i ndáil leis na trí limistéar i mBaile Átha Cliath níos airde go mór ná an chuid eile den tír, costas €27.53 sa bhliain 2010.

Fíor 125 Meánchostas maidir le Dromchla Nua faoin gClár Cothabhála Achóiriúcháin, 2008-2011[a]

Bliain	Meánchostas[b] lasmuigh de Bhaile Átha Cliath (€/m²)			Meánchostas[b] lasmuigh de Bhaile Átha Cliath (€/m²)		
	Bóithre Réigiúnacha	Bóithre Áitiúla	Meánchostas Iomlán	Bóithre Réigiúnacha	Bóithre Áitiúla	Meánchostas Iomlán
2008	5.27	4.44	4.61	26.64	22.40	22.20
2009	5.25	4.34	4.56	26.50	14.84	18.29
2010	5.44	4.88	4.96	41.07	26.37	27.53
2011(meastachán)	4.86	4.05	4.27	23.84	18.23	19.52

Foinse: An Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt.

Nótaí: a Ní raibh eolas ar fáil ó limistéar contae amháin maidir le 2008, 2009 agus 2010, ná ó limistéar amháin i mBaile Átha Cliath maidir le 2009.

b Ríomhtar na meánmhéideanna foriomlána ar bhonn meánmhéid ualaithe idir bhóithre réigiúnach aagus áitiúla chun meánmhéid in aghaidh an chontae a fháil, agus ríomhtar meánmhéid díreach ansin bunaithe ar gach contae. Tugtar an toradh mar chostas in aghaidh an m^2.

27.9 Leagtar amach i bhFíor 126 an dáileadh maidir le costas dromchla nua a chur ar bhóithre réigiúnacha i rith na bliana 2010. Le Contae an Chláir a bhaineann an costas is ísle a tuairiscíodh, €3.78 in aghaidh an mhéadair chearnaigh, agus le Sligeach, Cill Chainnigh agus Tiobraid Árann Theas na ráta is airde a tuairiscíodh, €10.87, €8.55 agus €7.06 faoi seach.

Fíor 126 Dáileadh maidir le Costas Dromchla Nua a chur ar Bhóithre Réigiúnacha i rith na bliana 2010 (gan Limistéir i mBaile Átha Cliath a thabhairt san áireamh) [a]



Foinse: An Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt.

Nóta: a Bhí limistéar contae amháin nár cuireadh aon eolas ar fáil ina leith.

27.10 Leagtar amach i bhFíor 127 an dáileadh maidir le costas dromchla nua a chur ar bhóithre áitiúla i rith na bliana 2010. Le Contae an Chábháin a bhaineann an costas is ísle maidir le bóithre áitiúla, €2.72 in aghaidh an mhéadair chearnaigh, agus le Sligeach, Cill Chainnigh agus Tiobraid Árann Theas na ráta is airde a tuairiscíodh, €11.53, €9.11 agus €9.06 faoi seach

Fíor 127 Dáileadh maidir le Costas Dromchla Nua a chur ar Bhóithre Áitiúla i rith na bliana 2010 (gan Limistéir i mBaile Átha Cliath a thabhairt san áireamh)



Foinse: An Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt.

Nóta: Bhí limistéar contae amháin nár cuireadh aon eolas ar fáil ina leith.

27.11 Ar fud na dtrí limistéar i mBaile Átha Cliath, tá réimse fairsing costais agus Dún Laoghaire ag íoc €50.75 in aghaidh an mhéadair chearnaigh i rith na bliana 2010, Baile Átha Cliath Theas ag íoc €22.56 agus Fine Gall ag íoc €9.27.

27.12 I mí na Nollag 2010, d'eisigh an NRA, thar ceann na Roinne, Meamram leasaithe maidir le Deontais do Bhóithre Réigiúnacha agus do Bhóithre Áitiúla ina leagtar amach polasaithe, gnáis agus nósanna imeachta arna socrú ag an Roinn i ndáil leis an gclár infheistíochta do bhóithre réigiúnacha agus do bhóithre áitiúla. Leasaíodh leis an Meamram sin na coinníollacha a ghabhann le cistí deontais do na húdaráis áitiúla faoi chlár lenar foráladh nach foláir do na húdaráis áitiúla i ndáil le hoibreacha maidir le dromchla nua cúis mhaith a thabhairt le héagsúlacht leis na meánchostais náisiúnta. Rinneadh le ciorclán eile ina dhiaidh sin a d'eisigh an NRA tar éis plé leis an Roinn i mí Feabhra 2011 uaschostas aonaid a leagan síos i leith na bliana 2011 de €4.50 agus €5.50 in aghaidh an mhéadair chearnaigh maidir le cóiriú dromchla ar bhóithre áitiúla agus ar bhóithre réigiúnacha faoi seach. Sa chás go sáraítear na rátaí sin gan míniúchán sásúil, déanfar deontas na comhairle a ísliú de shuim is ionann leis an bhfarasbarr costais[4].

Tuairimí an Oifigigh Chuntasaíochta

27.13 Mar fhreagra ar mo chuid fiosrúcháin, luaigh an tOifigeach Cuntasaíochta go raibh roinnt cúiseanna a d'fhéadfadh bheith leis an éagsúlacht costais i ndáil le cóiriú dromchla ó chontae go chéile

- Is daoire an eibleacht bhitiúmain atá leasaithe le polaiméar ná an ghnátheibleacht bhitiúmain. Is é an t-iar oftern-úsáid ar bhóithre le méid tráchta ard.

- Bainfidh éagsúlacht leis an gcostas a théann le bearta smacht tráchta de réir mar a theastaíonn sin i suíomhanna faoi leith. Go ginearálta, de réir mar is airde leibhéal na tráchta, is deacra agus is daoire a bheidh sé an trácht a stiúradh.

- Beidh baint ag an achar ón bpointe soláthair, maidir le heibleacht bhitiúmain agus clocha beaga, go dtí an suíomh leis an gcostas iompair i leith an ábhair.

- Beidh baint ag líon na soláthraithe ábhair atá in iomaíocht le chéile i réimsí éagsúla tíre leis an gcostas.

- Beidh éagsúlacht idir na rátaí scartha maidir leis an eibleacht bhitiúmain agus leis na clocha beaga de réir mar a leagtar amach an meascán cuí rud a bhíonn ag brath ar chúinsí an tsuímh.

- Bíonn gá uaireanta le cóiriú seachas an gnáthchóiriú aonair amháin chun cinntiú go leigheasfar go hiomlán an t-easnamh maidir le riocht an bhóthair mar atá leis an gcóiriú a bheartaítear a thabhairt ar an dromchla. Ar na cineálacha cóiriúcháin a thiocfadh i gceist, bheadh cóiriú racáilte, cóiriú dúbailte, cóta boinn maille le cóiriú aonair agus cóiriú ceaptha.

Cóiriú Dromchla

Bóithre faoin Tuath

Is é a bhaineann le cóiriú dromchla greamaitheoir bitiúmanach a leagan trína spraeáil ar dhromchla an bhóthair agus sraith amháin de chlocha beaga ar aonmhéid a leagan anuas air sin. Is cóiriú cothabhála atá i gceist le cóiriú dromchla a leagan agus is féidir leis cur le ré fónaimh pábhála nuair a bhíonn lorg na húsáide ag teacht uirth (e.g. scoilteadh beag le sonrú inti). Cuireann an bheartaíocht choisctheach seo feabhas ar an mbóthar freisin ó thaobh maolú ar an mbaol go sciorfaí air. Mar gheall ar an bpróiseas a bhaineann leis, oireann sé i gcás bóithre tuaithe ach ní oireann i gcás bóithre i mbailte móra ó tharla go dtarlódh i limistéir uirbeacha go n-aistreofaí an leacht eibleachta bitiúmain agus na clocha beaga go dtí na cosáin agus isteach i siopaí nó i dtithe.

Bóithre i mBailte

I limistéir uirbeacha, is modh oibre níos daoire is gá a úsáid agus ábhar níos daoire chuige sin freisin. Ar na roghanna atá in úsáid tá Asfalt Te Rollta (ATR) le clocha beaga réamhbhrataithe nó Asfalt Maisteogach Cloiche agus cé gur faide a mhaireann dromchla den chineál sin, is daoire go mór iad. Taobh amuigh den chostas breise, tá doimhneacht níos mó ag baint le hábhar de na cineálacha sin ná atá le hábhar do chóiriú dromchla (agus treisítear leis an mbóthar dá bharr sin chomh maith le barr a chur air). Fágann an doimhneacht le cois maidir le ATR agus ábhar den sórt sin go bhféadfadh go mbeadh gá i limistéir uirbeacha roinnt den phábháil atá ar an mbóthar cheana féin a thochailt nó leibhéal cholbha an bhóthair, leibhéal na ndúnpholl agus leibhéal na lintéar a thabhairt aníos mar gheall ar chomh domhain agus atá an brat forleagain. Dá dhlúithe dá bhfuil ceantar faoi fhoirgníocht is ea is lú an dóigh gur féidir leas a bhaint as rogha níos saoire maidir le cóiriú dromchla.

27.14 Luaigh an tOifigeach Cuntasaíochta gurb é a tharlaíonn go ginearálta gur bóithre tuaithe atá oiriúnach d'obair maidir le cóiriú dromchla is mó a bhíonn i gceist i limistéir taobh amuigh de Bhaile Átha Cliath ach go mbíonn bóithre sna contaetha sin freisin a théann trí limistéir uirbeacha a mbíonn gá le cóiriú níos daoire ar an dromchla orthu. Tá na bóithre sin á sonrú mar chuid de phróiseas seiceála atá curtha ar bun anois – i roinnt cásanna, ar iarr an NRA míniú ina leith ar na comhairlí i mbliana, tá le tuiscint gurbh í an obair orthu ba chúis leis na huasrátaí a leagadh síos don bhliain 2011 a bheith á sárú ag comhairlí. Mar gheall air sin, tá beartaithe na coinníollacha tuairiscíochta a leasú sa bhliain 2012 ionas go sonróidh na comhairlí obair den chineál sin roimh ré agus gur féidir tuairisc a choinneáil ar an gcostas.

27.15 Luaigh sé go raibh Dún Laoghaire / Ráth an Dúin an-uirbeach agus go bhféadfadh nach ndéanfaí aon obair maidir le cóiriú dromchla ann blianta faoi leith. Tá roinnt bóithre tuaithe i bhFine Gall agus déantar roinnt oibre maidir le cóiriú dromchla orthu sin. Íslítear dá réir sin meánchostas an aonaid i ndáil le hobair a dhéanann Comhairle Fhine Gall faoin deontas maidir le Cothabháil Athchóiriúcháin.

27.16 Luaigh sé nach bhfuil sprioc foriomlán éifeachtúlachta socraithe ag an Roinn go dtí seo mar gheall ar na tosca éagsúla a thagann i gceist le costais a bhaineann le cóiriú dromchla. Is í an bhliain 2011 an chéad bhliain ghlan iomlán a bhfuil na huasrátaí aonaid i bhfeidhm agus tá de chuspóir leis sin tuairisc a choinneáil ar na costais agus ar na torthaí ar feadh tréimhse ama d'fhonn measúnú a dhéanamh ar a bhfuil á bhaint amach.

Conclúid

Aistríodh an cúram maidir le clár na mbóithre áitiúla agus na mbóithre réigiúnacha ón Roinn Iompair go dtí an tÚdarás um Bhóithre Náisiúnta i ndeireadh na bliana 2009 d'fhonn feabhas ó thaobh éifeachtúlachta.

Rinne an tÚdarás um Bhóithre Náisiúnta an riarachán maidir le deontais €411.4 milliún a íoc sa bhliain 2010 faoin gclár infheistíochta i gcúrsaí bóithre a ghabh leis an bhfeidhm a aistríodh.

I gcás deontas Maintenace Athchóiriú, Ba léir ó anailís de chuid na Roinne Iompair ar an gcostas aonaid maidir le cóiriú dromchla ar bhóithre go raibh éagsúlacht mór costais i gceist ó údarás áitiúil go chéile. Níor cuireadh eolas ar fáil ó na húdaráis áitiúla go léir.

Tá uaschostas aonaid leagtha síos ag an Roinn Iompair agus ag an Údarás um Bhóithre Náisiúnta do na húdaráis áitiúla i ndáil le hobair maidir le cóiriú dromchla sa bhliain 2011 agus é luaite nach ndéanfar costais sa bhreis ar na rátaí sin a aisíoc mura dtugtar míniú sásúil ar an gcúis atá leis an éagsúlacht leis an ngnáthchostas.

Tá de rún ag an Roinn na coinníollacha tuairiscíochta a leasú d'fhonn obair maidir le cóiriú dromchla ar bhóithre uirbeacha taobh istigh de limistéir na n-údarás áitiúil a shonrú i bhfianaise costas níos airde i gceist le cóiriú na mbóithre sin.

Ó thaobh cúrsaí tísiúlachta agus éifeachtúlachta, ní foláir don Roinn anailís a dhéanamh ar na tosca a imríonn tionchar ar chostas aonaid trí thagairt go háirithe do na cúiseanna a luaigh an tOifigeach Cuntasaíochta ionas gur féidir gnáthchostais aonaid a leagan síos chun críche cúrsaí cistíochta. Ba cheart ina dhiaidh sin smaoineamh ar sprioc éifeachtúlachta a leagan síos i leith na scéime.

Caibidil 28

Tacaíocht Fhostaíochta agus Cobhsú Fiontair

Vóta 34 Fiontar, Trádáil agus Fostaíocht

Tacaíocht Fhostaíochta agus Cobhsú Fiontair

28.1 Chuir an Stát tacar beart i bhfeidhm ó 2009 ar aghaidh le tacú le lucht gnó agus le fostaíocht le linn an choir chun donais airgeadaíochta. Ba iad cuspóirí iomlána na mbeart ná tacú le cothabháil na bpost sin ar ann dóibh cheana agus gnólachtaí a chobhsú. Áirítear i measc na mbeart seo

- Scéim Fóirdheontas Fostaíochta (SFF) shealadach – le cabhrú le poist atá i mbaol a chothabháil chomh maith le toilleadh táirgiúil
- Ciste Cobhsaithe Fiontair (CCF) – le cabhrú le comhlachtaí atá i mbaol ach atá inmharthana is a bhíonn ag trádáil go hidirnáisiúnta le teacht tríd an gcor chun donais eacnamaíoch le cabhair infheistithe chothromais agus dheontas forbartha margaidh.

28.2 Chomh maith leis an dá thionscnamh thuasluaite, áirítear i measc na n-idirghabhálacha gaolmhara

- an riachtanas mar chuid den Scéim Athchaipitlithe Bhainc do Bhanc na hÉireann agus do Bhainc-Aontas Éireann Cpt níos mó ná €3 bhilliún a chur ar fáil mar iasachtaí nua do ghnóthais bheaga agus mheánmhéide i 2010 agus i 2011
- Grúpa Imréitigh maidir le Soláthar Creidmheasa le hionadaithe bainc, gnólachta agus Stáit bunaithe le freagracht d'aithint phatrún imeachtaí mar a raibh an chuma ar an scéal go raibh an sreabhadh creidmheasa do ghnólachtaí inmharthana blocáilte agus bunú Oifige Athbhreithnithe Chreidmheasa le hathbhreithniú neamhspleách, seachtrach a sholáthar de shocruithe diúltaithe chreidmheasa ag bainc.

28.3 Áirítear ar na tionscnaimh ghaolmhara sin nach bhfuil laistigh de scóip na tuarascála seo

- Scéim Dreasachta Poist Fhostóra faoina raibh fostóir a chruthaigh post nua agus a d'fhostaigh duine a bhí dífhostaithe le sé mhí nó níos mó anuas díolmhaithe go hiomlán ón dliteanas ÁSPC fostóra a íoc do chéad bhliain na fostaíochta sin
- socruithe leis an tréimhse íocaíochta a laghdú ag ranna Rialtais láir dá gcuid soláthróirí gnó ó 30 go 15 lá féilire le sreabhadh airgid a fheabhsú d'fhiontair.

Béim na Caibidle

Scrúdaíonn an chaibidil seo eisíocaíocht

- na Scéime Fóirdheontas Fostaíochta agus
- an Chiste Chobhsaithe Fhiontair

28.4 Tugadh CCF isteach i Mí Aibreáin 2009 agus tugadh SFF isteach i Mí Lúnasa 2009. D'fheidhmigh siad beirt de réir Scéime Éireannaí faofa faoin gCreatlach Shealadach do chabhair Stáit, a thionscain an Coimisiún Eorpach ar 17 Nollaig 2008. Chuir an Chreatlach Shealadach ar chumas Bhallstáit an AE rochtain fheabhsaithe a sholáthar do ghnólachtaí ar mhaoiniú le dul i ngleic le héifeachtaí na géarchéime airgeadaíochta agus eacnamúla[238]. Bainistíodh SFF agus CCF araon ag Fiontraíocht Éireann ar son na Roinne[239]. Soláthraíodh na cistí ón Vóta don Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta.

---

238 D'fhaomhaigh an Coimisiún iarratas na hÉireann maidir le cabhair Stáit a sholáthar i Mí Aibreáin 2009.

239 Is é bonn dlí oibriú na scéimeanna ná ÚFT Éireann agus Fiontraíocht Éireann: Na hAchtanna um Fhorbairt Thionscail 1986-2006, Na hAchtanna um Údarás na Gaeltachta 1979-1999 agus an tAcht um Chuideachta Forbartha Aerfort Neamhchustam na Sionna Teoranta 1959, faoi mar a leasaíodh é.

Scéim Fóirdheontas Fostaíochta

28.5 Ba é cuspóir SFF ná cabhrú le fostóirí, a raibh brú ar leith orthu de dheasca na géarchéime domhanda eacnamúla, saothar, eolas agus scileanna a bhfórsa saothair a choimeád, ag tacú ar an tslí sin le filleadh níos tapúla ar an bhfás inbhuanaithe.

28.6 Bhí i gceist le SFF íocaíocht fhóirdheontais do chomhlachtaí cáilitheacha[240] a choimeád líon comhaontaithe post go dtí 30 Samhain 2010. Leagtar amach na suimeanna a leithdháileadh agus na híocaíochtaí a rinneadh faoin scéim do na blianta 2009 go 2011 i bhFíor 128.

Fíor 128 Eisíocaíocht Airgeadaíochta na Scéime Fóirdheontas Fostaíochta 2009 – 2011[a]

Bliain	2009 € m	2010 € m	2011 € m	Iomlán € m
Leithdháileadh na Roinne	18.2	93.4	4.2	115.8
Deontais SFF a íocadh[b]	18.2	95.7	2.1	116.0

Foinse: Fiontraíocht Éireann

Nótaí: a Cé gur cuireadh deireadh le SFF i 2010, d'íoc Fiontraíocht Éireann iarratais éilimh suas go Márta 2011 sna cásanna sin nach bhfuarthas doiciméid tacaíochta go dtí tar éis an dáta dheiridh.

b Rinneadh freastal ar an bhfarasbarr thar leithdháileadh ó bhuiséad oibriúcháin Fhiontraíocht Éireann.

28.7 Bhí méid an airgid teoranta a bhí i gceist leis an tsuim mhaoinithe a bhí ar fáil faoi scéim SFF. Bhí leithdháileadh bunaithe ar phróiseas iomaíoch, mar ar íocadh fóirdheontais do na comhlachtaí sin a bhain amach an scór ab airde sa phróiseas measúnaithe go dtí gur ídíodh an maoiniú a bhí ar fáil.

Critéir d'Inghlacthacht na Scéime

Seo a leanas na príomhchritéir inghlacthachta

- Bhí ar an gcomhlacht bheith ag fostú deichniúr fostaithe lánaimseartha, ar a laghad, in Éirinn ag dáta an iarratais.[a]
- Bhí air díolacháin easpórtála a bheith aige a chuimsigh ar a laghad 30% den láimhdeachas agus é a bheith ag tabhairt faoi sheirbhísí déantúsaíochta nó trádála idirnáisiúnta.[b]
- Ba chóir nach raibh na comhlachtaí san fhaopach ar 1 Iúil 2008, ach go raibh deacrachtaí suntasacha ag cur as dóibh mar gheall ar an ngéarchéim eacnamaíoch dhomhanda agus airgeadaíochta.
- Bheadh na comhlachtaí ag déanamh breithnithe faoi fhostaithe a fhágáil iomarcach ar dháta an iarratais.
- B'éigean dóibh tiomantas a dhéanamh do chothabháil roinnt post lánaimseartha go dtí Mi na Samhna 2010.

[240] Sa tuarascáil seo, cuimsíonn na comhlachtaí aonáin chorpraithe, trádálaithe aonair agus comhpháirtíochtaí.

- B'éigean dóibh bheith in inmhe léiriú go raibh dóthain airgid ag an gcomhlacht, agus an fóirdheontas fostaíochta á chur san áireamh, le bheith ag trádáil suas go 31 Nollaig 2010 agus ina dhiaidh sin.
- B'éigean bheith in ann meas go raibh múnlaí agus pleananna gnó iontaofa, láidre agus inbhuanaithe acu a bhí inmharthana ó thaobh airgeadais de sa mheántéarma agus a measadh a bheith in ann fás a ghiniúint i gcor chun feabhais domhanda.

Nótaí: a Leathnaíodh sin an dara huair a lorgaíodh iarratais sa tslí go gcuimseofaí fostaithe páirtaimseartha.

b Leathnaíodh sin an dara huair a lorgaíodh iarratais sa tslí go gcuimseofaí comhlachtaí nach mbíonn ag easpórtáil i ngach earnáil.

28.8 Lorgaíodh iarratais faoin scéim dhá uair. Lorgaíodh iarratais den chéaduair i Mí Lúnasa 2009, ag díriú ar bhonn cliaint na ngníomhaireachtaí forbartha[241] (seirbhísí a bhíonn ag trádáil go hidirnáisiúnta agus comhlachtaí déantúsaíochta) agus rinneadh suibscríobh easnamhach air. Cuireadh 621 iarratas[242] isteach air.

28.9 Cheistigh an Coimisiún Eorpach an critéar inghlacthachta easpórtála, ag maíomh gurbh fhéidir breathnú ar an bhforáil seo mar chineál fóirdheontais easpórtála do na Ballstáit, rud nach raibh i gceist. Tar éis caidrimh leis an gCoimisiún baineadh teorannú na hinghlacthachta do chomhlachtaí easpórtála agus lorgaíodh iarratais den dara huair i Mí na Nollag 2009, a shínigh an scéim go comhlachtaí neamheaspórtála i ngach earnáil. De thoradh ar leathnú seo na gcritéar inghlacthachta fuarthas 2,590 iarratas breise[243].

28.10 Bhí i gceist leis an scéim íocaíocht fhóirdheontais de €9,100 per annum i leith na bhfostaithe lánaimseartha (agus iad ag obair 35 uair an chloig nó níos mó in aghaidh na seachtaine sa mheán) nó €6,370 d'fhostaithe páirtaimseartha (agus iad ag obair 21 uair an chloig nó níos mó in aghaidh na seachtaine sa mheán) suas go huasmhéid de €500,000 per comhlacht. I dtosach báire, ní raibh aon srianadh i bhfeidhm do na daoine sin nach raibh fostaithe go díreach ag iarratasóir (leithéidí oibrithe gníomhaireachta nó conartha) an chéad uair a lorgaíodh iarratais ach cuireadh srianadh i bhfeidhm an dara huair a lorgaíodh iarratais nuair a osclaíodh an scéim do chomhlachtaí neamheaspórtála.

28.11 Chuir na comhlachtaí in iúl, ag am a n-iarratais, líon na bhfostaithe a raibh baol ann go bhfágfaí iomarcach iad, agus níorbh fhéidir leis na fóirdheontais fhostaí an líon seo a shárú. Cuireadh san áireamh freisin líon na n-ábhar poist a bhí i mbaol agus measúnóirí ag cinneadh inmharthanacht chomhlachta sa mheántéarma.

28.12 Mar chuid den scéim, rinne na fostóirí tiomantas do choimeád líon sainmhínithe post do gach post ar íocadh fóirdheontas dó. San iomlán, d'íoc an Stát fóirdheontas do 14,124 post ar chostas €116 milliún. Spreag sin tiomantas do choimeád na bpost sin chomh maith le 79,234 post breise (93,358 san iomlán). Íocadh na fóirdheontais do 1,521 comhlacht mar ar fógraíodh 34,681 post a bheith i mbaol, 14,409 an chéad uair a lorgaíodh iarratais agus 20,272 an dara huair. Léiríonn Fíor 129 íocaíochtaí deontais do líon na bpost ar íocadh fóirdheontais dóibh faoin scéim agus líon na bpost ar thug na comhlachtaí tiomantas i dtaca lena gcoimeád.

241 Cuimsíonn na gníomhaireachtaí forbartha Fiontraíocht Éireann, ÚFT Éireann, Údarás na Gaeltachta agus Forbairt Shionainne.

242 Faomhadh 453 díobh seo le haghaidh maoinithe.

243 Faomhadh 1,178 díobh seo le haghaidh maoinithe.

Fíor 129 Poist Fhóirdheontais agus Thiomanta

	Lánaimseartha	Páirtaimseartha
Poist Fhóirdheontais		
Gairm 1	7,080	-
Gairm 2	5,399	1,645
Poist thiomanta[a]		
Gairm 1	33,791	-
Gairm 2	47,903	11,664
Cóimheas réamh-mheasta Coimeádta[b]		
Gairm 1	1:4	
Gairm 2	1:8	1:6

Foinse: Fiontraíocht Éireann

Nótaí: a Cuimsíonn figiúr na bpost tiomanta figiúr na bpost sin ar íocadh fóirdheontas dóibh freisin.

b Is é atá sa chóimheas seo ná líon na bpost ar íocadh fóirdheontais dóibh mar chéatadán de líon na bpost tiomanta.

28.13 Ba é meánmhéid an fhóirdheontais a íocadh sa chéad ghairm ná €141,000 – breis is 2.5 uair níos mó ná don dara gairm. Ba é meánlíon na bpost ar íocadh fóirdheontais dóibh per comhlacht ná 16 don chéad ghairm, ag meánchostas de €8,700 per post i gcomparáid le seacht gcinn ag meánchostas de €7,700 per post don dara ceann. I ndeireadh báire, bhí 3,200 aonán ag lorg cabhrach. Leagann Fíor 130 comparáid amach idir na céimeanna iarratais agus íocaíochta.

Fíor 130 Meánmhéid an Fhóirdheontais a Íocadh

	Líon	Suim €'000	Meán €'000
Iarratasóirí	3,211	236,809	73.7
Íocaíochtaí	1,521	115,994	76.3

Foinse: Fiontraíocht Éireann

28.14 Fuair níos lú ná 50% de na hiarratasóirí íocaíochtaí deontais. Ba iad na príomhchúiseanna nár faomhadh iarratasóirí le haghaidh maoinithe ná cionn is go raibh ceann amháin nó níos mó de na doiciméid éigeantacha airgeadaíochta ar iarraidh ina n-iarratas, nó mar go raibh na heaspórtálacha faoi bhun 30% don chéad ghairm nó i gcás an dara gairm ídíodh an maoiniú.

28.15 De réir théarmaí na Litreach Tairisceana do chomhlachtaí cáilithíocha, bhí deontais iníoctha de bhun admhála ag Fiontraíocht Éireann ráitis stiúrthóra chomhlachta faoi líon na bpost, tuairisc ó chuntasóir neamhspleách leis an éileamh a fhorlíonadh agus Deimhniú Imréitigh Cánach bailí.

28.16 San iomlán íocadh an t-uasdeontas de €500,000 do 20 comhlacht sa chéad ghairm i gcomparáid le ceithre chomhlacht a fuair íocaíochtaí den chineál céanna sa dara gairm.

28.17 I gcás na gcomhlachtaí sin a fuair íocaíochtaí, sracrianaítear cás na gcomhlachtaí sin a fuair íocaíochtaí, líon na bpost a tiomnaíodh agus líon na bpost ar íocadh fóirdheontais dóibh sna hearnálacha éagsúla i bhFíor 131.

Fíor 131 Poist Thiomanta agus ar Íocadh Fóirdheontais dóibh[a]

Earnáil[b]	Líon na gComhlachtaí	Íoctha €000	Poist thiomanta	Poist ar Íocadh Fóirdheontais dóibh
Déantúsaíocht	496	52,539	32,635	6,188
Mórdhíol agus miondíol	363	19,280	18,642	2,394
Gníomhaíochtaí eastáit réadaigh, ligean ar cíos agus gníomhaíochtaí gnó	212	16,432	14,121	1,954
Óstáin agus bialanna	144	6,376	8,766	902
Foirgníocht	93	4,282	4,600	630
Iompar, stóráil agus cumarsáid	66	4,141	4,163	501
Idirghabháil airgeadais	25	3,073	1,894	361
Eile	122	9,871	8,537	1,194
Iomlán	**1,521**	**115,994**	**93,358**	**14,124**

Nótaí: a Áirítear i líon iomlán na bpost tiomanta 11,664 phost páirtaimseartha. Áirítear i líon na bpost fóirdheontais 1,645 post páirtaimseartha.

b Tá an leithdháileadh ar earnálacha bunaithe ar chóid NACE a úsáidtear san Aontas Eorpach le gníomhaíochtaí eacnamaíocha a aicmiú do chuspóirí staitisticiúla. Bíonn an cód NACE a shanntar ar gach comhlacht bunaithe ar a phríomhghníomhaíocht eacnamaíoch.

Iarmhairt na Scéime

28.18 Is féidir iarmhairt na scéime a thomhas sa mhéid gur choimeád na comhlachtaí cáilithíocha líon fostaithe a bhí mór go leor le híostarraingt chistí a cheadú[244].

28.19 Léirigh anailís íocaíochtaí éilimh dheiridh le hais na gcomhlachtaí faofa nach bhfuair, sa chéad ghairm ar iarratais, 60 de 453 comhlacht (13%) a faomhadh le haghaidh maoinithe, an íocaíocht seo. Ciallaíonn an toradh seo nach raibh an grúpa seo in inmhe an líon iomlán de 3,317 post a choimeád a ndearna siad tiomantas dó.

28.20 Sa dara gairm, ní bhfuair 248 as 1,178 comhlacht (21%) a faomhadh le haghaidh maoinithe íocaíocht éilimh dheiridh. Bhí an grúpa seo tiomanta do choimeád 14,761 post.

28.21 Ní raibh sé praiticiúil cinneadh go dtí cén pointe a bhí an líon a coimeádadh easnamhach le hais na gceann tiomanta ós rud é nach raibh ar na comhlachtaí sin nár cháiligh le haghaidh íocaíochta éilimh dheiridh faisnéis a chur isteach faoi líon na bpost.

28.22 San iomlán, bunaithe ar a mhéid is a bhí comhlachtaí cáilithe do dhéanamh íocaíochtaí deiridh, ní raibh 19% de na comhlachtaí ar tugadh cabhair dóibh in inmhe leibhéal iomlán na bpost a choimeád a raibh tiomantas déanta acu dó.

244 Níor íocadh comhlacht ar theip air líon tiomanta na bhfostaithe a choimeád don tréimhse áirithe sin (ach bhíothas in ann é a íoc don chéad tréimhse eile a fhad is gur ardaíodh leibhéal na fostaíochta go dtí an leibhéal tiomanta).

Riar na SFF

28.23 Bhí na céimeanna seo a leanas i gceist leis an bpróiseas measúnaithe iarratais

- Bhí gach iarratas a chomhlíon na critéir inghlacthachta faoi réir ag measúnú deascbhunaithe[245] agus bronnadh marcanna d'inchreidteacht phleananna athstruchtúraithe gach comhlachta.
- Go suibiachtúil bhronn na measúnóirí marcanna maidir le hábhar inmharthanacha an chomhlachta sa todhchaí, bunaithe ar shreabhadh réamh-mheasta airgid agus ar fhaisnéis airgeadaíochta eile a cuireadh faoina mbráid.
- Bronnadh marcanna freisin a chuir san áireamh cóimheas na bhfóirdheontas poist ar cuireadh isteach orthu le hais leibhéal na bhfostaithe a raibh gach comhlacht tiomanta dá choimeád.

28.24 Cuireadh iarratais ar moladh iad a mhaoiniú ag na measúnóirí faoi bhráid Choiste Fóirdheontas Fostaíochta[246] lena bhfaomhadh.

28.25 Choimisiúnaigh Fiontraíocht Éireann tuairisc iniúchta ag Deloitte i Mí Mhárta 2010 faoi ghnáthaimh mheasúnaithe SFF. Fuair sí amach nár leagadh síos aon treoir fhoirmeálta ag Fiontraíocht Éireann maidir le hathbhreithniú na faisnéise airgeadaíochta a cuireadh isteach ag an iarratasóir le cinneadh an raibh deacrachtaí airgid acu agus an raibh siad i dteideal tacaíocht a fháil, mar sin de. Ba í conclúid na tuarascála nach raibh sí in ann fáil amach ar cuireadh i gcrích measúnú foirmeálta airgeadais le hinghlacthacht gach iarratais a chinneadh.

28.26 Bhí deontais iníoctha do thréimhsí éilimh 13 seachtaine agus íocadh i riaráiste iad má chothabháil comhlachtaí an líon tiomanta fostaithe ar feadh na tréimhse éilimh agus má chomhlíon siad na coinníollacha a leagadh amach sa Litir Thairisceana. Bhí Fiontraíocht Éireann ag brath ar ráiteas stiúrthóra chomhlachta agus ar theastas cuntasóra[247] le deimhniú a fháil go mbíodh fostaithe ag obair don líon riachtanach uaireanta an chloig le linn na tréimhse éilimh.

28.27 Thángthas ar roinnt samplaí éileamh mícheart tar éis íocaíocht a dhéanamh dóibh

- I gcás amháin, rinneadh íocaíocht do €57,200 sular tugadh faoi deara gur cuireadh faisnéis earráideach faoi fhostaithe isteach.
- Bhí éileamh comhlachta eile bunaithe ar mhodh mícheart áirimh nár aimsíodh sula ndearnadh íocaíocht de €56,700. Tá aisíocaíocht iomlán déanta ag an gcomhlacht.
- I gcás eile d'íoc Fiontraíocht Éireann €39,000 do chomhlacht neamhinghlactha. Cuireadh an comhlacht faoi ghlacadóireacht tar éis na híocaíochta agus tá éileamh Fhiontraíocht Éireann ar aisíocaíocht faoi lámha an ghlacadóra anois.

28.28 Dearbhaíonn Fiontraíocht Éireann gur gnáthchleachtas é i scéimeanna gearra, sainmhínithe, mórmhéide, leithéidí SFF, an scéim a chríochnú sula gcuirtear spotseiceáil i gcrích. Tá tús curtha ag Fiontraíocht Éireann le hiniúchadh íocaíochtaí éilimh ar bhonn samplach trí iniúchadh a dhéanamh ar thaifid in áitreabh na gcomhlachtaí agus tá sé beartaithe an t-iniúchadh a chríochnú i ndara leath 2011.

---

245 Is iad na daoine a bhí i gceist leis an bhfoireann mheasúnaithe do Ghairm 1 ná ionadaithe ó Fhiontraíocht Éireann, ÚFT Éireann, Údarás na Gaeltachta agus Forbairt Shionainne. Rinneadh an fhoireann mheasúnaithe do Ghairm 2 a sheachfhoinsiú do chomhlacht Cuntasóirí Cairte.

246 Coiste ilghníomhaireachta a bhí ann le hionadaithe ón Roinn, Fiontraíocht Éireann, ÚFT Éireann, Údarás na Gaeltachta, Forbairt Shionainne agus baill den earnáil phríobháideach.

247 Tugadh faoi obair na gcuntasóirí tuairiscithe de réir an Ráitis Ilghnéithigh Theicniúil M45 – 'Éilimh ar Dheontas' agus bhí i gceist leis gnáthaimh a comhaontaíodh ag Fiontraíocht Éireann le hInstitiúid na gCuntasóirí Cairte in Éirinn.

28.29 Agus athbhreithniú á dhéanamh ar líon na bpost a coimeádadh, fuarthas amach san athbhreithniú a rinne m'Oifig nár gabhadh dóthain mionsonraí faoi na haonaid shonracha ghnó a bhí ag lorg na cabhrach. Ba léir, nuair a rinneadh iarracht san athbhreithniú leibhéil fhostaíochta a chros-seiceáil leis an bhfaisnéis atá le fáil i suirbhéanna bliantúla fostaíochta Forfás[248] nárbh fhéidir faisnéis na scéime a réiteach leis na suirbhéanna. Bhí sin amhlaidh mar ní rabhthas in ann na haonaid shonracha ghnó a aithint dár lorgaíodh agus dár faomhadh SFF i gcás na gcomhlachtaí sin a bhí ag feidhmiú laistigh de ghrúpa. Ba chóir d'aon iniúchtaí leantacha a dhéanann Fiontraíocht Éireann bheith ag iarraidh na haonaid shonracha ghnó a aithint sna hiarratais leis na leibhéil fhostaíochta a chros-seiceáil le torthaí shuirbhé Fhorfás do na haonaid shonracha ghnó sin.

28.30 Ba é costas fógraíochta na scéime ná €135,000. Bhí luach de €497,000 ag baint le costais na cabhrach riaracháin. Bhí i gceist leis sin

- €243,000 d'fhoireann sheachfhoinsithe mheasúnaithe
- €71,000 do sholáthar lárionaid ghlaonna
- €39,000 d'fhoireann sheachtrach mheasúnaithe le hathbhreithniú a dhéanamh ar iarratais nár éirigh leo nuair a iarradh sin
- €16,000 do sheirbhísí athbhreithnitheora neamhspleách scóir
- €128,000 d'fhoireann shealadach ar conradh a fostaíodh le haghaidh an dara gairm.

Conclúid - SFF

Freagra éigeandála a bhí sa scéim a dearadh le cabhrú le toilleadh táirgiúil agus fostaíocht a chothabháil. Ba é a bhí i gceist leis an scéim ná fóirdheontais a íoc do na poist sin amháin ar maíodh go raibh baol iomarcaíochta i gceist leo agus ní raibh an chabhair iníoctha ach i gcásanna nuair a bhí líon sainmhínithe de phoist eile le coimeád.

Bunaithe ar a mhéid is a bhí comhlachtaí cáilithe d'íocaíochtaí deiridh, níor éirigh le thart ar an gcúigiú cuid de chomhlachtaí ar tugadh cabhair dóibh na poist ar fad a choimeád a raibh tiomantas tugtha acu ina leith.

I gcás na gcomhlachtaí sin a choimeád na poist thiomanta, socraíodh an sprioc coimeádta ag 85% an leibhéil fhostaíochta. Eascraíonn as sin riosca dosheachanta marbhualaigh, .i. íoc as poist a choimeádfaí ar aon chuma.
Ba léir, nuair a rinneadh iarracht mar chuid den athbhreithniú leibhéil fhostaíochta scéime a chros-seiceáil leis an bhfaisnéis atá le fáil i suirbhéanna bliantúla fostaíochta Fhorfáis nárbh fhéidir faisnéis na scéime a réiteach leis na suirbhéanna. Bhí sin amhlaidh mar ní rabhthas in ann na haonaid shonracha ghnó a aithint dár lorgaíodh agus dár faomhadh SFF i gcás na gcomhlachtaí sin a bhí ag feidhmiú laistigh de ghrúpa. Tá sé tábhachtach i scéimeanna ar nós SFF go n-aithneofaí na haonaid shonracha ghnó agus na daonraí oibreoirí. Tá impleachtaí ag baint le heaspa an leibhéil seo sonraí do chumas na ngníomhaireachtaí Stáit meastóireacht a dhéanamh ar iarmhairt an chaiteachais agus laghdaítear caighdeán an deimhnithe a thacaíonn leis an gcaiteachas céanna.

[248] Cuireann Forfás daonáireamh bliantúil i gcrích de leibhéil fhostaíochta ag 31 Deireadh Fómhair i ngach comhlacht déantúsaíochta agus seirbhísí a dtacaítear leis ag na gníomhaireachtaí forbartha fiontair.

Fuarthas amach mar chuid de thuarascáil iniúchta faoin scéim a cuireadh i gcrích ar son Fhiontraíocht Éireann ag Deloitte go raibh faisnéis theoranta ar fáil faoi mheasúnú stádais airgeadaíochta gach aonáin ar tugadh cabhair dó, agus é de thoradh air sin nár fianaisíodh go hiomlán príomhchritéar inghlacthachta. Tá sé dearbhaithe ag Fiontraíocht Éireann gur bunaíodh an scéim ar an mbonn go ndéanfaí sampláil an chomhlíonta *post hoc*. Sa mhéid sin, is féidir go mbeidh na híocaíochtaí faoi réir ag coigeartú.

Ciste Cobhsaithe Fiontair

28.31 Sholáthair an Roinn maoiniú CCF de €78 milliún d'Fhiontraíocht Éireann i dtaca leis an scéim seo. Cuireadh cabhair CCF ar fáil go príomha trí mheán infheistithe scaireanna cothromais. I ndeireadh na dála, bhí luach de bhreis is €80 milliún ag baint leis na híocaíochtaí, lena n-áirítear €3.3 milliún i bhfoirm Dheontas Forbartha Margaí. Leagtar síos na suimeanna a leithdháileadh agus a íocadh do na blianta idir 2009 agus 2011 i bhFíor 132.

Fíor 132 Ciste Cobhsaithe Fiontair – Eisíocaíocht Airgeadais 2009 – 2011[a]

Bliain	2009 € m	2010 € m	2011 € m	Iomlán € m
Leithdháileadh roinne[b]	58.0	20.0	–	78.0
Cabhair Airgeadais				
príomhscéim CCF	56.9	19.1	1.0	77.0
Deontais fhorbartha margaidh	0.8	2.4	0.1	3.3
Cabhair iomlán	**57.7**	**21.5**	**1.1**	**80.3**

Foinse: Fiontraíocht Éireann

Nótaí: a Cé go raibh deireadh le CCF ag 31 Nollaig 2010, i gcásanna áirithe rinneadh íocaíochtaí i 2011.

b Is suim tháscach é leithdháileadh na Roinne de €78 milliún laistigh den bhuiséad iomlán Deontas don Tionscal. Áirítear ann suim do €5 mhilliún a athdháileadh do scéim dheontais fhorbartha margaidh.

28.32 I gcomparáid le SFF, ciste neamhiomaíoch a bhí i CCF a fógraíodh ar shuíomh gréasáin Fhiontraíocht Éireann agus tionscnaíodh an próiseas iarratais do mhaoiniú cé acu le fiosrúchán ag an gcliant nó trí theagmháil dhíreach ag Comhairleoir Forbartha[249] i bhFiontraíocht Éireann. Bhí na critéir inghlacthachta ar aon dul, a bheag nó a mhór, le Gairm 1 SFF agus díríodh an scéim ar chomhlachtaí a bhíonn ag trádáil go hidirnáisiúnta.

28.33 Tar éis measúnaithe thosaigh inmharthanacht chomhlachta ag an gComhairleoir Forbartha agus tar éis pléite leis an gcliant, chuir an comhlacht iarratasóra straitéis ghnó agus plean beartaithe forbartha isteach in éineacht le ráitis airgeadais agus réamh-mheastacháin airgeadais iniúchta.

28.34 Chuimsigh an próiseas measúnaithe d'iarratais CCF measúnú tráchtála ag Comhairleoir Forbartha an chomhlachta iarratasóra. Chuir Comhairleoir Infheistíochta meastóireacht neamhspleách thráchtála i gcrích freisin a raibh i gceist léi anailís chóimheasa agus threochta airgeadaíochta ar shonraí a cuireadh ar an bhfoirm iarratais chomh maith le cruinnithe le banc agus le hinfheisteoirí an chomhlachta. Chuir an Comhairleoir Forbartha agus an Comhairleoir Infheistíochta araon tuairiscí neamhspleácha faoi bhráid

[249] Sanntar Comhairleoirí Forbartha ar gach comhlacht mar an pointe teagmhála tiomanta do bheith ag déanamh teagmhála le Fiontraíocht Éireann agus d'athbhreithniú straitéis ghnó agus fhorbartha an chomhlachta agus do chur i gcrích cuairteanna ar an láthair.

Choiste Infheistíochta[250] do bhreithniú agus d'fhaomhadh an infheistithe bheartaithe chothromais. Rinne an Coiste Infheistíochta athbhreithniú ar stair airgeadaíochta gach comhlachta agus ar an maoiniú beartaithe (go háirithe an comhaontú tríthaobhach idir an comhlacht, Fiontraíocht Éireann agus banc an chomhlachta) sular faomhadh nó sular diúltaíodh an t-infheistiú cothromais.

Athbhreithniú an Choiste Infheistíochta

Rinne an Coiste Infheistíochta measúnú ar aighneachtaí infheistithe chomhlachtaí agus béim ar leith á cur

- ar acmhainn trádála, fás agus inbhuanaitheacht agus seasamh iomaíoch an chomhlachta, chomh maith le hiarmhairt ionchais phlean ghnó an chomhlachta ar tháirgiúlacht agus ar aschur an chomhlachta
- ar an iarmhairt ionchais ar sholáthar fostaíochta nua nó ar chothabháil fostaíochta atá ann cheana
- ar stair airgeadaíochta agus ar mhaoiniú beartaithe agus go háirithe ar thiomantas bhaincéirí an chomhlachta agus fírinniú ghátar an chomhlachta do chabhair airgeadaíochta.

28.35 Níor shocraigh Fiontraíocht Éireann tagarmharcanna sonracha airgeadaíochta a bhí le baint amach sula dtabharfaí faomhadh maoinithe do chomhlacht ach dhearbhaigh sí gur chuir sí san áireamh an fhaisnéis airgeadaíochta ar fad chomh maith le faisnéis ábhartha eile a bhí ar eolas faoin gcomhlacht agus faoin earnáil ina raibh sé ag feidhmiú. D'éirigh leis na hiarratais ar fad ag céim fhaofa an Choiste Infheistithe seachas i gcás amháin.

An Tionscnamh Forbartha Margaidh

28.36 Mar chuid de na bearta iomlána Cobhsaithe Fiontair, d'fheidhmigh Fiontraíocht Éireann deontas forbartha margaidh do chomhlachtaí ó Mhí Lúnasa 2009 ar aghaidh. Díríodh na deontais ar chomhlachtaí a raibh deichniúr fostaithe, ar a laghad, acu in earnáil na seirbhísí gairmiúla de thionscal na foirgníochta, lena n-áirítear ailtirí, suirbhéirí cainníochta agus innealtóirí. Chuir an cor chun donais sa mhargadh baile as go mór do na hearnálacha seo agus tharla laghduithe an-suntasacha láimhdeachais agus fostaíochta iontu.

28.37 Tiomnaíodh cuid den bhunleithdháileadh CCF do bheith ag cabhrú le comhlachtaí straitéis rochtana margaidh agus fhorbartha a fhorbairt do suas le trí mhargadh nua thar lear. Soláthraíodh cabhair dheontais nár ghá a aisíoc, sin 4% de mhaoiniú iomlán CCF a caitheadh, i dtreo na gcostas a bhaineann le himscrúdú a dhéanamh ar mhargaí thar lear suas go huasmhéid de €350,000 per comhlacht. Bhí luach de €3.3 milliún ag baint leis na deontais fhorbartha margaidh a íocadh do 17 gcomhlacht ó 2009 go 2011.

28.38 Ba é cuspóir na scéime seo, a dhírigh ar sheirbhísí gairmiúla a bhaineann le réimse na foirgníochta, ná

- líon na gcomhlachtaí a mhéadú a bhíonn ag trádáil go hidirnáisiunta
- leibhéal na gníomhaíochta trádála inbhuanaithe idirnáisiúnta a mhéadú
- fostaíocht agus breisluach a choinneáil in Éirinn [251].

---

[250] Tá i gceist leis an CI ionadaithe ón Roinn, ó Fhiontraíocht Éireann, ón Roinn Talmhaíochta agus comhairleoirí seachtracha ón bpobal gnó i gcoitinne.

[251] Baineann breisluach le cruthú post in Éirinn móide caiteachas ar earraí agus ar sheirbhísí Éireannacha.

28.39 Léiríonn Fíor 133 catagóir agus líon na seirbhísí gairmiúla do gach ceann de na margaí nua thar lear ar soláthraíodh na deontais dóibh

Fíor 133 Catagóirí na nDeontas Forbartha Margaidh[a]

Catagóir	Líon	Margaí Thar Lear	Íocaíochtaí Deontais €'000
Ailtireacht	7	RA, an tSín, an Phortaingéil, an Rúis, Montainéagró, an Meánoirthear, Ceanada, an Spáinn, Maracó, Tenerife, an Pholainn, an India, an Libia, an Ailgéir, an Eoraip, an Afraic Thuaidh, an Ghearmáin, an Rómáin, AEA, Meiriceá Theas	1,388
Innealtóireacht Chomhairleach	5	RA, an Meánoirthear, an Afraic Thuaidh, an Pholainn, an Rúis, an Rómáin, Abú Daibí, an Libia, Cósta Ríce, AEA, Catar, Bairéin, An Aráib Shádach, Oirthear na hEorpa	1,013
Seirbhísí Tógála Comhairleacha agus Comhairleacht Mheicniúil, Leictreach agus Bhainistithe Thionscadail	5	RA, an Pholainn, an Rómáin, an Bhulgáir, AEA, an Libia, an Ailgéir, An Aráib Shádach, an Meánoirthear, an Fhrainc.	850
Iomlán	**17**		**3,251**

Foinse: Fiontraíocht Éireann

Nóta: a Chlúdaigh caiteachas ar dheontais fhorbartha margaidh ullmhú réamh-mheastachán costála agus airgeadaíochta do mhargaí nua thar lear, ligean ar cíos spáis oifige i margadh nua thar lear suas le tréimhse shé mhí agus tuarastail choimhdeacha fhostaithe a bhíonn ag obair ar an tionscadal suas le huasmhéid de €1,500 per seachtain.

Próifíl Chabhrach

28.40 Dearadh CCF do chomhlachtaí ar chliaint nó ar ábhar cliaint ghníomhaireachtaí forbartha iad. Bhí i gceist léi ceannach ag an ngníomhaireacht fhorbartha scaireanna tosaíochta carnacha infhuascailte a bhíonn iníoctha, go ginearálta, tar éis cúig bliana agus ag ráta cúpóin de 3%, go minic.

28.41 San iomlán fuair 223 comhlacht íocaíochtaí faoi CCF (214 ó Fhiontraíocht Éireann, ocht gcinn ó Údarás na Gaeltachta agus ceann amháin ó Fhorbairt Shionainne). Bhí luach de €191,000 ag baint leis an meándeontas forbartha margaidh a íocadh do gach comhlacht, agus bhí luach de €374,000 ag baint leis an meáninfheistiú cothromais (faoin bpríomhscéim CCF).

28.42 Leagann Fíor 134 amach dáileadh earnála na gcomhlachtaí sin ar tugadh cabhair dóibh faoin scéim.

Fíor 134 Íocaíochtaí CCF de réir Earnála[a]

Earnáil[b]	Líon na gComhlachtaí	Íocaíochtaí CCF
		€m
Déantúsaíocht	101	47
Eastát réadach, ligean ar cíos agus gníomhaíochtaí gnó[c]	81	21
Mórdhíol agus miondíol	16	5
Foirgníocht	10	3
Iompar, stóráil agus cumarsáid	6	1
Eile	9	3
Iomlán	**223**	**80**

Nótaí: a Áirítear i measc na n-íocaíochtaí CCF deontais fhorbartha margaidh íoctha ar luach €3.3 milliún.
b Bunaítear an cód NACE a shanntar do gach comhlacht ar a phríomhghníomhaíocht eacnamaíoch.
c Aicmítear 15 de na 17 comhlachtaí a thaifeadtar i bhFíor 133 laistigh de chatagóir na 'ngníomhaíochtaí gnó' san Fhíor seo.

Athbhreithnithe Iarinfheistithe

28.43 Bíonn gach comhlacht CCF a fhaigheann infheistiú cothromais faoi réir ag athbhreithnithe iarinfheistithe tar éis sé mhí a chuirtear i gcrích ag Comhairleoir Forbartha Fhiontraíocht Éireann. Clúdaíonn an t-athbhreithniú idir phríomhtháscairí feidhmíochta airgeadaíochta agus neamhairgeadaíochta le fáil amach ar comhlíonadh na bunspriocanna.

28.44 Léirítear achoimriú d'fheidhmíocht chomhlachtaí na tuairisce go dtí seo le hais na bpríomhspriocanna a sracrianaíodh sa Phlean Gnó i bhFíor 135.

Fíor 135 Feidhmíocht na gComhlachtaí a fuair Cabhair CCF le hais Spriocanna Plean Gnó[a]

Critéir Mheasúnaithe	Measúnú			Iomlán
	Feabhsaithe	Mar an gcéanna	Dulta chun donais	
Poist	44	31	55	130
Díolacháin	22	6	101	129
Seirbhísí Trádála Idirnáisiúnta	25	7	97	129
TRÚCDAA[b]	30	9	90	129
Fiachas iomlán	41	55	33	129

Foinse: Fiontraíocht Éireann

Nótaí: a Chuir Fiontraíocht Éireann réamhthuairisc iarinfheistithe i gcrích i Mí Dheireadh Fómhair 2010 inar tugadh achoimriú ar 130 athbhreithniú (bhí maoiniú faofa do 181 comhlachtaí ag an dáta sin). Ní dhearna comhlacht amháin tuairisceán iomlán i gcásanna áirithe. Bhí luach de thart ar €43 mhilliún ag baint leis an infheistiú cothromais sna comhlachtaí a athbhreithníodh.
b Tagraíonn TRÚCDAA do thuilleamh roimh ús, cánacha, dímheas agus amúchadh.

28.45 Is iad na chéad chomharthaí atá á dtabhairt le fios ag chéad tuarascáil iarinfheistithe Fhiontraíocht Éireann do CCF ná go mbeidh ar na comhlachtaí sin ar tugadh cabhair dóibh aghaidh a thabhairt ar dhúshláin shuntasacha ghnó le cinntiú gur féidir leo maireachtáil tríd an gcor chun donais reatha eacnamaíoch. Theip ar bheagnach 80% de na comhlachtaí na spriocanna díolacháin chéad bhliana a bhaint amach a leagadh síos ina bplean gnó trí bliana. Ní raibh 70% acu in ann a dtuar tuillimh a bhaint amach.

28.46 In ainneoin na dtorthaí a shracrianaítear i bhFíor 135, nuair a d'athbhreithnigh Fiontraíocht Éireann an riosca iomlán nach mbainfí amach spriocanna na gcomhlachtaí ag deireadh chéad bhliain an phlean ghnó trí bliana, ba í an chonclúid a bhí acu ná go raibh laghdú le sonrú i líon na gcomhlachtaí a raibh ardriosca ag baint leo go dteipfeadh orthu a gcuid spriocanna a bhaint amach go 31 (24% de na comhlachtaí ar tugadh cabhair dóibh) ón leibhéal de 39 (30%) a bhí ann ag tús tréimhse an phlean.

Conclúid – CCF

Bhí bainistiú onnghníomhach chobhsú na bhfiontar inmhianta agus riachtanach agus cor chun donais eacnamaíoch ar siúl a dhéine is atá an ceann a bhfuil ar Éirinn aghaidh a thabhairt uirthi. Tugann anailís iarinfheistithe ag Fiontraíocht Éireann le fios go bhfuil dúshláin shuntasacha fós ann sa mhéid go ndeachaigh leibhéal na ndíolachán, na seirbhísí trádála go hidirnáisiúnta agus an tuillimh i laghad i mórchuid na n-aonán ar tugadh cabhair dóibh agus an leibhéal á thomhas le hais spriocanna plean gnó.

Dearadh an ciste do chliaint nó d'ábhar cliant gníomhaireachtaí forbartha a bhfuil baint acu le seirbhísí déantúsaíochta agus trádála idirnáisiúnta. Mar gheall air sin bhí a ábhar iarmhairte i gcobhsú níos leithne na bhfiontar teoranta.

Ó thaobh na hairgeadaíochta de tá maoiniú infheistithe scaireanna cothromais inaisíoctha, rud a chuireann teorainn le nochtadh deiridh an Státchiste. Is é an taithí atá le sonrú maidir le scéimeanna den chineál céanna ná go ndéantar idir 60% agus 70% den infheistiú a fhuascailt sa deireadh thiar thall.

Níor cuireadh aon bhreithmheas éifeachtacht na nDeontas Forbartha Margaidh i gcrích go dtí seo.

Ceisteanna Ginearálta Riaracháin

Forluí Maoinithe le Cabhair Dheontais atá ann Cheana

28.47 Soláthraíonn ÚFT Éireann, Fiontraíocht Éireann, Údarás na Gaeltachta agus Forbairt Shionainne cabhair do chomhlachtaí i bhfoirm dheontas fostaíochta le líon ainmnithe post a inbhuanú i réigiúin ar leith do thréimhse shocraithe le clásal cúlghairme sa chomhaontú deontais mura n-inbhuanaítear na poist. Lorgaíodh faisnéis ó gach ceann de na gníomhaireachtaí forbartha seo agus rinneadh í a chros-seiceáil le fáil amach an raibh aon chomhaontuithe deontais fhostaíochta i bhfeidhm cheana sa tréimhse do chomhlachtaí a fuair cabhair dheontais faoin SFF freisin. Ní bhfuair Forbairt Shionainne ná Fiontraíocht Éireann aon chomhlachtaí meaitseála.

28.48 D'aithin ÚFT Éireann 14 chomhlacht a raibh comhaontuithe deontais fhostaíochta i bhfeidhm acu cheana roimh agus le linn tréimhse an mhaoinithe SFF. Faomhadh deontais fhostaíochta ar luach de bhreis is €14 milliún le 1,363 post a choimeád, do na comhlachtaí seo, le dátaí comhaontaithe chonartha a chuaigh siar a fhad le 1998 ach le dliteanas a bhí fós le híoc. Rinneadh íocaíochtaí de bhreis is €9.6 milliún i Mí Aibreáin 2011 maidir le 921 de na poist sin. Faoin SFF, fuair na 14 chomhlacht chéanna íocaíochtaí de luach €2.8 milliún d'fhóirdheontais do 328 fostaithe agus rinne siad tiomantas do choimeád líon iomlán 1,403 fostaí. Ina theannta sin, cuireadh siar cúlghairm dheontais fhostaíochta de €1.1 milliún do chomhlacht ÚFT amháin i 2008, ar an gcoinníoll go gcoinneodh sé 300 post i mBaile Átha Cliath go dtí 31 Nollaig 2011. Fuair an comhlacht céanna íocaíochta SFF de €455,000 le 535 post a choimeád go dtí 30 Samhain 2010.

28.49 D'aithin Údarás na Gaeltachta sé chomhlacht ar faomhadh deontais fhostaíochta dóibh de bhreis is €1.2 milliún le 127 post a choimeád. Íocadh €904,000 do na sé chomhlacht suas le hAibreán 2011. Faoin SFF, fuair na sé chomhlacht céanna íocaíochtaí de €279,000 i bhfoirm fóirdheontas do 43 fhostaí agus rinne siad tiomantas líon iomlán de 248 fhostaí a choimeád go dtí 30 Samhain 2010.

28.50 Ní raibh aon riachtanas luaite ar fhoirm iarratais SFF a chuirfeadh iachall ar chomhlachtaí fógra a thabhairt más rud é go raibh siad ag fáil maoiniú deontais fhostaíochta. Ní raibh sin ina chuid de na critéir inghlacthachta agus ní raibh fiacha ar na measúnóirí an fhaisnéis seo a lorg nó baint de na deontais fhostaíochta a fuarthas le hais na ndeontas deiridh a faomhadh faoin SFF. Tá ráite ag Fiontraíocht Éireann go ligtear do chomhlacht deontais fhostaíochta a fháil chomh maith le maoiniú SFF, ós rud é nár aithníodh na poist shonracha a maoiníodh san SFF agus níorbh fhéidir iad a mheaitseáil le poist a maoiníodh ó dheontais fhostaíochta.

Comhlachtaí a fhaigheann SFF agus CCF araon

28.51 Fuair 53 chomhlacht a bhí sa chéad ghairm d'iarratais SFF maoiniú CCF freisin, agus b'amhlaidh an cás do 31 chinn sa dara gairm. Sháraigh comhlacht amháin an t-uasmhéid maoinithe de €500,000 don Chreatlach Chabhrach Sealadaí. Dhearbhaigh Fiontraíocht Éireann gur earráid áirimh a bhí san earráid trínar deonadh €522,050 ar an gcomhlacht, a d'eascair as ganniontráil faoi €22,050 cabhrach SFF a fuarthas roimhe sin. Dhearbhaigh Fiontraíocht Éireann go raibh an comhlacht seo aitheanta acu cheana féin agus go rabhthas ag lorg aisíocaíochta den fharasbarr.

Conclúid – Riosca Maidir le Forluí Maoinithe

Cé go raibh teorainn airgeadaíochta iomlán de €500,000 i bhfeidhm faoin gCreatlach Chabhrach Sealadaí, de bhua dhearadh na scéimeanna, is ann i gcónaí don fhéidearthacht gur tugadh fóirdheontas faoi dhó do chomhlachtaí áirithe leis na fostaithe céanna a choimeád.

Ba chóir faisnéis faoi na comhlachtaí sin a bhí ag fáil deontas fostaíochta a chur ar fáil do mheasúnóirí deontais SFF chun cur ar a gcumas breithniú a dhéanamh faoi na leithdháiltí ar bhealach comhleanúnach.

Leachtuithe agus Deacrachtaí Gnó

28.52 Rinneadh athbhreithniú ar na comhlachtaí sin a bhí ag fáil cé acu maoiniú SFF nó CCF, nó an dá chineál, le fáil amach cad é an líon fostaithe ar fágadh iomarcach iad ag na comhlachtaí céanna le linn saol na ndeontas. Fuarthas amach, suas go Aibreán 2011, gur fhág ar a laghad 110 comhlacht 706 fostaí iomarcach.

28.53 Bhí luach de thart ar €3.7 milliún i gceist le dliteanas iomlán iomarcaíochta an Stáit do na 706 fostaí. Ba é an líon ba mhó iomarcaíochtaí a rinneadh in aon chomhlacht amháin ná 46, agus d'fhág 20 comhlacht breis is 20 fostaí iomarcach; ba é an meánlíon iomarcaíochta a rinneadh ar fud na 110 comhlacht ná sé cinn.

28.54 Mar chuid den phróiseas measúnaithe, b'éigean d'Fhiontraíocht Éireann cinneadh an raibh gach comhlacht inmharthana sa mheántéarma sular measadh é a bheith inghlactha do mhaoiniú. Dá ainneoin sin is uile, chuaigh 19 gcomhlacht faoi leachtú ar tugadh cabhair dóibh suas go 31 Márta 2011. Léiríonn Fíor 136 líon na gcomhlachtaí maoinithe a chuaigh faoi leachtú nó a díscaoileadh le linn tréimhse na SFF agus CCF nó go gairid tar éis do na scéimeanna sin críochnú.

Fíor 136 Comhlachtaí a chuaigh faoi Leachtú nó a Díscaoileadh

Ciste	1 Aibreán 2009 go 31 Nollaig 2010[a]	1 Eanáir go 31 Márta 2011	Iomlán
Gairm 1 SFF	4	1	5
Gairm 2 SFF	6	4	10
CCF	3	1	4
Iomlán	**13**	**6**	**19**

Foinse: Anailís ag an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Nóta: a Cuireadh tús le SFF i Mí Aibreáin 2009 agus cuireadh tús le CCF i Mí Lúnasa 2009.

28.55 Chuaigh comhlacht amháin faoi leachtú a fuair réamh-mhaoiniú de €100,568 i Mí na Nollag 2009 faoi scéim dheontais fhorbartha margaidh SFF i Mí Aibreáin 2010 sula raibh sé in inmhe úsáid a bhaint as an maoiniú. Níor éirigh le Fiontraíocht Éireann cuid ar bith den airgead seo a aisghabháil. Chuaigh comhlacht eile a maoiníodh ag SFF a fuair infheistiú cothromais de €250,000 i Mí na Nollag 2009, chuaigh sé faoi leachtú i Mí Aibreáin 2010.

28.56 Cuireadh 12 chomhlacht SFF ón dara gairm faoi ghlacadóireacht, deich gcinn acu i 2010 agus dhá chinn eile i 2011. Baineadh trí chomhlacht SFF de Chlár na gCuideachtaí i 2011 ós rud é gur theip orthu tuairisceáin bhliantúla a chomhdú. Mura gcomhdaítear tuairisceáin díscaoiltear na comhlachtaí.

Conclúid

Caitheadh thart ar €200 milliún ar chabhair a tugadh do chomhlachtaí le leibhéil agus le toilleadh fostaíochta a chothabháil le linn an choir chun donais airgeadaíochta. Rinne dhá scéim shealadacha iarracht aghaidh a thabhairt ar na bagairtí atá ag cur as don chobhsaíocht eacnamaíoch agus don fhostaíocht.

Faoin Scéim Fhóirdheontas Fostaíochta (SFF), caitheadh €116 milliún ar chabhair a tugadh do chomhlachtaí lena bhfórsa saothair agus a dtoilleadh táirgiúil a choimeád. Níor cuireadh i gcrích meastóireacht neamhspleách den scéim seo go fóill. Íocadh íocaíochtaí deiridh do 81% de na comhlachtaí sin ar tugadh cabhair dóibh, áfach, rud a chiallaíonn go raibh an líon tiomanta post coinnithe acu.

Níor leor an fhaisnéis a cuireadh isteach ag comhlachtaí ag céim an iarratais agus na híocaíochta araon le cur ar chumas Fhiontraíocht Éireann deimhniú gur coinníodh na poist thiomanta sna cásanna sin inar tugadh cabhair d'aonáin laistigh de struchtúr grúpa. Is féidir go mbeidh de thoradh ar an easnamh seo go mbeidh gá ann le coigeartuithe a dhéanamh d'fhóirdheontais a íocadh i gcás comhlachtaí áirithe nuair a thugtar faoi iniúchtaí leantacha.

Chun go mbeadh Fiontraíocht Éireann in inmhe éilimh a riar agus feidhmíocht a rianú, ba chóir iachall a bheith curtha ar na comhlachtaí, i gcás na ngrúpaí, na haonaid ghnó sin a shonrú lenar bhain na hiarratais fhóirdheontais.

Go comhthreormhar leis an SFF, dhírigh ciste infheistithe scaireanna cothromais agus scéim dheontais fhorbartha margaidh ar chliaint de chuid ghníomhaireachtaí forbartha an Stáit a bhí ag iarraidh a gcumas forbartha gnó a inbhuanú agus a mhéadú agus a mboinn ghnó a threisiú. Íocadh €80 milliún do 223 comhlacht leis na cuspóirí seo. Cuirtear in iúl ag a dheacra is a bhí sé, ó thaobh na n-aonán sin ar tugadh cabhair dóibh, spriocanna Plean Gnó a bhaint amach, go bhfuil dúshláin shuntasacha fós le sárú, ós rud é go ndeachaigh leibhéal na ndíolachán, na seirbhísí trádála idirnáisiúnta agus an tuillimh i laghad i mórchuid na n-aonán sin ar tugadh cabhair chothromais dóibh.

Ó thaobh luacha de, bhí riosca áirithe forluite leis na scéimeanna deontais fhostaíochta sin ar ann dóibh cheana. Bhíothas in ann an maoiniú sealadach a bhronnadh, áfach, in ainneoin na bhfóirdheontas poist atá i bhfeidhm cheana.

Iarracht a bhí sna scéimeanna sealadacha déileáil leis na bagairtí gan fhasach a bhí ag cur isteach ar an gcobhsaíocht eacnamaíoch agus ar leibhéil fhostaíochta. Is cosúil go léiríonn an t-aiseolas tosaigh ó chomhlachtaí a bhain leas as SFF toradh dearfach maidir le cothabháil líon na bpost, le linn saol na scéime féin, ar a laghad.

Le linn tréimhse atá an-suaite ar fad go heacnamaíoch ní bheadh sé réadúil bheith ag súil leis go mbeadh éileamh an mhargaidh d'aschur na n-aonán ar fad ar tugadh cabhair dóibh dóthanach le cur ar a gcumas maireachtáil tríd an gcor chun donais.

Sa dá scéim a athbhreithníodh, ba í an taithí a bhí ann, in ainneoin gur measúnaíodh iad mar chomhlachtaí inmharthana ag céim an iarratais, i gcás 34 chomhlacht ar tugadh cabhair ar luach €1.2 milliún de mhaoiniú SFF agus €550,568 de mhaoiniú CCF, cé acu go ndeachaigh siad faoi leachtú, gur cuireadh faoi ghlacadóireacht iad nó gur baineadh de chlár na gcuideachtaí iad, agus bhí deireadh le cuid acu go luath tar éis instealladh na cabhrach airgid. Níl sa ghrúpa seo, áfach, ach 2% den líon iomlán comhlachtaí ar tugadh cabhair dóibh, agus ní bheidh tomhas níos iomláine d'iarmhairt na scéimeanna maidir le cabhrú le poist a inbhuanú agus le gach comhlacht a chobhsú ar tacaíocht leis le linn an choir chun donais eacnamúil, ní bheidh sin ar eolas go dtí go gcuirtear measúnú neamhspleách i gcrích.

Caibidil 29

Boird Fiontar Contae agus Cathrach

Vóta 34 Fiontar, Trádáil agus Fostaíocht

Boird Fiontar Contae agus Cathrach

29.1 Chuimsigh an Vótáil d'Fhiontar, do Thrádáil agus d'Fhostaíocht muirear €31 milliún i ndáil le cistiú le haghaidh gníomhaíochtaí atá stiúrtha trí na 35 Bord Fiontar Contae agus Cathrach (CEB) sa bhliain 2010[252]. Bunaíodh na boird mar chuideachtaí leis an Acht um Fhorbairt Tionscail 1995, ag rialú gnéithe dá n-oibriúchán. Is é a gcuspóir gníomhaíocht eacnamaíoch agus fhiontraíoch a spreagadh agus fiontar dúchasach áitiúil a fhorbairt in earnáil na micreathionscadal (i.e. fiontair nach bhfuil níos mó ná deichniúr fostaithe acu). Tá Boird Fiontar Contae agus Cathrach á gcómhaoiniú ag an AE trí na cláir oibriúcháin réigiúnacha 2007 – 2013[253].

29.2 Tá príomh-fhreagracht ag an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta as beartas agus cistiú i ndáil le Boird Fiontar Contae agus Cathrach. Sannadh réimse feidhmeanna riaracháin d'Fhiontraíocht Éireann sa bhliain 2006, áfach. Leagtar amach i gcomhaontú oibriúcháin idir gach Bord Fiontar Contae agus Cathrach agus Fiontraíocht Éireann an cuspóir ar a soláthraítear na cistí agus an modh a bhféadfar na cistí sin a chur i bhfeidhm ann. Tá Láraonad Comhordaithe laistigh d'Fhiontraíocht Éireann freagrach as tacaíocht oibriúcháin, theicniúil agus airgeadais do na Boird Fiontar Contae agus Cathrach.

29.3 Soláthraíonn Boird Fiontar Contae agus Cathrach tacaíocht do thionscadail a bhfuil an cumas fostaíochta go dtí deichniúr ar a mhéad acu. Ní thugtar cúnamh de ghnáth do chomhlachtaí a fhaigheann cúnamh ó Fhiontraíocht Éireann, ó GFT Éireann, ó Chuideachta Forbartha Aerfort Neamhchustaim na Sionainne nó Údarás na Gaeltachta. Tá foráil ann do chomhlachtaí cliaint Bhord Fiontar Contae agus Cathrach aistriú go Fiontraíocht Éireann chun leas a bhaint as a gcláir agus as a dtacaíochtaí.

Béim na Caibidle

Déanann an chaibidil seo athbhreithniú ar ghníomhaíochtaí na mBord Fiontar Contae agus go háirithe ar

- na tacaíochtaí a sholáthraítear do mhicreathionscadail
- an táirgeacht maidir le cruthú post
- na socruithe i leith monatóireachta agus meastóireachta.

Caiteachas na mBord Fiontar Contae agus Cathrach

29.4 B'ionann eisíocaíocht iomlán na mBord Fiontar Contae agus Cathrach ar a bpríomh-fheidhmeanna agus €33.3 milliún sa bhliain 2010 (€36.9 milliún sa bhliain 2009). Caitheadh é seo mar atá leagtha amach i bhFíor 137.

252 Bunaíodh Boird Fiontar Contae agus Cathrach sa bhliain 1993 agus ionchorpraítear iad mar chuideachtaí faoi theorainn ráthaíochta.

253 Clár Oibriúcháin Réigiúin na Teorann, Lár na Tíre agus an Iarthair 2007 – 2013, agus Clár Oibriúcháin Réigiúin an Deiscirt agus an Oirthir 2007 – 2013.

Fíor 137 Eisíocaíocht na mBord Fiontar Contae agus Cathrach, 2009 agus 2010

An Cineál Caiteachais	2009 €	2010 €
Tacaíochtaí Airgeadais	10,528,606	11,332,220
Tacaíochtaí Fiontar agus Acmhainne	12,885,318	10,079,539
Riarachán	13,526,770	11,868,234
Iomlán	**36,940,694**	**33,279,993**

Foinse: Ráitis airgeadais iniúchta 2009 agus ráitis airgeadais iniúchta agus dréacht-ráitis airgeadais 2010 na mBord Fiontar Contae agus Cathrach.

29.5 Chomh maith leis seo, caitheadh €2.6 milliún sa bhliain 2010 ar 'thionscnaimh eile' (€0.9 milliún sa bhliain 2009). Chuimsigh na 'tionscnaimh eile' seo gníomhaíochtaí a bhfaigheann Boird Fiontar Cathrach agus Contae cistiú ar leith ar a son, mar aon le tionscnaimh náisiúnta a nglacann Bord Fiontar Cathrach agus Contae amháin freagracht astu agus faigheann sé leithdháileadh buiséid ó Fhiontraíocht Éireann. Ní thabhaíonn gach Bord Fiontar Contae agus Cathrach caiteachas ar 'thionscnaimh eile' agus baineadh an chuid ba mhó den chineál sin caiteachais sa bhliain 2010 le cúnamh faoin gCiste Eorpach um Dhomhandú (€1.3 milliún) a bhí á riar ag Boird Fiontar Contae agus Cathrach áirithe[254], chomh maith le caiteachas ar thionscnaimh thrasteorann a bhí á chaitheamh ag Boird Fiontar Contae agus Cathrach eile[255] (€0.6 milliún).

Tacaíocht Airgeadais do Mhicreathionscadail

29.6 Féadtar an cúnamh airgeadais a sholáthraíonn Boird Fiontar Contae agus Cathrach[256], i bhfeidhm ó mhí na Samhna 2009[257], a rangú mar a leanas

- deontas airgeadais tionscnaimh – is éard atá anseo ná deontais tionscnaimh ghnó a fhéadfar a dheonú laistigh de na chéad 18 mí de bhunú an fhiontair
- deontais leathnaithe gnó – tá aon fhiontar a bhaineann leas as deontas airgeadais tionscnaimh neamh-incháilithe do dheontas leathnaithe gnó go dtí 18 mí tar éis tharraingt anuas an deontais airgeadais tionscnaimh
- deontais féidearthachta/nuálaíochta – is éard atá anseo ná deontais i leith an ullmhúcháin de staidéar féidearthachta agus/nó de phlean gnó le measúnú a dhéanamh ar inmharthanacht an tionscadail, nó i leith cúnamh teicniúil i bhforbairt tionscadail nó táirge.

254 Sholáthar Boird Fiontar Contae agus Cathrach i gCathair agus i gContae Luimnigh, sa Chlár, i dTiobraid Árann Thuaidh agus Theas agus i gCathair agus i gContae Phort Láirge tacaíochtaí an Chiste Eorpaigh um Dhomhandú sa bhliain 2010.

255 Thabhaigh Boird Fiontar Contae agus Cathrach sa Chabhán, i nDún na nGall, i Liatroim, i Lú, i Muineachán agus i Sligeach caiteachas €431,916 sa bhliain 2010 ar "Tradelinks", is é sin clár trasteorann micreathionscadail a bhí á chistiú ag Interreg, ag an gCiste Idirnáisiúnta d'Éirinn, ag Invest Northern Ireland agus ag na Boird Fiontar Contae agus Cathrach. Ina theannta sin, chaith Bord Fiontar Contae an Chabháin €146,552 ó chistí a sholáthar an Ciste Idirnáisiúnta d'Éirinn i ndáil le tionscadal trasteorann an Chabháin Thiar/Fhear Manach Thiar.

256 Féadfar tacaíochtaí a sholáthar trí chúnamh deontais, trí chúnamh nó chúnamh in-aisíoctha, nó trí chomhcheangal díobh seo.

257 Roimh 2010, sholáthar Boird Fiontar Contae agus Cathrach tacaíochtaí airgeadais trí dheontais chaipitil, trí dheontais féidearthachta agus trí dheontais fostaíochta.

Creat Cúnaimh

29.7 Is ionann na huasdeontais Airgeadais Tionscnaimh agus Leathnaithe Ghnó iníoctha agus €150,000 (nó 50% den infheistíocht má tá sé níos lú i ngach cás). Is é teorainn an deontais féidearthachta/nuálaíochta agus níos lú ná €20,000 nó ná céatadán socraithe den infheistíocht (50% i réigiún an Deiscirt agus an Oirthir agus 60% i réigiún na Teorann, Lár na Tíre agus an Iarthair (BMW). Ní bhaineann na gnáthdheontais a bhronntar na teorainneacha seo amach i gcoitinne mar gheall ar scála na bhfiontar a dtacaítear leo agus mar gheall ar acmhainní buiséid na mBord Fiontar Contae agus Cathrach aonair.

29.8 Tá tacaíochtaí airgeadais dírithe ar fhiontair thráchtála a fhéadann margadh dá dtáirgí nó dá seirbhísí a thaispeáint agus a bhfuil an cumas acu fás agus poist a chruthú. Le haghaidh cúnamh airgeadais a sholáthar, is gá go gcuirtear riachtanais féideartha mharbhualaigh[258] nó díláithrithe[259] san áireamh agus go dtugtar tosaíocht

- d'fhiontair in earnáil na déantúsaíochta agus na seirbhísí a thrádáiltear go hidirnáisiúnta a meastar go bhfuil an cumas acu easpórtálacha láidre a fhorbairt
- d'fhiontair thurasóireachta atá dírithe go príomha ar chuairteoirí thar lear agus
- is gá go bhfuil 30% de na deontais go léir a cheadaítear sa bhliain i bhfoirm cúnamh in-aisíoctha.

29.9 Éilítear ar Bhoird Fiontar Contae agus Cathrach cinntiú nach sáraíonn tiomantais do sholáthar tacaíochta airgeadais sa todhchaí 50% den leithdháileadh bliantúil ag gach deireadh bliana. Is féidir, áfach, coinneáil amach as an teorainn tiomantais seo tiomantais a bheartaíonn Bord Fiontar Contae agus Cathrach a mhaoiniú as ciste imrothlach a dhéantar d'airgead cúnamh in-aisíoctha a aisíocadh leis an mBord Fiontar Contae agus Cathrach[260].

Tacaíocht Dhíreach Airgeadais do Mhicreathionscadail

29.10 Leagtar amach i bhFíor 138 an tacaíocht airgeadais a sholáthar na Boird Fiontar Contae agus Cathrach i 2009 agus i 2010 a rangaítear de réir an chineáil deontais. Féadtar an t-athrú ar na cineálacha deontais a sholáthraítear tar éis an athraithe ar thacaíocht go mall sa bhliain 2009 a fheiceáil le hathrú ó dheontais chaipitil agus fostaíochta go cúnamh airgeadais tionscnaimh agus tacaíochta gnó.

---

258 Tagann marbhualach chun cinn i gcás ina gcuirfí an infheistíocht isteach san fhiontar nó ina gcuirfí an tionscadal ar aghaidh fiú mura soláthrófaí tacaíochtaí airgeadais.

259 Tarlaíonn díláithriú i gcás ina dtarlaíonn fás nó fostaíocht san fhiontar a dtacaítear leis ar chostas fáis nó fostaíochta i bhfiontar eile.

260 Is féidir cúnamh a aisíocann deontaithe a fuair cúnamh in-aisíoctha a athchúrsáil.

Fíor 138 An Cineál Tacaíochta Airgeadais 2009 agus 2010

An Cineál Tacaíochta	2009	2010
	€	€
Deontais Chaipitil	5,149,467	2,264,492
Deontais Féidearthachta	634,494	326,271
Deontais Fostaíochta	2,624,481	1,806,460
Deontais Airgeadais Tionscnaimh	263,974	3,011,299
Deontais Leathnaithe Gnó	44,375	1,706,554
Deontais Féidearthachta/Nuálaíochta	—	523,714
Cúnamh Deontais In-Aisíoctha Eile[a]	524,660	979,455
Infheistíocht Cothromais[b]	1,287,155	713,975
Iomlán	**10,528,606**	**11,332,220**

Foinse: Ráitis airgeadais iniúchta 2009 agus ráitis airgeadais iniúchta agus dréacht-ráitis airgeadais 2010 na mBord Fiontar Contae agus Cathrach.

Nótaí: a Maidir le roinnt Bord Fiontar Contae agus Cathrach, ní raibh anailís ar an gcuid in-aisíoctha den tacaíocht airgeadais de réir an chineáil tacaíochta ar fáil.

b Tá an laghdú ar leibhéal na hinfheistíochta cothromais sa bhliain 2010 mar thoradh, go príomha, ar thabhairt isteach struchtúr nua tacaíochtaí airgeadais a éascaíonn íocaíochtaí céime bunaithe ar bhaint amach na ngarspriocanna, ag laghdú an riosca agus, tríd sin, ag baint úsáide níos fearr as na cistí atá ar fáil.

29.11 Déantar achoimre i bhFíor 139 ar raon na dtacaíochtaí airgeadais curtha ar fáil ag Boird Fiontar Contae agus Cathrach don bhliain 2009 agus don bhliain 2010. Sholáthar Bord Fiontar Chathair Bhaile Átha Cliath an tacaíocht airgeadais ba mhó sa bhliain 2010 agus d'íoc Bord Fiontar Contae agus Cathrach Chorcaí Thuaidh an méid ba lú, ba é sin €69,946. Den fhigiúr €11.3 milliún a íocadh sa bhliain 2010, íocadh €4 mhilliún i réigiún na Teorann, Lár na Tíre agus an Iarthair agus íocadh an méid €7.3 milliún eile i réigiún an Deiscirt agus an Oirthir. Leagtar amach in Iarscríbhinn A leibhéal na tacaíochta airgeadais a sholáthar gach Bord Fiontar Contae agus Cathrach i 2009 agus i 2010.

Fíor 139 Raon Thacaíochtaí Airgeadais na mBord Fiontar Contae agus Cathrach a d'íoc Boird Fiontar Contae agus Cathrach i 2009 agus i 2010

	Líon na mBord Fiontar Contae agus Cathrach	
	2009	2010
Faoi €200,000	8	4
€200,000 go €300,000	12	14
€300,000 go €400,000	7	9
Thar €400,000	8	8

Foinse: Ráitis airgeadais iniúchta 2009 agus ráitis airgeadais iniúchta agus dréacht-ráitis airgeadais 2010 na mBord Fiontar Contae agus Cathrach.

29.12 Faomhadh 1,037 tionscadal san iomlán le haghaidh cúnaimh sa bhliain 2010 (1,120 sa bhliain 2009).

29.13 De na deontais a faomhadh sa bhliain 2010 (€16.5 milliún), faomhadh 41% le haghaidh cúnamh in-aisíoctha. Rangaítear ceaduithe do thacaíocht airgeadais i 2009 agus i 2010 i leith gach Bord Fiontar Contae agus Cathrach de réir foirme tacaíochta in Iarscríbhinn B. Léirítear i bhFíor 140 na Boird Fiontar Contae agus Cathrach nár chomhlíon an riachtanas gur gá do 30% de na ceaduithe bheith i bhfoirm

cúnamh in-aisíoctha. Bhí sé Bhord Fiontar Contae agus Cathrach nár chomhlíon leibhéal na gceaduithe cúnaimh in-aisíoctha an sprioc de 30% sa bhliain 2010 (11 sa bhliain 2009) ach bhí cúig Bhord acu laistigh de thrí phointe céatadáin den riachtanas sin. Bhain na Boird Fiontar Contae agus Cathrach i mBaile Átha Cliath Theas, i bhFine Gall agus i nDún Laoghaire/i Ráth an Dúin rátaí cúnaimh in-aisíoctha de 98%, 76% agus 61% faoi seach sa bhliain 2010.

Fíor 140 Ceaduithe Cúnaimh In-aisíoctha faoin Riachtanas 30%, 2009 agus 2010

	Céatadán na nDeontas In-aisíoctha		Céatadán na nDeontas In-aisíoctha
Bord Fiontar Contae agus Cathrach	**2009**	**Bord Fiontar Contae agus Cathrach**	**2010**
Corcaigh Thuaidh	0%	Lú	21%
Lú	9%	Cathair Phort Láirge	27%
Cathair Luimnigh	9%	An Longfort	28%
Cill Dara	12%	Contae Phort Láirge	28%
An Longfort	17%	Corcaigh Thuaidh	29%
Corcaigh Thiar	20%	Corcaigh Thiar	29%
Laois	27%		
Corcaigh Theas	28%		
Sligeach	28%		
Dún na nGall	29%		
Gaillimh	29%		

Foinse: Ráitis airgeadais iniúchta 2009 agus ráitis airgeadais iniúchta agus dréacht-ráitis airgeadais 2010 na mBord Fiontar Contae agus Cathrach.

Úsáid an Chiste Imrothlaigh

29.14 Coinníonn Boird Fiontar Contae agus Cathrach aisíocaíochtaí an chúnaimh deontais in-aisíoctha agus na n-infheistíochtaí cothromais a dhéanann cliaint agus scaoiltear iad le cúnamh deontais in-aisíoctha agus le hinfheistíocht a mhaoiniú, lena n-áirítear infheistíochtaí in ionaid áitiúla fiontar pobail. De na tacaíochtaí airgeadais iomlána €11.3 milliún a íocadh sa bhliain 2010, maoiníodh €2.4 milliún ó chúnamh in-aisíoctha a aisíocadh (2009 - €10.5 milliún i ndeontas ar maoiníodh €2.3 milliún ó dheontais aisíoctha as). Ag deireadh na bliana 2010, bhí €6.5 milliún de chúnamh in-aisíoctha aisíoctha agus d'infheistíocht aisíoctha ag Boird Fiontar Contae agus Cathrach ina gcuntais chúnaimh in-aisíoctha (€6.6 milliún ag deireadh na bliana 2009).

29.15 Mar fhreagairt ar m'fhiosruithe, dúirt Príomhoifigeach Feidhmiúcháin Fhiontraíocht Éireann nach bhfuil aon spriocanna socraithe faoi láthair maidir le méideanna an chúnaimh in-aisíoctha aisíoctha ba cheart a choinneáil nó a atheisiúint. Bíonn an comhardú cúnaimh in-aisíoctha idir thart faoi €40,000 go dtí pas beag thar €400,000 agus, mar gheall ar an leithdháileadh laghdaithe cistithe don bhliain 2011, meastar go mbainfidh Boird Fiontar Contae agus Cathrach úsáid as na comharduithe cúnaimh in-aisíoctha seo ansin. Luaigh sé gur fholaigh na fáthanna ar coinníodh na comharduithe amhail an 31 Nollaig na nithe seo a leanas:

- foráil ar thiomantais a thagann aníos as ceaduithe deontais, i gcásanna ina n-íoctar deontais in dhá pháirt

- an fhíric gur fhorbair Boird Fiontar Contae agus Cathrach togra le haghaidh scéim mhicreachreidmheasa i gcomhar leis an mBanc Eorpach Infheistíochta a dteastódh tiomantas do chistiú a sholáthar ó acmhainní na mBord Fiontar Contae agus Cathrach uaithi, leis na comharduithe neamhthiomanta sna cuntais chúnaimh in-aisíoctha ag soláthar a foinse[261]
- Sa bhliain 2010, leithdháileadh €1.8 milliún den chomhardú d'fhorbairt na nIonad Fiontar Pobail.

29.16 Tugtar roinnt saoirse do Bhoird Fiontar Contae agus Cathrach sa dóigh a bhfeidhmíonn siad rialacha cúnaimh in-aisíoctha, a fhad is go gcomhlíonann siad an íos-sprioc de 30%, agus rialaítear cur chuige na mBord Fiontar Contae agus Cathrach aonair ag coinníollacha áitiúla. Feidhmíonn roinnt Bord Fiontar Contae agus Cathrach cúnamh in-aisíoctha le gach cineál deontais agus feidhmíonn roinnt acu gné in-aisíoctha le deontais de chineál ar leith. Imríonn an pointe ar a mbaineann Boird Fiontar Contae agus Cathrach aonair úsáid as cothromas in ionad cúnaimh dheontais tionchar ar an bpointe ar a bhfuil tacaíocht airgeadais in-aisíoctha.

Tacaíochtaí d'Fhorbairt Inniúlachta

29.17 Tá timpeall ar 30% de chaiteachas na mBord Fiontar Contae agus Cathrach dírithe ar inniúlacht a fhorbairt, agus cuireadh €10 milliún ar fáil sa bhliain 2010 mar thacaíochtaí d'fhorbairt fhiontraíoch agus inniúlachta (€12.9 milliún i 2009). Is éard atá sa chúnamh seo go príomha ná cuidiú le cláir oiliúna, forbartha bainistíochta agus mheantóireachta, chomh maith le hoideachas agus le cur chun cinn fiontar. Níor cheart go sárófaí caiteachas na mBord Fiontar Contae agus Cathrach go léir ar na tacaíochtaí seo teorainneacha a shainíonn Fiontraíocht Éireann. Tá an socrú do gach Bord Fiontar Contae agus Cathrach 20% ar a mhéad dá leithdháileadh a aistriú idir na tacaíochtaí seo agus na tacaíochtaí airgeadais in aon bhliain amháin. Leagtar amach i bhFíor 141 achoimre ar chaiteachas ar na tacaíochtaí seo i 2009 agus i 2010.

Fíor 141 Tacaíochtaí Fiontar agus Inniúlachta 2009 agus 2010

An Cineál Tacaíochta	2009 €	2010 €
Cláir Forbartha Bainistíochta	1,775,008	1,452,753
Oiliúint	3,969,250	2,991,174
Meantóireacht	1,702,429	1,593,391
Oideachas Fiontar	1,062,968	887,334
Cur Chun Cinn Fiontar	2,679,844	1,908,209
Eile	1,695,819	1,246,678
Iomlán	**12,885,318**	**10,079,539**

Foinse: Ráitis airgeadais iniúchta 2009 agus ráitis airgeadais iniúchta agus dréacht-ráitis airgeadais 2010 na mBord Fiontar Contae agus Cathrach.

29.18 Gineann Boird Fiontar Contae agus Cathrach ioncam, go háirithe trí tháillí a ghearradh le haghaidh seirbhísí, ioncam atá ar fáil chun caiteachas ar thacaíochtaí fiontar agus inniúlachta a mhaoiniú. B'ionann ioncam den chineál seo agus €1.5 milliún sa bhliain 2010 (€2 milliún sa bhliain 2009), figiúr a sheasann do ráta ranníocaíochta de 14.8% (15.5% i 2009).

[261] Tá an togra ar feitheamh faoi láthair go dtí cinneadh Rialtais ar struchtúr na mBord Fiontar Contae agus Cathrach sa todhchaí.

Costais Riaracháin

29.19 Is éard atá i gcostais riaracháin na mBord Fiontar Contae agus Cathrach de ghnáth ná costais phárolla. Tá cuid den chostas sin inchurtha i leith an tsoláthair chomhairle i ndáil le gnó a thosú. Leagtar amach i bhFíor 142 costais riaracháin na mBord Fiontar Contae agus Cathrach don bhliain 2009 agus don bhliain 2010.

Fíor 142 Caiteachas Riaracháin na mBord Fiontar Contae agus Cathrach, 2009 agus 2010

Catagóir an Chaiteachais	2009	2010
	€	€
Tuarastail	9,804,582	8,225,767
Costais Eile Riaracháin	3,722,188	3,642,467
Iomlán	**13,526,770**	**11,868,234**

Foinse: Ráitis airgeadais iniúchta 2009 agus ráitis airgeadais iniúchta agus dréacht-ráitis airgeadais 2010 na mBord Fiontar Contae agus Cathrach.

29.20 Ba idir triúr agus ochtar an meán-líon ball foirne a fostaíodh i mBoird Fiontar Contae agus Cathrach i 2009 agus i 2010 gus b'ionann an meán-líon foriomlán ar fud na mBord Fiontar Contae agus Cathrach go léir agus pas beag ní ba mhó ná ceathrar.

29.21 Cuimsíonn caiteachas riaracháin costais a thabhaigh Boird Fiontar Contae agus Cathrach mar gheall ar a maireachtáil mar aonáin ar leith dlí, ar nós chostas an chomhlíonta le dlí na gcuideachtaí agus le riachtanais rialachais chorparáidigh. Níorbh fhéidir na costais seo a dhíchur trí struchtúir mhalartacha a úsáid, ar nós ciste fiontar le brainsí contae.

29.22 Chuir Fiontraíocht Éireann tús le seirbhísí comhroinnte a fhorbairt go náisiúnta, mar shampla, árachas ar cuireadh tairiscint isteach air sa bhliain 2010 mar sheirbhís náisiúnta. Dúirt an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin go bhfuil tairiscint curtha isteach i 2011 do theileafónaíocht soghluaiste agus, ar feitheamh éalaithe ó chonarthaí reatha, go mbeadh cuid mhaith Bord Fiontar Contae agus Cathrach ábalta rochtain a fháil ar an tseirbhís nua i 2011 nó i 2012. Folaíonn réimsí eile a sainaithníodh bogearraí cuntasaíochta, seachfhoinsiú párolla mar aon le táillí dlí agus gairmiúla.

29.23 Luaigh Oifigeach Cuntasaíochta na Roinne gur chruthaigh bunú an Láraonaid Chomhordaithe laistigh d'Fhiontraíocht Éireann torthaí dearfacha maidir leis an sreabhadh faisnéise ó na Boird Fiontar Contae agus Cathrach a fheabhsú, maidir leis na tarraingtí anuas a bhainistiú ar mhodh níos éifeachtúla agus maidir le tabhairt faoi sheirbhísí comhroinnte agus ghnáth-chaighdeáin seachadta. Tá an scóip ann, áfach, le haghaidh feabhsuithe breise i ndáil le seirbhísí comhroinnte agus le córas seasmhach soiléir tacaíochtaí a thógáil.

Caiteachas na mBord Fiontar Contae agus Cathrach

29.24 Caitheadh céatadán d'acmhainní na mBord Fiontar Contae agus Cathrach ní ba mhó i 2010 ar thacaíocht dhíreach airgeadais i gcomparáid leis an mbliain 2009. Caitheadh breis agus trian amháin den chaiteachas ar fad ar thacaíocht dhíreach airgeadais i 2010. Leagtar amach i bhFíor 143 céatadán meánach den chaiteachas a chaith Boird Fiontar Contae agus Cathrach ar a bpríomhfheidhmeanna i 2009 agus i 2010. Leagtar amach in Iarscríbhinn C céatadán an chaiteachais a d'fheidhmigh gach Bord Fiontar Contae agus Cathrach lena bpríomhfheidhmeanna i 2009 agus i 2010.

Fíor 143 Feidhmiú Acmhainní 2009 agus 2010

	Meán 2009	Meán 2010
Tacaíochtaí Airgeadais	28%	34%
Tacaíochtaí Fiontar agus Inniúlachta	35%	30%
Riarachán	37%	36%

Foinse: Ráitis airgeadais iniúchta 2009 agus ráitis airgeadais iniúchta agus dréacht-ráitis airgeadais 2010 na mBord Fiontar Contae agus Cathrach.

29.25 Féadtar éagsúlacht mhór bheith i bpróifíl chúnaimh de réir ceantair. Thaifead trí Bhord Fiontar Contae agus Cathrach (Gaillimh, Contae Luimnigh agus Maigh Eo) leibhéil na tacaíochta airgeadais de phas beag faoi 50% dá gcistí ar fáil sa bhliain 2010. Cé go raibh leibhéil na tacaíochta airgeadais in dhá Bhord Fiontar Contae agus Cathrach (Corcaigh Thuaidh agus Ciarraí) faoi 20%, sheas tacaíochtaí fiontar agus inniúlachta sa dá chás seo do 45% nó ní ba mhó den chaiteachas. Bhí an leibhéal ba mhó caiteachais ar riarachán i mBord Fiontar Contae Lú agus i mBord Fiontar Contae Luimnigh ar 46%, agus bhí an leibhéal ba lú i mBord Fiontar Chathair Bhaile Átha Cliath ar 25%.

Feidhmíocht na mBord Fiontar Contae agus Cathrach

29.26 Is féidir feidhmíocht na mBord Fiontar Contae agus Cathrach a thomhas trí chruthú post agus trí thagairt a dhéanamh do na táscairí a shocraítear do chláir oibriúcháin a bhfuil páirt acu iontu.

29.27 Tacaíodh le 38,672 ollphost nuair a chuirtear san áireamh poist a cruthaíodh nó poist réamhbheithech a cothaíodh[262] sna 10,920 fiontar a fuair cúnamh de bhreis agus €222 milliún ón mbliain 1993. Is ionann seo agus costas €5,576 de réir poist. Breactar i bhFíor 144 an costas de réir poist ar fud na mBord Fiontar Contae agus Cathrach. Is idir €4,000 sa Chlár agus €10,800 i Liatroim an meán-chostas de réir poist. Leagtar amach in Iarscríbhinn D tacaíocht airgeadais, ollphoist agus líon na bhfiontar ar tacaíodh leo ina n-iomláine do gach Bord Fiontar Contae agus Cathrach.

[262] Folaíonn ollphoist na poist a bhí i bhfiontair sular cuireadh cúnamh an Bhoird Fiontar Contae agus Cathrach cúnamh ar fáil. Is iad na poist a ríomhtar na poist i ngach fiontar ar tugadh cúnamh dóibh ón mbliain 1993 agus atá ar marthain fós. Cuirtear dhá phost pháirtaimseartha san áireamh mar phost lánaimseartha amháin. Tá an costas de réir poist bunaithe ar chaiteachas a thabhaigh Boird Fiontar Contae agus Cathrach ón mbliain 1993.

Fíor 144 Meán-Chostas de réir Poist a Cruthaíodh[a]



Foinse: Fiontraíocht Éireann

Nóta: a Seasann na barraí do mheán-chostas de réir poist do Bhoird Fiontar Contae agus Cathrach aonair.

29.28 Tá difear idir an bonn ar a dtomhaistear an costas de réir poist i mBoird Fiontar Contae agus Cathrach agus an bonn a nglacann Forfás leis le linn dó an costas de réir poist a chothaítear do na gníomhaíochtaí forbartha fiontar a ríomh agus is deacair comparáid a dhéanamh mar sin de. Luaigh an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, áfach, go mbeadh an tomhas a d'úsáidfí do Bhoird Fiontar Contae agus Cathrach sa todhchaí cosúil leis modheolaíocht Fhorfás, rud a d'éascódh aon chomparáid.

Modheolaíochtaí Ríomha Costais de réir Poist

Modheolaíocht Fhorfás: Ríomhtar costas de réir poist trí gach deontas gníomhaireachta do gach gnóthas i dtréimhse seacht mbliana a roinnt ar líon na bpost a cruthaíodh le linn na tréimhse sin agus a cothaíodh go dtí deireadh na tréimhse sin. Ríomhtar na figiúirí ar bhonn atrátha seacht mbliana.

Modheolaíocht na mBord Fiontar Contae agus Cathrach: Déantar comparáid gach bliain idir líon na bpost i ngach fiontar a fuair deontas ón mBord Fiontar Contae agus Cathrach agus líon na bpost ar marthain san fhiontar sin nuair a íocadh an chéad deontas. Ríomhtar an costas de réir poist ag baint úsáide as na tacaíochtaí airgeadais iomlána a cuireadh ar fáil ón mbliain 1993.

29.29 Léirítear i bhFíor 145 an ghluaiseacht bhliantúil i nglanphoist[263] ar thacaigh deontais Bhord Fiontar Contae agus Cathrach leo le deich mbliana anuas. Bhí laghdú ar fhostaíocht i 2008 agus i 2009. Bhí téarnamh beag sa bhliain 2010 le glan-ghnóthachain de 375 post.

263 Cuireann glanphoist as an áireamh na poist a bhí ar marthain i bhfiontair ar thacaigh na Boird Fiontar Contae agus Cathrach leo sular cuireadh cúnamh ar fáil.

Fíor 145 Gluaiseacht i nGlanphoist 2001 – 2010

Méadú (Laghdú)	Gluaiseacht i bpoist ar tacaíodh leo
2001	1,048
2002	3,152
2003	1,459
2004	1,341
2005	1,938
2006	2,045
2007	2,267
2008	(735)
2009	(3,085)
2010	375
Glan-Ghluaiseacht 2001 - 2010	**9,805**

Foinse: Fiontraíocht Éireann

29.30 Luaigh an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin go léirítear an cúlú domhanda ón gcuid deiridh den bhliain 2008 i scála an reachta dhiúltaigh poist ag deireadh na bliana 2009. Dúirt sé gur rud spreagúil é an téarnamh beag a shonraítear i 2010, mar gheall ar choinníollacha trádála a bhí an-doiligh.

29.31 Seachas na spriocanna cruthaithe post, baineadh amach, go dtí an pointe a leagtar amach i bhFíor 146, táscairí eile feidhmíochta a socraíodh do mhicreathioscadail sa dá chlár oibriúcháin réigiúnacha 2007 – 2013. Ar an iomlán, tá na Boird Fiontar Contae agus Cathrach de réir sprice formhór an ama i ndáil leis na táscairí a shocraítear sna cláir oibriúcháin don earnáil a dtacaíonn Boird Fiontar Contae agus Cathrach léi ina hiomláine.

Fíor 146 Táscairí Feidhmíochta do Chláir Oibriúcháin 2007 - 2013

	Réigiún na Teorann, Lár na Tíre agus an Iarthair		Réigiún an Deiscirt agus an Oirthir	
	Sprioc 2013	Figiúr Iarbhír go 2010	Sprioc 2013	Figiúr Iarbhír 2010
Líon na micreathionscadal ar tugadh cúnamh dóibh	2,500	1,614	4,000	1,955
Líon na laethanta oiliúna a cuireadh ar fáil	84,000	70,212	175,000	122,260
Líon na bhfaighteoirí oiliúna	35,000	26,746	84,000	69,201

Foinse: Fiontraíocht Éireann

Measúnú agus Athbhreithniú

29.32 Rinne Fitzpatrick Economic Consultants an t-athbhreithniú deireanach ar ról na mBord Fiontar Contae agus Cathrach i micreathionscadail a fhorbairt sa bhliain 2003 thar ceann na Roinne Post, Fiontar agus Nuálaíochta agus Fhorfás. Ba iad seo a leanas a bpríomh-mholtaí:

- fócas ar chroí-fhiontar agus ar chultúr fiontar, ag íoslaghdú gníomhaíochtaí úsáideacha forbartha áitiúla níos forleithne
- béim ar fhaisnéis ghnó, ar chomhairle, ar oiliúint agus ar fheabhsú inniúlachta agus níos lú béime ar sholáthar tacaíochta airgeadais
- úsáid tacaíochtaí airgeadais in-aisíoctha agus scor de réir a chéile ó chúnamh deontais, go háirithe deontais fostaíochta
- critéir maidir le tacaíocht airgeadais, go háirithe i réimsí an ualaigh mhairbh agus an díláithrithe
- cur chuige solúbtha agus úsáideoir-threoraithe ar bhogthacaíochtaí agus méadú de réir a chéile ar ranníocaíochtaí cliaint do chostais seirbhíse
- bogadh de réir a chéile go neamhthuilleamaíocht do Bhoird Fiontar Contae agus Cathrach, bunaithe ar airgeadas in-aisíoctha agus ar ranníocaíochtaí cliaint
- ba cheart go mbeadh beartas príomha do Bhoird Fiontar Contae agus Cathrach agus freagracht cistithe astu ag an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta go fóill
- ba cheart go gcuirfí lárionad comhordaithe nua ar bun laistigh d'Fhiontraíocht Éireann.

29.33 Dúirt an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin go ndearnadh an-dul chun cinn ar chur i bhfeidhm mholtaí Thuarascáil Mhic Giolla Phádraig. Tá an tógáil de chóras soiléir seasmhach tacaíochtaí agus próiseas ar fud na mBord Fiontar Contae agus Cathrach ríthábhachtach i gcur i bhfeidhm rathúil. Ina leith seo, d'fholaigh na próisis chaighdeánaithe a tugadh isteach na nithe seo a leanas:

- uirlis anailíse gnó (chun cuidiú le foireann an Bhoird Fiontar Contae agus Cathrach) a sholáthraíonn modh níos aonfhoirmí ar chinntí infheistíochta a dhéanamh agus a chuidíonn le haithint luacha bhreisithe maidir le gnólachtaí cliant
- uirlis scrúdaithe sláinte airgeadais agus tagarmharcála chun cuidiú le measúnú a dhéanamh ar chláir chúnaimh airgeadais agus oiliúna agus chun cur ar chumas na mBord Fiontar Contae agus Cathrach a gcliaint a thagarmharcáil in aghaidh comparadóirí tionscail
- clár forbartha um bainistíocht cliaint leis na scileanna agus leis an eolas chun inbhuanaitheacht agus fás ina ngnó a bhaint amach a sholáthar do chliaint
- treoirlínte cleachtais d'fheidhmeanna riaracháin agus rialachais chorparáidigh na mBord Fiontar Contae agus Cathrach

29.34 Dúirt an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin go bhfuil na dúshláin os comhair micreathionscadal sa timpeallacht eacnamaíoch reatha an-chosúil i mórán bealaí leis na dúshláin os comhair earnáil na ngnóthas beag agus meánmhéide i gcoitinne. Cuimsíonn siad seo coinníollacha deacra margaidh agus rochtain theoranta ar chaipiteal oibre. Tá earnáil na micreathionscadal ag brath go mór ar choinníollacha éilimh intíre agus tá sé níos tábhachtaí fós, ina leith sin, go méadaíonn sí a hiomaíochas chun maireachtáil sna coinníollacha dúshlánacha reatha trádála.

29.35 D'aithin an tOifigeach Cuntasaíochta go sonrach an tábhacht don earnáil a hullmhacht easpórtála a fhorbairt d'fhonn í féin a shocrú do thrádáil go hidirnáisiúnta. Luaigh sé, ina leith seo, go maolódh tógáil inniúlachta nuálaíochta na dúshláin os comhair na hearnála agus go socródh sí gnólachtaí aonair do thrádáil easpórtála ar réamhriachtanais le haghaidh fáis é.

29.36 Mar fhreagairt ar m'fhiosruithe, dúirt sé go bhfuil na tionscnaimh seo a leanas ar bun fós chun cuidiú le micreathionscadail a n-ullmhacht easpórtála a fhorbairt;

- tá pearsanta Fhiontraíocht Éireann ar fáil chun eolas margaidh a aithint, a aimsiú agus a sholáthar d'easpórtálaithe éiritheacha as earnáil na micreathionscadal, agus tá leas bainte as an tseirbhís seo ag breis agus 150 cliant na mBord Fiontar Contae agus Cathrach.
- tá leas bainte as clár "First Flight" dírithe ar easpórtálaithe éiritheacha ag timpeall ar 100 cliant na mBord Fiontar Contae agus Cathrach.

29.37 Chomh maith leis sin, tá Seachtain Margaí Idirnáisiúnta, imeacht náisiúnta chun cuidiú le cuideachtaí a straitéis easpórtála a chomhlíonadh trí theagmháil a dhéanamh le pearsanra Fhiontraíocht Éireann, ar oscailt do mhicreathionscadail le heaspórtálacha ar marthain agus a bhfuil sé ar intinn acu a margaí a fhás thar lear agus ar ainmnigh Boird Fiontar Contae agus Cathrach iad.

Conclúid

Ó chur ar bun na mBord Fiontar Contae agus Cathrach, fuair micreathionscadail a d'fhostaigh beagnach 39,000 duine faoi dheireadh na bliana 2010 €222 milliún i gcúnamh uathu. B'ionann an meán-chostas de réir poist a cothaíodh agus €5,800.

Tá difear idir an bonn ar a dtomhaistear costas de réir poist agus an bonn a úsáideann Forfás agus is deacair comparáid a dhéanamh dá bhrí sin. Shonraigh Fiontraíocht Éireann go mbeadh an tomhas a d'úsáidfí do Bhoird Fiontar Contae agus Cathrach cosúil le tomhas Fhorfás sna blianta sa todhchaí, rud a d'éascódh aon chomparáid.

Bhí laghdú de bhreis agus 3,800 ar líon na bpost i bhfiontair ar thacaigh Boird Fiontar Contae agus Cathrach leo sa bhliain 2008 agus sa bhliain 2009. Bhí méadú beag de 375 ann sa bhliain 2010. Tá tábhacht na hearnála micreathionscadal ina hullmhacht easpórtála a fhorbairt agus ina hinniúlacht nuálaíochta a thógáil ráite ag Fiontraíocht Éireann.

Tá dúshláin ann fós maidir le tabhairt faoi na moltaí in athbhreithniú a rinneadh i 2003, go háirithe i ndáil leis an ngá le neamhthuilleamaíocht níos mó ag na Boird Fiontar Contae agus Cathrach bunaithe ar chistiú athchúrsála agus i ranníocaíochtaí cliaint a uasmhéadú. Cé gur bhain roinnt Bord Fiontar Contae agus Cathrach rátaí arda tacaíochta athchúrsála amach sa bhliain 2010, níor chomhlíon sé Bhord an íos-sprioc de 30%, ach le himeall beag i gcuid mhaith cásanna.

Tá méideanna de chúnamh in-aisíoctha a aisíocadh le Boird Fiontar Contae agus Cathrach ar fáil chun tacaíochtaí airgeadais sa bhreis a mhaoiniú. B'ionann an méid a coinníodh sa chiste imrothlach ag deireadh 2010 agus €6.5 milliún. Sannadh cuid den chistiú seo do sholáthar cistí meaitseála faoi scéim mhicreachreidmheasa agus d'fhorbairt Ionad Fiontar Contae.

B'ionann an t-ioncam a ghin Boird Fiontar Contae agus Cathrach sa bhliain 2010 chun cur le maoiniú tacaíochtaí fiontar agus inniúlachta agus €1.5 milliún, figiúr a sheasann do ráta ranníocaíochta de thimpeall ar 15%. Tá sé seo ar aon dul, den chuid is mó, leis an ráta ranníocaíochta a baineadh amach an bhliain roimhe sin.

Mar gheall ar an tréimhse ama a chuaigh thart ón measúnú deireanach agus ar an timpeallacht eacnamaíoch athraithe, bheadh sé úsáideach measúnú a dhéanamh ar idirghabhálacha an réimse seo agus ar aon scóip bhreise le haghaidh coigilteas bunaithe ar sheirbhísí comhroinnte nó na struchtúir úsáidte.

Thug Oifigeach Cuntasaíochta na Roinne dá aire go soláthraíonn maireachtáil na 35 Bord Fiontar Contae agus Cathrach scartha dúshláin, go háirithe maidir le seasmhacht an tseachadta seirbhíse, an leithdháilte cistithe, an fhorchostais riaracháin agus an leithdháilte foirne, ag féachaint do spriocanna an Chreata Rialaithe Fostaíochta. Tá an tAire Post, Fiontar agus Nuálaíochta ag coinne le tabhairt chun tosaigh tograí go luath maidir leis an struchtúr amach anseo le haghaidh sholáthar na seirbhísí tacaíochta micreathionscadail a chuirtear ar fáil faoi láthair trí na Boird Fiontar Contae agus Cathrach.

Iarscríbhinn A Tacaíochtaí Airgeadais na mBord Fiontar Contae agus Cathrach 2009 agus 2010

Bord Fiontar Contae agus Cathrach	2009	2010
	€	€
Ceatharlach	441,060	263,315
An Cabhán	179,113	274,397
An Clár	300,616	332,072
Cathair Chorcaí	209,458	339,488
Corcaigh Thuaidh	75,000	69,946
Corcaigh Theas	444,175	400,777
Corcaigh Thiar	244,750	200,893
Dún na nGall	261,508	393,350
Cathair Bhaile Átha Cliath	644,489	750,980
Dún Laoghaire/Ráth an Dúin	595,164	539,188
Fine Gall	392,873	401,193
Gaillimh	455,927	452,054
Ciarraí	428,093	186,744
Cill Dara	133,636	291,608
Cill Chainnigh	363,862	252,228
Laois	146,272	268,702
Liatroim	160,794	196,735
Cathair Luimnigh	240,062	282,368
Contae Luimnigh	293,529	524,493
An Longfort	187,626	241,860
Lú	188,342	249,941
Maigh Eo	243,396	429,409
An Mhí	251,071	228,016
Muineachán	222,083	230,743
Uíbh Fhailí	248,104	250,996
Ros Comáin	356,083	343,335
Sligeach	323,834	280,464
Contae Átha Cliath Theas	483,750	482,520
Tiobraid Árann Thuaidh	273,051	190,164
Tiobraid Árann Theas	218,655	255,218
Cathair Phort Láirge	191,433	332,873
Contae Phort Láirge	225,483	332,955
An Iarmhí	376,428	381,739
Loch Garman	409,594	341,751
Cill Mhantáin	319,292	339,705
Iomlán	**10,528,606**	**11,332,220**
ina gcuimsítear		
Réigiún na Teorann, Lár na Tíre agus an Iarthair	*3,349,510*	*3,993,725*
An Deisceart agus an tOirthear	*7,179,096*	*7,338,495*

Foinse: Ráitis airgeadais iniúchta 2009 agus ráitis airgeadais iniúchta agus dréacht-ráitis airgeadais 2010 na mBord Fiontar Contae agus Cathrach.

Iarscríbhinn B Cineál na gCeaduithe Tacaíochta Airgeadais[a]

Bord Fiontar Contae agus Cathrach	2009		2010	
	Deontais	In-aisíoctha	Deontais	In-aisíoctha
Lú	91%	9%	79%	21%
Cathair Phort Láirge	70%	30%	73%	27%
An Longfort	83%	17%	72%	28%
Contae Phort Láirge	69%	31%	72%	28%
Corcaigh Thuaidh	100%	0%	71%	29%
Corcaigh Thiar	80%	20%	71%	29%
Gaillimh	71%	29%	70%	30%
Liatroim	69%	31%	70%	30%
Ros Comáin	68%	32%	70%	30%
Loch Garman	60%	40%	70%	30%
An Cabhán	70%	30%	69%	31%
Contae Luimnigh	69%	31%	69%	31%
Cill Chainnigh	61%	39%	69%	31%
Cathair Luimnigh	91%	9%	68%	32%
Uíbh Fhailí	68%	32%	68%	32%
Ceatharlach	49%	51%	68%	32%
Laois	73%	27%	67%	33%
Corcaigh Theas	72%	28%	67%	33%
An Iarmhí	66%	34%	66%	34%
Muineachán	64%	36%	66%	34%
An Clár	61%	39%	64%	36%
Cathair Bhaile Átha Cliath	55%	45%	62%	38%
Cill Dara	88%	12%	61%	39%
Sligeach	72%	28%	61%	39%
Tiobraid Árann Thuaidh	49%	51%	61%	39%
Maigh Eo	70%	30%	60%	40%
Dún na nGall	71%	29%	59%	41%
Ciarraí	65%	35%	58%	42%
Cathair Chorcaí	55%	45%	58%	42%
Tiobraid Árann Theas	64%	36%	57%	43%
Cill Mhantáin	39%	61%	56%	44%
An Mhí	59%	41%	55%	45%
Dún Laoghaire/Ráth an Dúin	14%	86%	39%	61%
Fine Gall	44%	56%	24%	76%
Contae Átha Cliath Theas	17%	83%	2%	98%
Foriomlán	**62%**	**38%**	**59%**	**41%**

Foinse: Ráitis airgeadais iniúchta 2009 agus ráitis airgeadais iniúchta agus dréacht-ráitis airgeadais 2010 na mBord Fiontar Contae agus Cathrach.

Nóta: a Leagtar an t-ábhar amach in ord íslitheach maidir le tacaíocht deontais do 2010.

Iarscríbhinn C Caiteachas ar Phríomh-Fheidhmeanna 2009 agus 2010

Bord Fiontar Contae agus Cathrach	2009			2010		
	Tacaíochtaí Airgeadais	Tacaíochtaí Fiontar agus Inniúlachta	Riarachán	Tacaíochtaí Airgeadais	Tacaíochtaí Fiontar agus Inniúlachta	Riarachán
Ceatharlach	35%	33%	32%	29%	33%	38%
An Cabhán	18%	38%	44%	30%	28%	42%
An Clár	31%	35%	34%	37%	31%	32%
Cathair Chorcaí	23%	34%	43%	35%	27%	38%
Corcaigh Thuaidh	13%	44%	43%	15%	48%	37%
Corcaigh Theas	33%	34%	33%	32%	37%	31%
Corcaigh Thiar	26%	35%	39%	25%	35%	40%
Dún na nGall	22%	50%	28%	36%	33%	31%
Cathair Bhaile Átha Cliath	33%	42%	25%	41%	34%	25%
Dún Laoghaire	33%	39%	28%	35%	35%	30%
Fine Gall	26%	47%	27%	31%	41%	28%
Gaillimh	44%	27%	29%	49%	20%	31%
Ciarraí	34%	34%	32%	17%	46%	37%
Cill Dara	15%	44%	41%	32%	31%	37%
Cill Chainnigh	34%	31%	35%	31%	29%	40%
Laois	19%	36%	45%	35%	28%	37%
Liatroim	19%	34%	47%	26%	28%	46%
Cathair Luimnigh	26%	33%	41%	34%	21%	45%
Luimneach	29%	37%	34%	48%	22%	30%
An Longfort	24%	28%	48%	35%	25%	40%
Lú	17%	36%	47%	26%	28%	46%
Maigh Eo	30%	33%	37%	48%	23%	29%
An Mhí	25%	36%	39%	25%	30%	45%
Muineachán	21%	32%	47%	31%	24%	45%
Uíbh Fhailí	28%	31%	41%	31%	26%	43%
Ros Comáin	38%	27%	35%	43%	24%	33%
Sligeach	33%	28%	39%	32%	28%	40%
Contae Átha Cliath Theas	39%	29%	32%	43%	25%	32%
Tiobraid Árann Thuaidh	29%	31%	40%	26%	29%	45%
Tiobraid Árann Theas	24%	32%	44%	31%	27%	42%
Cathair Phort Láirge	23%	35%	42%	38%	33%	29%
Port Láirge	30%	32%	38%	42%	24%	34%
An Iarmhí	34%	28%	38%	36%	29%	35%
Loch Garman	34%	32%	34%	36%	33%	31%
Cill Mhantáin	30%	32%	38%	31%	34%	35%
Foriomlán	28%	35%	37%	34%	30%	36%

Foinse: Ráitis airgeadais iniúchta 2009 agus ráitis airgeadais iniúchta agus dréacht-ráitis airgeadais 2010 na mBord Fiontar Contae agus Cathrach.

Iarscríbhinn D Meán-Chostas de réir Poist – Fiontair a dtacaíonn Boird Fiontar Contae agus Cathrach leo

Bord Fiontar Contae agus Cathrach	Tacaíocht Airgeadais 1993 go 2010	Líon na bhFiontar ar Tugadh Cúnamh dóibh	Poist Chomhlána	Meán-Chostas de réir Poist
	€			€
Liatroim	5,039,571	246	467	10,791
Cathair Phort Láirge	6,466,144	257	671.5	9,629
Tiobraid Árann Thuaidh	4,403,589	155	491.5	8,959
Contae Átha Cliath Theas	8,958,842	311	1,155.5	7,753
Ros Comáin	5,945,892	190	773.5	7,687
Contae Phort Láirge	5,178,087	225	690	7,504
Laois	5,597,912	186	753.5	7,429
Uíbh Fhailí	5,761,473	264	789	7,302
Cill Chainnigh	6,500,869	416	945.5	6,876
Dún Laoghaire/Ráth an Dúin	8,800,225	425	1,280	6,875
Contae Luimnigh	7,150,894	265	1,046.5	6,833
Sligeach	6,416,995	359	940	6,827
Corcaigh Thiar	5,269,655	182	802	6,571
Cill Mhantáin	6,576,593	229	1,025.5	6,413
Fine Gall	7,812,565	374	1,307.5	5,975
Cathair Luimnigh	4,926,561	177	825.5	5,968
Cathair Chorcaí	5,364,437	176	906	5,921
Loch Garman	8,180,343	306	1,390	5,885
Corcaigh Theas	6,410,427	216	1,089.5	5,884
Cathair Bhaile Átha Cliath	12,660,042	905	2,230	5,677
An Mhí	4,910,388	195	883	5,561
Maigh Eo	7,380,156	373	1,348.5	5,473
Tiobraid Árann Theas	5,264,192	255	1,044.5	5,040
An Cabhán	6,292,459	252	1,270	4,955
Cill Dara	5,329,438	166	1,081	4,930
Ceatharlach	6,130,000	224	1,244.5	4,926
An Longfort	4,810,425	305	986.5	4,876
Lú	5,222,836	321	1,081.5	4,829
Corcaigh Thuaidh	2,197,339	75	461	4,766
An Iarmhí	6,101,903	370	1,286	4,745
Muineachán	4,945,024	211	1,112.5	4,445
Dún na nGall	8,620,453	305	1,981	4,352
Gaillimh	8,937,239	983	2,131	4,194
Ciarraí	7,053,727	611	1,713	4,118
An Clár	5,986,902	410	1,468.5	4,077
Iomlán	**222,603,597**	**10,920**	**38,672**	**5,756**

Foinse: Fiontraíocht Éireann

Caibidil 30

An Clár Caipitil Spóirt

Vóta 35 Turasóireachta, Cultúir agus Spóirt

An Clár Caipitil Spóirt

30.1 Maoiníonn an Clár Caipitil Spóirt (CCS), atá á riar ag an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt (an Roinn), tógáil nó feabhsú na sócmhainní a bhaineann le spórt, chomh maith le ceannach an trealaimh neamhphearsanta spóirt a bheidh úsáideach ar feadh cúig bliana ar a laghad[264]. Páirt-mhaoiníonn an Crannchur Náisiúnta an CCS.

30.2 Soláthraíonn an CCS cúnamh do Chomhlachtaí Rialaithe Náisiúnta (CRNSanna) Spóirt, d'eagraíochtaí deonacha agus pobail, do chlubanna spóirt, d'institiúidí tríú leibhéal, do scoileanna, d'údaráis áitiúla agus do Choistí Gairmoideachais. Tugtar níos mó ná 90% de na deontais a leithdháiltear faoin CCS do thionscadail a bhaineann le hoibreacha caipitil. Riarann Aonad Caipiteal Spóirt sa Roinn an CCS. Sa tréimhse 12 bliain, 1999 go 2010, íocadh €599 milliún faoin gclár[265].

30.3 Ba é cleachtas thar bhlianta gur leithdháil an Roinn cistí i rith na bliana trí phróiseas iarratais ar dheontas agus go ndearna sí leithdháiltí breise as coigiltí ag deireadh na bliana lasmuigh den ghnáthphróiseas iarratais agus leithdháilte, ach laistigh de théarmaí agus choinníollacha an CCS. Mar shampla, sa bhliain 2006, leithdháileadh sna Meastacháin €67.7 milliún don chlár. Tar éis próiseas iarratais ar dheontas, leithdháileadh €53.7 milliún i mí an Mheithimh agus leithdháileadh €21.3 milliún breise i mí Iúil 2006. I mí na Samhna 2006, tar éis breithniú a dhéanamh ar íocaíochtaí a rinneadh agus a réamh-mheasadh a tharlódh roimh dheireadh na bliana, shainaithin an Roinn €13-14 milliún a bhí ar fáil le haghaidh dáilte trí leithdháileadh dheireadh na bliana.

Béim na Caibidle

Leagtar amach sa chaibidil seo na himthosca a raibh ina gcúis le híocaíochtaí áirithe a rinneadh do Chumann Cispheile na hÉireann nár cuireadh i bhfeidhm chun na críche a bhí beartaithe.

Déantar léirmheas sa chaibidil seo ar fheidhmiú an chórais iniúchta ar an gClár Caipitil Spóirt freisin.

---

264 Ní mhaoiníonn an clár deontais le haghaidh suíomhanna, áitreabh ná, suas go dtí an bhliain 2009, trealamh pearsanta amhail maingíní spóirt, bróga, raicéid/slacáin ná éadaí cosanta, a cheannach

265 Tiomnaíodh deontais dar luach €77 milliún do thionscadail ach níor íocadh iad faoi mhí na Nollag 2010. Aistarraingíodh deontais de €27 milliún mar ní dheachaigh tionscadail ar aghaidh nó níor chomhlíon siad critéir dheontais.

Coinníollacha na nDeontas Caipitil Spóirt

Luaitear i dtéarmaí agus coinníollacha an CCS go ndéantar íocaíocht deontais ar bhonn chur isteach na sonrasc bunaidh, íoctha, bailí nó na dteastas íocaíochta (atá deimhnithe ag ailtire nó innealtóir) amháin.

Braitheann an leibhéal maoinithe ón CCS ar cibé acu atá an tsaoráid spóirt nó an tsaoráid áineasa coirp atá molta rangaithe mar shaoráid áitiúil, réigiúnach nó náisiúnta agus cibé acu a bheidh sí suite i gceantar faoi mhíbhuntáiste. Sa chás go bhfuil an tsaoráid rangaithe mar shaoráid áitiúil, d'fhéadfadh an CCS suas le 70% de chostas incháilithe an tionscadail a mhaoiniú. Mar sin féin, i gceantair faoi mhíbhuntáiste, d'fhéadfadh an ráta deontais a bheith suas le 90%. I gcás tionscadail réigiúnacha nó náisiúnta, braitheann leibhéil mhaoinithe ar scála na saoráidí atá molta.

I measc eochairthéarmaí agus choinníollacha dheontais an CCS tá

- cur isteach trí luachan nó trí thairiscint ar a laghad do gach gné de na hoibreacha atá á maoiniú
- soláthar an imréitigh bhailí chánach nó theastais C2 d'aon chonraitheoir/ nó soláthróir a sholáthraíonn earraí nó seirbhísí a bhfuil luach os cionn €10,000 orthu don tionscadal deontaschúnta[a]
- comhaontú ar dhearbhú a shíniú go gcosnófar leas airgeadais na Roinne sa tsaoráid nó sa trealamh agus go n-aisíocfar an deontas sa chás go stadann an tsaoráid de bheith ag oibriú nó sa chás go n-athraíonn a húsáid[b].

Luaitear i ngach litir leithdháilte deontais shealadaigh *"Má fhaightear amach gur chuir tú isteach doiciméadú bréige nó calaoiseach nó go bhfuil tú ag cur na Roinne amú ar bhealach ar bith, aistarraingeoidh muid an deontas agus coiscfidh muid thú óna bheith ag cur isteach ar mhaoiniú amach anseo. Forchoimeádann muid, an Roinn Ealaíon, Spóirt agus Turasóireachta, an ceart chun caingean dlí a ghlacadh má úsáideann tú calaois chun íocaíochtaí deontais a éileamh, lena n-áirítear aon deontais bhreise ón Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta"*.

Nótaí: a Déantar athbhreithniú ar thairseacha go tréimhsiúil. Is í seo an tairseach atá i bhfeidhm do leithdháiltí an CCS i 2008.

b Sa chás gurb ionann an deontas agus €10,000 nó níos mó, ba chóir an dearbhú a bheith fianaithe ag Coimisinéir Síochána, ag Coimisinéir Mionnaí nó ag aturnae.

Deontais d'Fhonsaí Cispheile

30.4 Is é Cumann Cispheile na hÉireann an comhlacht rialaithe náisiúnta do chispheil in Éirinn. Sa tréimhse 1999-2006, fuair sé €1.8 milliún ón CCS le haghaidh tionscadail a dtugtar an Clár Fonsaí Pobail air.

30.5 Cuireadh an Clár Fonsaí Pobail ar bun chun imirt na cispheile a spreagadh. Ba é a bhí i gceist leis suiteáil na bhfonsaí cispheile ag saoráidí i bpobail áitiúla. Bhí Cumann Cispheile na hÉireann le bheith freagrach as an trealamh a fháil agus bhí an faighteoir deiridh le bheith freagrach as a shuiteáil[266].

[266] Luaitear i leabhrán Fhonsaí Pobail Chumann Cispheile na hÉireann (dar dáta mí Deireadh Fómhair 1998) atá coinnithe i gcomhaid na Roinne go bhfuil an t-iarratasóir freagrach as an gcostas suiteála. Go praiticiúil, áirítear suiteáil mar chostas de chuid Chumann Cispheile na hÉireann in iarratais deontais agus i sonraisc a chuir Cumann Cispheile na hÉireann isteach i 2004 agus i mblianta ina dhiaidh sin chun deontais an CCS a tharraingt anuas. Ní dhoiciméadaítear i gcomhaid na Roinne an chúis a bhí leis an gcur chuige athraithe.

30.6 D'fhonn a chinntiú gur comhlíonadh gach coinníoll deontais, déanann Aonad Airgeadais na Roinne iniúchtaí ar shampla d'íocaíochtaí in aghaidh na bliana. Tar éis na n-iniúchtaí, cuireann an tAonad Airgeadais tuarascáil bhliantúil iniúchta caipitil faoi bhráid an Aonaid Chaipiteal Spóirt le haghaidh aon iarghnímh chuí.

30.7 I 2008, áiríodh sa sampla deontas de €300,000 a rinneadh do Chumann Cispheile na hÉireann i mí na Nollag 2006. Tugadh faoi deara i dtuarascáil Aonad Airgeadais na Roinne nár ceannaíodh an trealamh ar soláthraíodh an cúnamh dó agus nach ndearnadh aon íocaíochtaí do sholáthróirí faoi mhí Aibreáin 2009.

Gníomhartha na Roinne

30.8 Go luath sa bhliain 2008, cheistigh an tAonad Airgeadais cad chuige nár ceannaíodh ná nár suiteáladh ceann ar bith de na fonsaí ar bronnadh an deontas de €300,000 dóibh.

30.9 I gcomhfhreagras i mí Aibreáin 2008, mhaígh Cumann Cispheile na hÉireann gur úsáideadh gach deontas an CCS ar fhonsaí pobail roimh an mbliain 2006 i gcomhréir leis na hiarratais agus leis na suíomh-liostaí a soláthraíodh don Roinn. Mar sin féin, chuir Cumann Cispheile na hÉireann in iúl don Aonad Airgeadais i mí Dheireadh Fómhair 2008 go raibh cleachtadh ar siúl chun suíomhanna a bhunú do na fonsaí i ndáil le deontas 2006 agus nach raibh tuarascáil ar shuíomhanna dlite le cur faoi bhráid Bhord Chumann Cispheile na hÉireann go mí na Samhna 2008.

30.10 I mí Aibreáin 2009, chuir Cumann Cispheile na hÉireann in iúl don Aonad Airgeadais, mar gheall ar chiorruithe, nach mbeadh aon suiteáil fonsaí i 2009 agus nach raibh aon suiteálacha sceidealaithe don bhliain 2010

30.11 Moladh i dtuarascáil deiridh an Aonaid Airgeadais a eisíodh i mí Mheán Fómhair 2010 go measfadh an tAonad Caipiteal Spóirt gnóthú an airgid a íocadh le Cumann Cispheile na hÉireann uaidh i 2006 faoin gClár Fonsaí Pobail.

30.12 Faoi mhí Dheireadh Fómhair 2009, thug Aonad Iniúchta Inmheánaigh na Roinne, a chuir tuarascáil i gcrích ar an ábhar mar chuid d'Iniúchadh Inmheánach ar Chlár Caipitil Spóirt na bliana 2008[267], faoi deara gur tugadh an rogha do Chumann Cispheile na hÉireann i mí Mheán Fómhair 2009 chun an obair a chríochnú laistigh de thrí mhí nó an leithdháileadh iomlán a thabhairt ar ais don Roinn. Tugadh faoi deara sa tuarascáil freisin go raibh gach leithdháileadh ar an gClár Fonsaí Pobail á n-imscrúdú.

30.13 I mí na Nollag 2009, d'iarr Oifigeach Cuntasaíochta na Roinne tuarascáil ó Aonad Iniúchta Inmheánaigh na Roinne ar gach airgead a íocadh le Cumann Cispheile na hÉireann faoin CCS. Rinne an tAonad Iniúchta Inmheánaigh athbhreithniú ar chomhaid na Roinne agus Chumann Cispheile na hÉireann.

---

[267] Ba é cuspóir na tuarascála leordhóthanacht agus éifeachtacht na rialuithe reatha maidir le hoibriú Chlár 2008 a mheas agus feabhsuithe féideartha ar na rialuithe reatha agus éifeachtacht an Chláir maidir lena chuid cuspóirí a chomhlíonadh a shainaithint. D'ainneoin an deontais a íocadh le Cumann Cispheile na hÉireann faoi Chlár 2008 d'obair nár tosaíodh go fóill, luadh sástacht sa tuarascáil go raibh creat éifeachtúil i bhfeidhm le haghaidh CCS 2008 a bhainistiú ar bhealach a bhí comhsheasmhach le cuspóirí straitéiseacha.

Torthaí an Athbhreithnithe Iniúchta Inmheánaigh

30.14 Tugadh an méid seo a leanas faoi deara i ndréacht-tuarascáil[268] an Aonaid Iniúchta Inmheánaigh

- Measadh gurbh ionann caiteachas ag Cumann Cispheile na hÉireann ar mharsantacht fonsaí ó 2004 go 2010 agus €113,700 (is é seo 10% de dheontais a fuarthas chun na críche sin sa tréimhse). Cé gur léirigh córas cuntasaíochta Chumann Cispheile na hÉireann gur caitheadh méid iomlán de €285,112 ar an gClár Fonsaí Pobail, áiríodh sa tsuim sin caiteachas ar phá agus costais athbhrandála sa tréimhse 2004-2010[269].
- Measadh gurbh ionann líon na n-aonad a ceannaíodh ar feadh ré iomlán an Chláir Fonsaí Pobail agus 345 aonad ag costas de thart ar €255,000. Sholáthair an CCS maoiniú de €1.8 milliún chun 1,720 aonad a cheannach[270].
- Fuarthas amach sa dréacht-tuarascáil gur úsáideadh deontais a fuarthas agus nár caitheadh ar fhonsaí chun tacú le cláir forbartha eile agus, go háirithe, clár forbartha réigiúnaí Chumann Cispheile na hÉireann.

30.15 Sainaithníodh sa dréacht-tuarascáil laigí réamhíocaíochta bailíochtaithe ar thaobh an Aonaid Chaipiteal Spóirt freisin. Fuarthas amach inti go raibh monatóireacht na dtionscadal ag an Aonad Caipiteal Spóirt faillíoch maidir le gan tuarascálacha rialta ar dhul chun cinn a fháil[271].

30.16 Ní dhearnadh aon iarratas ar dheontas le haghaidh leithdháiltí i mí na Nollag 2005 agus i mí na Nollag 2006 (€800,000 san iomlán) mar gur leithdháiltí dheireadh na bliana iad[272]. Íocadh na leithdháiltí deontais seo ag ráta de 100% de luach na sonrasc a cuireadh isteach suas le leibhéal uasta an deontais.

Suíochánra ag an Láthair Náisiúnta Chispheile

30.17 Leithdháileann an Chomhairle Spóirt maoiniú freisin chun tacú le hobair na CRNSanna, lena n-áirítear Cumann Cispheile na hÉireann. Soláthraítear deontais do chaiteachas athfhillteach agus do chláir ar leith amhail Mná sa Spórt.

30.18 Amhail an 31 Nollaig 2008 léiríodh easnamh cistí de €1 milliún i gclár comhardaithe Chumann Cispheile na hÉireann. B'ionann a ioncam don bhliain sin agus €2.3 milliún.

30.19 I mí Iúil 2009, d'iarr an Chomhairle Spóirt ar a hIniúchóirí Inmheánacha athbhreithniú a dhéanamh ar ghnéithe de shocruithe rialaithe airgeadais laistigh de Chumann Cispheile na hÉireann chun dearbhú a sholáthar maidir le folláine Chumann Cispheile na hÉireann chun na cistí poiblí a raibh freagracht ar an gComhairle Spóirt astu a láimhseáil.

---

268 Soláthraíodh dréacht-tuarascáil do Chumann Cispheile na hÉireann ar 23 Feabhra 2011 tar éis athbhreithnithe ag Oifig an Ard-Aighne. Cuireadh cóip den dréacht-tuarascáil ar aghaidh chuig an nGarda Síochána. Thug Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste na saincheisteanna a d'eascair as Cumann Cispheile na hÉireann faoi deara den chéad uair le linn an iniúchta ar Chuntas Leithghabhála na Roinne i 2009. Ghéill Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste d'iarratas na Roinne ar thuairisciú ar na saincheisteanna a chur siar go dtí go bhfaigheadh sí an dréacht-Tuarascáil Iniúchta Inmheánaigh.

269 Níl an réimse caiteachais (an deighilt idir pá agus trealamh) inaitheanta don tréimhse 1999 go 2002.

270 I ndáil le roinnt blianta, áiríodh costas do shuiteáil sna foirmeacha iarratais.

271 Dúirt an tOifigeach Cuntasaíochta gur lorg an Roinn tuarascálacha ar dhul chun cinn agus gur sholáthair Cumann Cispheile na hÉireann tuarascáil ar dhul chun cinn i 2004.

272 Níl aon fhoirm iarratais ar dheontas do leithdháiltí deontais dheireadh na bliana.

30.20 I dtuarascáil i mí na Samhna 2009, thug Iniúchóirí Inmheánacha na Comhairle Spóirt faoi deara gur íoc an Roinn deontas caipitil €400,000 le Cumann Cispheile na hÉireann sa bhliain 2007 do shuíochánra sa Láthair Náisiúnta Chispheile (cuideachta ghaolmhar de chuid Chumann Cispheile na hÉireann). Cé go ndearnadh an deontas caipitil seo de €400,000, chruinnigh Cumann Cispheile na hÉireann maoiniú freisin trí chomhaontú fruilcheannaigh do na sócmhainní céanna i 2008.

Tuairimí an Oifigigh Chuntasaíochta

30.21 Dúirt an tOifigeach Cuntasaíochta gur thacaigh dearbhuithe sínithe leis na sonraisc a fuarthas ó Chumann Cispheile na hÉireann, rudaí inar luadh go gcoinneofaí an trealamh arna maoinithe ag na deontais Chaipitil Spóirt in úsáid spóirt ar feadh líon sonraithe blianta. D'athraigh líon na mblianta a bhí clúdaithe ag na dearbhuithe seo le haghaidh trealaimh a ceannaíodh ó 25 bliain go cúig bliana trí bhabhtaí éagsúla an CCS.

30.22 Dúirt an tOifigeach Cuntasaíochta, cé go raibh an easpa iniúchta ar an talamh ina toisc rannpháirteach maidir le ligean do Chumann Cispheile na hÉireann maoiniú a tharraingt anuas arís agus arís eile gan na fonsaí a cheannach, gur ghníomhaigh an Roinn chun an baol go dtarlóidh cásanna den sórt sin arís a laghdú. Ó mhí na Nollag 2010, d'fhonn aon leithdháileadh faoin CCS a tharraingt anuas, ní mór do gach deontaí cloí le nósanna imeachta athbhreithnithe, lena n-áirítear

- Ní mór sonraisc a bhaineann leis an gcaiteachas a chur ar aghaidh leis an litir mhínithe. Ba cheart go bhfolódh siad seo cur síos cuimsitheach ar an trealamh a ceannaíodh nó ar na hoibreacha a rinneadh, rud a ligfidh don Aonad Caipiteal Spóirt measúnú a dhéanamh ar bhailíocht agus oiriúnacht an chaiteachais araon.
- Litir shínithe mhínithe ar pháipéar ceannteidil an deontaí ina ndeimhnítear gur íocadh sonraisc a bhaineann siad leis na hoibreacha caipitil nó a caitheadh ar cheannach an trealaimh a bhaineann go díreach leis an gcuspóir ar leithdháileadh an deontas dó.
- Ní mór don deontaí, leis an litir mhínithe, cóipeanna de Ráitis Bhainc a chur ar aghaidh, rudaí ina léirítear go soiléir na híocaíochtaí i leith na sonrasc a cuireadh isteach ag fágáil chuntas bainc na heagraíochta

30.23 Iarradh ar gach CRNS a fuair deontais trealaimh de €50,000 nó níos mó ó 2005 i leith dearbhú ina luaitear gur úsáideadh na cistí chun na críche a raibh siad leithdháilte di a líonadh amach agus tuarascáil ar dhul chun cinn a sholáthar maidir leis an méid a lig an deontas don spórt a bhaint amach. Cuireadh in iúl do na CRNSanna go gcuirfí loiceadh an fhaisnéis seo a sholáthar san áireamh nuair a bheidh maoiniú amach anseo á mheas.

30.24 Dúirt an tOifigeach Cuntasaíochta go measfadh an Roinn cé na bearta ba cheart a dhéanamh chun aon mhaoiniú a ndearnadh mí-leithghabháil orthu a aisghabháil agus cé na smachtbhannaí, más ann, ba cheart a fhorchur.

30.25 Maidir leis an gclár iniúchta, dúirt an tOifigeach Cuntasaíochta gurbh í conclúid fhoriomlán an Aonaid Chaipiteal Spóirt gur cheart go bhfolódh an clár tionscadail atá bunaithe ar riosca chomh maith leis an tsampláil randamach. I dtaca leis seo, shainaithin an rannán go raibh deontais mhórscála trealaimh (€50,000 nó níos mó) go háirithe fadhbach. I gcomparáid le tionscadail tógála a bhfuil cosaintí amhail litreacha ó mhaoirseoirí teicniúla acu, tá sé soiléir nach bhfuil deimhniú Oifig na nOibreacha Poiblí ar shonraisc ná muirir dhlíthiúla ar thailte, ná sraith cosaintí comhfhreagracha indéanta do dheontais trealaimh.

30.26 Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta in iúl dom, maidir leis an socrú fruilcheannaigh a ndeachaigh Cumann Cispheile na hÉireann ann chun costas an tsuíochánra a chomhlíonadh, go bhfuil gach leithdháileadh ar an Láthair Náisiúnta Chispheile urraithe go dlíthiúil trí ghníomhas cúnaint agus trí mhuirear atá curtha ar thalamh na láithreach. Ceannaíodh na suíocháin a bhí maoinithe ag an deontas i 2006 agus shínigh comhairleoir teicniúil Chumann Cispheile na hÉireann agus maoirseoir teicniúil na Roinne (ailtire le hOifig na nOibreacha Poiblí) an tsuiteáil amach. Is ionann an fhíric go bhfuair Cumann Cispheile na hÉireann maoiniú ar iasacht agus ábhar inmheánach don eagraíocht sin.

Conclúid – Deontais do Chumann Cispheile na hÉireann

Fuair Cumann Cispheile na hÉireann €1.8 milliún i ndeontais ón gClár Caipitil Spóirt don Chlár Fonsaí Pobail ach measadh nár cuireadh i bhfeidhm ach 20% den trealamh ar soláthraíodh deontais dó. Is riachtanas bunúsach cuntasachta poiblí go gcuirtear cistí i bhfeidhm chun na gcríoch a bhí beartaithe.

Bhí teip fhada maidir leis an bhfíric a bhrath nach raibh cuid shuntasach de na deontais a íocadh á húsáid chun na gcríoch a bhí beartaithe. Chuir an easpa iniúchta ar an talamh ar shaoráidí an Chláir Fonsaí Pobail go dtí an bhliain 2008 leis seo.

D'fhág an soláthar maoinithe trí leithdháiltí dheireadh na bliana gur diúltaíodh rialuithe a d'oibreodh mar chuid den phróiseas iarratais ar dheontas de ghnáth. Tugann an cleachtas um dheontais shuntasacha a bronnadh go déanach sa bhliain, i gcúinsí nach mór an deontas a chaitheamh faoi dheireadh na bliana iontu, baol isteach go bhféadfadh teorainneacha ama anailís an doiciméadaithe atá curtha isteach a laghdú.

Cé gur cosnaíodh leas airgeadais an Stáit trí mhuirear ar thalamh i gcás deontas caipitil de €400,000, seans go mbeidh fiúntas, i gcás chunámh ábhartha an Stáit, ag gabháil le haon iasacht a úsáideann sócmhainní deontaschúnta mar chomhthaobhacht a sholáthar le haghaidh cheadú na Roinne.

Ba cheart go maolódh nósanna imeachta nua atá á gcur i bhfeidhm ag an Roinn, lena n-áirítear an cur chuige riosca-bhunaithe ar thionscadail a shampláil le haghaidh athbhreithnithe faoin gClár Iniúchta Caipitil, an riosca nach gcuirfí na deontais i bhfeidhm chun na gcríoch a bhí beartaithe. Ina theannta sin, cuirfidh riachtanais nua a d'eisigh an Roinn Airgeadais i mí na Nollag 2010, a éilíonn ar dheontaithe deontais agus deontais i gcabhair a nochtadh ina ráitis airgeadais, feabhas ar thrédhearcacht na ndeontas atá á n-íoc ag an Roinn.

Iniúchtaí ar an gClár Caipitil Spóirt

30.27 Taobh amuigh de na nithe a tugadh faoi deara i leith Chumann Cispheile na hÉireann, tháinig saincheisteanna eile neamhchomhlíonta chun solais le linn na n-iniúchtaí a rinne an tAonad Airgeadais i 2010 freisin. Rinne siad seo athbhreithniú ar níos mó ná 80 íocaíocht deontais.

30.28 Bhí seacht gcás inar chinn an t-iniúchadh nár thacaigh an doiciméadú a úsáideadh chun an deontas a tharraingt anuas leis an éileamh. I gceithre cinn de na cásanna seo, ní raibh an sonrasc, ná doiciméadú a raibh ceaptha a bheith ina shonrasc, íoctha ag an deontaí. I dtrí chás, ní raibh an méid iomlán a sonrascadh íoctha ag na héilitheoirí nó bhí aisíocaíochtaí faighte acu ó sholáthróirí, tar éis díospóidí a réiteach.

30.29 Bhí trí cinn de na seacht gcás fós faoi bhreithniú ag an Roinn. De na ceithre cinn eile, níor lorgadh aon aisíocaíocht in dhá chás mar go raibh an Roinn sásta gur chaith an club an cúnamh deontais ar an tionscadal caipitil spóirt a bhí ceadaithe. Sa dá chás eile, lorgadh páirt-aisíocaíocht nó bhí páirt-aisíocaíocht á moladh. I ngach ceann de na ceithre chás, forchuireadh nó moladh cosc sealadach ar iarratais bhreise.

30.30 Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta in iúl dom gur tuairiscíodh dhá chás don Gharda Síochána mar thoradh ar na hiniúchtaí a rinneadh i 2008 agus i 2009. Níor tuairiscíodh ceann ar bith de thorthaí iniúchta 2010 go dtí seo, ach tá doiciméadú á ullmhú don Gharda Síochána i ndáil le dhá cheann de na deontaithe, agus táthar ag súil go gcuirfear cásanna eile ar aghaidh chuig an nGarda Síochána freisin.

Conclúid – Iniúchtaí ar an gClár Caipitil Spóirt

Cé gur éirigh leis an gcóras iniúchta maidir le híocaíochtaí neamhrialta áirithe a shainaithint, tá sé tábhachtach go gcíortar easnaimh a fuarthas i rith iniúchtaí ar bhealach atá tráthúil agus éifeachtach. Ba cheart go dtuairisceofaí easnaimh go pras don Oifigeach Cuntasaíochta, don Aonad Iniúchta Inmheánaigh agus don Choiste Iniúchta.

Tugann an t-eispéireas sna cásanna atá leagtha amach le tuiscint nach bhfuil an Roinn ag cur i bhfeidhm na dtéarmaí agus na gcoinníollacha faoina n-íoctar deontais go docht sa mhéid nach ndícháilíonn sí iarratais i gcónaí i gcásanna ina measann sí gur cuireadh isteach doiciméadú bréagach nó míthreorach le rún daingean chun tacú le tarraingt anuas deontais.

Conclúid

Is cosúil nár cuireadh cuid mhór de dheontais an CCS don Chlár Fonsaí Pobail a soláthraíodh do Chumann Cispheile na hÉireann thar an tréimhse 1999 go 2006 i bhfeidhm chun na gcríoch a bhí beartaithe.

Níos ginearálta, léiríonn méid na saincheisteanna a d'eascair as iniúchtaí go bhfuil gá leis an bhfianaise shubstainteach a sholáthraítear ag céim tarraingthe anuas deontais a theannadh.

Ba cheart go gcuideodh riachtanas a bhfuil feidhm aige ó mhí na Nollag 2010, is é sin nach mór do dheontaithe ráitis bhainc ina léirítear íocaíochtaí do sholáthróirí roimh tharraingt anuas, le dul i ngleic leis an gcuid is mó d'fhadhbanna a tugadh faoi deara.

Caibidil 31

Campas Náisiúnta Spóirt

Vóta 35 Turasóireachta, Cultúir agus Spóirt

Campas Náisiúnta Spóirt

31.1 In 2000, tar éis staidéar féidearthachta a dhéanamh, cheadaigh an Rialtas Staidiam Náisiúnta a fhorbairt a bheadh mar chuid lárnach den Champas Náisiúnta Spóirt i mBaile an Aba, Co. Bhaile Átha Cliath. Ar dtús, bunaíodh an chuideachta – *Campus and Stadium Ireland Development Company Limited (CSID)* – chun an fhorbairt a bhainistiú agus tar éis reachtaíochta bunaíodh Údarás Forbartha an Champais Náisiúnta Spóirt in Eanáir 2007.

31.2 Is í an eisíocaíocht iomlán maidir leis an tionscadal go dtí seo ná €119.4 milliún. Tá comhshuíomh na heisíocaíochta seo leagtha amach i bhFíor 147.

Fíor 147 Eisíocaíocht maidir leis an gCampas Spóirt

Mír Costais	**Eisíocaíocht go dtí 31 Nollaig 2010**
	€m
An tIonad Náisiúnta Uisce [a]	74.0
Forbairt an Champais	
Infreastruchtúr agus Príomhphleanáil	6.6
Fo-chostais forbartha[b]	10.2
Táillí gairmiúla agus Costais Dlí [c]	13.2
Deontais chuig an Ionad Náisiúnta Uisce[d]	7.8
Riarachán	7.6
Eisíocaíocht Iomlán go dtí 31 Nollaig 2010	**119.4**

Nótaí:
a Costas tógála agus oibreacha ina dhiaidh sin €73.4 milliún san áireamh.
b Baineann na fo-chostais forbartha le cóiríocht riaracháin don Údarás, d'Institiúid Spóirt na hÉireann, do Chumann Peile na hÉireann agus do Chomhlachtaí Náisiúnta Rialaithe Spóirt ag suíomh Bhaile an Aba.
c San áireamh leis na Táillí Gairmiúla agus na Costais Dlí tá caiteachas €4.6 milliún i dtáillí dlí agus i gcostais glanta, seirbhísí feidhmeannacha €3.6 milliún agus bainistiú tionscadail €1.7 milliún.
d In 2006, bhunaigh CSID fochuideachta chun an tIonad Náisiúnta Uisce a oibriú nuair a ghéill an t-oibritheoir príobháideach, Dublin Waterworld Limited, léas an Ionaid, a bhí i mbun oibrithe air suas go dtí sin. Tugadh *NSCDA (Operations) Limited* ar an gcuideachta nuair a bunaíodh an tÚdarás faoin reacht in 2007. Mar a cheadaíonn an tAire, faigheann an fo-chuideachta ranníocaíocht bhliantúil ón Údarás do na costais oibrithe. Fuair sé €0.9 milliún i ndeontais chapitil in 2007 chun clár athchóirithe agus cothabhála ag an Ionad a mhaoiniú tar éis athshealbhaithe.

31.3 Mhaoinigh deontais an Státchiste na heisíocaíochtaí seo de €118 milliún chomh maith leis an ioncam acmhainní de €2 milliún a fuarthas den chuid is mó ó chíos na cóiríochta riaracháin chuig an FAI. Is í foinse shonrach na gcistí Státchiste ná deontais a muirearadh chuig an Vóta ar dtús do Roinn an Taoisigh agus ó 2001 chuig an Vóta don Roinn Turasóireachta, Cultúir agus Spóirt (an Roinn).

31.4 I mí Iúil 2000, tháinig an Rialtas ar chomhaontú maidir le hIonad Uisce agus Fóillíochta a fhorbairt ag suíomh Bhaile an Aba agus tugadh an fhreagracht maidir le soláthar an Ionaid a fháil do CSID. D'oscail an tIonad Náisiúnta Uisce (NAC) in 2003 ar chostas €73.4 milliún le CBL san áireamh.

31.5 Ar dtús in 2001, tugadh faoi chomórtas chun an staidiam beartaithe agus saoráidí spóirt eile a dhearadh, a thógáil, a mhaoiniú, a oibriú agus a chothabháil. Níor cuireadh an comórtas i gcrích é tar éis cinneadh an Rialtais athbhreithniú neamhspleách ar an tionscadal a choimisiniú chun a chostas deiridh a fháil don Státchiste. Cheap an Roinn sainchomhairleoirí agus thuariscigh said i ndeireadh 2001 ag tabhairt meastachán de €479 milliún ar chostas an tionscadail (praghsanna ag lár 2001). Mar fhreagra ar an tuarascáil, thuairiscigh an CSID go bhféadfaí an tionscadal a thabhairt chun críche ar ghlaninfheistíocht Státchiste de €444 milliún.

31.6 In Eanáir 2004, chinn an Rialtas €190 milliún a chur ar fáil thar thréimhse cúig bliana i dtreo athfhorbairt staidiam Bhóthar Lansdún, an suíomh a bhí ann cheana féin do chluichí rugbaí agus sacair idirnáisiúnta. Chinn sé freisin dul ar aghaidh le forbairt chéimnithe champas spóirt ag Baile an Aba agus d'iarr sé ar CSID clár forbartha céimnithe a chur le chéile, cás gnó gaolmhar agus buiséid bhliantúla a bheadh in ann míreanna comhpháirte de thionscadal an champais a sheachadadh.

31.7 Tar éis dul i gcomhchomhairle le comhlachtaí spóirt éagsúla agus geallsealbhóirí eile, chuir an CSID plean rialaithe forbartha[273] le chéile i nDeireadh Fómhair 2004. Sa phlean, leagadh amach moltaí d'fhorbairt chéimnithe an champais spóirt agus sa phlean tugadh meastachán ar an gcostas de €119 milliún le CBL san áireamh.

31.8 Tar éis an plean a bhreithniú, cinn an Rialtas i Samhain 2005 dul ar aghaidh agus an chéad chéim den champas spóirt a fhorbairt thar tréimhse cúig bliana. B'iad seo a leanas na míreanna a bhí beartaithe don chéim seo

- ionad náisiúnta traenála do spóirt páirce a fhreastalaíonn ar rugbaí, sacar, cluichí Gaelacha agus haca
- ionad náisiúnta traenála faoi dhíon chun saoráidí traenála den scoth a chur ar fáil do níos mó ná 30 comhlachtaí rialaithe spóirt
- cóiríocht do spóirt mná agus fir
- saoráidí eolaíochta spóirt agus leighis agus
- páirceanna sintéiseacha uile-aimsire d'úsáid an phobail.

Béim na Caibidle

Sa chaibidil seo leagtar amach an méid a cuireadh forbairt an Champais Náisiúnta Spórt i bhfeidhm mar aon le saincheisteanna áirithe a tháining chun cinn as forbairt an Ionaid Náisiúnta Uisce.

[273] Plean rialaithe forbartha.

Dul Chun Cinn go dtí Seo

31.9 Bhí roinnt míreanna forbartha mar chuid den chéad chéim. I bhFíor 148, leagtar amach an méid dul chun cinn a rinneadh ar na míreanna seo.

Fíor 148 Tabhairt chun críche na míreanna sa chéad chéim

Mír Tionscadail	Sprioc	An Dáta Ceart
Ceapachán na Foirne Deartha agus Bainistithe Tionscadail [a]	—	Aibreán 2008
Réamhdhearadh	Meán Fómhair 2008	Meán Fómhair 2008
Dearadh Sonraithe (cead pleanála san áireamh) [b]	Lúnasa 2009	Samhain 2009
Taisceadh, Measúnú agus Bronnadh na Tairisceana [c]	—	—
Tógáil	—	—
Tabhairt chun críche agus Aistriú	—	—

Nótaí:
a I rith 2006, chuir an CSID/NSCDA tús le cáipéisíocht tairisceana a ullmhú le tabhairt do na foirne Deartha agus Bainistithe Tionscadail. Mar gheall ar athruithe i nósanna imeachta soláthair áfach agus go háirithe mar gheall ar fhoirm nua an chonartha Rialtais maidir le rannpháirtíocht na sainchomhairleoirí, bhí orthu cáipéisíocht tairisceana nua a ullmhú.

b Lóisteáladh cead pleanála i mBealtaine 2009 agus ceadaíodh é i Lúnasa 2009 agus ina dhiaidh sin cuireadh athabhreithniú ar an gcéim agus tuarascáil chuig an NSCDA i gcrích. Tugadh an tuarascáil chun críche agus chomhaontaigh an NSCDA í i Samhain 2009.

c Ní mór don NSCDA cead a fháil ón Aire nuair a thugtar gach céim chun críche agus sula mbogtar ar aghaidh chuig an gcéad chéim eile den tionscadal. Mar gheall ar an timpeallacht eacnamaíochta reatha, níor lorg an NSCDA cead dul ar aghaidh chuig an gcéad chéim eile.

31.10 I rith 2009, d'fhorbair an tÚdarás, chomh maith lena chuid foirne bainistithe agus deartha tionscadail ar chonradh, Príomhphlean Campais chun na saoráidí a chur san áireamh le céim tosaigh an champais spóirt. Measadh go raibh an costas táscach cothrom le thart ar €148 milliún le CBL san áireamh. Sa chostas athbhreithnithe tá saoráidí breise (Ionad Náisiúnta Traenála Gleacaíochta agus Ionad Náisiúnta Traenála Lúthchleasaíochta Faoi Dhíon) a cheadaigh an tAire agus sonraíochtaí athbhreithnithe na ngeallsealbhóirí maidir le riachtanais saoráidí.

31.11 Dúirt an tÚdarás, mar gheall ar na srianta reatha airgeadais, go ndearna sé scrúdú ar roghanna féideartha eile chun na saoráidí a fhorbairt ar bhonn céimnithe de réir mar a bheidh maoiniú ar fáil amach anseo agus go raibh moltaí curtha ar aghaidh aige chuig an Roinn. Sa straitéis a ghlac an tÚdarás agus a cuireadh ar aghaidh chuig an Roinn lena ceadú, tá forbairt bhreisíoch a thosóidh leis na príomhshaoráidí faoi dhíon ar chostas €4.6 milliún mar aon le cur chuige comhpháirtíochta i leith saoráidí spóirt páirce a fhorbairt tríd na suíomhanna atá forchoimeádta ar an gcampas a chur ar léas do chomhlachtaí spóirt aonair. An 21 Meitheamh 2011, cheadaigh an Rialtas moltaí an Aire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt chun an Campas a fhorbairt ar bhonn breisíoch.

Fo-Fhorbairtí ag Baile an Aba

31.12 Ag an am céanna le príomhthionscadal an Champais Spóirt, rinne an tÚdarás na foirgnimh a bhí ar shuíomh Bhaile an Aba cheana féin a athfhorbairt agus a athchóiriú chun go mbeadh an pobal spóirt níos leithne in ann úsáid a bhaint astu, go háirithe na Comhlachtaí Náisiúnta Rialaithe Spóirt.

31.13 Ba é an chéad fhoirgneamh a athfhorbraíodh ná an tSaotharlann Stáit mar cheanncheathrú nua do Chumann Peile na hÉireann[274]. Ina dhiaidh sin in 2009 athchóiríodh an Phríomhshaotharlann Rialaithe Feola mar cheanncheathrú nua d'Insititúid Spóirt na hÉireann agus don Údarás araon.

31.14 Fuarthas cead pleanála i nDeireadh Fómhair 2010 don chéad ghné eile, sean fhoirgneamh Fhoras na Mara a athchóiriú mar cheanncheathrú nua chun cóiríocht oifige ar an gCampas a sholáthar do thart ar 19 Comhlacht Náisiúnta Rialaithe Spóirt in Éirinn. Cuireadh na hoibreacha cumasaithe i gcrích i Nollaig 2010 agus bhí an tionscadal ag an gcéim measúnaithe tairisceana i lár 2011. Leithroinneadh €3m ar an Údarás mar chuid den leithroinnt chaipitil do 2011 chun an tionscadal a mhaoiniú.

Ionad Náisiúnta Uisce a Sholáthar

31.15 Chinn an Rialtas gur chóir Ionad Uisce agus Fóillíochta a choimisiúnú roimh na gCluichí Oilimpeacha Speisialta 2003. Chuir CSID tús le próiseas soláthair trí fhógraíocht a dhéanamh ar chonradh chun an tIonad a dhearadh, a thógáil, a mhaoiniú, a rith agus a chothabháil. Fuarthas ocht léiriú spéise agus chuir an painéal measúnaithe cúig cinn díobh ar ghearrliosta don chéim tairisceana. Fuarthas trí thairiscint agus tar éis tuilleadh measúnaithe a dheánamh, roghnaíodh togra ó chuibhreannas mar an tairisceant is fearr. Shínigh CSID Príomhranna Comhaontaithe leis an gcuibhreannas i mí Feabhra 2001 agus cheadaigh bord CSID dul isteach i gconradh i mí Aibreáin 2001.[275]

Caingean dlí a tháinig chun cinn nuair a bronnadh an conradh don Ionad Náisiúnta Uisce

31.16 I mBealtaine 2002, chuir DIAL, ceann de na tairgeoirí nár éirigh leo ó thaobh soláthair an Ionaid Uisce, tús le himeachtaí dlíthiúla in aghaidh CSID agus in aghaidh an Aire Turasóireachta, Spóirt agus Áineasa a bhí ann ag an am maidir le bronnadh an chonartha. Rinne CSID iarratas ar an Ard-Chúirt chun urrús i leith costas[276] a fháil a bronnadh go hiomlán i mBealtaine 2004. Rinne DIAL achomharc maidir leis an mbreithiúnas seo chuig an gCúirt Uachtarach agus tar éis éisteachta i Meitheamh 2007, rialaigh an Chúirt Uachtarach i bhfabhar DIAL.

31.17 Cuireadh tús leis na príomhimeachtaí san Ard-Chúirt i Samhain 2009. I rith na n-imeachtaí áfach, tháinig na páirtithe ar réiteach maidir leis an gcaingean ar an mbunús go dtarraingeodh DIAL an t-éileamh siar. Cuireadh deireadh leis an gcaingean i Márta 2010 agus íocadh socrú le DIAL as an airgead a chuir Vóta na Roinne 2010 ar fáil d'Údarás Forbartha an Champas Náisiúnta Spóirt[277].

---

274 Tugtha chun críche i Samhain 2007.

275 Thuairiscigh an tArd-Aighne chuig an Rialtas i mí Márta 2002 maidir le saincheisteanna a bhaineann leis an mbronnadh a rinne CSID ar an gconradh don ionad uisce. D'fhoilsigh an Rialtas tuarascáil a cuireadh ar fáil don Choiste um Chuntais Phoiblí.

276 Baineann urrús i leith costas le cás ina bhfuil imní réasúnach ar chosantóir i gcaingean dlí nach n-íocfaidh an gearánaí a c(h)uid costas dlí má éiríonn leis an gcosaint agus lorgaíonn sé/sí ordú go dtabharfaidh an gearánaí urrús i leith costas na caingne.

277 Ó tharla go ndearnadh CSID a lánscoir an 1 Eanáir 2007 faoi théarmaí an Achta um Údarás Forbartha an Champais Náisiúnta Spórt 2006, d'aistrigh freagracht na gcaingne dlí ar fad a bhaineann leis an CSID chuig an gcomhlacht comharba, Údaras Forbartha an Champais Náisiúnta Spóirt.

31.18 Rinne an tÚdarás, mar chomhlacht comharba ar an CSID, costas socraithe dlíthíocht DIAL a mhuirearú ina ráitis airgeadais 2009 faoi chaiteachas Táillí Dlí agus Gairmiúla €2.8 milliún. Níor nochtaigh an tÚdarás an méid iarbhír a bhain leis an socrú ina ráitis airgeadais ó tharla go raibh clásal rúndachta sa chomhaontú gaolmhar. Tháinig costas dlí de €287,000 chun cinn as saincheist chinneadh an na Cúirte Uachtaraí maidir le hurrús i leith costas agus bronnadh iad in aghaidh an Stáit agus muirearadh iad i Vóta na Roinne 2009. I rith na dlíthíochta, thabhaigh an tÚdarás agus a chomhlacht comharba CSID, táillí €220,935 ar a fhoireann dlí féin.

Costais CBL maidir leis an Ionad Náisiúnta Uisce

31.19 Chláraigh CSID do CBL in 2000 ar an mbunús go raibh ar intinn aige an tIonad Náisiúnta Uisce a fhorbairt agus léas incháinithe ar an maoin a bhronnadh ar chuideachta a d'oibreodh é. Chuirfeadh sé seo ar a chumas CBL a fháil ar ais ar na costais tógála. I rith na tógála, thabhaigh CSID CBL de €9.65 milliún. Ó tharla go raibh CBL le muirearú chuig an gcuideachta oibríochta agus iad ag dul isteach sa léas, níor cuireadh na costais CBL le costas na sócmhainní mar a taifeadadh sa Chlár Comhardaithe.

31.20 In Aibreán 2003, chuaigh CSID isteach i léas le Dublin Waterworld Limited chun an tIonad a oibriú. Rinne CSID CBL a mhuirearú chuig an oibritheoir ar luach caipitlithe an léasa. De réir na rialachán CBL, ríomh CSID an luach caipitlithe mar €75.96 milliún agus CBL dlite ón léasaí mar €10.25 milliún. Bhí ríomh an CSID ar an luach caipitlithe bunaithe ar luacháil ón Oifig Luachála go gcruthódh an tIonad cíos neamhualaithe de €3.38 milliún in aghaidh na bliana.

31.21 Nuair a rinne CSID CBL a mhuirearú chuig an léasaí tráth cruthaithe an léasa, bhí CSID faoi dhliteanas an méid a muirearadh chuig na gCoimisinéirí Ioncaim a íoc ar ais. Rinne sé an méid[278] seo a chuntasú mar chuid de na gnáth-thorthaí agus chaith sé leis mar mhéid infhaighte ina chuid cuntas ar an mbunús go raibh sé in-aisghabhála ón gcuideachta oibríochta.

31.22 Bhí an méid in-aisghabhála fós gan íoc ó 2003 ar aghaidh ó tharla go raibh an léasaí ag argóint go raibh CBL iníoctha aige. Mhaígh sé go raibh luach na cíosa neamhualaithe níos lú ná mar a ríomh an Oifig Luachála ó tharla gur theip ar an léasaí an CBL dlite a íoc, chuaigh an CSID i mbun imeachtaí Ard-Chúirte ina aghaidh ag éileamh €10.25 milliún. Bhí an caingean seo mar chuid de Ráiteas Éileamh a lóisteáil CSID san Ard-Chúirt maidir le sraith sáruithe líomhnaithe ar léas an Ionaid Náisiúnta Uisce. Chuir an Chúirt saincheist an CBL ar aghaidh chuig éadránaí, mar a foráladh i dtéarmaí an léasa agus i mí Iúil 2005 fuair an t-eadránaí "*go ndearnadh an méid CBL de €10.25 a mhuirearaigh CSID ar luach caipitlithe an léasa chuig Dublin Waterworld Limited a mhuirearú i gceart*".

31.23 Chuir an léasaí in aghaidh chinneadh an eadránaí san Ard-Chúirt agus i Meán Fómhair 2005 sheas an Chúirt leis an gcinneadh. Rinne an léasaí an cinneadh a achomharc chuig an gCúirt Uachtarach agus éisteadh leis an gcás sa Chúirt Uachtarach in Eanáir 2010.

31.24 Fuair an Chúirt Uachtarach amach go raibh botún dlí déanta ag an eadránaí agus chuir sí cinneadh an eadránaí ar ceal agus d'ordaigh sí an cheist a chur ar aghaidh arís chuig eadránaí. Tar éis impleachtaí bhreithiúnas na Cúirte Uachtaraí a bhreithniú, agus tar éis tuilleadh comhairle a fháil ar an gcás, chinn an tÚdarás tarraingt amach as an bpróiseas eadrána i mí Iúil 2010. Chuir sé seo deireadh leis na fiacha a bhí le híoc ag an léasaí. Bronnadh na costais, a bhí faoi réir thabhairt chun críche agus cánachais in aghaidh an Údaráis agus ní dhearnadh iad a chainníochtú go fóill.

---

[278] Ar an iomlán bhí an €10.25 milliún a íocadh leis na Coimisinéirí Ioncaim comhdhéanta de mhéid chomhordaithe a íocadh in 2003 bunaithe ar luach caipitlithe an léasa chomh maith le cáin ionchuir a d'íoc an CSID i rith na tógála ar an Ionad de 9.65 milliún.

Tuairimí an Oifigigh Chuntasaíochta

31.25 Mar fhreagra ar mo chuid fiosrúchán ar dhul chun cinn fhorbairt an Champais, dúirt an tOifigeach Cuntasaíochta gur chuir an tAire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt isteach moltaí maidir lena fhorbairt amach anseo agus gur cheadaigh an Rialtas na moltaí seo ag cruinniú an 21 Meitheamh 2011. Ar na moltaí bhí an Campas a fhorbairt ar bhonn breisíoch chomh maith le moladh ón NSCDA Ionad Náisiúnta Traenála Faoi Dhíon a fhorbairt. Mar gheall ar na srianta ar mhaoiniú Rialtais, d'iarr an tAire ar an NSCDA bealaí eile a fhiosrú chun maoiniú a fháil ar nós daonchairdeas nó roinnt den talamh i mBaile an Aba a dhíol.

31.26 Dúirt sé go samhlaíonn an straitéis go bhforbrófar gnéithe áirithe den Phean i gcomhpháirtíocht leis na príomhchomhlachtaí spóirt páirce, an CLG, FAI, IRFU agus an IHA. Ar na forbairtí seo bheadh páirceanna nádúrtha agus sintéiseacha a fhorbairt mar aon le saoráidí chun athraithe gaolmhara. Beartaíonn cur chuige an NSCDA an talamh agus an t-infreastruchtúr comónta a sholáthar ar mhaithe le rochtain agus seirbhísí agus léirigh na ceithre comhlacht go mbeadh siad sásta páirt a ghlacadh sa chur chuige seo go haonair.

31.27 Dúirt sé freisin gur cheadaigh an Rialtas tailte i mBaile an Aba a aistriú ón Aire Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia chuig an NSCDA agus d'iarr an tAire ar an NSCDA pleananna a chur chuige maidir le Teach Bhaile an Aba ar foirgneamh liostaithe é.

31.28 Maidir leis an sonrasc CBL nár íocadh, dúirt an tOifigeach Cuntasaíochta go raibh sé i measc roinnt sáruithe ar an léas a raibh an Ráiteas Éileamh a lóisteáil CSID leis an Ard-Chúirt (Cúirt Tráchtála) i 2005 mar thoradh orthu. Ba é an tionchar a bheadh aige sin dá gcuirfí i bhfeidhm é agus dá nglacfadh eadránaí neamhspleách agus an Ard-Chúirt leis ná go n-íocfadh Dublin Waterworld Limited méid cuí le CSID agus go mbeadh CSID ar a uain féin in ann CBL den sórt sin a aisghabháil ar a chuid gníomhaíochtaí trádála. Theip ar an tionónta na hoibleagáidí faoin léas a chomhlíonadh afách agus b'éigean do CSID tús a chur le himeachtaí dlíthiúla in aghaidh Dublin Waterworld Limited i Márta 2005.

31.29 Tháinig sé chun cinn gur aistrigh Dublin Waterworld Limited úinéireacht tairbhiúil an léasa chuig páirtí eile ar an lá céanna is a ndeachaigh sé isteach sa léas le CSID gan cead a fháil ó CSID agus gan CSID a bheith ar an eolas faoi. Thosaigh an cás i mí Iúil 2005 agus cuireadh i gcrích é i Samhain 2005. Ba é an toradh a bhí leis na himeachtaí substainteacha sa chás seo ná gur fhág Dublin Waterworld Limited an tIonad agus bhí smacht díreach ag CSID ar an Ionad arís.

Achoimre ar na gníomhaíochtaí a ghlac CSID chun Dublin Waterworld Limited a chur amach as an Ionad Náisiúnta Uisce

Scríobh CSID chuig Dublin Waterworld Limited i nDeireadh Fómhair 2004 ag cur in iúl dó nach raibh sé ag comhlíonadh na n-oibleagáidí faoi léas an Ionaid Náisiúnta Uisce agus d'iarr siad go ndéanfaí na hoibleagáidí sin a chomhlíonadh agus go n-íocfaí na méideanna a bhí fós gan íoc taobh istigh de 28 lá. Ní bhfuarthas aon fhreagra roimh an data éaga. Mar gheall go raibh baol ann go dtabhódh siad costais mhóra, lorg CSID cead ón Roinn sular ghlac siad gníomh bhreise. Thug an Roinn freagra dóibh i mí Feabhra 2005 ag rá gur bhreithnigh sí nach raibh sé inghlactha go ligfí don tionónta téarmaí an léasa a sharú i bhfad eile agus go raibh sé riachtanach cearta an CSID mar thiarna talún a neartú chun seilbh a fháil ar an maoin arís agus gur ordaigh an tAire go dtabharfaí fógra do Dublin Waterworld Limited láithreach imeacht as an bhfoirgneamh. Maidir leis sin, thug an Roinn treoir do CSID a chuid cearta dlíthiúla faoin léas a chur i bhfeidhm agus iarradh ar a gcomhairleoirí dlí na caipéisí riachtanacha a ullmhú agus gach céim a bhí riachtanach chun an t-áitreabh a fháil ar ais a ghlacadh.

Tugadh Fógra Forghéillte do Dublin Waterworld Limited faoi alt 14 den Conveyancing and Law of Property Act 1881 i Márta 2005. Thug CSID Ráiteas Éileamh do Dublin Waterworld Limited in Aibreán 2005 de bhun imeachtaí na hArd-Chúirte a lorg réitigh ar roinnt sáruithe an léasa lena n-áirítear na nithe seo a leanas

- mainneachtain an cíos a íoc
- mainneachtain na cuntais iniúchta a sheachadadh chun críocha cíos bhreise a mheas a sheasann do 10% de bhrabach Dublin Waterworld Limited
- mainneachtain costais árachais a íoc
- mainneachtain na téarmaí i gclár cothabhála caipitil a chomhaontú
- mainneachtain Cáin Bhreisluacha a íoc nuair a bronnadh an léas
- cead a thabhairt do chuideachta eile an tIonad a oibriú agus sealbhú an Ionaid a shannadh gan cead
- mainneachtain a chinntiú gur lean an bainisteoir ceadaithe ar aghaidh ag obair le Dublin Waterworld Limited agus ag bainistiú an Ionaid.

31.30 Dúirt an tOifigeach Cuntasaíochta go raibh méid na gcostas dlí fós le cinneadh ach go dtiocfaidh aon chostas den sórt sin faoi chúram an NSCDA a fhaigheann maoiniú ón Roinn ina uain féin. Conclúid

Conclúid

Bhí tionchar ag an dá ghné seo a leanas ar an gcostas a bhí ar Údarás an Ionaid Náisiúnta Uisce, agus, dá bharr sin, ar an Roinn:

- á méid neamhluaite a socraíodh a bhain le soláthar an Ionaid Náisiúnta Uisce curtha san áireamh sna costais dlí agus gairmiúla foriomlána de €2.8 milliún in 2009.
- In 2010, nuair a cuireadh deireadh le héileamh an Údaráis maidir le CBL ar an léas leis an gcuideachta oibríochta, d'ardaigh costas na saoráide a bhí ar an Údarás €9.65 milliún ó tharla go raibh ar an Údarás íoc as an CBL tógála ar fad. Rinneadh ráitis airgeadais 2009 a choigeartú chun sin a léiriú.

Ba é costas tógála an Ionaid Náisiúnta Uisce ná €73.4 milliún a maoiníodh as deontais ón Roinn ach bhíothas ag súil go ndéanfaí an CBL ar chostas na tógála a fháil ar ais. Mar sin féin, tar éis breithniú a dhéanamh ar chinneadh na Cúirte Uachtaraí, chinn an tÚdarás gan an íocaíocht CBL faoin léas a lorg agus d'fhág an léasaí an t-áitreabh.

Ar deireadh, ní thabharfadh aisghabháil CBL ón léasaí aon tairbhe breise don Státchiste dá mba rud é gur dhuine incháinithe an léasaí, a bhí i dteideal aisghabháil CBL iomlán ar a ionchur.

Ar an iomlán, tá moill curtha ar fhorbairt an champais agus cé go bhfuil eisíocaíocht de €6.6 milliún déanta maidir le costais deartha agus go bhfuarthas cead pleanála ní dócha go ndéanfar aon mhórfhorbairt breise a mhaoiniú sa ghearrthéarma de bharr acmhainní airgeadais srianta an Stáit.

Caibidil 32

Rialú Airgeadais maidir le Cumann Croise Deirge na hÉireann

Rialú Airgeadais maidir le Cumann Croise Deirge na hÉireann

32.1 Bunaíodh Cumann Croise Deirge na hÉireann (an Cumann) i 1939 faoi Acht na Croise Deirge, 1938 (an tAcht). Tugadh éifeacht leis an Acht do Choinbhinsiún na Ginéive 1929 faoina bhforáiltear do chumainn croise deirge (nó corráin deirg) a bhunú le cúnamh taca agus cosaint an rialtais, ach le struchtúr atá leagtha amach d'fhonn cinntiú go mbíonn siad saor ó chur isteach an rialtais maidir le cúrsaí oibriúcháin. D'ainneoin sin, ról amháin atá ag an gCumann ná cúnamh a thabhairt d'údaráis an Stáit in am éigeandála, agus sainordú sonrach aige cúnamh a thabhairt do sheirbhísí liachta Óglaigh na hÉireann.

32.2 Faoin Acht, tá chumhacht ag an Rialtas foráil a dhéanamh do réimse cúrsaí a bhaineann le ceisteanna eagrúcháin, oibriúcháin agus rialachais sa Chumann, cúrsaí airgeadais agus cuntais an Chumainn san áireamh. Oibríonn an Cumann faoi stiúir na Comhairle Láir agus an Choiste Feidhmiúcháin. Déanann Rúnaí Ginearálta an Chumainn an bhainistíocht i ndáil leis na baill lánaimseartha agus na baill pháirtaimseartha den fhoireann sa Cheannoifig i mBaile Átha Cliath, i dtrí cinn d'oifigí réigiúnacha agus i dtoscaireachtaí thar lear. Anuas air sin, tá craobhchóras líon níos mó ná 144 brainse ar fud na tíre ag an gcumann, iad á rith go hiomlán ag oibrithe deonacha a thugann faoi airgead a bhailiú agus faoi bhearta eile.

Béim na Caibidle

Is eagraíocht a fhaigheann maoiniú mór ón Stát é an Cumann. Léiríonn an chabidil seo freagairt an Chumainn ar ábhair imní faoina chumas tuairisciú cuimsitheach a dhéanamh ar a chuid idirbheart agus rianú a dhéanamh ar a chuid tiomsú airgid.

Maoiniú an Chumainn

32.3 Tagann cistí an Chumainn ó thrí cinn d'fhoinsí den chuid is mó.

- Fuair an Cumann deontas i gcabhair bliantúil ón Roinn Cosanta (Vóta 36), arbh fhiú €951,000 é sa bhliain 2010.
    - cionroinnt, dar luach €821,000, i ndáil le costais riaracháin an Chumainn agus
    - cúnamh taca, dar luach €130,000, i ndáil le ranníocaíochtaí cleamhnaithe an Chumainn le Cónaidhm Idirnáisiúnta na Croise Deirge / an Chorráin Deirge (le Cónaidhm Idirnáisiúnta).
- Ó am go chéile, faigheann an Cumann maoiniú[279] eile ón rialtas i ndáil le cuspóirí fóirithinte sonraithe — bhain leis sin le tamall anuas ciste as Vóta 29, Comhar Idirnáisiúnta agus Vóta 27, An Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta.
- Faightear chomh maith síntiúis ó dhaoine den phobal agus ó fhoinsí príobháideacha eile, trí bheartaíocht bailiúcháin airgid, tabhartais agus dleachtanna chun críocha ginearálta agus chun críocha sonraithe. I gcásanna áirithe, bíonn sochar aige chomh maith ó aisíoc cánach[280] ó na Coimisinéirí Ioncaim a bhaineann le tabhartais den chineál sin.

[279] Meastar gurb ionann an maoiniú iomlán ó fhoinsí Stáit agus níos lú ná 50% dá chuid ioncaim idir 2008 agus 2010.

[280] B'ionann lacáistí cánacha ó bhronntanais charthanachta agus €437,000, €469,000 agus €181,634 in 2008, 2009 agus 2010 faoi seach.

Achainí Náisiúnta maidir le Cás Éigeandála an Tsunami 2004/05

32.4 Láimhdeachas bliantúil isteach is amach le €6 mhilliún nó €8 milliún in aghaidh na bliana a bhíonn ag an gCumann faoi láthair ach tháinig níos mó ná €32 milliún isteach chuige mar gheall ar achainí náisiúnta maidir le tubaiste an tsunami in Oirdheisceart na hÁise i mí na Nollag 2004. I ndeireadh na bliana 2004 agus i dtús na bliana 2005 a tháinig an chuid is mó den airgead sin chuig an gCumann.

32.5 Níor fhostaigh an Cumann aon bhall foirne breise maidir le cúrsaí airgeadais ná cúrsaí riaracháin i rith na bliana 2005 chun bainistíocht a dhéanamh ar na cistí suntasacha a bailíodh agus a ndáileadh ina dhiaidh sin.

32.6 Shocraigh an Coiste Feidhmiúcháin i rith na bliana 2005 go leanfadh caitheamh an airgid a bailíodh ar feadh tréimhse cúig bhliana ó tharla go mbeadh cúnamh le hinfrastruchtúr agus cúnamh fadtéarmach eile de dhíth sna tíortha a buaileadh leis an tubaiste. Bhí isteach is amach le €1.1 milliún fágtha gan caitheamh ag deireadh na bliana 2010. Tá sin á choinneáil mar chiste teagmhais d'fhonn bheith in acmhainn tionscadail de chuid Chumann na Croise Deirge a thabhairt chun críche.

Ábhar Buartha maidir le Cúrsaí Rialaithe Airgeadais

32.7 Tarraingíodh aird ar ábhar buartha maidir le hacmhainn bainistíochta an Chumainn maidir le cúrsaí riaracháin agus airgeadais i litreacha ó iniúchóirí seachtracha an Chumainn i ndáil le hiniúchóireacht ar chuntais na bliana 2005 agus na bliana 2006.[281] Bhí na hiniúchóirí in amhras maidir le hinniúlacht an Chumainn cuntais a ullmhú don eagraíocht ina hiomláine mar gheall nárbh iontaofa na córais sa chumann agus mar gheall ar easnamh maidir le faisnéis airgeadais i ndáil le roinnt de na brainsí. De bhun na hiniúchóireachta ar chuntais na bliana 2005 agus na bliana 2006, d'fhostaigh an Cumann dhá chomhlacht comhairleoireachta éagsúil maidir le cúrsaí airgeadais chun athbhreithniú a dhéanamh ar na nithe a bhí i gceist. Mhol na comhairleoirí athruithe a chur i bhfeidhm ar Rannóg Airgeadais na Ceannoifige. Sonraíodh sa litir bhainistíochta ón iniúchóir seachtrach i ndáil le cuntais na bliana 2008 go raibh feabhas suntasach tagtha maidir le cúrsaí airgeadais agus cúrsaí riaracháin sa Rannóg Airgeadais ach bhí cáineadh arís inti ar éagumas an Chumainn maidir le ráitis airgeadais uilechuimsitheacha a ullmhú.

Iniúchadh Inmheánach

32.8 Sa bhliain 2010, cuireadh in iúl sa Chumann agus sna meáin chumarsáide go raibh ábhar imní ann maidir le cuntas bainc ina raibh airgead a bhailigh brainse Thiobraid Árann den Chumann mar gheall ar an achainí maidir leis an tsunami. Rinne an Coiste Feidhmiúcháin iniúchadh neamhspleách a choimisiúnú ar an gceist i mí Deireadh Fómhair 2010. Rinneadh athbhreithniú mar chuid den scrúdú sin ar na himeachtaí agus ar na bearta rialaithe airgeadais príomhtháibhachta a bhain le taifead agus le tuairisc ar na suimeanna a lóisteáil Brainse Thiobraid Árann i ndáil le hachainí na mblianta 2004/2005 faoin tsunami. I measc phríomhthorthaí an scrúdaithe, a foilsíodh i mí na Nollag 2010, tá siad seo a leanas

- Bhailigh brainse Thiobraid Árann tuairim is €160,000 sa bhliain 2005 a coinníodh i gcuntas glan ar chuntas reatha agus ar chuntais eile de chuid bhrainse Thiobraid Árann.

[281] Eisíonn iniúchóirí na litreacha seo, ar a dtugtar litreacha bainisithe, go príomha chun aird an lucht rialachais a tharraingt ar nithe a bhaineann le bainistiú agus rialú airgeadais.

- Ní raibh aon fhianaise ann gur aistríodh airgead amach as an gcuntas bainc go dtí gur aistríodh na cistí ar fad go dtí an cuntas bainc a bhí ag an gCeannoifig maidir leis an tsunami níos mó ná trí bliana ina dhiaidh sin i mí Meán Fómhair 2008[282].

- Ní raibh an Cheannoifig ar an eolas faoin gcuntas bainc go dtí gur tugadh faoi chuardach maidir leis na cuntais uile le Banc na hÉireann a bhí in ainm an Chumainn i mí Aibreán 2008 ar an gCeannoifig a iarradh go ndéanfaí sin. Tugadh faoi deara mar gheall ar an gcuardach sin go raibh 49 cuntas a théadh gan lua agus go raibh suimeanna iontu sin dar luach iomlán €214,000 agus gurbh é cuntas bhrainse Thiobraid Árann (ina raibh €162,960 an tráth sin, ús bainc san áireamh) an cuntas ba mhó suntais acu.
- Bhí rialacha an Chumainn sáraithe ag brainse Thiobraid Árann nuair nár cuireadh na tuairisceáin airgeadais a éilítear faoi bhráid sa bhliain 2005 ná sa bhliain 2006, agus nuair a bhíothas mall ag cur tuairisceán airgeadais faoi bhráid sa bhliain 2007 nach raibh an cuntas bainc maidir leis an achainí mar gheall ar an tsunami luaite ann. Ní dhearna an Rannóg Airgeadais sa Cheannoifig beart ar bith maidir leis an mainneachtain tuairisceáin a chur faoi bhráid mar a éilítear.
- Níor thángthas ar aon fhianaise gur tharla míleithreasú cistí.

Tuairimí an Oifigigh Cuntasaíochta

32.9 I bhfianaise Cumann Croise Deirge na hÉireann a bhunú faoin reachtaíocht, an deontas i gcabhair a thugtar ón Roinn maidir le caiteachas athfhillteach an Chumainn agus úsáid an Chumainn ó am go chéile chun dáileadh a dhéanamh ar chistí poiblí, d'fhiafraigh mé den Oifigeach Cuntasaíochta an raibh sé den tuairim go raibh na socruithe maidir le rialú airgeadais, bainistíocht riosca agus rialachas i leith an Chumainn leordhóthanach maidir le deimhniú go mbeadh airgead poiblí á úsáid mar ba cheart.

32.10 Luaigh an tOifigeach Cuntasaíochta gur comhlacht corpraithe neamhspleách carthanais an Cumann a bhfuil de lánchumhacht aige bainistíocht agus riarachán a dhéanamh ar ghnóthaí an Chumainn féin tríd an gcomhlacht rialaithe, an Chomhairle Láir. Bíonn comhaltaí tofa agus comhaltaí a ainmníonn an Rialtas ar an gComhairle Láir. Foráiltear faoin Ordú um Chumann Croise Deirge na hÉireann, 1939 go n-ainmníonn an Rialtas líon nach lú ná aon trian de na comhaltaí ar an gComhairle Láir. Ina measc siúd atá ainmnithe ag an Rialtas faoi láthair, tá Príomhoifigeach de chuid na Roinne atá ina chomhalta chomh maith de Choiste Feidhmiúcháin an Chumainn. Ós é nós a leanann an Rialtas aon trian de chomhaltaí na Comhairle Láir a ainmniú, fágann sin gur comhaltaí de chuid an Chumainn dhá thrian de chomhlacht rialaithe an Chumainn. Anuas air sin leagann Cónaidhm Idirnáisiúnta béim mhór ar neamhspleáchas na gcumann náisiúnta agus ar chinntiú nach gcuireann Rialtais isteach ar a rith.

32.11 Dúirt sé ó tharla gur comhlacht corpraithe atá sa Chumann agus de fhreagracht air, de réir na reachtaíochta, déileáil le gnóthaí inmheánacha an Chumainn féin, nach mba gnó don Roinn é baint a bheith aici le gnáthchúrsaí an Chumainn ó lá go lá. Ina dhiaidh sin féin, i bhfianaise áiteamh gur tharla míriarachán sa Chumann, cuireadh ceisteanna le tamall anuas faoin úsáid a bhí á bhaint as na cistí a thugtar mar dheontas gach bliain as vóta na Roinne Cosanta. Thug an Cumann freagraí cuimsitheacha a bhí sásúil agus bhí an Roinn den tuairim gur úsáidíodh an deontas mar ba chóir agus le haghaidh na cuspóire sin a bhí lena thabhairt - i ndáil le costas tuarastail agus riaracháin Cheannoifig Chumann na hÉireann.

[282] Gluaiseadh méideanna beaga de €1,100 ar an iomlán de bharr earráidí bainc. Aisiompaíodh na gluaiseachtaí sin ina dhiaidh sin.

32.12 Maidir le rialacha corparáide, luaigh sé gur thug an Cumann faoi athbhreithniú ar an gcóras rialachais a bhí ar bun agus gur cuireadh cóip dá raibh beartaithe a dhéanamh maidir le hathchóiriú ar chúrsaí rialachais faoi bhráid an Aire Cosanta i mí Eanáir 2010. Tar éis don Roinn na moltaí a scrúdú, rinneadh Ionstraim Reachtúil a dhréachtadh trína leasófaí an tOrdú um Chumann Croise Deirge na hÉireann 1939 a dhréachtadh agus a chur ar aghaidh chuig Oifig an Ard-Aighne. Tá plé ar siúl i gcónaí le hOifig an Ard-Aighne faoi leibhéal na n-athruithe is féidir a dhéanamh. Anuas air sin, déantar soláthar i gClár an Rialtais reatha d'athbhreithniú mion dlíthiúil a dhéanamh maidir le bunús, struchtúr agus cúrsaí rialachais Chumann Croise Deirge na hÉireann d'fhonn feabhas a chur ar chúrsaí feidhmiúcháin i bhfianaise athrú ar na cúinsí ina n-oibrítear. Cuirfear tús le hathbhreithniú cuimsitheach ar an reachtaíocht ar fad maidir leis an gCrois Dhearg, agus go háirithe ar an reachtaíocht phríomha, a luaithe a bhíonn an obair ar an Ordú nua tugtha chun críche ag Oifig an Ard-Aighne.

32.13 Luaigh sé go raibh Cathaoirleach nua, iar-Ard-Rúnaí de chuid na Roinne, ceaptha ar an gCumann chomh maith le Rúnaí Ginearálta nua. Dúirt an tOifigeach Cuntasaíochta go raibh seisean den tuairim go raibh dul chun cinn maith á dhéanamh anois i ndáil le nósanna níos daingne agus níos uilechuimsithí don rialachas corparáide a thabhairt chun cinn sa Chumann. Mar shampla, le ráithe anuas, bhí na bearta tionscantacha seo a leanas curtha i bhfeidhm ag an gCumann

- Ráiteas faoi Rólanna, Cúraimí agus Freagrachtaí Stiúrthóirí
- Cód Iompair do Stiúrthóirí agus don Lucht Bainistíochta
- Creatchóras don Phleanáil Straitéise
- Clár Rioscaí don Eagraíocht
- Próiseas oiliúna do Stiúrthóirí nua
- Coiste Iniúchta neamhspleách a chur ar bun a raibh daoine ón taobh amuigh i gceist leis
- Meastóireacht ar Fheidhmiúchán an Lucht Bainistíochta Sinsearach agus pleananna maidir le Meastóireacht ar an mBord
- Ráiteas faoi Phrionsabail maidir le Bailiúchán Airgid agus Cód Iompair
- Anailís agus tuairiscíocht ar thuairisceáin airgeadais ó bhrainsí nach bhfuil de réir na gcoinníollacha.

32.14 Dúirt sé go rabhthas ar aghaidh go maith san obair maidir le polasaithe airgeadais a dhréachtadh i ndáil le bainistiú cúlchistí, iasachtaí, caiteachas caipitil, cúrsaí soláthair agus infheistíocht.

Conclúid

Is comhlacht neamhspleách é Cumann Croise Deirge na hÉireann trínar féidir tabhairt faoi chásanna anáis a fhuascailt. Is den tábhacht go mbeadh comhlachtaí a fhaigheann maoiniú suntasach ón Stát sa chaoi agus gur féidir leo dea-rialachas a léiriú agus go sásódh an roinn maoinithe í féin maidir lena rialachas agus córais airgeadais.

Ba cheart go neartófaí an stiúrthóireacht, an rialú agus an bhainistíocht ar an gCumann leis na bearta tionscantacha a leag an tOifigeach Cuntasaíochta amach agus go gcuirfí sa chás é go bhféadfaí dul chun cinn leis an obair thábhachtach a dhéanann sé agus muinín ann ag an Rialtas agus ag na saoránaigh a chuidíonn leis.

Caibidil 33

Scéimeanna Leasa agus Fostaíochta

Scéimeanna Leasa agus Fostaíochta

33.1 Caitheadh thart ar €20.6 billiún ar scéimeanna leasa i 2010, agus tabhaíodh €1 bhilliún sa bhreis air sin do bhearta fostaíochta. Caitear mórchuid na suime seo tríd an Roinn Coimirce Sóisialaí (an Roinn), a bhí cuntasach i gcaiteachas €20.8 billiún den tsuim iomlán. Rinneadh na cistí sin a phróiseáil trí Vóta 38 (€11.3 billiún[283]) agus tríd an gCiste Árachais Shóisialaigh (SIF) (€9.5 billiún).

33.2 Déanann an Roinn trí chineál íocaíochtaí leasa

- Íocaíochtaí de chineál árachais shóisialaigh, a dhéantar ar bhonn ranníocaí PRSI. Déantar íocaíochtaí a dhéantar faoin gcóras árachais shóisialaigh a mhaoiniú, go páirteach, trí ranníocaí ó fhostóirí agus ó fhostaithe. Íoctar aon easnamh i gcaiteachas trí fhóirdheontas Státchiste.
- Íocaíochtaí cúnaimh shóisialaigh (nó neamh-ranníocacha) a dhéantar ar bhonn tástála acmhainne. Maoinítear scéimeanna cúnaimh shóisialaigh go hiomlán tríd an Státchiste.
- Íocaíochtaí (amhail Sochar Linbh nó Taisteal Saor in Aisce), atá neamhspleách ar ranníocaí PRSI nó ar thástáil acmhainne. Maoinítear na híocaíochtaí sin go hiomlán tríd an Státchiste.

33.3 Rinneadh freagracht as an gClár Seirbhísí Pobail agus as an Scéim Shóisialta Thuaithe a aistriú chuig an Roinn ón Roinn Gnóthaí Pobail, Comhionannais agus Gaeltachta i mBealtaine 2010. Ina theannta sin, tar éis cinnidh ón Rialtas an 27 Aibreán 2010, rinneadh freagracht as scéimeanna fostaíochta áirithe a aistriú chuig an Roinn. Ghlac an Roinn freagracht as cláir fostaíochta agus seirbhísí FÁS ón 1 Eanáir 2011.

Béim na Caibidle

Sa chaibidil seo, déantar comhdhlúthú agus achoimre ar chaiteachas ar scéimeanna leasa agus fostaíochta a chuirtear ar fáil ó chuntais phoiblí éagsúla, agus leagtar amach inti foinse na gcistí a úsáideadh le ceithre bliana anuas, mar aon le measteacháin 2011.

Caiteachas Leasa

33.4 Cuireadh an caiteachas uile faoi Vóta na Roinne agus SIF san áireamh sa léargas comhdhlúthaithe caiteachais leasa a leagtar amach thíos, chomh maith le thart ar €100 milliún a fuarthas ó Vótaí eile.

33.5 D'fhéadfaí a mheas go bhfuil cuspóirí leasa leathana ag gabháil le caiteachas faoi chláir áirithe eile ach níor cuireadh san áireamh iad sa chomhdhlúthú, lena n-áirítear

- caiteachas cárta liachta a fuarthas ó Vóta HSE, a meastar gur €1.9 billiún in 2010 é
- caiteachas áirithe oideachais amhail an Clár Tacaíochta Scoile, atá deartha chun tacaíochtaí éagsúla a sholáthar do dhaltaí i limistéir a chuirtear san earnáil faoi mhíbhuntáiste – éiríonn a chuspóir leasa toisc go bhféadfadh sé bochtaineacht leanaí a laghdú agus deiseanna saoil pearsana aonair a fheabhsú agus torthaí sóisialacha feabhsaithe a chruthú.

[283] Glanmhéid na bhfóirdheontas a tugadh agus na gcostas riaracháin a gnóthaíodh ón gCiste Árachais Shóisialaigh.

Caiteachas agus Maoiniú Leasa

33.6 Tugtar achoimre in bhFíor 149 ar chaiteachas leasa shóisialaigh ar gach príomhearnáil faighteora. Léiríonn sé freisin foinsí an chaiteachais sin. Tugtar miondealú in Iarscríbhinn A ar chaiteachas leasa shóisialaigh de réir na hearnála faighteora agus de réir scéime.

Fíor 149 Caiteachas ar Leas Sóisialach

Earnáil an Chaiteachais	**2007**	**2008**	**2009**	**2010**	**2011 Measta**
	€m	**€m**	**€m**	**€m**	**€m**
Tacaíocht do Theaghlaigh agus do Leanaí	6,700	7,544	7,667	**7,091**	6,809
Tacaíocht do Dhaoine sa Mhargadh Saothair	2596	3,389	5,263	**5,788**	5,203
Tacaíocht do Dhaoine atá faoi Míchumas	1,622	1,875	1,975	**1,873**	1,822
Tacaíocht do Dhaoine Scothaosta	4,414	4,885	5,203	**5,286**	5,384
Riarachán, Bainistíocht, Taighde, etc	595	610	627	**572**	579
An Caiteachas Iomlán	**15,927**	**18,303**	**20,735**	**20,610**	**19,797**
Arna maoiniú					
Tríd an gCiste Árachais Shóisialaigh	7,251	8,400	9,783	**9,458**	9,054
Trí Chaiteachas faoi Vótaí					
Vóta 38 Coimirce Shóisialach	8,055	9,192	10,503	**11,051**	10,685
Vóta 27 Gnóthaí Pobail, Comhionannais agus Gaeltachta	49	49	48	**30**	–
Vóta 40 Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte	88	120	103	**11**	9
Vóta 41 Leanaí agus Gnóthaí Óige	418	480	231	**11**	1
Caiteachas faoi vótaí eile	50	45	51	**34**	34
Cíos barúlach ar mhaoin atá ar úinéireacht ag an Stát	16	17	16	**15**	14
An Maoiniú Iomlán	**15,927**	**18,303**	**20,735**	**20,610**	**19,797**

33.7 Taispeántar i bhFíor 150 an claonadh le déanaí do na príomhearnálacha caiteachais.

Fíor 150 An Claonadh sa Chaiteachas ar Leas Sóisialach



33.8 Méadaíodh go gasta ar thacaíocht leasa do dhaoine sa mhargadh saothair go dtí 2010, rud a léiríonn dífhostaíocht mhéadaitheach le linn an choir chun donais sa gheilleagar. Amhail ar an 30 Meitheamh 2011, bhí 14.2% den fhórsa saothair (13.4% don tréimhse chéanna in 2010) dífhostaithe.

33.9 San fhoriomlán, meastar go mbeidh an deichiú cuid de laghdú ann in 2011 i ndáil le tacaíochtaí a sholáthar do dhaoine sa mhargadh saothair. Bhain mórchuid an laghdaithe seo le €414 milliún de laghdú réamh-mheasta caiteachais ar íocaíochtaí do Lucht Cuardaigh Fostaíochta. Tá sin bunaithe ar laghdú réamh-mheasta de 8% i líon na ndaoine a bhíonn ag éileamh íocaíochtaí do Lucht Cuardaigh Fostaíochta[284] in éineacht le lániarmhairt de laghdú 4% sna meánrátaí íocaíochta seachtainiúla ó bhí buiséad 2011 ann.

33.10 Laghdaíodh ar chaiteachas i ndáil le tacaíocht do theaghlaigh agus do leanaí de 7.5% idir 2009 agus 2010 agus meastar go mbeidh laghdú breise 4% ann in 2011. Tugtar cuntas i leith an laghdaithe sin trí laghdú ar na rátaí sochair linbh agus mar gheall ar athsholáthar na scéime maidir le Forlíonadh Luathchúraim Leanaí le scéim a bhfuil fócas oideachais ag baint leis - Scéim Luathchúraim Leanaí agus Oideachais.

Tuairimí an Oifigigh Cuntasaíochta – Meastacháin maidir le Cuardaitheoirí Poist

33.11 I ndáil le caiteachas ar scéimeanna leasa shóisialaigh agus fostaíochta, d'fhiafraigh mé den Oifigeach Cuntasaíochta an dóigh go seasfaidh meastacháin 2011 i bhfianaise na gclaontaí dífhostaíochta i gcéad leath 2011.

33.12 Dhearbhaigh an tOifigeach Cuntasaíochta go raibh an Beochlár, ag deireadh Mheitheamh 2011, ag 457,948 agus ba é 442,597 an meánfhigiúr seachtainiúil Beochláir sa chéad leath den bhliain. Má leanann na claontaí reatha, d'fhéadfadh go mbeidh an meánfhigiúr Beochláir idir 440,000 agus 445,000. Tá sé sin suas le 10% níos airde ná an meánfhigiúr 405,000 dá ndearnadh socrú i Meastachán 2011.

[284] Tá an meastachán bunaithe ar mheánfhigiúr seachtainiúil Beochláir de 405,000 i 2011 le hais 441,000 i 2010.

33.13 Dhearbhaigh sí go ndéanann an Rialtas breithniú rialta faoi shuíomh caiteachais na Roinne san iomlán, agus go háirithe an méid a ndéanfaidh leithdháileadh na Roinne freastal ar éilimh ar a cuid scéimeanna, mar chuid dá bhainistiú chaiteachas iomlán an Státchiste.

Scéimeanna Fostaíochta

33.14 Leagtar amach i bhFíor151 an caiteachas ar scéimeanna atá deartha chun daoine dífhostaithe a thabhairt isteach san fhórsa saothair arís.

Fíor 151 Caiteachas ar Scéimeanna Fostaíochta

Earnáil an Chaiteachais	2007	2008	2009	2010	2011 Measta
	€m	€m	€m	€m	€m
Riarachán agus Caiteachais Ghinearálta FÁS	148	150	150	133	86
Cláir Fostaíochta agus Tacaíocht Imeasctha	509	533	508	460	518
Seirbhísí Tacaíochta Fostaíochta	145	161	194	278	355
Scéim Fóirdheontais Fostaíochta	-	-	18	94	4
Clár Seirbhísí Pobail	43	47	50	45	47
An Caiteachas Iomlán	**845**	**891**	**920**	**1,010**	**1,010**
Arna Maoiniú[a]					
Trí Vóta 38 Coimirce Shóisialach	145	161	194	286	880
Trí Vóta 34 Fiontair, Trádáil agus Nuálaíocht	657	683	676	288	4
Trí Vóta 26 Oideachas agus Scileanna	-	-	-	399	126
Trí Vóta 27 Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta	43	47	50	37	-
An Caiteachas Iomlán	**845**	**891**	**920**	**1,010**	**1,010**

Nóta: a Athaicmíodh forálacha stairiúla de réir athruithe fheidhmeanna na Roinne i 2010.

Tuairimí an Oifigigh Cuntasaíochta – Seirbhísí Fostaíochta

33.15 D'fhiafraigh mé den Oifigeach Cuntasaíochta

- cén chaoi a bhfuil seirbhísí gníomhachtaithe fostaíochta á n-eagrú agus á seachadadh anois, ról na Roinne sa mhéid sin agus cén dul chun cinn atá á dhéanamh maidir le próifíliú a dhéanamh ar iarratasóirí ar íocaíochtaí faoin scéim Cuardaitheora Poist
- cad iad na socruithe chun comhordú a dhéanamh leis an Roinn Oideachais agus Scileanna, atá freagrach as oideachas agus oiliúint do dhaoine atá dífhostaithe.

Bearta Gníomhachtaithe Fostaíochta

33.16 Dhearbhaigh an tOifigeach Cuntasaíochta go rabhthas ag iarraidh athstruchtúrú a dhéanamh i gcomhréir le cleachtas idirnáisiúnta chun bearta gníomhachtaithe fostaíochta agus margaidh saothair a chomhtháthú le seirbhísí íocaíochta sochair in aon eagraíocht rialtais amháin.

33.17 Rinneadh moltaí ó athbhreithniú ar an bPlean Gníomhaíochta Fostaíochta Náisiúnta (NEAP) a chur faoi bhráid an Choiste Comhaireachta maidir le hAthnuachan Eacnamaíochta, agus cheadaigh an Coiste sin iad, i Márta 2010. Ba é ba aidhm leis na hathruithe a tugadh isteach an líon daoine dífhostaithe a ndéileáiltear leo a mhéadú chomh maith le cur le minicíocht agus déine beart gníomhachtaithe. Rinneadh iarracht leis freisin freagracht daoine dífhostaithe a shoiléiriú i ndáil le fostaíocht a chuardach chomh maith le freagracht gníomhaireachtaí de chuid ranna Rialtais maidir le tacaíochtaí dífhostaíochta a sholáthar.

33.18 I measc na mbeart a rinneadh i ndáil le NEAP, bhí tarchur trí mhí éilitheoirí Cuardaitheora Poist a athrú ó phróiseas aonair chuig próiseas grúpa, leithroinnt fheabhsaithe sliotán ama le haghaidh agallamh agus roinnt fheabhsaithe sonraí idir na ranna agus na gníomhaireachtaí iomchuí.

33.19 Go dtí seo, rinneadh an próiseas páirtíochta grúpa a chur i ngníomh de réir a chéile i dtrí limistéar – Gaillimh, Baile Átha Cliath Thuaidh agus Baile Átha Cliath Theas agus tá plean ann é a thabhairt isteach i limistéir eile le himeacht aimsire. Faoin tionscnamh nua seo, déantar cuardaitheoirí poist a tharchur ar dtús, i ngrúpaí ina bhfuil 20 nó 30 duine, chuig suíomh amháin, a ndéanann foireann chomhpháirteach Ranna-FÁS é a urasú. Dúirt an tOifigeach Cuntasaíochta, áfach, mar gheall ar an aga moille a bhaineann leis an gcóras reatha roghnaithe agus tarchurtha, go bhfuil sé ró-luath go fóill an toradh a thomhas.

33.20 Thosaigh an Roinn ar chóras próifílithe a fhorbairt a dhéanfaidh, tá súil aici, na pearsana aonair sin a aithint, ag an gcéim éilithe tosaigh, a bhfuil dóchúlacht ard ann ina leith go mbeidh siad dífhostaithe san fhadtéarma, agus ar an gcaoi sin, cuardaitheoirí poist a imroinnt chun na tacaíochtaí cuí a chur ar fáil. Tosaíodh ar shonraí a thiomsú chuige sin in oifig amháin i mí Feabhra 2011 agus tá sé á leathnú anois de réir a chéile.

33.21 Ina theannta sin, tá múnla gníomhachtaithe á fhorbairt ag grúpa oibre ina bhfuil ionadaithe ón Roinn, ó FÁS agus ón tSeirbhís Leasa Pobail arb é is aidhm leis na hidirghabhálacha leis na cuardaitheoirí poist de phróifílí éagsúla a mheaitseáil d'fhonn tosaíocht a thabhairt dóibh siúd is mó atá i mbaol a ndífhostaithe san fhadtéarma.

33.22 Thug an tOifigeach Cuntasaíochta faoi deara gurb amhlaidh, in 2011, go ndéanfar gach cás a tharchuirfidh an Roinn faoin gClár Gníomhactaithe a thógáil as na cohóirt tosaíochta arna n-aithint ag an Rialtas. Ar áireamh ar na cohóirt sin bhí daoine atá faoi bhun 35 bliana d'aois, ag a bhfuil leibhéal íseal scileanna agus oideachais, atá ar an mBeochlár le níos mó ná bliain anuas agus a bhí fostaithe roimhe sin in earnálacha a ndearnadh an cor chun donais an difear is mó dóibh.

Comhtháthú le Seirbhísí Oideachais

33.23 I ndáil le comhtháthú le bearta oideachais, thug an tOifigeach Cuntasaíochta faoi deara go n-éascóidh próifíliú ar iarratasóirí ar an scéim Cuardaitheora Poist cineál agus forleithne easpaí scileanna ar bhonn áitiúil, réigiúnach agus náisiúnta a shainaithint i measc daoine atá dífhostaithe agus eolas a chur ar fáil maidir le cineál agus soláthar idirghabhálacha cuí a chuireann le infhostaitheacht i gcomhthéacs an mhargaidh saothair agus é ag athrú.

An Ciste Árachais Shóisialaigh

33.24 Déantar ranníocaí árachais shóisialaigh pá-choibhneasa a bhailíonn na Coimisinéirí Ioncaim ó fhostóirí, ó fhostaithe agus ó dhaoine féinfhostaithe a íoc isteach in SIF. Íoctar as sochair faoi scéimeanna árachais shóisialaigh as cuntas reatha SIF. Déantar cistí nach bhfuil ag teastáil faoi chomhair caiteachais reatha a aistriú chuig cuntas infheistíochta a ndéanann an tAire Airgeadais é a bhainistiú agus a rialú. Faoin Acht Comhdhlúite Leasa Shóisialaigh 2005, tá socrú ann go n-íocfaidh an Státchiste aon easnamh.

33.25 Idir 1996 agus 2007, ba lú an caiteachas ar scéimeanna sochair shóisialaigh ná an t-ioncam a fuarthas isteach in SIF trí ranníocaí. Mar thoradh air sin, méadaíodh ar an iarmhéid sa chuntas infheistíochta, a bhí díreach os cionn €3.6 billiún ag deireadh 2007. Ó bhí 2008 ann, is mó an caiteachas ná an t-ioncam a fuarthas in SIF (Féach Fíor 152). Déantar an t-easnamh idir ioncam agus caiteachas ó caitheadh na méideanna carnaithe a íoc ón Státchiste le SIF, agus tosaíodh air sin an 26 Bealtaine 2010.

Fíor 152 Barrachas/(Easnamh) ar an gCiste Árachais Shóisialaigh 2007 go 2010



33.26 Tá ceanglas dlí[285] ar an Aire Coimirce Sóisialaí athbhreithnithe achtúireacha ar bhail airgeadais an SIF a choimisiúnú agus a fhoilsiú gach cúig bliana ar a laghad. I mí Meitheamh 2007 a foilsíodh an t-atbhreithniú deiridh agus bhain le staid SIF amhail an 31 Nollaig 2005. Ba é príomhchonclúid an athbhreithnithe ná cé gur réamh-mheasadh go mbeadh an t-ioncam iomlán chuig an gCiste ó ranníocaíochtaí níos mó ná íocaíochtaí sochair sa tréimhse go dtí 2010, réamh-mheasadh go mbeadh sreabhadh airgid glan an Chiste ag laghdú go tréan ina dhiaidh sin agus go mbeadh an farrasbarr a carnaíodh ídithe faoi 2016. Mar a leagtar amach thuas tá an Ciste ag feidhmiú agus é in easnamh ó 2008 agus bhí an farrasbarr carnaithe ídithe i 2010. Táthar ag súil bail airgeadais an Chiste amhail an 31 Nollaig 2010 a fhoilsiú an chéad bhliain eile.

33.27 In 2010, íocadh méid iomlán €1.86 billiún as an Státchiste le SIF agus tá socrú ann le haghaidh fóirdheontais €1.83 billiún in 2011.

Conclúid

Rinneadh go leor athstruchtúrú eagraíochtúil in 2010 a rinne bearta gníomhachtaithe fostaíochta agus margaidh saothair a thabhairt le chéile le riaradh íocaíochtaí leasa.

Tabhaíodh thart ar €20.6 billiún ar bhearta leasa in 2010. Bhí €1 billiún eile i gceist le bearta gníomhachtaithe tacaíochta agus margaidh saothair.

Samhlaítear laghdú de thart ar €850 milliún le hais táirgeacht 2010 le meastacháin caiteachais ar leas sóisialach in 2011. Tugtar le tuiscint, áfach, tríd an gclaonadh i leibhéil dífhostaíochta a dtugtar sracléiriú orthu sa tuarascáil go mbeidh dúshláin shuntasacha buiséid ann don chuid eile de 2011.

Faoi láthair, tá an Roinn agus FÁS ag na céimeanna luatha maidir le bearta fostaíochta agus gníomhachtaithe a thabhairt isteach atá deartha chun seirbhísí a fheabhsú bunaithe ar éilitheoirí a phróifíliú agus a imroinnt.

Táthar ag súil leis go mbeidh laghdú ar an easnamh as Chiste Árachais Shóisialaigh in 2011 de réir mar a ídíonn níos mó éilitheoirí a gcuid sochar agus a théann siad ar aghaidh chuig scéimeanna cúnaimh.

[285] Alt 10 den Acht Leasa Shóisialaigh (Comhdhlúthú) 2005

Iarscríbhinn A Íocaíochtaí Leasa de réir Scéime agus Earnála, 2007 go 2010[a]

Earnáil an Chaiteachais	2007	2008	2009	2010	2011 Measacháin
	€m	€m	€m	€m	€m
Tacaíocht do Theaghlaigh agus do Leanaí					
Sochar Linbh	2,233	2,454	2,495	2,214	2,067
Scéimeanna Baintrí/Baintrí Fir/Íocaíochtaí Caomhnóra	1,239	1,342	1,392	1,371	1,341
Íocaíocht Teaghlaigh Aontuismitheora	962	1,067	1,121	1,110	1,112
Liúntas Leasa Forlíontach	740	867	1,032	1,010	951
Íocaíocht Cúramóra	388	484	533	528	527
Sochar Máithreachais	258	316	331	324	304
Sochar Cóireála	92	97	100	52	23
Forlíonadh Ioncaim Teaghlaigh	140	170	167	186	199
Deontais Cúraim Faoisimh	72	98	99	128	131
Deontais Béile Scoile	28	32	35	35	35
Deontais Méala agus Tuismitheora is Baintreach	21	24	24	25	24
Mná Céile Tréigthe agus Príosúnach	108	111	106	98	93
Sochar Uchtaíoch	1	2	1	1	1
Íocaíochtaí Luathchúraim Leanaí	418	480	231	11	1
An Caiteachas Iomlán	**6,700**	**7,544**	**7,667**	**7,093**	**6,809**
Tacaíocht do Dhaoine sa Mhargadh Saothair					
Sochar Cuardaitheora Poist	545	929	1,734	1,285	1,027
Liúntas Cuardaitheora Poist	875	1,159	2,005	2,809	2,644
Sochar Breoiteachta	755	852	920	943	855
Sochar Díobhála Ceirde	104	112	112	105	105
An Scéim um Chúnamh Feirme	79	85	93	111	123
Iomarcaíocht agus Dócmhainneacht	188	202	350	490	402
Sochar Sláinte agus Sábháilteachta	1	1	1	1	1
Scéim Shóisialta na Tuaithe	49	49	48	44	46
An Caiteachas Iomlán	**2,596**	**3,389**	**5,263**	**5,788**	**5,203**

Earnáil an Chaiteachais	2007	2008	2009	2010	2011 Measachán
	€m	€m	€m	€m	€m
Tacaíocht do dhaoine atá faoi Mhíchumas					
Liúntas Míchumais	901	1,053	1,143	1,110	1,066
Pinsin Easláine	618	686	682	640	628
Pinsin Dall	15	16	16	16	15
Liúntas Cúraim Baile	78	110	123	96	104
Liúntas Leasa Dall	9	11	11	11	9
An Caiteachas Iomlán	**1,622**	**1,875**	**1,975**	**1,873**	**1,822**
Tacaíocht do Dhaoine Scothaosta					
Pinsin Stáit	3,754	4,183	4,473	4,537	4,632
Liúntais Réamhscoir	124	118	97	78	62
Taisteal Saor in Aisce	64	68	73	74	77
Liúntas Leictreachais	147	157	166	172	183
Liúntas Teileafóin	99	112	120	119	116
Liúntas Breosla	158	176	200	228	230
Ceadúnas Teilifíse Saor in Aisce	52	56	56	58	59
Liúntais Gáis Nádúrtha/Bhuidéalaithe	15	16	18	20	25
Liúntas Toitcheo	12	15	15	16	
An Caiteachas Iomlán	**4,414**	**4,885**	**5,203**	**5,286**	**5,384**
Riarachán, Bainistíocht, Taighde etc					
Riarachán agus bainistíochta	506	518	543	514	483
Deontais gníomhaireachta agus seirbhíse	82	86	81	55	47
Eile	7	7	3	3	3
An Caiteachas Iomlán	**595**	**610**	**627**	**572**	**579**
An Caiteachas ar Gach Scéim	**15,927**	**18,303**	**20,735**	**20,610**	**19,797**

Nótaí: a Mar gheall ar chothromú, d'fhéadfadh nach ionann caiteachais scéimeanna áirithe agus luachanna comhiomlána na n-earnálacha a thuairiscítear.

b Cé go ndearnadh socrú Rialtais i 2006 freagracht a aistriú do na scéimeanna Liúntais Leasa Dall ón HSE go dtí an Roinn, níor roghnaíodh dáta fós don aistriú seo.

Caibidil 34

Ró-íocaíochtaí Leasa

Ró-íocaíochtaí Leasa

34.1 Tugtar íocaíochtaí leasa ar leibhéal is mó ná a bhfuiltear ina theideal faoi deara i gcásanna ina gcuireann an t-éilitheoir eolas nua ar fáil dá dheoin féin nó de thoradh ar bheartaíocht rialála de chuid na Roinne Coimirce Sóisialaí. Nuair a thugtar íocaíocht farasbairr faoi deara, cuirtear deireadh leis an íocaíocht nó laghdaítear méid na híocaíochta go dtí an leibhéal is cóir. Ní dhéantar ró-íocaíocht a chur ar taifead ach amháin i gcásanna

- ina dtarlaíonn earráid de chuid an éilitheora nó de chuid na Roinne agus ina socraíonn an tOifigeach Breithiúnachta, ar athbhreithniú a dhéanamh ar an gcás, gurb é dáta éifeachta mhéid leasaithe na híocaíochta an dáta reatha seachas aon dáta iarghabhálach
- nuair nach móide fianaise ar fáil don Oifigeach Breithiúnachta chun cinntiú mar gheall ar an dáta ar tosaíodh ar na híocaíochtaí farasbairr agus nuair nach féidir dá réir sin ró-íocaíocht a lua ná saothrú ina leith.

Is é éifeacht a bhíonn le breith den sórt sin ó Oifigeach Breithiúnachta nach dtarlaíonn aon ró-íocaíocht ó thaobh cúrsaí dlí de.

Béim na Caibidle

Leagtar amach sa chaibidil seo na pátrúin atá faoi leibhéil na dtaifead maidir le ró-íocaíocht, a oiread agus a d'éirigh leis an Roinn ró-íocaíocht a ghabháil ar ais ina dhiaidh sin agus a oiread agus a thionscnaíonn an Roinn imeachtaí dlí d'fhonn ionchúiseamh i gcásanna calaoise nó d'fhonn suimeanna atá dlite ó éilitheoirí a ghabháil ar ais.

Ró-íocaíochtaí a cuireadh ar taifead

34.2 Cuireadh ró-íocaíochtaí leasa dar luach iomlán €83.4 milliún ar taifead sa Roinn i rith na bliana 2010. B'ionann sin agus ardú 65% i gcomparáid leis an mbliain 2007 agus bhí an ráta sin níos mó ná dhá oiread an ráta ardaithe ar an gcaiteachas iomlán i ndáil le leas i rith na tréimhe céanna – ardú 30%. Leagtar amach sonraí maidir leis an tréimhse ón mbliain 2007 go dtí an bhliain 2010 i bhFíor 153.

Fíor 153 Líon agus Luach na Ró-Íocaíochtaí, 2007 - 2010

	2007	2008	2009	2010
Luach na ró-íocaíochtaí a cuireadh ar taifead	**€m**	**€m**	**€m**	**€m**
Árachas Sóisialach	17.7	18.5	20.3	27.7
Cúnamh Sóisialach	32.8	37.1	46.5	55.7
Iomlán	**50.5**	**55.6**	**66.8**	**83.4**
Líon na gcásanna inar tharla ró-íocaíocht		**Líon na gCásanna**		
Árachas Sóisialach	20,152	19,609	17,877	26,302
Cúnamh Sóisialach	26,251	29,492	24,637	26,301
Iomlán	**46,403**	**49,101**	**42,514**	**52,603**

Foinse: An Roinn Coimirce Sóisialaí

34.3 Chuaigh líon iomlán na ró-íocaíochtaí a bhí le haisghabháil i méid ó €211 milliún ag tús 2007 go €315 milliún ag deireadh 2010.

34.4 Tharla an t-ardú maidir le ró-íocaíocht a cuireadh ar taifead idir na blianta 2007 agus 2010 mar gheall ar ardú ar líon na gcásanna inar tharla ró-íocaíocht agus ardú suntasach ar mheánluach na suimeanna ró-íocaíochta le linn na tréimhse céanna. Tháinig ardú 13% ar líon na gcásanna ró-íocaíochta agus ardú 46% ar an meánluach.

Cúiseanna le Ró-íocaíocht

34.5 Déanann an Roinn idirdhealú idir ró-íocaíocht a tharlaíonn mar gheall ar chalaois agus ró-íocaíocht mar gheall ar earráid. Idir na blianta 2007 agus 2010, tharla athrú suas agus anuas sa réimse idir €21 milliún agus €26 milliún maidir le luach na ró-íocaíochtaí a cuireadh ar taifead gach bliain. Leagtar amach i bhFíor 154 líon na ró-íocaíochtaí agus luach na ró-íocaíochtaí a rangaítear mar chásanna calaoise idir na blianta 2007 agus 2010.

Fíor 154 Líon agus Luach Ró-Íocaíochtaí i gCásanna Calaoise, 2007 - 2010

	2007	2008	2009	2010
Luach na ró-íocaíochtaí a cuireadh ar taifead agus a tharla mar gheall ar chalaois	**€m**	**€m**	**€m**	**€m**
Árachas Sóisialach	6.3	7.0	6.8	6.8
Cúnamh Sóisialach	15.1	14.1	13.9	19.1
Iomlán	**21.4**	**21.1**	**20.7**	**25.9**
		Líon na gCásanna		
Cásanna maidir le hÁrachas Sóisialach	8,304	9,991	6,788	6,482
Cásanna maidir le Cúnamh Sóisialach	9,808	8,347	6,251	9,417
Iomlán	**18,112**	**18,338**	**13,039**	**15,899**

Foinse: An Roinn Coimirce Sóisialaí

Fiacha mar gheall ar Ró-Íocaíocht a Ghabháil ar Ais

34.6 Déanann an Roinn aisghabháil ar fhiacha mar gheall ar ró-íocaíocht ar dhá bhealach

- trí íocaíochtaí díreach ó na féichiúnaithe
- trí sciar d'íocaíochtaí leasa a bheadh dlite do na féichiúnaithe nó iomlán na n-íocaíochtaí sin a choinneáil siar.

34.7 Idir na blianta 2007 agus 2010, rinneadh timpeall is 25% de gach ró-íocaíocht a cuireadh ar taifead a aisghabháil[286]. Tháinig ardú ar mhéid iomlán na ró-íocaíochtaí atá dlite a aisghabháil ó €149.5 milliún ag tús na bliana 2007 go dtí €315 milliún ag deireadh na bliana 2010.

[286] Ar mhéideanna a aisgabháladh sa tréimhse a chuirtear in iúl mar chéatadán den iarmhéid oscailte den fhiachais ag seasamh amach amhail an 1 Eanáir 2007 móide ró-íocaíochtaí a taifeadadh sa tréimhse 2007-2010 atá an rátá aisghabhála bunaithe. Rinneadh aisghabháil ó 50% de na héilitheoirí a raibh iarmhéid fiachais ag seasamh amach ina leith i rith na bliana 2010.

34.8 B'ionann luach comhiomlán na ró-íocaíochtaí a ndearna an Roinn aisghabháil ina leith i rith na bliana 2010 agus €34.5 milliún.

- Rinneadh €7.2 milliún a ghabháil ar ais in íocaíochtaí díreacha i ndáil le ró-íocaíochtaí ar Phinsean Stáit Neamh-ranníocach. D'eascair mórchuid na ró-íocaíochtaí a taifeadadh sna cásanna seo tar éis do na héilitheoirí bás a fháil (cásanna eastáit)..

- Rinneadh €7.6 milliún a ghabháil ar ais trí íocaíochtaí díreacha ó éilitheoirí i ndáil le ró-íocaíochtaí a tharla maidir le scéimeanna eile seachas Pinsean Neamh-Ranníocach.

- Bailíodh €19.7 milliún trí asbhaint ó íocaíochtaí a bhfuil na héilitheoirí ina dteideal faoi láthair.

34.9 Tá teorainn ar roinnt cúiseanna le hinniúlacht na Roinne faoin dlí fiachas ró-íocaíochtaí a aisghabháil trí asbhaint as leasa[287]. Ní mór aird ar an méid iomlán a rinneadh a ró-íoc agus ar chumas an duine airgead a aisíoc i ndáil le leibhéal na haisghabhála. Ní féidir leis an íocaíocht leasa shóisialaí in aghaidh na seachtaine leis an éilitheoir titim faoi bhun an ráta seachtainiúil cuí don Liúntas Leasa Forlíontach i ndáil le cúinsí an éilitheora nó cúinsí theaghlach an éilitheora ach amháin le haontú an éilitheora i scríbhinn roimh ré. Ó tharla nach bhfuil an ráta seachtainiúil reatha don Liúntas Leasa Forlíontach ach €2 faoi bhun an chuid is mó de na híocaíochtaí leasa, is ionann sin agus an méid is mó is féidir a aisghabháil i gcuid mhaith cásanna. De réir mar a tharlaíonn dáiríre, tugann an Roinn san áireamh, nuair a bhítear ag féachaint le suimeanna ró-íocaíochta a ghabháil ar ais, na cúinsí ba chúis leis na ró-íocaíochtaí tarlú an chéaduair agus acmhainní airgeadais an té a fuair iad.

34.10 Is féidir réiteach mar gheall ar fhiachas ró-íocaíochta freisin, in iomláine nó i bpáirt, trí dhíscríobh foirmeálta nó trína chur ar neamhní ag an Roinn.

- Déantar fiachas a dhíscríobh nuair a thagann an Roinn ar an gcomhairle gur fiach atá ann nach féidir a aisghabháil. I rith na tréimhse ón mbliain 2007 go dtí an bhliain 2010, rinneadh tuairim is 6% de na fiacha ró-íocaíochta a dhíscríobh. Rinneadh díscríobh i rith na bliana 2010 ar fhiacha dar luach iomlán €8.5 milliún.

- Anuas air sin, d'fhéadfadh go ndéanfaí fiacha a rinneadh a thaifeadadh roimhe sin a chur ar neamhní mar gheall ar bhreith leasaithe i bhfianaise faisnéis nua nó faisnéis breise a thagann chun cinn nó mar gheall ar choigeartú maidir le hearráidí i ndáil leis suimeanna ar taifead. Idir na blianta 2007 agus 2010 rinneadh 1.3% de na ró-íocaíochtaí a chur ar neamhní tráth níos faide anonn.

34.11 I ndáil le fiacha ró-íocaíochta a aisghabháil, d'iarr mé ar an Oifigeach Cuntasaíochta an méid seo a leanas a chur ar fáil, briseadh síos ar na suimeanna a gabhadh ar ais idir na blianta 2007 agus 2010 lena léireofaí an luach a chuirfí i leith cásanna a rangaítear mar chásanna calaoise, earráid de chuid an éilitheora, earráid de chuid na Roinne agus cásanna eastáit

34.12 Luaigh an tOifigeach Cuntasaíochta nach ndearnadh rangú ar an tslí seo ar ró-íocaíochtaí a ndearnadh aisghabháil orthu cé go ndéantar rangú ar ró-íocaíochtaí, idir cásanna calaoise agus cásanna earráide, nuair a chuirtear ar taifead iad. Dá thoradh sin, ní raibh an Roinn sa riocht agus go bhféadfaí eolas a chur ar fáil i ndáil leis an sciar den fhiachas i ngach catagóir acu sin a ndearnadh aisghabháil air ina dhaidh sin a chur ar fáil.

---

[287] Foráiltear dó sin in Airteagal 245 in Ionstraim Reachtúil Uimhir 142 den bhliain 2007.

Forfheidhmiú faoin Dlí

34.13 I gcás imeachtaí dlí de chuid na Roinne, d'fhéadfadh ionchúiseamh faoin dlí coiriúil a theacht i gceist maidir le cásanna mí-úsáide den suntas agus / nó imeachtaí faoin dlí sibhialta d'fhonn soirbhiú do ró-íocaíochtaí faoi scéimeanna a aisghabháil nó riaraistí ÁSPC a bhailiú[288].

Cásanna Ionchúisimh faoin Dlí Coiriúil

34.14 Tríd is tríd, cuirtear idir 2% agus 3% de na cásanna a rangaítear mar chásanna calaoise ar aghaidh le haghaidh ionchúisimh. Go ginearálta, is iad na cásanna a ndéantar ionchúiseamh i ndáil leo na cinn a mbíonn luach ard ró-íocaíochta i gceist leo. Mar shampla, bhí ró-íocaíocht leasa ba mhó ná €6,500 an cás ar an méan i gceist leis na cásanna cúirte a tugadh chun críche i rith na bliana 2010 i gcomparáid le meánluach thart ar €1,600 ar an meán i ndáil leis na ró-íocaíochtaí a rangaíodh mar chásanna calaoise i rith na bliana.

34.15 Tháinig ardú ar líon na gcásanna ionchúisimh faoin dlí coiriúil a tugadh chun críche sna cúirteanna idir an bhliain 2007 agus an bhliain 2009. Tháinig ísliú air ina dhiaidh sin féin i rith na bliana 2010 go dtí 246 – ísliú 29% i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin[289].

34.16 Bhí de thoradh ar beagnach dhá thrian de na cásanna ar tugadh breith ina leith gur gearradh fíneálacha (chomh maith le píonós de chineálacha eile i roinnt cásanna, e.g. seirbhís phobail nó pianbhreith ar fionraí). B'ionann meánleibhéal na bhfíneálacha a gearradh i rith na bliana 2010 agus beagán sa bhreis ar €875.

34.17 Chomh maith leis na himeachtaí i gcoinne dhaoine a fuair íocaíochtaí leasa,

- Bhí dhá chás a caitheadh amach.
- Gearradh fíneálacha i gceithre cinn de chásanna, beagán faoi bhun €1,040 an ceann ar an meán. Gearradh pianbhreith príosúnachta ar dhuine díobh siúd a ciontaíodh.
- Bhí seacht gcinn de chásanna maidir le fostóirí a tugadh chun críche freisin i rith na bliana 2010 (an méid céanna leis an mbliain 2009).

34.18 Ag deireadh na bliana 2010, bhí 742 cás coiriúil ar fad idir lámha ag na húdaráis ionchúisimh ag tráthanna éagsúla i bpróiseas an ionchúisimh (2009 : 820).

Imeachtaí Forfheidhmíochta faoin Dlí Sibhialta maidir le Fiacha

34.19 I líon beag cásanna ní thugann an Roinn faoi imeachtaí sibhialta mar mhodh chun fiacha a aisghabháil ach amháin nuair is féidir a cheapadh le réasún go mbeadh d'acmhainn an fhéichiúnaí an fiach a íoc.

---

288 Taobh amuigh de ró-íocaíocht leasa, d'fhéadfadh fiacha leis an Roinn teacht i gceist sa chás go seachnaíonn fostóirí ranníocaíochtaí Árachas Sóisialach Pá-Choibhneasta (ÁSPC) a íoc de réir mar a bheadh dlite orthu.

289 Ní thugtar san áireamh leis an bhfigiúr seo cás ar bith a atreoraíodh don Gharda Síochána faoin Acht um Cheartas Coiriúil (Cionta Gadaíochta agus Calaoise) 2001.

34.20 Idir na blianta 2006 agus 2010, thug an Roinn imeachtaí faoin dlí sibhialta chun críche maidir le 103 cúis. Bhí toradh fiúntach ar 55 cás acu sin, ina measc

- seacht gcás inar thángthas ar réiteach maidir le cnapshuimeanna a raibh de thoradh orthu go ndearnadh aisghabháil ar fhiacha dar luach iomlán €196,720
- 43 cás inar thángthas ar aontú maidir le socruithe haisíoc ina ghálaí
- cúig chás inar tugadh breith i bhfabhar na Roinne mar gheall ar chásanna cúirte[290].

34.21 Cuireadh deireadh leis an bhfuílleach 48 cás mar gheall ar athrú ar chúinsí an fhéichiúnaí (30 cás) nó mar gheall go dtáinig an cás faoi urchosc reachta. Faoi dheireadh na bliana 2010, bhí 51 cás faoin dlí sibhialta ar bun ag an Roinn nach raibh tugtha chun críche go fóill (2009 : 56 cás).

Tuairimí an Oifigigh Cuntasaíochta

34.22 I ndáil leis an sciar bheag go leor de na cásanna calaoise a cuireadh ar aghaidh le haghaidh ionchúisimh, luaigh an tOifigeach Cuntasaíochta nach mba den phraiticiúlacht ionchúiseamh a dhéanamh maidir le gach cás ina mbíonn amhras faoi chalaois i ndáil le leas agus nach mbeadh tairbhe as sin ó thaobh costais. Luaigh sí go leagann an Roinn béim ar chinntiú go ndéantar ionchúiseamh maidir leis na cásanna is tromchúisí agus fianaise dhaingean ann go ndearnadh calaois agus i ndáil leis sin, go raibh maitrís tugtha chun cinn ag an Roinn i rith na bliana 2010 chun grinnfhiosrú a dhéanamh ar chásanna maidir le hionchúiseamh faoin dlí coiriúil.

34.23 Tá réimse naoi gcinn de thréithe i gceist leis an maitrís agus ualú áirithe á chur i leith gach ceann de na tréithe sin d'fhonn socrú ar na cásanna ar cheart smaoineamh ar ionchúiseamh a dhéanamh faoin dlí coiriúil mar gheall orthu. Ar na tréithe sin, tá an t-achar ama ar leanadh den chalaois a dhéanamh, an méid airgid a bhí i gceist leis an ró-íocaíocht, dearbhú bréige a dhéanamh tráth an éilimh, loic fógra a thabhairt don Roinn maidir le hathrú ar chúinsí, calaois a dhéanamh ar an Roinn tráth eile roimhe sin agus iarrachtaí an chliaint an ró-íocaíocht a íoc ar ais.

34.24 Luaigh an tOifigeach chomh maith go bhfuil de rún ag an Roinn athbhreithniú a dhéanamh ar an gcur chuige ginearálta i ndáil le haisghabháil ar ró-íocaíocht, go háirithe i gcomhthéacs ró-íocaíochtaí a tharla mar gheall ar chalaois maidir le leas shóisialach. Cé gur gá na mionsonraí ina leith a scrúdú, a n-éilítear faoin dlí go háirithe, déanfar roghanna éagsúla a scrúdú i rith na bliana 2011, iad seo a leanas ina measc

- na srianta atá i bhfeidhm faoi láthair maidir le ró-íocaíocht a ghabháil ar ais a ghlanadh as an mbealach, an tsuim is féidir a aisghabháil gach seachtain san áireamh
- sa chás go bhfuil daoine a ndearnadh ró-íocaíochtaí leo fostaithe, sonraí faoin teacht isteach a mheaitseáil leis na fiacha atá orthu le súil is go bhféadfaí íocaíocht a bhrostú nó leasú a thabhairt i bhfeidhm maidir lena gcuid creidmheasanna cánach
- fiosrú a dhéanamh cén seans go bhféadfaí lacáistí cánach a choinneáil siar ó dhaoine a bhfuil ró-íocaíochtaí leo ar taifead
- ró-íocaíochtaí a aisghabháil as íocaíochtaí eile a dhéanann an Stát, ina measc, íocaíochtaí iomarcaíochta, deontais do mhic léinn agus íocaíochtaí i ndáil le feirmeacha
- tabhairt faoi ró-íocaíochtaí a ghabháil ar ais i mBallstáit eile sa chás go ndeachaigh saoránaigh thíortha iasachta a bhfuil measta go ndearnadh ró-íocaíocht leo tar éis filleadh ar a dtír dúchais.

---

[290] Bhí san áireamh leo sin foraitheantas a deonaíodh (i dhá chás), ordú maidir le gálaí a deonaíodh (i dhá chás) agus morgáiste breithiúnais (in aon chás amháin).

Conclúid

Tá ardú seasta tagtha ar líon na ró-íocaíochtaí leasa agus ar a luach ón mbliain 2007 i leith. Faoin mbliain 2010, bhí luach na n-íocaíochtaí farasbairr a cuireadh ar taifead in aon bhliain amháin ardaithe go dtí €83.4 milliún – ardú 65% in imeacht trí bliana. Ardú 30% a tháinig ar an gcaiteachas iomlán ar leas shóisialach i rith na tréimhse céanna.

Idir na blianta 2007 agus 2010, rinneadh timpeall is 25% den ró-íocaíocht a bhí ar taifead a aisghabháil. Tháinig ardú ar luach iomlán na ró-íocaíochtaí a bhí dlite le haisghabháil ó €149.5 milliún ag tús na bliana 2007 go dtí €315 milliún ag deireadh na bliana 2010.

I rith na bliana 2010, rinneadh níos mó ná leath na haisghabhála a bhailiú trí asbhaint ó íocaíochtaí leasa reatha agus an fuílleach a bhailiú trí íocaíochtaí díreach ó na héilitheoirí nó ó eastáit éilitheoirí a d'éag.

Bhí €26 milliún nó 31% de na ró-íocaíochtaí a cuireadh ar taifead i rith na bliana 2010 a rangaíodh mar chásanna calaoise. Ní raibh ar chumas na Roinne briseadh síos aisghabhála a chur ar fáil i 2010 i ndáil leis an méid a fuarthas mar gheall ar chalaois agus an méid a fuarthas mar gheall ar earráid. Déantar idir 2% agus 3% de na ró-íocaíochtaí a rangaítear mar chásanna calaoise a chur ar aghaidh d'fhonn ionchúiseamh ina leith.

Tá tugtha le tuiscint ag an Roinn go bhfuil rún athbhreithniú a dhéanamh ar an gcur chuige ginearálta maidir le ró-íocaíochtaí a ghabháil ar ais, agus go háirithe ró-íocaíochtaí mar gheall ar chásanna calaoise. Tugadh le fios go mbainfeadh na nithe seo a leanas le téarmaí tagartha an athbhreithnithe sin

- roghanna maidir leis na srianta a bhaineann le ró-íocaíocht a aisghabháil faoi láthair a ghlanadh as an mbealach
- ró-íocaíochtaí a aisghabháil tríd an gcóras cánachais**,** ó íocaíochtaí Stáit mar íocaíochta iomarcaíochta, íocaíochtaí feirme agus deontais do mhic léinn
- tabhairt faoi ró-íocaíochtaí a ghabháil ar ais i mBallstáit eile sa chás go ndeachaigh saoránaigh thíortha iasachta atá i bhfiacha mar gheall ar ró-íocaíochtaí ar ais go dtí na tíortha sin.

Caibidil 35

Rialtacht Íocaíochtaí Leasa Shóisialaigh

Vóta 38 Coimirce Sóisialaí

Rialtacht Íocaíochtaí Leasa Shóisialaigh

35.1 Ceanglaítear ar an Roinn Coimirce Sóisialaí (an Roinn) a chinntiú

- go bhfeidhmítear an caiteachas a thabhaíonn sí chun na críocha ar chuir Dáil Éireann an t-airgead ar fáil, agus
- go bhfuil a hidirbhearta airgeadais i gcomhréir leis na húdaráis faoina gceaptar iad a bheith déanta.

Áirítear go bhfuil idirbhearta airgeadais 'rialta' nuair a shásaítear na coinníollacha seo araon.

35.2 Cé gur bhraith an Roinn líon suntasach éileamh leasa áit a bhfuair sí amach gur sháraigh íocaíochtaí teidlíocht, níl aon taifead déanta aici ar thionchar airgeadais na laghduithe íocaíochta nó foirceannadh éileamh iarmhartacha. Ní dhéantar taifead ar ró-íocaíochtaí i ngach cás dá leithéid agus mar sin, ní hionann iad agus tomhas iontaofa íocaíochtaí mírialta in aon bhliain.

35.3 Thuairiscigh mise anuraidh gur léirigh an fhianaise ó na suirbhéanna earráide agus calaoise a rinne an Roinn go raibh fadhb shuntasach ró-íocaíochta ann, arbh ionann agus íocaíocht mhírialta, maidir le cuid mhór de na scéimeanna íocaíochta leasa a fheidhmíonn sí. Cé gur léir go bhfuil scála na faidhbe níos mó do scéimeanna Vóta-mhaoinithe, tá leibhéal measta íocaíochtaí mírialta faoi na scéimeanna Pinsean Stáit (Ranníocach) maoinithe ag árachas sóisialta agus an Pinsean Stáit (Aistriú) ábhartha freisin. Léiríonn Fíor 155 meastachán de scála íocaíochtaí leasa mírialta i 2010 bunaithe ar thorthaí an tsuirbhé.

Fíor 155 Íocaíochtaí Mírialta Measta in Íocaíochtaí Leasa, 2010

	Bliain an tsuirbhé [a]	Leibhéal neamhrialtachta	Costas Scéime 2010	Ábhar Iarmharta Airgeadaíochta
		€m	%	€m
Scéimeanna Vóta-mhaoinithe				
Sochar Leanaí	2004	1.8	2,213	40
Forlíonadh Ioncam Teaghlaigh	2005	3.3	186	6
Liúntas Míchumais	2005	7.0	1,110	78
Pinsean Stáit (Neamh-ranníocach)	2007	2.1	977	21
Íocaíocht Teaghlach Aontuismitheora	2007	7.3	1,110	81
Liúntas Cuardaitheora Poist	2009	4.1	2,809	115
		4.0	***8,405***	***340***
Scéimeanna Ciste Árachais Sóisialaigh				
Sochar Breoiteachta	2006	0.4%	943	4
Pinsean Stáit (Ranníocach/Aistriú)	2009	1.1%	3,560	39
		1.0%	***4,503***	***43***
Iomlán do gach scéim a ndearnadh suirbhé orthu		**3.0%**	**12,908**	**383**

Foinse: Modheolaíocht na Roinne Coimirce Sóisialta, tugtha cothrom le dáta ag Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

Nóta: a Bliain bhunaidh do shuirbhé earráide agus calaoise.

35.4 Tá éagsúlacht leathan i leibhéal íocaíochtaí mírialta idir scéimeanna atá Vóta-mhaoinithe, ach tugann ábharthacht leibhéal na faidhbe thar na scéimeanna a ndearnadh suirbhéireacht orthu le fios gur dóigh go mbeidh cúrsaí mar a chéile sna scéimeanna Vóta-mhaoinithe nár dearnadh suirbhé orthu, cuid mhór díobh seo a ndéantar tástáil acmhainne orthu.

35.5 D'aithin torthaí na suirbhéanna earráide agus calaoise a comhlíonadh maidir le scéimeanna Vóta-mhaoinithe, ráta earráide 4%. I 2009, chuir an Roinn in iúl go mbeadh sí ag súil go mbeadh na scéimeanna eile, cé is moite den Liúntas Leasa Forlíontach, íseal go maith ó thaobh riosca.

35.6 Bunaithe ar mheastachán coimeádach den leibhéal earráide agus calaoise i scéimeanna[291] nach ndearnadh suirbhé orthu meastar gur 3.4% de chaiteachas scéime 2010 an meánráta thar scéimeanna Vóta-mhaoinithe. Dúirt an Roinn go bhféadfadh go mbeadh an lamháil earráide do thorthaí suirbhé thart ar ± 1%. Agus an lamháil earráide seo á cur i bhfeidhm ar na meastacháin a cuireadh ar fáil bheadh an ráta foriomlan íocaíochtaí mírialta mar sin sa réimse 2.4% go 4.4% de chaiteachas foriomlán scéime.

Conclúid – Leibhéal na Neamhrialtachta

Tá ceangal orm, faoi Alt 3(5) d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993, tagairt a dhéanamh i mo theastas iniúchta ar chuntas leithreasa d'aon chás ábhartha

in ar theip ar Roinn caiteachas a taifeadadh sa chuntas a fheidhmiú chun na críche nó na críocha a bhí ceaptha ag na leithreasuithe a rinne an tOireachtas, nó

nuair nach bhfuil na hidirbhearta a taifeadadh sa chuntas i gcomhréir leis an údarás faoina ceapadh iad a bheith déanta.

Thagair mé i mo theastas ar Chuntas Leithreasa na Roinne do 2010 don leibhéal mírialtachta, atá bainteach le hábhar, dar liom, i gcomhthéacs an chaiteachais fhoriomláin a taifeadadh sa Vóta.

Tuairimí an Oifigigh Chuntasaíochta

35.7 Tharraing an tOifigeach Cuntasaíochta aird ar an bhfíric nár reáchtáladh suirbhéanna earráide agus caolaoise le deireanaí maidir le cuid mhaith de na scéimeanna. Dúirt sí nach dtugann eolas a tógtar as toradh suirbhé dár dháta ceithre bliana roimhe sin (nuair a bhí an Roinn ag feidhmiú i dtimpeallacht éagsúil) ar aghaidh caiteachas an lae inniu, meastachán iontaofa ar leibhéal reatha íocaíochtaí mírialta.

35.8 Dúirt an tOifigeach Cuntasaíochta go raibh sé i gceist ag an Roinn suirbhéanna earráide agus caolaoise níos cothroime le dáta a reáchtáil chun aghaidh a thabhairt air seo. Thug sí an méid seo leanas le fios

- Beidh na chéad torthaí maidir le suirbhé ar Liúntas Míchumais ar fáil i Meán Fómhair 2011. San áireamh ann den chéad uair, tá athbhreithniú ar an incháilitheacht liachta ó mholtóir liachta mar chuid den suirbhé.
- Tá suirbhé ar Íocaíocht Teaghlach Aontuismitheora á dhéanamh faoi láthair agus beidh na torthaí tosaigh ar fáil i nDeireadh Fómhair 2011.
- Cuirfear tús le suirbhé ar Shochar Cuardaitheora Poist sa ráithe dheireanach de 2011.

---

[291] Áiríodh go raibh an leibhéal earráide agus calaoise i leith Liúntais Leasa Forlíontaigh ag 2% — leath an ráta do scéimeanna a ndearnadh suirbhé orthu. Glacadh le ráta 1% earráide agus calaoise i leith gach scéime Vóta-mhaoinithe eile — aon cheathrú den ráta do scéimeanna a ndearnadh suirbhé orthu.

- Tá forbairt á dhéanamh ag an Roinn ar chlár meántéarma suirbhéanna agus foilseoidh sí é mar chuid den Phlean rialaithe i bhFómhar 2011.

35.9 Thug an tOifigeach Cuntasaíochta ar aird freisin go bhfuil suirbhéanna earráide agus calaoise dian ar acmhainní, go háirithe ag leibhéal cigire, agus níorbh fhéidir suirbhéanna níos minicí a bhaint amach gan cur chuige éagsúil i leith na modheolaíochta a fhorbairt. Breithneofar é seo do roinnt scéimeanna.

35.10 Dúirt an tOifigeach Cuntasaíochta go ndéanfaidh an Roinn

- ráta céatadán ró-íocaíochta a ríomh bunaithe ar thorthaí tosaigh an tsuirbhé
- an céatadán ró-íocaíochta a athríomh tar éis sé mhí ag cur athruithe i gcásanna san áireamh, a bhféadfadh cúiseanna éagsúla a bheith leo (e.g. achomharc i leith íocaíochta eile).

35.11 Thug an tOifigeach Cuntasaíochta breac-chuntas ar chuspóirí na Roinne agus suirbhé earráide agus calaoise á reáchtáil acu mar seo a leanas

- leagann suirbhé earráide agus calaoise béim ar riosca neamhchomhlíontachta le rialacháin na scéimeanna a bhfuil suirbhé á dhéanamh orthu
- ceadaíonn an suirbhé don Roinn díriú ar an scéim sin, agus ar a réimsí riosca ar leith, le haghaidh bearta rialaithe níos láidre, nuair is gá.

35.12 Rinne sí idirdhealú idir leibhéal na n-íocaíochtaí mírialta ag pointe an tsuirbhé agus an caillteanas airgeadais don Roinn. Thug sí ar aird nach gcuireann torthaí an tsuirbhé san áireamh (nó ríomh caiteachais mhírialta sa chaibidil seo) san áireamh tionchar airgeadais custaiméirí ag filleadh ar an scéim tar éis achomhairc nó ag aistriú go sochar eile.

35.13 Thug sí sampla d'athscrúdú in Eanáir 2011 a rinne Láraonad Rialuithe na Roinne ar 149 cás áit ar stopadh éilimh nó inar athraíodh rátaí de thoradh suirbhé earráide agus calaoise Liúntais Chuardaitheora Poist 2009. Maidir le 26 cás ar cuireadh deireadh leo, bhí 11 (42%) tar éis íocaíocht a fháil in athuair ar an scéim chéanna nó ar scéimeanna eile. Bunaithe ar na torthaí seo chinn an tOifigeach Cuntasaíochta go mbeadh an caillteanas airgeadais iarbhír don Roinn níos lú ná leibhéal na mírialtachta a tugadh ar aird ar dtús, agus gurb iad ró-íocaíochtaí tuairiscithe, a léiríonn luach taobhaithe gan údar le híocaíochtaí leasa a aimsíodh mar an modh tuairiscithe is iontaofa agus is beaichte den mhíchaiteachas glan thar scéimeanna Rannacha uile.

Conclúid

Cuireann athbhreithnithe ar shamplaí ionadaíocha de chásanna a roghnaíodh go randamach bealach seantriailte ar fáil chun éifeachtacht córas rialaithe scéime a mheas. Baintear úsáid as athbhreithnithe cás den chineál seo le pleanáil agus feidhmiú rialaithe a fhoirmiú i scéimeanna de chuid na Coimisinéirí Ioncaim agus i scéimeanna maoinithe ag an AE sa réimse talmhaíochta, agus i gcórais leasa i ndlínsí eile chomh maith. San am atá caite tá an Roinn tar éis dul i mbun suirbhéanna earráide agus calaoise ar éilimh ar scéimeanna leasa áirithe a roghnaíodh go randamach. Níor cuireadh an cineál seo suirbhé i bhfeidhm ar mhórscéimeanna caiteachais áirithe, agus téann na torthaí suirbhé is deireanái maidir le roinnt scéimeanna siar go 2004 agus 2005.

Tá sé tábhachtach go ndéanfadh an Roinn suirbhéanna earráide agus calaoise ar bhonn leanúnach chun í féin a chur ar an eolas faoi leibhéal reatha earráide agus calaoise ina cuid íocaíochtaí. Ní mór aithint an leibhéil íocaíochta mhírialta a leanúint le bearta ar an talamh chun minicíocht chalaoise a laghdú. Ó thaobh peirspictíochta cuntasachta, tá dualgas cruthúnais ar an Roinn a léiriú go bhfuil aon bhearta ina dhiaidh sin tar éis ráta na híocaíochta mírialta a laghdú. Tá suirbhéanna níos minicí ag teastáil le riarachán rannach agus gníomhaíocht rialaithe a chur ar an eolas, agus chun a cheadú di a freagracht i leith rialtachta a cuid íocaíochtaí a chomhlíonadh.

Cé nach bhfuil iontaoibh i dtorthaí suirbhé níos sine idéalach agus nach dóigh go léireoidh sí an staid reatha go beacht, bheadh sé míchuí beag beann a dhéanamh díobh ceal torthaí níos nuaí. Thairis sin, thiocfadh d'fhianaise eile atá ar fáil seasmhacht íocaíochtaí mírialta agus iomarcacha a dhearbhú.

- Tharraing tuarascálacha roimhe seo aird ar an bhfíric go raibh roinnt mhaith eolais ar fáil ag an Roinn ag an leibhéal riaracháin a bheadh tar éis ró-íocaíochtaí a bhí ag dul ar aghaidh le fada a bhrath.
- Tugann Caibidil 36 le tuiscint go bhféadfaí aghaidh a thabhairt ar íocaíochtaí mídhleathacha trína chinntiú go mbíonn teidlíocht éilitheora fianaithe go hiomlán ag an tús nó chomh luath agus is féidir ina dhiaidh sin agus gur ghá seiceálacha bainistíochta áirithe a dhéanamh go seasta.
- Tuairiscíonn Caibidil 37 faoi athbhreithniú ar a mhéid a ghníomhaítear ina dhiaidh sin ar eolas rialaithe a ghintear go lárnach agus a eisítear le seiceálacha a spreagadh. Arís tá scóp suntasach ann an t-eolas seo a úsáid ar bhealach níos fearr chun leibhéal na hiontaoibhe gan údar sna córais leasa a laghdú.

Tugann torthaí suirbhéanna caimiléireachta agus earráide na Roinne, in éineacht le meastachán coimeádach na leibhéal caimiléireachta agus earráide i scéimeanna nach ndearnadh suirbhé orthu, le fios go bhfuil i gceist leibhéal iomlán íocaíochtaí neamhrialta idir 2.4% agus 4.4% na n-íocaíochtaí iomlána ó scéimeanna a mhaoinítear ag Vóta. Sáraíonn sin an leibhéal ábharthachta a fhostaíonn m'Oifig ina cuid pleanála iniúchta.

Glactar leis, ar ndóigh, nach ionann an leibhéal íocaíochta neamhrialta ag pointe ama agus an t-ábhar coigiltis airgid. Ba chóir do chur chuige beartaithe na Roinne i leith suirbhéanna sa todhchaí faoi mar a shracrianaítear ag an Oifigeach Cuntasaíochta fágáil go bhfuil sí in inmhe caillteanas na gcistí poiblí a mheas le cruinneas méadaithe.

Ag leibhéal an dearaidh, féadfaidh torthaí ar shuirbhé earráide agus calaoise dul i dtreo bainistíochta agus rialaithe foriomláin feabhsaithe, nach féidir an tionchar a rianú ach le suirbhéanna rialta a reáchtáiltear go caighdeán seasta. Tá sé tábhachtach freisin go ndéantar leibhéal íocaíochta mírialta a rianú agus go ndéantar measúnú ar a tionchar airgeadais sa chaoi gur féidir aon fheabhsuithe rialaithe riachtanacha a dhíriú ar na réimsí is mó nochtadh airgeadais. Ba cheart don Roinn freisin struchtúr a freagartha do thorthaí suirbhé a bhreithniú chun aghaidh a thabhairt ar thrí phríomhthiománaí íocaíochtaí mírialta i.e. calaois, earráid chliaint agus earráid rannach. Is é is dóigh go mbeidh an fhreagairt optamach do gach ceann acu seo éagsúil.

Tá sé i gceist agam iniúchadh a dhéanamh ar shuirbhéanna agus ar thorthaí na Roinne amach anseo in aghaidh na gcritéar atá leagtha amach in Aguisín A, agus tuairisc a thabhairt ar mo thorthaí de réir mar a thugtar chun críche iad.

Iarscríbinn A Critéir d'Fheidhmiú Rathúil Suirbhé ar Earráid agus ar Chalaois Bhunúsach

Is iad seo a leanas na critéir atá riachtanach do chur i bhfeidhm rathúil suirbhé ar earráid agus ar chalaois bhunúsach ar scéim éilimh

- Ní mór na cásanna uile le cur san áireamh sa suirbhé a roghnú go randamach ón bpobal cásanna in íocaíocht ag am ar leith.
- Ní mór don mhéid samplach bheith sách mór le meastacháin réasúnta iontaofa a chur ar fáil.
- Ba chóir na hathbhreithnithe a dhéanamh go tapa nó d'fhéadfadh go mbeadh tionchar ar na samplaí ag cliaint a shíníonn amach etc.
- Ba chóir cásanna a thástáil go hiomlán do gach sárú ionachasach rialachán. Teastaíonn cur i bhfeidhm na gnáthsheiceálacha agus tástálacha in athuair lena aghaidh seo – lena n-áirítear agallaimh, cuairteanna baile, athdhearbhú acmhainne nó athbhreithnithe liachta, mar is cuí – le cinneadh úr ó Oifigeach Cinntitheach.
- Ba chóir luachanna airgeadaíochta aon athruithe de thoradh gach athbhreithnithe mar aon le luach airgeadaíochta an tsampla a ghabháil sa chaoi gur féidir torthaí a thógáil astu le conclúidí a bhaint faoi luach measta an chaillteanais.
- Ba chóir go mbeifí in ann torthaí an tsuirbhé a iniúchadh e.g. tástáil seiceálacha a rinneadh ar chásanna aonair.

Caibidil 36

Bearta Rialúcháin ag Leibhéal na Scéime

Bearta Rialúcháin ag Leibhéal na Scéime

36.1 Déantar íocaíochtaí do Lucht Cuardaigh Fostaíochta a riar in oifigí áitiúla. Is iad na sraitheanna bainistíochta seo a leanas atá freagrach as bearta rialúcháin a bhaineann leis na híocaíochtaí sin.

- Tá bainisteoirí na n-oifigí áitiúla freagrach as próiseáil agus as íoc na n-éileamh ar fad do na scéimeanna sin a bhíonn á riar acu.
- Tá na Bainisteoirí Réigiúnacha freagrach as rialúchán iomlán na n-éileamh agus as cur i bhfeidhm bheartas agus ghnáthaimh RCS ar fud líonra na n-oifigí áitiúla agus brainse[292]. Tá Bainisteoirí Réigiúnacha freagrach freisin as cigireacht a imscrúdaíonn agus a athbhreithníonn éilimh.
- Tá aonad ainmnithe tacaíochta rialúcháin ag an Oifig Thacaíochta Réigiúnaí (OTR), atá freagrach as tacú le, scrúdú, monatóireacht agus spreagadh feasachta faoi na cleachtais agus na gnáthaimh rialúcháin inmheánaigh ar fud na réigiún. Cuireann sí iniúchtaí i gcrích freisin faoi fheidhmiú na rialuithe inmheánacha ag oifigí áitiúla.

36.2 Cuireann an tAonad Speisialta Imscrúdaithe (ASI) raon gníomhaíochtaí rialúcháin i gcrích, lena n-áirítear athbhreithniú éileamh agus teidlíochtaí, imscrúdú caimiléireachta agus mí-úsáide, agus cur i gcrích iniúchtaí ar fhostóirí.

36.3 Déantar scéimeanna áirithe, leithéidí Sochar Linbh agus Liúntas Míchumais, a riar sna hoifigí ceanncheathrún agus tá aonaid rialúcháin i bhfeidhm sna hoifigí sin. Sna scéimeanna sin dírítear obair rialúcháin go príomha ar thionscadail spriocdhírithe athbhreithnithe.

36.4 Tá i gceist le laghdú dul in iontaoibh gan údar ar an gcóras leasa shóisialaigh

- cinntiú go soláthraítear gach doiciméad agus cruthúnas teidlíochta a theastaíonn agus go ndéantar iad seo a sheiceáil le teidlíocht a dheimhniú agus próiseáil éilimh á tosú
- seiceálacha á gcur i gcrích, ar bhonn samplach, ag lucht na bainistíochta le cruinneas agus bailíocht na n-éileamh sin atá ag fáil íocaíochta a dheimhniú.
- Ina theannta sin is féidir go mbeadh sé d'acmhainn ag bearta grádaithe riosca méid agus leibhéal an dul in iontaoibh gan údar ar an gcóras leasa shóisialaigh a laghdú.

Béim na Caibidle

Tuairiscíonn an chaibidil seo torthaí athbhreithnithe ar

- éifeachtacht na rialuithe le déanamh éileamh neamhbhailí a chosc agus a aimsiú maidir le híocaíochtaí an Liúntais do Lucht Cuardaigh Fostaíochta, an Phinsin Easláine agus an Liúntais Mhíchumais agus
- dul chun cinn na Roinne maidir le cur i bhfeidhm meicníochta grádaithe riosca.

[292] Tá 63 oifig bhrainse ag an Roinn atá cleamhnaithe le 62 oifig áitiúil na Roinne. Suas go deireadh 2010, ní dhéanadh na hoifigí brainse aon socruithe maidir le bronnadh éileamh nó íocaíochtaí eisceachtúla, ní chuiridís athbhreithnithe i gcrích ná ní ghlacaidís le ró-íocaíochtaí. Tá soláthar á dhéanamh do leathnú ról na n-oifigí brainse i 2011 le socruithe a chuimsiú a chuirfeadh íocaíocht ar fáil do chatagóirí áirithe an tSochair do Lucht Cuardaigh Fostaíochta.

Rialuithe ag Céim an Iarratais

36.5 Rinne an t-iniúchadh athbhreithniú ar rialuithe tosaithe éilimh ag

- oifigí áitiúla Chorcaí agus Thamhlachta maidir leis an Sochar do Lucht Cuardaigh Fostaíochta agus leis an Liúntas do Lucht Cuardaigh Fostaíochta [293]
- oifigí ceanncheathrún na scéime don Phinsean Easláine agus don Liúntas Míchumais.

An Sochar do Lucht Cuardaigh Fostaíochta

36.6 Nuair a bhíonn iarratas ar Shochar do Lucht Cuardaigh Fostaíochta á phróiseáil, ní mór go mbeadh dóthain ranníocaíochtaí ÁSPC íoctha ag an éilitheoir. Is iad na bunfhorálacha teidlíochta ná cruthúnas aitheantais agus áite cónaithe, fianaise go bhfuil an t-éilitheoir dífhostaithe agus go bhfuil iarrachtaí á ndéanamh aige nó aici fostaíocht a lorg.

36.7 Maidir le cruthúnas aitheantais go stairiúil d'éilíodh an Roinn doiciméad príomhúil aitheantais i bhfoirm pas nó teastais bhreithe, le doiciméid tacaíochta ar nós ceadúnais tiomána nó bancleabhair.

36.8 Maolaíodh na riachtanais seo i Mí na Nollag 2008 agus bhíothas in ann aitheantas custaiméara a dheimhniú ar aon cheann de na bealaí seo a leanas

- trí sholáthar pas nó ceadúnais tiomána
- nuair a bhíonn aithne phearsanta ag an duine atá ag glacadh leis an éileamh ar an éilitheoir
- nuair a sholáthair an t-éilitheoir aitheantas i bhfoirm grianghraif san am atá caite
- nuair a sholáthraíonn an t-éilitheoir doiciméid eile, lena n-áirítear cártaí bainc, cárta aitheantais oibre, cárta ballraíochta cumainn nó aitheantas den chineál céanna agus gur féidir sin a bhailiú trí thagairt a dhéanamh d'fhaisnéis atá ar coimeád i gcórais na Roinne cheana féin.

36.9 Teastaíonn cruthúnas seolta sna cásanna sin ina bhfuil éilitheoir nua nó ina bhfuil sé cláraithe leis an Roinn ach seoladh nua a bheith aige. Glactar le raon doiciméad mar chruthúnas seolta, lena n-áirítear ach gan an liosta seo a bheith cuimsitheach: comhfhreagras[294] a cuireadh le déanaí ó chomhlachtaí fóntais, ó bhainc, ó eagraíochtaí eile Stáit, leabhair chíosa nó aon chineál fianaise a measann an tOifigeach Breithiúnachta é a bheith oiriúnach faoi na tosca.

36.10 Go stairiúil, b'éigean don éilitheoir cruthúnas dífhostaíochta a sholáthar, mar shampla Foirm P45 nó litir ó fhostóir ag dearbhú go raibh an fostaí tar éis éirí as bheith ag obair agus ag míniú na cúise a bhí leis sin. Athraíodh na riachtanais seo i Mí Feabhra 2009. Dhearbhaigh na treoirlínte athbhreithnithe gur chóir a leithéid d'fhianaise a lorg sna cásanna sin ina raibh amhras ann faoi stádas dífhostaithe an éilitheora, ach bhíothas ag súil leis nach dtarlódh sin ach go hannamh.

36.11 Seachas i gcásanna eisceachtúla ní féidir leis an éilitheoir bheith ag fáil íocaíochtaí faoi scéim eile leasa shóisialaigh agus ní mór go mbeadh an Roinn sásta go bhfuil an t-éilitheoir ag lorg oibre dáiríre. D'áireofaí mar fhianaise go bhfuiltear ag lorg oibre cóipeanna iarratas poist agus agallaimh le héilitheoirí le fáil amach faoi na hiarrachtaí atá ar siúl acu le fostaíocht a bhaint amach.

---

293 Is iad na hoifigí a ndearnadh athbhreithniú orthu ná oifigí Chorcaí agus Thamhlachta.

294 Is é atá i ndoiciméad nua ná ceann a eisíodh le dhá mhí anuas.

36.12 San iniúchadh rinneadh iarracht méid fhianaisiú na gcoinníollacha cáilitheacha seo agus seiceálacha a scrúdú i sampla de 50 cás[295]. Do na cásanna a scrúdaíodh fuair an t-iniúchadh an méid seo amach

- Soláthraíodh cruthúnas aitheantais a chomhlíon na gnáthaimh athbhreithnithe a tugadh isteach i Mí na Nollag 2008. Sásaíodh na riachtanais faoi chruthúnas seolta i ngach cás.
- I gcúig chás inar measadh foirm P45 a bheith ag teastáil ní raibh an doiciméad sin faighte acu. Sna cásanna sin, tosaíodh ar íocaíocht na n-éileamh ag feitheamh le fáil an doiciméid a theastaigh. Glacann an Roinn leis nach ndearnadh obair leantach maidir le gach cás i 2010 agus dhearbhaigh sí go bhfuil an fhoireann ag cloí leis an ngnáthamh anois agus ina theannta sin go n-úsáidtear sliocht ríomhaire míosúil le cinntiú go ndéantar obair leantach i dtaca le gach cás ina bhfuiltear ag feitheamh le P45 nó le litir ón bhfostóir.
- I gCorcaigh agus i dTamhlacht deimhníodh don fhoireann iniúchtaí go raibh seiceálacha á gcur i gcrích ar bhonn rialta le cinntiú go raibh éilitheoirí ag lorg fostaíochta dáiríre. Ní raibh aon fhianaise maidir leis sin le fáil ar chomhad 70% de na héilitheoirí, áfach — sin 35 as na 50 cás a scrúdaíodh. Bhí fianaise curtha ar fáil ag na héilitheoirí eile, leithéidí cóipeanna d'iarratais phoist agus/nó freagraí ó fhostóirí. Cé go ndéanann an córas soláthar d'eisiúint cheistneoirí do na héilitheoirí ag tréimhsí ama réamhdhearbhaithe le faisnéis a fháil maidir le hiarracht an éilitheora teacht ar fhostaíocht, ní raibh aon fhianaise le fáil gur cuireadh sin i bhfeidhm i gcás an tsampla a scrúdaíodh.

36.13 Dhearbhaigh an Roinn an méid seo freisin

- I dTamhlacht, mar nach raibh fianaise le fáil go rabhthas ag iarraidh teacht ar fhostaíocht dáiríre, i gcás 17 de na héilitheoirí, méadaíodh go suntasach líon na n-athbhreithnithe ag tréimhsí ama réamhdhearbhaithe i 2011.
- I gCorcaigh, glacadh leis nach rabhthas in ann teacht ar fhianaise go rabhthas ar lorg fostaíochta, dáiríre, i 9 gcás.

An Liúntas do Lucht Cuardaigh Fostaíochta

36.14 Nuair a bhíonn iarratas ar an Liúntas do Lucht Cuardaigh Fostaíochta á phróiseáil, baineann an fhianaise agus na seiceálacha céanna le feidhm is a bhaineann le feidhm i gcás an tSochair do Lucht Cuardaigh Fostaíochta, seachas na cinn sin a bhaineann le híocaíocht ranníocaíochtaí ÁSPC. Ina theannta sin ní mór go sásódh an t-éilitheoir na coinníollacha gnáthchónaithe agus ní mór measúnú maoine a dhéanamh air nó uirthi.

36.15 Bíonn tosca éagsúla ag baint le daoine a bhíonn ag éileamh an Liúntais do Lucht Cuardaigh Fostaíochta. Is féidir go bhfuil siad tar éis an próiseas oideachais a chríochnú, go bhfuil siad tar éis filleadh ó thar lear, go raibh siad fostaithe ach gan a ndóthain ranníocaíochtaí a bheith déanta acu leis an Sochar do Lucht Cuardaigh Fostaíochta a éileamh nó go raibh siad féinfhostaithe roimhe seo. Dá bharr sin soláthraítear fianaise nach bhfuil siad fostaithe ag raon éagsúil foinsí.

36.16 Scrúdaigh an t-iniúchadh cur i bhfeidhm ghnáthaimh na Roinne i líon samplach de 50 cás[296].

---

[295] Tosaíodh ar íocaíocht a dhéanamh i 43 de na cásanna seo i 2010 agus 7 gcinn i 2009. Ní raibh comhad amháin ar fáil chun iniúchadh a dhéanamh air.

[296] Tosaíodh ar íocaíocht a dhéanamh i 19 de na cásanna seo i 2010, 13 i 2009 agus bhain 18 acu le tréimhse roimh 2009.

36.17 Chuimsigh 58% de na comhaid fianaise gur fhreastail na héilitheoirí ar chúrsaí FÁS, gur bhuail siad le héascaitheoirí FÁS, nó sholáthair siad fianaise i bhfoirm doiciméad gur chuir siad iarratas isteach ar phost. Sna 42% eile de chomhaid a scrúdaíodh, ní rabhthas in ann teacht ar fhianaise ar comhad maidir le seiceálacha go raibh an t-éilitheoir ag lorg fostaíochta dáiríre. Faoi mar a tharlaíonn i gcás an tSochair do Lucht Cuardaigh Fostaíochta dhearbhaigh pearsanra na n-oifigí áitiúla go raibh a leithéid de sheiceálacha á gcur i gcrích ach ní raibh aon fhianaise á coimeád ar comhad.

36.18 I 47 de na 50 cás a scrúdaíodh, bhí fianaise le fáil sa chomhad go raibh P45 curtha ar fáil ag an éilitheoir, nó litir ó iarfhostóir nó fianaise eile a bhain le stair fhostaíochta an éilitheora le déanaí. Sna trí chás eile, ní rabhthas in ann teacht ar aon fhianaise ar an gcomhad. Faoi mar a tharlaíonn i gcás an tSochair do Lucht Cuardaigh Fostaíochta tosaíodh ar íocaíocht na n-éileamh seo ag feitheamh le fáil na ndoiciméad riachtanach níos déanaí. Ní cosúil, áfach, gur cuireadh aon ghnáthaimh leantacha i bhfeidhm, le cinntiú go dtarlódh sin.

36.19 I gcás amháin níor cuireadh cruthúnas seolta ar fáil in ainneoin go mbeadh a leithéid ag teastáil mar gheall ar thosca an cháis. Léireodh fianaise go ndearnadh seiceáil ar chomhlíonadh an éilitheora an choinníll ghnáthchónaithe (sna cásanna sin inar theastaigh a leithéid) go ndearnadh breithniú faoi áit chónaithe, nádúr agus patrún fostaíochta an iarratasóra chomh maith lena raibh ar intinn aige déanamh sa todhchaí. Níor fianaisíodh iad seo i gceann amháin de na 17 gcás ina raibh a leithéid ag teastáil. D'aithin foireann na Roinne gur ligeadh thart an riachtanas seo sa chás seo.

36.20 Rinneadh measúnú mícheart ar mhaoin na n-éilitheoirí in dhá chás. Tharla sin ar na cúiseanna seo a leanas

- Ní raibh tástáil mhaoine ar éilitheoir amháin a ndearnadh íocaíocht ar a n-éileamh. Tharla sin ós rud é gur bhain foireann na Roinne an chiall mhícheart as torthaí tástála maoine eile roimhe sin, ag ceapadh go raibh siad sásúil, ach is é an rud sa chás sin, gur diúltaíodh don éileamh bunaithe ar mhaoin nach raibh dóthain doiciméad ar fáil di.
- Sa chás eile, bhain an tástáil mhaoine a rabhthas ag brath uirthi le héilitheoir eile. Dá mbainfí leas as an tástáil mhaoine cheart, bheadh íocaíocht níos ísle faighte ag an éilitheoir.

36.21 Agus scrúdú á dhéanamh ar na comhaid tugadh faoi deara in dhá chás freisin nach ndeachthas sa tóir ar ró-íocaíocht a bhí i gceist cheana féin cé acu roimh bhronnadh éilimh nó tar éis don éileamh a bheith íoctha.

Liúntas Míchumais

36.22 Is liúntas seachtainiúil é an Liúntas Míchumais a thugtar do dhaoine a bhfuil míchumas orthu agus atá idir aois 16 agus 66. Ní mór bheith ag súil leis go mairfeadh an míchumas ar feadh bliana amháin ar a laghad. Nuair a dhéantar iarratas ar Liúntas Míchumais a phróiseáil, cuirtear na rialuithe seo a leanas i bhfeidhm

- Ní mór do dhochtúir teaghlaigh an éilitheora fianaise a thacaíonn le hinghlacthacht ar chúiseanna sláinte a sholáthar, athbhreithnítear gach cás ag Lia-Mheasúnóir na Roinne a thugann a thuairim – déantar socruithe ag Oifigigh Breithiúnachta bunaithe ar na tuairimí sin
- Ní mór tástáil mhaoine a dhéanamh ar an éilitheoir
- Ní mór don éilitheoir fianaise aoise a sholáthar agus ní mór dó nó di coinníollacha an ghnáthchónaithe a chomhlíonadh.

36.23 San iniúchadh rinneadh iarracht cur i bhfeidhm na gcoinníollacha seo a scrúdú i líon samplach de 30 cás.

- Ní rabhthas in ann teacht ar chomhad amháin agus ní raibh dhá chomhad ar fáil le haghaidh iniúchta ós rud é go raibh siad in úsáid d'obair eile de chuid na Roinne.
- I sé chás, tosaíodh ar íocaíocht na n-éileamh sin a scrúdaíodh ag an FSS sular aistríodh freagracht na scéime seo don Roinn i 1996. Cuireadh béim roimhe seo ar an ngá atá ann le hinghlacthacht a athbhreithniú in thart ar 35,000 cás dá leithéid ag Iniúchadh Inmheánach i 2008. Dhéanfadh a leithéid d'athbhreithniú breithniú ar inghlacthacht bunaithe ar chritéir shláinte agus mhaoine.
- Sna 21 chás eile a athbhreithníodh ba chosúil go raibh na rialuithe a bhain le glacadh le héilimh ag feidhmiú mar ba chóir.

An Pinsean Easláine

36.24 Is é atá sa Phinsean Easláine ná íocaíocht do dhaoine nach bhfuil in inmhe bheith ag obair ar bhonn buan mar gheall ar bhreoiteacht nó neamhábaltacht agus a shásaíonn coinníollacha maidir le ranníocaíochtaí ÁSPC. Nuair a bhítear ag próiseáil iarratais ar an bPinsean Easláine, chomh maith le cruthúnas aitheantais, ní mór don Roinn bheith sásta maidir le leorgacht na ranníocaíochtaí atá íoctha ag an éilitheoir agus ní mór fianaise a sholáthar ó lia a léiríonn neamhábaltacht bhuan an éilitheora bheith ag obair.

36.25 San iniúchadh scrúdaíodh cur i bhfeidhm na gcoinníollacha seo i líon samplach de 30 cás agus go ginearálta fuarthas amach go raibh na rialuithe a bhain le glacadh le héilimh ag feidhmiú go sásúil.

Conclúid – Rialuithe ag Céim Iarratais an Éilimh

Tugadh faoi deara easnaimh áirithe i gcur i bhfeidhm rialuithe a bhain le glacadh le héilimh don Sochar do Lucht Cuardaigh Fostaíochta agus don Liúntas do Lucht Cuardaigh Fostaíochta. Cé nach gá go nginfeadh na heasnaimh seo sna riachtanais fhianaise ró-íocaíochtaí díríonn leibhéal na n-easnamh ar riosca méadaithe a eascraíonn as bailíochtú neamhiomlán. Thabharfadh a leithéid le fios go bhfuil gá ann le héilimh a athbhreithniú ag leibhéal na hoifige áitiúla de réir mar a chobhsaítear an t-ualach éilimh.

I líon mór cásanna a bhaineann leis an Liúntas Míchumais, sa chéad dul síos ba í an FSS a rinne socrú maidir le hinghlacthacht. Aistríodh freagracht don scéim seo go dtí an Roinn i 1996, ach ina lán cásanna níor chuir an Roinn athbhreithniú neamhspleách i gcrích maidir le hinghlacthacht. Dhearbhaigh an Roinn agus í ag tabhairt freagra ar fhiosrúcháin iniúchta faoin gceist, go bhfuil sé beartaithe aici líon samplach de 100 éileamh a athbhreithniú le measúnú a dhéanamh ar an riosca coibhneasta atá i gceist leis an ngrúpa seo.

Déanann an córas rialúcháin faoi mar atá sé eagraithe faoi láthair soláthar d'athbhreithniú éilimh Lucht Cuardaigh Fostaíochta laistigh de thréimhsí sonraithe ama. Ba chóir breithniú a dhéanamh faoi bheartú tosaíochta a dhéanamh maidir le hathbhreithniú na gcásanna sin nár cuireadh i bhfeidhm go hiomlán rialuithe do ghlacadh le héilimh trí mharcóirí inaitheanta a chur ar an gcóras agus trí shocrú tréimhsí ama athbhreithnithe don chineál cáis seo.

Tuairimí an Oifigigh Chuntasaíochta

36.26 Maidir leis na 35,000 cás Liúntais Mhíchumais ar tosaíodh ar íocaíocht a dhéanamh ar a son ag an FSS roimh aistriú na freagrachta don scéim seo go dtí an Roinn i 1996, dhearbhaigh an tOifigeach Cuntasaíochta go bhfuil athbhreithniú fós le déanamh do chuspóirí maoine ar 9,400 cás ina bhfuil íocaíocht fós á déanamh agus go bhfuil athbhreithniú sláinte le déanamh ar 11,900 cás.

36.27 Dhearbhaigh sí go mbeadh athbhreithniú ar an oiread sin éileamh an-dian ar acmhainní agus ós rud é nach bhfuil riosca coibhneasta an ghrúpa seo éilitheoirí cruthaithe, tá sé beartaithe athbhreithniú (sláinte agus maoine) a dhéanamh ar líon samplach de 100 de na héilimh seo go luath. Cabhróidh toradh an tsampla le réimse na scéime measúnú a dhéanamh ar an riosca coibhneasta agus beartú cuí tosaíochta a dhéanamh ar athbhreithniú an ghrúpa seo i gcomhthéacs acmhainní finideacha.

Rialuithe Bainistithe

36.28 Tá cumas logála agus iniúchta ag an gcóras ríomhairithe a úsáidtear le híocaíochtaí a phróiseáil i dtaca le híocaíochtaí do Lucht Cuardaigh Fostaíochta agus don Phinsean Easláine agus don Liúntas Míchumais. Ceadaíonn sin taifeadadh leasuithe ar éilimh i gcomhad ar leith le haghaidh aisghabhála de réir mar a theastaíonn. Éascaíonn athbhreithniú na sonraí seo rialúchán ag dhá leibhéal. Cuireann sé ar chumas na Roinne idirbhearta a dheimhniú agus leibhéal cuntasachta úsáideora a chinntiú. Tá i gceist le cur i bhfeidhm an rialaithe seo:

- iniúchadh bainistithe ar aidhm leis athbhreithniú a dhéanamh ar 1% den ualach éilimh
- gnáthamh deimhnithe laethúil a scrúdaíonn céatadán de na hidirbhearta laethúla.

36.29 San iniúchadh bhíothas ag iarraidh athbhreithniú a dhéanamh ar fheidhmiú na seiceálacha seo ag dhá oifig áitiula i Réigiún an Deiscirt (Corcaigh) agus i Réigiún Bhaile Átha Cliath Theas (Tamhlacht), agus ag ceannoifigí scéime an Phinsin Easláine agus an Liúntais Mhíchumais.

Iniúchadh Bainistithe

36.30 Deartar seiceálacha ar an líon samplach de 1% de na héilimh, a roghnaítear le ríomhaire le cinntiú, i measc rudaí eile, go bhfuil an ráta údaraithe íocaíochta ceart, go bhfuil idirbhearta ar an éileamh in ord, gur deimhníodh an dáta breithe agus an t-aitheantas agus go bhfuiltear ag cloí le dátaí athbhreithnithe an éilimh.

36.31 I Mí Mhárta 2009, mhaolaigh an Roinn an riachtanas go gcuirfí na hiniúchtaí seo i gcrích ó bhonn míosúil go bonn démhíosúil.

36.32 Ní raibh an rialú seo ag feidhmiú in oifig áitiúil Chorcaí le linn an chuid is mó de 2010 agus i dTamhlacht thug cinneadh an iniúchta le fios nach ndearnadh athbhreithniú ar 95% de na liostaí a rinneadh do sheiceálacha bainistithe ina dhiaidh sin. Ní bhaineann an rialú le feidhm in oifigí ceanncheathrún na scéime[297].

Gnáthaimh Laethúla Deimhnithe

36.33 Deartar gnáthaimh laethúla deimhnithe le bailíocht ionchur na n-idirbheart a dheimhniú a chuirtear isteach i gcóras na Roinne agus is é atá i gceist leis an ngnáthamh ná go roghnaíonn an córas TE, go randamach, líon samplach idirbheart laethúil lena ndeimhniú ar an lá dár gcionn. Deartar an líon samplach sa tslí go mbíonn le háireamh ann roinnt oibre a chríochnaítear ag gach úsáideoir córais gach lá. Ansin deimhnítear athruithe a dhéantar le linn próiseáil na n-idirbheart go neamhspleách le hais doiciméid éigin. Tá le háireamh i measc na ngnáthamh leantach:

- nuair a eascraíonn neamhréiteach, ba chóir an cheist a atreorú chuig maoirseoir nó chuig bainisteoir.

[297] Tá aonad tiomnaithe rialúcháin ag na réimsí seo a dhéanann cásanna atá ag fáil íocaíochta a sheiceáil.

- gintear tuairiscí eisceachta do mhíreanna neamhréitithe a fhormhéadaítear a fhad leis an oifig réigiúnach ábhartha i ndeireadh báire.

36.34 Ní raibh an rialúchán ag feidhmiú in oifig áitiúil Chorcaí le linn an chuid is mó de 2010, agus ní dhearnadh é a thabhairt isteach arís go dtí Mí na Samhna den bhliain sin.

36.35 Bhí an rialúchán ag feidhmiú go sásúil in oifig áitiúil Thamhlachta agus i réimsí scéime an Liúntais Mhíchumais agus an Phinsin Easláine.

Athbhreithnithe Córasghinte

36.36 Déanann rialúchán breise soláthar d'athbhreithniú uathoibríoch, ag na hoifigí áitiúla, gach éilimh atá ag fáil íocaíochta ar feadh seacht mí nó níos mó. Deartar an t-athbhreithniú le hinghlacthacht leanúnach íocaíochtaí a sheiceáil i dtaca le héilitheoirí aonair. Maolaíodh an riachtanas seo i Mí Iúil 2009 le próiseáil an lín mhóir éileamh a éascú a bhí á ndéanamh ag an am sin. Tugadh an rialúchán isteach arís i Mí Eanáir 2010.

36.37 Le linn an iniúchta i dTamhlacht, áfach, tugadh le fios do m'fhoireann nach raibh ach céatadán beag – thart ar 5% – den líon mór cásanna a roghnaíodh le haghaidh athbhreithnithe ar bhonn seachtainiúil á scrúdú.

Conclúid – Rialuithe Bainistithe

Is buneilimintí de chóras próiseála rialaithe iad na seiceálacha bainistithe agus na seiceálacha laethúla deimhnithe.

Ní raibh na rialúcháin bhainistithe ag feidhmiú go huile is go hiomlán i dtaca le híocaíochtaí do Lucht Cuardaigh Fostaíochta le linn 2010, fiú ag na leibhéid laghdaithe a ceadaíodh ó Mhí Mheithimh 2009 ar aghaidh.

Ní raibh na gnáthaimh laethúla deimhnithe ag feidhmiú in oifig áitiúil Chorcaí ar feadh an chuid is mó de 2010.

Gan na rialúcháin seo a bheith ar fáil, tá baol ann atá méadaithe go mór go ndéanfaidh an Roinn íocaíochtaí atá mícheart nó neamhbhailí agus nach n-aimseofar iad.

Tá gá ann le tabhairt isteach na seiceálacha seo arís sna suímh sin ina ndeachaigh siad as feidhm agus cinntiú go gcuirtear i bhfeidhm go hiomlán iad.

Is rialúchán tábhachtach iad na hathbhreithnithe córasghinte leis an Roinn a spreagadh le gach éileamh a athbhreithniú tar éis tréimhse ama. Den chuid is mó, ní raibh na hathbhreithnithe seo á gcur i gcrích le linn 2010 i dtaca le híocaíochtaí do Lucht Cuardaigh Fostaíochta.

Tuairimí an Oifigigh Chuntasaíochta

36.38 Dhearbhaigh an tOifigeach Cuntasaíochta go gcuireann an Chaibidil seo i láthair fianaise de rialúchán neamhleor, rud atá ina chúis imní di agus tá treoracha tugtha aici dá cuid oifigeach aghaidh a thabhairt ar an gceist.

36.39 Dhearbhaigh an tOifigeach Cuntasaíochta go raibh gá ann le breithniú a dhéanamh faoi na heasnaimh rialúcháin i gcomhthéacs na méaduithe suntasacha ualaigh éilimh agus dhearbhaigh sí nach féidir a mheas go bhfuil an fócas ar 2010 sa tuarascáil seo ionadaíoch de bhainistiú ginearálta an rialaithe inmheánaigh. Dhearbhaigh sí freisin go n-éascódh cobhsú an ualaigh éilimh i 2011 fócas níos mó ar ghníomhaíocht rialúcháin.

36.40 Dhearbhaigh sí go bhfuil an Roinn, i Mí Lúnasa 2011, mar chuid d'fhócas na Roinne ar an rialúchán agus mar chuid de chur chuige an Rialtais a chiallaíonn neamhfhulaingt iomlán don chaimiléireacht, go bhfuil sí ag tabhairt faoi ocht seimineár réigiúnacha aonlae don fhoireann imscrúdaithe agus rialúcháin. Beidh Leas-Rúnaí na Roinne, le cabhair ó roinnt Rúnaithe Cúnta, i gceannas ar na seimineáir, a dhíreoidh ar rialúchán agus ar chlaochlú.

36.41 Sholáthair sí an fhaisnéis chomhthéacsúil seo a leanas maidir leis an ualach oibre in oifigí áitiúla Chorcaí agus Thamhlachta, a ndearnadh athbhreithniú orthu mar chuid den iniúchadh seo.

36.42 Bhí ualach éilimh gníomhach de 22,500 le bainistiú ag oifig áitiúil Chorcaí. Méadaíodh insreabhadh na n-éileamh nua ó 600 i 2008 go buaicphointe de 3,000. Le linn samhradh 2009 imlonnaíodh baill fhoirne ó réimse na cothabhála éilimh go réimse na n-éileamh úr. Dhearbhaigh an tOifigeach Cuntasaíochta gurbh éigean do roinnt rialúchán dul as feidhm mar gheall ar an mbrú seo.

36.43 Dúirt sí freisin, áfach, go raibh lucht na bainistíochta i gCorcaigh ag iarraidh athbhreithniú rialúcháin i Mí Iúil 2010 ag Aonad Rialúcháin Inmheánaigh na Roinne. Rinneadh an beart seo tar éis díriú go rafar ar riaráistí éileamh ag athruithe sna próisis oibre a bhí i bhfeidhm i réimse próiseála na n-éileamh.

36.44 Maidir le hoifig áitiúil Thamhlachta, dhearbhaigh an tOifigeach Cuntasaíochta nach mór breathnú ar chásanna aitheanta dhul i léig rialúcháin ag cur san áireamh na méaduithe suntasacha ualaigh oibre gan ach méadú beag foirne a bheith ann. Méadaíodh líon na foirne faoi 18% idir 2008 agus 2010. Dhearbhaigh sí an méid seo:

- Méadaíodh líon na ndaoine ar an mbeochlár a bhí cláraithe in oifig áitiúil Thamhlachta faoi bheagnach 200% ó 4,000 i 2007 go dtí buaicphointe de 11,300 i 2010. Chuir an leibhéal seo méadaithe brú suntasach ar feadh na bhfeidhmeanna ar fad san oifig áitiúil, cúrsaí rialúcháin san áireamh.
- Méadaíodh an t-ualach éilimh don Íocaíocht Teaghlaigh Aontuismitheora a bhí á riar ag an oifig faoi dhó, beagnach, ó rud beag níos mó ná 2,000 i Mí Eanáir 2008 go dtí rud beag níos lú ná 4,000 i Mí Eanáir 2010, a bhuíochas, den chuid is mó, d'aistriú na n-íocaíochtaí seo ó cheanncheathrú na scéime i Sligeach.
- De dheasca acmhainní teoranta, bhí sé riachtanach beartú tosaíochta a dhéanamh de na bearta rialúcháin de réir na réimsí ba mhó riosca agus sa chomhthéacs seo, luaigh an tOifigeach Cuntasaíochta samplaí de roinnt cleachtaí rialúcháin ar tugadh fúthu i 2010 agus dhearbhaigh sí gur sannadh, ó Mhí Mheán Fómhair 2010 ar aghaidh, Oifigeach Feidhmiúcháin ar bhonn lánaimseartha, leis an réimeas rialúcháin a bhainistiú san Oifig Áitiúil.

Grádú Riosca Dhaonra na nÉilitheoirí

36.45 Tá tugtha le fios ag an Roinn go bhfuil sé de rún aici aistriú go córas rioscabhunaithe próiseála éilimh, agus tá súil aici go mbainfidh sin luach ar airgead níos mó amach trí fhócasú acmhainní tearca ar na cásanna is iomchuí. Baineann an bonn atá le díriú na gníomhaíochta athbhreithnithe le measúnú dhá eilimint riosca

- leibhéal an riosca atá de dhlúth is d'inneach sa scéim
- an riosca a bhaineann leis an éilitheoir de thoradh a bpróifíle éilimh.

Riosca na Scéime

36.46 Chun bheith in inmhe díriú ar a gníomhaíocht athbhreithnithe, teastaíonn faisnéis chruinn ón Roinn maidir leis na leibhéil choibhneasta riosca i ngach ceann de na scéimeanna a fheidhmíonn sí. Sa chomhthéacs seo, i 2003 chuir an Roinn tús le suirbhéanna speisialta caimiléireachta agus earráide le meastacháin tréimhsiúla a sholáthar de na leibhéil chaimiléireachta agus earráide a bhí le sonrú i scéimeanna aonair.

36.47 Leagtar amach torthaí na suirbhéanna caimiléireachta agus earráide a cuireadh i gcrích idir 2004 agus 2009 i gCaibidil 35.

36.48 Tugann na suirbhéanna seo le fios go mbíonn méid fhadhb na híocaíochta iomarcaí éagsúil ó scéim go scéim. Téitear i bhfeidhm ar mhéid na híocaíochta mírialta ag na coinníollacha inghlacthachta a leagtar síos do scéimeanna, tosca na spriocdhaonraí agus na próisis sin a mbaineann an Roinn úsáid astu le measúnú a dhéanamh ar éilimh agus le rialú a chleachtadh maidir le híocaíochtaí leanúnacha. Go ginearálta is é ár dtaithí go mbíonn leibhéal na caimiléireachta agus na hearráide níos airde i gcás na scéimeanna sin ina ndéantar tástáil mhaoine ná i gcás na scéimeanna sin mar a mbíonn inghlacthacht bunaithe go príomha ar thaifead ranníocaíochta árachais shóisialta na n-éilitheoirí.

36.49 Níor cuireadh aon suirbhéanna caimiléireachta agus earráide i gcrích le linn 2010. Príomhionchur d'aon chóras grádaithe riosca atá i meastacháin nuashonraithe chruinne den leibhéal caimiléireachta agus earráide atá le sonrú i scéimeanna aonair. Ní mór don Roinn aghaidh a thabhairt ar an gceist seo le bheith in inmhe an cineál seo oibre grádaithe a dhéanamh. I gCaibidil 35 tugtar breac-chuntas ar phleananna na Roinne sa chomhthéacs seo.

Riosca an Éilitheora

36.50 Rinneadh dul chun cinn maidir le tiomantas na Roinne do cheangal grádaithe riosca le héilitheoirí aonair mar chuid de bheartas nua athbhreithnithe a tugadh isteach i 2009, i gcás na n-éileamh ar Liúntas Míchumais i réimsí na gcúiseanna maoine agus sláinte. Ag Eanáir 2011, i measc na 101,000 éilitheoir scéime, bhí grádú riosca déanta ar 26,130 ar chúiseanna maoine agus ar 15,366 ar chúiseanna sláinte.

36.51 Maidir leis an bPinsean Easláinte, cé nach mbaintear úsáid as grádú riosca, déantar na héilitheoirí a chatagóiriú de réir mhinicíocht bheartaithe an athbhreithnithe shláinte. San iniúchadh rinneadh iarracht scrúdú a dhéanamh ar na hathbhreithnithe iarbhíre a cuireadh i gcrích trí thagairt a dhéanamh do líon na n-éilitheoirí i ngach catagóir athbhreithnithe.

36.52 Ós rud é nár taifeadadh athbhreithnithe i gcéad tréimhse shé mhí 2010 de dheasca gníomhaíochta tionsclaíche fágadh nach rabhthas in ann tátal iomlán a bhaint le linn an iniúchta maidir leis an méid athbhreithnithe riachtanacha sláinte a cuireadh i gcrích. Soláthraíonn sonraí ó dhara tréimhse shé mhí 2010 agus ó bhliain iomlán 2009 roinnt fianaise, áfach, de chéatadán na n-athbhreithnithe riachtanacha a cuireadh i gcrích dáiríre.

- Rinneadh 3,982 éilitheoir a chatagóiriú mar chásanna ina mbeadh athbhreithniú bliantúil sláinte ag teastáil. Sna cásanna seo, cuireadh 926 cás i gcrích i 2009 agus cuireadh 558 i gcrích i ndara leath 2010.
- I 6,284 cás, mhol lia-mheasúnóir athbhreithniú breise sláinte tar éis dhá bhliain. I 2009 agus i 2010 níor cuireadh aon athbhreithnithe sláinte i gcrích maidir le héilitheoirí de chuid na catagóire seo.
- San iomlán rinneadh 8,041 éilitheoir a chatagóiriú i gcatagóir ilghnéitheach gan minicíocht réamhshainmhínithe athbhreithnithe. Níor cuireadh aon athbhreithnithe den chatagóir seo éilitheora i gcrích i 2009 nó i 2010.

36.53 Dhearbhaigh an Roinn go dtugtar tosaíocht, de réir beartais agus i gcomhthéacs acmhainní finideacha, d'athbhreithniú cásanna a bhfuil atreorú bliana amháin ag baint leo. Tá sé beartaithe aici athbhreithniú a dhéanamh ar líon samplach de chásanna a bhfuil dáta atreoraithe de dhá bhliain nó níos mó ag baint leo nó de chásanna nach ndéantar aon chatagóir a thaifeadadh dóibh, agus é i gceist an riosca coibhneasta a mheasúnú agus beartú iomchuí tosaíochta a dhéanamh maidir le hathbhreithniú an ghrúpa seo.

36.54 Meastar nach dteastaíonn athbhreithniú breise sláinte ó 32,599 éilitheoir — seo na cásanna Nach Bhfuil le hAtreorú Arís (NBAA). Má dhéantar éilitheoir a chatagóiriú mar dhuine nach dteastaíonn aon athbhreithniú breise sláinte uaidh nó uaithi, is féidir leis sin ró-íocaíochtaí suntasacha a ghiniúint. Tharla roinnt cásanna ina bhfuarthas amach ina dhiaidh sin gurbh í fírinne an scéil ná go raibh an t-éilitheoir fostaithe.

- Tharla ceithre cinn de na cásanna ab airde ró-íocaíochta i réimse an Phinsin Easláine i gcásanna a aicmíodh mar chinn nár theastaigh aon athbhreithniú breise sláinte uathu ach go bhfuarthas amach ina dhiaidh sin go raibh na daoine faoi thrácht ag obair.
- Bhí beirt de na daoine sna cásanna seo fostaithe le sé bliana agus le naoi mbliana, faoi seach. Rinneadh athbhreithniú sláinte ar an éilitheoir a bhí fostaithe le naoi mbliana anuas i 2002 mar ar aicmíodh é mar dhuine nár theastaigh aon athbhreithniú breise uaidh. Ba é luach iomlán na ró-íocaíochta a rinneadh dá bharr ná €73,500.

36.55 Dhearbhaigh an Roinn go bhfuil an riosca measartha íseal go ndéanfaidh an t-éilitheoir caimiléireacht ar an gcóras measartha íseal sna cásanna sin mar a ndéantar catagóiriú ar na héilitheoirí mar dhaoine nach dteastaíonn athbhreithniú breise sláinte uathu. Dá ainneoin sin is uile, glactar leis gur féidir go socróidh éilitheoirí áirithe bheith ag obair (gan sin a chur in iúl don Roinn) cé go dtugann a riocht sláinte le fios neamhábaltacht bhuan nach dócha go bhfeabhsófar í. Dá bharr sin, is féidir nach é an stádas sláinte amháin is fearr a chinneann riosca. Déanfar breithniú faoi chuimsiú fhachtóirí eile sa chóras grádaithe riosca, mar shampla aois agus ceird, agus is í tuairim na Roinne gurb é meaitseáil na sonraí éilimh le sonraí tosaithe fhostaíochta an uirlis rialúcháin is fearr don ghrúpa seo.

36.56 Ina theannta sin, i gcásanna a ndéantar iad a chatagóiriú mar chásanna mar nach dteastaíonn athbhreithniú breise sláinte, ach go bhfaightear amach go raibh an t-éilitheoir ag obair go comhthráthach, is é cur chuige reatha na Roinne ná ró-íocaíocht a fháil ar ais agus rogha a thabhairt don éilitheoir: cé acu éirí as bheith ag fáil an Phinsin Easláine nó éirí as bheith ag obair. Má shocraíonn an t-éilitheoir éirí as a chuid fostaíochta agus leanúint air de bheith ag éileamh an Phinsin Easláine, ní theastaíonn athbhreithniú sláinte le fáil amach an bhfuil neamhábaltacht oibre i gceist. Glacann an Roinn leis gur chóir athbhreithniú a chur i gcrích sna cásanna sin ina leanann an t-éilitheoir air de bheith ag éileamh an Phinsin Easláine agus tá sé beartaithe aici gnáthaimh iomchuí a chur i bhfeidhm chomh luath agus is féidir.

36.57 Maidir leis an bPinsean Easláine bíonn cásanna de dhaoine a bhíonn ag obair agus ag éileamh sochair go comhthráthach i gceist le 43% de luach na ró-íocaíochtaí ach díreach 6% dá líon. Is í an mheánró-íocaíocht ná €40,000.

Conclúid – Grádú Riosca

Níor cuireadh grádú riosca na n-éileamh i bhfeidhm ach go pointe. Fiú nuair a cuireadh i bhfeidhm é ní dhearnadh obair leantach i bhfoirm phróisis chórasaigh athbhreithnithe.

Ós rud é nach ann do shuirbhéanna rialta caimiléireachta agus earráide fágann sin nach bhfuil rioscaí na scéime á dtomhas go cruinn.

Ós rud é nach ann do stádas sannta sláinte maidir le 16% d'éilitheoirí an Phinsin Easláine fágann sin nach bhfuil an Roinn in inmhe minicíocht athbhreithnithe a fhorbairt don ghrúpa sin den daonra. Níor cuireadh aon athbhreithnithe sláinte i gcrích maidir leis na héilitheoirí seo i 2009 nó i 2010.

I réimse na heasláine, is féidir méid an riosca a bhaineann le catagóiriú mícheart na n-éilitheoirí mar chásanna riosca ísil a thabhairt faoi deara i leibhéal na ró-íocaíochtaí a tugadh do chuid de na cásanna ar tugadh a leithéid de ghrádú dóibh.

Dá bharr sin ní mór go mbeadh aon chur i bhfeidhm scéime grádaithe riosca cuimsitheach sa chéad dul síos sa tslí nach mbíonn comhartha mícheart i gceist leis an ngrádú féin.

Conclúid

Le blianta beaga anuas, méadaíodh go suntasach ualach éilimh na Roinne, go háirithe maidir le Lucht Cuardaigh Fostaíochta.

Thug an Roinn freagra ar an méid sin trí thabhairt isteach gnáthamh athbhreithnithe i dtaca le rialúcháin glactha le héilimh a raibh de thoradh orthu riachtanais nach raibh chomh dochraideach is a bhí roimhe seo, go háirithe maidir le cruthúnas aitheantais.

Ag cur san áireamh na gnáthaimh athbhreithnithe, le linn iniúchta íocaíochtaí ar Lucht Cuardaigh Fostaíochta fuarthas amach nach raibh na rialúcháin a bhain le glacadh le héilimh á gcur i bhfeidhm go huile is go hiomlán agus nach raibh athbhreithniú leanúnach na gcásanna á chur i gcrích ag na leibhéil atá leagtha síos.

Is buneilimintí córais phróiseála rialaithe iad na seiceálacha bainistithe agus na seiceálacha laethúla deimhnithe. Ní raibh na rialúcháin bhainistithe á gcur i bhfeidhm go huile is go hiomlán maidir le híocaíochtaí do Lucht Cuardaigh na Fostaíochta le linn 2010, fiú ag na leibhéil laghdaithe a ceadaíodh ó Mhí Mheithimh 2009 ar aghaidh. Ós rud é nach ann do na rialúcháin seo méadaítear go suntasach an baol go ndéanfar íocaíochtaí míchearta nó neamhbhailí sa Roinn agus nach n-aimseofar iad.

Tá na laigí rialúcháin seo aitheanta ag an Roinn agus tá sé tugtha le fios aici go bhfuil sé de rún aici na rialúcháin a threisiú do ghlacadh le héilimh chomh maith le treisiú athbhreithniú leanúnach na gcásanna agus an t-ualach oibre cobhsaithe anois.

Chun díriú ar acmhainní rialúcháin bunaithe ar riosca na caimiléireachta agus na hearráide, tá an Roinn ag iarraidh grádú riosca a thabhairt isteach ag leibhéal na scéime agus an éilitheora.

Bunaítear grádú riosca ag leibhéal na scéime ar thorthaí suirbhéanna caimiléireachta agus measúnuithe riosca scéime. Cuireadh na suirbhéanna caimiléireachta agus earráide agus na measúnuithe riosca scéime maidir leis na príomhscéimeanna i gcrích roinnt blianta ó shin, áfach, agus is féidir nach léiríonn siad an timpeallacht athraithe ná cur i bhfeidhm rialúchán breise ó cuireadh na suirbhéanna agus na measúnuithe riosca i gcrích.

Le bheith in inmhe acmhainní a leithdháileadh ar ghníomhaíocht rialúcháin bunaithe ar riosca na scéime, bheadh ar an Roinn timthriall a cheapadh do chur i gcrích suirbhéanna caimiléireachta agus earráide agus measúnuithe riosca do na príomhscéimeanna, agus foráil i bhfeidhm go ndéanfaí na measúnuithe riosca a athbhreithniú níos minice dá mba rud é go mbeadh athruithe suntasacha le sonrú sa timpeallacht.

Cuireann grádú riosca ar chumas na Roinne a cuid gníomhaíochta rialúcháin a dhíriú laistigh de scéimeanna. Bheadh a leithéid de chóras ag iarraidh éilitheoirí a chatagóiriú trí thagairt a dhéanamh do thréithe ar leith agus straitéis rialúcháin a cheapadh, a leithdháileann mórchuid na n-acmhainní ar na héilitheoirí sin a bhfuil an riosca is airde ag baint leo.

Thosaigh an Roinn agus í ag díriú ar éilitheoirí Liúntais Míchumais. Go dtí seo ní dhearnadh grádú riosca ach do chéatadán beag de na héilitheoirí, agus ní dhearnadh aon obair leantach air seo i bhfoirm fhorbairt agus fheidhmiú próisis athbhreithnithe struchtúrtha.

Caibidil 37

Rialuithe faoi Threallús ag an Eolas

Rialuithe faoi Threallús ag an Eolas

37.1 Féadtar eolas tríú páirtí a úsáid chun gníomhaíochtaí athbhreithnithe a dhíriú ar éilitheoirí a bhféadfadh go mbeadh íocaíochtaí leasa shóisialaigh á rochtain acu go caolaoiseach. Faigheann an Roinn Coimirce Sóisialaí (an Roinn) sonraí éagsúla tríú páirtí ó fhoinsí éagsúla lena n-áirítear iad seo a leanas

- Cuireann na Coimisinéirí Ioncaim sonraí ar fáil di maidir le tosach fostaíochta, teacht isteach bliantúil agus tíolacadh réadmhaoine.
- Faightear eolas faoi chlárú mac léinn ó choláistí tríú leibhéal.
- Soláthraíonn an Coimisiún um Rialú Tacsaí eolas i leith sealbhóirí ceadúnais tacsaí agus fruilchairr.
- Cuireann an Bord um Thionóntachtaí Cónaithe Príobháideacha sonraí ar fáil faoi úinéirí agus seoltaí maidir le réadmhaoin ar cíos.

37.2 Faightear eolas freisin ón Roinn Dlí agus Cirt, Seirbhís Príosún na hÉireann, FÁS, an tÚdarás Slándála Príobháideach, an Oifig Chlárúcháin Ghinearálta, an Roinn Comhshaoil agus Rialtais Áitiúil agus foinsí eile. Faightear tuairiscí freisin ón bpobal go ginearálta.

Béim na Caibidle

Cuireann an chaibidil seo síos ar thorthaí athbhreithnithe ar a mhéid agus a rinneadh eolas áirithe a fuarthas a scagadh agus a tarchuireadh chuig oifigí áitiúla le haghaidh tuilleadh fiosraithe agus torthaí na bhfiosruithe sin. Bhain an t-eolas a ndearnadh athbhreithniú air le linn an iniúchta le híocaíochtaí Cuardaitheoirí Poist.

Láraonad Rialaithe

37.3 Déanann Lárionad Rialaithe na Roinne sonraí tríú páirtí a mheaitseáil le heolas na Roinne féin maidir le héilimh ar íocaíocht. Cuireann sé cásanna a bhféadfadh forluí a bheith i gceist ar aghaidh chuig oifigí áitiúla agus bainistíocht scéime le go ndéanfaí imscrúdú orthu.

37.4 Déantar eolas faoi thosach fostaíochta a mheaitseáil le taifid éilitheoirí i leith gach scéime ar bhonn míosúil. Maidir le Sochar Cuardaitheora Poist, cuireann an chomparáid aosaigh cháilithe a ndéantar éileamh dóibh san áireamh. Maidir le daoine aonair atá ag fáil íocaíochtaí Cuardaitheora Poist agus íocaíochtaí Teaghlach Aontuismitheora, scríobhann an Láraonad Rialaithe chuig fostóirí uile ag lorg dearbhú faoi shonraí tosaigh fostaíochta a fuarthas ó na Coimisinéirí Ioncaim. Bunaithe ar na freagraí a fhaightear déantar na cásanna a tharchur go dtí Aonad Speisialta Imscrúdaithe na Roinne nó bainisteoirí oifige áitiúla de réir mar is cuí. I gcásanna ina dtugann sonraí faoi thosach fostaíochta le fios go bhfuil éilitheoir ag obair agus ag éileamh íocaíochtaí leasa shóisialaigh ag an am céanna tarchuirtear iad le haghaidh imscrúdaithe.

Easnaimh sa Mheaitseáil

37.5 Faoi threoirlínte Rannacha, is é ceann d'fheidhmeanna an Láraonaid Rialaithe sonraí faoi thuilleamh bliantúil a fhaightear ó CI, d'éilitheoirí i leith íocaíochtaí Cuardaitheora Poist agus Teaghlach Aontuismitheora, a chur i gcomparáid le heolas na Roinne féin. Níl aon fhianaise le fáil go ndearnadh an cleachtadh seo i 2010.

37.6 Dúirt an Roinn nach raibh an tAonad tar éis an mheaitseáil ar shonraí tuillimh a dhéanamh i 2010 de bharr srianta acmhainne sa Láraonad Rialaithe agus ag éirí as fáil riachtanach sonraí Tosach Fostaíochta. Tá sé i gceist ag an Aonad cleachtadh meaitseála sonraí ar thuilleamh do scéimeanna Cuardaitheora Poist a dhéanamh níos deireanaí i 2011.

37.7 Aithníodh roinnt saincheisteanna maidir le tráthúlacht mheaitseáil sonraí agus leanúint cásanna ina dhiaidh sin de thoradh meaitseáil dá leithéid.

- Maidir le tosach fostaíochta, léirigh athbhreithniú ar shonraí meaitseáilte a cuireadh ar aghaidh chuig Réigiún an Deiscirt le haghaidh imscrúdaithe in Eanáir 2010 go raibh dáta tosach fostaíochta a raibh éifeacht leis i Meitheamh 2009 nó níos luaithe ag 321 as na 4,129 cás a tarchuireadh. Díobh seo thosaigh ochtar ar an bhfostaíocht i 2008 agus chuir beirt tús leis an bhfostaíocht i 2007.
- Ní gnáthach go bhfaigheann an Roinn Coimirce Sóisialta eolas maidir le clárúcháin mac léinn tríú leibhéal go dtí go maith isteach sa bhliain acadúil. Cuireadh sonraí do chlárúcháin Meán Fómhair 2009 ar aghaidh le haghaidh imscrúdaithe i bhFeabhra/Márta 2010.

37.8 Maidir le tráthúlacht mheaitseála le sonraí tosach fostaíochta, dúirt an Roinn gur moill ar fhógra fostaíochta ag fostóirí faoi ndear seo i roinnt cásanna ach ghlac sí leis gur de bharr brú oibre san Aonad Rialaithe agus ganntanas acmhainní oilte teoranta go raibh roinnt moilleanna ar mheaitseáil sonraí agus i gcur ar aghaidh cásanna le haghaidh imscrúdaithe.

37.9 Chun aghaidh a thabhairt air seo tá Aonad Rialaithe na Roinne ag fiosrú uathoibriú níos leithne den phróiseas meaitseáil sonraí seo féachaint le cásanna a mheaitseáil níos tapúla agus líon na gcásanna ina mbeifí ag obair agus ag síniú ag an am céanna á laghdú go suntasach. Ina theannta seo tá píolótú á dhéanamh ag an Roinn ar thionscadal trína ndéanfar teagmháil dhíreach leis an gcustaiméir ar an gcéad dul síos (in áit leis an bhfostóir a tharlaíonn faoi láthair) chun cur chuige níos struchtúraí agus níos tráthúla a chumasú.

37.10 Maidir le meaitiseáil clárúchán mac léinn dúirt an Roinn go raibh an mhoill ann toisc nár tarchuireadh an t-eolas riachtanach go pras, go raibh bearnaí san eolas a cuireadh ar fáil agus go háirithe i gcásanna nuair nár cuireadh PPSN ar fáil, mar aon le cur chuige na Roinne a thug faoin gcleachtadh meaitseála a thabhairt chun críche nuair a bhí na sonraí go léir faighte.

37.11 Dúirt an Roinn go raibh sí i dteagmháil leis na coláistí go léir in iarracht chun feasacht a ardú faoin ngá a bhí le sonraí mac léinn a sheoladh isteach a luaithe agus ab fhéidir. Ó 2011, déanfaidh an Láraonad Rialaithe iarratais shonracha ar na coláistí uile. De réir mar a fhaightear na sonraí, beidh sé d'aidhm ag an Roinn iad a mheaitseáil – go háirithe i gcás na sonraí ó na coláistí is mó ar dtús – agus déileáil le meaitseáil de réir mar a thagann na sonraí isteach in áit fanacht go mbeidh an t-eolas ar fad ar fáil.

37.12 Cé go dtaifeadann an Roinn eolas maidir leis na cineálacha meaitseáil sonraí a dhéanann sí agus líon na gcásanna a tharchuirtear d'imscrúdú maidir le gach catagóir sonraí tríú páirtí a fhaigheann sí, ní dhéanann sí monatóireacht ar a mhéid a bhíonn laghdú ar íocaíochtaí nó a gcuirtear deireadh leo mar thoradh ar chásanna a tarchuireadh.

37.13 Dúirt an Roinn go raibh a hAonad Rialaithe ag scrúdú cén chaoi ar féidir léi toradh na gcleachtaí meaitseála sonraí seo a ghabháil chun cur ar a cumas luach foriomlán na gcineálacha éagsúla meaitseála a mheasúnú. Ina leith sin tá sé d'aidhm aici eolas a ghabháil ag leibhéal réigiúnach faoi chineál agus líon na gcásanna a tarchuireadh, an líon a ndearnadh imscrúdú orthu agus an toradh ó thaobh líon na n-íocaíochtaí a laghdaíodh nó ar cuireadh deireadh leo.

37.14 Cuireann FÁS mionsonraí iontrálaithe nua do chúrsaí den ghníomhaireacht sin ar aghaidh chuig an Roinn ar bhonn rialta. Cuirtear an t-eolas seo chuig oifigí áitiúla. Léirigh an t-iniúchadh ag réigiún an Deiscirt agus Bhaile Átha Cliath Theas nár ghníomhaíodh ar an eolas sin i 2010.

37.15 Duirt an Roinn gur

- tugadh nósanna imeachta isteach ag réigiún Bhaile Atha Cliath Theas chun a chinntiú go ndéantar liosta FÁS a sheiceáil in aghaidh taifead an éilimh.
- i réigiún an Deiscirt, cé go raibh socruithe áitiúla i bhfeidhm i 2010, trína ndeachaigh oifigí áitiúla FÁS i dteagmháil go díreach le foireann oifige áitiúla, rinneadh foirmliú ar na nósanna imeachta seo le deireanaí agus tá an liosta a cuireadh ar aghaidh ón Láraonad Rialaithe á sheiceáil go rialta in aghaidh taifead an éilimh.

37.16 Tá an Roinn teoranta ina cumas eolas tosaigh fostaíochta a mheaitseáil le híocaíochtaí pinsin Neamh-rannaíocach ina n-áirítear méideanna i leith daoine aosaithe cáilithe. Is toisc nach bhfuil an áis ag an gcóras IT, a úsáidtear chun na híocaíochtaí sin a riaradh, mionsonraí cleithiúnaithe duine aosaithe cáilithe a asbhaint le cur i gcomparáid leis na sonraí faoi thosach fostaíochta ina dhiaidh sin. Mar sin ní féidir aon úsáid a bhaint as sonraí faoi thosach fostaíochta a bhféadfadh a bheith bainteach leo.

37.17 Dúirt an Roinn go gcuirfidh aistriú na scéime seo go dtí córas ríomhaireachta nua i 2011 deireadh leis an srianadh seo. Ar aon nós, adúirt an Roinn, níl ach 3% d'éilitheoiri á n-íoc i leith cleithiúnaithe fásta cáilithe agus tá céatadan mór díobh seo os cionn 60 bliain d'aois.

Tarchuir Cásanna le haghaidh Imscrúdaithe

37.18 D'aithin meaitseáil sonraí ag úsáid sonraí tosaigh fostaíochta beagnach 62,000 cás le tuilleadh imscrúdaithe a dhéanamh orthu. Bhí 12,400 díobh sin ann toisc nach bhfuarthas freagraí ar cheistneoirí fostóirí. Bhain an 49,500 eile le cásanna in ar léir forluí íocaíochtaí ó chomparáid idir taifid scéime agus na sonraí faoi thosach fostaíochta.

37.19 Léirigh an t-eolas a cuireadh ar fáil go raibh daoine a bhí ag fáil íocaíochtaí leasa shóisialaigh tar éis tosú ar an bhfostaíocht sna cásanna seo a leanas.

- Bhí 25,000 duine a raibh íocaíochtaí Cuardaitheora Poist á n-íoc ina leith tar éis tosú ar fhostaíocht. Bhain 4,500 díobh sin le cásanna ina raibh daoine aosaithe cáilithe a raibh Liúntas Cuardaitheora Poist á fháil acu tar éis tosú ar fhostaíocht.
- Bhí 12,000 faighteoir Liúntas Leasa Forlíontach tar éis tosú ar fhostaíocht.
- Tuairiscíodh go raibh 9,200 duine a bhí ag fáil Liúntas Míchumais nó Sochar Breoiteachta tosaithe ar fhostaíocht.
- I 2010, bhí 13,300 duine a bhí ag fáil íocaíochtaí Teaghlaigh Aontuismitheora tar éis tosú ag obair. Tarchuireadh 7,700 d'imscrúdú ina dhiaidh sin toisc nár fhreagair an fostóir na ceistneoirí a d'eisigh an Roinn (3,420 cás) nó léirigh na freagraí do na ceistneoirí go raibh an t-éilitheoir ag tuilleamh sa bhreis ar €160 in aghaidh na seachtaine (4,280 cás).

37.20 Ar na héilitheoirí a aithníodh d'imscrúdú de thoradh meaitseála le sonraí seachas tosach fostaíochta áiríodh

- 26,372 mac léinn a aithníodh as iomlán 201,540 clárúchán mac léinn go raibh siad ar scéimeanna leasa
- 2,735 duine aonair a aithníodh ó eolas ón mBord um Thionóntachtaí Cónaithe Príobháideacha (PRTB) as iomlán 103,492 ar tugadh fógra fúthu. Sna cásanna seo, aithníodh go raibh tiarnaí talún a bhí san áireamh sa bhunachar sonraí a chuir PRTB ar fáil, ag fáil íocaíochtaí faoi scéim de réir tástála acmhainne.
- 13,176 éilitheoir a aithníodh as iomlán 73,683 cás ar thug an Coimisiún um Rialú Tacsaí fógra fúthu.

Conclúid – Meaitseáil Sonraí Lárnach

Bhí moilleanna suntasacha ann sular chuir an Lárionad Rialaithe na sonraí ar aghaidh le haghaidh imscrúdaithe. I roinnt mhaith cásanna bhí cúrsaí tar éis breith ar an imsrúdú. Tharraing an Roinn aird ar mhoilleanna ar fhógra fostaíochta ón bhfostóir ach glactar leis go raibh moilleanna ann óna taobhsa le linn 2010 agus dhearbhaigh sí go bhfuil sí tar éis roinnt nósanna imeachta leasaithe a fhorbairt ina leith seo.

Oibríonn an tráthúlacht ina bhfuarthas roinnt eolais in aghaidh iarrachtaí na Roinne íocaíochtaí sa bhreis ar theidlíocht a aithint agus a íoslaghdú. Cé gur aithnigh meaitseáil sonraí le clárúcháin mhac léinn thart ar 26,400 cás a raibh imscrúdú uathu, faightear an t-eolas go maith isteach sa bhliain acadúil. Fágann sé seo gur féidir go ndearnadh ró-íocaíochtaí suntasacha faoin am a imscrúdaítear an cás agus d'fhéadfadh gur beag an seans a bheadh ann iad a fháil ar ais. Dúirt an Roinn go bhfuil sé i gceist aici a hiarrachtaí a mhéadú chun a chinntiú go mbaintear meaitseáil sonraí níos tráthúla amach.

D'aithin meaitseáil sonraí íocaíochta le heolas faoi thosach fostaíochta thart ar 62,000 cás i 2010 ar theastaigh tuilleadh imscrúdaithe uathu. D'eascair thart ar 20% díobh seo de bharr easpa freagartha do cheistneoirí fostóra agus forluí dealraitheach a bhí i gceist sa chuid eile.

Ní dhearnadh meaitseáil sonraí maidir le sonraí tuillimh a chuir na Coimisinéirí Ioncaim ar fáil i 2010.

Ní bhailíonn an Roinn eolas maidir le céatadán na gcásanna tarchurtha a ndéantar imscrúdú orthu agus a mbíonn laghdú nó foirceannadh na n-íocaíochtaí iomchuí éilitheora mar thoradh air. Cheadódh an t-eolas seo di measúnú a dhéanamh ar úsáideacht iomchuí na sonraí éagsúla a fuarthas in íocaíochtaí ábhartha sa bhreis ar theidlíochtaí a aithint. Léirigh an Roinn go bhfuil sé i gceist aici aghaidh a thabhairt ar an saincheist seo.

Méid na Gníomhaíochta Leantaí

37.21 Tar éis na meaitséala sonraí cuireann an Lárionad Rialaithe liostaí na gcásanna atá le himscrúdú ar aghaidh go dtí oifigí áitiúla, Aonaid Imscrúdaithe Speisialta agus oifigí cheannáras na scéime de réir mar is cuí. Le linn an iniúchta rinneadh athbhreithniú ar shampla de chásanna aonair a tarchuireadh chuig oifigí áitiúla agus chuig na hAonaid Imscrúdaithe Speisialta i Réigiún an Deiscirt (Corcaigh) agus Réigiún Bhaile Átha Cliath Theas (Tamhlacht) chun a fháil amach

- an raibh fianaise ann gur tarchuireadh an cás nó nach raibh
- an ndearnadh imscrúdú iarbhír ar an gcás agus
- a mhéid ar aithin imscrúduithe ró-íocaíochtaí.

37.22 Léiríonn Fíor 156 a mhéid a taifeadadh na sonraí tarchurtha i Réigiún an Deiscirt, a mhéid ar imscrúdaíodh iad agus léiriú ar na cineálacha eolais a mbíonn aithint ró-íocaíochtaí mar thoradh orthu. Tugann Fíor 157 an t-eolas coibhéiseach do Réigiún Bhaile Átha Cliath Theas.

Fíor 156 Diúscairt Cásanna Tarchurtha, Réigiún an Deiscirt

An cineál cáis a tarchuireadh	Méid an tSampla	Sonraí ón Aonad Rialaithe ar chomhad	Imscrúdú déanta	Ró-íocaíocht[a]
Oifig Áitiúil				
Tosach Fostaíochta	25	20	17	11
	25	**20**	**17**	**11**
Aonad Imscrúdaithe Speisialta				
Tosach Fostaíochta	10	6	6	5
Mic Léinn	5	1	1	0
Sealbhóirí Ceadúnais Tacsaí 2009[b]	5	3	3	0
Tuarascálacha gan Ainm	10	8	4[c]	0
	30	**18**	**14**	**5**
Toradh an tSampla	**55**	**38**	**31**	**16**

Nótaí:
a Baineann siad seo le cásanna in ar ardaíodh ró-iocaíocht iarbhír. I gcás amháin eile, laghdaíodh íocaíochtaí éilitheoirí gan ró-íocaíocht a ardú.
b Fuair an Roinn sonraí 2010 i leith sealbhóirí ceadúnais tacsaí i Meán Fómhair 2010 ach níor dáileadh ar oifigí áitiúla iad go dtí Márta 2011. Ní raibh imscrúdú déanta orthu tráth an iniúchta.
c Bhí na cásanna seo á n-imscrúdú cheana ag an Aonad Imscrúdaithe Speisiata mar chuid de thionscadail speisialta nach raibh tugtha chun críche tráth an iniúchta.

Fíor 157 Diúscairt Cásanna Tarchurtha, Réigiún Bhaile Átha Cliath Theas

An cineál cáis a tarchuireadh	Méid an tSampla	Sonraí ón Aonad Rialaithe ar chomhad	Imscrúdú déanta	Ró-íocaíocht[a]
Oifig Áitiúil				
Tosach fostaíochta	30	16	6	2
	30	**16**	**6**	**2**
Aonad Imscrúdaithe Speisialta				
Tosach fostaíochta	10	8	4	3
Mic Léinn	15	11	11	0
Sealbhóirí Ceadúnais Tacsaí 2009[b]	11	7	6	0[c]
	36	**26**	**21**	**3**
Iomlán	**66**	**42**	**27**	**5**

Nótaí:
a Baineann siad seo le cásanna inar ardaíodh ró-íocaíocht iarbhír. I seacht gcás eile laghdaíodh íocaíocht éilitheoirí gan ró-íocaíocht a ardú.
b Fuair an Roinn sonraí 2010 i leith sealbhóirí ceadúnais tacsaí i Meán Fómhair 2010 ach níor dáileadh ar oifigí áitiúla iad go dtí Márta 2011. Ní raibh imscrúdú déanta orthu tráth an iniúchta.
c I gceann amháin de na seacht gcásanna a scrúdaíodh cinneadh go raibh íocaíocht sa bhreis ar theidlíocht faighte ag an éilitheoir. Chuir an Roinn íocaíocht ar fionraí ó dháta reatha ach níor ardaíodh nó ní dheachthas sa tóir ar ró-íocaíocht. Arís níor ardaigh ná ní dheachaigh an Roinn sa tóir ar ró-íocaíocht i gceachtar den dá chás.

37.23 Fuair an t-iniúchadh a rinneadh ag an dhá oifig áitiúil maidir le 66% de na cásanna tarchurtha go raibh fianaise éigin den tarchur seo le fáil ar chomhaid aonair.

37.24 Ar an iomlán níor imscrúdaíodh 63 den 121 cás tarchurtha. I gcúig chás ní raibh an t-éilitheoir ag fail íocaíochta níos mó, tráth an imscrúdaithe, rud ba chúis b'fhéidir leis an gcinneadh gan tuilleadh imscrúdaithe a dhéanamh. Sna 58 cás eile ní raibh aon chúis taifeadta leis an easpa imscrúdaithe.

37.25 Nuair a rinneadh imscrúdú ardaíodh ró-íocaíochtaí i 36% de chásanna. In ocht gcás eile níor ardaíodh ró-íocaíochtaí cé gur measadh go raibh an t-éilitheoir ag fáil íocaíochta sa bhreis ar theidlíocht.

Conclúid – Gníomhartha Leantacha ar Chásanna a Tarchuireadh le haghaidh Imscrúdaithe

Léirigh torthaí iniúchta nach raibh imscrúdú déanta ach ar 48% de chásanna a tharchuirtear ón Láraonad Rialaithe.

Sa sampla iniúchta, bhí ró-íocaíocht de thoradh ar 36% de chásanna a ndéantar imscrúdú iarbhír orthu.

Conclúid

Faigheann an Roinn méid suntasach eolais ó thríú páirtithe. Ceadaíonn meaitseáil an eolais seo le heolas na Roinne féin maidir le héilimh ar íocaíocht di cásanna d'éileamh calaoiseach dealraitheach ar íocaíochtaí leasa a aithint.

D'aithin athbhreithniú ar ghníomhaíochtaí na Roinne sa réimse seo le linn 2010 moilleanna i bhfáil agus i meaitseáil catagóirí áirithe eolais.

Mar fhreagairt ar fhiosruithe iniúchta, dúirt an Roinn go bhfuil nósanna imeachta nua á gcur in áit aici chun fáil níos tráthúla eolais tríú páirtí agus meaitseáil sonraí níos éifeachtúla a chinntiú.

Chinn an t-iniúchadh gur aithin meaitseáil sonraí líon mór éilitheoirí a raibh gá le tuilleadh imscrúdaithe ina dtaobh.

Cé nár leanadh le céatadán suntasach cásanna a tarchuireadh chuig oifigí áitiúla le haghaidh imscrúdaithe, sna cásanna sin inar tugadh imscrúduithe chun críche, ardaíodh ró-íocaíochtaí i 36% de chásanna, agus i 14% eile cásanna cuireadh deireadh le héilimh nó laghdaíodh iad.

Caibidil 38

Ag Tomhas Torthaí Athbhreithnithe

Ag Tomhas Torthaí Athbhreithnithe

38.1 Nuair a íoctar éilimh cuireann an Roinn athbhreithnithe i gcrích le cinntiú go mbíonn méid iomlán na n-íocaíochtaí do dhuine aonair oiriúnach. Áirítear i measc na ngníomhaíochtaí rialaithe seo:

- cásobair a cuireadh i gcrích ag Cigireacht na Roinne
- athbhreithnithe deisce a cuireadh i gcrích ag oifigí áitiúla agus i rannóga de chuid na Roinne
- agallaimh ag oifigigh agus Cigirí na Roinne
- measúnachtaí sláinte
- athbhreithnithe de thoradh ar mheaitseáil sonraí ó eagraíochtaí eile, leithéidí faisnéis faoi am tosaithe fhostaíochta ó na Coimisinéirí Ioncaim agus fógraí básanna ón bPríomhoifig Chlárúcháin.

38.2 Tar éis gníomhaíochta rialaithe tuairiscíonn an Roinn figiúr coigiltis airgeadaíoch sna cásanna sin ina n-aimsítear éilimh neamhbhailí. Leis sin a úsáid mar shlat tomhais de rath na ngníomhaíochtaí rialaithe bheadh sé den riachtanas

- go léireofaí go mbaineann aon choigilteas a mhaítear leis an ngníomhaíocht rialaithe iarbhír
- go bhfuil tomhas coigiltis bunaithe ar thuairim réasúnta de mhéid eis-sreafa airgid an Stáit a gcuirtear cosc orthu ag gníomhartha tar éis na gníomhaíochta athbhreithnithe.

38.3 Cuimsíonn an coigilteas a thuairiscítear idir na ró-íocaíochtaí sin ar measadh iad a bheith ann de thoradh gníomhaíochta rialúcháin agus na suimeanna sin a measann an Roinn go sábhálfaidh sí, sa todhchaí, de thoradh aimsiú íocaíochtaí neamhrialta. Le cúig bliana anuas thuairiscigh an Roinn coigilteas de €2.3 billiún (€483 milliún i 2010).

Béim na Caibidle

Ó thaobh na hin-aisghabháltachta agus na gcoigilteas atá iontaofa ó thaobh brabúis dhéanfaí an toradh ó ghníomhaíochtaí athbhreithnithe a uasmhéadú sa chás go luafaí an méid ba mhó ró-íocaíochtaí lena n-aisghabháil agus go ndéanfaí sin a aisghabháil i ndáiríre.

Scrúdaíonn an chaibidil an cheist go dtí cén pointe is féidir a rá go bhfuil an tslat tomhais coigiltis a úsáidtear le héifeachtacht athbhreithnithe a thuairisciú fianaise-bhunaithe.

Coigilteas bunaithe ar Ró-íocaíochtaí Taifeadta

38.4 Le linn 2010, fuair an Roinn suim ar luach €83 milliún de ró-íocaíochtaí a bhain le híocaíochtaí scéime a rinneadh ag leibhéal a sháraigh teidlíocht. Bhain €38 milliún de na ró-íocaíochtaí sin le gníomhaíochtaí rialaithe.

38.5 Is féidir go ndéanfar ró-íocaíochtaí a aisghabháil roinnt blianta tar éis mheasúnú na ró-íocaíochta agus i líon suntasach cásanna ní dhéantar an ró-íocaíocht a aisghabháil in aon chor. Tugann Caibidil 34 breac-chuntas ar fheidhmíocht na Roinne maidir le haisghabháil na ró-íocaíochtaí sin a luadh.

38.6 Dhearbhaigh an tOifigeach Cuntasaíochta go bhfuil gach fiachas a eascraíonn de dheasca ró-íocaíochtaí in-aisghabhála, i bprionsabal. Dhearbhaigh sí, ó tugadh isteach córas nua ríomhaire i 2006 le fiachas ró-íocaíochta a bhainistiú, go bhfanfaidh gach ró-íocaíocht thaifeadta in-aisghabhála cé acu ó theidlíochtaí sa todhchaí nó ó eastát an fhéichiúnaí ar bhású dóibh.

38.7 Measann an Roinn go méadófar méid na bhfiachas atá in-aisghabhála go gníomhach le himeacht ama, de réir mar a thosaíonn líon méadaithe sealbhóirí fiachais ag seirbhísiú a bhfiachais. Thug an Roinn faoi deara gur gá fiachais atá dlite a dhíscríobh nuair a fhaigheann sealbhóirí fiachais bás gan aon eastát. I 2010 rinneadh thart ar €8.5 milliún a dhíscríobh ar an tslí seo.

38.8 Ó bhí tús 2007 ann d'éirigh leis an Roinn thart ar an gceathrú cuid de na fiachais ar fad a aisghabháil a bhí ag gabháil di.

Conclúid – Coigilteas bunaithe ar Ró-íocaíochtaí

Is é cleachtas reatha na Roinne ná gach ró-íocaíocht a fhaightear de thoradh ar ghníomhaíocht rialaithe a chomhaireamh mar choigilteas atá iontaofa ó thaobh brabúis. Ó bhí tús 2007 ann, d'éirigh leis an Roinn thart ar an gceathrú cuid de na fiachais ró-íocaíochta a bhí ag gabháil di a bhailiú. Cé gur féidir go bhfuil céatadán níos airde de na fiachais in-aisghabhála san fhadtéarma, ba chóir cleachtas reatha na Roinne a cheistiú – .i. na ró-íocaíochtaí seo ar fad a áireamh mar choigilteas a eascraíonn as gníomhaíocht rialaithe.

Coigilteas Measta Todhchaí

38.9 Le fáil amach ar dócha go mbeidh suimeanna atá iontaofa ó thaobh brabúis i gceist leis na cásanna a tuairiscíodh mar choigilteas sa todhchaí rinne an t-iniúchadh athbhreithniú ar na rudaí seo

- an raibh an coigilteas comhsheasmhach le rialacha féin na Roinne
- an méid am a chaith éilitheoirí ar baineadh a gcuid íocaíochtaí díobh gan sochair leasa shóisialaigh a fháil don tréimhse a úsáideadh leis an gcoigilteas a áireamh
- a bhailí is atá sé coigilteas todhchaí a mhaíomh d'éilitheoirí éagtha.

Coigilteas Todhchaí Tuairiscithe

38.10 Is é beartas na Roinne gur féidir coigilteas measta todhchaí a mhaíomh de thoradh ar ghníomhaíocht rialaithe sna cásanna seo a leanas:

- de thoradh ar an ngníomhaíocht rialaithe socraítear gan an ráta íocaíochta a athrú agus d'eascair an ráta mícheart as caimiléireacht nó earráid chustaiméara nár tuairiscíodh don Roinn ag an gcustaiméir
- cuireadh deireadh leis an éileamh laistigh de cheithre seachtaine ó rinneadh an ghníomhaíocht rialaithe agus níor aistrigh an t-éilitheoir chuig scéim eile
- bhí íocaíocht á fáil ar an éileamh ag am na gníomhaíochta rialúcháin.

38.11 Le cruinneas an choigiltis thuairiscithe a scrúdú, rinne an t-iniúchadh athbhreithniú, ag tagairt do threoirlínte na Roinne, do shampla de 96 chás inar tuairiscíodh coigilteas. Tugtar breac-chuntas ar thorthaí na scrúduithe sin i bhFíor 158.

Fíor 158 Bailíocht an Choigiltis Todhchaí a Mhaítear

Cineál Íocaíochta	Suim Bhailí Choigiltis a Mhaítear	Suim Neamhbhailí Choigiltis a Mhaítear	Iomlán	Céatadán Bailí %
Sochar Linbh	19	0	19	100
Sochar Breoiteachta	19	1	20	95
Pinsean	18	2	20	90
Liúntas do Lucht Cuardaigh Fostaíochta	12	7	19	63
Liúntas Teaghlaigh Aontuismitheora	10	8	18	56
Iomlán	**78**	**18**	**96**	**81**

38.12 Go ginearálta fuarthas nach raibh rud beag níos lú ná an cúigiú cuid den choigilteas a scrúdaíodh laistigh de na treoirlínte do thuairisciú coigiltis. Bhain mórchuid an choigiltis neamhbhailí a maíodh le híocaíochtaí Liúntais Chuardaigh Fostaíochta agus Teaghlaigh Aontuismitheora. Ba iad na príomhchúiseanna ná gur maíodh an coigilteas sna cásanna seo:

- ní raibh fianaise le fáil de ghníomhaíocht rialaithe a bhain leis an athrú san éileamh
- ní raibh íocaíocht á déanamh ar an éileamh san am inar measúnaíodh an coigilteas

38.13 Réitíonn cinneadh an iniúchta, cuid mhór, le torthaí athbhreithnithe a chuir an Roinn i gcrích le blianta beaga anuas.

- I gcás an Liúntais do Lucht Cuardaigh Fostaíochta, dheimhnigh athbhreithnithe ar chúig oifig áitiúla i 2008 go raibh an coigilteas tuairiscithe bailí i 54% go 96% de na cásanna.
- I 2009 dheimhnigh athbhreithnithe ar íocaíochtaí do Lucht Cuardaigh Fostaíochta in dhá oifig áitiúla, a roghnaíodh go randamach, go raibh an coigilteas tuairiscithe bailí i 94% agus 98% de na cásanna faoi seach.
- I 2010, fuair athbhreithnithe ar íocaíochtaí do Lucht Cuardaigh Fostaíochta in dhá oifig áitiúla, a roghnaíodh go sonrach mar gheall ar easnaimh aitheanta a bheith ann maidir le taifeadadh ceart an choigiltis, nárbh fhéidir ach 8% agus 34% den choigilteas tuairiscithe a bhailiú.
- Ba é conclúid athbhreithnithe a cuireadh i gcrích i 2008 de shampla de choigilteas tuairiscithe maidir le híocaíochtaí Teaghlaigh Aontuismitheora go raibh an coigilteas a maíodh bailí i 43% de na cásanna.
- Maidir le Pinsin, dheimhnigh athbhreithniú i 2009 ar choigilteas a tuairiscíodh maidir le Scéimeanna Saor in Aisce go raibh an maíomh coigiltis bailí i 61% de na cásanna.
- Ba é conclúid athbhreithnithe i 2008 ar choigilteas Sochar Linbh ná nach raibh an maíomh coigiltis bailí ach i 48% de na cásanna.

38.14 Maidir leis an oifig áitiúil ina raibh 8% amháin den choigilteas tuairiscithe Liúntais Lucht Cuardaigh Fostaíochta bailí, dhearbhaigh an tuarascáil, cé gur cuireadh san áireamh an brú suntasach ar an bhfoireann mar gheall ar mhéaduithe sa bheochlár, nach raibh tuiscint mhaith ag foireann na hoifige áitiúla ar na coinníollacha nach mór iad a shásamh le coigilteas bailí a thuairisciú.

38.15 Maidir le hathbhreithnithe na Roinne ar choigilteas rialaithe tuairiscithe, dhearbhaigh an tOifigeach Cuntasaíochta gur eisigh an Láraonad Rialúcháin, tar éis bhailithe an choigiltis in oifigí áitiúla i 2008, gur eisigh sé treoirlínte athbhreithnithe do gach réimse ábhartha den Roinn i 2009. Comhlánaíodh an méid sin ag

- cruinnithe idir foireann an Aonaid Rialúcháin agus foireann na n-oifigí áitiúla i 2010 le béim a chur arís ar an tábhacht a bhaineann le tuairisciú na gníomhaíochta rialaithe, lena n-áirítear athbhreithnithe rialaithe a cuireadh i gcrích, athbhreithnithe le coigiltis, coigiltis rialaithe agus ró-íocaíochtaí
- oiliúint bhreise ar tugadh fúithi agus a beartaíodh i 2011
- tosú fhorbairt suímh gréasáin a sholáthróidh faisnéis maidir le tuairisciú coigiltis rialaithe
- bailiú leantach maidir le hoifigí áitiúla mar a léiríonn cleachtaí bailithe a cuireadh i gcrích go bhfuil taifeadadh mícheart á dhéanamh ar an gcoigilteas.

Conclúid – Bailíocht an Choigiltis Mhaíte

Cuireann torthaí iniúchta in iúl nár shásaigh 19% den éileamh maíte rialacha féin na Roinne maidir le coigilteas inchomhairimh. Thuairiscigh athbhreithnithe féin na Roinne easnaimh den chineál céanna freisin.

Tomhas Coigiltis

38.16 Tá i gceist le háireamh iarbhír coigiltis ná úsáid iolraitheora a chuirtear i bhfeidhm don tsuim ró-íoctha a aimsíodh. Bhain na hiolraitheoirí úsáid as raon d'fhachtóirí óna ceathair go 136 agus cuirtear iad i bhfeidhm don laghdú seachtainiúil nó míosúil íocaíochta, ag brath ar an scéim[298].

38.17 Is é an bonnmhíniú atá ann d'úsáid iolraitheora ná go dtugann sé léargas ar an meánmhéid ama ar dócha nach mbeidh duine a éiríonn as éileamh íocaíocht mar gheall ar ghníomhaíocht rialaithe ar leabhair na Roinne, agus lena sheal sin glactar leis sin mar shlat tomhais airgid choigilte.

38.18 Dhearbhaigh an tOifigeach Cuntasaíochta go n-úsáideann an modh atá in úsáid ag an Roinn le coigilteas a áireamh áirimh a aithnítear agus a chleachtaítear go hidirnáisiúnta agus go bhfuil sé cosúil leis na múnlaí a úsáidtear sa RA agus san Astráil.

38.19 Eascraíonn roinnt deacrachtaí coincheapúla maidir le húsáid slaite tomhais fheidhmíochta den chineál a úsáidtear ag an Roinn.

- Tá sé de dhualgas ar an Roinn, trí mheán rialaithe ghníomhaigh, cinntiú nach ann d'éilimh neamhbhailí sa chéad dul síos.
- Ag tréimhsí ina mbíonn ualach méadaithe éilimh i gceist uaireanta ní mór don Roinn leibhéal na rialuithe glactha le héilimh agus na seiceálacha bainistithe a laghdú (féach Caibidil 36 – Bearta Rialaithe ag Leibhéal na Scéime). Méadaíonn sin an baol go ndéanfaí ró-íocaíochtaí.
- Bíonn mórchuid na ngnólachtaí ag breathnú ar rialú ar bhealach iomlánaíoch, agus ní nós leo úsáid a bhaint as rialuithe iarphróiseála cosúil le hathbhreithnithe na Roinne ach amháin i gcásanna ina bhfuil seans maith ann go ndéanfar aon íocaíochtaí gan údar a aisghabháil – ní dhéantar ach an ceathrú cuid de na ró-íocaíochtaí a aisghabháil agus ní bhíonn céatadán ard de na cásanna sin a chomhairítear mar choigilteas faoi réir ag aon ghníomhaíocht aisghabhála.

---

[298] Baintear úsáid as iolraitheoirí éagsúla do chríochnú glan amach agus do laghdú íocaíochta.

38.20 Is é an bunbhonn a bhaineann le húsáid iolraitheora ná go bhfanfaidh an té a éiríonn as a bheith ag éileamh sochar taobh amuigh den chóras ar feadh meántréimhse ama. Is dócha go rachaidh fachtóirí casta i bhfeidhm ar shocrú duine leas a bhaint as an gcóras leasa shóisialaigh sa todhchaí, lena n-áirítear gá eacnamaíoch, rud a bhaineann le staid an gheilleagair ag an am. Dá ainneoin sin is uile, agus ag glacadh le 'haghaidhluach' an bhirt, scrúdaigh an t-iniúchadh an méid a thit amach níos déanaí i roinnt cásanna inar maíodh coigilteas ag tagairt don iolraitheoir le fáil amach go dtí cén pointe a réitigh an t-iolraitheoir in úsáid leis na patrúin éilimh.

38.21 Bhreathnaigh an scrúdú ar shampla de 498 éilitheoir mar ar tuairiscíodh coigilteas le cinneadh ar fhill siad ar leabhair na Roinne nó ar athcheadaíodh laghdú laistigh de thréimhse an iolraitheora. I gcás na scéimeanna sin a bhfuil tréimhse iolraitheora i gceist dóibh de 136 sheachtain (34 mhí) roghnaíodh na samplaí ó choigilteas a maíodh i 2008. Tugtar breac-chuntas ar thorthaí na n-athbhreithnithe i bhFíor 159.

Fíor 159 Líon na gCásanna Coigiltis ina ndearnadh Éileamh laistigh den Tréimhse Iolraitheora

Scéim	Iolraitheoir in Úsáid	Coigilteas a Tuairiscíodh i 2010 €m	Líon na gCásanna Coigiltis a ndearnadh Athbhreithniú orthu	Líon na nDaoine a d'Fhill go Leabhair na Roinne nó a Athcheadaíodh laistigh den Tréimhse Iolraitheora
Sochar Breoiteachta	24 seachtaine	95	100	73
Liúntas do Lucht Cuardaigh Fostaíochta	32 sheachtain	57	100	60
Sochar Linbh	34 mhí	108	100	32
Liúntas Teaghlaigh Aontuismitheora				
- Críochnuithe	136 seachtaine	71	19	9
- Laghduithe	52 sheachtain		81	53
Pinsin	136 seachtaine	111	98	-
Iomlán		**442**	**498**	**227**

38.22 Ní bhfuair ceann ar bith de na cásanna Pinsin íocaíocht arís. Is dócha gurb é an míniú atá air sin ná gur eascair mórchuid an choigiltis seo i gcás éilitheoirí éagtha. Go ginearálta, thosaigh 46% de na cásanna a ndearnadh athbhreithniú orthu ag déanamh éilimh, sin nó fuair siad íocaíocht mhéadaithe laistigh den tréimhse iolraitheora (57% gan cásanna pinsin a chur san áireamh).

38.23 Tá sé níos casta breithniú a dhéanamh maidir le coigilteas i gcásanna Teaghlaigh Aontuismitheora ós rud é go gceadaítear do na héilitheoirí bheith ag obair, a fhad is nach sáraíonn an tuilleamh tairseacha áirithe. Dá thoradh sin eascraíonn na laghduithe ó thaobh íocaíochtaí de, seachas na críochnuithe, as gníomhaíocht athbhreithnithe i líon mór cásanna. D'eascair thart ar 81% de na cásanna coigiltis mar gheall ar laghduithe íocaíochta i 2008. Déantar a lán de na laghduithe a aisiompú laistigh de thréimhse ghearr de thoradh ar athruithe i dtaca le tosca an duine.

38.24 Rinneadh éilitheoirí Sochair Bhreoiteachta agus Liúntais do Lucht Cuardaigh Fostaíochta a athcheadú nó rinne siad éileamh ar scéim eile laistigh den tréimhse iolraitheora in dhá chás as gach trí cinn. Bhí an tríú cuid de na cásanna Sochair Linbh ag déanamh éilimh arís laistigh de thréimhse an iolraitheora.

Conclúid – Bonn an Áirimh Choigiltis

Agus an coigilteas á áireamh aige, measann an Roinn coigilteas todhchaí – an meánmhéid a mheasann sí a d'íocfaí murach aimsiú na híocaíochta míchirte mar shlat tomhais rath a ghníomhaíochta athbhreithnithe. Fuair an t-iniúchadh amach nár fhan beirt de gach triúr ar críochnaíodh nó ar laghdaíodh a n-íocaíocht sochair bhreoiteachta nó liúntais do lucht cuardaigh fostaíochta taobh amuigh den ualach éilimh do na tréimhsí ama sin ar baineadh úsáid astu leis an gcoigilteas a áireamh.

38.25 Dhearbhaigh an tOifigeach Cuntasaíochta gur meastachán é an coigilteas rialaithe de luach na hoibre rialaithe, ós rud é go méadófaí caiteachas leasa shóisialaigh faoin méid sin ar a laghad le himeacht ama murach an obair sin.

Coigilteas bunaithe ar Fhógra Báis

38.26 Cuirtear an Roinn ar an eolas maidir le básanna éilitheoirí trí fhógra ó dhuine atá muinteartha leis an éilitheoir nó trí chleachtaí meaitseála shonraí le heolas a sholáthraítear ag an bPríomhoifig Chlárúcháin. Maítear coigilteas rialaithe sna cásanna sin inar críochnaíodh an t-éileamh mar gheall ar mheaitseáil sonraí le sonraí a soláthraíodh ag an bPríomhoifig Chlárúcháin agus gan an bás a bheith fógartha ag duine muinteartha leis an éilitheoir.

38.27 Tuairiscíonn an Roinn an méid seo:

- I 2009, chuir sí críoch le híocaíochtaí maidir leis an bPinsean Ranníocach maidir le 1,362 éilitheoir nár fógraíodh a mbás agus rinneadh beart le ró-íocaíochtaí a d'eascair dá bharr sin a aisghabháil.
- I 2010, maíodh coigilteas de €53.9 milliún maidir le críochnú éilimh 1,900 éilitheoir pinsin Neamhranníocaigh nár fógraíodh a mbás don Roinn.

Conclúid – Fógra Báis

Is é gnáthamh reatha na Roinne ná coigilteas todhchaí a mhaíomh atá comhionann le 136 seachtaine d'íocaíochtaí pinsin maidir le pinsinéirí éagtha nár fógraíodh a mbás don Roinn agus a aimsítear trí aistriú uathoibríoch faisnéise ón bPríomhoifig Chlárúcháin. Is cosúil go nglacann sin leis go dtarlódh, i ngach cás den chineál seo, meáneisíocaíocht neamhin-aisghabhála atá comhionann le pinsean dhá bhliain go leith. Ós rud é gur chóir go mbeadh a leithéid de phróiseáil leictreonach ar siúl go laethúil i réimse an riaracháin phoiblí ba chóir breathnú air seo mar ghnáthrialú riaracháin.

Iontaofacht na Faisnéise Bainistithe

38.28 Faigheann an Rannán Rialúcháin tuairisceáin faoi líon na n-athbhreithnithe a chuirtear i gcrích agus faoin gcoigilteas gaolmhar a éilítear ó na limistéir sin atá freagrach as cur i gcrích na n-athbhreithnithe.

38.29 Fuair an t-iniúchadh amach nach bhfuil an bealach a nascann faisnéis ag leibhéal na scéime leis an gcoigilteas a thiomsaítear go lárnach i dTuarascálacha Rialúcháin soiléir a dhóthain.

- ní chuimsíonn sonraí na n-íocaíochtaí a críochnaíodh nó a laghdaíodh a chuirtear isteach ag oifigí áitiúla agus ag rannóga scéime liostáil shuimithe agus leathnaithe an choigiltis
- i gcásanna míchumais ní raibh i gceist leis an bhfaisnéis a thacaigh leis an gcoigilteas a maíodh ach dialanna iomadúla a rinne cur síos ar chásanna ina bhfuair lia-réiteora amach go raibh sé de chumas ar an duine bheith ag obair

- sa deireadh thiar thall, ní rabhthas in ann an coigilteas maíte a réiteach leis an áireamh a rinneadh de thairbhe an iniúchta mar chuid de thástáil athfheidhmíochta
- tugadh faoi deara earráidí dealraitheacha tiomsaithe sa dá threo.

Conclúid – Iontaofacht na Faisnéise Bainistíochta

Níor chuir an Roinn réiteach i gcrích idir an coigilteas atá san áireamh sna Tuairiscí Rialaithe agus an coigilteas a thaifid na rannóga agus na hoifigí aonair.

Ní mór athbhreithniú a dhéanamh ar bhainistiú faisnéise na Roinne. Má tá an tslat tomhais choigiltis le coimeád, ba chóir go mbeadh bealach soiléir le sonrú idir coigeartuithe leibhéil scéime ar íocaíochtaí agus an fhaisnéis achoimrithe ag leibhéal an rialaithe.

38.30 Maidir le heasnaimh faisnéise bainistithe i dtaca le coigilteas rialaithe, dhearbhaigh an tOifigeach Cuntasaíochta go gcuireann Láraonad Rialúcháin na Roinne, ó bhí lár 2011 ann, réiteach ráithiúil i gcrích idir an coigilteas sin a áirítear i dTuairiscí Rialaithe agus an coigilteas a thaifeadtar ag rannóga aonair. Ina theannta sin scrúdaíonn an Láraonad Rialúcháin forbairt chórais nua ríomhaire le feabhas a chur ar thaifeadadh an choigiltis rialúcháin agus tuairisciú níos mionsonraithe a cheadú de réir chineál an athbhreithnithe.

Cásanna a Thugann Coigilteas

38.31 Slat tomhais comhroghnach ar rath na gníomhaíochta rialúcháin ná céatadán na n-athbhreithnithe a ndéantar coigilteas dá mbarr, rud a léiríonn go pointe rath na Roinne maidir le fócasú na gníomhaíochta athbhreithnithe agus aghaidh a thabhairt ar an riosca go dtéitear in iontaoibh ar an gcóras gan údar. Leis an gcrot atá air seo faoi láthair, áfach, táscaire garbh go maith atá ann, mar gheall ar easnaimh i dtaca le modheolaíocht áirithe an choigiltis agus ós rud é go ndéantar athbhreithnithe ar de chineál agus de dhéine éagsúla iad a chomhbhailiú.

38.32 I bhFíor 160 leagtar amach líon na n-athbhreithnithe agus an céatadán díobh as a n-eascraíonn coigilteas, faoi mar a thuairiscítear ag an Roinn. Is iad na príomhthreochtaí a thagann chun cinn ná iad seo:

- Méadaíodh líon na n-athbhreithnithe ar chásanna Sochair Linbh ó 87,900 i 2008 go 514,400 i 2010. Cuirtear cuid mhór de na hathbhreithnithe seo i gcrích trí mheán cor poist chuig tuismitheoirí ag iarraidh deimhniú a dteidlíochta leanúnaí.
- Nuair nach gcuirtear athbhreithnithe ar Shochar Linbh san áireamh, laghdaíodh líon na n-athbhreithnithe eile ó 476,500 i 2008 go 415,000 i 2010. Is féidir céatadán ard den laghdú seo a mhíniú le titim i líon na n-athbhreithnithe ar íocaíochtaí do Lucht Cuardaigh Fostaíochta agus Theaghlaigh Aontuismitheora, a laghdaíodh faoi 33,100 agus 10,100 faoi seach.
- Nuair nach gcuirtear athbhreithnithe ar Shochar Linbh san áireamh laghdaíodh céatadán na n-athbhreithnithe as ar eascair coigilteas ó 22% i 2008 go 16% i 2010. Agus Sochar Linbh á chur san áireamh laghdaíodh an céatadán ó 19% go 9%. Bhain an titim ba mhó i gcásanna toraidh le hathbhreithnithe ar íocaíochtaí Teaghlaigh Aontuismitheora – laghdaíodh céatadán na n-athbhreithnithe as ar eascair coigilteas ó 31% i 2008 go 12% i 2010.

Fíor 160 Athbhreithnithe as ar Eascair Coigilteas de réir na Scéime[a], 2008-2010

Scéim	2008 Líon na nAthbhreithnithe	2008 Céatadán a thug Coigilteas	2009 Líon na nAthbhreithnithe	2009 Céatadán a thug Coigilteas	2010 Líon na nAthbhreithnithe	2010 Céatadán a thug Coigilteas
		%		%		%
Liúntas do Lucht Cuardaigh Fostaíochta	167,040	12	141,859	9	133,913	13
Sochar Linbh	87,850	6	288,050	3	514,429	4
Sochar Breoiteachta	75,902	14	80,846	16	71,166	17
Liúntas Teaghlaigh Aontuismitheora	64,771	31	72,247	18	54,638	12
Forlíonadh Ioncam Teaghlaigh	28,902	21	24,611	38	25,581	17
Scéimeanna Saor in Aisce	24,223	98	24,529	30	15,797	45
Pinsin	15,246	12	10,010	30	12,571	26
Liúntas do Chúramóirí	2,790	22	2,948	20	2,374	34
	466,724	**19**	**645,100**	**11**	**830,469**	**9**
Coigilteas gan Áireamh[b]	97,630		105,714		98,914	
Iomlán	**564,354**		**750,814**		**929,383**	

Foinse: An Roinn Coimirce Sóisialaí

Nótaí: a Ba chóir na torthaí seo a thuiscint ag cur san áireamh na foláirimh atá sa tuarascáil faoi chruinneas an choigiltis agus faoi chineál na n-athbhreithnithe.

b Áirítear orthu seo Sochar Breoiteachta nach ngineann tuairisciú coigiltis, leithéidí achomhairc faoi shocruithe Lianna-Réiteora agus athbhreithnithe deisce faoi scéimeanna a bhaineann le breoiteacht.

Conclúid – Cásanna a mBíonn Coigilteas de thoradh orthu

Ní mór don Roinn idirdhealú a dhéanamh ar na hathbhreithnithe de réir cineáil agus déine agus ní mór di cinntiú go ndéantar coigilteas cruinn a thiomsú má tá an toradh ó athbhreithnithe le feidhmiú mar shlat tomhais iontaofa feidhmíochta. Mar fhreagra ar fhiosrúcháin iniúchta dhearbhaigh an Roinn go bhfuil tionscadal curtha i bhfeidhm aici le haghaidh a thabhairt air sin.

Conclúid

Tar éis gníomhaíochta rialúcháin nuair a aimsítear éilimh neamhbhailí, tuairiscíonn an Roinn tomhas feidhmíochta a dtugtar 'coigilteas' air. Cuireann an coigilteas tuairiscithe seo san áireamh idir ró-íocaíochtaí a thaifeadtar ag an Roinn agus mheastacháin an choigiltis sa todhchaí atá bunaithe ar laghdú seachtainiúil na n-íocaíochtaí agus méid an ama a bhfuiltear ag súil leis nach mbeidh an t-éilitheoir ar leabhair na Roinne.

I gcás pinsinéirí éagtha áirithe, nuair a fhaightear fógra báis ón bPríomhoifig Clárúcháin áirítear íocaíochtaí 136 seachtaine mar choigilteas.

Tríd is tríd thuairiscigh an Roinn coigilteas de €483 milliún – suim a bhfuil san áireamh ann €38 milliún de ró-íocaíochtaí aimsithe agus €445 milliún de choigilteas todhchaí measta. San iniúchadh féachadh le scrúdú a dhéanamh ar an méid ina raibh an coigilteas seo iontaofa ó thaobh brabúis.

In ainneoin go bhfuil ráta aisghabhála na ró-íocaíochtaí measartha íseal go ginearálta, faoi láthair cuireann an Roinn san áireamh luach iomlán na ró-íocaíochtaí a fhaightear de thoradh ar ghníomhaíocht rialúcháin agus coigilteas rialúcháin á áireamh aici. Ba chóir don Roinn meastachán a fhorbairt atá bunaithe ar fhianaise stairiúil de chéatadán na ró-íocaíochtaí a bhfuil sí ag súil le bheith in ann a aisghabháil chun leibhéal an choigiltis atá iontaofa ó thaobh brabúis a áireamh a eascraíonn as ró-íocaíochtaí a fhaightear de thoradh ar ghníomhaíocht rialúcháin.

Áirítear an coigilteas todhchaí bunaithe ar iolraitheoirí réamhdhearbhaithe do gach scéim a mheasann méid an ama a bhfuiltear ag súil leis nach mbeidh éilitheoir ar leabhair na Roinne. Fuair an t-iniúchadh amach gur fhill beirt as gach triúr i measc na n-éilitheoirí sin ar críochnaíodh nó ar laghdaíodh a n-éileamh ar Shochar Breoiteachta nó ar Liúntais do Lucht Cuardaigh Fostaíochta go leabhair na Roinne laistigh de na tréimhsí ama a úsáideadh leis an gcoigilteas a mheas.

Tugann torthaí iniúchta le fios nár chomhlíon thart ar an gcúigiú cuid den choigilteas a maíodh rialacha féin na Roinne agus go bhfuil oifigí áirithe ag maíomh coigiltis nár chóir a mhaíomh i gcásanna nár críochnaíodh nó nár laghdaíodh an t-éileamh mar gheall ar ghníomhaíocht rialúcháin nó nuair is í fírinne an scéil nach rabhthas ag tabhairt íocaíochta ar an éileamh nuair a maíodh an coigilteas.

D'aithin an t-iniúchadh easnaimh sna córais fhaisnéise a mbaintear úsáid astu le coigilteas rialúcháin a thaifead. Chun aghaidh a thabhairt ar na ceisteanna seo, tá tús curtha ag an Roinn le próiseas nua imréitigh, ó lár 2011 — lena réiteofar sonraí áitiúla leis an líon iomlán a thuairiscítear – agus tá tús curtha leis le pleananna le córas nua ríomhaire a fhorbairt le coigilteas a thaifeadadh a cheadóidh faisnéis bhainistithe fheabhsaithe. Tá sé beartaithe aici freisin tuilleadh oiliúna a chur i gcrích le foireann na n-oifigí áitiúla i 2011 le béim a chur arís eile ar an tábhacht a bhaineann le taifeadadh ceart an choigiltis.

Caibidil 39

Comhréiteach Bainc agus An Post

Comhréiteach Bainc agus An Post

39.1 Phróiseáil an Roinn Coimirce Sóisialaí timpeall ar 85 milliún idirbheart íocaíochta leasa sa bhliain 2010 arbh ionann a luach comhcheangailte agus €20 billiún. Chuimsigh siad seo aistrithe leictreonacha cistithe go díreach do chuntais bhainc na gcliant agus íocaíochtaí leictreonacha aistrithe faisnéise trí An Post, a ghníomhaíonn mar ghníomhaí íocaíochta na Roinne[299], chomh maith le híocaíochtaí seic.

39.2 Ag éirí as deacrachtaí maidir lena cuid idirbhearta údaraithe agus íoctha a chomhréiteach, chuir an Roinn tús le hobair i 2002 ar thionscadal chun aghaidh a thabhairt ar easnaimh[300]. Bhí na córais chomhréitigh i bhfeidhm ag an am sin i bhfeidhm ón mbliain 1986 agus ní raibh siad ceangailte le príomhchóras taifeadta na Roinne. Ba iad príomhchuspóirí an chórais athchuir ná go mbeadh sé in ann caiteachas na Roinne a bhreacadh ina mórleabhar ginearálta, saincheisteanna agus sóinseálacha a mheaitseáil, sóinseálacha neamh-mheaitseáilte a aithint le haghaidh fiosraithe agus comhréitigh agus comhréiteach uathoibrithe chuntais na Roinne a dhéanamh le comhréiteach a cuntais bhainc agus An Post.

39.3 Cuireadh an córas, ar a dtugtar an Clár Oibre um Chomhréiteach Íocaíochta agus Gníomhaireachta (COIÍG), ar fáil ar chostas de €9.1 milliún agus coimisiúnaíodh é ag tús mhí an Mheithimh 2009.

39.4 Thuairiscigh mé, tar éis an iniúchta ar ráitis airgeadais an Chiste Árachais Shóisialaigh (an Ciste) do 2009, a cuireadh i gcrích amhail 29 Nollag 2010, go raibh easnaimh sna próisis imréitigh bhainc a bhí á bhfeidhmiú ag an Roinn. Maidir leis sin, dúirt mé gur

> *Tugadh easnaimh faoi deara maidir le tráthúlacht ullmhú, fhormáid agus athbhreithniú an chomhréitigh bainc agus sna nósanna imeachta maidir le cealú seiceanna. Bhí na heasnaimh chéanna ann ag deireadh gach míosa ó glacadh le próiseas nua ríomhairithe comhréitigh i Meitheamh 2009.*
>
> *Tá obair á déanamh ag an Roinn chun rianta cuntasaíochta a athchruthú, na hidirbhearta bainc a chomhréiteach go hiomlán agus a phróisis ghnó a fheabhsú maidir le comhréiteach bainc. Ag am mo thuarascála, níl imscrúdú iomlán déanta ar nithe áirithe. Is ionann an glanmhéid atá le bheith imscrúdaithe agus €330,000. D'fhéadfadh gá a bheith le coigeartú cuntasaíochta, rud nach meastar a bheith ábhartha i gcomhthéacs láimhdeachas an Chiste, d'fhéadfadh gá a bheith leis sna blianta amach anseo d'fhonn aon earráidí a aithníodh a cheartú.*

39.5 Bhí na heasnaimh chéanna le feiceáil le linn iniúchtaí ar an Vóta do Choimirce Shóisialach agus ar an gCiste i 2010. Ina theannta sin, leantar de bheith difríochtaí idir na hiarmhéideanna atá éilithe ag An Post a bheith dlite agus iad siúd atá taifeadta ag an Roinn.

Béim na Caibidle

Leagtar amach sa chaibidil seo na heasnaimh sna próisis chomhréitigh bhainc a tugadh faoi deara san iniúchadh agus na heasnaimh i socruithe chun iarmhéideanna atá dlite do An Post a dheimhniú go neamhspleách.

---

299 Féach Tuarascáil Bhliantúil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste 2004.

300 Féach Tuarascáil Bhliantúil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste 2004.

Comhréiteach Bainc

39.6 Tugadh faoi deara le linn na n-iniúchtaí go mbreacann an córas COCÍG idirbhearta sa mhórleabhar agus go bhfuil feabhas curtha aige ar chumas na Roinne idirbhearta aonair a rianú agus sóinseálacha neamh-mheaitseáilte a aithint go gasta le haghaidh fiosrú breise. Níor éirigh leis go fóill, áfach, córas feidhmeach comhréitigh bhainc a chur ar fáil san fhormáid chaighdeánach.

39.7 Ní raibh aschur tuairiscithe an chórais san fhormáid chaighdeánach le haghaidh comhréiteach bainc toisc

- Níl an modúl comhréitigh, mar a chuirtear i bhfeidhm é, in ann idirbhearta a thuairisciú trí thagairt do na tréimhsí cuntais lena mbaineann siad.
- Níor féadadh tuarascáil suas chun dáta ar stádas an chomhréitigh bhainc do lá ar leith, arna choigeartú do mhíreanna a meaitseáladh nó a próiseáladh ina dhiaidh sin, a tháirgeadh ón gcóras.
- Gur charn sé cuid shuntasach d'ionstraimí íocaíochta briste, seachas í a dhíchur. B'ionann luach na n-earraí carntha neamh-mheaitseáilte agus €22 billiún amhail an 31 Nollaig 2010.
- Nach ndearna sé idirdhealú idir seiceanna cealaithe agus seiceanna gan íoc.
- Gur fhág bulcbhreacadh seiceanna cealaithe nach raibh meaitseáil aon le haon laistigh de chóras na n-idirbheart sin.

39.8 Dá bhrí sin, bhí gá le deisithe sealadacha chun cuidiú le formáid chaighdeánach comhréitigh bhainc — is éard a bhí i gceist leo siúd úsáid a bhaint as pacáistí bogearraí eile.

39.9 Tar éis chríochnú an phróisis, b'ionann iomlán na ndifríochtaí neamhdheimhnithe agus €361,000 (Vóta €28,000; an Ciste Árachais Shóisialaigh €333,000) amhail an 31 Nollaig 2009. Cé nach bhfuil an t-iniúchadh ar an gCiste Árachais Shóisialta do 2010 críochnaithe go fóill, b'ionann an difríocht neamhdheimhnithe ar an Vóta agus €35,000 amhail an 31 Nollaig 2010.

Tuairimí an Oifigigh Chuntasaíochta

39.10 Dúirt an tOifigeach Cuntasaíochta go gceadaíonn an córas do rianú seiceanna ar leith, ag am ar bith. Mar sin féin, d'admhaigh sí gur chuir tosca áirithe leis an bhfíric nár chuir an córas formáid chaighdeánach comhréitigh bhainc ar fáil. Ina measc seo, bhí na nithe seo a leanas

- d'fhág neamhchoimisiúnú an aitheantóra stádais seiceanna nuair a cuireadh an córas COCÍG i bhfeidhm nach raibh achoimriú seiceanna neamhbhriste de réir catagóir stádais seiceanna indéanta
- Ní raibh an córas in ann cealuithe baiscthe a mheaitseáil le seiceanna comhfhreagracha sna liostaí de sheiceanna gan íoc
- Níor áiríodh riail chódaithe do COCÍG, rud a mheaitseálfadh seiceanna cealaithe go huathoibríoch le saincheisteanna, sa chóras
- Bhí sé deacair scrúdú a dhéanamh ar thaifid neamh-mheaitseáilte lasmuigh den chóras freisin, toisc gur theorannaigh cumraíocht an chórais cumas na Roinne chun níos mó ná 50 taifead a asbhaint ag aon am amháin (codán d'iomlán na dtaifead neamh-mheaitseáilte)

39.11 Dúirt an tOifigeach Cuntasaíochta go n-áirítear le coigeartuithe nó le feabhsuithe ar an gcóras COCÍG atá coimisiúnaithe nó atá beartaithe do 2011 na nithe seo a leanas.

- Le héifeacht ó mhí Feabhra 2011, déantar idirdhealú idir seiceanna gan íoc, seiceanna cealaithe agus seiceanna stoptha sa stádas a ghabhann le híocaíochtaí seiceanna ar an gcóras COCÍG. Féadtar liostuithe seiceanna neamhbhriste a easpórtáil anois ó COCÍG le haghaidh achoimrithe agus anailíse de réir catagóir stádais trí úsáid a bhaint as pacáistí bogearraí eile
- Ní chuirfear seiceanna cealaithe i mbulc a thuilleadh nuair a bhreacfar iad sa mhórleabhar ginearálta. Fágfaidh sé seo go bhféadfar tagairt seiceanna ar leith a choinneáil tríd an bpróiseas breactha, rud a éascóidh meaitseáil aon le haon seiceanna cealaithe agus a n-asbhaint ó thuarascálacha comhréitigh.
- Soláthrófar áis (aitheantóir tréimhse) chun idirbhearta a bhreacadh go stairiúil agus comhréiteach dheireadh na tréimhse a nuashonrú.
- B'ionann an socrú a theorannaigh asbhaint taifead neamh-mheaitseáilte go 50 taifead ag aon am amháin roimhe sin agus socrú réamhshocraithe. Dhíchuir athrú ar nósanna imeachta gnó an srian seo agus ní raibh gá le haon obair forbartha breise.

Conclúid – Comhréiteach Bainc

Ní mór don Roinn aghaidh a thabhairt ar a cumas chun a hiarmhéideanna cuntais a chomhréiteach go cuimsitheach agus go trédhearcach le cuntais a banc. Tá sé tábhachtach go ndéantar comhréitigh ag deireadh gach míosa laistigh de thréimhse chuntasaíochta.

In ainneoin gur thug sí próiseas nua ríomhairithe isteach, bíonn nósanna imeachta deisithe breise ag teastáil ón Roinn go fóill chun formáid chaighdeánach comhréitigh agus difríochtaí neamhdheimhnithe a ghiniúint toisc gur lean an próiseas comhréitigh de bheith ann amhail an 31 Nollaig 2010.

Comhréiteach An Post

39.12 Tá méideanna suntasacha neamh-chomhréitithe ag an Roinn, rudaí a sheasann do na difríochtaí idir leagan na n-idirbheart atá taifeadta ag An Post agus iad siúd atá taifeadta ina taifid féin. Bhí difríocht de €2.2 milliún sna hiarmhéideanna a bhí taifeadta ag an dá eagraíocht ag deireadh 2010.

39.13 Beartaíodh sa sonrú feidhmeach don chóras COCÍG go mbeadh táirgeacht uathoibrithe comhréitigh laethúil idir cuntais na Roinne agus cuntais An Post. Mar sin féin, ní tháirgeann an córas, mar atá curtha i bhfeidhm, imréitigh den sórt sin.

39.14 Le linn fhorbairt an chórais, thángthas ar an tuairim nach bhféadfaí comhréiteach beartaithe An Post a thiomsú ar an mbealach a tiomsaíodh an comhréiteach bainc.[301] Ba iad na cúiseanna a dúradh nár áiríodh ráiteas ar iarmhéideanna ná taifead ar airleacain íocaíochta ag an Roinn sna sonraí a bhí soláthraithe ag An Post gach lá, agus go ndéantar breacadh sa mhórleabhar ginearálta ar bhonn sóinseála i.e. i gcás go meaitseálann íocaíocht atá tuairiscithe ag An Post treoir íocaíochta údaraithe. Ina áit sin, bhí sé beartaithe go dtáirgfeadh an córas cuntas míosúil airgid An Post, rud a chuirfeadh chuig An Post faoin gcúigiú lá oibre den mhí ina dhiaidh sin. Mar sin féin, níl an cuntas seo á tháirgeadh.

[301] Tá an bunús don chonclúid leagtha amach sa tuarascáil um dhearadh réitigh feidhme (Samhain 2009) arna chur le chéile ag an gconraitheoir a chuir an córas COCÍG i bhfeidhm.

39.15 Is fadhb eile í go bhfuil sóinseálacha An Post, a phróiseáiltear trí COCÍG, á sannadh i gcásanna áirithe don tréimhse mhícheart toisc go mbunaíonn an córas a bhreacadh sa mhórleabhar ginearálta ar an dáta a phróiseáiltear an fhaisnéis sóinseála, seachas ar dháta iarbhír na sóinseála ag An Post. Tá gá le coigeartuithe láimhe ar chuntais na Roinne chun é seo a réiteach.

Tuairimí an Oifigigh Chuntasaíochta

39.16 D'admhaigh an tOifigeach Cuntasaíochta go dtáirgtear cuntais láimhe airgid i gcomhar leis An Post ar bhonn míosúil ag baint úsáide as an bhfaisnéis a sholáthraíonn COCÍG agus mórleabhar ginearálta na Roinne, cé nach dtáirgeann COCÍG cuntais uathoibrithe airgid i ndáil leis An Post.

39.17 Luaigh an tOifigeach Cuntasaíochta go bhfuil socruithe i bhfeidhm le cuntas COCÍG a fheabhsú sa bhliain 2011 d'fhonn comhréiteach míosúil uathoibrithe de chuntais airgid a chruthú a chruthaigh an Roinn le cuntais airgid a chruthaigh An Post. Feabhsú beartaithe breise is ea tréimhse phostála na sóinseálacha comhréitithe a athrú ó dháta an chomhréitigh go dáta na sóinseála in oifig an phoist.

Conclúid – Comhréiteach An Post

Níor cuireadh ar fáil gné thábhachtach den chóras beartaithe COCÍG a beartaíodh chun cinntiú go ndéanfaí comharduithe An Post bailí go neamhspleách. Tá difríochtaí suntasacha ann idir na comharduithe a thaifead an dá eagraíocht.

Conclúid

Cé go n-éascaíonn an córas COCÍG a d'fheidhmigh an Roinn inrianaitheacht feabhsaithe d'íocaíochtaí aonair, tá laigí aige maidir leis na híocaíochtaí sin a chur le chéile ar bhealach a sholáthraíonn comhréitigh bhainc de leagan amach caighdeánach. Déanfar athbhreithniú ar na feabhsuithe a luaigh an tOifigeach Cuntasaíochta le linn iniúchtaí sa todhchaí.

Idir an dá linn, tugann nósanna imeachta breisithe iniúchóireachta dearbhú réasúnta nach míshonraítear go bunúsach comharduithe bainc na Roinne.

Folaíonn na nithe seo a leanas tionscnaimh a bhféadfaidh an Roinn cíoradh a dhéanamh orthu:

- ó thaobh an rialaithe de, ag cur nósanna imeachta i bhfeidhm le comharduithe bainc a chomhréiteach ar bhonn míosúil agus le dibhéirsithe tréimhse-go-tréimhse a aithint
- ó thaobh an rialachais de, ag iarraidh ar an Rannóg Iniúchóireachta Inmheánaí tionscadail bhliantúla deireadh bliana a dhéanamh chun dearbhú a thabhairt don Oifigeach Cuntasaíochta maidir le beachtas agus le comhláine na gcomhréiteach a bhí mar bhonn agus thaca ag cuntais na Roinne a cuireadh i láthair le haghaidh iniúchóireachta.

As siocair go bhfuil tabhairt íocaíochta na scéimeanna cúnaimh agus leasa comhtháite, b'inmhianaithe go soláthrófaí agus go n-iniúchfaí cuntais an Vóta agus cuntais an Chiste Árachais Shóisialaigh go comhuaineach. Chuirfeadh sé seo deireadh leis an riosca nach n-aimseofaí coigeartuithe le linn na hiniúchóireachta a d'imreodh tionchar ar an Vóta.

Is gá don Roinn a hobair ar chomharduithe i dtaifid An Post a chomhréiteach leis na comharduithe ina taifid féin a chur i gcrích. D'éascodh sé seo an Roinn a caidreamh baincéireachta leis An Post a bhainistiú ní b'fhearr.

Caibidil 40

Scéim Shóisialta na Tuaithe

Vóta 38 Coimirce Sóisialaí

Scéim Shóisialta na Tuaithe

40.1 Tugadh isteach Scéim Shóisialta na Tuaithe (RSS) i mBealtaine 2004. B'iad aidhmeanna tosaigh na scéime

- tacaíocht ioncaim a chur ar fáil d'fheirmeoirí agus d'iascairí ar ioncam íseal a fhaigheann íocaíochtaí leasa shóisialaigh áirithe
- a cheadú go soláthrófaí seirbhísí áirithe chun tairbhe do phobail tuaithe trí scileanna agus buanna rannpháirtithe incháilithe a úmadh.
- Aiteanna ar an scéim Fostaíochta Pobail (CE) a fhágáil saor le go bhféadfadh daoine eile ar mhian leo leas a bhaint as oiliúint ar scéimeanna CE leas a bhaint as an oiliúint sin.

40.2 Tá an RSS éagsúil leis an scéim CE a riartar trí FÁS sa mhéid go bhfuil sí dírithe ar dhaoine atá gabháil ar bhonn gníomhach don fheirmeoireacht nó don iascaireacht ach go bhfágann an t-ioncam a fhaigheann siad ó na gníomhaíochtaí sin go bhfuil siad i dteideal íocaíochtaí leasa. I gcodarsnacht leis an méid sin, tá an scéim CE dírithe go hiomlán orthu siúd atá dífhostaithe. Clár dífhostaíochta agus oiliúna is ea é atá deartha chun daoine a réiteach chun dul ar ais ag obair. Déantar comparáid idir an RSS agus an Scéim CE a leagan amach in Iarscríbhinn A.

40.3 Bhí freagracht fhoriomlán ar an Roinn Gnóthaí Pobail, Comhionannais agus Gaeltachta[302] as an scéim go dtí Meán Fómhair 2010 agus ag an bpointe sin aistríodh bainistiú na scéime chuig an Roinn Coimirce Sóisialaí (an Roinn). Bhí an t-aistriú ina chuid de choigeartú níos forleithne ar fhreagrachtaí roinne a bhí deartha chun na bearta gníomhachtaithe saothair go léir a chorprú faoin aon riaradh amháin. Déanann Pobal[303], thar ceann na Roinne, feidhm párolla/íocaíochta a chomhlíonadh chomh maith le seirbhísí eile bainistíochta agus riaracháin a chur ar fáil maidir leis an scéim.

40.4 Déantar an scéim a bhainistiú go háitiúil trí 35 Chuideachta Forbartha Áitiúla[304] agus trí Údarás na Gaeltachta (sna limistéir Ghaeltachta). Tugtar na comhlachtaí forfheidhmithe orthu sin agus is iad fostóirí na rannpháirtithe RSS iad.

40.5 Tá líon socraithe áiteanna ar fáil do rannpháirtithe faoin scéim. Tá an cuóta socraithe ag 2,600 le ceithre bliana anuas. Ina theannta sin, tá 130 post maoirseora.

40.6 Tá dáileadh an chuóta rannpháirtithe bunaithe ar an gcion de dhaoine a bhfuil sochair ar a dtugtar "Cúnamh Feirme/Iascaireachta" á bhfáil acu sna limistéir, faoi seach, ag tús na scéime.

---

302 Rinneadh na feidhmeanna a chomhlíon an Roinn sin roimhe sin a aistriú chuig Ranna nua-athchumraithe.

303 Is cuideachta neamhbhrabúis é Pobal a bhfuil stádas carthanais aige agus a dhéanann cláir a bhainistiú thar ceann Rialtas na hÉireann agus an EU.

304 Cuireann Cuideachtaí Forbartha Áitiúla cláir forbartha tuaithe agus imeasctha shóisialta ar fáil.

40.7 Chun bheith cáilithe chun páirt a ghlacadh san RSS, ní mór do dhuine a bheith ag gabháil ar bhonn gníomhach don fheirmeoireacht nó don iascaireacht[305] agus ní mór go mbeidh íocaíocht leasa shóisialaigh cháilitheach á fáil aige nó aici[306]. Féadfaidh go mbeidh dhá earnáil eile daoine cáilithe chun a bheith páirteach sa scéim. Is iad sin

- céile cleithiúnach duine incháilithe nach mian leis nó léi páirt a ghlacadh sa scéim é féin nó í féin nó céile de chuid úinéara lín tréada a bhfuil ceann de na híocaíochtaí leasa shóisialaigh cáilitheacha á fháil aige nó aici agus atá ag gabháil ar bhonn gníomhach don fheirmeoireacht.
- leanbh nó dearthár nó deirfiúr úinéara lín tréada i gcás go bhfuil an duine sin féin ag obair ar an bhfeirm agus go bhfuil ceann de na híocaíochtaí leasa shóisialaigh cáilitheacha á fháil aige nó aici.

40.8 Déantar an caidreamh idir na páirtithe éagsúla sa scéim a bhainistiú trí shocruithe conarthacha. Tionscnaíodh an conradh idir an Roinn agus Pobal leis an gcéad chomhaontú a rinneadh idir an Roinn Gnóthaí Pobail, Comhionannais agus Gaeltachta agus ADM Teo (Pobal roimhe seo) in 2005. Aistríodh téarmaí agus coinníollacha an chomhaontaithe sin go huathoibríoch chuig an Roinn Coimirce Sóisialaí nuair a ghlac sí freagracht as an scéim. Déantar le sraith eile conarthaí is inathnuaite an 1 Aibreán gach bliain na caidrimh eatarthu seo a leanas a rialú

- an Roinn agus na comhlachtaí forfheidhmithe[307]
- Pobal agus na comhlachtaí forfheidhmithe[308]
- na comhlachtaí forfheidhmithe agus rannpháirtithe RSS
- na comhlachtaí forfheidhmithe agus na hurraitheoirí tionscadail
- na comhlachtaí forfheidhmithe agus an fhoireann maoirseachta.

Béim na Caibidle

Déantar athbhreithniú sa chaibidil seo ar na nithe seo a leanas:

- a mhéid a rinneadh measúnú ar aschur agus rannchuidiú na scéime agus na torthaí a tuairiscíodh
- torthaí athbhreithnithe ar an láthair a rinne m'Oifigse.

Gnéithe den Scéim

40.9 Tugtar sracléiriú ar na príomhghnéithe den scéim i bhFíor 161.

---

305 Go ginearálta, is é a chiallaíonn gabháil ar bhonn gníomhach don fheirmeoireacht go ndearna an duine iarratas le haghaidh Scéim Íocaíochta Aonair EU agus ciallaíonn gabháil ar bhonn gníomhach don iascaireacht go bhfuil bád iascaireachta cláraithe ag an duine nó go bhfuil ceadúnas iascaireachta sonraithe ina sheilbh aige nó ina seilbh aici.

306 Is iad na híocaíochtaí leasa shóisialaigh cáilitheacha Cúnamh Feirme/Iascaireachta, Liúntas Cuardaitheora Poist, Sochar Cuardaitheora Poist má bhí an duine páirteach i Scéim Fostaíochta Pobail de chuid FÁS nó san RSS le linn an 12 mhí roimhe sin, Íocaíocht Teaghlaigh Aontuismitheora, Pinsean Baintrí(Fir)/Pinsean Páirtnéara Shibhialta a Mhaireann (ranníocach nó neamh-ranníocach), Liúntas Míchumais. D'fhéadfadh aosach cléithiúnach pinsinéara Stáit neamhranníocaigh atá faoi bhun 66 bliana d'aois é féin nó í féin a bheith cáilithe freisin.

307 Dá ngairtear meabhrán comhaontaithe.

308 Dá ngairtear litir pháirtíochta.

Fíor 161 Sracfhéachaint ar an RSS

Na Rannpháirtithe Bliantúla	2,600
Próifíl Aoise na Rannpháirtithe[a]	79 % idir 25 agus 60 21% os cionn 60
Miondealú Inscne[a]	Fireann 80%; Baineann 20%
An Dóigh Incháilitheachta[a]	**An Céatadán de Rannpháirtithe**
	Cúnamh Feirme –45% JBCE[b] - 26% CE - 15%
Fad na Rannpháirtíochta[c]	42% ar feadh sé bliana 22% ar feadh cúig bliana 15% ar feadh ceithre bliana
An Costas	
2004-2010	€257 milliún
2010	€44 milliún
Céatadán Costais Pá	91%
Comhlíonadh agus Liúntas Ábhair	€5 an rannpháirtí in aghaidh na seachtaine[d]
An Cineál Oibre	
***Bearta Oibre*[a]**	**An Céatadán de Rannpháirtithe[e]**
Obair cothabhála comhshaoil	36%
Tionscadail feabhsaithe sráidbhaile agus tuaithe	29%
Cúram sóisialach agus cúram daoine scothaosta, grúpaí tacaíochta pobail réamhscoile agus iarscoile	12%
Slite slímharcáilte, siúlóidí comhaontaithe, bóithre portaigh, etc. a chothabháil agus a fheabhsú	8%
Riarachán pobail/dualgais chléireachais	5%
Tionscadail a bhaineann le hionaid chultúir agus oidhreachta neamhbhrabúis	5%
Aon tionscadail chuí phobal-bhunaithe eile a shainaithnítear i gcúrsa na Scéime	4%
Obair caomhnaithe fuinnimh do dhaoine scothaosta agus do dhaoine nach bhfuil go maith as	1%

Foinse: Pobal agus an Roinn Coimirce Sóisialaí

Nótaí:
- a Tógadh na sonraí ó Thuarascáil Táscaire Feidhmíochta 2010.
- b Sochar Cuardaitheora Poist ó rannpháirtíocht roimhe sin ar an scéim CE
- c Ag tús na scéime in 2004, bhíothas ag súil leis go bhfolmhódh rannpháirtithe a gcuid áiteanna tar éis sheirbhís trí bliana. Athraíodh an ceanglas sin i mí Iúil 2007. Anois féadfaidh rannpháirtí fanacht sa scéim ar feadh tréimhse éiginnte ar choinníoll go leanann sé nó sí de bheith incháilithe
- d Chun ceanglais sláinte agus sábháilteachta, árachas agus caiteachais taistil do mhaoirseoirí a chumhdach atá sé sin. Roimh 2010, ba é €15.24 an méid a íocadh in aghaidh gach rannpháirtí gach seachtain. Chumhdaigh sé, i dteannta na gcostas thuas, PRSI fostóra (a íoctar go díreach le Pobal anois) agus ábhair agus uirlisí.
- e Athraíonn céatadáin de réir an dáta a dhéantar an tomhas. Mar shampla, b'fhéidir nach bhfuil an oiread céanna rannpháirtithe ag obair ar obair cothabhála comhshaoil le linn thréimhse an Gheimhridh. Léiríonn na sonraí i bhFíor 161 an céatadán de rannpháirtithe atá ag obair ar gach beart le linn na seachtaine dar chríoch an 26 Márta 2010.

Costas agus Rannchuidiú na Scéime

40.10 Is é atá i nglanchostas na scéime barrachais an chostais thar na teidil leasa a d'íocfaí mura mbeadh an scéim.

40.11 Soláthraítear comparáid bhunúsach i bhFíor 162 idir costais an RSS don bhliain[309] agus na teidil leasa fholuiteacha.

Fíor 162 Comparáid idir Costais an RSS don bhliain 2007 agus na Teidil Leasa Fholuiteacha[a]

	An Méid	An Céatadán
	€	%
Costais Párolla agus Tacaíochta	47.7	100%
Costas Leasa Shóisialaigh	22.8	48%
Costas Breise RSS	24.9	52%

Foinse: Tuarascáil na Roinne Coimirce Sóisialaí maidir le hAnailís Costais is Tairbhe 2009

Nóta: a Ní chuirtear i gcuntas sa mhéid sin íocaíochtaí a leantar dá ndéanamh go díreach le rannpháirtithe RSS ag a bhfuil teideal leasa shóisialaigh foluiteach a thig as Íocaíocht Teaghlaigh Aontuismitheora, Liúntas Míchumais nó Pinsean Baintrí (Fir) (ranníocach agus neamh-ranníocach). Meastar i dTuarascáil Táscaire Feidhmíochta 2010 go mbaineann líon is lú ná 1% de rannpháirtithe leis an earnáil sin.

40.12 Ba é thart ar 52% de chostas iomlán na scéime RSS an costas breise ar an Státchiste as an scéim (gan éifeachtaí cánachais agus árachais shóisialaigh phearsanta a áireamh) nuair a dhéantar é a thomhas in aghaidh an chostais a d'éireodh dá leanfadh rannpháirtithe dá gcuid teideal leasa shóisialaigh foluiteach a fháil. Ar an mbonn sin, tá €134 mhilliún measta de chostas iomlán na scéime go dtí seo (€257 milliún) inchurtha i leith na scéime amháin. Is é atá san iarmhéid €123 mhilliún na costais leasa shóisialaigh is dóigh a thabhófaí beag beann ar an scéim.

Tairbhí Sóisialacha agus Costais na Scéime

40.13 Cé gur eisíocaíocht bhreise as an Státchiste an glanchostas a ghabhann leis an RSS, tig tairbhí breise as an infheistíocht sin go háitiúil. Rinne taighdeoir neamhspleách anailís shóisialach costais agus tairbhe ar an RSS thar ceann na Roinne Gnóthaí Pobail, Comhionannais agus Gaeltachta[310] agus foilsíodh í i mí Eanáir 2009. Tá anailís den chineál sin deartha chun tairbhí neamhairgeadais agus airgeadais agus costais na scéime a bhreithniú go comhuaineach. Ó thaobh tairbhe airgeadais de, díríonn sé ar na torthaí breise airgeadais a bhfuil an eisíocaíocht bhreise scéime mar bhonn leo ag leibhéal ioncaim na pearsan aonair agus tairbhe don phobal. Trí leas a bhaint as sampla beart áitiúil, measadh gurb ionann na tairbhí airgeadais agus an costas ionchuir faoi 2.89.

40.14 San fhoriomlán, d'fhionnaigh an anailís shóisialach costais agus tairbhe

- go dtáirgeann an RSS raon leathan costas agus tairbhí airgeadais agus neamhairgeadais do rannpháirtithe aonair RSS agus dá dteaghlaigh, do phobail, agus don Stát, ag an leibhéal áitiúil agus ag an leibhéal náisiúnta.

309 Tógadh sonraí 2007 ó Thuarascáil maidir le hAnailís Costais is Tairbhe a foilsíodh in 2009. Fuair an Oifig seo toradh cosúil leis sin nuair a rinneadh meastachán ar an gcostas ab inchurtha i leith na scéime amháin, trí úsáid a bhaint as sonraí maidir le párolla seachtaine amháin in 2010.

310 Rinne Pobal an conradh le haghaidh na hoibre seo a bhainistiú thar ceann na Roinne.

- ar áireamh ar thairbhí neamhairgeadais tá feabhsuithe ar cháilíocht na beatha, trí theagmháil mhéadaithe shóisialta, caipiteal sóisialta méadaithe agus rochtain níos fearr ar oiliúint, ar chomhairle agus ar fhaisnéis do phearsana aonair agus dá dteaghlaigh.
- do phobail, tá tacaíocht á tabhairt do ghníomhaíochtaí agus, i roinnt cásanna, tá gníomhaíochtaí á spreagadh, rud atá ríthábhachtach chun pobail tuaithe a chothú.

Anailís Shóisialach Costais agus Tairbhe

Mar a leanas atá an mhodheolaíocht a d'úsáid an taighdeoir a dhréachtaigh an tuarascáil

- Roghnaíodh sé limistéar gheografacha ar laistigh díobh a d'fhéadfaí anailís ar leibhéal beart[311] a ghabháil de láimh, agus anailís á déanamh ar bheart amháin i ngach ceann. Roghnaíodh na sé limistéar sin chun meascán de shuímh gheografacha agus méid beart a léiriú, agus mar sin, taithí éagsúil RSS a chur in iúl i ngach cás, i dtéarmaí bhainistiú na scéime agus na gcomhthéacsanna tuaithe ina bhfuil siad suite.
- Aithníodh na costais agus na tairbhí neamhairgeadais trí phléití leis na comhlachtaí forfheidhmithe agus foirne RSS i ngach ceann de na sé limistéar roghnaithe agus trí athbhreithniú a dhéanamh ar dhoiciméadacht tacaíochta.
- Bhí meastachán ar an réimse tairbhí agus costas airgeadais a thig as an mbeart a ndearnadh athbhreithniú air bunaithe ar mheascán de shonraí a fuarthas go háitiúil (e.g. costais áitiúla, tairbhí airgeadais áitiúla) agus faisnéis a sholáthair córas párolla Pobal.

Athbhreithniú VFM

40.15 Chuir Aonad Measúnaithe na Roinne Gnóthaí Pobail, Comhionannais agus Gaeltachta tús le hathbhreithniú luach ar airgead ar an RSS go luath in 2010 roimh an scéim a aistriú chuig an Roinn Coimirce Sóisialaí. Níor tugadh an t-athbhreithniú ar aghaidh, áfach, tar éis na feidhmeanna a aistriú. D'fhéadfaí é a chur san áireamh mar chuid d'athbhreithniú beartais níos leithne ar bhearta gníomhachtaithe margaidh ag an Roinn Coimirce Sóisialaí ar cuireadh tús leis..

Faisnéis maidir le Feidhmíocht

40.16 Ní shocraítear aon spriocanna ag an leibhéal áitiúil le haghaidh na scéime. Bheadh sé áisiúil faireachán ar an scéim a dhíriú ar aschuir áirithe a bhaineann leis na hearnálacha oibre a dtugann an scéim tacaíocht dóibh. D'fhéadfadh na nithe seo a leanas, inter alia, a bheith ar áireamh air sin

- an líon uaireanta oibre a chuirtear isteach ar ghníomhaíochtaí áirithe. Mar shampla, an líon uaireanta oibre a chuirtear isteach ar ghníomhaíochtaí béilí faoi shlí nó ar fhaichí imeartha a chothabháil
- an líon teaghlach a dtugtar tacaíocht dóibh chun leas a bhaint as an Scéim um Thithe níos Teo
- an líon ciliméadar de bhealaí siúil a glanadh.

311 Is é atá i mbeart earnáil oibre dá dtugann rannpháirtithe RSS tacaíocht. Tá ocht mbeart ann faoin RSS.

40.17 Tá Pobal freagrach as córas a fhorbairt agus a chur i ngníomh chun faisnéis feidhmíochta maidir leis an scéim a fháil agus a thuairisciú. I Meán Fómhair, 2007, foilsíodh tuarascáil cás-staidéir[312] ina léirítear an rannchuidiú atá á dhéanamh ag an RSS le beatha na rannpháirtithe agus le pobail tuaithe. Ina theannta sin, tá tuarascálacha maidir le táscairí feidhmíochta ar fáil do na blianta 2006/2007, 2008 agus 2010.

40.18 Faightear na sonraí feidhmíochta bunaithe ar shuirbhé ar chomhlachtaí forfheidhmithe agus ar anailís ar chóras párolla Pobal ag pointe ama áirithe. In 2006/2007 agus 2010, rinneadh suirbhé freisin ar shampla fánach rannpháirtithe agus grúpaí pobail a dtugtar tacaíocht dóibh faoin scéim. Ar áireamh ar an gcineál faisnéise a thuairiscítear tá

- an líon grúpaí/eagraíochtaí pobail a dtugtar tacaíocht dóibh faoin scéim agus leithroinnt rannpháirtithe ar na hocht n-earnáil oibre a dtugtar tacaíocht dóibh leis an scéim.
- miondealú de réir inscne ar rannpháirtithe faoi gach earnáil oibre.
- aicmiú rannpháirtithe de réir aoise, suímh de réir contae, rátaí íocaíochta RSS agus cúlra incháilitheachta (i.e. cén teideal leasa shóisialaigh foluiteach a bhí acu).

40.19 Go ginearálta, baineann na táscairí a fuarthas le rannpháirtithe níos mó ná mar a bhaineann siad le tionscadail. Baineann an fhaisnéis a fhaightear go sonrach le pointe ama agus mar sin d'fhéadfadh nach bhfuil sí ionadaitheach don riocht don bhliain iomlán. Deir Pobal go bhfuil méadracht bhreise á forbairt chun an tairbhe don phobal agus don tionscadal a fháil amach.

40.20 Ceanglaítear ar Chomhlachtaí Forfheidhmithe faoi théarmaí a gconarthaí leis an Roinn tuarascálacha maidir le dul chun cinn ar oibriú na scéime a chur isteach agus, tar éis dheireadh na bliana conartha, tuarascáil a chur isteach i dtaobh conas ar baineadh amach aidhmeanna agus cuspóirí na scéime i gcomhthéacs critéar measúnaithe agus táscairí feidhmíochta comhaontaithe agus aon fhaisnéise eile a chomhaontófar leis an Roinn. Ní raibh aon fhianaise ann go ndéantar na tuarascálacha dá dtagraítear sa chonradh leis na comhlachtaí forfheidhmithe a iarraidh ná a sholáthar don Roinn.

40.21 Níl aon bhunachar sonraí aonair ann de thionscadail a dtugann an RSS tacaíocht dóibh. Dá mbeadh bunachar sonraí náisiúnta ann maidir leis na tionscadail uile arna gceadú le haghaidh tacaíochta faoin RSS, bheadh an Roinn níos fearr in ann faireachán a dhéanamh ar an obair atá á déanamh faoin RSS ar an leibhéal náisiúnta agus sholáthrófaí faisnéis ríthábhachtach le haghaidh anailíse agus athbhreithniú ar bheartas.

Comhlíonadh Riaracháin

40.22 Cé go ndéanann an Roinn breithnithe ar bhonn ráithiúil ar riarachán párolla ag Pobal, ní dhearnadh aon iniúchtaí ná breithnithe ar riarachán párolla RSS i gcoitinne ag leibhéal na gcomhlachtaí forfheidhmithe ó aistríodh an scéim chuig an Roinn Coimirce Sóisialaí. Roimh Mhárta 2010, dhéanadh an Rannán Cigireachta de chuid na Roinne Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta fíorú ar na sonraí párolla agus breithnithe ar shonraí nach sonraí párolla.

[312] Scéim Shóisialta na Tuaithe – Difear a Dhéanamh in Éirinn faoin Tuath.

Conclúid – Aschur agus Feidhmíocht

€44 mhilliún eisíocaíocht an Stáit ar an scéim in 2010 agus caitheadh €257 milliún uirthi ó 2001.

Daoine is ea na rannpháirtithe ag a bhfuil teideal chuig sochair leasa éagsúla agus baineann 48% de chostas foriomlán na scéime le costas na sochar sin.

Maidir le tairbhí airgeadais na scéime do phearsana aonair, do phobail agus don Stát, meastar go bhfuil sé beagnach trí oiread níos mó ná an eisíocaíocht bhreise. Toisc gurb é is aidhm don scéim tairbhí a bhaint amach ag leibhéal an tionscadail, tá sé éagsúil le scéimeanna leasa eile ina bhfuil an bhéim ar rannpháirtithe go príomha. Mar sin, tá sé tábhachtach a bhreithniú an féidir tomhais feidhmíochta a fhorbairt agus a thuairisciú a bhaineann leis na hearnálacha éagsúla oibre a chuimsítear sa scéim d'fhonn cinntí leithroinnte eolasacha a dhéanamh agus chun luach a thaispeáint.

Ba cheart feidhm iniúchta nó breithnithe a bhaineann le riaradh na scéime ag comhlachtaí forfheidhmithe áitiúla a thabhairt ar ais go pras.

40.23 Mar fhreagra ar fhionnachtana na tuarascála maidir le faireachán ar fheidhmíocht, dúirt an tOifigeach Cuntasaíochta gur aithníodh, maidir leis an gcineál oibre a ghabhann rannpháirtithe RSS de láimh agus an raon leathan beart in earnálacha éagsúla, gur ní é a chruthaíonn deacrachtaí maidir le spriocanna a chur chun feidhme agus maidir le forbairt a dhéanamh ar shonraí a thiomsú agus creatanna tuairiscithe. Ó aistríodh an RSS chuig an Roinn, bhí scrúdú á dhéanamh ag an Aonad RSS i dtaobh an bhféadfadh Pobal a chuid saoráidí tuairiscithe ar líne a forbraíodh le déanaí le haghaidh clár eile a leathnú chun bunachar sonraí bainistíochta feidhmíochta agus tionscadail le haghaidh an RSS a bheadh éifeachtach faoi 2012 ar a dhéanaí a chur san áireamh. Bhí súil ag an Oifigeach Cuntasaíochta go gcumasódh an méid sin cur chuige níos struchtúrtha ó thaobh soláthar acmhainní RSS go háitiúil a phleanáil mar aon le cumas feabhsaithe spriocanna a shocrú agus feidhmíocht a thomhas thar na bearta gníomhaíochta trí chéile.

40.24 I ndáil leis an gceanglas conarthach maidir le comhlachtaí forfheidhmithe d'ullmhú tuarascálacha bliantúla maidir le dul chun cinn, dúirt an tOifigeach Cuntasaíochta gurb amhlaidh, cé gur chuid den chomhaontú bliantúil le comhlachtaí forfheidhmithe é suas le deireadh 2010, níor bailíodh tuarascálacha bliantúla maidir le dul chun cinn ná ní dhearnadh anailís orthu ar bhonn comhréireach, go príomha mar gheall ar shrianta acmhainní san Aonad RSS laistigh den Roinn Gnóthaí Pobail, Comhionannais agus Gaeltachta, mar a tugadh an tráth sin uirthi. Bhain cuid den chúis nach ndeachthas sa tóir ar thuarascálacha maidir le dul chun cinn le foilsiú tuarascálacha maidir le dul chun cinn ar an RSS mar chuid de thuarascáil bhliantúil agus cuntais gach comhlachta forfheidhmithe.

40.25 Maidir leis an easpa breithnithe RSS ag leibhéal na gcomhlachtaí forfheidhmithe, dúirt an tOifigeach Cuntasaíochta gur tosaíodh ar chaibidlí leis an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil chun leas a bhaint as na seirbhísí a sholáthraíodh an tAonad Cigireachta den Roinn Gnóthaí Pobail, Comhionannais agus Gaeltachta roimhe seo[313] mar gheall ar an taithí shuntasach atá acu agus na feidhmeanna láithreacha atá acu maidir leis na comhlachtaí forfheidhmithe faoi chláir eile.

[313] Feidhmeanna aistrithe anois chuig an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil nua-athchumraithe.

Toradh Athbhreithnithe Iniúchta ar an Láthair

40.26 Rinneadh athbhreithniú san iniúchadh ar riaradh na scéime ag leibhéal na gcomhlachtaí forfheidhmithe. Rinneadh trí cinn de na hathbhreithnithe sin in Aibreán 2011.

Riaradh na Scéime – Tionscadail

40.27 Ní fhógraítear an scéim gach bliain i gcónaí mar a cheanglaítear faoina cuid rialacha. De ghnáth, eisíonn comhlachtaí forfheidhmithe foirmeacha iarratais chuig grúpaí pobail a bhfuil siad ar an eolas fúthu roimh an dáta athnuachana bliantúla nó cuireann siad an scéim chun cinn sna nuachtáin áitiúla, ar an bhFóram Pobail a oibrítear faoi choimirce gach údaráis áitiúil agus trí chruinnithe poiblí.

Ó nach bhfógraítear an scéim gach bliain ar mhodh cuimsitheach, tá an baol ann go gcaillfeadh pobail amach ar thionscadail a d'fhéadfadh a bheith tábhachtach mar gheall ar easpa eolais ar thaobh tionscnóirí tionscadal ionchasach de chuid an RSS agus ar thacaíocht a d'fhéadfadh sé a sholáthar le haghaidh tionscadal a d'fhéadfadh tairbhí eacnamaíocha agus sóisialta a bheith acu don gheilleagar áitiúil agus don phobal i gcoitinne.

40.28 Mar fhreagra ar mo thuarascáil, dúirt an tOifigeach Cuntasaíochta gur measadh gur dea-chleachtas é fáil ar an scéim a fhógairt gach bliain d'eagraíochtaí pobail agus go leagfaí béim air sin sna rialacha oibríochta athbhreithnithe atá beartaithe le haghaidh na scéime. Ina theannta sin, mhol an Roinn go n-eiseofaí ciorclán bliantúil chuig comhlachtaí forfheidhmithe á iarraidh orthu fógraíocht a dhéanamh le haghaidh obair nua.

40.29 Ní chuireann na comhlachtaí forfheidhmithe áitiúla rialacha uile na scéime chun feidhme. Mar shampla, tráth an iniúchta in Aibreán 2011, bhí comhlacht forfheidhmithe amháin ann nach raibh conarthaí i bhfeidhm aige lena chuid tionscnóirí tionscadail maidir leis an mbliain. Níl conradh caighdeánach ann ach oiread le tionscnóirí tionscadail lena n-úsáid ag gach comhlacht forfheidhmithe.

40.30 I gcás go raibh conarthaí i bhfeidhm, níor cloíodh i gcónaí lena gcuid téarmaí agus coinníollacha. Mar shampla, i gcomhlacht forfheidhmithe amháin, bhí roinnt tionscadal/grúpaí pobail a bhain le limistéar áirithe geografach curtha le chéile faoi aon chonradh amháin. Ceanglaíodh leis an gconradh ar gach grúpa a tháinig faoi réim a théarmaí an comhaontú a shíniú. Ní dhearnadh an méid sin. Anuas air sin, ní dhearna tionscnóirí tionscadail tuarascálacha foirmiúla ráithiúla a chur faoi bhráid an chomhlachta forfheidhmithe maidir le dul chun cinn na scéime (á léiriú cé na tascanna a bhí críochnaithe agus cé na tascanna a bhí fós idir lámha).

Aithníodh san athbhreithniú gur gá conradh caighdeánach a bheith ann le tionscnóirí tionscadail lena úsáid ag comhlachtaí forfheidhmithe. Ba cheart don Roinn athbhreithniú a dhéanamh go tréimhsiúil ar chomhlíonadh an cheanglais maidir le conarthaí ag comhlachtaí forfheidhmithe agus ar thionscadail a dtugtar tacaíocht dóibh agus a bhfuil socruithe conarthacha i gceist leo.

40.31 Dúirt an tOifigeach Cuntasaíochta go raibh socrú sainráite, in athmheas in Aibreán 2011 ar an gcomhaontú faoina gcuireann comhlachtaí forfheidhmithe an scéim ar fáil, chun conarthaí nó comhaontuithe bailí a chur ar bun le tionscnóirí tionscadail. Dúirt sí go raibh an comhaontú á fhorlíonadh le rialacha oibríochta athbhreithnithe a raibh ar áireamh orthu comhaontuithe teimpléadacha lena n-úsáid idir comhlachtaí forfheidhmithe agus tionscnóirí tionscadail. Maidir leis an gcleachtas arb éard é roinnt tionscadal/grúpaí pobail a chur le chéile faoi aon chonradh amháin, dúirt an tOifigeach Cuntasaíochta gur iarr agus go bhfuair an Roinn dearbhuithe go raibh deireadh leis an gcleachtas sin agus go raibh socruithe conarthacha ar leithligh ann don bhliain chonartha 2011/2012.

40.32 Ní léir cén cineál oibre a bhféadfar tacaíocht a thabhairt di faoin scéim. Mar shampla, cé go ndeirtear sna rialacha nach bhfuil oibreacha airíochais, rúnaíochta, cothabhála ná mionoibreacha a soláthraíonn an Roinn Oideachais agus Scileanna maoiniú dóibh i bhfoirm deontas incháilithe le haghaidh tacaíochta RSS, ní dhírítear aird ar dheontais a sholáthraíonn Ranna Rialtais eile. Mar shampla, tugadh faoi deara gur thug comhlacht forfheidhmithe amháin tacaíocht do Bhord Iascaigh Réigiúnach an Iarthair (comhlacht Stáit atá corpraithe in Iascach Intíre Éireann anois) le haghaidh cothabháil agus feabhsú leanúnach tailte Lóiste Eas Liath agus le haghaidh limistéar rochtana slatiascaireachta feadh Abhainn Oirimh.

Bheadh sé úsáideach rialacha RSS a shoiléiriú go háirithe maidir leis an gcineál oibre ar chóir nó nár chóir tacaíocht a thabhairt di faoin scéim agus chun déileáil leis an mbaol go mbeidh forluí ann le scéimeanna Stáit eile.

40.33 Chuige sin, dúirt an tOifigeach Cuntasaíochta gur mhol an Roinn go ndéanfaí an tuairisc ar bhearta a úsáidtear faoi láthair a bheachtú agus an raon comhlachtaí agus eagraíochtaí pobail a d'fhéadfadh rochtain a fháil ar an scéim a mhíniú ar bhealach níos soiléire. Faoi na rialacha oibríochta reatha, ní mór gur obair de bhreis ar sholáthar seirbhíse láithreach aon obair a ghabhtar de láimh agus ní mór nach bhfuil cistí poiblí á bhfáil chun na críche céanna ná an obair incháilithe le haghaidh maoiniú ó fhoinse phoiblí eile. Bhí gach comhlacht forfheidhmithe ar an eolas maidir leis an ngá déileáil le marbhualach agus díláithriú le linn a shuíomh ar cheart tacaíocht a thabhairt do thionscadal. Déileáladh go forleathan leis na riachtanais sin sna rialacha oibríochta athbhreithnithe le haghaidh na scéime.

40.34 Thug an tOifigeach Cuntasaíochta faoi deara gur comhaontaíodh an obair a rinneadh do Bhord Iascaigh Réigiúnach an Iarthair idir an comhlacht forfheidhmithe iomchuí agus an Bord. Mheas an comhlacht forfheidhmithe go raibh an obair ag teacht go hiomlán leis an RSS agus d'aontaigh sé gnéithe de scéim CE a ghabháil de láimh ar scoireadh díobh mar chuid d'fhorbairt Bhealach Mór an Iarthair, ar bealach siúil áineasa fadachair é, ós rud é go raibh líon mór rannpháirtithe RSS aige sa limistéar sin de chuid Mhaigh Eo Thiar Theas.

40.35 Is gá do na comhlachtaí forfheidhmithe doiciméadacht níos fearr a choimeád maidir le próisis measúnaithe agus roghnaithe tionscadail, lena n-áirítear na critéir a measúnaítear tionscadail ina n-aghaidh. Ní raibh doiciméadacht ar an bpróiseas roghnaithe agus measúnaithe tionscadail déanta in 2010 ach ag ceann amháin de na trí chomhlacht forfheidhmithe ar tugadh cuairt orthu. Ar áireamh ar an gcineál faisnéise a d'fhéadfadh a bheith i dtuarascáil tá - an dáta a fógraíodh an scéim, an líon iarratas a fuarthas, an líon iarratas déanach a bhí ann, comhaltaí den choiste measúnaithe, na critéir roghnóireachta a úsáideadh agus na torthaí ar mheasúnú ar thionscadal.

Ba cheart go ndéanfaí tionscadail a roghnú ar bhonn measúnaithe chórasaigh ar gach togra tionscadail.

40.36 Agus freagra á thabhairt ar an ngné seo de mo thuarascáil, dúirt an tOifigeach Cuntasaíochta gur mhol an Roinn ceanglais a leagan amach le haghaidh próiseas níos foirmeálta measúnaithe agus roghnaithe tionscadail a bheadh le gabháil de láimh ag comhlachtaí forfheidhmithe. Bheadh na ceanglais sin ina mbonn le rianú feabhsaithe tionscadail agus faireachán feabhsaithe ar fheidhmíocht.

40.37 Le linn aitheantas a thabhairt do na tairbhí a ghabhann le solúbthacht agus leis an gcumas freagairt do riachtanais na ndaoine sin is mó atá faoi mhíbhuntáiste i bpobail nuair is gá sin sna himthosca, ní mór na nithe insoláthartha is tábhachtaí de chuid tionscadail in iarratais a théann chomh fada le céim an chonartha a bheith níos sonraí agus níos cainníochtaithe. Mar shampla, is é a bhí san obair a bhí le déanamh le haghaidh saoráide pobail cúraim leanaí, mar a míníodh í san chonradh, tacaíocht chúnta ócáideach do chúram leanaí de réir mar a cheadaíonn acmhainní RSS. Ba cheart go ndéanfaí idirdhealú soiléir i gconarthaí freisin idir obair athfhillteach agus riachtanais aonuaire agus go sonrófaí, maidir le gach cineál oibre, an líon uaireanta an chloig tacaíochta RSS atá á iarraidh agus an creat ama a bhfuil an tacaíocht sin ag teastáil lena aghaidh.

Ba cheart nithe insoláthartha a ghabhann le tionscadail a shonrú go soiléir i dtograí tionscadail agus i gconarthaí dá éis sin.

40.38 Dúirt an tOifigeach Cuntasaíochta gur aithin an Roinn go bhféadfaí feabhsuithe a dhéanamh maidir le nithe insoláthartha a chinneadh tríd an obair atá le gabháil de láimh a mhíniú ar bhealach níos soiléire, trí phróisis roghnaithe tionscadail a fheabhsú agus trína cheangal conarthaí de cháilíocht níos fearr a chur i bhfeidhm idir comhlachtaí forfheidhmithe agus tionscnóirí tionscadail.

Riaradh na Scéime - Rannpháirtíocht

40.39 Go ginearálta, ní dhéanann comhlachtaí forfheidhmithe an scéim a fhógairt gach bliain ag lorg iarratas chun páirt a ghlacadh ó phearsana aonair incháilithe. Ina ionad sin, de ghnáth úsáideann siad córas liosta feithimh óna líontar folúntais.

Is gá a chinntiú go bhfuil rochtain ar an scéim oscailte agus trédhearcach.

40.40 Dúirt an tOifigeach Cuntasaíochta gur measadh gur dea-chleachtas é folúntais a fhógairt do dhaoine incháilithe agus go mbeadh an ceanglas sin le brath i dtreoir todhchaí agus sna rialacha oibríochta athbhreithnithe le haghaidh na scéime. Dúirt sí gur thart ar 5% in aghaidh na bliana ráta athraithe na rannpháirtithe sa scéim.

40.41 Ní raibh incháilitheacht leanúnach rannpháirtithe faoi réir seiceálacha rialta neamhspleácha in aghaidh bunachar sonraí de chuid na Roinne Coimirce Sóisialaí agus bhí an méid sin ag brath cuid mhór ar rannpháirtithe do chur in iúl don chomhlacht forfheidhmithe[314] aon athrú ar a gcuid cúinsí a d'fhéadfadh difear a dhéanamh dá dteideal leanúint ar aghaidh ar an RSS nó do mhéid a gcuid íocaíochta. I gcás rannpháirtithe a fhaigheann teidil leasa shóisialaigh fholuiteacha áirithe, (Cúnamh Feirme/Iascaireachta, Liúntas Dífhostaíochta, Sochar Dífhostaíochta), bhí feidhmiú cuí na scéime ag brath ar na rannpháirtithe iomchuí do chur in iúl don Roinn Coimirce Sóisialaí gur chaill siad a dteideal chun na n-íocaíochtaí sin.

40.42 Is féidir fíorú neamhspleách ar incháilitheacht a dhéanamh ó aistríodh oibriú na scéime chuig an Roinn Coimirce Sóisialaí. Ní bhfuair foireann in aonad RSS na Roinne rochtain ar na córais iomchuí de chuid na Roinne go dtí go luath in 2011 agus, faoi dháta an iniúchta, níor úsáideadh an rochtain sin chun incháilitheacht a sheiceáil.

40.43 Rinneadh scrúdú san iniúchadh ar thaifid na Roinne Coimirce Sóisialaí le haghaidh sampla de 65 rannpháirtí a roghnaíodh ar bhonn fánach d'fhonn a fhíorú, go háirithe, cad é an teideal leasa shóisialaigh foluiteach a bhí i gceist agus chun a chinntiú nach ndearnadh aon íocaíochtaí forluiteacha neamhbhailí le rannpháirtithe le linn íocaíocht a dhéanamh leo faoin RSS. I measc na nithe a tugadh faoi deara i gcúrsa an scrúdaithe sin bhí an méid seo a leanas

- Bhí beirt rannpháirtí ag éileamh Méadú i leith Aosaigh Cháilithigh ar an ráta íocaíochta bunúsach RSS le linn dá gcéilí a bheith ag fáil íocaíochtaí Liúntais Cúramóra. I gcás amháin, rinneadh ró-íocaíocht €16,724. Tá sé á aisíoc de réir ráta €20 in aghaidh na seachtaine. Tá athscrúdú á dhéanamh ag Pobal ar theideal an rannpháirtí sin fanacht ar an RSS. Rinneadh ró-íocaíocht sa dara cás freisin. Is é €14,753 an méid atá fós le haisíoc. Tá sé á aisíoc de réir an ráta €15 in aghaidh na seachtaine.

[314] Ó bhí 2010 ann, ceanglaíodh ar rannpháirtithe a raibh céile nó comhpháirtí acu dearbhú comhlánaithe a fháil ó oifig áitiúil/brainse na Roinne á dhaingniú rátaí aon íocaíochta leasa shóisialaigh a bhí á déanamh ina leith féin agus in leith a gcéilí nó a gcomhpháirtithe sular ceadaíodh conradh a athnuachan. Leathnaíodh an ceanglas sin chuig gach rannpháirtí in 2011.

- D'fhág rannpháirtí amháin an scéim ar feadh roinnt seachtainí le linn 2005 agus le linn na tréimhse sin, chláraigh sé le haghaidh Cúnaimh Dífhostaíochta. Rinne sé iarratas chun dul ar ais sa scéim níos déanaí an bhliain sin agus glacadh leis. Dúirt an tOifigeach Cuntasaíochta go meastar go bhfuil an méid sin neamhghnách agus go mbaineann sé le himthosca áirithe áitiúla agus de chuid na pearsan aonair.

40.44 I measc fionnachtana eile an iniúchta bhí na nithe seo a leanas

- Eisíodh conarthaí sealadacha amháin, nár bhain ach amháin leis an tréimhse dhá mhí suas le deireadh Bhealtaine 2011, seachas na gnáthchonarthaí bliantúla, chuig rannpháirtithe ag dáta ár gcuid athbhreithnithe ar an láthair. Ní raibh measúnú acmhainne ag an Roinn déanta in am d'athnuachan bhliantúil na gconarthaí in Aibreán 2011. Faoin dáta deiridh chun dearbhuithe acmhainne a chur isteach, ní raibh ach 85% de rannpháirtithe tar éis an méid sin a dhéanamh. D'fhág gníomhartha ina dhiaidh sin ag an Roinn go bhfuarthas ar ais thart ar 98% de dhearbhuithe.
- Ní raibh conarthaí i bhfeidhm le rannpháirtithe ag ceann amháin de na comhlachtaí forfheidhmithe, ar dháta ár n-athbhreithnithe ar an láthair in Aibreán 2011, don bhliain 2010/2111 ná don tréimhse dhá mhír go dtí deireadh Bhealtaine 2011 faoin socrú conartha shealadaigh. Cuireadh an méid sin ina cheart ina dhiaidh sin. Chuir an comhlacht forfheidhmithe in iúl dúinn gur tharla an mhoill mar gheall ar an ualach oibre agus ar an méid ama a thóg sé déileáil le ceisteanna maidir le hathnuachana.

40.45 Is mó ná €250,000[315] an méid ró-íocaíochtaí le rannpháirtithe scéime a gnóthaíodh ó 2006. Tá €231,782 breise le gnóthú fós i ndáil le 54 chás bheo[316]. In 16 cinn de na cásanna sin, (arb ionann iad agus beagnach 75% de luach iomlán na ró-íocaíochtaí ar chásanna beo), is mó ná €5,000 méid na ró-íocaíochta de chuid pearsana aonair agus is é €12,578 an meánmhéid. Tugadh dhá ró-íocaíocht mhóra le rannpháirtithe faoi deara nuair a tugadh cuairt ar cheann amháin de na comhlachtaí forfheidhmithe. Ba é ba chúis leis na ró-íocaíochtaí éilimh mhíchruinne ar Mhéadú i leith Aosaigh Cháilithigh ar a mbunteideal RSS[317]. Chuaigh an incháilitheacht siar go dtí an tráth a thosaigh an rannpháirtí ar an scéim. Thart ar €21,000 ceann de na ró-íocaíochtaí agus €44,000 an dara ceann. Tá na méideanna á n-aisíoc ina dtráthchodanna €5 agus €40 in aghaidh na seachtaine, faoi seach.

Ó tá an Roinn Coimirce Sóisialaí anois freagrach as an scéim, is féidir fíorú níos neamhspleáiche agus níos minice a dhéanamh anois ar ghnéithe a bhaineann le hincháilitheacht. Ba cheart athbhreithniú a dhéanamh ar róil agus ar fhreagrachtaí na bpáirtithe éagsúla a ghabhann leis an scéim a chur i ngníomh d'fhonn a chinntiú go bhfuil an scéim á riaradh ar bhealach comhleanúnach agus go gcuirtear deireadh le ró-íocaíochtaí mar gheall ar neamh-incháilitheacht.

Ní mór leathnú tástála acmhainne a chríochnú a thapúla is féidir chun an baol go ndéanfar íocaíochtaí neamh-incháilithe le rannpháirtithe a íoslaghdú. Tá beartas ag teastáil maidir le gnóthú le haghaidh aon íocaíochtaí neamh-incháilithe a fhionnfar.

Ba cheart don Roinn/do Phobal athbhreithniú ar chomhlíonadh an cheanglais le haghaidh conarthaí rannpháirtithe a chomhlíonadh ag comhlachtaí forfheidhmithe.

---

315 Níl aon taifead lárnach ann maidir le luach comhréireach ró-íocaíochtaí. Tá Pobal ag obair chun an fhaisnéis sin a thabhairt ar aird ó athbhreithniú dhéanamh de láimh ar chomhaid. Baineann ró-íocaíochtaí le gnáthchoigeartuithe mar gheall ar athrú ar imthosca rannpháirtí agus ró-íocaíochtaí a bhaineann le héilimh mhíchruinne ar íocaíocht i gcás nach bhfuil aon teideal ann.

316 Tá aisíocaíochtaí á ndéanamh faoi láthair ag rannpháirtithe trí asbhaintí párolla.

317 Theip ar na rannpháirtithe tuilleamh a gcéilí a chur in iúl dá gcomhlacht forfheidhmithe ar mhó é ná an teorainn ioncaim cheadaithe.

40.46 Maidir le hincháilitheacht rannpháirtithe a sheiceáil, dúirt an tOifigeach Cuntasaíochta gurb amhlaidh, roimh 2011, nár ceanglaíodh ar rannpháirtithe a n-incháilitheacht leanúnach le haghaidh na scéime a chruthú. Dúirt sí, tar éis freagrachtaí as an RSS a aistriú chuig an Roinn, gur cumasaíodh don Aonad RSS fiosruithe a dhéanamh maidir le hincháilitheacht agus acmhainn gach rannpháirtí. Dúirt sí gur cuireadh tús le clár seiceála incháilitheachta go luath in 2011 nuair a rinneadh conarthaí rannpháirtithe a a athnuachan ar choinníoll go soláthróidh rannpháirtithe dearbhú comhlánaithe maidir le hacmhainn. Cuireadh córais IT i bhfeidhm an 1 Feabhra 2011 agus rinneadh socruithe chun a chinntiú gur soláthraíodh rochtain agus oiliúint chuí do dhaoine den fhoireann maidir le húsáid a bhaint as córais éagsúla na Roinne.

40.47 Dúirt sí go raibh obair na Roinne ar incháilitheacht a mheasúnú ag dul ar aghaidh agus go mbeadh sí ina bonn le seiceálacha rialaithe nua ar an scéim amach anseo. Bhí tús curtha le scrúdú acmhainne agus bhí sé beartaithe go gcríochnófaí é faoi Fhómhar 2011 i gcás an chuid is mó de rannpháirtithe. Bheadh an ceanglas fós ann go ndéanfadh rannpháirtithe aonair aon athrú ar imthosca a dhéanfadh difear dá ráta íocaíochta ar an scéim a chur in iúl don chomhlacht forfheidhmithe.

40.48 Dúirt an tOifigeach Cuntasaíocht freisin go raibh obair na Roinne chun na rialacha oibríochta a athbhreithniú ceaptha míniú níos soiléire a chur ar fáil maidir le róil agus freagrachtaí agus socruithe a uasdátú chun incháilitheacht a shuíomh chomh maith le nósanna imeachta uasdátaithe a sholáthar chun ró-íocaíochtaí a bhainistiú. Dúirt sí go raibh nósanna imeachta inmheánacha á neartú chun seiceálacha maidir le comhlíonadh agus rialú a fheabhsú chun socruithe reatha le haghaidh seiceáil incháilitheachta a atreisiú.

40.49 I ndáil le conarthaí rannpháirtithe, dúirt an tOifigeach Cuntasaíochta gur chuir an Roinn in iúl na hoibleagáidí ar chomhlachtaí forfheidhmithe a chinntiú go raibh conarthaí i bhfeidhm le gach rannpháirtí. Dúirt sí go mbeadh ceanglas ar áireamh ar sheiceálacha todhchaí ar chomhlachtaí forfheidhmithe go mbeadh conarthaí bailí i bhfeidhm do gach rannpháirtí agus do gach maoirseoir.

40.50 Dúirt Pobal go ndearna sé nós imeachta comhaontaithe caighdeánach a chur i bhfeidhm chun ró-íocaíochtaí RSS a ghnóthú a d'eascair, de ghnáth ó lá go lá de réir mar a d'athraigh imthosca rannpháirtithe agus, mar sin, a gcuid teideal chun sochair. Dhéanadh sé idirchaidreamh leis an Roinn maidir le comhlíonadh i dtaca le conarthaí rannpháirtithe agus beartas gnóthaithe a chur i ngníomh ar scór an chleachtaidh tástála acmhainne.

Conclúid

Is ionann costas iomlán na Scéime Sóisialta Tuaithe agus thart ar dhá oiread theidil leasa na rannpháirtithe. Fuarthas amach le hanailís shóisialta costais agus tairbhe gurbh ionann na tairbhí airgeadais a bhí i gceist agus beagnach trí oiread eisíocaíocht bhreise na scéime. Tugann an méid sin le tuiscint go bhfuil scéim den sórt sin de réir na tástála inacmhainneachta agus gur féidir léi rannchuidiú dearfach a dhéanamh le luach poiblí.

Tugann torthaí an iniúchta le tuiscint gur gá

- go mbeidh na rialacha níos soiléire agus go mbeidh cleachtas rochtana comhleanúnach ann le haghaidh tionscadal agus rannpháirtithe a fhaigheann tacaíocht ón scéim
- próisis roghnaithe agus measúnaithe tionscadail a fheabhsú
- faireachán agus tuairisciú ar fheidhmíocht a fheabhsú
- a chinntiú go ndéantar incháilitheacht rannpháirtithe a bhailíochtú go rialta faoi threoir faisnéise de chuid na Roinne Coimirce Sóisialaí
- a chinntiú go mbaineann iniúchadh agus breithniú ar an scéim le riaradh na scéime ag comhlachtaí forfheidhmithe áitiúla.

D'fhéadfadh fionnachtana na tuarascála seo, go háirithe i ndáil le riaradh na scéime ag leibhéal an tionscadail agus tuairisciú maidir le haschur agus feidhmíocht, a bheith mar bhonn eolais le cur i ngníomh an tionscnaimh nua ar a ddtugtar Tús[318], mar gheall ar na cosúlachtaí idir an dá scéim i dtéarmaí an chineáil oibre tionscadail a fhéadfaidh rannpháirtithe a ghabháil de láimh.

[318] Scéim pobail maidir le socrúchán oibre trína soláthraítear deiseanna oibre gearrthéarma in eagraíochtaí pobail agus deonacha do dhaoine dífhostaithe.

Iarscríbhinn A Comparáid idir an RSS agus an Scéim Fostaíochta Pobail

Is é atá i bhFostaíocht Pobail (CE) clár fostaíochta agus oiliúna a riarann FÁS agus a chuidíonn leo siúd atá dífhostaithe san fhadtéarma agus le daoine eile atá faoi mhíbhuntáiste dul ar ais ag obair trí shocrúcháin pháirtaimseartha agus shealadacha a thairiscint i bpoist atá bunaithe laistigh de phobail áitiúla (eagraíochtaí deonacha agus comhlachtaí poiblí atá bainteach le gníomhaíochtaí neamhbhrabúis). Tar éis gach socrúcháin, spreagtar rannpháirtithe chun poist bhuana pháirtaimseartha agus lánaimseartha a fháil in áit eile bunaithe ar an taithí agus na scileanna nua a fuair siad le linn a bheith ar an Scéim CE.

23,300 an líon áiteanna CE a bhí ar fáil in 2010.

Ón 1 Eanáir 2011, rinneadh freagracht maidir le beartas agus maoiniú le haghaidh feidhmeanna FÁS i ndáil le seirbhísí fostaíochta pobail (lena n-áirítear an clár CE) a aistriú chuig an Roinn Coimirce Sóisialaí. Faoi Dhoiciméad Comhaontaithe Seirbhíse/Creata laistigh den Roinn, tá FÁS fós freagrach as oibriú CE ó lá go lá.

Tá dhá earnáil éagsúla fostaíochta pobail ann, agus tá riachtanais incháilitheachta dá gcuid féin ag an dá cheann — an Rogha Imeasctha Pháirtaimseartha agus an Rogha Poist Pháirtaimseartha.

Baineann an Rogha Imeasctha Pháirtaimseartha le daoine atá 25 bliana d'aois nó os a chionn agus a bhfuil íocaíochtaí leasa shóisialaigh á bhfáil acu le bliain amháin anuas nó níos faide. Ligeann an Rogha seo do rannpháirtithe a bheith ag obair ar feadh tréimhse uasta bliana. Déanann urraitheoir an chláir an socrúchán a phleanáil agus a bhainistiú agus féadfaidh sé freisin deiseanna oiliúna agus forbartha scileanna a chur ar fáil le linn an tsocrúcháin freisin.

Baineann an Rogha Poist Pháirtaimseartha le daoine atá 35 bliana d'aois nó os a chionn agus a bhfuil íocaíochtaí leasa shóisialaigh á bhfáil acu le trí bliana anuas nó níos faide. Soláthraíonn an Rogha seo socrúcháin oibre páirtaimseartha suas le sé bliana i gcás daoine atá os cionn 55 bliana d'aois agus suas le trí bliana i gcás daoine atá faoi bhun 55 bliana d'aois. Tá an Rogha seo ceaptha chun rochtain leathnaithe ar fhostaíocht a thabhairt do dhaoine atá níos sine agus nach raibh in ann fostaíocht rialta a fháil le tamall anuas.

Féadfaidh eagraíochtaí deonacha agus comhlachtaí poiblí tionscadail a urrú a théann chun tairbhe don phobal. Chun soláthar oiliúna agus forbartha do rannpháirtithe a éascú, molann FÁS go bhfostaíonn tionscadail 15 rannpháirtí nó níos mó agus maoirseoir lánaimseartha.

Rinneadh measúnú ar an scéim CE i gcúrsa athbhreithnithe ag Forfás ar chláir margaidh saothair. I measc na sonraí ríthábhachtacha a fuarthas i ndáil leis an gclár CE bhí an líon rannpháirtithe a chríochnaíonn an clár agus an líon nach gcríochnaíonn é. Fuarthas sonraí freisin maidir leis na torthaí do rannpháirtithe — amhail an líon daoine a chuaigh isteach i bhfostaíocht nó in oideachas breise nó in oiliúint bhreise tar éis an clár a chríochnú.

Is iad seo a leanas cuid de na príomhghnéithe comparáideacha idir an RSS agus an scéim CE

Pointí Cosúlachta

- Fréamhaíonn an dá scéim as teideal leasa shóisialaigh foluiteach.
- Is ionann na huaireanta oibre agus na rátaí íocaíochta faoin dá scéim.
- Cuireann an dá scéim tionscadail tacaíochta ar fáil sa phobal i gcás gur aithníodh gur gá sin ach ní dhéantar poist láithreacha a dhíláithriú ná a ionadú.

Pointí Difríocht

- D'fhonn a bheith cáilithe le haghaidh an RSS, ní mór go mbeidh pearsa aonair ag gabháil don fheirmeoireacht nó don iascaireacht. Níl aon cheanglas mar sin i gceist sa scéim CE.
- I gcás na scéime CE, ní mór go mbeidh rannpháirtithe ag fáil íocaíochtaí leasa shóisialaigh ar feadh tréimhse íosta bliana nó trí bliana ag brath ar an Rogha CE. Féadfaidh an rannpháirtí RSS a bheith cáilithe le haghaidh an RSS tar éis éilimh leasa shóisialaigh fholuitigh amháin.
- Féadfaidh rannpháirtithe RSS fanacht ar an scéim go dtí aois scoir. Athraíonn an tréimhse ama uasta a bhféadfaidh rannpháirtí CE fanacht ar an scéim ar a feadh idir bliain amháin agus trí bliana go sé bliana ag brath ar an Rogha CE agus ar phróifíl aoise an rannpháirtí.
- Is ionann an líon rannpháirtithe ar an scéim CE agus thart ar naoi n-oiread an lín rannpháirtithe ar an RSS.
- Baineann gné mhór oiliúna leis an Scéim CE. Go ginearálta, tá oiliúint faoin RSS teoranta do cheanglais sláinte agus sábháilteachta.

Caibidil 41

Socruithe Comhpháirtíochta sa tSeirbhís Sláinte

Vóta 40 Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte

Socruithe Comhpháirtíochta sa tSeirbhís Sláinte

41.1 Bunaíodh an Fóram Comhpháirtíochta Náisiúnta Seirbhísí Sláinte (an Fóram) i 1999 mar ghrúpa neamhreachtúil comhairleach ina bhfuil ionadaithe ceardchumainn agus bainistíochta. Is é an réasúnaíocht do chur chuige comhpháirtíochta gur féidir le páirtithe leasmhara, má théitear i gcomhar leo, forbairt comhfhíse a chruthú ar chuspóirí agus ar spriocanna na seirbhíse agus cur lena nua-aoisiú. Bunaíodh an Fóram de thoradh ar fhorálacha Chomhpháirtíocht 2000, an comhaontú náisiúnta ar chomhpháirtíocht shóisialta a bhí i bhfeidhm ag an am. Díscaoileadh é le héifeacht ón 22 Meitheamh 2011.

41.2 Maoiníodh an Fóram trí dheontas bliantúil ón Roinn Sláinte agus Leanaí go dtí 2004 agus trí Fheidhmeannacht na Seirbhísí Sláinte (FSS) ina dhiaidh sin. Sa tréimhse idir 1999 agus 2010 fuair sé maoiniú de thart ar €41 milliún. Cuireadh caiteachas an Fhóraim i bhfeidhm mar a leagtar amach i bhFíor 163.

Fíor 163 Caiteachas an Fhóraim, 1999 go 2010

Mír Chostais	€m
Deontais do Thionscadail agus do Choistí Comhpháirtíochta	15.9
Plean Gníomhaíochta do Bhainistíocht Daoine	1.7
Tuarastail agus costais bhainteacha	17.6
Costais eile riaracháin	5.9
Caiteachas go dtí an 31 Nollaig 2010	**41.1**

41.3 Ba é cuspóir foriomlán an Fhóraim cur chuige comhpháirtíochta a chur chun cinn i leith athrú agus réiteach fadhbanna sa tseirbhís sláinte. Ba é ról an Fhóraim mar a leagadh amach i gComhaontuithe Comhpháirtíochta Náisiúnta Seirbhísí Sláinte é[319]

- fóram náisiúnta a chur ar fáil ina bhféadfadh ceardchumainn agus lucht bainistíochta na seirbhísí sláinte paraiméadair leathana a chomhaontú chun comhpháirtíocht san ionad oibre a chur chun cinn
- tacú le tionscnaimh a raibh feidhm sa tseirbhís uile acu
- acmhainní a chur ar fáil don phróiseas comhpháirtíochta lena n-áirítear soláthar oiliúna agus áiseanna feiliúnacha
- tomhas agus measúnú a chur chun cinn agus a fhorbairt d'fhonn faisnéis a fhoghlaim agus a roinnt agus prótacail a fhorbairt bunaithe ar an bhfoghlaim sin agus
- dul chun cinn i gcomhthéacs na seirbhíse sláinte a dheimhniú i ndáil le forfheidhmiú an chláir nua-aoisithe mar a leagtar amach i gcomhaontuithe náisiúnta.

[319] Tionscnaíodh an chéad Chomhaontú Comhpháirtíochta Náisiúnta Seirbhísí Sláinte i 1999 faoi chomhaontú náisiúnta Chomhpháirtíocht 2000. Nuashonraíodh i mí na Bealtaine 2006 é agus chuimsíodh prótacal ann ar Dhul i nGleic le hAthrú Suntasach trí Chomhpháirtíocht agus Ráiteas Comhleasa.

41.4 Mar gheall ar a chomhnádúr, níor comhdhéanadh an Fóram mar ghníomhaireacht reachtúil sláinte. D'fheidhmigh sé le bunreacht agus le rialacha agus chomhlíon iontaobhaithe a phríomhfheidhmeanna. Faoina bhunreacht agus rialacha, bhí suas le 24 ball ar an bhFóram, a bhí roinnte go cothrom idir lucht bainistíochta na seirbhíse sláinte agus comhlachtaí ionadaithe foirne. Cheap an Fóram Comh-Chathaoirligh: ionadaí amháin ar lucht bainistíochta na seirbhíse sláinte agus ionadaí ar an bhfoireann.

Socruithe Riaracháin

41.5 Bhí dualgas ar an bhFóram, de réir a Bhunreachta agus Rialacha, cuntas a thabhairt dá mhaoiniú agus socruithe a dhéanamh chun a chinntiú gur caitheadh an caiteachas mar a beartaíodh nuair a leithdháileadh é.

41.6 Rinne Stiúrthóir maoirsiú ar na hoibríochtaí laethúla, le tacaíocht ó Chomhordaitheoir Náisiúnta, ó Bhainisteoir Oibríochtaí, ó líon éascaitheoirí, ó Oifigeach Idirchaidreamh Tionscadail agus ó líon beag foirne riaracháin.

41.7 Bhí an Stiúrthóir, agus ó 2009, an Comhordaitheoir Náisiúnta freagrach don Fhóram do bhainistíocht oibríochta agus do rialú chúrsaí an Fhóraim, lena n-áirítear rialú inmheánach airgeadais agus thuairiscigh siad don Fhóram ag cruinnithe rialta.

41.8 Thuairiscigh an Bainisteoir Oibríochta don Stiúrthóir agus ina dhiaidh sin don Chomhordaitheoir Náisiúnta ar na hábhair uile a bhain le cúrsaí airgeadais an Fhóraim lena n-áirítear a bhuiséad, bainistíocht sreafa airgid, soláthar, conraitheoireacht, breithmheas caipitil, éadáil agus diúscairt sócmhainní, tuairisciú airgeadais agus cuntasaíocht agus comhlíonadh reachtaíochta ábhartha.

41.9 B'ionann acmhainní daonna an Fhóraim agus fostaithe FSS[320] a sannadh dá riarachán. Go dtí 2009, íocadh costas na n-acmhainní sin as buiséad an Fhóraim. Le héifeacht ó 2010 muirearaíodh go díreach ar chuntais FSS iad.

41.10 Rinne Iontaobhaithe an Fhóraim maoirsiú ar a chúrsaí airgeadais agus rinne siad moltaí ar na saincheisteanna airgeadais a thug an Comhordaitheoir Náisiúnta nó an Stiúrthóir chuig an bhFóram.

41.11 D'fhostaigh an Fóram, ar bhonn áirithíochta, cuntasóir a chabhraigh lena chuntas a choimeád agus iniúchóir inmheánach a rinne athbhreithniú ar na rialuithe airgeadais agus ar shláine chóras agus thuarascálacha an rialaithe agus an tuairiscithe airgeadais.

Toradh Airgeadais 2009 agus 2010

41.12 Le linn na ráithe deireanaí in 2010, chomhaontaigh FSS agus an Fóram ar chomhtháthú airgeadais an Fhóraim in FSS agus i mí Dheireadh Fómhair 2010 dhún an Fóram gach cuntas bainc agus aistríodh na hiarmhéideanna a bhí fanta go FSS. Léiríodh caiteachas iomlán an Fhóraim ina dhiaidh sin i gcuntais FSS.

41.13 D'fhaomh an Fóram a ráitis airgeadais don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2008 go deireanach in 2010.

[320] Tógadh baill foirne ón nGníomhaireacht um Fhostóirí Seirbhíse Sláinte (GFSS) ar dtús, a d'athraigh go fostaithe FSS nuair a cumascadh an Ghníomhaireacht le FSS in 2005.

41.14 Ag a chruinniú i mí an Mhárta 2011 shocraigh an Fóram athbhreithniú díchill chuí a choimisiúnú le gnólacht cuntasóirí roimh ghlacadh na ráiteas airgeadais do 2009 agus do 2010 agus, i ndiaidh an tuarascáil a fháil, molann na hIontaobhaithe na cuntais sin a shíniú.

41.15 Leagtar amach i bhFíor 164 ioncam agus caiteachas an Fhóraim do 2009 agus 2010 agus costais an Fhóraim a thug an FSS cuntas dóibh ó 2010 i leith.

Fíor 164 Caiteachas a bhain le Comhpháirtíocht 2009-2010

	2010 €'000 FSS	2010 €'000 Fóram[a]	2009 €'000 Fóram[a]
Ioncam			
Deontais FSS		411	3,507
Ús ar Thaiscí agus Ioncam Eile		5	1
		416	**3,508**
Caiteachas			
Deontais do Thionscadail agus do Choistí Comhpháirtíochta	326	110	596
Tuarastail	1,761	92	2,476[b]
Riarachán agus speansais oifige	101	191	466
	2,188	**393**	**3,538**
(Easnamh)/Farasbarr don bhliain		23	(30)
Iarmhéid amhail an 1 Eanáir		(23)	7
Iarmhéid amhail an 31 Nollaig		**(0)**	**(23)**

Nótaí: a Níor glacadh fós le cuntais 2009 agus 2010 an Fhóraim.

b Glan ar ranníocaíochtaí aoisliúntais foirne.

Béim na Caibidle

Thuairiscigh mé i gcaibidil 37 de mo thuarascáil ar Chuntais na Seirbhísí Poiblí 2009 ar an gClár SKILL. Tháinig buarthaí comhchosúla iniúchta chun cinn i gcás idirbhearta an Fhóraim lena n-áirítear ábhair a bhaineann le taisteal eachtrach, le rialú caiteachas cárta creidmheasa agus íocaíochtaí faoin bPlean Gníomhaíochta do Bhainistíocht Daoine (PGBD).

Cuireadh iniúchadh inmheánach ar na hábhair seo a chur i gcrích agus cuireadh faoi bhráid Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte é. Cuireadh na torthaí ar fáil don Choiste um Chuntais Phoiblí de chuid Dháil Éireann.

Déantar imscrúdú sa chaibidil seo ar obair fhoriomlán an Fhóraim agus tugtar breac-chuntas orthu seo a leanas

- torthaí measúnuithe tionscadail
- na socruithe comhpháirtíochta a bhí i bhfeidhm ar leibhéal náisiúnta, ceantair agus áitiúil
- an chaoi a cuireadh maoiniú faoin bPlean Gníomhaíochta do Bhainistíocht Daoine i bhfeidhm
- na socruithe chun iarmhéid an mhaoinithe nár úsáideadh a aisghabháil lena n-áirítear cistí ó fhoinsí Stáit eile.

Socruithe Comhpháirtíochta

41.16 Chuir ospidéil, gníomhaireachtaí sláinte agus oifigí áitiúla, agus ó 2005 na coda ábhartha de FSS i gcás tionscadail náisiúnta, tograí maoinithe faoi bhráid an Fhóraim. Rinne an Fóram measúnú agus athbhreithniú ar thograí sula ndearnadh cinneadh an maoiniú a cheadú. De ghnáth íocadh an maoiniú go díreach leis an eagraíocht sláinte a bhí freagrach as an riarachán bainteach acmhainní daonna. Dá bhrí sin, d'fhan cuntasacht d'fhorfheidhmiú na gcistí sin leis na hospidéil agus leis na gníomhaireachtaí sláinte ábhartha.

41.17 Ó bunaíodh an Fóram tá os cionn €15 mhilliún curtha ar fáil aige mar mhaoiniú chun tacú le socruithe comhpháirtíochta. Tabhaíodh €9.5 milliún de seo ar thionscadail agus ar thionscnaimh agus íocadh €6.3 milliún le gníomhaireachtaí sláinte chun obair na gCoistí Comhpháirtíochta áitiúla a mhaoiniú.

41.18 D'fheidhmigh Coistí Comhpháirtíochta áitiúla in ospidéil, i ngníomhaireachtaí deonacha sláinte, in oifigí sláinte áitiúla agus i gcoda éagsúla de FSS. Ba é a bhfeidhm an próiseas comhpháirtíochta a chomhordú go ginearálta, forbairt agus forfheidhmiú comhpháirtíochta san ionad oibre a éascú agus athrú fadtéarmach cultúrtha a spreagadh laistigh den tseirbhís sláinte ar leibhéal áitiúil.

41.19 I measc gnéithe den phróiseas ar leibhéal áitiúil bhí siad seo a leanas

- bunú Grúpaí Oibre Comhpháirtíochtaí chun seirbhísí feabhsaithe othar, pleanáil agus forbairt straitéiseach, bealaí nua oibre, cumarsáid agus oiliúint, forbairt agus oideachas a chur chun cinn chomh maith le timpeallacht fheabhsaithe oibre agus cáilíocht an tsaoil oibre don fhoireann
- nascadh le Fóraim Comhpháirtíocht Ceantair i ngach ceann de cheithre cheantar riaracháin FSS a bunaíodh chun comhpháirtíocht chomhtháite ghníomhach a éascú agus chun tacú léi ar gach leibhéal sa cheantar, agus chun líonrú táirgiúil a chinntiú i measc coistí comhpháirtíochta
- comhordú foriomlán trí ghrúpaí oibre náisiúnta ag feidhmiú faoi choimirce an Fhóraim.

41.20 Thacaigh Coistí Comhpháirtíochta leis an bpróiseas deimhnithe[321] freisin faoi chomhaontuithe náisiúnta trí phleananna gníomhaíochtaí agus tuairiscí ar dhul chun cinn a ullmhú agus trí pháirt a ghlacadh go ginearálta sa phróiseas deimhnithe feidhmíochta.

41.21 Cuireadh maoiniú ar fáil do thionscadail agus do ghníomhaíochtaí ar leibhéal na heagraíochta nó na gníomhaireachta áitiúla agus ar leibhéal náisiúnta freisin. Dhírigh tionscadail áitiúla ar réimse tionscnamh ar a nós seo a leanas

- seirbhísí níos fearr d'othair agus do chliaint – mar shampla, uaireanta oscailte níos faide in ionaid sláinte, oiliúint ar fheasacht ilchineálachta agus tionscnaimh rialaithe ionfhabhtaithe
- feabhsúcháin ar cháilíocht an tsaoil oibre ar nós beartas Dínite san Ionad Oibre[322] a chur i bhfeidhm agus a athbhreithniú
- tionscnaimh luacha ar airgead ar nós bainistíocht dramhaíola agus éifeachtúlachtaí i bpróiseáil othar.

41.22 Thacaigh an Fóram le 500-600 tionscadal áitiúil gach bliain de ghnáth, a chuimsigh bainisteoirí, ionadaithe ceardchumainn, baill foirne agus úsáideoirí seirbhíse sna seirbhísí sláinte ar fad.

41.23 D'áirigh tionscadail náisiúnta cláir phíolótacha den chuid is mó a raibh féidearthacht ann go ndéanfaí iad a phríomhshruthú sa tseirbhís sláinte agus cláir chun dea-chleachtas a fhorbairt agus a scaipeadh in oibríochtaí tionscadal éagsúil san earnáil sláinte. Mar shampla in 2007, thacaigh an Fóram le tionscnamh píolótach ar oiliúint agus ar cháilíocht do thithe altranais sna hearnálacha poiblí agus príobháideacha araon a raibh d'aidhm aige an leibhéal cúraim do chónaitheoirí a fheabhsú agus bonn a bhunú óna bhféadfaí an clár píolótach a chur i bhfeidhm go náisiúnta. Bhain an tionscadal le clár oiliúna a chur ar fáil don fhoireann laistigh de thithe altranais agus réimse tionscnamh eile a raibh d'aidhm acu cáilíocht beatha na gcónaitheoirí agus an leibhéal cúraim do chónaitheoirí a fheabhsú. Tionscadal eile ar thacaigh an Fóram leis ba ea forbairt treoirlínte agus uirlisí[323] chun seachadadh seirbhísí sláinte a bhfuil cáilíocht níos fearr acu trí chomhpháirtíocht a thomhas agus a mheas. Rinneadh sonraí gníomhaíocht tionscadail a chatagóiriú agus a liostú i dtuarascáil bhliantúil an Fhóraim gach bliain.

Athbhreithniú agus Measúnú Tionscadail

41.24 B'éigean do gach iarratas ar mhaoiniú tionscadail an mheicníocht trína measfaí an tionscadal a shainaithint. Bhí an eagraíocht ábhartha freagrach as soláthar, as stiúradh agus as foilsiú an mheasúnaithe ar an tionscadal. B'éigean do gach eagraíocht nó tionscadal a fuair maoiniú a dheimhniú gur cuireadh an tionscadal i gcrích de réir na bpleananna a cuireadh faoi bhráid an Fhóraim agus a d'fhaomh an Fóram.

41.25 Mar gheall ar ghnásanna a bhunaigh an Fóram b'éigean tuarascáil ar an tionscadal a chur faoina bhráid ag deireadh gach ráithe i bhfoirm chaighdeánach i leith gach tionscadail inar tugadh breac-chuntas ar an dul chun a rinneadh agus ar na cistí a caitheadh. Ó athbhreithniú ar rogha tionscadal thar thréimhse oibríochta an Fhóraim chinntigh an t-iniúchadh gur chuir eagraíochtaí tuarascálacha isteach de réir ghnásanna an Fhóraim.

---

321 Rinneadh cuid den phróiseas chun arduithe pá a thabhairt san earnáil phoiblí den deimhniú gur baineadh amach líon coinníollacha atá sna comhaontuithe náisiúnta pá.

322 Cuimsítear sa bheartas ciapadh gnéasach, ciapadh agus bulaíocht san ionad oibre, agus d'eisigh an FSS den chéad uair é in 2004.

323 'Partnership – Measuring and Evaluating' a foilsíodh in 2007.

41.26 Choimisiúnaigh an Fóram measúnuithe[324] seachtracha thar a shaolré chun tionscadail a athbhreithniú agus chun é a chur ar an eolas ar fheidhmíocht a ghníomhaíochtaí. Foilsíodh na tuarascála seo go ginearálta ar shuíomh gréasáin an Fhóraim[325]. Tugtar breac-chuntas ar roinnt príomhthorthaí agus conclúidí i bhFíor 165.

Fíor 165 Príomhthorthaí agus Conclúidí Measúnuithe Seachtracha

Oibriú Comhpháirtíochta

Próiseas é cur chuige na Comhpháirtíochta i leith comhréiteach fadhbanna agus comhdhéanamh cinntí ar cosúil go n-éiríonn go maith leis laistigh de chultúr na seirbhíse sláinte agus cuireann comhpháirtíocht creatlach ar fáil ar féidir dul chun cinn maith a dhéanamh ar shaincheisteanna conspóideacha laistigh di.

Tá ról tábhachtach, más ísealiomrá, ag struchtúir Chomhpháirtíochta in go leor ospidéal cheana féin i gcaidreamh maith tionsclaíoch agus timpeallacht a chabhraíonn le hathrú ar leibhéal áitiúil a chothabháil. Ach bhí a dtionchar ar chumas na foirne túslíne eolas agus taithí a chur le nuálaíocht seirbhíse nó le feabhsúchán cáilíochta an-neamhchothrom.

Bhí éagsúlachtaí sa mheon i leith comhpháirtíochta – d'aithin roinnt tionscadal an cur chuige comhpháirtíochta mar bhealach chun athruithe suntasacha a thabhairt chun cinn a theastaigh ina n-eagraíochtaí ach chreid daoine eile gur toradh ann féin a bhí i bhforfheidhmiú an chuir chuige.

Cé gur sainaithníodh go leor tionscnaimh rannpháirtíocha a bhí ag feabhsú cúram othar agus feidhmíocht ospidéal, ní raibh aon chur chuige córasach, ar leibhéal ospidéil ná náisiúnta, i gcleachtais rannpháirtíocha a thabhairt isteach ná a scaipeadh fiú nuair arbh ann d'fhianaise gur oibrigh siad.

Feabhsú Feidhmíochta

Fuarthas roinnt comhghaolaithe idir cleachtais rannpháirtíocha agus feidhmíocht, go háirithe i ndáil le cur chun cinn sláinteachais, láimhdeachas foirne agus neamhláithreacht de bharr breoiteachta. Ach chuir easpa sonraí cuí, go háirithe i ndáil le cáilíocht cúram othar agus folláine foirne, isteach go mór ar an ngné seo den anailís.

I roinnt cásanna, tá struchtúir bainistíochta feidhmíochta náisiúnta ag spreagadh fíorfheabhsú ach tá cultúr forleathan comhlíonta ann freisin bunaithe ar "thic a chur sa bhosca cuí" a bhaineann an bonn d'athrú inbhuanaithe.

Dúshlán mór é oibriú ildisciplíneach idir oibrithe gairmiúla sa tseirbhís sláinte fós, agus léiríonn a neamhláithreacht réimse suntasach laige i mórán réimsí cliniciúla. Is cosúil nach bhfuil dóthain treorach ná treoraithe ag Stiúrthóirí Cliniciúla ina leith seo.

[324] Ba iad seo a leanas na measúnuithe: *Evaluating Workplace Partnership Report* (OD2, 2007), *Learning from Partnership in the Health Service Executive Report* (IPA, 2008) agus *Participative Governance – An Integrated Approach to Organisational Improvement and Innovation in Ireland's Health Care System* (UKWON/IPC, 2010).

[325] www.hsnpf.ie

Measúnú agus Foghlaim

Níor foráladh i bhformhór na dtionscadal a ndearnadh athbhreithniú orthu do mhonatóireacht agus do mheasúnú foirmiúil a bheadh tar éis cur go suntasach le stádas an tionscadail, foghlaim a aistriú agus a chur ar chumas na rannpháirtithe machnamh a dhéanamh ar na dúshláin agus ar an dul chun cinn a bhí ar bun. Ar an gcuma chéanna, ní dhearna tromlach na ngrúpaí comhpháirtíochta athbhreithniú foirmiúil ar a bpróisis le linn tionscadal, a bheadh tar éis tairbhí comhchosúla a thabhairt.

Rialachas

B'fhórsa éiritheach an rialachas comhtháite d'fheabhsúchán agus do nuálaíocht sna seirbhísí sláinte agus struchtúir stiúrthóireachta cliniciúla ina mórspreagthóirí d'athrú eagraíochtúil i ngach ospidéal géarmhíochaine. Ach i bhformhór na gcásanna tá struchtúir ospidéil a bhaineann le rialachas, feabhsúchán cáilíochta, nuálaíocht, caidreamh tionsclaíoch, comhpháirtíocht agus rannpháirtíocht foirne fós ilroinnte i sadhlanna discréideacha.

Plean Gníomhaíochta do Bhainistíocht Daoine

41.27 D'fhorbair an Roinn Sláinte agus Leanaí agus an Ghníomhaireacht um Fhostóirí Seirbhíse Sláinte (GFSS) Plean Gníomhaíochta do Bhainistíocht Daoine (PGBD), a foilsíodh sa cháipéis *Action Plan for People Management*,[326] i gcomhar leis an bhFóram a chomhaontaigh ina dhiaidh sin riarachán agus íocaíocht amach maoiniú PGBD a bhainistiú. Chuir an fhorbairt ionchur ó pháirtithe leasmhara, lena n-áirítear ionadaithe ceardchumainn, san áireamh. Faoin bplean, sainaithníodh príomhthéamaí chun bainistíocht daoine sna seirbhísí sláinte a fheabhsú agus sannadh freagrach do na gníomhartha éagsúla faoi gach téama ar na comhlachtaí ábhartha. Ba iad seo a leanas na príomhthascanna a sainaithníodh don Fhóram

- cleachtas reatha a athbhreithniú agus a mheas i gcomparáid le tagarmharcanna dea-chleachtais sainaitheanta
- comhpháirtíocht a phríomhshruthú mar bhealach lárnach oibrithe
- rannpháirtíocht foirne i bpleanáil seirbhíse a mhéadú
- cur chuige comhpháirtíochta a úsáid i leith bainistíocht athraithe
- na tairbhí a bhain le hoibriú comhpháirtíochta a chur in iúl
- struchtúir chomhpháirtíochta a úsáid trí chomh-cheardlanna chun margáil agus réiteach fadhbanna bunaithe ar leasa a fhorbairt

[326] Bunaíodh an Ghníomhaireacht um Fhostóirí Seirbhíse Sláinte faoin Ordú fán nGníomhaireacht um Fhostóirí Seirbhíse Sláinte (Bunú), 1996 chun luach ar airgead a chur chun cinn i mbainistíocht costas pá sa tseirbhís sláinte, chun tacú le fostóirí seirbhíse sláinte agus chun ionadaíocht a dhéanamh orthu i mbainistíocht caidrimh thionsclaíoch agus chun tionscnaimh cuí taighde, oideachais agus faisnéise a fhorbairt chun cabhrú le bainistíocht pearsanra. Cónascadh in FSS é de réir an Achta Sláinte 2004.

- an próiseas comhpháirtíochta a thomhas agus a mheasúnú
- cur chuig straitéiseach i leith oideachais, oiliúna agus forbartha a fhorbairt
- stíobhaird ceardlainne agus bainisteoirí líne a chur faoi oiliúint d'oibriú beartas agus gnásanna a forbraíodh le déanaí
- cláir oiliúna, forbartha agus/nó oideachais a bhunú chun aghaidh a thabhairt ar inniúlachtaí bainistíochta acmhainní daonna
- grúpa Fóraim a bhunú chun imscrúdú agus tuairisciú a dhéanamh ar úsáid bhreise idirghabhála i ndíospóidí a réiteach.

41.28 Bunaíodh coiste náisiúnta monatóireachta um fhorfheidhmiú (an Coiste) ina raibh pearsanra sinsearach ón lucht bainistíochta agus ó cheardchumainn araon sa tseirbhís sláinte. Rinne an Coiste iarratais a lorg, ó cheardchumainn agus ó ghníomhaireachtaí sláinte, ar mhaoiniú do thionscadail shonracha a bhí ailínithe le cuspóirí an PGBD. Cuireadh aighneachtaí ceardchumainn faoi bhráid an Choiste go bliantúil inar leagadh amach na bearta oiliúna agus forbartha a theastaigh ó na ceardchumainn a chur i bhfeidhm dá mbaill sna seirbhísí sláinte. Sannadh freagrachtaí suntasacha ar an GFSS maidir leis an PGBD a chur chun cinn go dtí gur ionsúdh mar aonad gnó é in FSS ar an 1 Eanáir 2005 agus ón dáta sin chuir FSS seirbhísí tacaíochta ar fáil don Choiste.

Airleacain ar an gCiste Tobhaigh

41.29 Tugtar breac-chuntas ar chomhdhéanamh mhaoiniú an PGBD a fuarthas agus na híocaíochtaí amach bainteacha a rinne an Fóram i bhFíor 4. Chuimsigh íocaíochtaí a rinne an Fóram ar dtús íocaíochtaí díreacha le soláthróirí agus soláthraithe oiliúna, íocaíochtaí le ceardchumainn do chostais bainistíochta tionscadail agus aisíocaíocht le ceardchumainn do chaiteachas deimhnithe. Íocadh cuid de na haisíocaíochtaí do chaiteachas deimhnithe ar dtús i gcuntas dar teideal an *SIPTU National Health and Local Authority Levy Fund (SIPTU NHLALF)*. Tríd is tríd, cé gur cuireadh €1.56 milliún ar fáil don Fhóram sna blianta ó 2003 go 2008, íocadh €1.65 milliún faoi PGBD.

Fíor 166 Gníomhaíocht PGBD 2003-2008

Bliain	**2003**	**2004**	**2005**	**2006**	**2007**	**2008**	**Iomlán**
	€'000	**€'000**	**€'000**	**€'000**	**€'000**	**€'000**	**€'000**
Fáltais PGBD	155	420	280	200	250	250	1,555
Íocaíochtaí le SIPTU NHLALF	0	59	118	248	250	250	925
Íocaíochtaí díreacha	173	360	86	109	0	0	728
Íocaíochtaí iomlána	173	419	204	357	250	250	1,653
Maoinithe ag an bhFóram	**(18)**	**1**	**76**	**(157)**	**0**	**0**	**(98)[a]**

Nóta a Léiríonn sé seo páirtmhaoiniú an Fhóraim do ghníomhaíochtaí sonracha a forbraíodh faoi PGBD.

41.30 Rinne an Fóram riarachán agus íocaíocht amach cistí PGBD a leithdháileadh ar cheardchumainn d'oiliúint a bhainistiú. Foráladh leis na socruithe a bunaíodh in 2004 gur cheart tacú le hiarratais ar íocaíochtaí le cáipéisíocht chúltaca lenar áiríodh sonraisc nó cóipeanna de bhillí. Ach athraíodh an gnás seo níos déanaí nuair a aistríodh leithdháiltí ceardchumainn chuig SIPTU NHLALF roimh dheimhniú mionsonraithe. San áireamh i gcaiteachas 2006 dar luach €248,000 tá suim €200,000 fabhraithe amhail deireadh na bliana agus a íocadh go luath in 2007 faoi na socruithe leasaithe d'íocaíocht amach cistí roimh dheimhniú mionsonraithe.

41.31 Rinneadh an íocaíocht €200,000 chomh maith le híocaíochtaí ina dhiaidh sin de €250,000 in 2007 agus in 2008 araon de thoradh ar iarratas sínithe ag oifigeach ceardchumainn agus Comh-Chathaoirleach an Fhóraim ag an am céanna, agus bhí na seiceanna iníoctha le SIPTU NHLALF.

41.32 Mar a léirítear i bhFíor 167, tugadh thart ar €770,000 do SIPTU NHLALF gan deimhniú mionsonraithe a fhorfheidhmithe ó na faighteoirí deiridh ar cheardchumann ab ea iad a chuir pleananna oiliúna agus forbartha faoi bhráid an PGBD, nó a raibh sé beartaithe gur cheardchumainn mar seo ab ea iad. Íocadh €41,315 eile amach le trí cheardchumann in 2004 i ndáil le costais bainistíochta tionscadail gan deimhniú mionsonraithe.

Fíor 167 Íocaíochtaí a rinneadh faoi PGBD roimh dheimhniú mionsonraithe 2003-2008[a]

Bliain	2003	2004	2005	2006	2007	2008	Iomlán
	€'000	€'000	€'000	€'000	€'000	€'000	€'000
Íocaíochtaí iomlána le SIPTU NHLALF	-	59	118	248	250	250	**925**
Íocaíochtaí a rinneadh roimh dheimhniú mionsonraithe	-	20	50	200	250	250	**770**

Nóta: a Chomh maith leis sin, íocadh €41,315 in 2004 le trí cheardchumann eile roimh dheimhniú mionsonraithe.

41.33 Dheimhnigh FSS aisíocaíocht deontas dar luach €275,283 a rinne ceithre cheardchumann leis – €255,283 sa cheathrú ráithe in 2010 agus €20,000 i mí Eanáir 2011.

Aisghabháil Farasbarr Maoinithe

41.34 Thug SIPTU faoi fhiosrúchán inmheánach ar oibríocht SIPTU NHLALF. Foilsíodh na torthaí i mí an Mhárta 2011 agus aimsíodh san fhiosrúchán gurbh ionann an t-iarmhéid a bhí fós in SIPTU NHLALF amhail mí an Mhárta 2011 agus €697,894. Mínítear sa tuarascáil go bhfuair SIPTU NHLALF maoiniú ó fhoinsí éagsúla, an Fóram san áireamh.

41.35 Sonraítear sa tuarascáil go bhfuarthas na chéad deontais thaifeadta in SIPTU NHLALF ó Oifig na Bainistíochta Sláinte (OBS)[327] in 2001 i leith socrú a rinne an Roinn Sláinte agus Leanaí chun soláthar oiliúna do mhaoirseoirí túslíne sna seirbhísí sláinte a mhaoiniú (cláir maoirseoireachta túslíne). D'íoc OBS deontais le SIPTU NHLALF i leith obair thaighde freisin. Sonraítear maoiniú sa tuarascáil freisin a fuarthas ó Ghrúpa Comhairleach Comhpháirtíochta Náisiúnta na nÚdarás Áitiúil (LANPAG)[328] de €788,703 agus ó Ospidéal Beaumont de €100,000. Leagtar amach cúinsí na híocaíochta le hOspidéal Beaumont agus na híocaíochta amach ag an ospidéal de na cistí deontais in Iarscríbhinn A den Chaibidil seo.

327 Bhunaigh an Roinn Sláinte agus Leanaí OBS i 1997 chun Straitéis Forbartha Bainistíochta a fhorfheidhmiú do Sheirbhísí Sláinte agus Sóisialta Pearsanta.

328 Bhí LANPAG cosúil leis an bhFóram sa mhéid gur choiste náisiúnta comhpháirtíochta a bhí ann a d'eascair ó chlár comhpháirtíochta an Rialtais Áitiúil faoin gComhaontú Náisiúnta Comhpháirtíocht 2000. Bhí líon cothrom ionadaithe bainistíochta sinsearaí agus ceardchumainn, ionadaithe ón Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil agus ó réimse Údaráis Áitiúla air. Ba é a ról gach údarás áitiúil a chomhordú, comhairle a thabhairt dóibh agus tacú leo i socruithe comhpháirtíochta a fhorbairt. Chuir an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil maoiniú ar fáil do LANPAG.

41.36 I mí Aibreáin 2011, scríobh an Roinn Airgeadais chuig SIPTU ag lorg aisíoca leis an Státchiste den €697,894 nár caitheadh. Fuair an Roinn an íocaíocht seo ina hiomláine ar an 29 Meitheamh 2011. Chuir Oifigeach Cuntasaíochta FSS in iúl dom nach bhfuil an t-iarmhéid €697,894 sa chuntas SIPTU NHLALF inchurtha i leith an Fhóraim amháin. Sainaithníodh i dtuarascáil SIPTU ar a fhiosrúchán ar SIPTU NHLALF, a foilsíodh an 26 Márta 2011, gur cuireadh maoiniú ó fhoinsí éagsúla sa chuntas bainc, mar shampla Clár SKILL, an Fóram, LANPAG agus Ospidéal Beaumont chomh maith le haisíocaíochtaí ó dhaoine aonair agus fáltais agus aisíoc ilghnéitheach. Toisc nach ndéantar anailís i dtuarascáil SIPTU ar iarmhéid an chuntais bainc de réir foinsí aonair maoinithe ní féidir a chinneadh cén chomhréir den aisíocaíocht a bhaineann leis an bhFóram.

Deimhniú Caiteachais as Airleacain

41.37 Chuir Oifigeach Cuntasaíochta FSS in iúl dom go bhfuil FSS, ó mhí Mheán Fómhair 2010, tar éis iarracht a dhéanamh cáipéisíocht tacaíochta a fháil ó SIPTU maidir leis na hidirbhearta in SIPTU NHLALF. Cé gur tugadh breac-chuntas ar leibhéal an-ard i dtuarascáil SIPTU ó mhí an Mhárta 2011 ar na cineálacha éagsúla ioncaim agus caiteachais a riar SIPTU NHLALF, ní dhéantar an t-ioncam agus an caiteachas a dtagraítear dóibh sa tuarascáil a chatagóiriú. Ar fháil na tuarascála ó SIPTU, lorg FSS soiléiriú agus tuilleadh faisnéise faoi líon mionsonraí sa tuarascáil agus d'iarr sí ar SIPTU liosta iomlán na gcatagóirí caiteachais (lena n-áirítear an tsuim iomlán a íocadh amach faoi gach catagóir) a chur ar fáil chomh maith le sonraí iomlána faoi fháltais ioncaim. Ní raibh SIPTU in ann an fhaisnéis a d'iarr FSS lena haghaidh a chur ar fáil.

Conclúid

D'eascair bunú an Fhóraim Comhpháirtíochta Náisiúnta Seirbhísí Sláinte as comhaontuithe náisiúnta a raibh baint ag comhpháirtíocht idir an lucht bainistíochta agus an fhoireann mar mheicníocht chun athrú a bhainistiú san earnáil sláinte poiblí leo. Thar an tréimhse a d'fheidhmigh sé thabhaigh sé caiteachas sa bhreis ar €41 milliún ar ghníomhaíochtaí éagsúla a bhain le comhpháirtíocht, lena n-áirítear tacú le deimhniú dhul chun cinn fhorfheidhmiú na gclár athraithe san earnáil sláinte faoi chomhaontuithe náisiúnta. Díscaoileadh é i mí an Mheithimh 2011.

Rinne an Fóram íocaíochtaí sa bhreis ar €800,000 roimh dheimhniú mionsonraithe. Tá na suimeanna carnacha neamhdheimhnithe inchurtha go príomha i leith ghlacadh an chleachtais ó 2007 ar aghaidh gur eisíodh leithdháileadh ar Cheardchumainn faoin bPlean Gníomhaíochta do Bhainistíocht Daoine, en bloc (lena n-áirítear deontas 2006 cúlghabhálach), d'íocaíocht i gcuntas bainc dar teideal SIPTU NHLALF. Ag cur na suimeanna a d'aisíoc ceithre cheardchumann ó shin san áireamh, tá an tsuim iarmharach airleacan a d'íoc an Fóram nach bhfuil deimhnithe faoi dháta na tuarascála seo thart ar €536,000.

Bhí na cistí a cuireadh ar fáil measctha le maoiniú ón gClár SKILL agus ó Ghrúpa Comhairleach Comhpháirtíochta Náisiúnta na nÚdarás Áitiúil. Aimsíodh i dtuarascáil a rinne SIPTU go raibh €697,894 fós i gcuntas SIPTU NHLALF agus, tar éis éileamh na Roinne Airgeadais, aisíocadh an tsuim seo leis an Stát. Ní dhearnadh aon dul chun cinn i ndeimhniú na n-íocaíochtaí a rinneadh as an gCiste.

Go ginearálta, níor cheart cistí poiblí a íoc amach roimh dheimhniú mionsonraithe ná níor cheart cuntasacht d'úsáid na gcistí sin a chineach do chomhlachtaí eile mura bhfuil cúiseanna bailí ann sin a dhéanamh. Nuair a íoctar cistí roimh ré, níor cheart airgead a chur ar fáil ach de réir na riachtanas fionnta airgeadais. Sa chás go dtugtar airleacain, go heisceachtúil, ba chóir go dtabharfadh an t-údarás oiriúnach san aonán cuidithe ceangaltais maidir leo seo a leanas

- freagracht a dheimhniú go mbeifear cuntasach do na cistí poiblí agus go gcosnófar iad
- a dheimhniú go bhfuil córais chuí airgeadais i bhfeidhm chun a chinntiú go gcaitear na cistí ar na críocha beartaithe agus go dtugtar cuntas ina leith
- cuntasacht don Oireachtas a éascú d'aon chistí a íoctar amach agus
- rochtain a cheadú don chomhlacht maoinithe agus don Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste araon ar a thaifid chuntasaíochta chun feidhmiú na gcistí ar na críocha beartaithe a dheimhniú.

Iarscríbhinn A Íocaíocht ó Ospidéal Beaumont le SIPTU NHLALF

In 2007, rinne Coiste Comhpháirtíochta Beaumont iarratas deontais leis an bhFóram chun Clár Malairte Dea-Chleachtais agus Socrúchán Oibre a mhaoiniú a chuimsigh 16 bhall foirne (pearsanra sinsearach altranais, altraí foirne, maoirseoirí oíche agus stíobhaird ceardlainne) ó Ospidéal Beaumont agus ó Ospidéal San Séamas ag taisteal go Nua-Eabhrac chun oibriú in dhá ospidéal ar feadh coicíse.

Ba é príomhchuspóir an chláir "*to create the conditions for the transfer of learning and best practice between the two healthcare systems*" agus bhain cúpla céim leis lenar áiríodh taighde réamhchuairte, measúnú comhriachtanas, dearadh socrúcháin shonracha oibre, roghnú pearsanra, faisnéisiú agus measúnú leis an gcoiste stiúrtha agus roinnt leanúnach foghlama agus comhaontú comhthionscnaimh oibre.

Lorgaíodh €100,000 san iarratas maoinithe chun íoc as costais cóiríochta a measadh ag €56,000, costais taistil €16,000, liúntais laethúla €6,000 agus costais an Choiste Stiúrtha (eitiltí, cóiríocht, liúntas cothaithe agus measúnú) de €22,000.

D'fhaomh an Fóram an t-iarratas agus fuair Beaumont íocaíocht €100,000 in 2008. I mí Aibreáin 2008, d'eisigh Beaumont íocaíocht €100,000 le SIPTU NHLALF.

Shonraigh Príomhfheidhmeannach Ospidéal Beaumont gur mhol Comh-Chathaoirleach Ceardchumainn an Fhóraim an clár den chéad uair leis na foirne altranais in Ospidéil Beaumont agus San Séamas agus gurbh é tuiscint an Ospidéil ar dtús go gcúiteodh an Fóram SIPTU go díreach i leith chaiteachas an chláir agus nach mbeadh aon bhaint aige le hairgeadas an chláir. Shonraigh sé go ndearna an Fóram teagmháil leis an Ospidéal níos déanaí agus gur iarradh air iarratas ar mhaoiniú a chur faoina bhráid ar an mbunús, cé go raibh an ceardchumann ag íoc as an gclár, nach bhféadfaí cúiteamh a dhéanamh ach trí Choiste Comhpháirtíochta Ospidéal Beaumont. Dá bharr seo bhí an tOspidéal ina phámháistir don cheardchumann i leith an Chláir.

Shonraigh sé go raibh Comh-Chathaoirleach Ceardchumainn an Fhóraim páirteach leis an bhfoireann altranais in Ospidéal Beaumont i gcomhlíonadh an iarratais ar mhaoiniú leis an bhFóram agus gur thug Comh-Chathaoirleach Ceardchumainn an Fhóraim faoi gach plé leis an bhFóram maidir le maoiniú an chláir agus faoi gach socrú i leith an chláir. Shonraigh sé gur shínigh sé an t-iarratas ar tharraingt anuas mar Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin Ospidéal Beaumont ag gníomhú mar Chomhchathaoirleach Choiste Comhpháirtíochta Ospidéal Beaumont i mí Feabhra 2008 ag déanamh iarratais ar an maoiniú deontais. Shonraigh sé agus an t-iarratas á phróiseáil go ndearna an Fóram teagmháil leis an Ospidéal ag fiafraí de an raibh fáltais acu i leith an chláir ach gur mhínigh an tOspidéal gur eagraigh agus gur íoc Comh-ChathaoirleachCeardchumainnn an Fhóraim as an gclár ar fad agus tharchuir an tOspidéal an fiosrúchán chuige siúd.

Shonraigh sé toisc gur íocadh an deontas ina dhiaidh sin, gur ghlac an tOspidéal leis go bhfuair an Fóram na fáltais agus na mínithe riachtanacha, ach gur léiríodh níos déanaí nach raibh aon bhunús leis seo toisc gur dheimhnigh an Fóram níos déanaí nár theastaigh ach an t-iarratas ar tharraingt anuas agus ní na fáltais chun an íocaíocht a eisiúint. Shonraigh sé freisin cé gur bhraith an Fóram ar an Ospidéal d'íocaíocht amach an airgid deontais chruthaigh an tsraith eachtraí agus teagmhálacha idir an Fóram, Comh-Chathaoirleach Ceardchumainn an Fhóraim agus an tOspidéal an éachtaint gur thionscadal é seo a tuismíodh san Fhóram agus de thoradh air sin, ní raibh Ospidéal Beaumont ar an eolas ar an seasamh seo agus ghlac an tOspidéal leis gur shásaigh an Comh-Chathaoirleach Ceardchumainn an Fóram maidir leis an gcaiteachas.

Shonraigh sé gur chuir na rannpháirtithe ó Ospidéal San Séamas agus ó Ospidéal Beaumont an tuarascáil ar an gclár i gcrích agus gur cuireadh faoi bhráid an Fhóraim í de réir a riachtanas agus gur cur síos fíorasach í ar an gclár agus ar na príomhphointí foghlama a shainaithin na foirne.

Maidir le deimhniú an chaiteachais a rinne an tOspidéal shonraigh an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin cé nach raibh fáltais faoi iamh mhiondealú na gcostas, shásaigh an tOspidéal é féin go raibh formhór na gcostas a liostaíodh réasúnta i bhfianaise a raibh ar eolas ag rannpháirtithe Ospidéal Beaumont agus Ospidéal San Séamas faoi fhíricí an chláir. Dheimhnigh comhfhreagras agus faisnéis áirithinte a bhain le socruithe taistil costais an Choiste Stiúrtha d'eitiltí agus do chóiríocht. Deimhníodh íocaíocht na liúntas laethúil le rannpháirtithe sinsearacha an tionscadail. Shonraigh sé gurb é an t-aon ní suntasach neamhdheimhnithe an costas a éilíodh do mheasúnú an tionscadail agus costais chomhdhála de thart ar €26,900 agus gur iarr an tOspidéal ar chabhair SIPTU i ndáil le haon fháltais atá ina sheilbh don Chlár.

Chuir SIPTU an tOspidéal ar an eolas ina dhiaidh sin nach bhfuil aon deimhniú aige i leith an chláir.

Caibidil 42

Soláthair i bhFeidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte

Vóta 40 Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte

Soláthair i bhFeidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte

42.1 Is é an FSS an ceannaitheoir is mó sa Stát, a raibh timpeall ar €7.2[329] bn de chaiteachas aige sa bhliain 2010, agus réimse leathan ábhar agus seirbhísí i gceist. I measc na n-ábhar agus seirbhísí seo bhí bia agus seirbhísí proifisiúnta, ábhair leighis agus máinliachta.

42.2 Go ginearálta, bíonn cúrsaí soláthair eagraithe ar bhonn leanúnach – mar a rinneadh le €1.3 den chaiteachas sa bhliain 2010; déantar an chuid eile a eagrú sna bealaí seo a leanas

- ospidéil dheonacha[330] ag a raibh caiteachas neamhphá de thart ar €800 milliún
- Drugaí agus leigheasra ar chostas thart ar €2bn atá clúdaithe faoi shocrú idir an FSS agus Cumann Chúram Sláinte Cógaisíochta na hÉireann (CCSCÉ/IPHA) maidir le praghsáil agus soláthar leigheasra do Sheirbhís Sláinte na hÉireann, i bhfeidhm ó mhí Mheán Fómhair 2006[331]
- Íocaíochtaí do chonraitheoirí (Dochtúirí Ginearálta, Cógaiseoirí, Fiaclóirí, Radharceolaithe agus Oftailmeolaithe) thart ar €855m faoi scéim ghinearálta na seirbhísí leighis agus scéimeanna pobail eile i leith drugaí.
- Íocaíochtaí eile thart ar €1.1bn ina measc tithe banaltrais, leapacha ar conradh, íocaíochtaí caipitlíochta, árachas i leith slánaíocht chliniciúil, cúram altrama agus liúntais eile
- Deontais do ghníomhaireachtaí seachtracha eile thart ar €1.1bn.

42.3 Baineann an chaibidil seo le soláthar ar bhonn leanúnach agus ní leis na socruithe ar leith thuasluaite.

Struchtúr Eagrúcháin

42.4 Sa bhliain 2007, bhunaigh an FSS stiúrthóireacht soláthair chun bainistiú a dhéanamh ar a gcuid cúrsaí soláthair i gcoitinne. Tháinig an stiúrthóireacht i bhfeidhm Samhain 2010 agus bhí trí roinn seachadta i gceist.[332] Amhail mí an Mhárta 2011 b'iad seo

- Bainistiú ar Phunanna agus Chatagóirí
- Bainistiú ar Lóistíocht agus Fhardail
- Bainistiú ar Chumarsáid, Thraenáil agus Chaidreamh le Custaiméirí, chomh maith le Tacaiocht Ghnó.

42.5 Tá sé ráite ag an FSS go bhfuil an t-athstruchtúrú soláthair seo ceaptha chun

- Fáil go straitéiseach ar earraí agus seirbhísí agus chun lárú a dhéanamh ar chórais tairiscintí agus chonraitheoireachta chun go méadófaí an caiteachas faoi chumhdach conarthaí
- Feabhas a chur ar sheirbhísí do chustaiméirí
- Feabhas a chur ar infheictheacht agus rialú stoic

---

329 Tá an figiúr seo bunaithe ar chuntais an FSS do 2010.

330 Do na hospidéil dheonacha, tá Grúpa um Sholáthar Seirbhísí Ospidéil (GSSO) i bhfeidhm. Soláthraíonn an GSSO fóram ina bhféadann na hospidéil obair le chéile chun a gcumhacht ceannaigh a láimhseáil.

331 Tá an chreatlach seo i bhfeidhm go dtí mí an Mhárta 2012. Baineann sí le gach cógas is féidir a ordú agus a aisíoc faoi na scéimeanna pobail drugaí agus le gach cógas a sholáthraítear don FSS, d'ospidéil an FSS, d'ospidéil dheonacha agus do chomhlachtaí eile stáit a sholáthraíonn cógais.

332 Bhí saincheisteanna caidrimh thionsclaíoch ina gcúis leis an moill.

- Feabhas a chur ar chúrsaí éifeachtúlachta maidir le laghdú foirne
- Cur leis na roghanna i dtaobh foinsithe
- Cosc a chur ar stoc sa bhreis a choimeád trí fheabhas a chur ar chórais lóistíochta agus fardail
- cur chuige soláthair proifisiúnta a chothú maidir le hoideachas agus le hoiliúint
- comhsheirbhís soláthair a chur i bhfeidhm chun tacú leis na ranna soláthair agus páirtithe leasmhara

42.6 Is é a bhí i gceist leis an athstruchtúrú ná gur cuireadh le chéile 360 ball foirne a bhí ag gabháil go lánaimseartha le soláthar agus lóistíocht agus thart ar 320 ball foirne eile a raibh cúraimí soláthair orthu. Roimhe sin, bhí líon mór de bhaill foirne a raibh cúraimí soláthair orthu go páirtaimseartha. Bhí formhór mór na mball foirne a bhí gafa le soláthar faoi chúram stiúrthóireachta amháin faoi mhí an Mheithimh 2011[333].

42.7 Tá próisis chinnte soláthair agus mhodhanna oibre atá comónta ar fud an FSS mar bhuntacú ar an léirshamhail seo, le béim ar leith

- Ar mhodhanna oibre a bheith ann chun bunchreat a chur ar fáil chomh maith le próiseas a bheadh lánsoiléir maidir le caiteachas
- Ar na próisis a bhaineann le foréileamh, ordú agus cothabháil príomhshonraí a bheith caighdeánaithe
- Ar mhodhanna oibre a bheith ann chun déileáil le ceisteanna parlaiminte agus ceisteanna ó chustaiméirí, agus próiseas struchtúrtha oiliúna ar fáil do gach ball foirne a bhíonn i mbun cúrsaí soláthair

Béim na Caibidle

Tá tuairisc sa chaibidil seo ar thorthaí athbhreithniúcháin ar

- Méid na socruithe creatlaí agus conarthachta a cuireadh i bhfeidhm ó 2007
- Na hathruithe a cuireadh i gcrích i gcúrsaí bainistíochta fardail
- Córais faisnéise chun tacú le bainistiú soláthair
- An méid airgid a coiglíodh toisc oiriúnú a bheith déanta ar chúrsaí soláthair

Scrúdaítear freisin an bealach ina mbítear ag feidhmiú de réir Chiorclán 40/2002 de chuid an Roinn Airgeadais (féach Caibidil 16 chun achoimre a fháil ar na cúrsaí seo).

Tá torthaí an iniúchta bunaithe ar athbhreithniúcháin a rinneadh i mí an Mhárta agus i mí Iúl 2011. Rinneadh athbhreithniúcháin ar fheidhmiú soláthair in dhá ospidéal agus in dhá limistéar sláinte áitiúil.

Baineann scóip na caibidle seo le soláthar leanúnach earraí, soláthairtí agus seirbhísí agus ní le socruithe maidir le ceannach drugaí nó leigheasra nó seirbhísí ó dhochtúirí, ó fhiaclóirí, ó na hospidéil dheonacha ná ó chomhlachtaí deonacha.

[333] D'éascaigh comhaontú an Choimisiúin um Chaidreamh Oibreachais an t-aistriú seo i mí na Samhna 2010. Tá 50 ball foirne fós le haistriú.

Creat-chomhaontuithe agus Conraitheoireacht

42.8 An dualgas is mó atá ar an Roinn um Bainistiú ar Phunanna agus Chatagóirí ná lárchonarthaí a chur i bhfeidhm chun cúrsaí soláthair a éascú. Tá straitéis ar leith i gceist anseo, sé sin creatlacha a bhunú a chuirfeadh le solúbthacht i gcúrsaí soláthair. Ligeann na creatlacha seo don FSS conarthaí a dhéanamh le soláthróirí atá bainteach leis an gcreatlach gan dul ar lorg iltairiscintí ar bhonn oscailte.

Creat-chomhaontuithe

42.9 Cumasaíonn creatlacha an FSS conarthaí a dhéanamh le soláthróirí a bhaineann leis an gcreatlach gan ilnósanna imeachta tairisceana a dhéanamh. Nuair a bhíonn creatlacha ann, bíonn sé mar aidhm go mbeadh bealaí ann a bheadh tíosach agus éifeachtach chun earraí agus seirbhísí a cheannach. Is féidir é seo a dhéanamh toisc go mbíonn deis chun conarthaí a dhéanamh le soláthróirí chun iliomad riachtanas a chur ar fáil ionas go mbíonn leas le baint as

- Costais riaracháin a bhaineann le cuardach tairiscintí a bheith laghdaithe
- Bulc-cheannach
- Bogadh ar aghaidh ó phraghsáil áitiúil go praghsáil réigiúnda nó náisiúnta agus
- Díriú ar réimsí ina bhféadfaí laghdú ar chostais trí bheith ar an eolas faoi chúrsaí margaidh.

42.10 Cuidíonn creatlacha leis an iomaíocht uaireanta nuair a ligtear do sholáthróirí teacht le chéile chun tairiscintí a chur isteach nó tríd an riachtanas ceannaigh a roinnt idir bhaill an ghrúpa

Creat-chomhaontuithe

Bíonn cúrsaí caiteachais an FSS ag feidhmiú faoi rialacha náisiúnta, faoi rialacha soláthair an AE agus faoi rialacha soláthair an FSS. Taobh istigh de rialacha soláthair an AE, tugadh isteach creat-chomhaontuithe mar bhealach chun soláthar earraí agus seirbhísí a chur ar fáil ar bhonn níos éifeachtaí maidir le costas. Cuireann an Stiúrthóireacht[a] a comhairle ar fáil maidir le conas creatlach a bhunú, na cineálacha creatlach ar féidir iad a úsáid agus conas conarthaí a bhronnadh bunaithe ar chreatlach.

An sainmhíniú atá ag an Stiúrthóireacht ar chreatlach ná "an agreement between one or more contracting authorities and one or more economic operators, the purpose of which is to establish the terms governing contracts to be awarded during a given period, in particular with regard to price and, where appropriate, the quantity." Is féidir creat-chomhaontú a bheith ag baint le rannpháirtí amháin nó níos mó. Is féidir aontú aon-pháirtí a chur i gcrích chun oibreacha, soláthairtí nó seirbhísí a chur ar fáil bunaithe ar phróiseas iomaíoch tairiscintí. Is féidir creatlach ilpháirtí a bhunú trí chuireadh a thabhairt do pháirtithe oiriúnacha nó iad a roghnú chun páirt a ghlacadh san fhiontar sin.

Nóta: a Treoir 2004/18/EC

42.11 Na creatlacha atá in úsáid faoi láthair ag an FSS is creat-chomhaontuithe ilpháirtí iad. Tá na critéir a úsáidfear chun conarthaí breise a bhronnadh leagtha amach sna creatlacha sin agus, nuair a bhíonn gá leis, téann an FSS i dteagmháil leis na páirtithe sa chreatlach agus tugann cuireadh dóibh tairiscintí a chur isteach ar bhonn iomaíoch i mionchomórtais. Bíonn scála ama cuí ann chun na tairiscintí a chur faoi bhráid an mhionchomórtais. Ní luaitear cén fad atá i gceist, áfach. Déantar measúnú ar na tairiscintí agus bronntar conradh bunaithe ar na critéir bronnta a luaitear i rialacha na creatlaí.

42.12 I mí Iúil 2011, bhí 52 creat-chomhaontú i bhfeidhm. Bhain siad leis na catagóirí seo leanas i bhFíor 168.

Fíor 168 Creatlacha de réir Catagóir Ceannaigh

Catagóir Ceannaigh	I bhfeidhm
Cógaisíocht agus leigheasra[a]	4
Seirbhísí Proifisiúnta agus soláthar oifige	14
Seirbhísí Ostáin etc	9
Fearas, saotharlanna agus diagnóisic	25

Nóta: a Ní bhaineann na hearraí seo le comhaontú IPHA.

42.13 Maidir le húsáid na gcreatlach, measann an FSS gur cuireadh 97 mionchomórtas[334] ar bun ar luach €217m idir Bealtaine 2008 agus Iúl 2011.

Creat-chomhaontuithe in Úsáid

42.14 Tar éis sampláil a dhéanamh in dhá ospidéal bhí scóip ann chun úsáid na gcreatlach a leathnú sa mhéid is gur measadh go raibh earraí agus seirbhísí a fuarthas ó 21 soláthróir as sampla de 45 oiriúnach le haghaidh socruithe creatlaí. I measc na dtáirgí a bheadh oiriúnach, bheadh diúscairt dramhaíola agus táirgí X-gha agus priontáil agus stáiseanóireacht. Bhí caiteachas thart ar €6.47m ann ar na soláthróirí sin sa bhliain 2010.

42.15 Go ginearálta, fuarthas amach nach ndéantar an chuid is mó de sholáthar na n-ospidéal faoi scéim na gcreatlach. Le linn na tástála, fuarthas amach go raibh trí chreat-chomhaontú in úsáid. An chúis atá leis an easpa creatlach sin, is cosúil, ná nach raibh sé éigeantach agus léirigh baill foirne an FSS (lasmuigh den Stiúrthóireacht Soláthair) a bhí ag déanamh ceannachán nach raibh siad ar an eolas futhú. Ar an taobh eile, dúirt an Stiúrthóireacht Soláthair FSS i ráiteas go bhfuil na creatlacha ar fad éigeantach nuair a shásaíonn siad na riachtanais

42.16 Sá cheantar sláinte áitiúil a bhí faoi chaibidil, bhí 27 soláthróir de 101 soláthróir ar conradh faoi chreat-chomhaontuithe (thart ar 19% de luach sampla soláthair, fuarthas an t-ábhar faoi chreat-chomhaontuithe). Bhí ceithre chomhlacht ag soláthar 58% den cheannach faoi chreatlacha – earraí don neamhchoinneálacht, cóir leapa, agus áiseanna soghluaiseachta iad na ceannacháin seo den chuid is mó.

42.17 Bhí sé le rá ag an Oifigeach Cuntasaíochta go raibh sé i gceist ag an FSS cur le húsáid na gcreatlach sna catagóirí ar fad, mar is cuí. Déanfar cinneadh beacht maidir leis an leibhéal mar chuid den leathnú amach ar phunanna agus an straitéis i leith anailís catagóire. Dúirt sé nach féidir suim chinnte airgid a chur ar fáil sula mbeidh anailís déanta ar gach ceann de na catagóirí.

334 I gcás gur sainaithníodh i gcomórtas creatlaí earraí nó seirbhísí atá ag teastáil, tá gá le mionchomórtas eile leis na soláthróirí creatlaí amháin. Mar sin féin, níl gá le mionchomórtais do gach creatlach i gcás gur luadh é seo sa chomórtas creatlaí.

Conclúid – Creat-chomhaontuithe

Tá sé nótáilte san iniúchadh go raibh neart scóipe ann chun na creatlacha a leathnú amach go dtí catagóirí soláthair eile.

Ag leibhéal an ospidéil is cosúil go bhféadfaí na creatlacha a leathnú níos faide chun déileáil le soláthairtí agus seirbhísí nuair nach bhfuil siad á dhéanamh cheana féin. Tugadh faoi deara go raibh soláthairtí agus seirbhísí á gcur ar fáil ag 21 as 45 soláthróir a bheadh oiriúnach le haghaidh cúrsaí creatlaí. I measc na dtáirgí a bheadh oiriúnach bhí diúscairt dramhaíola, táirgí X-gha, priontáil agus páipéarachas.

Socruithe Conraitheoireachta

42.18 Fuarthas amach go raibh cúrsaí soláthair ag an leibhéal ospidéil clúdaithe ag conarthaí a bhí as dáta agus gan a bheith bailí.

42.19 Sa dá ospidéal, ní raibh conarthaí i bhfeidhm ag ocht gcinn de na 45 soláthróir[335] (thart ar 21% de luach an tsampla). Chomh maith leis sin, bhí conarthaí as dáta ag 18 soláthróir eile (thart ar 26% de luach an tsampla).

42.20 Bhí sé nótáilte san iniúchadh go bhfuil tosca fós ag cur isteach ar chúrsaí soláthair ó thaobh éifeachta de. Mar shampla, d'fhéadfadh sainchomhairleoir a bheith i bhfabhar táirge ar leith ach gan a bheith ar an eolas faoi chostas an táirge sin i gcomparáid le táirgí comhchosúla eile.

42.21 Ní raibh conarthaí i bhfeidhm ag 63 de na 101 soláthróir sna ceantair sláinte áitiúla (thart ar 69% de luach an tsampla).

Conclúid - Soláthar

Is féidir cur leis an méid conraitheoireachta foirmeálta atá ar siúl agus cinntiú go bhfuil na conarthaí suas chun dáta. Ní raibh ach 17 conradh as 45 a scrúdaíodh sa dá ospidéal clúdaithe ag conradh bailí.

Mar atá i gceist sna hospidéil, is féidir conarthaí foirmeálta agus creat-chomhaontuithe a úsáid sna ceantair sláinte áitiúla.

Dúirt an tOifigeach Cuntasaíochta go raibh na tuiscintí sin aitheanta ag Stiúrthóireacht Soláthair an FSS agus go bhfuil siad anois mar phriomhchuspóirí ag an FSS.

[335] Sholáthair formhór na soláthróirí a scrúdaíodh earraí ar a raibh luach de níos mó ná €25,000. Bhí dhá sholáthar faoi bhun na teorann atá ag teastáil do chonarthaí foirmiúla.

Bainistíocht Fardail

42.22 Rinne Price Waterhouse Coopers athbhreithniú ar Lóistíocht agus bainistíocht fardail.[336] Ag an am sin, bhí go leor bealaí foréilimh idir scríofa agus ríomhairithe chomh maith le próisis athshlánaithe in úsáid ag an FSS. Bhí baill foirne tosaigh gafa leis na próisis agus measadh gur thóg sé leathlá oibre gach seachtain chun an obair sin a dhéanamh i ngach barda. Bhí sé mar thoradh ag na próisis sin agus na laigí sna córais faisnéise gur tharla

- Easpa infheictheachta maidir lena raibh ordaithe agus cé a rinne an t-ordú
- Nárbh fhéidir an seachadadh a dhéanamh ar bhonn tíosach
- Go raibh an fhoireann ag meaitseáil na sonrasc le duillíní seachadta seolta.

42.23 Fuarthas amach san iniúchadh go raibh réimse leathan córas fardail in úsáid san FSS go hiomlán. Dá bhrí sin is féidir córais agus modhanna oibre a athchóiriú ionas go mbeadh córas dáileacháin stoc in úsáid a bheadh tráthúil agus comhleanúnach. Tá an FSS tar éis tús a chur le córas Pointe Úsáide. Chomh maith le hathlíonadh díreach-in-am a éascú de bharr acmhainn ar líne, is féidir le córas PÚ (POU) coigilteas a chothú i gcúrsaí stoic, mar nach gcoimeádtar ach na leibhéil stoic a bhfuil gá leo ag aon am ar leith, agus seachadtar na hearraí sin go díreach ar aghaidh chuig na húsáideoirí (bardaí ospidéil agus aonaid seachadadh seirbhísí eile).

Córais Phointe Úsáide

Tá an FSS ag cur córas Pointe Úsáide (PÚ) i bhfeidhm i dtaobh rialú stoic i láithreacha áirithe. Tá an múnla PÚ bunaithe ar chóras 'Kan-Ban' um chórais boscaí bruscair áitiúla barrachódaithe rollta ar aghaidh. Scanann baill foirne stóras ar an láithreán na boscaí bruscair seo ar bhonn seachtainiúil ar a laghad agus táirgtear agus próiseáiltear foréilimh leictreonacha.

Tá gá le bonneagar agus oiriúnú TFC chun próisis uathoibrithe a chur in áit foréilimh láimhe. Measann an FSS go mbainfeadh 750 suíomh leas as bainistíocht PÚ. Faoi mhí na Nollag 2010, bhí córas PÚ i bhfeidhm i 146 suíomh ar fud gach ceithre réigiún. I 2011, bhíothas ag díriú ar 80 suíomh eile le haghaidh feidhmithe.

42.24 Mheas FSS gur baineadh tairbhí suntasacha amach i ngach cás ar tugadh PÚ isteach ann, lenar áiríodh;

- laghdaíodh éileamh ar tháirgí trí 7% ar a mheán thar an am mar go laghdaítear stocseilbh toisc go n-éiríonn úsáideoirí muiníneach as a n-infhaighteacht
- coigilt aonuaire fardail bordaithe ar 30%
- spáráil ama chliniciúil bordaithe ar 10%

[336] Athbhreithniú ar Lóistíocht agus Bhainistiú Fardail i mí Aibreáin 2010- PricewaterhouseCoopers.

42.25 Tá an tsaoráid seo i bhfeidhm i dtrádstóras na Tulaí Móire agus tá sí ar fáil go céimeanna áirithe i dtrí óspidéal[337] sa réigiún sin. Is ionann na trí ospidéal seo agus na suímh amháin atá cumasaithe don chóras PÚ sa réigiún seo. Le linn an iniúchta, rinneadh athbhreithniú ar fheidhmiú an chórais PÚ i dTulach Mhór. Fuarthas amach san iniúchadh gur baineadh úsáid as an gcóras agus go raibh sé ag feidhmiú go sásúil.

42.26 I mí na Bealtaine 2011 mheas an FSS go mbíodh 70% de na hidirbhearta próiseáilte lasmuigh de na córais Lóistíochta agus Bainistíochta Fardail. Chun déileáil leis seo, ba ghá córas nua foréilimh lárnach a bhunú nó córas féinseirbhíse furasta le húsáid a chur i gcrích. Bheadh gá ag an dá cheann acu le córas códúcháin aonfhoirmeach le haghaidh earraí stoic a fhorbairt agus córas ríomhairithe a bheadh in ann déileáil le thart ar 12,000 earra stoic. Dá mbunófaí córas foréilimh lárnach, bheadh breis foirne ag teastáil. Dá bhrí sin, tá sé curtha in iúl dom ag an Oifigeach Cuntasaíochta gurb é cinneadh an FSS mar straitéis lár-go-fadtéarmach[338] foréileamh féinseirbhíse éifeachtach a éascú a bheadh bunaithe ar chóras ceannaigh furasta le húsáid, seachas caiteachas a lárú – mar go mbeadh impleachtaí acmhainní ag baint leis sin.

Conclúid – Bainistíocht Fardail

Tá réimse leathan de chórais fardail in úsáid ar fud an FSS. Aithnítear na buntáistí ar féidir a bhaint as córais fardail ríomhairithe a chur i bhfeidhm. Caithfear na leasa sin a mheas, áfach, i gcomhthéacs na n-impleachtaí i dtaobh acmhainní. Ba chóir anailís costais agus tairbhe a dhéanamh ar mhaithe le forbairt a dhéanamh ar an mbainistíocht fardail go fadtéarmach.

Córais Faisnéise

42.27 Tá 400 catagóir soláthair ag an FSS i dtaobh ceannaithe agus seirbhísí. Éilíonn formhór de na catagóirí sin nós oibre áirithe – m.sh.: déantar an margadh a eagrú le haghaidh soláthairtí liachta agus máinliachta ar bhonn éagsúil ón margadh le haghaidh bia. Tá éagsúlacht ann ar fud na gcatagóirí soláthair i dtaobh a mhinice a bhaintear leas as an margadh, agus i dtaobh leis an leibhéal (náisiúnta, réigiúnach, áitiúil) ag a dtarlaíonn an tairiscint. Laistigh den chaiteachas €1.3 billiún, ábhar na tuarascála seo, tá trí mhórchatagóir ceannaigh a mbaineann caiteachas de níos mó ná €100 milliún in aghaidh na bliana agus le gach ceann acu agus tá 12 cheann eile lena mbaineann caiteachas idir €25 milliún agus €100 milliún in aghaidh na bliana.

42.28 Is iad na trí chatagóir is tábhachtaí maidir le caiteachas (de luach thar €100m in aghaidh na bliana) a leanas:

- trealamh liachta, soláthairtí agus seirbhísí, ina measc: ortaipéideacha, scagdhealú duáin, fiaclóireachta, oftalmach, cairdiach, gáis liachta, radaiteiripe, fearais choinneálachta, áiseanna agus fearais
- seirbhísí gairmiúla, ina measc seirbhísí leighis, cuntasaíochta, dlí agus bainistíochta
- costais oifige, cíos agus rátaí.

42.29 Tá sé deacair a thomhas cé mhéad táirgí agus soláthróirí éagsúla a bhfuil ann toisc nach bhfuil córas náisiúnta i dtaobh cód-ainmneacha le haghaidh soláthairtí ar fáil.

---

[337] Tá feidhmiú an mhúnla PÚ beagnach críochnaithe ag Ospidéal Ginearálta na Tulaí Móire, agus táthar ag súil go mbeidh sé críochnaithe ag Ospidéal Ginearálta an Mhuillinn Chearr agus Ospidéal Ginearálta Phort Laoise faoi dhereadh 2011.

[338] Mínítear seo ina Chás Gnó don Córas Náisiúnta Airgeadais agus Soláthair

42.30 Toisc easpa córais ordaithe laistigh den FSS a bhfuil eagar air, níor cothaíodh go dtí seo eolas beacht, eagraithe, taobh istigh d'achar ama réasúnta maidir le táirgí, soláthróirí , úsáid agus láthair úsáideoirí ar fud an FSS. Cuireann sé seo isteach ar an dea-nós imeachta a chruthódh straitéis i dtaobh catagóirí soláthair agus tairiscintí a bheadh oiriúnach le haghaidh ceannaitheoir cumhachtach ar nós an FSS.

42.31 D'éagmais córas aontaithe amháin le catalóg náisiúnta, tá iomad córas i dtaobh cód. Tá an-chuid dúbailt nach gá agus, i gcásanna áirithe, úsáidtear iomad córas i tdaobh cód. Is ar éigean go bhfuil sé de chumas ag an FSS na cóid uile seo a chomhoiriúnú idir córais. Gach uair a chuirtear conradh nua i bhfeidhm is gá é a chomhoiriúnú leis na sean-chórais, cailltear achair mhóra ama agus déantar dúbailt oibre nach gá. Mar gheall air seo, is deacair eolas a fháil maidir le caiteachas toisc gur gá sliocht a bhaint as na córais éagsúla uile le bheith cinnte faoin gcomparáid.

42.32 De réir an FSS, cé go bhfuil córais uathoibrithe ag réigiúin áirithe, déantar próiseáil de láimh ar níos mó ná 55% de shonraisc. Meastar go bpróiseáiltear go leictreonach níos lú ná 10% de shonraisc, nótaí earraí isteach agus ordaithe ceannaigh.

42.33 Le linn na tréimhse ó mhí Aibreáin go mí an Mheithimh 2011, forbraíodh sonrú feidhmeach do Chóras Náisiúnta Airgeadais agus Soláthair. De réir an FSS, braithfidh forbairt bhreise ar ghlacadh isteach agus ar dhul chun cinn rathúil trí athbhreithniú piaraí. Níor tharla an t-athbhreithniú piaraí go dtí seo.

42.34 Faoi láthair is féidir an méid seo a leanas a rá faoi stádas an chuid eile den teicneoláiocht tacaíochta don nós imeachta nua

- Bhí críoch á cur leis an athfhorbairt ar an láithreán Gréasáin do ríomh-thairiscintí le ríomh-thairiscintí agus rialú ar thairiscintí luaite a chur ar fáil. Cé gur measadh go mbeadh an córas ag feidhmiú go hiomlán faoi Nollaig 2011. Níor críochnaíodh an próiseas soláthair go fóill.
- Tá críoch le forbairt an tairseach soláthair, a bhfuil mar sprioc aige pointe teagmhála aonar a chur ar fáil le haghaidh gach ceist a bhaineann le soláthar. Tá áit laistigh d'inlíon an FSS ina bhfuil na cáipéisí uile caighdeánacha i dtaobh soláthar. Tá áis ríomhfhoghlama le haghaidh soláthair ar fáil sa tairseach freisin.
- Tá pacáiste nua bogearraí le haghaidh bainistíocht caidreamh custaiméirí á thógáil sa láthair seirbhíse nua chun tacú le ceisteanna custaiméirí, agus chun na ceisteanna a ghabháil agus a leanúint; meastar go mbeidh sé i bhfeidhm go déanach i 2011.
- Bhí tús curtha le forbairt an mháistirliosta aonair náisiúnta i dtaobh táirgí, agus suas go dtí 32,000 táirgí i dtaifead agus mapáilte laistigh de struchtúr na catagóire. Tháinig deireadh leis an tionscnamh i 2007, áfach. Faoin am sin bhí 70,000 táirge ar a laghad gan a bheith mapáilte.
- Tá córas leictreonach réamhriachtanach chun máistirliosta táirgí a óstáil. De réir an tionscadail maidir le córas eolais airgeadais (TCEA), bhí sé i gceist go dtabharfaí isteach leagan coiteann de SAP, ar a ndéanfaí óstáil; ach cuireadh an TCEA ar fionraí i mí Dheireadh Fómhair 2005, go dtí go mbeadh athbhreithniú déanta ag an FSS air. Faoi láthair, níl córas ann gur féidir leis an máistirliosta táirgí náisiúnta, ag a bhfuil 12,000 cód aige, a óstáil.[339]
- Cuireadh tús le forbairt an mháistirchomhaid aonair náisiúnta i dtaobh soláthróirí agus aithníodh an 100 soláthróirí is mó, ach tá gá le tuilleadh oibre leis an tionscadal a chur i gcrích. Sá chás seo, arís, tá gá le córas leictreonach le hóstáil a thabhairt don mháistirchomhad.

[339] Nuair a bheidh an cleachtadh mapála críochnaithe, beidh thart ar 12,000 cód ag teastáil chun gach táirge a chlúdach.

Conclúid – Córais Faisnéise

Tá bac ar rialú agus bainistíocht na socruithe soláthair de bharr na bhfáthanna seo a leanas

- níl teacht ar radharc comhdhlúite ar soláthair an FSS
- níl teacht ar eolas ábhartha taobh istigh d'achar ama réasúnta ag an mbainistíocht ionas go bhféadfaí ceannachán a bhainistiú níos fearr
- níl caighdeánú á dhéanamh ar phróisis
- Tá dúbailt próisis ag tarlú ina measc nuashonrú ar shonraí buana soláthróirí, toisc go bhfuil níos mó ná 12 córas soláthair in úsáid
- Tá bac ar infheictheacht i dtaobh leibhéil stoic agus rialú ordúcháin toisc easpa córais láraithe fardail náisiúnta. Méadaítear na lochtanna seo toisc go bhfuil níos mó ná 140 stóras sa chóras agus tá nósanna imeachta neamhchaighdeánaithe i dtaobh ordaithe de chineálacha táirge.

Aimsiú coigiltis

42.35 Tá coigilteas sa réimse soláthair mar sprioc ag an FSS ó 2008 ar aghaidh. De réir a chéile, mhéadaigh sé an líon réimsí a bhí mar sprioc.

42.36 Fuarthas amach san iniúchadh gur tháinig coigilteas na bliana 2010 de thoradh ar na rudaí a leanas a ríomh:

- An coigilteas a tháinig de bharr athchaibidliú praghsanna
- an laghdú praghas ar na conarthaí nua a bronnadh sa bhliain úd i gcomparáid leis na "seanphraghsanna" a bhíodh ann sna conarthaí roimhe
- coigilteas bainte amach de bharr laghdaithe ar leibhéil stoic.

42.37 Ní raibh córas i bhfeidhm le gach réimse soláthair mar sprioc sa bhliain 2010 agus ní raibh córas comhtháite i bhfeidhm chun a chinntiú gur cuireadh i gcrích an coigilteas a fógraíodh.

42.38 Leagtar amach i bhFíor 169 na torthaí a fógraíodh do 2010.

Fíor 169 Coigilteas Soláthair a fógraíodh 2010

Gníomhaíocht	Sprioc €m	Bainte Amach €m
Laghduithe ar leibhéal stoic	8	18
Coigilteas	54	41
Iomlán	**62**	**59**

Foinse: FSS

42.39 Mar chuid de Phlean Seirbhíse an FSS 2011, díríodh ar choigilteas de €98m ón Stiúrthóireacht soláthair.

42.40 Ba iad seo leanas na príomhréimsí dírithe i dtreo coigiltis

- athchaibidliú conarthaí le soláthróirí chun praghsanna níos ísle a bhaint amach
- Trí chonarthaí nua a chur i bhfeidhm tar éis tairiscintí iomaíocha nó mionchomórtais de réir socraithe creatlaí

- Laghdú stoic trí laghdú a dhéanamh ar leibhéil stoic lárnaigh agus trí thionscadail PÚ a chur i bhfeidhm.
- athbhreithniú a dhéanamh ar réimsí caiteachais lánroghnacha ar nós cothabháil
- athbhreithniú a dhéanamh ar shocruithe léasúcháin.

42.41 Faoi lár na bliana 2011 d´fhógair an FSS go raibh €50m de na €98m de choigilteas a bhí acu mar sprioc bainte amach acu. Tá a chuid iarrachtaí níos tréine ná mar a bhí i 2010 toisc go bhfuil, i 2011, baill foirne soláthair ag tabhairt cuairteanna ar shuímh le cinntiú go gcuirtear i bhfeidhm praghsanna nua i dtaobh conarthaí, agus go bhfuil coigilteas á bhaint amach.

Conclúid – Coigilteas fógartha

Mar chuid den iniúchadh, rinneadh athbhreithniú leis an gcáipéisíocht tacaíochta a dhearbhú agus le cinntiú go raibh próisis chuí ullamh agus go raibh an coigilteas teilgthe bailí. Rinneadh athbhreithniú ar níos mó ná €2m de choigilteas teilgthe.

Fuarthas amach go raibh tacaíocht ag na coigiltí taifeadta luaite ón gcáipéisiocht tacaíochta agus go raibh an coigilteas fógartha á bhaint amach.

Comhlíonadh á leanúint i dtaobh rialacha an Rialtais Lárnaigh

42.42 Éilíonn Ciorclán na Roinne Airgeadais 40/2002 go ndéanfadh an FSS tuairisc maidir le conarthaí de luach thar €25,000 (cáin bhreisluacha as an áireamh) a bronnadh gan córas iomaíoch a bheith i gceist. Ag éirí as an riachtanas seo, tugadh tuairisc don Roinn Airgeadais agus dom Oifig féin in Aibreán 2011. Luaitear 59 sampla nach raibh i gcomhréir le soláthar iomaíoch. Rinneadh athbhreithniú ar an tuairisc agus iarradh ar an FSS an t-eolas a dhearbhú. Sheol an FSS leagan nua le 60 sampla. Bhí 10 gcinn de chonarthaí nár chóir dóibh a bheith san áireamh (féach caibidil 44). Iarradh ar an FSS leagan athbhreithnithe breise a chur ar fáil.

- Sna hospidéil agus ceantair sláinte áitiúla a bhí faoi athbhreithniú, bhí 63 solathróir ar chóir a bheith luaite sa tuairisceán ach nach raibh.
- Fuarthas amach i gceantar sláinte áitiúil amháin gur cuireadh tuairisceán go dtí an bainisteoir líne cuí ach nach raibh na sonraí luaite sa tuairisceán lárnach a cuireadh chugamsa san Oifig.

42.43 Le linn an iniúchta ar an gComhairleacht agus Tacaíocht Sheachtrach a luadh i gCaibidil 44, fuarthas amach go raibh ceithre chás ar chóir go mbeidís luaite i dtuairisceán 2010 ach nach raibh agus sa bhliain 2009, bhí 12 de na comhairleachtaí ar chóir dóibh a bheith luaite i dtuairisceán 40/2002 na bliana sin ach arís nach raibh. Lasmuigh de sin, tugadh faoi deara gur íocadh le comhlacht amháin (nár bhain leis an gcaibidil sin) agus ba chóir go mbeadh sin luaite sa dá thuairisc.

42.44 Go ginearálta, níl córas ar bith ag an FSS a chinnteodh go mbeadh a gcuid feidhmeanna agus a gcuid aonad ar fad ag bailiú agus ag tuairisciú sonraí a bhaineann lena gcuid soláthair neamhiomaíoch agus go mbeadh na tuairiscí comhdhlúite ina thuairisc amháin don eagras ar fad. Ní mór don FSS féachaint chuige seo agus na modhanna bailíochtaithe atá molta ag Roinn na Seirbhíse Poiblí agus Athchóirithe (e.g. athbhreithnithe ar bhonn iniúchta inmheánach) a chur i bhfeidhm.

Conclúid - Comhlíonadh á leanúint de réir Lár- Rialacha an Rialtais

Ní mór don FSS modhanna oibre breise a chur i bhfeidhm chun soláthar gan iomaíocht a aimsiú agus riachtanais iomlán Roinn an Chaiteachais Phoiblí agus Ciorclán um Athchóiriú 40/2002 a shásamh. Is féidir go gcabhródh sé sin chun luach caiteachais níos fearr a bhaint amach i gcúrsaí soláthair.

Tuairimí Ginearálta an Oifigigh Cuntasaíochta

42.45 D'fhógair an tOifigeach Cuntasaíochta go bhfuil tograí forbartha ag an FSS le haghaidh straitéis athbhreithnithe lóistíochta náisiúnta agus soláthair. Beidh úsáid níos éifeachtaí ar acmhainní sláinte nuair a chuirfear na tograí seo i bhfeidhm, agus laghdófar ar neamhéifeachtúlacht sa chóras sláinte. Tá sé i gceist ag an FSS díriú ar an gcumas bainistíochta agus éifeachtúlacht soláthair. Spriocanna ar leith

- Conarthacht a leathnú amach trí straitéis punainne agus bainistíocht catagóire a chur i bhfeidhm go leanúnach
- Bainistíocht ag an bpointe úsáide a leathnú ag leibhéal barda le tacaíocht ó ghréasán dáiliúcháin stórais níos éifeachtaí
- Córas nua-aimseartha ICT (Teicneolaíocht na Faisnéise) a fhorbairt chun infheictheacht, ceannasaíocht agus éifeachtúlacht a fheabhsú.

Conclúid

Tá an FSS ag cur tús le hathchóiriú a dhéanamh ar a gcuid cúrsaí soláthair. Tuigtear ón iniúchadh a rinneadh go háitiúil

- Tá gá le feabhas maidir le conarthacht agus soláthar bunaithe ar chonarthaí reatha seachas ceannach tar-rollta.
- Tá scóip ann chun creatlacha náisiúnta a úsáid níos mó, agus le cinntiú go n-úsáideann ceannaitheoirí na creatlacha atá ar fáil.
- Cuirtear bac ar an FSS toisc nach bhfuil rangúchán eagraithe le haghaidh na nithe a cheannaítear go rialta, ná an cumas idirghníomhach chun a gcuid fardail a bhainistiú trí fhoréilimh agus lóistíocht ríomhairithe a úsáid.

Cé go bhfuil leasanna aimsithe i gcás córais fardail ní mór measúnú a dhéanamh féachaint an fiú an costas a bhaineann leis na córais nua, ionas go mbeifear ar an eolas nuair a bheidh cinneadh le déanamh amach anseo ar infheistíocht den sórt sin.

An coigealtas a fógraíodh go dtí seo baineann sé le ath-idirbheartaíocht i dtaobh conarthaí nó praghsanna níos fearr a ghnóthú de réir a chéile sna babhtaí tairiscintí.

Níl córas sásúil i bhfeidhm ag an FSS chun soláthar neamhiomaíoch a leanúint. Tugadh faoi deara ó iniúchtaí neamhthuairisciú suntasach conarthaí/ceannachán de bhreis agus €25,000 nár cuireadh faoi phróiseas iomaíoch agus ba cheart gur tuairiscíodh iad.

Bheadh leas le baint ag an bpróiseas bainistíochta athruithe as clár ar leith a bhunú a leagfadh amach aidhmeanna i dtaobh athruithe agus spriocanna coigiltis a n-eascródh astu.

Caibidil 43

Foirne Cúraim Phríomhúil

Vóta 40 Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte

Foirne Cúraim Phríomhúil

43.1 B'ionann gné lárnach den Straitéis Sláinte 2001 agus forbairt an Chúraim Phríomhúil mar bhonn do sheachadadh na seirbhísí sláinte agus sóisialta pearsanta. Leagadh an coincheap amach i gCúram Príomhúil: Treo Nua a foilsíodh in éineacht leis an Straitéis Sláinte. Ós rud é gurb é an chéad phointe teagmhála a bhíonn ag daoine le seirbhísí sláinte agus sóisialta pearsanta, mhothaigh sé gurbh é an suíomh cuí chun freastal ar 90-95 faoin gcéad de riachtanais seirbhíse. Thug sé faoi deara freisin go raibh cumas ag soláthar na seirbhísí seo laistigh de shuíomh cúraim phríomhúil chun cosc a chur ar fhorbairt na gcoinníollacha a mbeidh tréimhse ospidéalachta ag teastáil uathu níos déanaí agus chun éascú a dhéanamh ar scaoileadh níos luaithe daoine as an ospidéal.

43.2 Ba é an cuspóir ginearálta seirbhís chomhtháite cúraim phríomhúil a chruthú, rud a mbeadh ina gcúis le torthaí níos fearr, le stádas sláinte níos fearr agus le cost-éifeachtúlacht. Bhí coincheap na Foirne Cúraim Phríomhúil (FCP) lárnach de sheachadadh na seirbhíse comhtháite den sórt sin.

43.3 Is ionann an FCP agus grúpa de ghairmithe cúraim shláinte, lena n-áirítear dochtúirí ginearálta (DGanna), altraí sláinte poiblí (ASPanna), altraí cláraithe ginearálta (ACGanna), cúntóirí baile, fisiteiripeoirí, teiripeoirí saothair, pearsanra riaracháin agus gairmithe eile. Chinnfí an comhdhéanamh foirne trí mheasúnú riachtanas.

43.4 Chun feidhmiú ag an éifeachtúlacht is fearr, bhíothas ag súil

- go mbeadh na foirne lonnaithe ar an láthair chéanna nó i ngar dá chéile
- go mbeadh córais chumarsáide leictreonaí agus stórála taifead ag na foirne
- go mbeadh na foirne mar chuid de Líonra Sláinte agus Cúraim Shóisialta (LSCS) níos leithne – chuimseodh na líonraí seo raon de ghairmithe sláinte agus cúraim shóisialta agus iad nasctha le trí FCP ar a laghad.

Clár na FCPanna

43.5 Tá FCPanna á bhforbairt faoi láthair i gcomhthéacs na n-aidhmeanna atá leagtha amach i bPlean Corparáideach do 2008-2011 an FSS. Beartaítear sa Phlean sin forbairt an mhúnla chomhtháite um shláinte agus chúram sóisialta, rud faoina mbeidh seirbhísí níos inrochtana go háitiúil agus faoina mbeidh siad dírithe ar an othar seachas ar na hospidéil. D'fhonn éascú a dhéanamh ar aistriú den sórt sin, bheadh gá le cumas níos mó diagnóiseach ag an leibhéal cúraim phríomhúil agus le seirbhísí pobail a leathnú le go bhféadfaí níos mó daoine a chóireáil sa bhaile trí fhoirne ildisciplíneacha.

43.6 I 2001, measadh go raibh gá le suas le 1,000 FCP chun an pobal ar fad a chlúdach. Measadh go mbeadh 40 go 60 foireann infheidhme faoi 2005 agus, faoi 2011, go mbeadh thart ar dhá thrian den líon spriocdhírithe i bhfeidhm.

43.7 I 2001, d'fheidhmiú dhá thrian de líon na bhfoirne a bhí beartaithe, b'ionann na hacmhainní breise foirne a bhí ag teastáil chun an tseirbhís a sholáthar agus 500 dochtúir ginearálta, 2,000 altra/bean chabhrach agus líon suntasach de ghairmithe sláinte agus cúraim shóisialta, de bhaill foirne riaracháin, de chúntóirí baile agus de chúntóirí cúraim sláinte. Bhí na baill foirne seo ag teastáil mar bhíothas ag súil go seachadfaí níos mó seirbhísí ag an leibhéal seo. Níor sainaithníodh coigilteas iarmhartach ag an leibhéal ospidéil. Measadh i 2001 gurbh ionann an costas breise agus €615 milliún in aghaidh na bliana faoi 2011.

43.8 I mí Eanáir 2009, dúirt an FSS go raibh sé mar aidhm aige gach foireann a bheith i bhfeidhm faoi mhí na Nollag 2011. Dar leis an FSS, tar éis cleachtadh mapála, bhí daonra FCP idir 7,000 duine go 10,000 duine, ag brath ar an suíomh, bhí meánmhéid daonra de 8,000 duine agus b'ionann an mhéid tháscach foirne chun críocha pleanála agus 30 duine (lena n-áirítear DGanna agus baill foirne tacaíochta DG).

Béim na Caibidle

Is éard atá i gceist le haistriú chuig FCPanna atheagrú cúraim phríomhúil ar bhealach a aistríonn ó shraith de dhisciplíní neamhspleácha a bheith ann chuig ceann ina bhfeidhmeodh na baill ghairmiúla foirne siúd i suíomh foirne. Bheadh nascadh na foirne le LSCSanna níos leithne agus leis an gcóras ospidéal i gceist leis freisin. Tuairiscítear sa chaibidil seo stádas reatha na forbartha, lena n-áirítear

- an dóigh a ndéantar bainistiú ar an athrú foriomlán
- na socruithe maidir le hacmhainniú agus lonnú foirne
- nascadh na FCPanna le seirbhísí eile.

Déantar léirmheas i gCaibidil 44 ar na socruithe maidir le soláthar na n-ionad cúraim phríomhúil.

Modheolaíocht

43.9 Áiríodh leis an modheolaíocht eisiúint suirbhé chuig FCPanna a bhí i bhfeidhm i mí na Nollag 2010 agus agallaimh le pearsanra ábhartha san FSS. Bailíodh sonraí sa suirbhé ar FCPanna[340], amhail acmhainní foirne, acmhainní diagnóiseacha agus teicneolaíocht faisnéise, na pleananna cúraim a bhí in úsáid agus forbairt FCPanna go dtí seo. Chomhlánaigh duine ainmnithe an suirbhé thar ceann gach FCP.

43.10 Tugadh cuairt ar dhá FCP, agus rinneadh agallaimh le pearsanra lárnach lena linn, lena n-áirítear Oifigigh Forbartha Athraithe (OFAnna), DGanna, ASPanna, fisiteiripeoirí, agus teiripeoirí saothair. Rinneadh athbhreithniú ar roinnt tuarascálacha ar an ábhar seo freisin.

Ag Bainistiú an Athraithe

43.11 Baineann an t-athrú lárnach i gcruthú FCPanna le bogadh ón struchtúr roimhe sin, rud a raibh ina mhúnla grúpa cúraim[341] chuig eagrú nua atá bunaithe timpeall ar FCPanna agus ar na LSCSanna. Is éard atá i gceist leis seo na foirne agus na líonraí a bhunú, iad a nascadh le seirbhísí eile agus soláthraithe seirbhíse a chomhordú.

Bunú LSCSanna

43.12 Is éard a bheadh i gceist le feidhmiú éifeachtach FCPanna mar a beartaíodh feidhmiú mar chuid de líonraí ina bhfuil raon de speisialtóirí. I measc na speisialtóirí seo sa líonra níos leithne, bheadh teiripeoirí urlabhra agus teanga, oibrithe sóisialta, cógaiseoirí pobail, bia-eolaithe, baill foirne meabhairshláinte, baill foirne ó na seirbhísí míchumais, fiaclóirí coslianna agus síceolaithe, agus bheadh gach líonra ag tacú le trí nó ceithre FCP.

43.13 Amhail an 31 Nollaig 2010, ní raibh aon LSCSanna i bhfeidhm. Luaigh an FSS go ndéanfaí dul chun cinn ar fhorbairt na LSCSanna i 2011.

---

340 Cuireadh sonraí le chéile ó 279 freagra.

341 Is iad na cúig phríomhGhrúpa Cúram Leanaí agus Teaghlaigh, Daoine Scothaosta, Meabhairshláinte, Míchumais agus Cuimsiú Sóisialta.

Bunú FCPanna

43.14 Bhí sé mar aidhm ag Pleananna Seirbhíse an FSS go mbeadh 394 FCP i bhfeidhm faoin 31 Nollaig 2010 agus go mbeadh gach ceann de na 527[342] FCP infheidhme faoi dheireadh 2011. Dar le hOifig na Seirbhíse Náisiúnta um Chúram Príomhúil, tionóladh roinnt de cheardlanna mapála i dtrí limistéar an Stiúrthóra Réigiúnaigh Oibríochtaí (SROnna), rudaí a raibh ina gcúis le mioneagrú breise teorainneacha, agus bhí laghdú go 518 ar líon na FCPanna a bhí le bheith infheidhme faoi dheireadh 2011.

43.15 Fuarthas amach sa suirbhé a rinneadh mar chuid den iniúchadh go raibh cuid mhaith comhordaithe fhoriomláin fós le déanamh. Go háirithe, fuarthas amach ann

- Nár chosúil go raibh an líon d'fhoirne a tuairiscíodh ann. Den líon de 394 foireann a pleanáladh a bheith i bhfeidhm faoi dheireadh 2010, measadh go raibh 319 foireann i bhfeidhm.
- Gur cosúil gur chumaisc roinnt de na 350[343] foireann a thuairiscigh an FSS[344] le foirne eile cheana féin. Sainaithníodh 31 cás den sórt sin le linn an iniúchta.

43.16 Dúirt an tOifigeach Cuntasaíochta go bhfuair sé amach, tar éis athbhreithnithe, an fáth taobh thiar den diall seo mar, cé go dtionólann dhá fhoireann comhchruinnithe foirne cliniciúla, feidhmíonn siad mar dhá fhoireann ar leith. Dúirt sé go gcuirtear baill foirne ar leith ar an dá cheann acu, go háirithe DGanna, ASPanna agus ACGanna. Níl tionchar ag na cumaisc sin ar an gclúdach daonra.

43.17 Dúirt sé freisin go bhfuil an FSS i mbun athbhreithniú a dhéanamh ar theorainneacha reatha foirne, go háirithe maidir le Limistéir Sheirbhísí Comhtháite[345] atá nuabhunaithe agus maidir leis na torthaí daonáirimh le déanaí.

An Próiseas Athraithe

43.18 Chun bainistiú a dhéanamh ar athrú suntasach ar an ordú ag teastáil chun bealach nua oibre a neadú, tá gá le plean bainistithe athraithe lena dtacaíonn gníomhartha dírithe. Bheadh na nithe seo a leanas lárnach de bhunú rathúil FCP

- gníomhaíochtaí tógála foirne agus comhphleanáil a bhaineann le baill FCP d'fhonn comhpháirtíochtaí éifeachtacha, féiniúlacht foirne agus comhthuiscint ar róil agus theorainneacha idir baill a fhorbairt
- gleic le pobail, iad a tharraingt ar thograí forbartha ina limistéir
- feasacht ar riachtanais sláinte a bpobal
- seisiúin chuí faisnéise don fhoireann ar an dóigh gur cheart go bhfeidhmeodh FCP
- comhordú agus comhtháthú idir seirbhísí cúraim phríomhúil agus seirbhísí cúraim thánaistigh.

---

342 Athleagadh síos an líon réamh-mheasta d'fhoirne ag 527 i 2010

343 Déanann na foirne seo freastal ar 62% den daonra.

344 Dar le Tuarascáil Feidhmíochta an FSS do mhí na Nollag 2010, bhí 350 foireann ag tionól cruinnithe foirne cliniciúla amhail mí na Nollag 2010. Meastar go bhfuil tionól cruinnithe den sórt sin ina phríomhtháscaire go bhfuil foireann ag oibriú.

345 B'ionann Limistéir Sheirbhíse Comhtháite agus na haonaid bhunúsacha ina ndéanfar bainistiú ar chúram sláinte ar fud cúram príomhúil agus cúram tánaisteach.

43.19 Moladh sa suirbhé a rinneadh le linn an iniúchta go bhfuil cuid mhór oibre le déanamh chun feidhmiú comhtháite a bhaint amach agus chun caidreamh nua a bhunú. Fuarthas amach ann, do FCPanna a thionóil cruinnithe foirne cliniciúla ag an 31 Nollaig 2010,

- gur thuairiscigh 27% díobh siúd a d'fhreagair air go raibh comhairliúchán leis an bpobal/muintir áitiúil nuair a bhí an FCP á fhorbairt
- gur fhreagair líon chomh híseal le 15% de FCPanna go ndearnadh measúnú ar riachtanais sláinte an phobail roimh an gcéad chruinniú de chuid fhoireann chliniciúil FCP agus gur léirigh 7% de FCPanna eile a d'fhreagair go ndearnadh measúnú ar riachtanais sláinte an phobail tar éis an chéad chruinnithe de chuid fhoireann chliniciúil an FCP.
- nár chreid ach 18% díobh siúd a d'fhreagair gur tháinig feabhas ar chomhtháthú leis an gcúram áitiúil tánaisteach ó cuireadh an FCP ar bun
- gur mheas 71% d'fhoirne a d'fhreagair gur soláthraíodh seisiúin chuí faisnéise don fhoireann ar oibriú an FCP sular thosaigh siad ag obair le FCP
- go raibh gníomhaíochtaí foirmiúla forbartha foirne ag 60% díobh siúd a d'fhreagair sular tháinig an FCP i bhfeidhm
- nár mheas ach 31% d'fhoirne a d'fhreagair gur soláthraíodh oiliúint chuí bhreise do bhaill foirne ar a bheith ag obair i bhfoireann ildisciplíneach sular tionóladh an chéad chruinniú de chuid na foirne cliniciúla.

43.20 Is lárnach de bhainistiú an athraithe atá acmhainní chun an próiseas a chomhordú. Níl aon bhainisteoir amháin do gach FCP ná aon struchtúr caighdeánach bainistithe faoi láthair. Mar sin féin, chuir an tOifigeach Cuntasaíochta in iúl dom gur cheadaigh foireann bhainistithe an FSS struchtúr bainistithe agus rialachais chliniciúil do FCPanna, rudaí a n-áirítear leo tabhairt isteach ról an bhainisteora do FCPanna. Beidh gach bainisteoir freagrach as idir trí agus cúig FCP. Táthar ag súil go mbeidh na bainisteoirí seo i bhfeidhm faoi mhí na Nollag 2011, ar feitheamh comhairliúcháin le ceardchumainn chuí.

43.21 Bhí sé beartaithe go gcabhródh 32 Oifigeach Forbartha Athraithe (OFAnna) le bainistiú athraithe ar bhonn ceantair. Is ionann OFAnna agus bainisteoirí atá freagrach as na FCPanna a fhorbairt, as tionscnaimh chúraim phríomhúil a fhorbairt, as seirbhísí a chomhordú agus comhtháthú le hospidéil a fhorbairt. Ag an leibhéal náisiúnta, tá 25 OFA agus triúr speisialtóirí cúraim phríomhúil a chlúdaíonn 32 limistéar oifig áitiúla sláinte agus ceithre limistéar an SRO faoi láthair[346]. Soláthraíonn na triúr speisialtóirí cúraim phríomhúil tacaíocht don Oifig Náisiúnta um Chúram Príomhúil, do na SROnna agus do na hOFAnna.

43.22 I gcomhthéacs fhorbairt an FCP, is é an ról atá ag an OFA go príomha

- na FCPanna agus na seirbhísí cúraim phríomhúil a mbaineann leo a thionscnamh agus a fhorbairt
- bainistiú a dhéanamh ar acmhainní daonna agus airgeadaíochta an FCP
- obair le DGanna agus le baill foirne an FSS ar an mbainistiú oiliúna agus athraithe a bhaineann le hobair i bhfoireann ildisciplíneach agus
- cur chuige atá comhordaithe ar sheachadadh na Straitéise Cúraim Phríomhúil a chur chun cinn le soláthraithe agus úsáideoirí na seirbhíse araon.

[346] Tá freagracht ar Stiúrthóirí Réigiúnacha Oibríochtaí as bainistiú na seirbhísí sláinte i gceithre réigiún an FSS.

43.23 Fuarthas amach sa suirbhé iniúchta gur thuairiscigh 53% de na FCPanna go bhfuil Oifigeach Forbartha Athraithe ainmnithe lánaimseartha acu.

43.24 Tá comhairleach amháin a bhfuil cúlra cleachtais ghinearálta aige a chuireann comhairle ar an FSS ar fhorbairt na seirbhísí cúraim phríomhúil, lena n-áirítear forbairt FCPanna.

Feidhmiú FCPanna

43.25 Tá sraith de bhaill lárnacha ag FCPanna. Is éard a bhíonn iontu de ghnáth DGanna, ASPanna, ACGanna, fisiteiripeoirí, teiripeoirí saothair agus pearsanra riaracháin. Bíonn duine a ainmníonn na baill mar chathaoirleach ar chruinnithe de ghnáth. D'fhonn an próiseas a chur ar obair, déanann an OFA freastal ar na cruinnithe tosaigh. Rothlaítear an chathaoirleacht tar éis tréimhse shocraithe de ghnáth. Bhíothas ag súil go gcuirfí gairmithe eile sláinte, amhail teiripeoirí urlabhra agus sláinte, bia-eolaithe, oibrithe sóisialta agus gairmithe meabhairshláinte pobail, ar obair laistigh de na LSCSanna a mbeadh naisc acu leis an FCP agus a mbeadh caidreamh foirmiúil oibre acu le gach duine dá mbaill.

43.26 Meastar go bhfuil FCP infheidhme nuair a bhíonn sé ag tionól cruinnithe foirne cliniciúla. Is ionann cruinnithe foirne cliniciúla agus an fóram le haghaidh fhorbairt na bpleananna cúraim d'othair agus le haghaidh shannadh an Oibrí Lárnaigh arb é an pointe teagmhála amháin do sheirbhísí sláinte d'othair. Is í príomhfheidhm cruinnithe foirne cliniciúla pleananna cúraim othar a tharraingt suas d'othair aonair. Tá sé seo lárnach den bhogadh i dtreo cúraim atá dírithe ar an othar. Bunaithe ar an suirbhé a rinneadh le linn an iniúchta, thuairiscigh 48% de FCPanna nach raibh aon phleananna cúraim acu.

43.27 Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta in iúl dom go bhforbrófaí plean cúraim do gach othar a phléitear ag cruinniú foirne cliniciúla agus gur cleachtas caighdeánach ag gach cruinniú foirne cliniciúla é seo. Dúirt sé go bhfuil roinnt débhríochta maidir leis an sainmhíniú agus léirmhíniú ar na téarmaí "pleananna um chúram" agus "pleananna cúraim," mar, in earnáil an mhíchumais, tagraíonn an téarma "plean cúraim" do phróiseas atá i bhfad níos cuimsithí a bhaineann le comhdhálacha ar chásanna agus le pleanáil cúraim go han-domhain[347]. Chun críocha na tuarascála seo, measadh gurbh ionann plean cúraim agus an méid atá leagtha amach thíos.

Plean Cúraim

Forbraítear plean cúraim ó athbhreithniú ar riachtanais othair ag cruinniú na foirne cliniciúla. Éilíonn na díospóireachtaí seo rannpháirtíocht ildisciplíneach go ginearálta. Leagfar amach i bplean cúraim an cúram atá ag teastáil ón othar, na gairmithe sláinte atá freagrach as an gcúram sin gus na bearta atá ag teastáil. Ceadaíonn sé do gach gairmí ábhartha sláinte plé a dhéanamh le chéile ar an othar ag cruinniú na foirne cliniciúla agus beart a dhéanamh, bunaithe ar athbhreithniú iomlánaíoch ar an othar.

43.28 Táthar ag súil go ndéanfaidh gach ball lárnach freastal ar gach cruinniú le hionadaí amháin ar a laghad ó gach cleachtas ginearálta rannpháirteach. Déanann gairmithe eile seirbhíse (amhail gairmithe meabhairshláinte) freastal i gcásanna ina bhfuil a saineolas ag teastáil i ndáil le plean cúraim othair.

43.29 Fuarthas amach sa suirbhé iniúchta go raibh 76% de na foirne ag teacht le chéile gach mí nó níos lú ná sin. D'oibreodh sé seo in aghaidh comhordú tráthúil ar phleanáil cúraim.

---

[347] Taifeadadh i dtuarascálacha feidhmíochta míosúla i 2009 agus i 2010 líon na n-othar/na gcliant a raibh plean cúraim acu. Mar a thaispeáin an tOifigeach Cuntasaíochta, áfach, tá cuid mhór débhríochta maidir lena n-ábhar. I 2011 is ionann an táscaire feidhmíochta a úsáidtear agus líon na n-othar/na gcliant a phléitear ag cruinniú foirne cliniciúla.

43.30 Mar chuid den doiciméadú Cúram Príomhúil: Treo Nua, beartaíodh uaireanta sínte oibre d'fhoirne. Fuarthas amach sa suirbhé go n-oibríonn 11% de bhaill foirne an FSS a d'fhreagair uaireanta sínte i rith na seachtaine i.e. uaireanta a bhí níos mó ná iad siúd a oibríodh sular cuireadh struchtúr an FCP i bhfeidhm agus go n-oibríonn 3% de bhaill foirne an FSS a d'fhreagair uaireanta sínte ag an deireadh seachtaine.

Conclúid – Bainistiú Athraithe

Is cosúil go bhfuil bearnaí móra sna socruithe chun an t-athrú a bhainistiú agus chun an tseirbhís a atheagrú ar bhealach a fhorbraíonn an bealach nua oibre agus caidrimh a beartaíodh sa Straitéis Sláinte.

Léirítear i dtorthaí an tsuirbhé iniúchta go bhfuil easnaimh faisnéise ar an líon foirne agus ar an méid atá siad ag feidhmiú. Gan rannpháirtíocht ghníomhach na mball, tá an baol nach neadófar i gcleachtas an struchtúr agus an feidhmiú a beartaíodh.

Ní mór don FSS an bealach is fearr chun éascú atá éifeachtach ó thaobh costais de a dhéanamh ar an athrú, trí acmhainní cuí do thacaíocht bhuan agus iad siúd do chleachtaí aonuaire tógála foirne a shainaithint, a mheas.

Bheadh sé úsáideach dá bhféadfaí sainmhíniú soiléir ar phlean cúraim i suíomh an chúraim phríomhúil a bhunú, d'fhonn a chinntiú nach mbeidh aon débhríocht maidir lena chur i bhfeidhm ná lena thuairisciú.

Acmhainnú agus Suíomh na bhFoirne

43.31 Is éard a bheadh i gceist le cur i bhfeidhm iomlán na FCPanna atheagrú na mball foirne a oibríonn i réimsí seirbhísí príomhúla agus pobail ó mhúnla grúpa cúraim go FCPanna, LSCSanna agus seirbhísí pobail. Amhail an 31 Nollaig 2010, d'oibrigh 52,348 ball foirne sna trí réimse seo. Thaifead an FSS go raibh 9,490 duine de na baill foirne siúd ag obair i gcúram príomhúil. Ganniontráiltear sna figiúirí cúraim phríomhúil an méid atheagraithe atá fós le déanamh mar ní mór baill foirne i ngrúpaí eile cúraim amhail iad siúd a thugann aire do dhaoine scothaosta a athchur ar an struchtúr nua cúraim phríomhúil de réir mar a acmhainnítear níos mó foirne agus LSCSanna.

43.32 Leanann gach ball foirne, cé acu a athshanntar iad chuig FCPanna nó nach n-athshanntar, de bheith ag tuairisciú laistigh den struchtúr reatha bainistithe. Léiríonn sé seo nár chruthaigh cuid mhaith den sannadh go dtí seo foirne féineagraithe, ach gur struchtúr fíorúil eagraíochta é a d'fhéadfadh forbairt de bheith ina mhodh foireann-bhunaithe seachadta. Ag an leibhéal cuntasachta, níl aon ionaid chostais do FCPanna. Dúirt an FSS go bhfuil siad ag dul chun cinn oibre ar rialachas na FCPanna agus na LSCSanna agus go bhfuil siad ag dul i gcomhairle le comhlachtaí ionadaíochta foirne.

43.33 Aithnítear nach n-athdhéanfar FCPanna de gach ceann de na catagóirí foirne cúraim phríomhúil. Mar sin féin, cé gur bunaíodh dhá thrian den líon réamh-mheasta de FCPanna amhail mí na Nollag 2010, níor cuireadh ach 29% de bhaill foirne atá catagóirithe faoi chúram príomhúil ar na struchtúir nua, rud lena n-áireofaí FCPanna, LSCSanna agus Aonaid Altranais Phobail.

43.34 Amhail an 31 Nollaig 2010, bhí stádas an tsannta i gceithre réigiún an FSS mar atá leagtha amach i bhFíor 170.

Fíor 170 An méid sannta chuig FCPanna amhail an 31 Nollaig 2010

Cur Síos ar Bhaill Foirne	Acmhainní Reatha	Acmhainní Atheagraithe				
		An tIarthar	Baile Átha Cliath Laighin Láir	Baile Átha Cliath An tOirthuaisceart	An Deisceart	Iomlán
Foirne Cúraim Phríomhúil						
Altraí Sláinte Poiblí (ASPanna)	**1,575**	278	234	210	217	**939**
Altraí Cláraithe Ginearálta (ACGanna)	**560**	87	88	56	68	**299**
Fisiteiripeoirí	**468**	93	63	46	64	**266**
Teiripeoirí Saothair	**476**	70	63	49	44	**226**
Cúntóirí Baile [a]	**-**	22	220	-	-	**242**
Gairmithe eile Sláinte agus Cúraim Shóisialta						
Teiripeoirí Urlabhra [b]	**478**	44	39	37	27	**147**
Oibrithe Sóisialta	**381**	34	21	18	5	**78**
Bia-eolaithe	**60**	7	5	4	8	**24**
Síceolaithe	**220**	7	18	11	2	**38**
Póirtéirí		-	11	-	-	**11**
Cúntóirí Cúraim Sláinte		-	28	-	-	**28**
Riarachán						
Baill Foirne Riaracháin/Cléireachais	**3,025**	17	12	20	9	**58**
Baill Foirne Eile						
Baill Foirne Míochaine/Fiaclóireachta	**521**					
Stiúrthóir Altranais	**28**					
Gráid Chúraim Shóisialta	**202**					
Altraí Meabhairshláinte Pobail	**–**	20	-	2	1	**23**
Stiúrthóir/Stiúrthóir Cúnta ASP/Bainisteoir	**242**	29	36	17	5	**87**
Eile [c]	**1,254**	99	23	108	40	**270**
Iomlán	**9,490**	**807**	**861**	**578**	**490**	**2,736**

Foinse: Aonad Daonáirimh an FSS

Nótaí: a Ní áirítear cúntóirí baile leis na tuairisceáin daonáirimh.

b Féadann teiripeoirí urlabhra a bheith ina mbaill d'fhoirne i gcásanna áirithe.

c Áirítear leis seo gairmithe eile sláinte agus cúraim sláinte agus foireann tacaíochta ginearálta.

43.35 Bunaithe ar noirm foirne a leagadh síos i mí Lúnasa 2008 a eisiann DGanna agus a bhfoireann tacaíochta chun críocha cóiríochta, níor shroich na hacmhainní iarbhír an méid a réamh-mheasadh, mar atá leagtha amach i bhFíor 171.

Fíor 171 Acmhainní Foirne na Foirne Cúraim Phríomhúil amhail an 31 Nollaig 2010

Cur Síos ar Bhaill Foirne	Norm Pleanála	Meánacmhainní Foirne[a]	Céatadán na nAcmhainní i bhFeidhm
Altraí Sláinte Poiblí/Altraí Cláraithe Ginearálta	5	3.54	71%
Fisiteiripeoirí	1	0.76	76%
Teiripeoirí Saothair	1	0.65	65%
Teiripeoirí Urlabhra[b]	1	0.42	42%
Cúntóirí Baile	3	Níl aon fhigiúirí ar fáil	
Oibrithe Sóisialta	1	0.22	22%
Cúntóirí Sláinte	3	Níl aon fhigiúirí ar fáil	
Foireann Riaracháin/Cléireachais	5	0.16	3%

Foinse: An FSS

Nótaí: a Tá acmhainní iarbhír díorthaithe ó shonraí arna soláthar ag an FSS, mar atá leagtha amach i bhFíor 170.

b Bíonn teiripeoirí urlabhra ina mbaill den LSCS, seachas den FCP, de ghnáth.

Dochtúirí Ginearálta agus FCPanna

43.36 Dar le Coláiste Liachleachtóirí na hÉireann (CLÉ), tá níos mó ná 3,000[348] DG in Éirinn. Is cleachtóirí neamhspleácha iad DGanna agus tá siad féinfhostaithe[349]. Faoi láthair, téann DGanna le FCPanna ar bhonn deonach. Ní cosúil go bhfuil baint amach 100% rannpháirtíocht agus rollú DGanna i FCPanna reatha agus nua ar tí tarlú. Measann an FSS gur dhiúltaigh 100 DG do dhul le FCP. I measc cúiseanna a luadh don fhoireann iniúchta leis an neamh-rannpháirtíocht seo easpa ama, maoinithe agus chumarsáid na Teicneolaíochta Faisnéise.

43.37 Taifeadtar i staitisticí an FSS go bhfuil FCP ag oibriú i gcásanna inar aontaigh DG amháin ar a laghad ar pháirt a ghlacadh san fhoireann agus ina ndéanann sé freastal ar chruinniú foirne cliniciúla. Braitheann rannpháirtíocht ar an DG a bheith ag aontú go foirmiúil páirt a ghlacadh[350] agus ar phlé a bheith á dhéanamh ar othair an DG ag cruinnithe foirne cliniciúla. Leantar de bheith ag amharc ar FCP mar FCP atá ag oibriú, fiú amháin i gcás gur scoir na DGanna de bheith ag freastal ar chruinnithe na foirne cliniciúla. Dá bhrí sin, is dócha go ndéanfar áibhéil ar an líon de FCPanna atá ag oibriú, mar níor thuairiscigh ach 54% de FCPanna go raibh ionadaí a rinne freastal ar chruinnithe foirne cliniciúla go rialta ag gach cleachtas DG san FCP amhail an 31 Nollaig 2010.

348 Measann an CLÉ go n-áireofaí lena bhallraíocht níos mó ná 90% de DGanna atá ag cleachtadh i bPoblacht na hÉireann.

349 Tugadh an Scéim um Sheirbhísí Ginearálta Leighis isteach i 1972 chun seirbhísí saor in aisce DG a sholáthar d'othair phoiblí. Rinneadh an t-athbhreithniú deireanach ar an scéim i 1989.

350 Mar chuid den phróiseas seo, d'fhéadfadh go ndearna DG freastal ar chruinnithe forbartha agus ar chruinnithe foirne tosaigh roimh thosach feidhme na gcruinnithe foirne cliniciúla den chéad uair.

43.38 Níl aon bhaint DG ag roinnt FCPanna. Mar sin féin, d'ainneoin neamh-rannpháirtíocht na DGanna, d'fhéadfadh baill foirne an FSS oibriú mar fhoireann gan iad. Ní áirítear foirne den sórt sin leis na staitisticí do FCPanna atá ag oibriú agus meastar iad a bheith faoi fhorbairt. I mí na Nollag 2010 bhí 31 foireann a bhí ag tionól cruinnithe foirne cliniciúla gan aon bhaint ag DGanna. Gan trácht ar níos mó rannpháirtíochta ag DGanna a spreagadh, éilítear athrú suntasach ar bhaill foirne an FSS ar oibrigh, go dtí seo, ina ngrúpaí cúraim ar leith

43.39 Tá aimhrialtachtaí áirithe sa mhéid go bhfuil sraith bhreise de bhaill foirne atá páirteach i gcúram príomhúil fostaithe ag DGanna. Féadfaidh DGanna altraí foirne agus foireann riaracháin a fhostú. Faigheann siad liúntais ón Scéim um Sheirbhísí Ginearálta Leighis i leith an chostais a bhaineann le foireann rúnaíochta agus altranais. Féadfar deontais a chur ar fáil freisin i leith an chostais a bhaineann le háitreabh cleachtais.

Conclúid – Acmhainniú na bhFoirne

Níor forbraíodh go hiomlán sannadh na mball foirne chuig foirne. Go dtí seo, ní cosúil go bhfuil acmhainní leordhóthanacha atá sannta d'fhoirne, go háirithe i réimsí amhail an teiripe shaothair, an teiripe urlabhra, oibrithe sóisialta agus i riarachán.

Ba cheart go gcinnfeadh an FSS go críochnaitheach catagóirí na foirne a shannfar chuig an eagrú nua bunaithe ar anailís mhionsonraithe ar a thuarascálacha daonáirimh fostaíochta. Ní raibh athrú ag an leibhéal rialaithe agus bainistithe go fóill, rud a chuirfeadh FCPanna ag lár sheachadadh an chúraim phríomhúil. Bainistítear formhór na mball foirne trí struchtúir reatha.

Ní mór machnamh a dhéanamh ar threo, chomhordú agus rialú na bhfoirne amach anseo. Ní móide go mbeidh athrú bunúsach gan struchtúr nua bainistithe.

Ní dheachaigh roinnt DGanna le FCP agus ní ghlacann roinnt acu a chuaigh le FCP ar dtús páirt go rialta. Bheadh gá lena chinntiú go gcuirfí na hathruithe atá ag teastáil chun cúram príomhúil atá foireann-bhunaithe san áireamh i socruithe conartha amach anseo.

Thuairiscigh 54% de FCPanna go raibh ionadaí a bhí i láthair go rialta ag gach cleachtas DG san FCP. Sa chuid eile, tá sé deacair a fheiceáil conas nach mbeadh tionchar ag a neamhláithreacht ar éifeachtacht. Bheadh sé úsáideach monatóireacht a dhéanamh ar an méid go mbíonn DGanna ag freastal ar chruinnithe foirne cliniciúla.

Acmhainní Diagnóiseacha

43.40 D'fhonn go mbeadh sé ina shuíomh oiriúnach don chuid is mó de riachtanais seirbhíse sláinte an phobail, bheadh sé ina eochar-riachtanas go mbeadh an FCP in ann teacht ar réimse leathan seirbhísí diagnóiseacha agus cóireála. Tugadh faoi deara ón suirbhé go soláthraíonn 50% de na FCPanna go léir a d'fhreagair roinnt máinliacht mhion. Le linn an iniúchta, bunaíodh an réimse seirbhísí atá á soláthar ag FCPanna faoi láthair, laistigh d'Ionad Cúraim Phríomhúil nó trí rochtain dhíreach ar shaoráidí áitiúla eile (ospidéal áitiúil, mar shampla). Leagtar na sonraí amach i bhFíor172.

Fíor 172 Seirbhísí atá ar fáil do FCPanna amhail an 31 Nollaig 2010[a]

Cur Síos Diagnóiseach agus Cóireála	Trealamh atá lonnaithe i mBunáit an FCP féin[b]	Rochtain Dhíreach ag Saoráid Eile (Lena n-áirítear Ospidéal)	Níl aon Rochtain Dhíreach Faoi Láthair[c]
	%	%	%
X-Gha	3	84	13
Ultrafhuaim	5	78	17
Scanadh CAT	0	68	32
Tomhas Dlúis Chnáimhe	8	67	25
Spiriméadair	27	49	24
Fleibeatóime	37	49	14
Scagadh GGT	22	62	16
Leictreacardagram	35	51	14

Foinse: Suirbhé ar FCPanna

Nótaí:
a B'ionann líon na bhfoirne a d'fhreagair agus idir 209 foireann agus 250 foireann.
b Tagraíonn bunáit an FCP don lonad Cúraim Phríomhúil, don lialann DG nó don lonad Sláinte ina bhfuil an FCP lonnaithe.
c Ciallaíonn Rochtain Dhíreach go bhféadann DG rochtain dhíreach a bheith aige ar na saoráidí diagnóiseacha in ospidéal nó in aon saoráid eile gan ionchur comhairleach.

Conclúid – Acmhainní Diagnóiseacha

Braitheann formhór na FCPanna ar ospidéil áitiúla d'fhormhór na ndiagnóisí. Mar sin féin, thuairiscigh cuid mhaith díobh go soláthraítear rochtain ar na seirbhísí seo trí chomhairleach.

Comhlonnú na FCPanna

43.41 Tá sé ina réamhriachtanas le haghaidh fheidhmiú barrmhaith na FCPanna go bhfuil gach seirbhís lonnaithe ag ionad comhchoiteann. Amhail an 28 Feabhra 2011, tá stádas cóiríochta na FCPanna a bhíonn ag tionól cruinnithe foirne cliniciúla leagtha amach i bhFíor 173.

Fíor 173 Stádas Foirne Cúraim Phríomhúil amhail an 28 Feabhra 2011

Cur Síos	% den Méid Iomlán
Tá an fhoireann go hiomlán comhlonnaithe (tá gach ball foirne lonnaithe san fhoirgneamh céanna)	8%
Níl FCP go hiomlán comhlonnaithe agus é ag feitheamh le cur i gcrích ionaid atá faoi fhorbairt	21%
Tá gach ball foirne an FSS comhlonnaithe agus níl DGanna lonnaithe san fhoirgneamh	19%
Níl baill foirne an FSS comhlonnaithe agus níl na DGanna comhlonnaithe	45%
Eile (Tá baill foirne an FSS & DGanna lonnaithe i níos mó ná foirgneamh amháin)	7%
Iomlán	**100%**

Foinse: FSS

Conclúid – Suíomh

Níl ach 8% de FCPanna go hiomlán comhlonnaithe faoi láthair. Meastar go mbeidh 29% comhlonnaithe sa chás go gcuirfear tionscadail reatha forbartha cóiríochta i gcrích.

I gcúinsí áirithe, d'fhéadfadh tosca geografacha agus scaipthe pobail a dheachtú go mbeadh ar FCP oibriú ó roinnt áiteanna éagsúla. Ba cheart go gcuirfí in iúl impleachtaí cóiríochta agus oibriúcháin i gcúinsí den sórt sin (e.g. rothlú agus tráthchlárú seirbhísí).

Déantar léirmheas níos mine i gCaibidil 44 ar fhorbairt na cóiríochta chun tacú le FCPanna.

Nascadh Seirbhísí Cúraim Phríomhúil

43.42 Is éard a bheadh i gceist le comhtháthú an chúraim phríomhúil go nascfaí

- DGnna le baill eile foirne
- FCPanna le FCPanna eile
- FCPanna le baill de na LSCSanna
- FCPanna le seirbhísí ospidéil
- Seirbhísí Iar-Ama leis an FCP a mhéid is féidir
- Foirne Idirghabhála Pobail (FIPanna) leis an FCP.

43.43 Áiríodh na nithe seo a leanas leis na hábhair a tugadh faoi deara san iniúchadh

- Féachtar ar bhonneagar TF mar bhac mór le haghaidh faisnéis a chomhroinnt idir DGanna agus baill eile foirne.
- Feictear nach bhfuil cumarsáid le hospidéil leordhóthanach mar níor thuairiscigh ach 13% de FCPanna go raibh cumarsáid leordhóthanach ó na hospidéil maidir le scaoileadh agus thuairiscigh 43% díobh go bhfuil altra/oifigeach idirchaidrimh i bhfeidhm ag an ospidéal áitiúil, duine a bhfuil freagracht air as cumarsáid a dháileadh ar an FCP.
- Níor bunaíodh aon nasc foirmiúil idir FCPanna agus an tSeirbhís Iar-Ama.
- Thuairiscigh níos lú ná leath de na FCPanna a bhfuil FIP ina limistéir acu gur cuireadh bealaí cumarsáide foirmiúla ar bun idir an FCP agus an FIP.

43.44 Leanann cumarsáid de bheith ina réimse a bhfuil forbairt ag teastáil uaidh, mar a léiríonn na torthaí suirbhé atá leagtha amach i bhFíor 174.

Fíor 174 Leibhéal na Forbartha i dTeicneolaíocht Faisnéise agus Cumasáide [a]

Cur Síos	Tá %
Tá FCP (DGanna, baill foirne DG nó baill foirne an FSS) in ann othair a atreorú go leictreonach chuig ospidéal	23
Tá cumas ag FCP X-Ghathanna a chur go leictreonach chuig ospidéil nó chuig gairmithe eile cúraim phríomhúil	1
Tá cumas ag FCP X-Ghathanna a fháil go leictreonach ó ghairmithe cúraim phríomhúil nó ó sholáthraithe seirbhíse	13
Tá bealaí cumarsáide leictreonaí/cumarsáide eile ag FCP leis an ospidéal áitiúil chun faisnéis phráinneach a athsheachadadh (ar shampla, chun a chur in iúl nuair a bhíonn an roinn éigeandála san ospidéal ag acmhainn uasta)	6

Foinse: Suirbhé ar FCPanna.

Nóta: a B'ionann líon na FCPanna a d'fhreagair gach ceist agus idir 255 FCP agus 259 FCP.

43.45 Tá an cumas chun faisnéis a chomhroinnt ina réamhriachtanas le haghaidh obair éifeachtach. Thuairiscigh 6% de FCPanna a d'fhreagair ar an suirbhé iniúchta gur stóráladh comhaid leictreonacha ar líonra comhroinnte freastalaí laistigh den FCP. Níor thuairiscigh ach 28% díobh go raibh ríomhphost slán acu.

Conclúid – Nascadh Seirbhísí Cúraim Phríomhúil

Tá obair shuntasach fós le déanamh chun a chinntiú go mbeidh seirbhísí cúraim phríomhúil comhordaithe, go mbeidh baill foirne nasctha le chéile trí chumarsáid leictreonach shlán a chosnaíonn rúndacht othar agus go mbeidh nascadh le hospidéil feabhsaithe.

B'ionann féidearthacht amháin a aithníodh le linn an iniúchta agus leathnú úsáid chóras Healthlink. Is ionann córas Healthlink agus córas slán cumarsáide leictreonaí atá maoinithe ag an FSS agus tá sé ar fáil saor in aisce do gach DG. Áirítear lena sheirbhísí an chumarsáid leictreonach a bhaineann le torthaí saotharlainne agus le nuashonruithe coinne na n-othar seachtrach do DGanna. Féadann DGanna fógraí atreoraithe a chur chuig soláthraithe cúraim thánaistigh ar an gcóras freisin. Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta in iúl dom go bhfuil an FSS ag píolótú úsáid chóras Healthlink do FCPanna faoi láthair.

Conclúid

Tá dul chun cinn mall á dhéanamh ar an athrú a bhaineann le haistriú ó ghrúpaí cúraim atá struchtúraithe mar fheidhmeanna ar leith go foirne cúraim phríomhúil, ach níl formhór na mball foirne cúraim phríomhúil eagraithe sa mhodh nua. Faoi láthair, ainmnítear go bhfuil FCPanna i bhfeidhm i gcásanna a mbíonn siad ag tionól cruinnithe iontu ach níor tháinig bonn foirne na hoibre i bhfeidhm go fóill mar

- thuairiscigh 54% d'fhoirne go raibh ionadaí ag cruinnithe ar bhonn rialta ag gach cleachtas DG san FCP
- thuairiscigh 52% d'fhoirne go bhfuil pleananna cúraim i bhfeidhm acu.

Go ginearálta, tá cuid mhór oibre fós le déanamh chun a chinntiú

- go ndéanfar bainistiú ar chúram phríomhúil ar bhonn foirne
- go mbeidh córais neadaithe oibre foirne ag cúram príomhúil
- go n-aistreoidh cúram príomhúil go múnla a bhainfidh éifeachtúlachtaí agus éifeachtacht amach trí shocruithe comhroinnte feabhsaithe cúraim.

Meastar go gcomhlonnófar 29% d'fhoirne sa chás go gcuirfear forbairtí reatha cóiríochta i gcrích. Déantar léirmheas i gCaibidil 44 ar na socruithe maidir le soláthar na n-ionad cúraim phríomhúil.

Caibidil 44

An Fhorbairt ar Ionaid Cúram Príomhúil

Vóta 40 Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte

An Fhorbairt ar Ionaid Cúram Príomhúil

44.1 Mar a leagtar amach i gCaibidil 43, tá beartaithe Foirne Cúram Príomhúil (PCT) a chur ar bun ar fud na tíre agus sin de réir limistéir. Tá ar na príomhchuspóirí atá ag HSE i leith Foirne PCT go mbeadh an meitheal iomlán – ionad gnáthdhochtúra teaghlaigh agus foireann cúram príomhúil agus foireann taca eile HSE suite in éineacht nó réasúnta cóngarach dá chéile. Is iad na buntáistí is mó a fheictear lena suíomh in aon áit amháin

- go bhfágann sin níos furasta ag othair agus ag lucht cúraim teacht ar an réimse seirbhísí a bhíonn de dhíth orthu
- go ndéantar éascaíocht do chomhairle agus do chumarsáid idir lucht na forine, agus go gcinntítear dá réir sin cóir níos uileghabhálaí agus níos éifeachtaí
- go bhféadfadh deis a bheith ann airgead a shábháil agus cur leis an éifeachtacht.

44.2 Nuair a cuireadh ar aghaidh go foirmeálta sa bhliain 2001 an coincheap maidir le Foirne PCT a thabhairt chun cinn, bhíothas á mheas go mbeadh an costas caipitil maidir le cóiríocht do na Foirne idir €1 billiún agus €1.5 billiún (de réir praghasanna na bliana 2001) – timpeall is €2.5 milliún an t-ionad. Meastachán ginearálta ar an gcostas a bhí ansin, i gcomhthéacs plean lenar bhain cóiríocht a chur ar fáil do idir 400 agus 600 foireann PCT faoin mbliain 2011 a bheadh ag freastal ar dhá thríú de dhaonra an Stáit. Bhí úsáid a bhaint as comhpháirtíocht phríobháideach phoiblí (PPP) á lua ar cheann de na roghanna a bheadh ann maidir leis an gcóiríocht a bheadh de dhíth a chur ar fáil.

44.3 Is beag an méid dul chun cinn a rinneadh ar fhorbairt ionad le cóiríocht a thabhairt d'Fhoirne PCT faoi 2007. Bhí tograí maidir le córas ionaid cúram príomhúil a thabhairt chun cinn san áireamh leis an bPlean Forbartha Náisiúnta (NDP) 2007-2013. Tugadh le tuiscint ansin go mbeadh an ciste caipitil do na hionaid cúram príomhúil á chur ar fáil de réir chúinsí áitiúla agus riachtanais seirbhíse agus go gcuirfí chuig an infrastruchtúr nua ba ghá a chur ar fáil ar bhealaí éagsúla. I measc na roghanna a bhí san áireamh, bhí siad seo a leanas

- saoráidí le 100% den mhaoiniú ó chistí an Stáit
- tionscadail i gcomhar le páirtithe leasmhara eile a mbeadh sciar níos lú den chiste ina leith ag teacht ón Stát
- saoráid faoi úinéireacht an tríú páirtí a dtiocfadh HSE mar thionónta inti agus nach mbeadh gá ar bith le hinfheistíocht chaipitil de chuid an Stáit ina leith.

44.4 I mí na Nollag 2007, d'fhoilsigh an HSE fógraí ag iarraidh ar chomhlachtaí forbraíochta príobháideacha léiriú spéise a chur ar aghaidh i ndáil le cóiríocht d'ionad cúram príomhúil a chur ar fáil in 131 suíomh éagsúil ar bhonn léasa. Roghnaíodh deich gcinn de shuíomhanna píolótacha[351] ar dtús maidir le hionaid cúram príomhúil a fhorbairt iontu faoi shocrú léasa. I mí Iúil 2008, d'fhoilsigh an HSE fógra eile ag lorg léiriú spéise i ndáil le suíomhanna eile, rud a d'fhág 259 suíomh beartaithe a raibh fógra foilsithe ina leith[352]. Tá tugtha le tuiscint ag an HSE go bhféadfadh gur modhanna soláthair traidisiúnta a bheidh in úsáid i gcásanna áirithe – mar shampla, maidir le hionaid bheaga faoin tuath – ach is é an léasáil an modh soláthair is rogha leis an HSE i ndáil leis an gcóiríocht d'ionaid cúram príomhúil.

---

351 B'iad na suíomhanna píolótacha a roghnaíodh: Leitir Ceanainn, Baile Átha Troim, Cionn tSáile, Cill Chainnigh, Baile an Chinnéidigh, Cúl an tSúdaire, Baile Adaim, baile Ros Comáin, Béal an Átha agus Cathair na Gaillimhe Thoir.

352 Bhí suíomhanna áirithe a luadh ar liosta na bliana 2007 agus ar liosta na bliana 2008 araon mar gheall nár cuireadh tograí oiriúnacha faoi bhráid de thoradh ar an gcéad ghairm.

44.5 Déanann an HSE idirdhealú faoi láthair idir bunfhoireann PCT agus foireann leithnithe PCT. Is é a bhíonn i gceist leis an dá chineál sin

- bunfhoireann lena mbaineann dochtúirí teaghlaigh, altraí sláinte poiblí, altraí ginearálta cláraithe, fisiteiripeoirí, teiripeoirí ceirde agus cúntóirí baile.
- foireann leathnaithe lena mbaineann chomh maith daoine eile den lucht cleachtais de réir mar is gá chun riachtanas an phobail ar a bhfuiltear ag díriú a shásamh, agus d'fhéadfadh go dtabharfaí san áireamh leithéid coslia agus cógaiseoir pobail, chomh maith le lucht saineolais de leithéid saineolaithe cothúcháin, fiaclóirí agus ortadontóirí[353]. Tá seirbhísí meabhairshláinte pobail á gcur san áireamh le Foirne leathnaithe in ionaid áirithe.

44.6 De réir tuairiscí ó mheithleacha PCT, ní dhearnadh, i gcuid mhaith cásanna, measúnacht maidir le riachtanais sláinte pobail roimh ré d'fhonn na háiteanna a mbeadh gá le Foirne leathnaithe PC a shonrú.

Béim na Caibidle

Déantar scrúdú sa chaibidil seo

- ar an dul chun cinn go dtí seo maidir le cóiríocht a chur ar fáil do mheithleacha PC
- ar an mbreithmheas a rinne an HSE ar na bealaí éagsúla maidir le cóiríocht a chur ar fáil
- an riarachán i ndáil leis an rogha bealaigh an chóiríocht a thógáil ar léas.

Cóiríocht d'Fhoirne Cúram Príomhúil

44.7 Níor mhór, chun cuspóirí an chláir forbartha maidir le hionaid cúram príomhúil a thabhairt i gcrích, cóiríocht a chur ar fáil don tseirbhís cúram príomhúil ar bhealach lena soirbhítear do theacht an othair ar an tseirbhís agus don tseirbhís a chur ar fáil ar bhealach éifeachtach atá bunaithe ar an bhfoireann.

44.8 Tugadh an clár maidir le hionaid cúram príomhúil chun cinn i gcomhthéacs réimeas socruithe éagsúla maidir le cóiríocht a chur ar fáil do sheirbhísí cúram príomhúil na linne sin.

- Go ginearálta, bhí ionaid dochtúirí teaghlaigh ag cur cóiríochta ar fáil dóibh féin in ionaid a roghnaigh siad féin. Bhí na dochtúirí teaghlaigh freagrach as gach costas i ndáil leis an gcóiríocht sin a íoc.
- I roinnt beag cásanna, bhí oifigí dochtúirí teaghlaigh i gcóiríocht a bhí á cur ar fáil ag an HSE, gan aon chonradh foirmeálta a bheith socraithe idir an HSE agus na dochtúirí sa chuid is mó de na cásanna.
- Bhí lucht foirne de chuid an HSE a bhain le seirbhísí agus cúnamh taca cúram príomhúil a chur ar fáil i limistéir sonracha tíreolaíochta lonnaithe in áitribh a bhí faoi úinéireacht an HSE nó iad in úsáid faoi réimse socruithe éagsúla léasála.

44.9 Faoi dheireadh na bliana 2010, bhí 24 ionad cúram príomhúil ar fad a bhí i mbun feidhme (féach Fíor 175). Bhí 33 ionad eile a rabhthas i mbun a dtógála. Measann an HSE go mbeidh an obair ar 20 acu sin tugtha chun críche agus iad i mbun feidhme faoi dheireadh na bliana 2011 (i.e. 44 ionad ar fad).

---

[353] D'fhéadfadh lia-chleachtóirí speisialtóireachta freastal a dhéanamh ar roinnt foirne PCT sa cheantar, foirne PCT i suíomhanna éagsúla san áireamh.

Fíor 175 An Fhorbairt ar Ionaid Cúram Príomhúil mar a bhí ag deireadh mí na Nollag 2010

Stádas an Ionaid Cúram Príomhúil	Arna fhorbairt ag an HSE	Arna fhorbairt faoi léas	Iomlán
I mbun feidhme	10[a]	14[b]	24
Obair thógála ar siúl	3	30	33
Pleanáil ar siúl	—	83	83
Iomlán na dtionscadal aontaithe	**13**	**127**	**140**
Tús curtha le hidirchainteanna	—	88	88

Foinse: Eastáit an HSE

Nótaí: a Bhí trí ionad a tógadh chun na críche seo go díreach. Saoráidí a bhí ag an HSE cheana féin an chuid eile ar theastaigh méid áirithe cóiriúcháin orthu chun iad a úsáid mar ionaid cúram príomhúil.

b Tá trí áitreabh san áireamh a bhí tógtha ar léas sular cuireadh tús leis an gclár léasála reatha.

44.10 Shamhlaigh an NDP 2010-2013 infheistíocht i gcóiríocht do 500 Foireann PCT faoi dheireadh 2011. Faoi dheireadh 2010, bhí cóiríocht tugtha do 29 PCT ar fad sna hionad cúram príomhúil a bhí i mbun feidhme. Tá súil ag an HSE faoi láthair go mbeidh líon iomlán de 59 Foireann PCT ag feidhmiú ó ionaid cúram príomhúil faoi dheireadh 2011. Má chuirtear gach tionscadal eile atá gníomhach faoi láthair chun críche mar atá beartaithe, beidh 140 ionad ann a thabharfaidh cóiríocht do thart ar 200 foireann PCT.

44.11 Scrúdaíodh an t-achar ama a bhain le ceithre ionad a chur ar fáil a bhí le léasáil. D'aontaigh Bord an HSE gach ceann de na ceithre thionscadal i mí Meán Fómhair 2008 nó i rith an chéad ráithe den bhliain 2009. Bhí dhá ionad oscailte faoi dheireadh na bliana 2010. Bhíothas le seilbh a ghlacadh ar an tríú hionad faoi mhí Iúil 2011. Baineadh amach an chéim 'aontú maidir le léas' i ndáil leis an gceathrú cás i mí Deireadh Fómhair 2010 agus aontaíodh ar spriocdháta oscailte ag deireadh na bliana 2011. Rinneadh foráil sa chomhaontú d'iarratas ar chead pleanála a chur isteach i mí na Samhna 2010 agus do cháipéisí breise maidir leis an dearadh a chur ar fáil i mí na Nollag 2010, ach níor thángthas le ceachtar den dá sprioctháth sin. Tá ráite ag an HSE go bhfuil an obair thógála ar siúl anois agus go meastar go n-osclófar an t-áitreabh faoi dheireadh na bliana 2011.

44.12 Tá ráite ag an HSE gurb é an tréimhse measta ón am a sínítear comhaontú maidir le léas go dtí go dtugtar ionad chun críche (agus go gcuirtear tús le téarma léasa) tuairim is 30 mí. Bhí deis á thabhairt leis sin don phleanáil (12 mí), don soláthar (timpeall is trí mhí) agus don obair thógála (12 mí) chomh maith le tréimhse teagmhasachta trí mhí. De réir mar a tharla dáiríre, is iondúil gur chuir constaicí leanúnacha i ndáil le cistí a bheith ar fáil don lucht forbraíochta idir sé mhí agus naoi mhí sa bhreis leis an achar ama a caitheadh go dtí an t-am a mbeadh an obair tugtha chun críche i.e. idir 36 agus 39 mí ón am a síníodh an comhaontú i ndáil le léas. Tháinig sin anuas ar an am a theastaigh chun teacht ar réiteach trí idirbheartaíocht, tar éis an litir intinne a shíniú.

Dul chun cinn maidir le Comhshuíomh Seirbhísí

44.13 Tá comhshuíomh seirbhísí Foirne PCT, ag teacht leis an sárchleachtas maidir le seirbhísí cúram príomhúil a chur ar fáil[354], ar cheann de na príomhchuspóirí ag an HSE ó cuireadh tús le straitéis na Foirne PCT.

[354] Ina ainneoin sin, tá luaite ag an HSE go bhféadfaidh othar atá cláraithe le dochtúir teaghlaigh le foireann PCT amháin seirbhísí áirithe (e.g. cúnamh baile) a fháil ó fhoireann PC eile, nuair atá déanamh na seirbhíse sin bunaithe ar áit chónaithe an othair.

44.14 Mar a tharlaíonn dáiríre, tá Foirne PCT á gcur le chéile sula mbíonn ionaid aon áit amháin curtha ar fáil. Cé go bhfuil deiseanna do chórais níos fearr maidir le heolas a bheith ar fáil agus á mhalartú ag daoine den mheitheal i suíomhanna éagsúla, mar gheall ar an bhforbairt ar theicneolaíocht an eolais agus na cumarsáide (TEC), tá buntábhacht i gcónaí le suíomh na seirbhísí maidir le teacht a bheith ag othair ar sheirbhísí agus soirbhiú do sheirbhís a chur ar fáil ar bhonn meithle.

44.15 Léirítear i bhFíor 176 líon na Foirne PCT a dtuairiscítear go raibh siad ag oibriú i níos mó ná aon ionad amháin ag deireadh na bliana 2010. Níl ach 25 foireann (9%) a luaigh go raibh na seirbhísi á gcur ar fáil acu as an aon ionad amháin. Bhí beagnach 200 foireann (72%) a luaigh go raibh siad ag obair as níos mó ná trí ionad éagsúil faoi láthair.

Fíor 176 Líon na Suíomhanna a bhí in úsáid ag Foirne PCT maidir le Seirbhísí Cúram Príomhúil a chur ar fáil ag deireadh na bliana 2010



Foinse: Suirbhé de chuid Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (267 freagra)

Conclúid — Cóiríocht d'Fhoirne PCT

Tá an fhorbraíocht maidir le hionaid cúram príomhúil agus comhshuíomh lucht Foirne PCT ag titim ar gcúl go mór i gcomparáid leis an sceideal.

Cé go nglactar leis gur féidir le foireann PCT feidhmiú as ionaid éagsúla i gcásanna áirithe – mar shampla, nuair atá an daonra ar a bhfuiltear ag díriú scaipthe ar fud réimse fairsing tíre – fágann an líon an-mhór suíomhanna atá in úsáid faoi láthair maidir le cúram príomhúil a chur ar fáil nach bhfuil cuid mhaith an lárú a bhí beartaithe ar sheirbhísí Foirne PCT i measc an phobail ar a bhfuil siad dírithe tugtha i gcrích.

Breithmheas ar na Roghanna maidir le Cóiríocht a Chur ar Fáil

44.16 Éilítear faoi threoirlínte na Roinne Airgeadais anailís eacnamaíochta den chuimsitheacht a dhéanamh sula dtéitear faoi cheangal maidir le tionscadail nó cláir mhóra caipitil. Ba cheart go ndéanfaí breithniú tomhaiste cothrom ar na roghanna polasaí le hanailís den sórt sin, agus mar chuid de sin measúnú i ndáil le fiúntas na hinfheistíochta atá beartaithe ó thaobh cúrsaí sóisialta agus/nó eacnamaíochta agus, sa chás go meastar go bhfuil fiúntas leis, measúnú i ndáil leis an mbealach is mó buntáiste ó thaobh cúrsaí eacnamaíochta chun a mbeartaítear a thabhairt i gcrích.

44.17 Rinne Aonad Eastát an HSE breithmheas ar na roghanna maidir le hionaid cúram príomhúil a fhorbairt agus tugadh chun críche é i mí Lúnasa 2008. Cuireadh an tuarascáil ar an mbreithmheas faoi bhráid Bhord an HSE é i mí Meán Fómhair 2008 lena breithniú, chomh maith le moltaí maidir le tairiscintí i ndáil le léasanna i 38 suíomh d'fhonn a gceadú.

Na Roghanna a Tugadh faoi Mheas

44.18 Leagadh amach cúig rogha sa tuarascáil breithmheasa maidir le cóiríocht a chur ar fáil d'aon mheitheal PCT amháin. Seo iad a leanas

- gan ní ar bith a dhéanamh nó an ní is lú ab fhéidir a dhéanamh – de réir an rogha seo leanfaí ag cur seirbhísí ar fáil sna hionaid chéanna ina raibh siad á gcur ar fáil (rogha 1)
- cóiríocht nua in áit na cóiríochta d'ionaid sláinte an HSE mar a bhí ann cheana – le cóiríocht do sheirbhísí agus do bhaill foirne an HSE amháin, agus go leanfadh na dochtúirí teaghlaigh ag cur cóiríochta ar fáil dóibh féin in áit eile (rogha 2)
- ionad nua cúram príomhúil a thógáil, soláthar do chóiríocht do dhochtúir teaghlaigh, saor ó chíos, san áireamh (rogha 3)
- ionad nua cúram príomhúil a thógáil, soláthar do chóiríocht do dhochtúir teaghlaigh, ar rátaí cíosa iomlána an mhargaidh, san áireamh (rogha 4)
- an spás atá de dhíth ar an HSE a thógáil ar léas in ionad cúram príomhúil a ndéantar an fhorbraíocht ina leith ar bhonn príobháideach (rogha 5).

44.19 Féachaint le roinnt gnéithe de na ceisteanna soláthair agus roinnt gnéithe de na ceisteanna feidhmiúcháin a mheas le chéile le linn an breithmheas a dhéanamh. Ar na gnéithe sin, bhí siad seo a leanas

- an éifeachtúlacht ó thaobh costais a ghabhfadh leis na modhanna éagsúla chun ionad cúram príomhúil (láraithe) a sholáthar
- na buntáistí a bhainfeadh le lárú a dhéanamh i ndáil leis an gcúram príomhúil do phobal faoi leith, bunaithe ar fhoireann PCT, a chur ar fáil in aon ionad amháin i gcomparáid le leanacht de mhodh seirbhíse scaipthe
- cibé an ngearrfaí airgead ar dhochtúirí teaghlaigh mar gheall ar chóiríocht dá gcuid seomraí in ionaid faoi úinéireacht an HSE nó nach ngearrfaí.

44.20 D'fhág na gnéithe feidhmiúcháin agus beartais sin a thabhairt san áireamh le chéile go mba dheacair na torthaí measta a bheadh ar na roghanna soláthair maidir leis an gcóiríocht, i ndáil leis na buntáistí ionchais agus leis an gcostas ar an HSE, a shonrú ar leithligh. D'ainneoin an réimse saincheisteanna a clúdaíodh, níor tugadh chun suntais roinnt gnéithe maidir le cúrsaí soláthair agus cúrsaí seirbhíse atá tagtha chun cinn i gcleachtas.

- Níor tugadh san áireamh mar chuid den bhreithmheas an rogha a bheadh ann roinnt ionad cúram príomhúil a thiomsú le chéile maidir le gnóthaí soláthair – cibé ar trí sholáthar díreach ag an HSE, trí léasáil nó trí PPP. Tá ráite ag an HSE gur pléadh sin ach nár measadh gur rogha indéanta a bhí ann mar gheall ar an gcastacht a bhain le déileáil le grúpaí éagsúla dochtúirí teaghlaigh i suíomhanna éagsúla.
- Ní dhearnadh bhreithmheas ach oiread i ndáil leis na costais choibhneasta agus na sochair choibhneasta a ghabhfadh le comhshuíomh roinnt Foirne PCT in aon ionad cúram príomhúil amháin, cé gur measadh go mbeadh roinnt ionad ann a mbeadh cóiríocht iontu do dhá nó trí mheitheal PCT.
- Ní dhearnadh measúnú sa tuarascáil bhreithmheastóireachta ar an tionchar ionchasach a bheadh ar chostas nó ar thairbhe maidir le cumraíocht de chineálacha éagsúla maidir le seirbhísí - bunfhoirne nó foirne leithnithe, agus réimsí éagsúla seirbhísí e.g. cibí an dtabharfaí seirbhísí meabhairshláinte faoi scáth Foirne nó nach dtabharfaí.

An Modh Oibre maidir leis an mBreithmheas

44.21 Rinneadh na roghanna maidir leis na modhanna soláthair a tugadh faoi bhreithmheas a scóráil de réir measúnachta i ndáil leis an sochar a ceapadh a bheadh uathu faoi shé cinn de cheannteidil: éifeachtúlacht clinice, éifeachtacht clinice, caighdeán na n-áiseanna, áisiúlacht do na hothair, bainistíocht eolais agus teicneolaíocht an eolais, agus an t-am a theastódh chun an bonneagar a chur ar fáil. Rinneadh gach rogha faoi leith a mheas faoi gach ceannteideal acu sin i ndáil leis an leibhéal sochair a measadh a thabharfaí i gcrích leo.[355]

44.22 Cuireadh na costais mheasta maidir le gach ceann de na roghanna i láthair sa tuarascáil meastóireachta agus samhail sreabhadh airgid lascainithe ar feadh 25 bliain in úsáid. I gcás roghanna a mbeadh cóiríocht nua le cur ar fáil ina leith, glacadh leis an mbonn tuisceana don samhail costála go mbeadh 990 m^2 spáis de dhíth le haghaidh lucht foirne agus seirbhísí an HSE agus go mbeadh 550 m^2 de dhíth do sheomraí dochtúra teaghlaigh ag dul leis sin. D'fhág sin go mbeadh 1,495 m^2 ar fad san ionad cúram príomhúil.

[355] Cuireadh scór slánuimhreach ar scála idir 0 agus 6 i leith leibhéil measta buntáiste a bhainfí amach de réir mar seo a leanas: náid, roinnt, níos lú ná a leath, leath, an t-iomlán agus baol éigin nach dtiocfadh i gcrích, an t-iomlán gan baol ar bith nach dtiocfadh i gcrích.

Toradh na Breithmheastóireachta

44.23 Ba é comhairle chríochnúil a cuireadh chun cinn sa tuarascáil meastóireachta gurbh í an straitéis ab fhearr, ó thaobh na mbuntáistí ionchais i ndáil le cúrsaí sláinte agus leis an tseirbhís, maidir le cóiríocht a chur ar fáil d'fhoirne PCT dá ndéanfadh an HSE na hionaid cúram príomhúil ar fad ar fud na tíre a thógáil agus cóiríocht a chur ar fáil saor in aisce do dhochtúirí teaghlaigh. Sonraíodh sa tuarascáil ina ainneoin sin go mbeadh costas níos mó ná €1 billiún níos mó ag dul leis an straitéis sin ná mar a bheadh le straitéis ina dtógfadh an HSE an spás a bhí de dhíth ar léas ón earnáil phríobháideach – arna lua sa tuarascáil maidir le dochtúirí teaghlaigh agus/nó lucht forbraíochta. Mar gheall gur measadh go dtabharfaí na buntáistí céanna nach mór i gcrích le cur chuige na hearnála príobháidí agus na léasála agus a thabharfaí le cur chuige tríd an HSE ag déanamh na tógála, agus sin ar chostas níos ísle, moladh gur leis sin an ghlacfadh Bord an HSE.

Athbhreithniú ar an mBreithmheas

44.24 Ní dhearnadh, leis na sochair a mheas, cainníochtú maidir leis an toradh measta a bheadh ag na roghanna éagsúla don chóiríocht ar fheidhmiú na bhfoirne PCT agus ar lucht úsáide na seirbhíse. Mar shampla ní dhearnadh cainníochtú maidir leis an tionchar ar an am a chaithfeadh othair ag taisteal, líon na n-othar a gcuirfí cóir orthu, an t-am a mbeadh othair ag feitheamh ná an toradh ó thaobh cúrsaí leighis.

44.25 Rinneadh an anailís maidir leis an sreabhadh airgid a chur i láthair ar bhonn praghsanna seasta i.e. níor tugadh aon bhoilsciú san áireamh. Ní raibh sin i gcomhréir leis an ráta lascaine a bhí in úsáid, ar ráta ainmniúil a bhí ann[356].

44.26 Glacadh leis go mbeadh costais feidhme na foirne PCT mar a chéile i gcás na roghanna ar fad a sonraíodh, agus dá bharr sin, níor cuireadh san áireamh iad san anailís. Ina ainneoin sin, cuireadh costais cothabhála 'lár téarma' san áireamh maidir le roinnt roghanna gan iad a chur san áireamh maidir leo ar fad. Is dócha dáiríre go mbeidh éagsúlacht ag baint le cineál na gcostas maidir le feidhmiú Foirne PCT agus le tráth a n-íoca ag an HSE ag brath ar an gcaoi a gcuirtear an chóiríocht dóibh ar fáil. Ní léir, dá réir sin, gur ar bhonn seasta a rinneadh na costais mheasta maidir leis na roghanna éagsúla a chur i gcás.

44.27 Glacadh leis mar bhonn tuisceana don cheap costála go mbeadh, i ndáil le rogha 5, áitribh le léasáil ar fáil don HSE ar ráta cíosa an mhargaidh ab ionann is €258 in aghaidh an m^2 ach le lascaine 18% i.e. €212 in aghaidh an m^2.[357] Bhíothas ag glacadh leis i ndáil le roghanna eile go mbeadh an HSE ag íoc cíosa ar ráta €258 in aghaidh an m^2, agus i ndáil le rogha 4, go mbeadh dochtúirí teaghlaigh ag íoc cíosa ar a gcuid seomraí leis an HSE ar an ráta ard céanna sin (gan lascaine).

44.28 Glacadh leis mar bhonn tuisceana go mbeadh an costas tógála ar an HSE i ndáil le hionad cúram príomhúil thart ar €4,520 in aghaidh an m^2 (de réir praghasanna 2008) ach níor tugadh mionsonraí faoi chomhdhéanamh an ráta sin. Bunaithe ar an mbonn tuisceana sin, bheadh an costas iomlán tógála i ndáil le ionad cúram príomhúil d'aon fhoireann PCT amháin ionann le €6.76 milliún.[358] Luadh sa tuarascáil gur ríomhadh ráta an chostais tógála ó eolas a cuireadh i láthair i gcáipéisí tairisceana a fuair an HSE maidir le hionaid cúram príomhúil nó áiseanna eile den sórt céanna a thógáil.

---

356 Bhí an ráta lascaine roghnaithe – 4.6% - bunaithe ar rátaí bann fadtéarmacha Rialtas na Gearmáine i lár 2008. Bhí an raon difríochta idir bannaí na hÉireann agus na Gearmáine thart ar 0.4% an tráth sin.

357 Luadh sa tuarascáil measúnóireachta go ndearnadh na rátaí seo a ríomh ó na socruithe a bhí aontaithe i ndáil le deich suíomh píolótach, ach níl na sonraí a chuirtear ar fáil sa tuarascáil (Aguisín 5) ag teacht leis an áiteamh sin.

358 Glacadh le €1 milliún i ndáil le costais an tsuímh, rud a d'fhágfadh an costas measta don ionad ag €7.76 milliún in iomláine.

44.29 Tugadh faoi deara le linn na hiniúchóireachta go dtugtar le tuiscint i gcomhfhreagras inmheánach de chuid an HSE i dteachtaireacht ríomhphoist dar dáta 27 Iúil 2009 maidir le tionscadal faoi leith gur luadh go raibh an costas tógála ina ndeachaigh an lucht forbraíochta ar ionad cúram príomhúíl léasáilte a bhí tugtha chun críche thart ar €2,000 in aghaidh an m^2.[359] Cé nach dócha go mbeadh iomlán na gcostas a bhain leis an tionscadal san áireamh leis an ráta sin, is deacair a thuiscint cad chuige a mbeadh gá ag an HSE oiread eile sa bhreis ar an méid a chaith an lucht forbraíochta príobháideach a chaitheamh chun ionad cúram príomhúil den chaighdeán céanna a chur ar fáil.

44.30 Bhí mar chuid den bhreithmheas a rinne an HSE tástáil ar a mhéid a chuirfí isteach ar na costais measta i ndáil leis na roghanna éagsúla dá dtarlódh an costas tógála níos ísle (€3,165 in aghaidh an m^2) nó dá mbeadh ráta lascaine níos ísle i bhfeidhm. Thángthas ar an gcomhairle go raibh torthaí na hanailíse seasmhach mar gheall gur beag athrú a cuireadh ar ord na roghanna. In ainneoin sin a áiteamh, bhí an difríocht idir costas roghanna éagsúla i bhfad níos lú, rud a d'fhág nach raibh an rogha a bhí le déanamh maidir le polasaithe chomh soiléir céanna, agus ní dhearnadh aon chíoradh ar an athrú a thiocfadh ar ord na roghanna i gcomórtas lena chéile i gcásanna faoi leith.

44.31 Glacadh leis freisin san anailís a rinne an HSE ar an gcostas a ghabhfadh leis na roghanna éagsúla nach mbeadh luach iarmharach ar bith le cóiríocht a thógfadh an HSE féin faoi cheann tréimhse 25 bliain, ar an mbunús nach ndéanfaí an obair chothabhála a bheadh de dhíth ar an ionad cúram príomhúil tar éis timpeall is 15 bliain. Ó tharla an costas ard a bhí á bheartú don obair thógála, ní raibh mórán dealraimh leis an mbonn tuisceana sin. Cuireadh an costas athchóirithe ag bliain 10 san áireamh i gcostas measta rogha 1.

44.32 Taobh amuigh de mheastachán na bliana 2001 maidir le clár deich mbliana a chosnódh idir €1 billiún agus €1.5 billiún (i bpraghsanna na bliana 2001), níor fhoilsigh an HSE meastacháin ar bith maidir le costas foriomlán an chláir maidir le hionaid cúram príomhúil. Bunaithe ar an gcostas tógála measta maidir le hionaid faoi úinéireacht an HSE (€7.76 milliún), bheadh costas caipitil iomlán isteach is amach le €2.5 billiún go €3 billiún le craobhchóras ionad cúram príomhúil lena mbainfeadh 350 go 400 ionad[360]. Ní dhearnadh ardú ó scála sa tuarascáil measúnóireachta ar na costais a bhainfeadh leis na roghanna soláthair éagsúla d'fhonn meastachán a thabhairt ar chostas iomlán an chláir maidir le hionaid cúram príomhúil, agus níor tugadh faoi mheas ar chor ar bith sa tuarascáil measúnóireachta an mbeifí in ann costas an chláir a sheasamh ná an tionchar a mbeadh súil leis ar bhuiséid HSE .

---

359 Luaitear mar chuid den sceideal maidir le táscairí costas tógála a d'fhoilsigh Davis Langdon PKS, comhlacht suirbhéireachta cainníochta seanbhunaithe, san Athbhreithniú Bliantúil uathu i leith na bliana 2010, idir €1,400 agus €1,800 in aghaidh an m^2 (praghasanna Eanáir 2010) mar ráta aonaid i ndáil le hionad cúram príomhúil a thógáil. Bhí an ráta sin bunaithe ar an gcostas measúnaithe a bhainfeadh le hionad aonair a thógáil. Ina ainneoin sin, tá an ráta a luaitear ag teacht leis an ráta a luaitear (ar leibhéal sonraíochta níos airde) le hospidéal a thógáil (idir €1,700 agus €2,600 in aghaidh an m^2) agus leis na rátaí a luaitear leis an tógáil ar chóiríocht oifige.

360 De bharr go bhféadfaidh roinnt ionad cóiríocht a chur ar fáil do níos mó ná foireann PCT amháin, d'fhéadfadh líon iomlán de thart ar 350 - 400 ionad cóiríocht a chur ar fáil don sprioc náisiúnta de líonra de 500 foireann PCT'

Conclúid – Breithmheas maidir le Roghanna don Soláthar

Ba cheart go mbeadh breithmheas eacnamaíochta mionsonraithe déanta ag an HSE sular cuireadh an clár léasála ar bun. Mar a tharla dáiríre, is tar éis tograí léasála a iarraidh ón lucht forbraíochta i ndáil le 259 suíomh, ach sular eisíodh litreacha rúin maidir le glacadh le tairiscintí léasála, a rinneadh an breithmheas.

Bhí measúnú an HSE ar na roghanna don soláthar maidir le hionaid cúram príomhúil easnamhach i ndáil le roinnt gnéithe den chás.

- Ní dhearnadh cainníochtú ar an tionchar ionchais a bheadh ar lucht úsáide na seirbhísí ná ar oibriú na Foirne PCT ó na roghanna éagsúla cóiríochta leis an measúnú ar na buntáistí.
- Níor cuireadh bunús leordhóthanach le boinn tuisceana a bhí in úsáid agus meastachán á dhéanamh ar chostais.
- Bhí roinnt roghanna maidir leis an soláthar, mar shampla, soláthar a dhéanamh ar ionaid mar thionscadail chuachta PPP, nach ndearnadh a chíoradh beag ná mór.
- Níor díríodh ar scála costais an chláir ná ar an dóigh go bhféadfaí an costas a sheasamh i gcomhthéacs bhuiséad fhoriomlán an HSE le linn na measúnóireachta.

Tríd is tríd, ní cosúil go raibh an breithmheas a rinneadh ar aon dul lena mbeadh de dhíth i ndáil le clár suntasach caipitil a mb'fhiú cuid mhór sa bhreis ar €1 billiún é.

Ionaid Cúram Príomhúil a Léasáil

44.33 Bhí roinnt céimeanna ag baint leis an bpróiseas a thug an tAonad Eastát san HSE chun cinn maidir le hionad cúram príomhúil a chur ar fáil trí shocrú léasála. Seo a leanas na príomhchéimeanna de réir mar a beartaíodh

- gairm phoiblí ar thograí maidir le cóiríocht léasála a chur ar fáil i suíomhanna sonraithe (bailte móra den chuid is mó nó bruachbhailte sonracha i gcathracha)
- measúnú a dhéanamh ar na tograí a thiocfadh mar gheall ar an gcuireadh léiriú spéise a chur faoi bhráid d'fhonn togra céad rogha (dá mb'ann dá leithéid) a shonrú
- litir faoina raibh ar intinn a eisiúint ón HSE le lucht forbraíochta an togra céad rogha ar théarmaí costais táscacha, a ligfeadh don idirbheartaíocht agus don phleanáil maidir leis an ionad dul chun cinn
- comhaontú maidir le léasáil a shíniú, trína gceanglófaí ar an HSE leanacht ar aghaidh le togra ar bhonn téarmaí cíosa agus táille seirbhíse aontaithe, faoi réir ag an bhforbraíocht a thabhairt i gcrích de réir sonraíochta aontaithe agus coinníollacha sainluaite
- léas a shíniú ar an ionad a bheith réidh chun a chur i mbun feidhme.

44.34 Faoin gceap samhalta léasála, bhíothas ag tuar go mbeadh spás á léasáil ag an HSE do lucht foirne agus do sheirbhísí an HSE agus go mbeadh spás do sheomraí na ndochtúirí teaghlaigh a mbeadh baint acu leis an bhfoireann PCT á léasáil acu féin san ionad céanna. Dá réir sin, sa chás gur breithníodh critéir an HSE á sásamh le togra léasa, d'éiligh an HSE ar an gcomhlacht forbraíochta a bhí i gceist dearbhú spéise sínithe a fháil ó thriúr dochtúirí teaghlaigh ar a laghad a bhí cláraithe leis an tSeirbhís Liachta Ghinearálta (GMA) agus a raibh suim acu a gcuid seomraí a lonnú in aon áit leis an ionad. Ní raibh na dearbhuithe sin, ina dhiaidh sin féin, ina gceangal ar na dochtúirí teaghlaigh ná ar an gcomhar cleachtais a shínigh iad. Anuas air sin, d'fhéadfadh an dochtúir teaghlaigh amháin nó an comhar cleachtais amháin dearbhú a chur ar fáil do dhreamanna forbraíochta éagsúla. An dream forbraíochta nach mbeadh ar a gcumas dearbhuithe spéise arna síniú ag dochtúirí teaghlaigh a chur ar fáil, chuirfí amach as an bpróiseas iad.

44.35 Tháinig níos mó ná 900 léiriú spéise chuig an Aonad Eastát go lárnach mar fhreagra ar an dá ghairm i mí na Nollag 2007 agus i mí Iúil 2008 maidir le léiriú spéise a chur isteach. Rinne an tAonad na tograí a tháinig a bhreithniú d'fhonn cinntiú ro raibh critéir áirithe a sonraíodh á sásamh, ina measc oiriúnacht an tsuímh a bhí á chur chun cinn don ionad.

Rátaí Cíosa

44.36 Bhí roinnt téarmaí tráchtála molta lena gcur sna léasanna, a leagadh amach i dtreoirlínte an HSE maidir le léasanna d'ionaid cúram príomhúil sa bhliain 2008, a mbeadh tionchar á imirt acu ar an gcíos is dócha a bheadh le híoc. Ina measc sin, bhí siad seo a leanas

- téarma léasa idir 15 agus 35 bliain, le rogha athnuachan a dhéanamh ag deireadh ré an léaasa – faoi mar a tharla dáiríre, is téarma 25 bliain an gnáth-théarma léasa a aontaíodh
- ní bheadh aon chlásál fuascailte i ndáil leis an léas a chur ar ceal le linn téarma an léasa (ach amháin go mbeadh de rogha ag an HSE éalú ón léas sa chás go scorfadh dochtúirí teaghlaigh GMS ó chóiríocht dá gcuid seomraí a thógáil san ionad)
- leibhéil cíosa le lascaine suntasach i gcomparáid le rátaí an mhargaidh
- athbhreithniú cíosa bunaithe ar cheangal leis an innéacs praghasanna tomhaltais (CPI) seachas le cíosanna sa mhargadh[361]
- táille maidir le seirbhís fóntais a íoc leis an lucht forbraíochta, anuas ar an gcíos, a dtiocfadh gnáthobair chothabhála, soláthar fuinnimh, glantachán, slándáil (dá mba ghá) agus seirbhísí áirithe eile san áireamh leis.

Tagarmharcáil maidir le Cíosanna sa Mhargadh

44.37 D'fhostaigh an tAonad Eastát comhlacht gníomhaireachta eastáit ar coimisiún sa bhliain 2008 chun comhairle a chur ar fáil maidir le rátaí an mhargaidh mar a bhí i réim i ndáil le cóiríocht oifige 'seach-chreata agus chroíleacáin' i ngach ceann de na suíomhanna a bhain leis na tograí forbraíochta a bhí á mbreithniú. Cé nach mar a chéile leis an bhfeistiú a theastódh taobh istigh ar ghnáthoifigí na linne an feistiú a theastódh d'ionad cúram príomhúil, is den chineál céanna go bunúsach an foirgneamh agus na seirbhísí fóntais a ghabhann leis.

44.38 De réir mheastachán an Aonaid Eastát, bheadh costas timpeall is €75 in aghaidh an m^2 mar chostas sa bhreis i ndáil le cóiríocht seach-chreata agus croíleacáin a fheistiú agus a chur in oiriúint mar ionad cúram príomhúil. Anuas ar na gnáthchostais feistiúcháin, bhí riachtanais eile san áireamh, mar shampla breis landairí chun oifigí, seomraí cóireála agus seomraí feithimh poiblí a dheighilt ó chéile agus córas uisce / fuíolluisce a chur isteach sna seomraí cóireála. Cuireadh allúntas maidir le cúrsaí feistiúcháin le ráta an mhargaidh de réir mar a bhí luaite ag na gníomhairí eastáit d'fhonn cíos tagarmhairc measúnaithe an HSE a ríomh.

44.39 Chuir an tAonad moltaí caiteachais i ndáil le tairiscintí léasa faoi bhráid an Bhoird d'fhonn a gceadú ar ocht gcinn d'ócáidí idir mí Iúil 2008 agus mí Iúil 2010. B'iondúil na tagarmharcanna measúnaithe a léiríodh i ndáil le gach cnuasach tograí ag titim taobh istigh de réimse cúng go maith, seachas corr chás eisceachta taobh amuigh den réimse sin. Mar a léirítear le Fíor 177, b'iondúil rátaí níos airde á meas i leith suíomhanna i mBaile Átha Cliath i gcomparáid le suíomhanna amach faoin tír. Tá

[361] D'fhéadfadh gan ach margadh an-teoranta do mhaoin tráchtála a bheith in go leor de na sprioc-shuíomhanna d'ionaid cúram príomhúil, agus mar sin ní bheadh mórán fianaise ar an ráta margaidh ann, ar a bhféadfaí athbhreithniú cíosa a bhunú. Is bunús níos cinnte d'athbhreithniú é nasc leis an CPI.

ráta athraitheachais níos ísle i gceist leis an réimse maidir le cíosanna measúnaithe idir na cineálacha éagsúla suíomhanna ná an gnáthréimse sa mhargadh do mhaoin sealbhais.

44.40 Tháinig ísliú faoi timpeall is 21% i ndáil le suíomhanna i mBaile Átha Cliath agus faoi 32% i ndáil le suíomhanna faoin tír ar rátaí tagarmhairc measúnaithe an HSE ó na buaicrátaí.[362] Arna bhunú ar thagarmharcanna foilsithe, tháinig ísliú idir 25% agus 33% ar rátaí cíosa an mhargaidh i ndáil le cóiríocht seach-chreata agus croíleacáin i rith na tréimhse atá i gceist.[363]

Fíor 177 Tagarmhairc an HSE maidir le Cíos Ionaid Cúram Príomhúil, 2008 - 2010

An dáta a cuireadh faoi bhráid Bhord an HSE	Líon na suíomhanna a tugadh faoi mheasúnú	Tagarmharcanna measúnaithe an HSE[a] (in aghaidh an m^2)	
		Suíomhanna i mórcheantar Bhaile Átha Cliath	Suíomhanna faoin tír
Iúil 2008	4	Níorbh ann dóibh	€226 - €242
Meán Fómhair 2008	38	€253 - €291	€253 - €258
Eanáir 2009	44	€258 - 269	€237 - €258
Feabhra 2009	41	€242	€242 - €255
Márta 2009	17	€237 - €269	€237
Meitheamh 2009	13	€235	€221
Samhain 2009	18	€215 - €258	€205 - €215
Iúil 2010	28	€188 - €238	€161 - €188

Foinse: Cáipéisíocht a chuir an tAonad Eastát faoi bhráid Bhord an HSE

Nóta: a Tá roinnt de na réimsí a luaitear nach dtugtar san áireamh leo líon beag luachanna eisceachtúla / seachréimse.

362 Is le lárphointí na réimsí in úsáid a dhéantar an t-athrú ar rátaí a ríomh.

363 Féach mar shampla, nuachtbhileoga tráthrialta DTZ Sherry Fitzgerald maidir leis an margadh maoin sealbhais.

Lascaine Cíosa

44.41 Is iondúil go ndéantar an anailís ar rátaí an mhargaidh maidir le maoin sealbhais ar cíos bunaithe ar na rátaí ar a dtugtar 'rátaí ceannlíne' – is é sin, an praghas a éilíonn an tiarna talún / an t-úinéir. Is é a tharlaíonn go hiondúil go mbíonn leibhéal an chíos a bhaintear amach (nó an ráta éifeachtach) níos ísle ná sin. Bíonn éagsúlacht i gceist maidir le leibhéal an lascaine agus an dóigh ina dtugtar an lascaine i bhfeidhm – is minic go dtugtar an lascaine trí thréimhse cairde saor ó chíos ag tús thréimhse an léasa, ionas go gcaomhnaítear sa léas an ráta cíosa atá in ainm is a bheith ann. Is iondúil gur ag brath ar leibhéal an tsoláthair agus an éilimh sa mhargadh áitiúil a bhíonn an cineál lascaine agus leibhéal an lascaine a chuirtear ar fáil. Braitheann na lascainí ar féidir a chur ar fáil ar fhachtóirí mar soláthar agus éileamh áitiúil, fad léasa agus méid na maoine, de ghnáth.

44.42 Ó tharla gur trí idirbheartaíocht caibidlíochta a thagtar ar na leibhéil cíosa éifeachtúla agus nach bhfoilsítear iad, is deacra iad a shonrú ná na rátaí ceannlíne. Ina ainneoin sin, tá tuarascáil iontaofa faoi anailís ar an margadh ina luaitear gurbh é an cineál dreasachta ba choitianta a chur ar fáil maidir le hoifigí ardchaighdeáin i mBaile Átha Cliath i lár na bliana 2008, sé mhí saor ó chíos at tús léas cúig bhliana – rud ab ionann agus lascaine 10% i dtús báire.[364] Tar éis maolú suntasach ar an éileamh ar áitribh oifige sa mhargadh faoi lár na bliana 2010, bhí an leibhéal dreasachta maidir le hoifigí ardchaighdeáin i mBaile Átha Cliath ardaithe de réir tuairiscí go dtí dhá mhí in aghaidh na bliana maidir le téarma cinnte an léasa – rud ab ionann agus ráta lascaine timpeall is 17%. Tuairiscíodh go raibh dreasachtaí den sórt sin ar fáil sa margadh oifigí i mbruachbhailte Bhaile Átha Cliath.

44.43 Sonraíodh i dtreoirlínte an HSE maidir le hionaid cúram príomhúil a fhorbairt sa bhliain 2008 nárbh fholáir lascaine suntasach ar rátaí an mhargaidh áitiúil i ndáil le gach suíomh a léiriú maidir leis na costais a chuirfeadh an lucht forbraíochta chun cinn. Sonraíodh sprioc de lascaine 18% ar a laghad go hinmheánach. Cuireadh sin i bhfeidhm ar na rátaí tagarmhairc de réir mheasúnóireacht an HSE, faoi mar a leagtar amach thuas, d'fhonn uasleibhéal cíosa a ríomh maidir le gach suíomh, agus d'aontaigh Bord an HSE an leibhéal sin ina dhiaidh sin. Go ginearálta, bhí na cíosanna a aontaíodh i ndáil le léasanna faoi leith faoin uasleibhéal cíosa a bhí leagtha síos ag an mBord.

44.44 I mí Eanáir 2011, cheadaigh Bord an HSE moladh ón Aonad Eastát an leibhéal lascaine a bhí á chur i bhfeidhm agus an cíos uasteorann do shuíomhanna faoi leith á shocrú a ísliú ó 18% go dtí 5% 'i bhfianaise chúinsí an mhargaidh faoi láthair'. B'ionann sin agus ardú timpeall is 16% i ndáil leis an leibhéal cíosa a bhí an HSE sásta a íoc maidir le hionaid a thógáil ar cíos, agus géilleadh ar chuid shuntasach den ísliú ar chíosanna tagairmhairc, a bhí ag leanacht na gcíosanna tráchtála sa mhargadh.

44.45 Tá ráite ag an HSE go raibh an laghdú sa lascaine a iarradh riachtanach de bharr go raibh bunphointe bainte amach sa mhargadh cíosa tráchtála agus gur féidir oifigí folmha agus bunchóiríocht a léasáil anois ag ráta go maith faoi bhun an leibhéal costais. Measann sé go bhfuil an margadh curtha as riocht ag stoc mór cóiríocht oifige atá ar fáil i bpáirceanna gnó agus in áiteanna nach bhfuil luach mór acu mar ionaid cúram príomhúil. Dúirt sé gur forbairtí nua iad an chuid is mó de na hionaid cúram príomhúil beartaithe nach féidir a chur ar fáil ar an ráta margaidh do chóiríocht oifige.

[364] D'fhéadfaí bheith ag súil le rátaí lascaine níos airde i ndáil le léasanna níos faide ná sin.

Comhaontuithe maidir le Cíos agus Táille Seirbhíse Fóntais

44.46 Tá cuid mhór de na léasanna a bhfuil idirbheartaíocht ar siúl chun margadh a dhéanamh ina leith faoi láthair a d'aontaigh Bord an HSE sa bhliain 2008 nó sa bhliain 2009, bunaithe ar na leibhéil cíosa measúnaithe an tráth sin. Ar an gcúis sin, d'fhéadfadh go mbeadh farasbarr cúitimh as an gcostas tógála, a mbeadh titim suntasach air ón mbliain 2008 i leith, á thabhairt don lucht forbraíochta le leibhéal na gcíosanna agus na dtáillí seirbhíse fóntais atá aontaithe. D'fhéadfadh, ina ainneoin sin, go mbeadh ardú tagtha ar an gcostas airgeadais a dtéann lucht forbraíochta ann i ndáil le tionscadail den chineál seo.

44.47 Rinneadh scrúdú le linn na hiniúchóireachta ar na comhaontuithe cíosa i ndáil le ceithre cinn de shuíomhanna d'fhonn déanamh amach cén chomparáid a bhí idir costas cíosa faoi na léasanna agus rátaí tagarmhairc an mhargaidh. Cuirtear toradh an scrúdúcháin sin i láthair i bhFíor 178.

Fíor 178 Rátaí Tagarmhairc agus Rátaí Éifeachtúla Cíosa agus Táillí Seirbhíse Fóntais, Suíomhanna Áirithe

Ionad Cúram Príomhúil	Rátaí an mhargaidh d'áitreabh seach-chreata agus croíleacáin[a]	Tagarmharc measúnaithe an HSE[b]	Cíos éifeachtach		Táille seirbhíse fóntais
	an m^2	an m^2	an m^2	lascaine intuigthe[c]	an m^2
Baile Uí Ógáin	€150 - €194	€269	€237	12%	55
Ceatharlach	€161 - €172	€245	€199	19%	53
Guaire	€140 - €161	€253	€207	18%	44
Mullach Eadrad	€172 - €215	€258	€207	18%	54

Foinse: Anailís de chuid Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Nótaí: a Bearta measúnóireachta de chuid Savills (ar coimisiún ón HSE). Baineann na rátaí le deireadh na bliana 2008 / tús na bliana 2009.

b Tá allúntas maidir le hobair feistiúcháin san áireamh.

c An difríocht idir an cíos éifeachtúil agus tagarmharc measúnaithe an HSE arna lua mar chéatadán.

44.48 I bhformhór na gcásanna, is ar ráta seasta in aghaidh an m^2 (faoi réir ag ardú ag teacht leis an CPI), a bhunaítear na aontuithe le tiarnaí talún maidir le muirir seirbhísí. Sna cásanna a cuireadh faoi scrúdú, bhí an ráta aontaithe nó an ráta a baineadh amach maidir le murir seirbhíse cothrom tríd is tríd le idir 20% agus 26% den leibhéal cíosa (féach Fíor 178).

44.49 Admhaíonn an HSE go bhféadfadh na rátaí tosaigh maidir le táillí seirbhíse fóntais a bheith ard i gcomparáid le rátaí an mhargaidh. Deirtear, os a choinne sin, nach mbeidh na suimeanna a bheidh le híoc faoi réir ag athraitheachas e.g. sa chás go mbeadh gá le hobair chothabhála ar chostas ard, mar shampla ardaitheoir nua a chur isteach, ó tharla go n-aontaítear rátaí seasta in aghaidh an m^2, de rogha ar rátaí athraitheacha de réir chostais an chomhlachta bainistíochta. Tá sé ag súil chomh maith nach mbeidh sé dlite do mhuirir i ndáil le trochlú ag deireadh an téarma léasa.

Ardú Rátaí

44.50 Foráiltear i gcás trí cinn de na ceithre léasanna a scrúdaíodh d'athbhreithniú ar an gcíos i gcomparáid leis an CPI gach cúig bhliana. Faoin ceathrú léas – ar cuireadh tús leis an gcaibidlíocht in ndáil leis sular fógraíodh an clár léasála – baineann an t-athbhreithniú le rátaí cíosa sa mhargadh. Tá dhá chás ann ar ardú amháin is féidir i gcás athbhreithnithe. Sna cásanna eile, athraítear leibhéil an chíosa suas agus anuas de réir an athraithe ar an CPI.

44.51 Tá luaite ag an HSE gurbh é ba ghnáth maidir le comhaontuithe léasa, go dtí gur cuireadh cosc le héifeacht ón 1 Márta 2010 ar athbhreithniú cíosa arbh é an t-ardú amháin a d'fhéadfadh a bheith de thoradh air, gur athbhreithniú cíosa i ndáil le hardú amháin a ndéantaí foráil iontu dó. Dá réir sin, coinníodh an choinníoll sin sna léasanna a ghabh lena leithéid, fiú nuair is ón 1 Márta 2010 a síníodh iad. Luaigh an HSE chomh maith go mbeidh sábháil airgid de thoradh ar athbhreithniú léasa trí thagairt don CPI ó tharla gur coigeartú teicniúil atá i gceist agus nach mbeidh meastóireacht lucht gairme agus / ná eadráin de dhíth.

Cíosanna ó Dhochtúirí Teaghlaigh

44.52 Fágann an ceangal de réir conartha ar an lucht forbraíochta i ndáil le hionaid cúram príomhúil cinntiú go mbíonn dochtúirí teaghlaigh a bhaineann leis an bhfoireann PCT ag obair as an áitreabh céanna go bhféadfadh cumhacht faoi leith a bheith ag na dochtúirí teaghlaigh sa mhargáil maidir le téarmaí a gcuid léasanna féin a aontú. Níl aon eolas ar fáil maidir leis an leibhéal cíosa agus / ná na táillí seirbhíse fóntais atá á íoc ag dochtúirí teaghlaigh maidir leis an spás atá acu in ionaid cúram príomhúil ag síneadh le háitreabh de chuid an HSE.

An Costas Foriomlán maidir leis na Léasanna

44.53 Is ionann an dliteanas i leith cíosa maidir leis na hionaid cúram príomhúil a bhí i mbun feidhme ar an 31 Nollaig 2010 agus €2.76 milliún in aghaidh na bliana (gan VAT a áireamh)[365]. Ar an obair maidir le tríocha saoráid eile a bhfuil comhaontú léasála sínithe ina leith a thabhairt chun críche, tiocfaidh ardú ar an gcostas léasála in aghaidh na bliana go dtí €9.9 milliún in aghaidh na bliana (gan VAT a áireamh). Ciallaíonn sin meánchostas léasála in aghaidh an ionaid isteach is amach le €230,000. Ar na táillí seirbhíse fóntais (atá bunaithe ar achar urláir chomh maith) a thabhairt san áireamh, tá an meánchostas isteach is amach le €276,000 in aghaidh an ionaid in aghaidh na bliana.

44.54 VAT ar Léasanna

44.55 Anuas ar na híocaíochtaí i ndáil leis an gcíos, tá cnapshuimeanna a d'íoc an HSE i ndáil le VAT ar thosach feidhme léasanna áirithe maidir le hionaid cúram príomhúil. Fuair an HSE comhairle dlíodóra faoin gceist sin tar éis athrú ar an réimeas VAT a theacht i bhfeidhm le héifeacht ón 1 Iúil 2008 a raibh tionchar aige ar ghearradh cíosa i ndáil le léasanna maoin sealbhais. Mar seo a leanas an leagan amach ar an gcás de réir na comhairle a tugadh.

- Ó tháinig an t-athrú i bhfeidhm, tá de rogha ag tiarnaí talún VAT a ghearradh ar chíosanna. Is iondúil go ndéantar sin maidir le léasanna tráchtála. Dá réir sin, déanann tiarnaí talún VAT ar chaiteachas a aisghabháil agus gearrtar VAT ar an gcíos a bhíonn le híoc leo. Bíonn ar chumas tionóntaí tráchtála VAT a aisghabháil agus ní ionann an VAT a íoctar ar an gcíos agus costas dá réir sin.
- Mar is ionann leis an gcuid is mó de na comhlachtaí poiblí, ní féidir leis an HSE VAT a aisghabháil. Dá réir sin, bheadh VAT a ghearrfaí ar chíos ina chostas ar an HSE.

[365] Ní thugtar san áireamh leis an bhfigiúr seo an costas léasála maidir le Saoráid Cúram Sláinte Bhaile Munna ar aontaigh an HSE léas airgeadais ina leith sular tosaíodh ar an gclár léasála reatha. Tá cóiríocht san ionad sin do lucht foirne eile de chuid an HSE nach mbaineann leis an bhfoireann PCT.

- Ó tharla an VAT a ghearrtar ar chíos a ghearradh ar ráta 21.5% (ón 1 Nollaig 2008) agus an VAT ar sheirbhís fo-chontaitheora a chuirtear ar fáil do lucht forbraíochta á ghearradh ar ráta 13.5%, is iondúil go mba tíosúla don HSE a aontú leis an tiarna talún nach mbeadh VAT á ghearradh ar an gcíos agus ina áit sin an tiarna talún a chúiteamh as an VAT nach bhféadfaí a aisghabháil. D'fhéadfaí an cúiteamh sin a íoc trí íocaíocht aon uaire i dtús báire nó trí chíos níos airde a íoc ar feadh téarma an léasa (nó trí mheascán den dá chóras).
- D'fhágfadh impleachtaí ó thaobh cánachais don tiarna talún (ag brath ar an modh íocaíochta a socrófaí air) agus / nó rogha fuascailte a fhorfheidhmiú le linn théarma an léasa an ríomh ar an gcur chuige ab fhearr níos casta.

44.56 Sa dá chás a ndearnadh scrúdú ina leith, d'aontaigh an HSE cnapshuim a íoc leis na tiarnaí talún i ndáil leis an aisíoc VAT a bhí á ligean uathu acu. Íocaíocht €230,000 a bhí i gceist i gcás amháin acu sin agus íocaíocht €203,000 sa chás eile. Tá léiriú ar an gcostas tógála i ndáil leis an gcóiríocht a tógadh ar léas i gceist leis na suimeanna sin.

Gnáthrúibricí maidir leis an Soláthar Spáis

44.57 Luadh sna treoirlinte a d'fhoilsigh an HSE sa bhliain 2008 don lucht forbraíochta ar ionaid léasaithe an spás measta a bhí le cur ar fáil do sheirbhísí an HSE féin i ngach ionad cúram príomhúil trí thagairt do líon na Foirne PCT a bheadh ceangailte leis (féach Fíor 179). Bhí i gceist go bhfaigheadh dochtúirí teaghlaigh spás dá gcuid seomraí féin san ionad faoi shocrú faoi leith leis an lucht forbraíochta. Bhí i gceist go mbeadh an costas maidir le réimsí comónta, an t-ionad fáilteoireachta, seomra spraoi do leanaí, forsheomraí/pasáistí, leithris, staighrí, ardaitheoirí agus seomraí stórais á roinnt i gcomhar idir an HSE agus na dochtúirí teaghlaigh.

Fíor 179 Treoirlínte an HSE maidir le Riachtanas Spáis in Ionaid Cúram Príomhúil an HSE (2008)

Líon na bhFoirne PCT in aon ionad	Spás do sheirbhísí an HSE	Spás i gcomhar[a]
1	546 - 670 m^2	364 - 536 m^2
2	739 - 836 m^2	466 - 605 m^2
3	1,030 - 1,128 m^2	518 - 647 m^2

Foinse: Cáipéis Treorach an HSE maidir le Forbraíocht i ndáil le Cúram Príomhúil (Iúil 2008)

Nóta: a Bheadh dliteanas an HSE maidir le costas an spáis chomhair bunaithe ar sciar an HSE den achar foriomlán, achar na cóiríochta do dhochtúirí teaghlaigh san áireamh.

44.58 Léirítear i bhFíor 180 go raibh dhá thrian de na hionaid cúram príomhúil a bhí i mbun feidhme nó a rabhthas i mbun pleanála orthu faoi dheireadh na bliana 2010 ar aon fhoireann PCT amháin a ceapadh a mbeadh cóiríocht iontu dóibh. Bhí an ceathrú cuid de na hionaid ar ceapadh go mbeadh cóiríocht iontu do dhá fhoireann PCT arna gcomhshuíomh le chéile. Bhí an dara cuid déag de na hionaid ar ceapadh cóiríocht a chur ar fáil iontu do thrí fhoireann PCT arna suíomh in éineacht.

Fíor 180 Ionaid cúram príomhúil i mbun feidhme nó á bpleanáil ag deireadh na bliana 2010, de réir líon na bhFoirne PCT a bheidh suite iontu



Foinse: Bunachar eastát an HSE maidir le hionaid cúram príomhúil (228 Ionad)

44.59 Cé go mbeadh breis spáis de dhíth i gcás foireann PCT le foireann leithnithe i gcomparáid le bunmheithleacha PCT, níor luaigh an HSE líon na bhFoirne ná cineál na bhFoirne a raibh cóiríocht le cur ar fáil dóibh sna suíomhanna a fógraíodh. Ina ainneoin sin, fágann na réimsí a luaitear sna treoirlínte maidir le spás gur féidir líon éagsúil daoine sna foirne de chuid an HSE sna hionaid agus réimsí éagsúla seirbhísí á gcur ar fáil. Is léir chomh maith go bhfuiltear ag súil le breis tíosúlachta maidir le húsáid spáis in ionaid ina gcuirtear cóiríocht ar fáil do dó nó trí cinn d'fhoirne PCT comhshuite.

44.60 Tá de pholasaí ag an HSE faoi láthair go mbeadh gach foireann PCT ag freastal ar cheantar ina mbeadh daonra sa réimse idir 7,000 agus 10,000 duine.[366] Tugtar san áireamh leis an réimse sin na riachtanais maidir le cúram príomhúil a bheadh ag na daoine i gceantar faoi leith, nach ionann iad ag brath ar ghnéithe éagsúla, mar shampla, próifíl aoiseanna, saibhreas nó daibhreas, etc.

44.61 Rinne an HSE meastachán maidir le líon na ndaoine a mbeadh gach ionad cúram príomhúil freastal orthu, agus sonraí daonra 2006 á úsáid aige[367]. Is léir uaidh sin go mbíonn, agus a chur san áireamh go bhfuil níos mó ná foireann PCT amháin i roinnt ionad, daonra limistéar an ionaid sa réimse beartaithe idir 8,000 agus 12,000 i 36% de na cásanna. I 56% de na cásanna, tá daonra limistéar an ionaid faoi bhun 7,000. Sáraítear uasteorainn daonra an limistéir i dtimpeall ar 8% de na háiteanna.

44.62 Léirítear i bhFíor 181 an spás agus an daonra a ndéantar freastal air i ndáil le ceithre cinn d'ionaid cúram príomhúil a ndearnadh athbhreithniú ina leith mar chuid den iniúchadh. Seo a leanas na gnéithe is mó tábhacht ina leith sin

- Tá daonra an cheantair i ndáil le foireann PCT Bhaile Uí Ógáin, díreach faoi bhun 14,000, beagnach dhá oiread dhaonra na Foirne PCT eile ar an meán.

366 Is é an chéad sprioc a leagadh amach ar dtús sa bhliain 2001 foireann PCT amháin i ndáil le ceantar ina mbeadh daonra idir 3,000 agus 7,000 duine. Leasaíodh sin ina dhiaidh sin go dtí foireann PCT amháin i ndáil le ceantar ina mbeadh daonra idir 7,000 agus 10,000 duine. Ní soiléir cén tráth ar glacadh leis an gcóimheas reatha (1 Foireann PCT: 8,000 - 12,000 duine).

367 Beidh gá le leasú ar anailís reatha an HSE i bhfianaise méadú ar an daonra agus athlonnú dhaoine faoi mar is léir ó dhaonáireamh na bliana 2011.

- Tá beartaithe cóiríocht a chur ar fáil sna háitribh atá tógtha ar léas i gCeatharlach do thrí cinn de mheithleacha PCT. Tá le tuiscint ó threoirlínte an HSE sa bhliain 2008 gur ionann an uasmhéid spáis atá de dhíth maidir le hionad ina mbeadh cóiríocht ar fáil do thrí cinn d'fhoiren PCT agus 1,128 m^2 i ndáil leis an spás don HSE féin maille le sciar cuí den spás i gcomhar (cuirtear i gcás 325 m^2, ar an tuiscint gur sciar 50% a bheadh i gceist). Ar an mbunús sin, is é an t-achar spáis is mó a mheasfaí a bheadh de dhíth i ndáil le hionad ina mbeadh trí fhoireann PCT thart ar 1,450 m^2. Tá an spás atá tógtha ar léas i gCeatharlach (1,800 m^2) 24% níos mó ná sin.

Fíor 181 Spás ar Léas[a] agus an Sprioclíon Daoine maidir le hIonaid Cúram Príomhúil Áirithe, deireadh na bliana 2010

Ionad cúram príomhúil	Líon na bhFoirne PCT	Spás ar léas (m^2)	Daonra an Cheantair	
		Iomlán	Iomlán	in aghaidh na foirne PCT
Baile Uí Ógáin	1	683	13,939	13,939
Ceatharlach	3[b]	1,800	23,990	7,999
Guaire	1(of 3)[c]	651	23,742	7,914
Mullach Eadrad	1	748	7,856	7,856

Foinse: Anailís de chuid Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Nótaí:
a Tugtar san áireamh faoin spás ar léas, an spás d'fhoireann an HSE agus sciar den spás i gcomhar
b Dhá fhoireann PCT a dhéanann freastal ar cheantar Cheatharlaigh agus foireann amháin a dhéanann freastal ar Oirthear Chill Chainnigh agus Deisceart Cheatharlaigh
c Tá beartaithe trí cinn d'fhoirne PCT a bheith lonnaithe i nGuaire, i dtrí ionad faoi leith ar an mbaile. Níl san áireamh leis an spás ar léas anseo ach an t-ionad sin amháin a bhfuil léas socraithe ina leith cheana féin.

44.63 Tá luaite ag an HSE go mbeidh cóiríocht san ionad cúram príomhúil i gCeatharlach do suas le 43 ball foirne de chuid an HSE. I measc na seirbhísí a chuirfear ar fáil ón áitreabh sin, beidh altracht sláinte phoiblí, teiripe ceirde, fisiteiripe, teiripe cainte agus urlabhra, foireann cúntóireachta baile, seirbhís diaitéiteachta agus siceolaíochta. Tá seomraí comhairleoireachta agus seomraí clinice san áireamh chomh maith do chlinicí comhairleoireachta allamuigh ospidéil, clinicí meabhairshláinte agus altraí speisialtóireachta.

Conclúid – Cúrsaí Léasála

Is é a bhaineann le costas na cóiríochta a dhéantar a sholáthar trí shocrú léasa na costais a aontaítear maidir le cíos agus le táille seirbhíse fóntais agus achar an áitribh a thógtar ar léas.

Déantar na ciosanna a aontaítear i ndáil le léasanana a shocrú trí thagairt do thagarmharcanna a mbíonn measúnú déanta orthu ag an HSE. Bunaíodh na tagarmharcanna sin ar chíosanna an mhargaidh de réir measúnóireacht a rinneadh go neamhspleách agus chuir an HSE suim bhreise leis sin i ndáil le costas feistiúcháin. Chuir an HSE spriocráta lascaine i bhfeidhm air sin d'fhonn teacht ar uasrátaí sonracha i ndáil leis an gcaibidlíocht maidir le gach suíomh agus sin le haontú ag Bord an HSE. Tríd is tríd, aontaíodh ar mhargadh a tháing faoi bhun na n-uasrátaí a bhí aontaithe ag Bord an HSE i rith na bliana 2008 agus na bliana 2009.

Tháinig leibhéil tagarmhairc HSE maidir le cíosanna anuas ar ráta a bhí isteach is amach leis an ísliú ar chíosanna tráchtála sa mhargadh idir na blianta 2008 agus 2010. Ina ainneoin sin, mar gheall gur thángthas ar an gcomhairle nach bhféadfaí margadh a dhéanamh ar léasanna ar na huasrátaí a socraíodh i mí Iúil 2010, d'aontaigh an Bord i mí Eanáir 2011 an leibhéal cíosa a bhíothas sásta a íoc a ardú faoi 16% a bheag nó a mhór.

Leag an HSE amach gnáthmhéid maidir le hachar na n-ionad cúram príomhúil a bhíothas sásta a thógáil ar cíos. As na ceithre cinn d'áitribh ar léas a ndearnadh scrúdú ina leith, bhí trí cinn acu de réir na gnáthmhéide sonraithe agus ceann amháin timpeall is 25% níos fairsinge ná an t-achar is mó spáis a raibh súil leis. Tá ráite ag an HSE, i ndáil leis an gcás sin, go mbeidh réimse níos fairsinge seirbhísí á gcur ar fáil ón ionad.

As na hionaid a ndearnadh scrúdú ina leith, bhí trí cinn a raibh daonra beagán faoi bhun íosteorann an spriocréimse idir 7,000 agus 10,000 i gceist le ceantar an ionaid. Sa chás eile, bhí daonra an cheantair beagnach ceithre mhíle duine níos airde ná an uasteorainn. Bhí na figiúirí sin bunaithe ar shonraí daonra na bliana 2006. Beidh gá le measúnú a dhéanamh arís ar dhaonra an cheantair i ndáil le gach ceann de na hionaid i bhfianaise thorthaí dhaonáireamh na bliana 2011. D'fhéadfadh go mbeadh cur isteach aige sin ar an suíomh atá beartaithe do roinnt de na hionaid.

Conclúid

Tá an HSE i mbun clár suntasach oibre maidir le craobhchóras náisiúnta d'ionaid ina gcuirfear cúram príomhúil ar fáil. Cé nár foilsíodh aon mheastacháin le gairid faoi chostas an chláir, is léir gur dócha go mbeidh an costas caipitil i ndáil leis na hionaid, arna bhunú ar na spriocanna atá luaite cheana, go mór os cionn €1 billiún.

Tá an fhorbairt ar na hionaid cúraim ag titim go mór ar gcúl i gcomparáid leis na spriocanna a leagadh síos sa Phlean Forbartha Náisiúnta 2007 – 2013 (NDP). Cé gur shamhlaigh an Plean go mbeadh cóiríocht do 500 foireann PCT curtha ar fáil faoin mbliain 2011, ní raibh ach 24 ionad, ag freastal ar 29 foireann PCT, i mbun feidhme faoi dheireadh na bliana 2010. I bhfianaise an méid ionad a bhfuiltear i mbun tógála orthu, níltear ag súil ach le 44 ionad, ag freastal ar 59 foireann PCT, a bheith i mbun feidhme faoi dheireadh na bliana 2011. B'ionann sin agus thart ar 12% den sprioc bunaidh san NDP do dheireadh 2011.

Tá deacrachtaí atá ag dreamanna forbraíochta cistí a aimsiú luaite ag an HSE mar chúis amháin leis an moill. Cé gur ísligh an HSE an leibhéal cíosa a bhíothas sásta a íoc de réir mar a thit cíosanna tráchtála anuas go dtí lár na bliana 2010, socraíodh i mí Eanáir 2011 na huasrátaí a ardú ó mhí Eanáir 2011.

Tá roghnaithe ag an HSE na hionaid a sholáthar trí léasáil, agus cuid mhór de na tréithe a bhainfeadh le páirtnéireacht phríobháideach phoiblí i gceist. Is é an difear is mó tábhachta nach mbeidh úinéireacht ag an HSE ar an maoin sealbhais ag deireadh théarma an léasa (25 bliain go hiondúil). Ina áit sin, beidh de rogha ag an HSE na léasanna a athnuachan trí chaibidlíocht in athuair mar gheall ar théarmaí, nó malairt cóiríochta a lorg.

Ba cheart go mbeadh breithmheas mion déanta ag an HSE sular tugadh faoi chlár léasála ar scála chomh mór. Bhí an breithmheas a rinneadh ina dhiaidh sin ar na roghanna maidir leis an soláthar ar ionaid cúram príomhúil easnamh ó thaobh gnéithe suntasacha éagsúla. Ní dhearnadh, go háirithe, cainníochtú ar an tionchar is dócha a bheadh ag na roghanna maidir leis an gcóiríocht ar lucht úsáide na seirbhísí agus ar fheidhmiú na Foirne PCT agus níor cuireadh bonn leordhóthanach faoin mbunús leis na meastacháin i ndáil le costais. Níor díríodh ach oiread sa bhreithmheas ar an scála a bhain le costas an chláir ná ar an dóigh go bhféadfaí an costas a sheasamh i gcomhthéacs bhuiséad foriomlán an HSE. Ní cosúil, tríd is tríd, go raibh an breithmheas mar a rinneadh é ag teacht leis an gcineál atá de dhíth i gcás gealltanas a thabhairt maidir le clár caipitil ollmhór.

Chuathas faoi cheangal dlí maidir le líon suntasach tionscadal nach raibh tugtha i gcrích go fóill bunaithe ar phraghasanna a bhí i réim sna blianta 2008 agus 2009. Tá oiread athrú tagtha ar an margadh forbraíochta ó cuireadh tús leis an gclár léasála go bhféadfadh fiúntas a bheith le hathbhreithniú lár téarma anois ar chuspóirí an chláir agus ar an gcur chuige maidir leis an soláthar d'fhonn cinntiú go bhfaightear an luach is fearr ar an airgead.

Ba cheart go ndéanfaí le hathbhreithniú den sórt sin measúnú i ndáil leis an dóigh go dtabharfar i gcrích le gach ceann de na roghanna cóiríochta an sochar a mbítear ag súil leis maidir le hionaid cúram príomhúil bunaithe sa phobal i.e. teacht níos furasta ag othair agus ag lucht cúraim ar na seirbhísí a bhíonn de dhíth orthu, cóir níos éifeachtúla agus níos éifeachtaí mar gheall ar fheabhas ar an gcumarsáid idir soláthraithe seirbhíse agus breis éifeachta agus ísliú ar na costais riaracháin maidir le cúram príomhúil a chur ar fáil.

Tríd is tríd, d'fhonn cinntiú go bhfuil clár na n-ionad cúram príomhúil agus an fhorbairt ar mheithleacha PCT ag teacht le chéile, ba cheart don HSE athbhreithniú a dhéanamh maidir leis an gcaoi ar féidir seirbhísí bunaithe ar mheithleacha a chur chun cinn le linn na hoibre forbraíochta ar na hionaid agus clár bainistíochta faoi leith a leagan amach i ndáil leis an athrú a mbeadh cuspóirí sainiúla luaite leis agus soláthar á dhéanamh leis don deimhniúchán. Tugtar breithniú níos géire ina leith sin i gCaibidil 43.

Caibidil 45

Comhairleacht agus Tacaíocht Sheachtrach

Vóta 40 Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte

Comhairleacht agus Tacaíocht Sheachtrach

45.1 Seachas táillí dlí, chuaigh FSS faoi €22 mhilliún ar chomhairleacht i 2009. Agus an iniúchadh á dhéanamh rinneadh athbhreithniú ar shampla comhairleachtaí. Faoin sampla a roghnaíodh bhí caiteachas go díreach os cionn €41 mhilliún i gceist sa tréimhse 2006-2010.

45.2 Roinneadh an chomhairleacht i gcatagóirí mar atá i bhFíor 182. Bhain breis is leath an chaiteachais le Cásmheascadh Cliniciúil agus le Tacaíocht Theicniúil TEC. Tá sonraí cruinn follasacha na seirbhísí a solathraíodh le feiscint in Iarscríbhinn A.

Fíor 182 Caiteachas de réir Catagóir Comhairleachta 2006 – 2010

An Cineál Comhairleachta	Líon Scrúdaithe	Luach 2006-2010 €m
Seirbhísí Comhairlitheach	5	2.65
Tacaíocht Theicniúil TEC	1	8.85
Seirbhísí Seachtrach TEC	4	8.78
Measúnu Seirbhíse[b]	10	4.74
Cásmheascadh Cliniciúill	3	13.45
Riarachán agus Oiliúint	2	0.92
Na Meáin	2	1.81
Iomlán	**27**	**41.20**

Foinse: Anailís déanta ag Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Nótaí: a Bunaíodh an rangú ar phríomhbhéim na dtionscadal.

b Measúnú ar fheidhmeanna cliniciúla ab ea sé chinn as an deich gcomhairleacht seo.

45.3 As an 27 gcomhairleacht, tionscadail aon uaire ab ea 12 cheann, tá 12 cheann fós ar siúl agus obair fhadtéarmach a críochnaíodh le déanaí ab ea na trí chinn eile.

Béim na Caibidle

Scrúdaítear an sampla comhairleachtaí maidir leis na gnéithe seo a leanas

- fáil na seirbhíse
- monatóireacht ar an gcur i gcrích
- rialú costas
- cur i gcrích na comhairleachta de réir súile.

Leis an dtéarma comhairleacht a úsáidtear sa chaibidil clúdaítear réimse comhairleachtaí, soláthróirí seachtracha seirbhíse agus conarthaí ar aon dul leo siúd.

Leagtar an bhéim sa chaibidil ar na próisis a bhí ag FSS chun na comhairleachtaí a riaradh. Ní luaitear na próisis a bhí ar bun ag na soláthróirí seirbhíse, ag a mbíonn ceart dlisteanach gnó a dhéanamh le FSS de mheon macánta ar na coinníollacha a chuirtear os a gcomhair.

Fáil na Seirbhíse

45.4 Maidir le fáil seirbhísí comhairleachta de réir norm sa tseirbhís phoiblí baineann trí chuid go príomha le héifeachtúlacht costas

- cás gnó a chur in eagar a léireoidh gá an ghnó, an réasúnaíocht agus an sochar a leanfaidh an chomhairleacht mholta
- próiseas oscailte forthairisceana a chinnteoidh idir chóir agus rémse leathan moltaí
- conradh a shonraíonn gníomhaíochtaí, soláthar agus scálaí ama na comhairleachta.

45.5 In Iarscríbhinn A léirítear riaradh na riachtanas úd i gcás fála comhairleachtaí ar leith.

Cásanna Gnó

45.6 Ar an iomlán, níor eagraíodh cás gnó d'aon chomhairleacht. Bhí dhá cheann díobh, afach, faoi réir cead ón Ionad Forbartha Bainistíochta agus Eagrúcháin (CMOD)[368]. I measc na dtonscadal comhairleachta bhí foinsí agus aidhmeanna éagsúla. San áireamh bhí

- obair a lean tuairiscí déanta nó cinneadh a tógadh cheana faoi pholasaí (ocht gcinn)
- seirbhísí ar conradh seachtrach (ocht gcinn)
- athbhreithniú neamhspleách ar sholáthar córas cliniciúla agus riarachán (ocht gcinn)
- comhairleachtaí a bhí ar siúl go leanúnach ó na blianta luatha 2000 (dhá cheann)
- saineolas a fháil ar speisialtóireacht a bhain le bunachar sonraí um eolas sláinte a bunaíodh i 1989 (comhairleacht amháin)

Forthairiscint agus Conarthaí

45.7 De ghnáth ba chóir aon chonradh ar fiú os cionn €25,000 é, ach é faoi bhun tairseach fógraíochta €125,000[369] an AE a fhógairt mar chuid de phróiseas foirmiúil forthairisceana. Tá cead ag comhlacht phoiblí, áfach, forthairiscintí a lorg go díreach muna mbíonn ach líon beag soláthróirí seirbhíse i gceist. Má dhéantar amhlaidh, ba chóir dul chuig gnólachtaí atá ina shamplaí maithe i measc na dtairgtheoirí a bheadh ar fáil sa mhargadh cuí. Ba chóir tairiscint a lorg go foirmiúil ó thrí ghnólacht ar a laghad.

45.8 Tá rialacháin náisiúnta idir airgeadais agus fála ag FSS cun treoir a thabhairt sna cúrsaí úd agus is iadsan a mhíníonn an próiseas agus na nósanna atá riachtanach chun géilliúlacht do riachtanais reachtúla agus do threoracha rialtais a chinntiú.

45.9 Bhí caiteachas carnach beagnach €23 mhilliún ar thionscadail samplacha gan forthairiscint le linn na tréimhse 2006 – 2010. Bhain 17 dtionscadal díobh siúd le caiteachas a bhí os cionn an tairseach reatha (€25,000) is ísle d'fhorthairiscintí[370].

45.10 Tá achoimre i bhFíor 183 ar thorthaí athbhreithniú a rinneadh ar an modh fála do thacaíocht chomhairleach sna cásanna a scrúdaíodh. Ar an iomlán, lorgaíodh forthairiscint do deich gcinn as an 27 agus bhí conarthaí reatha scríofa nó comhaontú leibhéal seirbhíse (SLA) ag deich gcinn eile.

---

368 Seo an t-aonad rialaithe TEC sa Roinn Caiteachas Phoiblí agus Athchóirithe.

369 Déantar athbhreithniú taréis dhá bhliain. Seo an tairseach reatha go dtÍ Nollaig 2011.

370 Ní gá forthairiscintí a lorg i gcás práinne faoi alt 4.13 de na Treoracha um Chomhairleachtaí a Fhostú sa Startsheirbhís 1999 agus faoi Alt 6.13 de Threoracha Fála Poiblí – Próiseas Iomaíochta 2004.

Fíor 183 Fála agus Conarthaí

An Cineál Comhairleachta	Líon Scrúdaithe	Tairiscint		Conradh/SLA[a]	
		Tá	Níl	Tá	Níl
Seirbhísí Comhairlitheach	5	2	3	1	4
Tacaíocht Theichniúil TEC	1	1	0	1	0
Seirbhísí Seachtrach TEC	4	1	3	2	2
Measúnú Seirbhíse	10	4	6	4	6
Cásmheascadh Cliniciúil	3	0	3	0	3
Riarachán agus Oiliúint	2	-	2	-	2
Na Meáin	2	2	-	2	-
Iomlán	**27**	**10**	**17**	**10**	**17**

Foinse: Anailís déanta ag Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Nóta: a Ciallaíonn SLA go raibh Comhaontú Leibhéal Seirbhíse reatha ann

45.11 Ar an iomlán, níor lorgaíodh forthairiscintí i gcás 17 as an 27 gcomhairleacht. Ina leithéid de chás, ar an mórgóir, ní raibh conradh ná SLA i bhfeidhm ach oiread. Ní raibh SLA ar bun ach i gcás amháin díobh. Mar seo a leanas a luaigh FSS na cúiseanna a bhí le fála gan próiseas iomaíochta

- Maidir le Cásmheascadh a fhorbairt, bhí comhairleacht speisialtóireachta i gceist le dhá chomhairleacht a ceapadh.
- Comhairleoir amháin a chabhraigh maidir le rialachas cliniciúil, bhí sé tar éis oibriú le FSS chun Creat Caighdeán is Riosca a fhorbairt maraon leis an straitéis fheidhmíochta dá réir a chur i gcrích.
- Ceapadh gnólacht ón Ríocht Aontaithe mar theip ar chomórtas a lorg soláthróirí do chlár feabhsúchán seirbhíse in ospidéal.
- Fuarthas gnólacht amháin arís a bhí tar éis comhairle dlí a sholáthar cheana chun cabhrú leis an gclár um chomhshuíomh ospidéal.
- Áiríodh gnólacht chomhairleachta, a bhí tar éis cabhrú le tionscadal ar dtús, go ceann ceithre bliana go 2010 ar luach €2.7 milliún don obair leanúnach a bhain leis an gcur i gcrích.
- Bhí gnólacht amháin a sheol tairiscint ar sheirbhísí proifisiúnta faoi chreatchomhaontú agus dá bhrí sin a bhí i dteideal cur isteach ar chomórtas beag ina dhiaidh sin, ceapadh iad gan aon chomórtas beag.
- I gceithre chás, áiríodh gnólachtaí comhairleachta a raibh taithí an-mhaith acu ar an seirbhís a sholáthar agus a raibh seirbhísí ar aon dul léi á soláthar acu ar an suíomh.
- Dhearbhaigh FSS go raibh ceisteanna sábháilteachta phoiblí i dtrí chás a bhí práinneach agus go gcuirfeadh comórtas poiblí moill ar na próisis.
- I ndá chás, ní raibh aon fhianaise ar fáil do na hiniúchóirí go bhfuarthas meastachán ó aon ghnólacht eile seachas uathu siúd a ceapadh.
- Sa chás deireanach, bhí an gnólacht ag soláthar na seirbhíse ó na 1990dí luatha agus bhí ardscileanna ina leith ag an bhfoireann dá bharr san.

45.12 Tharla leibhéal áirithe caiteachas ábhartha trí shonraí daonra, cliniciúla agus riaracháin a bhailiú (€13.3 milliún) agus trí chóras bainistíochta agus forbartha feidhmíochta a fhorbairt do FSS (€2.7 milliún). Cé gur tharla forthairiscint ar dtús faoi chreatchomhaontú do sheirbhísí comhairlithe don tionscadal úd, ní fhaca an iniúchadh aon fhianaise gur lorgaíodh forthairiscintí don obair a rinneadh.

45.13 Sa chead chás, séard atá sa chomhairleacht úd ná socrú oidhreachta a fuair FSS ón Roinn Sláinte (an Roinn) nuair a aistríodh na hAonaid Oibríochta chuig FSS i 2007. Bhí an gnólacht comhairleachta ag soláthar na seirbhíse ó na 1990dí luatha agus bhí ardscileanna dá bharr san ag an bhfoireann. Níor tharla forthairiscintí i gcás comhaontaithe go dtí sin leis an Roinn, go príomha toisc nach raibh aon áisínteacht eile i mbun na seirbhísí céanna. Ina theannta san, níl aon SLA i bhfeidhm lena chinntiú go n-aithnítear go soiléir na seirbhísí atá ag teastáil ná go mínítear na coinníollacha fostaíochta.

45.14 Mar gheall freisin ar an gcomhairleacht dlí a bhain le comhshuíomh agus ar a caitheadh €1.9 milliún idir 2006 agus 2010, níor léir aon fhianaise gur tharla comórtas foirmiúil forthairisceana chun an seirbhís a sholáthar. Cé gur seoladh cáipéis coinníollacha chuig FSS, níor sonraíodh inti aon chóras cuntais ná monatóireachta. Tá deireadh le feidhmiú an tionscadail ach áiríonn FSS an comhairleoir fós ar eagla dúshlán dlíthiúil sa todhchaí[371].

Conclúid – Próiseas Fála

Caithfidh FSS athbhreithniú a dhéanamh ar na rialacha agus ar na treoracha a bhaineann le comhairleacht a lorg. Go háirithe, ní mór cás gnó a shonrú a léireoidh réasúnaíocht agus gníomhaíochtaí an ghnó maraon leis an sochar a leanfaidh an chomhairleacht. Ní mór próiseas cóir oscailte a úsáid agus an tairiscint is fearr ó thaobh luach ar airgead de a roghnú.

Ní haon chabhair í easpa conarthaí chun seirbhísí nó soláthar cinnte tomhaiste a fháil. Tá modh éigin rialú fiacha riachtanach freisin chun suim fiacha FSS a shocrú chomh fada agus is féidir roimh ré.

Ar an iomlán, is léir gur trín Stiúrthóireacht nua um Fhála a tharla aon fhorthairiscint nó conradh i gcás comhairleachtaí[372].

Thiocfadh feabhas ar dhea-chleachtas géilliúlach ach breis úsáide a bhaint as an seirbhís lárnach úd.

Monatóireacht ar Chomhairleachtaí

45.15 Rinneadh athbhreithniú ar na comhairleachtaí chun an réimse monatóireachta ag FSS le linn an tionscadail a scrúdú. Cé gur cleachtas comónta é an mhonatóireacht a chur isteach i gconradh go foirmiúil, aithnítear go mbíonn slite eile ann chun caighdeáin a chinntiú, mar shampla baint mhór a bheith ag oifigigh de chuid FSS leis an gcomhairleacht. Smaoiníodh ar na slite úd agus cuireadh cáipéisí cuí a fuarthas mar fhianaise san áireamh agus an measúnu á dhéanamh.

45.16 Ar na dála a bhí san áireamh sa mheasúnú seo bhí an teacht ar shonraí conarthaí scríofa, cruinnithe rialta idir an comhairleoir agus FSS maraon le ceist na géilliúlachta don phróiseas a míníodh i dtús an tionscadail. Tá na torthaí le feiscint i bhFíor 184. Tá bunús na measúnachta in Iarscríbhinn B atá leis an gCaibidil seo. Ar an iomlán, fuarthas amach go raibh socruithe maithe monatóireachta i sé chás ach go raibh cúngú i gceist i ndeich gcás eile.

---

371 Dhearbhaigh an tOifigeach Cuntais go bhfuarthas €1.4 milliún mar éarlais neamhaisíoctha ó na tairgeoirí roghnaithe nuair a shínigh siad an conradh tionscadail.

372 Féach caibidil 42.

Fíor 184 Athbhreithniú ar Shocruithe Monatóireachta

An Cineál Comhairleachta	Líon Scrúdaithe	Lochtach	Teoranta	Oiriúnach	Go maith
Seirbhísí Comhairlitheach	5	–	3	2	–
Tacaíocht Theicniúil TEC	1	–	–	–	1
Seirbhísí Seachtrach TEC	4	–	–	3	1
Measúnú Seirbhísí	10	–	3	4	3
Cásmheascadh Cliniciúil	3	–	2	1	–
Riarachán agus Oiliúint	2	–	2	–	–
Na Meáin	2	–	–	1	1
Iomlán	**27**	**–**	**10**	**11**	**6**

Foinse: Anailís déanta ag Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Gluais Mheasúnachta: 1 Lochtach – Níor sroicheadh aon chrítéar

2 Teoranta - Sroicheadh crítéir áirithe nó ba léir easpa suntasach

3 Oiriúnach – Ar an mórgóir sroicheadh na crítéir ach fós ar bhonn éigin teoranta

4 Go maith – Sroicheadh na crítéir go hiomlán nó ar bhonn an-láidir

Conclúid – Monatóireacht

I líon suntasach tionscadal bhí teorainn leis an monatóireacht. D'fhéadfaí monatóireacht i bhfad níos déine a chur i bhfeidhm agus fianaise a léiriú dá réir. Gníomh inmholta ab ea creat monatóireachta a leagan síos ar dtús trí chonradh nó trí SLA.

Rialú Airgeadais

45.17 Braitheann toradh cost-éifeachtach a bheith ar chomhairleacht ar na dála seo

- táillí a aontú roimh ré i gconradh nó trí chomhfhreagras agus
- próiseas chun an t-ualach oibre a leagan síos ar dtús agus chun athrú ar an ualach úd a cheadú.

Cloí le Táillí Aontaithe

45.18 Rinneadh athbhreithniú ar na táillí a íocadh le comhairleoirí chun a chinntiú go raibh na figiúirí sna ráitis airgidis ar aon dul leo siúd a aontaíodh. De réir torthaí an iniúctha

- i seacht dtionscadal mar a raibh conarthaí foirmiúla, bhí na táillí íoctha ar aon dul leo siúd a aontaíodh
- i dtrí thionscadal leagadh síos táilli trí SLA
- i seacht dtionscadal eile bhí na táillí ar aon dul leo siúd a luadh i moltaí do thionscadal roimhe sin (cás amháin) nó luadh iad i gcomhfhreagras (sé chás)
- i gcás trí chomhairleacht aontaíodh na táillí go neamhfhoirmiúil agus i ndá chás díobh cruthaíodh trí ríomhphoist iad.
- i ndá chás, thárlaíodh comhráití foirmiúla faoi tháillí le hoifigigh áitiúla FSS in aghaidh na bliana
- i gcás amháin bunaíodh na táillí ar aisghabháil chostais mar a aontaíodh i dtús an tionscadail
- ní raibh sonraí sách oiriúnach ar fáil maidir leis an gcinneadh faoi tháillí i gcás ceithre chomhairleacht[373].

45.19 Tugadh aird ar chúrsaí a bhain leis na coinníollacha fostaithe airgeadais agus orthusan bhí

- I gcás amháin ag a raibh SLA de bharr forthairisceana, níorbh ionann an táille a luadh i bhfianaise dhoiciméadach sa dá chóip ar leith. Tharla €159,000 mar chostas breise don tréimhse a bhí i gceist san athbhreithniú.[374].
- Gearradh rótháillí in dhá chás. Sa chéad chás gearradh €9,385; táthar chun an méid sin a aisíoc le FSS de bharr fiosrú iniúctha. Aimsíodh an dara chás i nDeireadh Fómhair 2010 nuair a gearradh róthaille €71,000. Tháinig an comhlacht agus FSS ar chomhréiteach sochair €50,000. Go dtí seo, níor chaith FSS ach €13,000 den sochar a aontaíodh.

Rialú Costas Conarthaí

45.20 Ní ar tháillí aontaithe amháin a bhraitheann rialú éifeachtach costas ach braitheann sé freisin ar an ualach nó ar an dtréimhse oibre a thomhas nó níos fearr fós ar tháille seasta a bhunú. Fuarthas amach an méid seo san iniúchadh

- cloíodh le huastáille sonraithe i ndá chás
- i naoi gcás, mar a raibh conradh nó comhaontú eile, bhí an táille a íocadh ar aon dul lena raibh sa chonradh
- i gcúig chás, mar a raibh conradh nó comhaontú eile, íocadh táillí ar bhreis oibre mar shampla plé le páirtithe leasmhara nó leathnú ar an réimse oibre le linn tréimhse an chonartha. Bhí iomlán €213,000 i gceist. I ndá chás díobh, áfach, bhain an t-ardú costais le dúbailt laethanta comhairleachta.
- níor sonraíodh méid cinnte soláthair i gceithre chonradh a bhain le ráta in aghaidh an lae

---

373 I gcás amháin díobh siúd, i gconradh eile comhairlitheach a bhain leis luadh táille do dhuine ainmnithe go ceann tréimhse ghearr fhostaithe. Baineann na sonraisc a scrúdaíodh, áfach, le 18 gcomhairleoir eile ar a laghad agus iad ar tháillí difriúla in aghaidh an turais.

374 De réir dealraimh tharla an costas breise toisc nár cuireadh san áireamh sa tairiscint an costas a bhain le GP ionadaíoch a fhostú fad is a chuir an tairgeoir an tasc i gcrích.

- i ndá chás, tharlaíodh comhráitĺ foirmiúla faoi tháillí le hoifigigh áitiúla FSS in aghaidh na bliana, leibhéil méid na seirbhíse á gcur san áireamh
- i gcás eile fós aontaíodh meastachán ach bhí róchostas €30,000 ar an dtionscadal
- i gceithre chás, ní raibh córas éifeachtach chun costais a rialú ná níor sonraíodh táillí ná ualach oibre in aon chonradh.

45.21 De réir dealraimh bhain ardchostais bhreise i gceithre chás le réimse scaoilte tionscadal

- Bhain costas os cionn €2.7 milliún le tionscadal córas bainistíochta agus forbartha feidhmíochta idir 2007 agus 2010. Ceapadh comhairleoirí do thionscadal a leanfadh go ceann tréimhse idir sé agus dha lá déag oibre ar tháille laethúil €2,030. Ar dtús dréachtadh SLA do sheirbhísí comhairlitheach, a mhínigh an scála ama mar " *sé chruinniú míosúil oibre, ach d'fhéadfadh an Stiúrthóir Cúnta Náisiúnta um Thacaíocht Chinntí sé chruinniú oibre eile agus laethanta breise a lorg*". Níor cuireadh san áireamh sa réimse oibre an cur i gcrích a bhainfeadh leis an gcóras bainistíochta agus forbartha feidhmíochta. San iniúchadh níor léir aon fhianaise gur tharla próiseas forthairisceana don chur i gcrích. Gan chonradh ná SLA níor bunaíodh socruithe sonraithe ná monatóireachta.
- In Ospidéal na hOllscoile, Corcaigh idir 2006 – 2010 caitheadh €1 mhilliún ar thacaíocht chrua-earraí. De réir dealraimh leathnaíodh ról an ghnólachta toisc go raibh an conraitheoir ag obair cheana fein ar an láthair. Cé gur síníodh SLA, ní raibh forálacha sa chomhaontú a chlúdódh rialachas, monatóireacht ar fheidhmíocht an soláthróir seirbhíse ná tomhas. Níor mhíníodh san SLA ach táillí seirbhíse, teorannacha dliteanais, sonraí árachais agus foircheannta.
- Sa cheantar FSS an Iarthuaiscirt idir 2006 – 2010, caitheadh beagnach €2 mhilliún idir Dheasc Chúnaimh TEC agus tacaíocht do chothabháil chrua-earraí. De reir dealraimh bhíodh conradh ag an gconraitheoir ní ba luaithe chun táirgí a bhain le TEC a sholáthar agus bhí caidreamh leanúnach aige leis an tseirbhís, dá bhrí sin leathnaíodh ról an ghnólachta chomh fada le socruithe don Dheasc Cúnamh TEC agus do chothabháil crua-earraí.
- I gcás mar ar caitheadh €13.3 mhilliún ar chomhairleacht idir 2006 agus 2010, bhí an chomhairleacht bunaithe faoi SLA le tamall de bhlianta roimh 2007 nuair a d'aistrigh an tseirbhís ón Roinn go dtí FSS. Tharla forbairtí nua, afach, ó 2007 i leith. Go príomha cruthaíodh tairseach nua a bhailíonn agus a tuairiscíonn ar shonraí HIPE[375] agus ar réimsí eile monatóireachta mar chonarthaí comhairleoirí agus comhad nua luachála do speisialtóireachtaí othar seachtrach a bunaíodh tar éis 2007. D'fhorbair na comhairleoirí an córas úd agus thacaigh leis.

Conclúid – Rialú Airgeadais

Bhí conradh nó SLA i bhfeidhm i gcás deich gcinn as 27 bhfáil. Sna cásanna úd d'fhéadfaí a chruthú gur cloíodh le tailli aontaithe.

Braitheann smacht ar chostas comhairleachta ar an dtáille agus ar thréimhse bheartaithe an tionscadail araon a shonrú roimh ré, é sin nó conradh do tháille seasta a chríochnú. I 16 chás, níor tharla a leithéid.

Ar an iomlán, ó thaobh riaracháin de, níor mhór conradh foirmiúil nó SLA a bheith i bhfeidhm do gach aon tasc comhairleachta chun buiséad a leagan síos go soiléir agus chun deimhniú íocaíochtaí a éascú.

[375] Is í HIPE an Scéim Fiosrúcháin Othar Cónaitheach in Ospidéil.

Soláthar faoi Thréimhse Dhlite

45.22 Bhí dhá chatagóir leathan comhairleachtaí ann

- tuairisc áirithe á lorg
- gníomhaíochtaí le deanamh

45.23 Fuarthas amach go ndearnadh an ghníomhaíocht nó gur tharla an soláthar oibre sna cásanna a ndíoladh astu. Gan chonradh ná SLA, áfach, ní féidir i 15 chás a dheimhniú go neamhspleách gur tharla an soláthar de reir an phlean. Sa dá chás eile dá leithéid, bhí córas bainistiochta feidhmíochta i bhfeidhm a chruthaigh gur chuir an conraitheoir an soláthar cuí ar fáil.

45.24 Bhí tuairisc i gceist i naoi gcás. Astusan, bhí ceithre thuairisc déanta in am, bhí moill idir sé mhí agus os cionn bliana ar cheithre chinn agus tá feidhm tuairiscithe fós ar siúl sa chás deireanach.

45.25 Ní raibh tuairisc i gceist san 18 gcás eile. In 11 cheann díobh, fuarthas amach ar an mórgóir, gur tharla an soláthar cuí in am nó laistigh de thréimhse a aontaíodh. Níorbh fhéidir aon rud a chruthú sa seacht gcás eile ceal cáipéisí coinníollacha.

Conclúid – Soláthar faoi Thréimhse Dhlite

Fuarthas amach go ndearnadh an ghníomhaíocht nó gur tharla an soláthar oibre a ndíoladh as i ngach aon chás. Níorbh fheidir, áfach, a dheimhniú i 15 chás gur tharla an soláthar de réir an phlean.. I gceithre chás, bhí moill ar sholáthar tuairiscí a bhí riachtanach de réir an chonartha.

Níor mhór tréimhsí dlite a thaifeadadh i ndoiciméid i dtús gach aon chomhairleachta chun a chinntiú go ndéantar an soláthar laistigh de tréimhsí a aontófaí.

45.26 Faoi fhorálacha ciorclán 40/2002 de chuid an Roinn Caiteachas Phoiblí agus Athchoirithe tá dualgas ar FSS tuairisc a thabhairt ar aon chonradh os cionn €25,000 a bronnadh gan phróiseas iomaíochta. Ba cheart gur tuairiscíodh ceithre shanntachán comhairleachta ar chuntas 2010 ach níor tuairiscíodh.

45.27 I 2009, bhí 13 chomhairleacht le tuairisciú ar chuntas 40/2002 na bliana ach ní raibh trácht orthu. Leagtar amach i gCaibidil 42 na socruithe ginearálta le haghaidh bainistiú soláthair san FSS.

Conclúid

Seachas táilli dlí, chuaigh FSS faoi €22 mhilliún ar chomhairleacht i 2009. De réir athbhreithniú ar 27 gcomhairleacht

- níor cruthaíodh cás gnó a léirigh an réasúnaíocht, na gníomhaíochtaí a bhí le déanamh ná an obair chinnte a bhí le soláthar
- níor tharla forthairiscint oscailte ach i ndeich gcás
- bhí conradh nó SLA i bhfeidhm i gcás deich gcomhairleacht
- i gcás mórán tionscadal, ní raibh ach sonraí lochtach ar fáil faoi luacháil agus faoi thréimhsí molta don tionscadal
- I gcás líon suntasach comhairleachtaí níor tharla dóthain monatóireachta.

Fuarthas amach go ndearnadh an ghníomhaíocht nó gur tharla an soláthar oibre a ndíoladh as i ngach aon chás. Níorbh fhéidir, áfach, a dheimhniú i 15 chás gur tharla an soláthar de réir an phlean. I gceithre chás, bhí moill ar sholáthar tuairiscí a bhí riachtanach de réir an chonartha.

Gan aon chonradh ná comhaontú a leagann síos coinníollacha airgeadais agus soláthair, is deacair bailí a dhéanamh de na taillí íoctha ná a chruthú pé acu an raibh an soláthar mar a bhí sa phlean agus é de réir caighdeán sonraithe laistigh de thréimhse dhlite nó a mhalairt.

Ar an iomlán, caithfear díriú i FSS ar fheidhmíocht i gcúrsaí fála agus bainistíochta comhairleachtaí. Caithfear cás cóir a dhéanamh do gach aon chomhairleacht maidir lena tionchar gnó, agus caithfear na coinníollacha tábhachtacha conartha a bhunú go soiléir roimh ré i.e. an obair chinnte a bheidh le déanamh, na caighdeáin riachtanach seirbhíse, an costas agus an tréimhse dhlite don soláthar.

Iarscríbhinn A Cineálacha Comhairleachtaí agus Cur Síos

Catagóir	Comhlacht	Cur Síos	Costas Carnach 2006-2010	Próiseas Fála[a]		
			€000	BC	T	C
Seirbhísí Comhairlitheach	Stuart Emslie	Bhain an tasc le comhairle agus le doiciméadú a sholáthar ar réimse ábhar maidir le rialachas, bainistiú riosca agus sábháilteacht othar don Stiúrthóireacht nua um Cháilíocht Náisiúnta agus Cúram Cliniciúil. Bhí an chomhairleacht tar éis oibriú cheana ar an gCreat Cáilíochta agus Riosca, ar an Stiúrthóireacht um Cháilíocht Náisiúntagus Cúram Cliniciúil a dhearadh agus ar imscrúduithe.	149	●	●	●
	Simpler Consulting Ltd	Bhí an gnólacht le clár feabhsúchán seirbhíse a sholáthar agus d'oibrigh siad le bainistíocht ospidéal agus le foirne cliniciúla ar dheiseanna feabhsúcháin in éifeacht agus in éifeachtúlacht	73	●	●	●
	A & L Goodbody	Thug an gnólacht comhairle idir theicniúil agus dlíthiúil don chlár chomhshuíomh ospidéal	1,911	●	●	●
	Joseph Clarke	Iarradh ar an gcomhairleoir seirbhísí comhairlitheach a sholáthar maidir le seirbhísí GP agus le foirne céadchúraim a fhorbairt.	455	●	○	○
	Michael Torpey	Bhain an tasc le seirbhísí comhairlitheach maidir le rialú airgeadais laistigh de FSS.	58	●	○	●
Tacaíocht Theicniúil TEC	IBM Ireland Ltd	Tacaíocht theicniúil d'fheidhmchláir chriticiúla lárnach gnó.	8,851	○	○	○
Seirbhísí Seachtrach TEC	IBM Ireland Ltd	Iarradh ar an ngnólacht na seirbhísí seo a sholáthar: fáil fearais, bainistiú agus tacaíocht do chórais oibrithe, cothabháil chrua-earraí, tacaíocht agus bainistiú do ghréasáin chumarsáide, seirbhísí slándála, aisghabháil tubaiste agus bainistiú soláthar seirbhísí.	5,822	○	○	○
	Westbourne Systems	Sholáthraigh an gnólacht tacaíocht do chothabháil chrua-earraí in Ospidéal na hOllscoile, Corcaigh.	999	●	●	○
	Compupac Software Ltd	Sholáthraigh an gnólacht Deasc Chúnaimh TEC do Réigiún FSS an Iarthuaiscirt.	1,076	●	●	●
	Compupac Software Ltd	Sholáthraigh an gnólacht tacaíocht do chothabháil chrua-earraí i Réigiún FSS an Iarthuaiscirt.	883	●	●	●

Catagóir	Comhlacht	Cur Síos	Costas Carnach 2006-2010	Próiseas Fála[a]		
			€000	BC	T	C
Measúnú Seirbhíse	PA Consulting Group	Iarradh ar an gcomhairleacht córas bainistíochta feidhmíochta a fhorbairt ar fud FSS i dtreo bailiú cuimsitheach eolais agus anailís a dhéanamh air.	2,732	●	●	●
	Pricewaterhouse Coopers	Bhain an tasc le cabhrú le FSS chun clár riosca corparáideach agus caighdeán prótacal násiúnta a fhorbairt maidir le hábhair chliniciúla thromchúiseach a bhainistiú agus a thuairisciú..	148	●	●	●
	Pricewaterhouse Coopers	Bhain an tasc le córas lóistíochta agus liostaí FSS a athbhreithniú, le bainistiú soláthar seirbhíse sna cúrsaí céanna a mholadh maraon le plean don chur i gcrích a sholáthar.	435	●	○	○
	Mazars	Iarradh ar an gcomhairleacht iniúchtaí TEC a dhéanamh, na córais stiúrtha TEC a thriail maraon le córais agus nósanna TEC de chuid FSS a dheimhniú.	303	●	○	○
	Capita Business Services Ltd	Iarradh ar an gcomhairleacht an roinn raideolaíochta in ospidéal amháin a athbhreithniú.	146	●	●	●
	Prospectus	Iarradh athbhreithniu ar seirbhísí náisiúnta cúram criticiúil aosaigh.	542	●	○	○
	Windle & Associates	Iarradh ar an gcomhairleacht an Clár Ospidéal sa Bhaile a athbhreithniú idir chúrsaí cliniciúla agus eacnamaíoch.	35	●	●	●
	Teamwork Management Services Ltd	Bhain an tasc le hathbhreithniú ar sheirbhísí anaestéiteacha i ngrúpa ospidéal.	129	●	●	●
	Teamwork Management Services Ltd	Bhain an tasc le hathbhreithniú ar sheirbhísí raideolaíochta i ngrúpa ospidéal.	127	●	●	●
	Healthcare Informed	Iarradh ar an gcomhairleacht athbhreithniú a dhéanamh ar an gcreat rialachas cliniciúil i réimse áirithe de bharr athbhreithniú inmheánach agus iarradh forbairt ar chóras bainistíochta do rialú doiciméad (polasaí, nósanna agus treoir)	148	●	○	○

Catagóir	Comhlacht	Cur Síos	Costas Carnach 2006-2010	Próiseas Fála[a]		
			€000	BC	T	C
Cásmheascadh Cliniciúil	The Economic and Social Research Institute	Iarradh ar an Institiúid sonraí daonra, cliniciúla agus riaracháin a bhailiú faoi chásanna scaoilte agus faoi bhásanna idir othair chónaitheach agus cásanna lae maraon le heolas ar othair sheachtrach in ospidéil náisiúnta ghéirmhíochaine phoiblí.	13,275	●	●	●
	Luke Van Doorn	Bhí an comhairleoir le comhairle agus doiciméadú a sholáthar ar an gcóras reatha othar seachtrach agus ar nósanna ann. Bhí sé freisin le struchtúr nua códaithe a cheapadh chun an córas othar seachtrach a thabhairt isteach i gCásmheascadhCliniciúil.	132	●	●	●
	GBG Associates Ltd	Bhí an gnólacht le táscairí feidhmíochta bunaithe ar éifeachtúlacht a fhorbairt ó shonraí Comheascadh Cliniciúil, chun réimsí a atihint i dtreo feidhmíocht in ospidéil a fheabhsú.	42	●	●	●
Riarachán agus Oiliúint	Broadmeadow Consulting	Bhain an tasc le cuntais costála do thrí ospidéal a chur le chéile agus a líonadh.	70	●	●	●
	Beecher Koenig Associates Ltd	Sholáthraigh an chomhairleacht teagascóirí agus comhordaitheoir do chúrsaí a reachtáil an Coláiste Seirbhíse Náisiúnta Otharcharr.	848	●	●	●
Comhairleacht na Meán	Anderson Editorial	Iarradh ar an ngnólacht comhairle a thabhairt ar chumarsáid le páirtithe leasmhara agus ar bhainistiú na meán ag leibhéal sinsearach go hinmheánach agus go seachtrach.	1,179	●	○	○
	Ogilvy & Mather Ltd	Iarradh ar an ngnólacht feachtas fógraíochta a sholáthar.	630	●	○	○
Iomlán			**41,198**			

Foinse: FSS

Nóta: a Is iad coda na fála ná BC (Cás gnó nó athbhreithniú CMOD déanta), T (Forthairiscint déanta) agus C (Conradh nó SLA ar fáil).

Gluais: ● Níorbh ann don choinníoll úd.

○ B'ann don choinnioll úd.

Iarscríbhinn B An Scéim Mheasúnachta sa Mhonatóireacht

Bronnadh marcanna ar gach comhairleacht do na gnéithe seo a leanas

- an teacht ar shonraí conartha scríofa
- cruinnithe rialta
- géilliúlacht don phróiseas a míníodh sa chonradh scríofa maraon le táscairí feidhmíochta a shroicheadh.

Do gach crítéir bronnadh marcanna bunaithe ar fheidhmíocht choibhneasta. Ba é 12 an t-uasmharc agus trí an t-íosmharc. Ag seo an próiseas meastacháin

- Má bhain comhairleacht trí mharc, measadh nár sroicheadh aon chrítéar
- Má bhain comhairleacht idir ceithre agus sé mharc, measadh gur sroicheadh na crítéir ar phointí áirithe nó gur léir easpa suntasach
- Má bhain comhairleacht idir seacht agus naoi marc, sroicheadh na crítéir ar an mórgóir ach fós ar bhonn éigin teoranta
- Má bhain comhairleacht deich marc nó os a gcionn, sroicheadh na crítéir go hiomlán nó ar bhonn an-láidir.

45.28 Ina dhiaidh sin, rinneadh measúnacht ar an gcóras monatóireachta mar a leanas

Measúnacht	**Caighdeán**
Lochtach	An líon a bhain trí mharc
Teoranta	An líon a bhain idir ceithre agus sé mharc
Oiriúnach	An líon a bhain idir seacht agus naoi marc
Go maith	An líon a bhain deich marc nó os a gcionn.

Caibidil 46

Leas Maoine an Stáit a Chosaint

Vóta 40 Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte

Leas Maoine an Stáit a Chosaint

46.1 Faoin Acht Sláinte 2004 féadfaidh an Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS) comhaontuithe a dhéanamh le hospidéil san earnáil dheonach chun seirbhísí a chur ar fáil ar a son. Féadfaidh sí maoiniú a chur ar fáil do na hospidéil sin freisin, lena n-áirítear maoiniú caipitil d'fhorbairtí faofa ar nós tógáil foirgneamh nua agus uasghrádú agus síneadh struchtúr atá ann cheana.

46.2 Cuireann Grúpa Ospidéal Naomh Uinseann[376] (GONU) cúram sláinte príobháideach agus poiblí ar fáil, óna champas i bPáirc an Leamháin i mBaile Átha Cliath go príomha. Go dtí an bhliain 2009, agus an bhliain sin san áireamh, chuir an Stát, tríd an Roinn Sláinte agus Leanaí (an Roinn) agus FSS thart ar €200 milliún ar fáil mar mhaoiniú caipitil do GONU d'athfhorbairt agus d'athchóiriú ar champas an ospidéil.

Béim na Caibidle

Déantar imscrúdú sa chaibidil seo ar an méid a gcosnaítear leasa maoine an Stáit maidir leis an gcistiú caipitil atá curtha ar fáil do GONU. Díríodh an t-athbhreithniú ar ghnásanna FSS agus baineann sé lena freagrachtaí airgeadais amháin.

Gealladh Sócmhainní á Maoiniú ag an Stát

46.3 D'oscail GONU ospidéal nua príobháideach i mí na Samhna 2010 ar champas Pháirc an Leamháin. Mar fhreagairt ar m'fhiosrúcháin maidir leis seo, thuariscigh FSS gur úsáid GONU sócmhainní maoinithe go poiblí thar roinnt blianta mar urrús i gcomaoin áiseanna ó bhainc thráchtála. Shonraigh an tOifigeach Cuntasaíochta gur deonaíodh iad seo a leanas mar chuid de na socruithe sin

- urrús do Bhanc Uladh thar charrchlós ar an gcampas poiblí in 2002
- bintiúr morgáiste a deonaíodh thar mhaoin áirithe ag láthair Pháirc an Leamháin do Bhanc na hÉireann i leith ospidéal nua príobháideach
- morgáiste maoine áirithe ag láthair Pháirc an Leamháin, a dheonaigh GONU i bhfabhar Bhanc na hÉireann in 2009
- morgáiste maoine i bhfabhar Bhanc na hÉireann i mí Dheireadh Fómhair 2010 lena n-áirítear
    - muirear seasta ar láthair iomlán Ospidéal Naomh Uinseann
    - muirear comhlúthach ar ghnóthas, ar mhaoin agus ar shócmhainní uile GONU san am i láthair agus sa todhchaí.

Urrús i leith Infheistíocht Stáit

46.4 Mar fhreagairt ar m'fhiosrúcháin ar chuir GONU urrús ar fáil don Stát i leith an mhaoinithe a chuir FSS ar fáil d'fhorbairt chaipitil roimhe sin ar áiseanna sláinte poiblí, chuir an tOifigeach Cuntasaíochta in iúl dom go raibh comhaontuithe foimiúla i bhfeidhm le GONU i leith fhorbairt an BNB ar champas an ospidéil. Chomhaontaigh FSS cistiú caipitil de thimpeall ar €29m a sholáthar do thionscadal nua an BNB.

[376] Grúpa deonach ospidéal seachbhrabúsach é GONU agus tá stádas carthanachta aige. Tá trí aonán in GONU: Ospidéal Ollscoile Naomh Uinseann, Ospidéal Príobháideach Naomh Uinseann agus Ospidéal Naomh Mícheál, Dún Laoghaire.

46.5 Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta in iúl dom go raibh FSS tar éis Réamhchonradh a lorg a d'fhágadh go mbeadh sí i dteideal ceannach isteach do na háiseanna iomlána arna maoiniú go poiblí sa chás, inter alia, go dteipfeadh ar GONU seirbhísí sláinte poiblí a chur ar fáil ag na háiseanna seo. Ach le linn idirbheartaíochta, tháinig sé chun solais nach bhféadfadh GONU an rogha riachtanach a thabhairt ar mar gur muirearaíodh cuid de na háiseanna seo i bhfabhar Bhanc na hÉireann agus Bhanc Uladh cheana féin.

46.6 Chomh maith leis sin, dúirt an tOifigeach Cuntasaíochta liom gurb léir de bharr ceanglas a rinne GONU cheana le 'hinfheisteoirí cánach' san ospidéal príobháideach ar champas GONU le linn shaolré na hinfheistíochta sin nach bhféadfadh GONU leas urrúis a dheonú do FSS thar áiseanna arna maoiniú go poiblí ná gealltanas diúltach gan aon leas sna tailte ar a bhfuil siad lonnaithe a dhiúscairt.

46.7 D'fholaigh na comhaontuithe a cuireadh i bhfeidhm ina dhiaidh sin idir FSS agus GONU do chistiú thionscadal an BNB na nithe seo a leanas

- Comhaontú Deontais ag leagan amach dualgais shonracha amach do GONU chun maoiniú FSS a fháil. Rinneadh forálacha ann freisin i ndáil leis na seirbhísí sláinte a chuirtear ar fáil ar an láthair.
- De bharr Réamhchonartha thar láthair an BNB tá FSS i dteideal, i gcásanna áirithe agus sa chás ina n-éiríonn GONU dócmhainneach san áireamh, an mhaoin a cheannach ag luach ceannaigh bunaithe ar an luach margaidh oscailte[377] i gcúinsí faoi leith. Tá sé de dhualgas ar GONU freisin seirbhísí sláinte poiblí a chur ar fáil ag an BNB ar feadh 50 bliain ó dháta an tsoláthair deiridh maoinithe caipitil ó FSS i leith na forbartha.

An Gníomhas Cúnaint

46.8 Ina theannta sin, chuir an tOifigeach Cuntasaíochta in iúl dom gur cuireadh gníomhas cúnaint i bhfeidhm i ndáil le háiseanna a maoiníodh go poiblí roimhe seo ar champas GONU. Leag sé seo dualgas ar GONU na háiseanna seo a úsáid mar ospidéal poiblí agus do sholáthar seirbhísí sláinte áitiúla ann. Dá sáródh an grúpa na dualgais sin tugann an Gníomhas Cúnaint ceart caingean dlí do FSS d'fheidhmíocht shonrach.

46.9 Dúirt an tOifigeach Cuntasaíochta liom freisin go gcuireann an gníomhas cúnaint atá i bhfeidhm faoi láthair níos lú urrúis ar fáil do FSS ná mar a bheach ar fáil murach gur thug GONU urrús nó ceanglais i leith na n-áiseanna seo do Bhanc na hÉireann agus 'd'infheisteoirí cánach' i leith fhorbairt an ospidéil phríobháidigh ag Páirc an Leamháin.

Tosaíocht Urrúis

1.10 D'iarr mé ar an Oifigeach Cuntasaíochta an t-urrús ag a mbeadh tosaíocht dá scoirfeadh GONU de chúram sláinte ar an gcampas a dheimhniú. Chuir sé in iúl dom go ndeachaigh FSS, an Banc agus GONU isteach i dtaobh-chomhaontú i mí Dheireadh Fómhair 2010, mar gheall ar leasanna urrúis iomaíocha, go háirithe bintiúr morgáiste Bhanc na hÉireann, an Réamhchonradh thar an BNB agus an gníomhas cúnaint. Luaigh sé go dteastódh eachtra a spreagfadh glaoch isteach na ngealltán a tugadh do cheachtar páirtí .i. an Banc nó FSS. I gcás an Bhainc, d'fhéadfadh a leithéid d'eachtra teip an GONU cuid nó iomlán an airgeadais a thug an banc dó d'fhorbairt an ospidéil phríobháidigh a aisíoc a chuimsiú. Ar an láimh eile, dá dteipfeadh ar GONU áiseanna sláinte poiblí a chur ar fáil ar an gcampas, bheadh sé sin ina spreagadh do FSS.

---

[377] Is é luach margaidh na maoine an tsuim mheasta a gheofaí dá ndíolfaí an mhaoin, ach gan luach aon fhoirgneamh eile ná struchtúr eile a tógadh ar an maoin ná fúithi a chur san áireamh.

46.10 I gcás an BNB foráiltear leis na socruithe má tharlaíonn eachtra bhrostaitheacha féadfaidh FSS, laistigh de trí mhí d'fhógra na heachtra sin, an rogha maidir leis an maoin a cheannach ag an luach margaidh a chur i bhfeidhm. Má dhéanann FSS é sin, scaoilfidh an Banc a urrús thar an maoin tar éis do FSS an luach ceannaigh a íoc go hiomlán don Bhanc. Mura mbaineann FSS tairbhe as an rogha an mhaoin a cheannach laistigh den am sin, tagann deireadh leis an gceart sin. Beidh an socrú seo i bhfeidhm go dtí go nglanfaidh GONU an fiachas iomlán le Banc na hÉireann.

Urrúis d'Infheistíochtaí Roimhe

46.11 Maidir leis an maoin a mhaoinigh an Stát roimhe seo, foráiltear leis na socruithe go dtairgfeadh Banc na hÉireann lorg na n-áiseanna poiblí ábhartha do FSS le díol ag an luach margaidh ar dháta na heachtra brostaitheacha. Bheadh 45 lá ag FSS ó fháil na tairisceana seo glacadh leis an gceannach agus tús a chur leis. Thuairiscigh an tOifigeach Cuntasaíochta go bhféadfadh FSS í a cheannach láithreach nó i dtráthchodanna thar 36 mí, ag glacadh seilbh láithreach ar na háiseanna i gceachtar cás. Ar íocaíocht an luacha ceannaigh iomláin, scaoilfeadh an Banc a urrús thar na háiseanna.

46.12 Mura mbainfeadh FSS tairbhe as a ceart ceannaigh laistigh de 45 lá de thairiscint an Bhainc, thiocfadh deireadh lena cearta chomh maith leis an ngníomhas cúnaint ag srianadh úsáid na dtailte agus na n-áiseanna sin mar ospidéal poiblí.

46.13 Thuairiscigh an tOifigeach Cuntasaíochta dom freisin nuair a ghlanfar fiachas an Bhainc chun an fiontar ospidéil phríobháidigh a mhaoiniú (ag GONU nó trí cheannach na n-áiseanna ag FSS), agus nuair a thiocfaidh deireadh le saolré cánach na hinfheistíochta príobháidí san ospidéal príobháideach (thart ar 2024), cuirfear gníomhas cúnaint ionaid thar na háiseanna a maoiníodh go poiblí roimhe sin i bhfeidhm. Áireofar leis seo gealltán diúltach ag srianadh chumas GONU aon leas a dheonú nó a dhiúscairt nó áiseanna a maoiníodh cheana a urrú gan cead FSS. Chomh maith leis sin, dá dtarlódh eachtra bhrostaitheacha ina dhiaidh sin, bheadh FSS in ann an BNB agus na háiseanna a maoiníodh go poiblí roimhe sin a cheannach gan aon srian ama i gceachtar cás. Ní bheadh an rogha 'ceart ar cheannach' ag FSS, áfach, agus d'fhéadfadh páirtithe eile bheith ann a mbeadh suim acu sna háiseanna a fháil ag an am sin.

Socruithe i gCásanna Eile

46.14 I bhfianaise na taithí sa chás seo agus an fhéidearthacht gur ann do mhuirir earnála príobháidí thar shócmhainní eile arna maoiniú go poiblí, d'iarr mé ar an Oifigeach Cuntasaíochta sonraí a thabhairt dom faoi na socruithe urrúis, lena n-áirítear lian, atá i bhfeidhm sna hospidéil shaorálacha eile a fuair maoiniú poiblí sna deich mbliana roimhe sin. Chuir FSS in iúl dom go bhfuil sí ag bailiú féindearbhúcháin ó phríomhoifigigh feidhmiúcháin sna hospidéil shaorálacha faoi láthair. Faoin 15 Iúil 2011, fuarthas 11 fhreagra, ceann ó GONU san áireamh. Bhí FSS ag súil go gcuirfí an próiseas seo i gcrích faoi dheireadh mhí Lúnasa 2011. Níor tháinig aon lian eile i bhfabhar tríú páirtithe lena n-áirítear institiúidí airgeadais chun solais go nuige seo.

46.15 Chuir FSS in iúl dom go bhfuil an próiseas a bhaineann le deontais a thabhairt do ghníomhaireachtaí neamhreachtúla tugtha chun rialtachta aici trína rialacháin airgeadais ó 2007 i leith. Foráiltear leis an bpróiseas nua go ndéanfar leas an Stáit, i gcás deontas atá níos mó ná €200,000, a chosaint trí chomhaontú leibhéal na seirbhíse comhtháite caighdeánach agus trí cháipéis Gníomhas Muirir. Fanfaidh leas an Stáit sna sócmhainní maoinithe go suthain.

46.16 Ceanglófar le comhaontú leibhéal na seirbhíse agus an cháipéis Gníomhas Muirir ar an gcomhlacht maoinithe a dheimhniú gur cuireadh na hoibreacha i gcrích agus gur dheimhnigh duine inniúil i gceart iad chomh maith le húsáid bheartaithe na háise, comhlíonadh riachtanais FSS, diúscairt nó sannadh na talún, na bhfoirgneamh nó na n-áiseanna ábhartha, agus áirítear forálacha áirithe aisghlámtha/foircinn. Tá sé de dhualgas ar an gcomhlacht maoinithe freisin na sócmhainní a chur san áireamh ar a chlár comhardaithe agus nóta ann faoi leas FSS sa tsócmhainn. Caithfear an Gníomhas Muirir a léiriú mar dhliteanas teagmhasach ar chlár comhardaithe an chomhlachta.

Conclúid

Tá 16 n-ospidéal saorálacha agus roinnt soláthraithe eile seirbhísí sláinte comhtháite go héifeachtach sa chóras cúram sláinte poiblí. Ach feidhmíonn na haonáin seo mar chomhlachtaí ar neamhchomaoin lena stádas dlíthiúil féin agus an cumas tabhairt faoi ghnó de réir a socruithe bunreachta féin. Cuirtear acmhainní poiblí suntasacha ar fáil dóibh do sholáthar seirbhísí sláinte poiblí agus do thógáil agus do chothabháil áiseanna bainteacha de réir mar is gá.

Gheall GONU sócmhainní arna maoiniú go poiblí i gcomaoin airgeadas bainc d'fhorbairt a ospidéil phríobháidigh.

Léiríonn an cás guais a bhaineann le soláthar seirbhísí trí institiúidí príobháideacha a mhaoinítear go hiomlán nó beagnach go hiomlán le fóirdheontais. D'fhéadfaí a saoirse tabhairt faoina gcuspóirí eile a chur i bhfeidhm i mbealach nach gcosnaíonn leas airgeadais an Stáit. Dá bharr sin, tá sé tábhachtach go dtógann an Stát urrús do na cistí caipitil a chuireann sé ar fáil. Sa chás eile, féadfar costais bhreise bheidh fabhraithe don Stát i gcásanna ina bhfeidhmeofar urrús an bhainc.

Caibidil 47

Bainistiú Vóta na FSS

Vóta 40 Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte

Bainistiú Vóta FSS

47.1 Chomh maith le cuntas a tháirgeadh atá bunaithe ar fhabhrú, de bhua go ndéantar airgead a vótáil di go bliantúil ag Dáil Éireann, dréachtaíonn Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS) Cuntas Leithghabhála a thugann breac-chuntas ar na suimeanna a sholáthraítear ag Dáil Éireann agus a táirgeacht chaiteachais. Tá sé d'iachall uirthi a cuid acmhainní a bhainistiú de réir na rialacha agus na ngnáthamh atá infheidhmithe do chistí vótáilte.

47.2 Ó thaobh na cuntasachta de, éilíonn siad seo an méid seo a leanas go príomha:

- go mbunófaí íocaíochtaí ar dhoiciméid a thugann bunús leis an éileamh agus
- go bhfuil na híocaithe i dteideal na suimeanna a íoctar a fháil.

47.3 Cuimsíonn an muirear ar Vóta ns FSS dhá eilimint faoi leith – caiteachas a riartar ar bhonn limistéir agus caiteachas ar chláir náisiúnta. Déantar an caiteachas atá bunaithe ar limistéar a thaifeadadh ar chórais chuntasaíochta oidhreachta ar tosaíodh ar iad a úsáid roimh bhunú na FSS agus a dearadh le hidirbhearta a thaifead ar bhonn fabhruithe. Díorthaítear toradh Vóta na heiliminte caiteachais seo trí scor míreanna neamhairgid agus trí anailísiú sócmhainní agus dliteanas le comharduithe fionraí a aithint. I ndeireadh báire, cé go dtáirgeann an próiseas seo toradh iomlán ar ionann é agus eisíocaíocht an Vóta, bunaítear an muirear do chuid de na fo-mhírchinn bunaithe ar chionrannta.

47.4 I 2010, gearradh suim de €14.5 billiún ar Vóta na FSS agus maoiníodh €3.5 billiún den eisíocaíocht seo trí chionrannta i gcúnamh.

Béim na Caibidle

Scrúdaíonn an chaibidil tacar ceisteanna a bhaineann le bainistiú cistí vótáilte ag FSS, lena n-áirítear:

- an tslí inar bhainistigh an FSS acmhainní ag cur san áireamh bearta laghdaithe fhoirne
- bearnaí faisnéise i dtaifid na Seirbhíse Aisíocaíochta Cúraim Phríomhúil (SACP) agus iarmhairt airgeadaíochta fhorluite áirithe scéime
- conas a bainistíodh rioscaí a d'eascair as an ndé-inghlacthacht faoi scéimeanna fiacla agus conas a dheimhnítear seachadadh na córa leighis fhiacla
- céatadán na n-othar príobháideach a mbíonn orthu íoc as a lóistín in ospidéil phoiblí agus an scóip atá ann le haghaidh mhéadú ioncaim ón gcatagóir sin othair
- na socruithe do mhonatóireacht ospidéal deonach ag an FSS.

Bearta Laghduithe Foirne

47.5 Bíonn na hacmhainní foirne a shanntar ag an FSS do ghníomhaíochtaí cúraim shláinte agus shóisialta bunaithe ar líon stairiúil a bhíonn ag feidhmiú sa tseirbhís sláinte phoiblí, agus iad coigeartaithe go bliantúil le forbairtí seirbhísí a chur san áireamh a leagtar síos i bPlean Seirbhíse Náisiúnta na FSS a faomhadh ag an Aire Sláinte agus Leanaí.

47.6 Bhí líon na bhfostaithe ag thart ar 111,000 coibhéis lánaimseartha (CL) ag deireadh 2008. Tugadh isteach roinnt beart laghdaithe fhoirne ó bhí tús 2009 ann, lena n-áirítear

- moratóir ginearálta ar an earcú ar fud na hearnála poiblí – rud a forchuireadh i Mí Mhárta 2009
- scéim luathscoir dhreasaithe (SLD) san earnáil phoiblí – a cuireadh i bhfeidhm i Mí Aibreáin 2009
- scéim spriocdhírithe luathscoir dheonaigh agus iomarcaíochta deonaí don tseirbhís sláinte poiblí – a fógraíodh i Mí na Samhna 2010.

47.7 Bainistíonn an FSS líon na ndaoine trí Chreat Rialaithe Fostaíochta (CRF) a comhaontaíodh leis an Roinn Airgeadais. Agus an CRF á chur i bhfeidhm aici socraíonn an FSS srianta fostaíochta do gach aonad seirbhíse, lena n-áirítear oifigí áitiúla sláinte agus líonraí ospidéil chomh maith le gnáthaimh d'fhaomhadh agus do líonadh na bhfolúntas agus na meicníochtaí monatóireachta atá le húsáid.

47.8 Leag CRF 2009 síos conas a chuirfí i bhfeidhm beartas an Rialtais maidir le líon na foirne, an moratóir san áireamh. De réir CRF, shonraigh an FSS gur chóir tabhairt faoi athimlonnú, athchumraíocht agus athshannadh na sealbhóirí poist agus na bhfolúntas sin ar ann dóibh cheana le cinntiú gurbh fhéidir an tseirbhís a bhainistiú laistigh de na srianta athbhreithnithe. Sonraíodh ann freisin bearta eile srianta chostais maidir le húsáid na foirne gníomhaireachta, na ragoibre agus an chaiteachais ar glao, liúntais fhoirne agus socruithe gníomhaithe ag leibhéal níos airde.

47.9 Ag deireadh 2010 ba é líon na foirne coibhéise lánaimseartha a bhí á fostú san earnáil sláinte ná níos lú ná 108,000, sin sula gcuirtear san áireamh 1,626 ball foirne CL a bhain leas as an scéim luathscoir dheonaigh agus iomarcaíochta deonaí. Ba é costas na scéimeanna laghdaithe fhoirne sin ná thart ar €103 milliún.

47.10 Mar fhreagra ar mo chuid fiosrúchán dhearbhaigh an tOifigeach Cuntasaíochta an méid seo:

- Laghdaíodh foireann na FSS faoi 5,615 CL idir Nollaig 2008 agus Bealtaine 2011, agus bhí de thoradh air sin ná go raibh leibhéal na fostaíochta coibhéise lánaimseartha ag 105,410 ag Bealtaine 2011.
- Cuimsíonn laghdú 5,615 laghdú 1,626 a baineadh amach faoi scéimeanna iomarcaíochta agus luathscoir 2010 agus na 633 CL a bhain leas as SLD i 2009.
- Aistríodh thart ar 1,000 Oifigeach Leasa Pobail go dtí an Roinn Coimirce[378].
- Baineadh amach an chuid eile den laghdú, 2,356 duine, agus poist fhaofa a líonadh i ngráid dhíolmhaithe agus trí fhreastal ar fhorbairtí seirbhíse agus ar bhrúnna déimeagrafaíochta.
- Laghdaíodh líon na foirne atá páirteach i gcúrsaí bainistithe agus riaracháin faoi 2,203 CL (12%) ón leibhéal is airde i Meán Fómhair 2007.

47.11 Sa chéad Tuarascáil Dul Chun Cinn faoi chur i bhfeidhm an Chomhaontaithe Sheirbhíse Poiblí[379] luadh freisin gur laghdaíodh foireann na hearnála sláinte faoi 4,180 CL san earnáil sláinte idir chéad ráithe 2010 agus chéad ráithe 2011 a ghin coigilteas de €289 milliún.

---

[378] Beidh an t-aistriú foirmeálta críochnaithe ag 1 D. Fómhair 2011.

[379] De réir fhorálacha an Chomhaontaithe bunaíodh Comhlachas Cur i bhFeidhm le monatóireacht a dhéanamh ar a chuid forálacha, agus le dul chun cinn – nó a mhalairt – a dheimhniú i dtaca lena chur i bhfeidhm, lena n-áirítear an coigilteas agus na hathchóirithe inbhuanaithe ar dearadh é lena seachadadh.

Atheagrú agus Srianadh Costais

47.12 Maidir le hatheagrú na foirne, dhearbhaigh an tOifigeach Cuntasaíochta go raibh an FSS ag cur chun cinn athchumraíocht náisiúnta seirbhísí agus athleithdháileadh acmhainní rud a d'fhág gur athimlonnaíodh baill fhoirne. Lena linn sin bhí sé d'aidhm aici beartú tosaíochta a dhéanamh de phoist seirbhíse líne tosaigh agus tacú le seirbhísí nua do dhaoine aosta agus don aos óg, lena n-áirítear

- athlonnú na seirbhísí Ortaipéideacha[380] a bhfuil i gceist leis athlonnú agus athimlonnú thart ar 220 ball foirne ó na gráid ar fad
- athimlonnú 60 ball foirne tar éis dúnadh Ospidéil Heatherside i gCorcaigh agus a athlonnú go láithreán nua.

47.13 Dhearbhaigh sé go n-éascaíonn an Comhaontú Seirbhíse Poiblí gnóthachain táirgiúlachta trí mheán cleachtas oibre agus eagraithe oibre athraithe. Seo roinnt samplaí d'fheabhsuithe a thug sé:

- lárnú phróiseáil na gcártaí liachta
- forbairt fheidhme seirbhísí roinnte acmhainní daonna le bunú thrí sheirbhís roinnte
    - Seirbhís Náisiúnta Earcaíochta
    - Bainistíocht Náisiúnta Phinsean agus
    - Riarachán Náisiúnta Pearsanra.

47.14 Maidir le bearta eile srianta chostais dhearbhaigh an tOifigeach Cuntasaíochta an méid seo

- Réamh-mheastar coigilteas de €33 milliún i 2011 do chostais fhoirne gníomhaireachta de thoradh ar chonarthaí nua le gníomhaireachtaí earcaithe. Tá a gcur i gcrích ag brath ar rialú mhéid na foirne gníomhaireachta a earcaítear.
- Ina theannta sin, le déanaí chuir an FSS feachtas earcaíochta i gcrích thar lear le haghaidh a thabhairt ar easpa na nDochtúirí Ospidéil nach lianna comhairleacha iad, agus táthar ag súil leis dá thoradh sin nach mbeifear ag brath oiread céanna ar fhoireann ghníomhaireachta sa chatagóir seo ná baol air.
- Laghdaíodh costais ragoibre faoi €2.4 milliún sa tréimhse Bealtaine 2010 go Bealtaine 2011.
- Baineadh amach comhaontú le baill fhoirne go luath i 2011 faoi théarmaí athbhreithnithe do sholáthar seirbhísí saotharlainne ospidéil taobh amuigh de na gnáthuaireanta oibre, rud a chiallaíonn gur féidir thart ar 3,000 ball foirne a chur ar dualgas idir 8rn agus 8in ón Luan go dtí an Aoine.
- Rialaítear líonadh gach poist ag rialacha a shonraíonn nach mór gach féidearthacht a ídiú, lena n-áirítear athimlonnú na foirne ar ann dóibh cheana, atheagrú na hoibre nó comhroghanna eile, sula lorgaítear faomhadh le folúntais a fhaomhadh.
- Bíonn faomhadh le folúntais a líonadh faoi réir ag comhlíonadh srianta fostaíochta agus soláthair mhaoinithe agus faoi réir feidhmithe laistigh de chatagóirí sonraithe fostaíochta.
- Tá toirmeasc ar earcú agus ar ardú céime na foirne ag an leibhéal réigiúnach agus áitiúil (ach eisceacht a bheith ann maidir le príomhphoist chliniciúla) agus déantar gach comórtas do phoist shealadacha agus bhuana a reáchtáil ag Seirbhís Náisiúnta Earcaíochta na FSS.

---

[380] Tá i gceist leis sin athlonnú na seirbhísí ortaipéideacha ó Ospidéal Ortaipéideach Naomh Muire i gCorcaigh go hOllscoil Otharlann an Deiscirt – Ospidéal Victoria.

Fostú Ar Scor

47.15 In ainneoin na laghduithe foirne ar tugadh breac-chuntas orthu thuas, rinneadh íocaíochtaí d'fhoireann ar scor do sheirbhísí a soláthraíodh don FSS i 2010 ar luach €14.6 milliún (€9.7 milliún: 2009). Leagtar amach na catagóirí foirne a athfhostaíodh i bhFíor 185.

Fíor 185 Foireann Athfhostaithe 2010

Catagóir na Foirne	Líon	Costas €000	Céatadán an Chostais
Míochaine	49	1,838	13%
Fiacla	5	159	1%
Altranas	488	8,719	60%
Cléireachas	49	923	6%
Agallóir	12	60	0%
Gairmithe Cúraim Shláinte agus Shóisialta	31	890	6%
Foireann Ghinearálta Thacaíochta	54	1,070	7%
Seirbhísí Eile Cliaint Othair	85	961	7%
Iomlán	**773**	**14,620**	**100%**

Foinse: Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte

47.16 Mhínigh an tOifigeach Cuntasaíochta gur athfhostaigh an FSS pinsinéirí i roinnt réimsí inar fhág soláthar foirne, amlínte fada earcaíochta agus riachtanais seirbhíse gurbh iad na pinsinéirí an t-aon ghrúpa a bhí ar fáil le tacú le soláthar leanúnach seirbhíse idir an gearrthéarma agus an meántéarma. Cuimsítear ann foireann chomhairleach mhíochaine leis an bpost a bhí acu roimhe seo a chlúdach fad is a bhíothas ag earcú duine nua agus banaltraí síciatracha ar scor a fostaíodh le deacrachtaí earcaíochta a fhritháireamh i réimse dúshlánach altranais.

47.17 Gheall sé dom gur deimhníodh cur i bhfeidhm an tsrianta ar athfhostú foirne a bhain leas as na scéimeanna iomarcaíochta agus luathscoir ag Stiúrthóirí Réigiúnacha Oibriúchán agus ag bainisteoirí áitiúla seirbhíse sa FSS. Dheimhnigh an FSS don Roinn Sláinte agus Leanaí freisin, bunaithe ar dheimhnithe a cuireadh ar fáil ag gníomhaireachaí a mhaoinítear ag an FSS[381], go bhfuil na gníomhaireactaí sin ag cloí le beartas an Rialtais maidir leis an gceist seo.

[381] Maoinítear na gníomhaireachtaí seo de réir Ailt 38 den Acht Sláinte 2004.

Conclúid – Rialúchán Fostaíochta

Thuairiscigh an FSS gur laghdaíodh líon foirne na seirbhíse poiblí sláinte faoi bhreis is 4,600 idir deireadh Mhí na Nollag 2008 agus deireadh Mhí na Bealtaine 2011 agus aistríodh 1,000 ball foirne eile go Roinn na Coimirce Sóisialaí. Tá san áireamh sa laghdú 1,626 ball foirne coibhéise lánaimseartha a bhain leas as an scéim luathscoir dheonaigh agus iomarcaíochta ar chostas don Stát de thart ar €103 milliún.

I 2010 d'íoc an FSS breis is €14 milliún do bhaill fhoirne ar scor as seirbhísí a rinneadh le linn na bliana.

Maidir le bainistiú na seirbhísí i gcomhthéacs an laghdaithe seo, dhearbhaigh an tOifigeach Cuntasaíochta go bhfuil na rioscaí ábhartha á mbainistiú trí mheán próisis bhainistithe riosca agus go bhfuil feidhmiú an mhoratóir ghinearálta ar an earcaíocht agus ar an ardú céime á dhéabhlóidiú sa tslí gur féidir le cliniceoirí agus bainisteoirí áitiúla a gcuid riachtanas ó thaobh acmhainne a chur i gcomparáid leis na laghduithe riachtanacha sa líon fostaithe.

An tSeirbhís Aisíocaíochta Cúraim Phríomhúil

47.18 Riarann Seirbhís Aisíocaíochta Cúraim Phríomhúil (SACP) na FSS roinnt scéimeanna a sholáthraíonn seirbhísí sláinte saor in aisce nó ar chostas laghdaithe don phobal ar chostas de bhreis is €2.5 billiún i 2010, lena n-áirítear €1.9 billiún a íocadh as seirbhísí cógaisíochta agus táillí agus liúntais ar luach €572 milliún a íocadh do dhochtúirí agus d'fhiaclóirí.

47.19 Déantar soláthróirí sláinte a aisíoc ó SACP maidir le roinnt scéimeanna, lena n-áirítear

- scéim na Seirbhísí Ginearálta Míochaine (SGM) mar ar féidir le daoine le hioncam níos ísle nó atá níos sine ná 70 seirbhísí dochtúra theaghlaigh, míochaine agus máinliachta saor in aisce, in éineacht le cógais ordaithe agus gléasanna a fhodháiltear trí chógaslanna miondíola[382]
- an Scéim Íocaíochta Drugaí (SÍD) nuair nach n-íocann daoine gan cártaí liachta níos mó ná praghas sonraithe tairsigh do chógais agus do ghléasanna faofa
- Scéim na Breoiteachta Fadtéarmaí (SBF), nuair a fhaigheann daoine a bhfuil galar sonraithe amháin nó níos mó orthu cógais agus gléasanna riachtanacha gan táille agus beag beann ar an ioncam atá acu
- an Scéim do Chóir Leighis Fiacla (SCLF) do dhaoine fásta atá i dteideal SGM a fháil, le gur féidir leo teacht a bheith acu ar chóir leighis agus ar ghnáthaimh cliniciúla fiacla áirithe, agus raon cógas ordaithe
- Drugaí Ardteicneolaíochta a sholáthraítear ag an FSS agus a fhodháiltear trí chógaslanna pobail ar othair; is gnách go mbíonn cógais a ordaíodh don ospidéal nó cógais thionscanta i gceist, leithéidí drugaí frithdhiúltaithe d'othair thrasphlandaithe nó cógais a úsáidtear i gcomhar le ceimiteiripe.
- Scéim Sheirbhísí Oftalmacha Pobail na FSS a sholáthraíonn spéaclaí agus gléasanna do shealbhóirí cárta liachta ar daoine fásta iad agus a gcuid cleithiúnaithe.

[382] Nuair a bhíonn comhaontú i bhfeidhm ag cógaslann le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte le hoidis SGM a fhodháileadh.

Próiseáil Éilimh Chógaslainne

47.20 Thug athbhreithniú ar thaifid bhunachair shonraí na gcártaí liachta agus SGM do 2010 réimsí faoi deara nach bhfuil faisnéis chríochnúil agus nuashonraithe ag an FSS dóibh maidir le daoine a ndearnadh íocaíochtaí dóibh, go háirithe sna cásanna seo

- íocadh €9.8 milliún i 2010 maidir le hoidis mhíochaine nuair nár taifeadadh uimhir an chárta liachta nó mar ar taifeadadh go mícheart ar an éileamh í
- íocadh €16 milliún breise i gcásanna nuair a bhí an cárta liachta as feidhm.

47.21 Maidir le conas a dheimhnigh an FSS inmhuirireacht na n-íocaíochtaí don Vóta i dtaca le hoidis faoi thosca ina raibh cárta liachta neamhbhailí nó neamhchríochnúil, dhearbhaigh an tOifigeach Cuntasaíochta go n-eisítear éilimh oidis ar Oidis SGM a ndéantar rialúchán sábháilte orthu agus go dtacaítear le gach éileamh ag oideas SGM a dhéantar a shíniú agus a stampáil ag an DT faoi chonradh.

47.22 Dhearbhaigh sé go bhfuil na gnáthaimh seo a leanas i bhfeidhm le rialúchán sábháilte a dhéanamh ar fhoirmeacha folmha oidis agus iad á gcur i gcló, á stóráil agus á ndáileadh:

- Déantar gach oideas SGM a phriontáil le hainm agus le sonraí aitheantais an DT atá faoi chonradh, in éineacht le huimhir thagartha shuaithinseach, ar féidir í a rianú ar ais chuig an mbaisc fhoirmeacha a eisítear don DT.
- Déantar bunstoc na bhfoirmeacha oidis SGM a choimeád go sábháilte le ceamaraí slándála agus rochtain rialaithe.
- Logáiltear taifead de gach baiste foirmeacha agus seachadtar stoic fhoirmeacha ag teachtaire díreach chuig lialann an DT agus faightear síniú lena n-aghaidh.

47.23 Dhearbhaigh sé, chun leibhéal na n-éileamh neamhchríochnúil a laghdú go dtí íosleibhéal atá comhsheasmhach le riachtanais láithreacha an othair, gur bhain an FSS comhaontú amach i Mí na Samhna 2010 le hAontas Cógaisíochta na hÉireann faoi phrótacal do bhainistiú foirmeacha neamhchríochnúla. Rinne sin soláthar don mhéid seo a leanas

- Oibreoidh an FSS le gairmithe eile cúraim shláinte le cinntiú go bhfuil le fáil i mórchuid na n-oideas a thugtar isteach i gcógaslanna sonraí cruinne faoin othar agus faoi chúrsaí eile.
- Cé go bhfuil an FSS freagrach as cinneadh inghlacthacht gach othair, déanann conradh na cógaslainne soláthar dó go gcuirfidh conraitheoir na cógaslainne cógais ar fáil, le luas réasúnta, d'aon duine atá inghlactha i SGM, nó do dhuine eile atá údaraithe le gníomhú ar a s(h)on, is a thugann foirm oidis dóibh atá líonta isteach i gceart agus ar shínigh dochtúir í.
- Dá ainneoin sin is uile, nuair a thugtar éileamh oidis don FSS, agus gan í a bheith sásta faoi chruinneas na sonraí ar an bhfoirm, íocfaidh an FSS an t-éileamh agus cuirfear in iúl don chógaiseoir nach bhfuil inghlacthacht nó aitheantas an othair soiléir.
- Déanfar an t-éileamh faoi thrácht a thuairisciú ar Liostáil Íocaíochta Mionsonraithe na Cógaslainne le cur in iúl don chógaiseoir nach bhfuil inghlacthacht nó aitheantas an othair soiléir.
- Soláthróidh an FSS litir don chógaiseoir freisin atá le tabhairt do gach othar aonair nó dá c(h)úramóir ar ócáid na chéad chuairte eile don chógaslann leis an suíomh a chur ar a súile dóibh.
- Ansin cuirfidh an cógaiseoir in iúl don othar gur gá dóibh a gclárú cárta liachta a thabhairt chun rialtachta le bheith in ann leanúint orthu de bheith ag fáil an ruda/na rudaí faoi Scéim na gCártaí Liachta agus comhairleofar don othar teagmháil a dhéanamh le hoifig áitiúil na FSS leis an gceist a réiteach an chéad uair eile a bheas an t-othar nó a g(h)níomhaire ag tabhairt cuairte ar an gcógaslann.
- Cabhrófar leis an othar leis sin a dhéanamh ag Oifig Áitiúil Shláinte na FSS agus ag SACP, agus, nuair is gá sin, scríobhfaidh an FSS go díreach chuig an othar.

- Cuirfidh SACP in iúl don DT freisin gur gá clárú cárta liachta an othair a thabhairt chun rialtachta agus iarrfaidh siad ar an DT freisin comhairliú don othar le linn na chéad chuairte eile ar an lialann teagmháil a dhéanamh leis an oifig áitiúil FSS nó leis an FSS.
- Cinnteoidh an FSS go gcoinnítear a chuid riaracháin agus a chuid taifead suas chun dáta ar bhonn tráthúil agus go bhfuil comhsheasmhacht riaracháin, taifead agus ghnáthamh i bhfeidhm i ngach cuid den FSS.

47.24 Dhearbhaigh an tOifigeach Cuntasaíochta go bhfuil an FSS ag cur i bhfeidhm an prótacal d'éilimh a dhéantar le feidhm ó Eanáir 2011, agus go bhfuil sí ag tuairisciú do chógaslanna ar bhonn míosúil, ag cur cásanna neamhchríochnúla in iúl dóibh faoi mar a shainmhínítear iad faoin bprótacal. De réir an phrótacail, íocfar gach éileamh neamhchríochnúil a chuirtear isteach ag cógaslann a fhad is a leanann leibhéal na n-éileamh neamhchríochnúil air de bheith ag dul i laghad.

47.25 Maidir le leanúint ar aghaidh de bheith ag déanamh íocaíochtaí sna cásanna sin ina bhfuil dáta an chárta liachta as feidhm, dhearbhaigh an tOifigeach Cuntasaíochta nach gá go gciallódh an dáta as feidhm ar an gcárta caillteanas inghlacthachta – úsáidtear é le hathbhreithnithe inghlacthachta a bhainistiú.

47.26 Dhearbhaigh sé gurb é taithí na FSS, i gcás na gcártaí liachta atá as feidhm, go háirithe faoi na tosca eacnamaíocha faoi láthair, nár athraigh maoin an duine inghlactha go dtí pointe nach gcoimeádtar inghlacthacht.

Íocaíochtaí Dochtúra Theaghlaigh

47.27 Rinneadh ró-íocaíochtaí nár aisghabhadh de €1.48 milliún do Dhochtúirí Teaghlaigh (DT) mar gheall ar mhoill ama idir bás duine agus leasú na híocaíochta míosúla caipitíochta don DT. Ní dhéantar na híocaíochtaí seo a choigeartú go cúlghabhálach.

47.28 Mar fhreagra ar mo chuid fiosrúchán dhearbhaigh an tOifigeach Cuntasaíochta go maíonn DT go bhfuil suim níos mó i gceist go bliantúil leis an nganníocaíocht atá ag gabháil dóibh i dtaca le moill a bheith ann maidir le linbh nuabheirthe a chur ar an gclár, cliaint a chailleann inghlacthacht ar feadh tréimhse agus moill ó thaobh cláraithe othar ag leibhéal na n-oifigí áitiúla.

47.29 Dhearbhaigh sé go bhfuil sé deacair íocaíochtaí caipitíochta a fhorchúiteamh go huathoibríoch ó dháta an bháis ag cur san áireamh na hargóintí a thugtar ag na DT agus nach féidir an cheist seo a réiteach ach i gcomhthéacs réitigh atá chomh láidir céanna do na ganníocaíochtaí sin a bhaineann le breitheanna.

47.30 Dhearbhaigh sé nach féidir liosta na sealbhóirí inghlactha cárta liachta a chothabháil ach le cabhair gach páirtí leasmhair agus úsáideoirí an liosta agus den chéaduair riamh, i 2011, tar éis comhaontaithe chuige sin, beidh DT rannpháirteach agus tiomanta go díreach le cothabháil an liosta leis an FSS.

47.31 Thug sé breac-chuntas ar na hathruithe sin a chuir an FSS i bhfeidhm le déanaí, go háirithe, lárnú na próiseála míochaine in ionad amháin. Ó cuireadh an lárnú i gcrích, chuir SACP i bhfeidhm, den chéaduair, próiseáil chórasach na faisnéise báis bunaithe ar Sheirbhís Fhoilsiú na nImeachtaí Báis (SFIB) a fhaightear ar bhonn seachtainiúil ag SACP ón Roinn Coimirce Sóisialta. Nuair a bhíonn an fógra críochnúil, baintear inghlacthacht láithreach tar éis é a fháil. Roimh bhabhta míosúil íocaíochta na caipitíochta DT cuirtear sonraí SFIB ar fad i gcomparáid le taifid FSS de chliaint a bhfuil inghlacthacht reatha acu.

47.32 Dhearbhaigh sé go bhfuair SACP 21,415 fógra SACP i 2010 a ndearnadh iad a mheaitseáil le cliaint le hinghlacthacht reatha agus baineadh iad ar fad láithreach. Mar gheall, áfach, ar an moill idir bás iarbhír agus foilsiú SFIB, dhearbhaigh sé gur íocadh caipitíocht maidir le 62,221 mí chaipitíochta san iomlán agus bunaithe ar mheánráta caipitíochta de thart ar €23.26 is í an íocaíocht iomlán ábhartha ná thart ar €1.48 milliún.

Forluite Scéime

47.33 Tá forluite le sonrú sna daonraí sin atá i dteideal seirbhísí cógaisíochta saor in aisce a fháil faoi na scéimeanna SGM agus Breoiteachta Fadtéarmaí (SBF). Tá costas na gcógas ó BFT níos airde. [383]

47.34 D'eisigh an FSS treoir do chógaiseoiri i lár 2010 ag cur i gcuimhne dóibh nach raibh sé oiriúnach éilimh a chur isteach faoi scéim SBF mar a bhfuil cárta liachta ag othar.

47.35 Tá cumas na FSS teoranta, áfach, maidir le rianú chur i bhfeidhm na treorach seo mar gheall ar easnaimh sonraí. Maidir le líon na ndaoine sin atá páirteach i Scéim na Breoiteachta Fadtéarmaí a raibh cártaí liachta acu freisin, dhearbhaigh an tOifigeach Cuntasaíochta nárbh fhéidir an fhaisnéis a sholáthar ós rud é nach ndéantar UPSP a thaifeadadh do gach cliant SBF agus ní féidir iad a chrostagairt le hais chlár na gCártaí Liachta[384].

47.36 Maidir leis na bearta atá á gcur i gcrích le taifid sonraí na FSS a phobalú le faisnéis UPSP do gach sealbhóir cárta liachta, dhearbhaigh sé go bhfuil an FSS ag tabhairt aghaidhe ar líon cuíosach beag cártaí liachta oidhreachta nach bhfuil ceangailte le UPSP go fóill.

Conclúid – Íocaíochtaí do Dhochtúirí agus do Chógaiseoirí

Níor fianaisíodh inghlacthacht ag pointe déanta na n-íocaíochtaí i 2010, maidir le

- €16 milliún d'íocaíochtaí do Chógaiseoirí i gcásanna ina raibh cárta liachta an othair as feidhm.
- €9.8 milliún a íocadh maidir le hoidis ar ócáidí ina raibh cé acu uimhir an chárta liachta ar iarraidh nó í taifeadta go mícheart.

Le déanaí chomhaontaigh an FSS prótacal le hAontas Cógaisíochta na hÉireann do bhainistiú éileamh neamhchríochnúil. Tá i gceist leis an bpróiseas íocaíocht a dhéanamh don chógaiseoir ach bheith ag iarraidh go dtabharfadh an duine suíomh an chárta liachta chun rialtachta ina dhiaidh sin. Bheadh sé inmhianta faisnéis níos mionsonraithe a fháil le taispeáint go cruinn catagóirí na gcásanna a ghineann an cineál seo éileamh le haghaidh a thabhairt ar an gceist ar bhealach córasach.

Rinne an FSS íocaíochtaí iomarcacha do DT ar luach measta de €1.48 milliún nár aisghabhadh. Ní dhéantar coigeartuithe do dhaoine éagtha ó dháta an bháis ar aghaidh. Dhearbhaigh an FSS go ligfidh sí uaithi an tsuim seo, ag cur san áireamh nach ndéanann dochtúirí éileamh do leanaí nuabheirthe ó dháta a mbreithe ar aghaidh. Go praiticiúil, ba chóir go mbeadh an dochtúir in ann an dáta a fhógairt a ndéantar freastal ar an leanbh den chéaduair sa tslí go mbíonn an Stát ag íoc as seirbhís thomhaiste a sheachadtar go fírinneach.

---

383 Dhearbhaigh an tOifigeach Cuntasaíochta gurbh fhéidir go ndéanfaí suim ar luach thart ar €6 mhilliún a shábháil a shábháil dá n-aistreofaí gach cliant GFT go dtí an scéim SGM, .i. shábhálfaí coigilteas €21 mhilliún de mharcáil suas mhiondíola nach bhfuil infheidhmithe ar scéim SGM, a dhéanfaí a fhritháireamh ag €15 mhilliún d'eilimint DT an Chárta Liachta. Ina leithéid de chás, áfach, níor mhór freisin aghaidh a thabhairt ar cheist liosta inchúitithe na dtáirgí ós rud é nach bhfuil rudaí áirithe atá faofa d'othair GFT ar liosta SGM.

384 Tá thart ar 6,700 UPSP ar iarraidh ó chlár na gCártaí Liachta ag Aibreán 2011.

Níl faisnéis ar fáil faoi líon na ndaoine atá páirteach i Scéim na Breoiteachta Fadtéarmaí a bhfuil cártaí liachta acu freisin. Cuireann sin isteach ar aon mhonatóireacht ar threoracha a thugtar do chógaiseoirí an scéim is lú costas a úsáid. Tá sé measta ag an FSS gur féidir go ndéanfaí airgead a shábháil de thoradh ar aistriú gach cliaint Bhreoiteachta Fadtéarmaí go dtí scéim SGM. Arís eile, bheadh faisnéis níos mionsonraithe ag teastáil le cur ar chumas an Stáit an rogha seo a mheas. Dá ndéanfaí UPSP a ghabháil do gach scéim mhéadófaí go mór an cumas socruithe fianaise-bhunaithe a dhéanamh agus cinntiú go bhfeidhmítear na seirbhísí ar an tslí is coigiltí.

Íocaíochtaí d'Fhiaclóirí

47.37 Déantar Scéim Sheirbhíse Córa Leighis Fiacla a riar ag an FSS a raibh luach de €76.2 milliún i gceist léi i 2010 (€86.6 milliún i 2009). Íocann an scéim fiaclóirí príobháideacha maidir le scrúduithe agus cóir leighis fiacla a sholáthraítear do shealbhóirí cárta liachta suas go hAibreán 2010. Ó bhí Aibreán 2010 ann tá raon na seirbhísí srianta ag an FSS ar féidir iad a chur ar fáil faoin scéim gan fhaomhadh cliniciúil roimh ré. Chomh maith leis sin, tá scéime bhreise, a riartar ag an Roinn Coimirce Sóisialta (RCS) – Scéim Shochair Chóra Leighis Fiacha, inrochtana ag na daoine sin a bhfuil líon áirithe ranníocaíochtaí inghlactha ÁSPC déanta acu. Go stairiúil, chlúdaigh scéim RCS scrúduithe fiacla saor in aisce agus rinne sí soláthar do chur i gcrích gnáthoibre eile fiacla ag praghsanna lascainithe. Ó thús 2010, níl ach scrúduithe béil ar fáil faoi scéim RCS.

47.38 Is ann d'inghlacthacht dhéach sna suíomhanna sin inar féidir le duine teacht ar chóir leighis le cárta liachta agus de bhun ranníocaíochtaí ÁSPC a íocadh. Faoi láthair measann an FSS go bhfuil inghlacthacht dhéach do chóir leighis fiacla ag thart ar 40% de na sealbhóirí cárta liachta ar daoine fásta iad.

47.39 Tá aisíocaíochtaí déanta ag RCS don FSS le cúiteamh a dhéanamh go raibh ar an FSS íoc as an gcostas ar ócáidí ina raibh an t-othar ábhartha in inmhe éileamh a dhéanamh faoi Scéim Shochair Chóra Leighis Fiacla RCS. Bhí raon suimeanna idir €8.3 milliún agus €9.3 milliún i gceist idir 2006 agus 2010.

47.40 Gineann an inghlacthacht dhéach an riosca go ndéanfadh fiaclóirí éileamh do sholáthar córa leighis ón FSS agus ó RCS araon. Cuireadh dhá chleachtadh ar leith i gcrích le linn an iniúchta. Rinne siad seo iarracht comparáid a dhéanamh idir taifid íocaíochta FSS agus RCS le cásanna a fháil inar chosúil gur íoc an dá eagraíocht as cóir leighis den chineál céanna maidir leis na daoine céanna.

- D'aithin scrúdú a rinneadh ar chomhaid íocaíochta FSS agus RCS maidir le cóir leighis, ar íocadh aisti i 2009, gurbh ann do 10,205 othar le taifid ar an dá chomhad. Scrúdaigh an t-iniúchadh líon samplach de 185 duine a fuair 588 cóir leighis (gan scrúduithe béil a chur san áireamh). Maidir le 34 chóir leighis (6% den líon samplach a scrúdaíodh), ba chosúil gur íoc an FSS agus RCS fiaclóirí i dtaca leis an duine céanna a fuair cóir leighis den chineál céanna laistigh de thréimhse de 60 lá[385].

[385] Tá teorainneacha ama i bhfeidhm ag an FSS ar na cineálacha córa leighis atá ceadaithe faoin Scéim Fhiaclóireachta. Sáraíonn mórchuid na dteorainneacha ama go mór an 'fhuinneog ama' 60 lá ar glacadh léi don anailís seo. Mar shampla, ní féidir éileamh a dhéanamh ar líonadh ach uair amháin le linn tréimhse cúig bliana mura gcruthaítear riachtanas cliniciúil.

- D'aithin scrúdú a rinneadh ar thaifid íocaíochta na FSS agus RCS maidir le scrúduithe béil do 2009 7,995 cásanna ina ndearna fiaclóirí éileamh ar íocaíocht faoi scéim FSS agus faoi scéim RCS araon. Scrúdaigh an t-iniúchadh líon samplach de 100 de na cásanna seo. I 24 chás, rinneadh na héilimh maidir leis an duine céanna faoi scéim FSS agus faoi scéim RCS agus bhí dátaí an scrúdaithe bhéile laistigh de dhá mhí dá chéile[386].

47.41 Glacann an FSS leis gurb ann don fhéidearthacht go ndéanfaí éilimh dhúblacha don chóir leighis céanna faoin dá scéim[387]. Is é an t-aon mhodh éifeachtach atá ann le héilimh dhúblacha a aimsiú ná trí roinnt sonraí idir an FSS agus RCS. Cuireadh cleachtadh meaitseála sonraí i gcrích i 2008 maidir leis an mbliain 2005/2006. San am sin, aithníodh íocaíochtaí dúblacha ar luach iomlán de rud beag níos lú ná €10,000 i dtaca le 29 fiaclóirí. Forchúitíodh mórchuid na ró-íocaíochtaí ag RCS ó na fiaclóirí ábhartha[388].

47.42 Maidir le híocaíochtaí d'fhiaclóirí dhéanfadh córas éifeachtach ionracais na rudaí seo a leanas

- chlúdódh sé comhlíonadh na dtéarmaí conarthacha, caighdeán an chúraim a sholáthraítear agus rialúcháin airgeadaíochta
- chuimseodh sé córais bhainistithe riosca agus eilimintí ar aidhm leo neamhchomhlíonadh ag fiaclóirí a chosc, a aimsiú agus a dhíspreagadh.

47.43 I 2009, d'fhostaigh an Roinn Sláinte agus Leanaí comhairleach le tuairisc a thabhairt faoi ionracas in earnáil an chúraim fhiacla[389]. Bhí dhá thuairisc ionracais curtha i gcrích ag na comhairligh céanna faoi earnáil an chúraim fhiacla, an chéad cheann acu i 2002 agus an dara ceann i 2007.

47.44 Ba í conclúid tuairisc 2009 go raibh na leibhéil ionracais tar éis dul i laghad ó bhí 2007 ann, ós rud é gur éiríodh as scéim fhiaclóra scrúdaitheora a bhí i bhfeidhm nuair a cuireadh tuairisc 2007 i gcrích. Faoin scéim sin, rinne fiaclóirí neamhspleácha athbhreithniú ar líon samplach othar le bailíocht a thabhairt gur soláthraíodh cóir leighis agus le caighdeán an chúraim a mheas. Dá thoradh sin, ba í conclúid na tuairisce gur laghdaíodh dearbhú go suntasach ós rud é go raibh an bac meabhairbhraite níos laige agus gur dhócha go mbraithfeadh na sealbhóirí conartha (na fiaclóirí) nár shíl na húdaráis aon tábhacht a bheith ag baint le socruithe ionracais. Dhírigh an tuairisc aird freisin ar easpa forbartha sa FSS ar aidhm léi nochtadh riosca scéim RCS a aithint.

47.45 Dhearbhaigh an tOifigeach Cuntasaíochta gur thug an FSS, le linn 2010, faoi athbhreithniú na socruithe bainistithe agus eagraíochtúla sa tSeirbhís Náisiúnta Shláinte Bhéil a fuair amach go bhfuil gá ann le socruithe ionracais a fhorbairt agus a threisiú tuilleadh.

47.46 Idir Mí Mhárta 2010 agus Mí na Nollag 2010 scaip an FSS ciorclán ar 99 n-othar a fuair cóir leighis faoina Scéim Sheirbhíse Córa Leighis Fiacla. Thug céatadán cuíosach ard (10%) le fios nár seachadadh an chóir leighis iomlán a luadh ar an mbille[390]. Tá sé tuairiscithe ag an FSS, tar éis teagmháil a dhéanamh leis na fiaclóirí, gur dheimhnigh na fiaclóirí gur soláthraíodh an chóir leighis, seachas i gcás amháin inar forchúitíodh an íocaíocht. Ní raibh mé in inmhe, ag dáta mo thuarascála, na torthaí a dheimhniú go neamhspleách sna cásanna seo ar fad ós rud é nár cuireadh na buntorthaí ar fáil in dhá chás.

---

386 Ceadaíonn an FSS scrúdú béil amháin per othar laistigh de thréimhse 12 mhí, mura gcruthaítear riachtanas cliniciúil.

387 Tuarascáil na FSS, Scéim Sheirbhísí Córa Leighis Fiacla, lch. 5, 22 Eanáir 2010.

388 I líon beag cásanna ní raibh na fiaclóirí ag cleachtadh a thuilleadh nó ní raibh siad ar phainéal fiaclóirí na FSS agus níor aisghabhadh an t-airgead.

389 Tuarascáil faoi Dhearbhú Ionracais laistigh den Earnáil Fhiaclóireachta (*A Report on Probity Assurance within the Dental Sector*), Oral Care Consulting.

390 Níor tugadh freagra ar bith i 20% de na cásanna.

Conclúid – Scéimeanna Fiacla

Ag cur san áireamh gur féidir go ndéanfaí aisíocaíocht dhéach ag an FSS agus ag Roinn na Coimirce Sóisialta do chóir leighis fiacla d'othair faoi Scéim Sheirbhísí na Córa Leighis Fiacla agus faoi Scéim Shochair na Córa Leighis Fiacla, má táthar le leanúint ar aghaidh le dhá scéim ar leith, bheadh fiúntas ag baint le meaitseáil sonraí níos rialta i dtaca le taifid an dá chomhlachas agus úsáid mhéadaithe sheiceálacha a dhéantar le cabhair ríomhaire leis an riosca a mhaolú.

Ba í conclúid tuairisce ó 2009 go ndeachaigh leibhéil ionracais i laghad ó bhí 2007 ann, rud a chuireann riosca níos airde ró-íocaíochta in iúl.

Scaipeann an FSS ciorclán ar líon beag samplach d'othair gach mí le deimhniú go bhfuarthas an chóir leighis ar íocadh aisti.

Ag cur san áireamh gur sampla beag atá ann, chomh maith leis an riosca a bhaineann go bunúsach leis an gceist a luadh in athbhreithnithe ionracais bheadh sé inmholta méid an lín shamplaigh a mhéadú le hathbhreithniú a dhéanamh ar líon níos mó éileamh agus gnáthamh a thabhairt isteach le bailiú neamhspleách a dhéanamh ar an gcóir leighis sna cásanna samplacha.

Cóir Leighis na nOthar Príobháideach in Ospidéil Phoiblí

47.47 Cuireann ospidéil phoiblí cóiríocht ar fáil do mhéid áirithe othar príobháideach. I gcás na n-othar príobháideach bíonn táillí iníoctha dá lia comhairleach i dtaca lena gcóir leighis, ach, i gcásanna áirithe, bíonn táillí cothabhála iníoctha i dtaca lena lóistín.

47.48 Bíonn cumas ospidéil phoiblí bille a thabhairt d'othar príobháideach a bhfuil cóiríocht á cur ar fáil dó aige, agus é ag fáil cóir leighis ar bhonn príobháideach, srianta ar roinnt slite

- ní féidir leis na hospidéil táille a ghearradh ach d'othair phríobháideacha a bhfuil cóiríocht á cur ar fáil dóibh i leaba ainmnithe phríobháideach – ní féidir táille a ghearradh ar othair atá i leapacha poiblí nó neamhainmnithe
- nuair a admhaítear othar a bhfuil árachas príobháideach sláinte aige chuig ospidéal ag Lia Comhairleach Catagóir A, in ainneoin go bhfuil cóiríocht á cur ar fáil don othar i leaba ainmnithe phríobháideach, tugtar cóir leighis don othar mar othar poiblí fiú má sholáthraítear cúram go hiomlán nó go páirteach ag lianna comhairleacha nach mbaineann le Catagóir A ina dhiaidh sin[391].

47.49 Scrúdaíodh agus rinneadh comparáid ar fhaisnéis a bhain le húsáid leapa príobháidí agus poiblí d'othair chónaithe i 23 ospidéal idir 2010 agus 2008, an uair dheireanach a ndearnadh athbhreithniú ar an gceist seo[392]. Níl sonraí ar fáil fós do chuid de na hospidéil is mó agus d'ospidéil bheaga áirithe, ós rud é nach bhfuil córais i bhfeidhm acu fós le háitíocht leapa a ghabháil de réir chineál an othair. Leagtar na torthaí amach i bhFíor 186.

[391] Rinne tabhairt isteach an chonartha nua do lianna comhairleacha soláthar dó nach mbíonn aon chleachtas príobháideach ag lianna comhairleacha áirithe in ospidéil phoiblí (lianna comhairleacha Chatagóir A).

[392] Féach Caibidil 37 de Thuarascáil 2008 an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste faoi Chuntais na Seirbhísí Poiblí.

Fíor 186 Comparáid na hÁitíochta Leapa i 2008 agus 2010[a]

	Othair Phoiblí		Othair Phríobháideacha	
	2008	**2010**	**2008**	**2010**
Ainmniú an Othair[b]	1,299,509	1,322,022	405,076	368.261
Cóiríocht an Othair				
Leapacha Poiblí	1,136,657	1,146,753	181,960	143,392
Leapacha Príobháideacha	81,283	85,720	201,951	201,742
Leapacha Neamhainmnithe	81,569	89,549	21,165	23,127

Foinse: Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte

Nótaí: a Ní chuireann na torthaí Muineachán, Tamhlacht ná Portiuncula san áireamh, ós rud é nach raibh sonraí i dtaca leis an dá thréimhse ar fáil do na hospidéil sin. Ghin Portiuncula agus Tamhlacht 87% agus 66% ioncaim faoi seach ó othair phríobháideacha i leapacha príobháideacha i 2010.

b Léiríonn na figiúirí líon na laethanta leapa i ngach catagóir.

47.50 Níor baineadh úsáid as thart ar 30% de na leapacha ainmnithe príobháideacha le cóiríocht a chur ar fáil d'othair inmhuirir phríobháideacha i 2008 agus i 2010. Laistigh de na socruithe maoinithe a comhaontaíodh le hárachóirí sláinte, dá ndéanfaí an patrún seo a leanúint ar fud an chórais, bheadh i gceist leis forchúiteamh ábhair ioncaim de thart ar €137 milliún.

47.51 Go ginearálta, ní ghearrtar táille ar 45% de na hothair chónaithe príobháideacha a dtugtar cóiríocht dóibh sna 23 ospidéal phoiblí a athbhreithníodh agus a dtugtar cóir leighis phríobháideach dóibh ag a lianna comhairleacha as iad a chothabháil.

47.52 Mar fhreagra ar mo chuid fiosrúchán maidir le bainistiú na leapacha, dhearbhaigh an tOifigeach Cuntasaíochta gur cuireadh béim shuntasach le linn 2011 ar úsáid na leapacha ar fud na n-ospidéal agus ar an ngá méadaithe maidir le giniúint agus bailiú ioncaim. Faoi láthair tá an FSS ag bailiú sonraí níos mionsonraithe faoi úsáid leapacha príobháideacha agus faoin acmhainn atá ann d'aistriú ainmnithe leapa ar ann dóibh cheana idir ospidéil agus táthar ag súil leis an bhfaisnéis seo a bheith ar fáil faoi Fhómhar 2011. Comhlánóidh sin faisnéis faoi laethanta leapa a bhí bailithe aici féin cheana féin.

47.53 Dhearbhaigh sé go raibh pléite ar siúl ag an FSS leis an Roinn Sláinte ós rud é go n-aithnítear gur feidhm de chuid an Aire é beartas a chinneadh maidir le leibhéal iomlán an toillidh atá ann d'othair phríobháideacha in ospidéil phoiblí. Tá tograí déanta ag an FSS a spreagadh feabhsú suntasach i mbainistiú praiticiúil na n-ospidéal agus a thacódh le soláthar an chúraim phoiblí ag an FSS. Bheadh i gceist leo siúd

- comhaontú próisis d'athbhreithniú agus do leasú ainmnithe leapa ar bhonn sé mhí – baineann sin le hábhar go háirithe i gcomhthéacs athchumraíocht na n-ospidéal
- athrú na rialachán le haistriú a cheadú ó ainmniú sonrach leapa go hainmniú ginearálta[393]
- nuashonrú ainmnithe leapa príobháidí leis an aistriú a léiriú ó obair othair chónaithe go hobair eisothair.

[393] Mar shampla, nuair atá 100 leaba ag ospidéal – ceadú úsáid aon 20 leaba mar leapacha príobháideacha. Laghdódh a leithéid d'athrú an gá atá ann le hathlonnú othar tar éis a n-admhála díreach do chuspóirí bhainistiú an tréchuir phríobháidigh.

47.54 Faomhadh athainmniú na leapacha laistigh de agus idir ospidéil in Oirthuaisceart Bhaile Átha Cliath ag an Aire Sláinte i Mí Iúil 2011 agus rinneadh tuilleadh faofa ó shin i dtaca le réigiún Bhaile Átha Cliath Laighean Lárnaigh. Tá tograí den chineál céanna do FSS Deisceart agus FSS Iarthar á n-ullmhú lena gcur faoi bhráid an Aire. Bhuail an FSS le Ceannasaithe Airgeadais agus le Stiúrthóirí Cliniciúla gach ospidéil ghéarmhíochaine atá maoinithe ag an FSS agus tá béim curtha aici ar an tábhacht a bhaineann le feabhsú an bhainistithe leapa.

47.55 Maidir le próiseas do bhainistiú tráthúil na n-éileamh cothabhála, tá sé i gceist ag an FSS cás gnó a chur faoi bhráid na Roinne Sláinte ag iarraidh faofa do Chóras Éileamh agus Faisnéise Árachais Sláinte. Cabhróidh an córas seo leis na hospidéil a gcuid ioncaim phríobháidigh a bhainistiú trí fhaisnéis fhíorama a sholáthar faoi áitíocht na leapacha.

47.56 Dhearbhaigh sé freisin go gcuirfidh bunú Sainaonaid Seachadta sa Roinn le déanaí agus an bhéim ar bhainistiú leapa leis an obair seo sa ghearrthéarma.

Conclúid – Cóir Leighis na nOthar Príobháideach in Ospidéil Phoiblí

San iomlán, níor gearradh táille ar 45% de na hothair chónaithe sin ar tugadh cóir leighis phríobháideach dóibh ag a lia comhairleach (sna 23 ospidéal a athbhreithníodh) as a gcuid costas cothabhála.

Bunaithe ar an bhfaisnéis atá ar fáil ó na hospidéil sin forchúitíodh suas le €137 milliún in ioncam maidir le leapacha ainmnithe príobháideacha nár úsáideadh le cóiríocht a chur ar fáil don chatagóir seo othair. Cé go n-éilíonn bainistiú praiticiúil na n-ospidéal go mbeadh leapacha a ainmnítear mar leapacha príobháideacha ar fáil le haghaidh a thabhairt ar rialú ionfhabhtaithe agus ar cheisteanna eile míochaine is cosúil go bhfuil scóip ann le feabhas a chur ar ghiniúint ioncaim trí bhainistiú feabhsaithe na leapacha.

Le déanaí fuair an FSS faomhadh an Aire Shláinte d'athainmniú leapacha in ospidéil agus idir ospidéil i roinnt réigiún le húsáid na n-áiseanna sin a uasmhéadú atá ainmnithe d'úsáid phríobháideach, rud a dhéanfaidh ioncam an ospidéil a bharrfheabhsú. Tá tograí do réigiúin eile á n-ullmhú faoi láthair le haghaidh a bhfaofa.

Tá bearnaí faisnéise le sonraí sa mhéid nach raibh úsáid leapacha príobháideacha agus poiblí na n-othar cónaithe ar fáil ach do 23 ospidéal ós rud é nach bhfuil córais i bhfeidhm ag cuid acu go fóill le háitíocht leapa a ghabháil de réir chineál an othair.

Monatóireacht ar Fheidhmíocht na nOspidéal Deonach

47.57 Is comhlachais ar neamhchomaoin iad na hospidéil dheonacha atá comhtháite i seachadadh chóras na sláinte poiblí. I 2010 sholáthair an FSS thart ar €1.9 billiún leis na 17 ospidéal dheonacha a mhaoiniú[394]. Cuirtear na cistí seo ar fáil faoi shocruithe do sholáthar seirbhísí sláinte ar cuireadh tús leo faoin Acht Sláinte 2004. Rialaítear an soláthar ag socrú seirbhíse trí bliana a ionchorpraíonn comhaontú leibhéil sheirbhíse agus plean gnó.

47.58 Bunaítear an bunús do rialú agus do mhonatóireacht oibriúcháin na n-ospidéal deonach

[394] Laghdaíodh líon na n-ospidéal deonach go 16 le linn 2010 ós rud é gur díscaoileadh Bord Ospidéil Naomh Lúcás agus rinneadh a chuid feidhmeanna a chumasc san FSS ar 31 Iúil 2010.

- ar phlean gnó bliantúil a shonraíonn an leithdháileadh
- leibhéil ghníomhaíochta a shonraítear do chatagóirí sainmhínithe oibre (líon scaoilte amach na n-othar cónaithe, cásanna lae, freastail eisothair agus i gcás na n-ospidéal sin a bhfuil Rannóg Éigeandála acu, láithrithe agus admhálacha éigeandála)
- teorainn fhaofa fhostaíochta.

Faisnéis Bhainistíochta

47.59 Gach mí, tiomsaíonn na hospidéil dheonacha faisnéis faoi fheidhmíocht airgeadaíochta agus oibríochtúil chomh maith le leibhéil fhostaíochta. Sracrianaítear an úsáid a bhaintear as an bhfaisnéis seo i bhFíor 187.

Fíor187 Tuairisciú na nOspidéal Deonach[a]



Nóta: a Baineann na tagairtí d'fho-thacair d'eilimintí sin na dtuairiscí a úsáidtear le linn próiseála breise.

b Foilsítear gach aschur tuarascála ar shuíomh gréasáin na FSS.

Faisnéis Fheidhmíochta

47.60 Maidir le 2010 fuair an t-iniúchadh an méid seo amach

- Tá na leibhéil ghníomhaíochta do na catagóirí sainmhínithe oibre á mbaint amach sna cásanna sin a scrúdaíodh. Ós rud é, áfach, nach bhfuil maoiniú nasctha go cinntitheach le gníomhaíocht, mar gheall ar fhorbairt incriminteach na leithdháiltí buiséid le himeacht na mblianta níl sé éasca cinneadh an bhfuil acmhainní agus aschur ailínithe i gceart.
- Ó thaobh tuairiscithe fheidhmíocht de, is míbhuntáiste é nach bhfuil ach seacht gcinn as na 16 ospidéal dheonacha ag tuairisciú ar an gcóras Healthstat. Maidir leis na dreamanna a thuairiscíonn úsáid an chórais 'deaise'[395] aicmíodh trí cinn de na seacht gcinn i Mí Mhárta 2011 mar ospidéil an chreasa dheirg ó thaobh úsáid na n-acmhainní de, agus rinneadh ceithre cinn acu a chatagóiriú mar ospidéil an chreasa ómra[396]. Níor tiomsaíodh torthaí úsáide acmhainní maidir leis na naoi n-ospidéal eile[397].
- San iomlán, bhí na 16 ospidéal dheonacha ag sárú a dteorainneacha fostaíochta faoi 1.6% ag Márta 2011. Bhí trí ospidéal ag sárú a dteorainneacha faoi bhreis is 5%. Ní chuimsíonn na figiúirí fostaíochta tuairiscithe acmhainní bainc altraí[398].

47.61 Sracrianaíonn Fíor 188 na leibhéil ghníomhaíochta do na hOspidéil Dheonacha i 2010.

---

395 Cuireann HealthStat i láthair faisnéis mhionsonraithe mhíosúil fheidhmíochta ó ospidéil mar shraith de ghraif ar dheais fheidhmíochta.

396 Is é a chiallaíonn an dath dearg ná feidhmíocht neamhshásúil nach mór aird a dhíriú uirthi. Is é a chiallaíonn an dath ómra ná meánfheidhmíocht ina bhfuil scóip le sonrú le haghaidh feabhsuithe.

397 Cuimsíonn siad seo trí ospidéal máithreachais, dhá ospidéal péidiatraiceacha, dhá chinn le feidhmeanna aonair speisialtóireachta agus dhá ospidéal bheaga.

398 Is é atá i gceist le socruithe bainc altraí ná cruthú aonaid acmhainne laistigh d'ospidéal mar a ndéantar clár altraí a choimeád a sholáthróidh seirbhísí altranais, cé acu le conradh ar leith nó trí sholáthar uaireanta breise.

Fíor 188 Leibhéil Ghníomhaíochta do na hOspidéil Dheonacha i 2010

Ospidéal Deonach	Scaoileadh Amach Othar Cónaithe		Cásanna Lae		Freastail Eisothar		Rannóga Éigeandála[a]	
	Beartaithe	Figiúr iarbhír	Beartaithe	Figiúr iarbhír	Beartaithe	Figiúr iarbhír	Freastail	Admhálacha
Tamhlacht	20,643	24,634	31,044	32,406	240,642	249,395	73,963	18,029
Ospidéal an Choim[b]	18,606	19,217	6,803	16,469	95,520	105,575	-	-
An tOspidéal Náisiúnta Máithreachais	18,205	19,557	3,162	3,190	82,211	91,569	-	-
Ospidéal Súil is Cluas Victoria Ríoga	2,285	2,391	4,235	5,582	40,083	39,695	33,867	681
Ospidéal San Séamas	19,664	24,537	92,769	92,695	205,566	218,039	44,911	13,912
Ospidéal Naomh Lúcás	1,613	1,772	2,861	3,105	53,112	66,835	-	-
Ospidéal Naomh Micheál	2,315	2,582	4,576	5,193	20,223	21,297	12,278	1,285
Ospidéal Naomh Uinseann	13,455	15,028	48,465	50,723	127,494	134,249	42,139	8,545
Ospidéal Chromghlinne	9,813	10,245	15,221	16,274	81,959	77,398	31,642	3,795
Ospidéal Sráid Temple	6,110	7,617	4,733	5,260	54,908	59,394	38,970	3,470
Ospidéal Beaumont	19,031	21,685	46,645	45,948	153,500	167,509	47,177	11,859
Ospidéal Cheapaí	1,970	2,474	8,190	8,779	8,100	8,129	-	-
Ospidéal Mater Misericordiae	14,260	15,925	36,294	37,485	194,000	202,047	46,876	9,613
Ospidéal an Rotunda	15,355	15,921	3,064	3,306	85,129	90,212	-	-
Ospidéal na Trócaire	8,027	9,169	17,862	18,966	40,972	45,682	25,723	5,251
Otharlann an Deiscirt	7,733	8,499	17,609	15,528	54,087	52,389	19,727	3,577
Ospidéal Naomh Eoin	3,408	4,258	6,840	6,927	13,756	13,206	17,261	2,204
Iomlán	**182,493**	**205,511**	**350,373**	**367,836**	**1,551,262**	**1,642,620**	**434,534**	**82,221**

Nóta: a Níl figiúirí ar fáil do na trí ospidéal máithreachais ná don dá ospidéal speisialtóireachta.

b Soláthraíodh gnáthaimh nua áirithe, colpascópacht san áireamh, le linn na bliana.

47.62 Rinneadh othair a scaoileadh amach ag 13% níos mó ná an leibhéal beartaithe gníomhaíochta i gcás na n-othar cónaithe agus bhí gníomhaíocht na gcásanna lae beagnach 5% níos airde ná an leibhéal beartaithe. Bhí méadú de 6% le sonrú i líon na bhfreastal eisothar i gcomparáid leis an leibhéal pleanáilte.

Próiseas Monatóireachta

47.63 Coimeádtar na hospidéil dheonacha cuntasach as Tuarascáil Fheidhmíochta mhíosúil a úsáidtear mar bhunús do phléite le Bord na FSS agus leis an Roinn Sláinte agus ullmhaítear í mar fhreagra ar fhreagrachtaí na FSS faoin Acht Sláinte 2004. Cuirtear an tuarascáil seo faoi bhráid Bhord na FSS agus ansin cuirtear ar aghaidh chuig an Roinn í. Bíonn an bhéim inti ar fheidhmíocht gach ospidéil i dtéarmaí an tiomantais bhliantúil ghníomhaíochta, a tháirgeacht airgeadaíochta (luach ar airgead san áireamh) agus feidhmíocht AD.

47.64 Maidir le haicmiú fheidhmíocht na n-ospidéal ag HealthStat dhearbhaigh an tOifigeach Cuntasaíochta gur uirlis fheabhsaithe fheidhmíochta í HealthStat, agus cé go bhfuil sí úsáideach i dtéarmaí cuntasacht a choimeád do sheachadadh seirbhíse, is í an phríomhfheidhm atá aici ná tacú le feabhsuithe seirbhíse trí úsáid sonraí.

47.65 Dhearbhaigh an tOifigeach Cuntasaíochta nach bhfuil córas comhtháite riartha párolla agus phearsanra ag an FSS a chlúdaíonn gach fostaí go náisiúnta agus gur buneasnamh sa chóras é seo. Dhearbhaigh sé go bhfuil iarracht déanta ag an FSS cúiteamh as sin trí bhunachar sonraí a chur i bhfeidhm a dhéanann iarracht na tacair shonraí párolla agus fostaíochta a chomhtháthú don chóras reachtúil amháin.

47.66 Dhearbhaigh sé go bhfuil na socruithe rialachais maidir leis na hospidéil dheonacha scartha amach ó shocruithe na n-ospidéal reachtúil. Déanann an FSS monatóireacht ar líon na bhfostaithe do na hospidéil dheonacha ach níl ról iniúchta aici do chórais phárolla na n-ospidéal deonach. Bíonn a socruithe féin iniúchta inmheánaigh agus sheachtraigh i bhfeidhm ag na hospidéil dheonacha. I 2011 beidh Stiúrthóireacht Iniúchta Inmheánaigh na FSS ag tabhairt faoi shraith iniúchtaí chomhlíonadh fhorálacha an tSocraithe Sheirbhíse le roinnt gníomhaireachtaí a mhaoiníonn an FSS.

47.67 Maidir leis na socruithe sin atá i bhfeidhm le cinntiú go mbainistítear na comharduithe iomlána airgid laistigh den chóras sláinte poiblí leis an uasmhéid bharainneachta dhearbhaigh sé go ndéantar monatóireacht ar iarmhéideanna bainc na n-ospidéal deonach faoi mar a nochtaítear dóibh iad ar bhonn míosúil. Imscrúdaíonn feidhm chiste na FSS aon iarmhéideanna móra agus bíonn sí ag iarraidh iad a íoslaghdú trí laghdú íocaíochtaí amach airgid thirim dá réir.

Conclúid – Monatóireacht na nOspidéal Deonach

Tá córais réasúnta i bhfeidhm ag an FSS le monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht airgeadaíochta agus oibríochtúil na n-ospidéal deonach. Áirítear i measc na réimsí arbh fhiú iad a athbhreithniú monatóireacht níos déine chomhlíonadh na dteorainneacha fostaíochta, a n-ailíniú leis an mbuiséad agus an scóip atá ann do bhainistiú níos mionsonraithe an chiste. Mar shampla, sa chomhthéacs seo, bhí comharduithe airgid thirim ag Ospidéal San Séamas de €21 milliún ag deireadh 2010, mar gheall, go pointe, ar leibhéal na suimeanna airgid thirim a réamhíocaíodh dó ag an FSS i Mí na Nollag 2010.

Caibidil 48

Costais Cúram Teach Altranais

Vóta 40 Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte

Costais Cúram Teach Altranais

48.1 Íoctar costas cúraim chónaithe fhadtéarmaigh faoin bhfo-cheannteideal B.12 i Vóta Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte do 2010. B'ionann é agus €959 milliún sa bhliain sin. Fíor 189 na comhchodanna costais do leithdháileadh Fho-cheannteideal an Chúraim Chónaithe Fhadtéarmaigh do 2010 agus an toradh.

Fíor 189 Costas Cúraim Chónaithe Fhadtéarmaigh 2010

		Measachán[a]	Toradh
	€m	€m	€m
An Scéim um Thacaíocht Tithe Banaltrais		148	238
Leapacha fóirdheontais agus conraithe		308	228
Áiseanna Poiblí[b]			
- Pá	209		
- Neamh-Phá	314	523	493
Costas go dtí an 31 Nollaig 2010		**979**	**959**

Nótaí: a Revised Estimates for the Public Services 2010.

b Ní áiríonn áiseanna poiblí cúig áis altranais dheonacha a maoiníodh ón bhfo-cheannteideal B.5 de Vóta FSS ag costas €82.4 milliún in 2010.

48.2 Tá €8.5 milliún do thacaíochtaí coimhdeacha do chónaitheoirí san áireamh i gcostas na Scéime um Thacaíocht Tithe Banaltrais (STTB) do 2010[399]. Is éard atá i gceist leis seo go n-íocann an Stát costais áirithe ar bhonn iasachta a dhlitear ar an gcónaitheoir i gcásanna nach bhfuil na hacmhainní maoine leachtach láithreach. Amhail deireadh mhí Aibreáin 2011 fuarthas 3,386 iarratas ar iasacht a léirigh 16% de gach iarratas faoin STTB.

48.3 Amhail deireadh na bliain 2010, bhí an Stát ag tacú le 21,698 áit i dtithe altranais do chúram cónaithe fadtéarmach mar a leagtar amach i bhFíor 190.

Fíor190 Áiteanna i dTithe Altranais amhail an 31 Nollaig 2010

	Deireadh na bliana 2010	Deireadh mhí an Mhárta 2011
Leapacha Príobháideacha	10,229	11,458
Leapacha Poiblí	6,600	6,446
Leapacha Fóirdheontais	2,478	1,940
Leapacha Conraithe	2,391	2,285
Iomlán [a]	**21,698**	**22,129**

Nóta: a Ní áiríonn sé seo thart ar 400 leaba in áiseanna deonacha.

399 Glaoitear Tacaíocht Stáit Choimhdeach air seo.

48.4 Ba é 2010 an chéad bhliain iomlán a raibh an STTB nua i bhfeidhm; thosaigh an Scéim ar an 27 Deireadh Fómhair 2009. Príomhchuspóir de chuid na scéime é tacaíocht Stáit do chúram cónaithe fadtéarmach poiblí agus príobháideach a chothromú agus a chinntiú go bhfuil cúram cónaithe fadtéarmach inacmhainne dóibh siúd a dteastaíonn sé uathu.

48.5 Tháinig an STTB in áit Scéim Fóirdheontais a bhí ann do chónaitheoirí in áiseanna príobháideacha a bhí i bhfeidhm ó 1993. Faoin Scéim Fóirdheontais d'fhéadfadh duine a bhí ag baint leasa as leaba cúraim fhadtéarmaigh phríobháideach a bheith i dteideal fóirdheontais bunaithe ar thástáil acmhainne ach seachas sin bheadh sé de dhualgas ar an duine sin costas iomlán an chúraim a íoc. Go dtí gur tugadh an STTB isteach d'íoc duine a fuair leaba cúraim fhadtéarmaigh phoiblí muirir chónaithe mar a foráladh dó sa dlí i dtreo chostas an chúraim ag rátaí sonraithe[400].

48.6 Faoi na socruithe a bhí ann, d'íoc an Stát go héifeachtach as 40% de (mheán measta) chostas an chúraim in áis phríobháideach agus thart ar 90% de chostas an chúraim in áiseanna poiblí. Sular cuireadh tús leis an STTB b'ionann leapacha poiblí agus thart ar aon tríú de leapacha cúraim chónaithe fhadtéarmaigh ach tá an chomhréir seo ag dul i laghad de réir a chéile.

48.7 Breathnaíodh ar an gcostas ard a bhí ar chúram teach altranais príobháideach, fiú tar éis an fóirdheontas a chur san áireamh, mar thoisc shuntasach a chuir leis an líon scaoilte ar cuireadh moill orthu ó earnáil na n-ospidéal géarmhíochaine. Chun leibhéal do-ghlactha an líon scaoilte ar cuireadh moill orthu a sheachaint, b'éigean d'Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS) leapacha a fháil ar conradh i dtithe altranais príobháideacha go minic.

48.8 Leagtar amach gnéithe na Scéime um Thacaíocht Tithe Banaltrais in Iarscríbhinn A.

48.9 Áirítear iad seo a leanas i ról FSS mar riarthóir na scéime

- tabhairt faoi mheasúnuithe ar riachtanais chúraim agus ar acmhainní airgeadais iarratasóirí na scéime
- tacaíocht airgeadais a chur ar fáil d'iarratasóirí cáilitheacha
- iarratais ar iasachtaí teach altranais (Tacaíocht Stáit Choimhdeach) a chinneadh agus bheith i mbun idirchaidrimh leis na Coimisinéirí Ioncaim maidir le haisíocaíocht na n-iasachtaí sin
- tabhairt faoi athbhreithnithe agus faoi achomhairc.

Béim na Caibidle

Déantar imscrúdú sa chaibidil seo orthu seo a leanas

- na socruithe atá i bhfeidhm chun áiseanna teach altranais príobháideach a fháil faoin Scéim um Thacaíocht Tithe Banaltrais agus costais bhainteacha na n-áiseanna
- an chaoi a bhfuil FSS ag bainistiú chostas an chúraim teach altranais
- na socruithe iniúchta do thithe altranais.

[400] Go dtí gur cuireadh tús leis an STTB foráladh leis na Rialacháin Sláinte (Táillí i leith Seirbhísí d'Othair Chónaithe) (Leasú) 2008 i gcás daoine a bhí ag baint leasa as seirbhísí d'othair chónaithe in áitreabh inar cuireadh cúram altranais ar fáil ar bhonn 24 uair ghearrfaí an ráta níos ísle €153.25 in aghaidh na seachtaine orthu nó suim a n-ioncaim sheachtainiúil lúide €44.70. Bhí rátaí ar leith i bhfeidhm nuair nár cuireadh an cúram altranais ar fáil ar bhonn 24 uair.

Soláthar Áiseanna Teach Altranais Príobháideach

48.10 Íocann FSS íocaíochtaí le háiseanna altranais príobháideacha[401] go díreach leis an dílseánach ag praghsanna a comhaontaíodh trí phróiseas idirbheartaithe.

48.11 Ceaptar Bord an Chiste Náisiúnta um Cheannach Cóireála (CNCC)[402] de bhua alt 40 den Acht Fán Scéim um Thacaíocht Tithe Banaltrais 2009 chun praghsanna a idirbheartú agus a chomhaontú ar chostas seirbhísí cúraim chónaithe fhadtéarmaigh le húinéirí tithe altranais príobháideacha agus deonacha ceadaithe. Beartaíodh san Acht go socródh an CNCC uasphraghsanna i ndáil le tithe altranais ceadaithe. Nuair a thagtar ar chomhaontú cuireann sé na torthaí ar fáil do FSS.

48.12 I bhfianaise na tagartha do shocrú uasphraghsanna sa reachtaíocht rialaithe d'fhiafraigh mé den Oifigeach Cuntasaíochta cén fáth gurb é an praghas fógartha a íoctar i gcónaí. Shonraigh an tOifigeach Cuntasaíochta go bhforáiltear le halt 41 den Acht go bhfuil an CNCC le "*socruithe a dhéanamh le duine is dóigh leis is cuí, ar dílseánach tí banaltrais é nó í, maidir leis an bpraghas ar a soláthróidh an duine sin seirbhísí cúraim cónaithe fhadtéarmaigh do dhaoine a bhfuil gá acu le seirbhísí den sórt sin agus atá ag fáil tacaíochta airgeadais faoin Acht fán Scéim um Thacaíocht Tithe Banaltrais 2009.*" Sonraítear san Acht ina dhiaidh sin go ndéanfar fógra i dtaobh na socruithe seo a thabhairt d'Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte agus go féadfaidh Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte cibé faisnéis a bhaineann leis na socruithe sin is cuí léi a fhoilsiú.

48.13 Ó cuireadh tús leis an scéim, níor chomhairligh an CNCC do FSS gurbh ionann na praghsanna a comhaontaíodh le tithe altranais ceadaithe agus na huasphraghsanna comhaontaithe agus go bhféadfaí idirbheartaíocht nua a dhéanamh ar na praghsanna seo. Is é dearcadh FSS nach bhfuil sé de chumhacht aici idirbheartaíocht a dhéanamh an athuair ar na praghsanna a comhaontaíodh le tithe altranais ceadaithe toisc faoi alt 40 den Acht Fán Scéim um Thacaíocht Tithe Banaltrais 2009, is feidhm de chuid an CNCC í an idirbheartaíocht ar phraghas chostas an chúraim i dtithe altranais ceadaithe (mar a shann an tAire é) agus ní de chuid FSS. De thoradh air sin, tá FSS tar éis na praghsanna a comhaontaíodh idir an CNCC agus tithe altranais ceadaithe a chur i bhfeidhm ag na rátaí a d'fhógair an CNCC. Ach luaigh sé áfach go raibh FSS tar éis forfheidhmiú tuilleadh méaduithe ar phraghsanna mar a d'fhógair an CNCC iad ón 12 Márta 2011 a chur ar fionraí de bharr dheacrachtaí airgeadais na scéime i mbliana, ar feitheamh athbhreithniú ar na socruithe reatha.

Gnásanna Soláthair an CNCC

48.14 Sular cuireadh tús leis an STTB, d'fhógair an CNCC go poiblí agus scríobh sé chuig na tithe altranais uile maidir lena ról i mbunú na bpraghsanna faoin Acht. Chomhaontaigh sé praghsanna le breis agus 430 teach altranais. Ó shin i leith, comhaontaíodh nuashonruithe eile ar phraghsanna agus cuireadh ar fáil do FSS iad agus, faoi luath sa bhliain 2011, bhí comhaontaithe praghsála ag os cionn 440 teach altranais ceadaithe leis an CNCC, a léiríonn beagnach gach teach altranais príobháideach agus deonach arna maoiniú ag FSS sa Stát.

48.15 Leagtar amach gach comhaontú praghsála i ngníomhas comhaontaithe i scríbhinn a léiríonn *inter alia*

- sainmhíniú ar chúram cónaithe fadtéarmach
- freagrachtaí na bpáirtithe conraitheoireachta (dílseánach an tí altranais agus an CNCC)
- an t-uasphraghas comhaontaithe.

---

401 Áirítear leo seo tithe altranais deonacha áirithe a mhaoinítear faoi alt 39 den Acht Sláinte 2004.

402 Cosnaíonn rannpháirtíocht an CNCC i riaradh, in idirbheartaíocht, i gcothabháil agus i meicníocht athbhreithnithe na Scéime um Thacaíocht Tithe Banaltrais thart ar €250,000 in aghaidh na bliana air.

48.16 Shonraigh an CNCC go ndéanann sé breithniú ar thograí praghsála tithe altranais príobháideacha agus deonacha á gcur seo a leanas san áireamh

- costais a thabhaigh an teach altranais go réasúnta agus go críonna
- an praghas a gearradh roimhe seo agus
- an praghas sa mhargadh áitiúil.

48.17 Shonraigh an CNCC go mbraitheann an fhoireann, agus na praghsanna á gcinneadh, ar chuairteanna ar na háiseanna, ar imscrúdú ar thaifid lena n-áirítear faisnéis chuntasaíochta agus chostais, ar rátaí áitíochta agus a n-eolas ar chostais agus ar phraghsanna go háitiúil agus go ginearálta. I gcás aighnis, forbraíodh próiseas chun athbhreithniú ar aon phlé praghsála neamhchonclúideach a éascú.

48.18 Maireann comhaontuithe ar feadh tréimhse bliana agus sínítear roinnt acu go cúpla bliain. Nuair atá an comhaontú le hathnuachan déanann an CNCC an próiseas a athdhéanamh agus sínítear comhaontú nua.

48.19 Níor chuir an CNCC aon samhail ná teimpléad praghsála caighdeánaithe i bhfeidhm agus praghsanna á gcinneadh. De ghnáth ní chuirtear leibhéil spleáchais san áireamh sa phróiseas seo.

Bainistíocht Costais

48.20 Thuairiscigh FSS don Roinn amhail deireadh mhí an Mhárta 2011 go raibh an STTB ag reáchtáil ar leibhéal a bhí os cionn a buiséid mhaoinithe. I measc na dtosca a luadh mar nithe a bhí ag cur leis na deacrachtaí buiséadaithe bhí siad seo a leanas

- méadú 4 go 5% sna praghsanna CNCC a comhaontaíodh le tithe altranais príobháideacha thar mar a measadh, a chruthódh costais bhreise €20 milliún ar bhonn bliain iomlán
- an riachtanas[403] go siardhátaítear íocaíochtaí riaráistí a chosnódh €56 milliún i mbliain iomlán dá leanfaí ar aghaidh leis
- ráta níos ísle ná mar a bhí súil leis i leapacha conraithe agus fóirdheontais
- bhí an mheántréimhse a d'fhan cónaitheoirí sa teach altranais méadaithe go ceithre bliana measta – tréimhse a bhí 60% níos mó ná an tréimhse a úsáideadh chun críche pleanála.

48.21 Cé nach raibh tionchar ar an gcostas foriomlán do chistí poiblí dá bharr, mhuirearaigh FSS €52 milliún le Fo-cheannteideal B.12 in 2010 i leith leigheasanna agus seirbhísí teiripeacha do chónaitheoirí. Rinne sí seo ar bhonn an cheangaltais nach mbeadh cónaitheoirí i dtithe altranais poiblí nuair a cuireadh tús leis an STTB faoi mhíbhuntáiste de bharr thabhairt isteach na socruithe nua. Shonraigh sí freisin nach ndearnadh aon choigeartú ar an bhfo-cheannteideal ag aon am chun na costais choimhdeacha seo a bhaint ná nach ndearnadh aon chinneadh na seirbhísí sin a bhaint ó chónaitheoirí reatha.

48.22 Luaigh an Roinn gur léirigh sí go soiléir do FSS nár cheart na cineálacha seo costas a mhuirear ar an bhfo-cheannteideal chun an STTB a bhainistiú agus chun comhlíonadh leis an bprionsabal go ndéanfaí tacaíocht Stáit faoin scéim do chónaitheoirí in áiseanna príobháideacha agus poiblí a chothromú.

[403] Díorthaítear an riachtanas seo ó Alt 13 (3) den Acht fán Scéim um Thacaíocht Tithe Banaltrais 2009.

Costas Áiseanna

48.23 Nuair a fhógraíonn an CNCC comhaontú le teach altranais bunaítear an ranníocaíocht faoin STTB do chostas an chúraim chónaithe ar an bpraghas comhaontaithe gan aon idirghabháil eile ó FSS ar an ábhar.

48.24 Thart ar €865 é an meánphraghas náisiúnta in aghaidh na seachtaine a comhaontaíodh do chúram cónaithe fadtéarmach i dtithe altranais príobháideacha. Braitheann praghsanna ar an gceantar, ó €565 in aghaidh na seachtaine i dTiobraid Árann go €1,344 i mBaile Átha Cliath.

48.25 I gcás tithe altranais poiblí a maoiníodh ó Vóta FSS measadh gurb é €1,245 an meánchostas. Fíor 191 an líon tithe altranais a bhí i gcatagóirí costais éagsúla d'áiseanna príobháideacha agus poiblí araon in 2010.

Fíor 191 Costais Tithe Altranais in 2010

Áis	Áiseanna príobháideacha[a]	Áiseanna Poiblí[b]
faoi €600	6	1
€600 - €900	285	7
€900 - €1,200	116	61
€1,200 - €1,500	29	32
os cion €1,500	0	21
Líon Iomlán Tithe Altranais	436	122
Meánphraghas/meánchostas	**€865**	**€1,245**

Nótaí: a Tá na praghsanna bunaithe ar áitíocht seomra shingil agus ar rátaí go deireanach sa bhliain 2010.

b Sonraí bunaithe ar athbhreithniú ar chostas an chúraim a rinneadh in 2010.

Socruithe Iniúchta

48.26 Cláraítear teach altranais ar feadh trí bliana agus ina dhiaidh sin caithfidh an soláthraí iarratas a dhéanamh le ÚFCS d'athnuachan an chláraithe.

48.27 Faoin Acht Sláinte 2007 caithfidh an tÚdarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte (ÚFCS) iniúchadh agus clárú a dhéanamh ar gach áis. Sular achtaíodh é, ní dhearnadh iniúchadh ach ar thithe altranais a d'oibrigh soláthraithe príobháideacha agus deonacha.[404]

48.28 Luadh i Measúnú ar Thionchar Rialála[405] ar thabhairt isteach caighdeáin cháilíochta gurbh ann d'easnaimh shuntasacha maidir leis an timpeallacht fhisiciúil i dtithe altranais poiblí agus gur theastaigh athchóiriú nó athionadú suntasach in go leor díobh chun go gcomhlíonfaidís na caighdeáin cháilíochta. Sonraíodh ann go mbeadh na costais athchóirithe suntasach agus ag brath ar chomhréir choibhneasta na n-aonad atá le hathionadú agus le nuashonrú bheadh an costas measta cothrom le thart ar €1.2 billiún i bpraghsanna 2008. Ligtear sna caighdeáin, áfach, do thréimhse ama a bhfuil an caighdeán le comhlíonadh laistigh di i gcúinsí ina gcuirtear plean costáilte iomláine i dtoll a chéile.

404 Thug FSS faoi iniúchtaí ar áiseanna príobháideacha roimh sin.

405 *Nursing Homes Standards Regulatory Impact Analysis* foilsithe ag an Roinn Sláinte agus Leanaí.

Conclúid

Beartaíodh san Acht go gcomhaontódh an CNCC uasphraghsanna le tithe altranais ceadaithe. Ach níor imigh na praghsanna a d'íoc FSS faoin STTB ó na praghsanna a chomhaontaigh an CNCC agus ba é an praghas a chomhaontaigh an CNCC an praghas éifeachtach a d'íoc an Stát faoin scéim.

Agus an praghas á chinneadh le tithe altranais níor úsáid an CNCC samhlacha costála chun eolas a chur ar fáil don phróiseas ach bhraith sé ina áit sin ar fhaisnéis a chuir tithe altranais ar fáil agus ar a athbhreithniú ar an bhfaisnéis. Bhunaigh sé a chinntí freisin ar eolas ginearálta ar spreagthóirí praghais agus costais san earnáil.

Mar go bhfuil na comhaontuithe gearrthéarmach i gcoitinne is dóchúil go mbeidh an CNCC i mbun idirbheartaíochta go leanúnach.

Tá brú costais ar an STTB dá mbarr seo a leanas

- tá na praghsanna a ndearnadh idirbheartú orthu le tithe altranais príobháideacha ag sárú na bpraghsanna a measadh
- íocadh riaráistí suntasacha (bunaithe ar theidlíocht reachtaíochta) le daoine a roghnaigh an STTB in áit na Scéime Fóirdheontais reatha
- níl laghdú ag teacht ar líon na gcónaitheoirí i leapacha fóirdheontais agus conraithe mar a bhí súil leis
- tá an tréimhse a fhanann cónaitheoirí i bhfad níos airde ná mar a bhí súil leis.

Tá costas na n-áiseanna teach altranais poiblí níos airde go suntasach ná na praghsanna a íoctar d'áiteanna i dtithe altranais príobháideacha. D'fhéadfadh na costais a theastaíonn chun áiseanna a nuashonrú de réir na gcaighdeán cáilíochta cúraim nua tuilleadh tionchair a imirt ar chostas na dtithe altranais poiblí.

Iarscríbhinn A Gnéithe na Scéime um Thacaíocht Tithe Banaltrais

Tá bearta, mar seo a leanas, san Acht Fán Scéim um Thacaíocht Tithe Banaltrais 2009 (an tAcht) a bhfuil d'aidhm acu tacaíocht Stáit do chónaitheoirí i dtithe altranais poiblí agus príobháideacha a chothromú

- cuirtear teorainn le ranníocaíocht airgeadais an iarratasóra do chúram fadtéarmach agus íocann an Stát an t-iarmhéid beag beann ar an gcuirtear an cúram ar fáil in áis shannta phoiblí, in áis cheadaithe phríobháideach nó in áis dheonach
- tá soláthar tacaíocht airgeadais faoi réir an t-iarratasóir a bheith incháilithe faoi mheasúnacht chaighdeánaithe ar riachtanais chúraim agus faoi mheasúnú airgeadais
- tá an prionsabal go bhfuil rogha ag an gcónaitheoir i bhfeidhm go cothrom sna háiseanna ar fad
- tá bunús na tacaíochta airgeadais seasmhach sna háiseanna ar fad.

Is iad seo a leanas na príomhbhreithniúcháin a bhaineann le measúnú a dhéanamh ar ranníocaíocht airgeadais an iarratasóra do chostais cúraim

- ní féidir leis an ranníocaíocht costas an chúraim a shárú
- socraítear an ranníocaíocht bhliantúil ag 80% d'ioncam inmheasúnaithe agus 5% de luach aon sócmhainní atá i seilbh an iarratasóra
- ní áirítear an chéad €36,000 i sócmhainní (€72,000 do lánúin) sa mheasúnú
- sa chás go n-áiríonn an measúnú ar shócmhainní talamh agus maoin sa Stát is féidir an ranníocaíocht 5% a iarchur agus a bhailiú ó eastát an duine
- ní áireofar príomháit chónaithe an duine ach don chéad trí bliana de mheasúnú (.i. teoranta ag 15%).
- baineann an teorainn 'trí bliana' le feirmeacha agus le gnólachtaí, i gcúinsí áirithe.

Sa chás gur iarchuireadh an ranníocaíocht 5%, íocann nó tabhaíonn FSS an ghné seo de chostas an chúraim thar ceann an duine, is é sin tugann FSS costas an chúraim ar iasacht agus forchúitíonn sí an iasacht a tugadh tar éis bhás an duine. Foráiltear don áis iasachta seo dar teideal 'Tacaíocht Stáit Choimhdeach' san Acht agus cabhraíonn sí le daoine ionas nach mbeidh orthu sócmhainní maoine ar nós tí a dhiúscairt le linn a saolré.

Baineann siad seo a leanas leis na socruithe faoin áis iasachta

- Ordú Muirir[406] cláraithe in aghaidh na maoine
- más cuid de lánúin an duine, caithfidh an céile nó an páirtí iarratas a dhéanamh freisin ar íocaíocht na hiasachta agus toiliú le clárú an Ordaithe Muirir
- déanann FSS an tOrdú Muirir, cláraíonn sí é in aghaidh na sócmhainne leis an Údarás Clárúcháin Maoine agus déanann sí íocaíochtaí leis an áis teach altranais nó tabhaíonn sí costas an chúraim thar ceann an duine.

Nuair atá an iasacht le haisíoc lorgaíonn FSS aisíocaíochtaí ón duine freagrach – seiceadóir mar shampla – agus cuirtear an duine sin ar an eolas faoi iarmhéid na hiasachta atá dlite lena n-áirítear aon choigeartú d'innéacsú[407]. Bailíonn na Coimisinéirí Ioncaim suimeanna dlite de réir na dtreoracha a sheolann FSS.

---

[406] Is cineál simplí morgáiste é Ordú Muirir, a fhoráiltear dó faoin Acht, a urraíonn an t-airgead a thugann FSS ar iasacht.

I gcásanna go dtagann aisíocaíocht chun cinn mar gheall ar bhás an chónaitheora i gcúram caithfear an iasacht a íoc laistigh de 12 mhí, agus muirearóidh na Coimisinéirí Ioncaim ús i ndiaidh an dáta sin de réir an Achta. Más gá an iasacht a aisíoc mar gheall ar dhíol nó ar aistriú na maoine le linn shaolré an duine caithfear an iasacht a aisíoc laistigh de 6 mhí den dáta sin nó déanfar ús a mhuirear.

Socruithe Idirthréimhseacha

Tugadh tiomantas nach measa a bheadh na daoine a bhí i dteach altranais sular cuireadh tús leis an STTB sa mhéid agus go dtarlaíonn siad seo a leanas

- tugtar fógra don iarratasóir gur faomhadh tacaíocht airgeadais dó/di faoin scéim
- má chuirtear an cúram ar fáil i dteach altranais poiblí nó deonach[408] nó i leaba chonraithe i dteach altranais príobháideach sula gcuirtear tús leis an STTB féadfaidh an duine leanúint ar aghaidh leis an socrú sin
- má tá an duine i dteach altranais ceadaithe[409] sula gcuirtear tús leis an STTB agus go bhfuil tacaíocht á thabhairt faoin Scéim Fóirdheontais féadfaidh an duine an córas fóirdheontais reatha a choinneáil nó cur isteach ar an STTB (féadfar an 'teorainn' trí bliana a chur i bhfeidhm ar an am a caitheamh sa teach altranais sular thosaigh an STTB)
- má tá an duine i dteach altranais ceadaithe sula gcuirtear tús leis an STTB agus ag íoc as cúram, féadfar iarratas a dhéanamh ar an STTB (arís, féadfar an 'teorainn' trí bliana a chur i bhfeidhm ar an am a caitheamh sa teach altranais sular thosaigh an STTB)
- má tá an cúram á chur ar fáil i dteach altranais nár ceadaíodh chun críche na STTB féadfaidh an duine roghnú leanúint ar aghaidh leis na socruithe fóirdheontais reatha nó iarratas a dhéanamh ar an STTB agus athrú go teach altranais a ceadaíodh don STTB.

Riarachán

48.29 Gníomhaíonn FSS mar sholáthraí seirbhíse freisin. I gcomhlíonadh an róil seo, caithfidh sí a chinntiú go ndéantar seirbhísí a úsáid go sábháilte, go héifeachtach agus i mbealach a uasmhéadaíonn an tairbhe fhoriomlán do na daoine i dtithe altranais.

48.30 Déanann FSS an STTB a riaradh trí Aonad Náisiúnta Comhordaithe (ANC) i dTulach Mhór agus trí 18 n-oifig áitiúla um thacaíocht tithe altranais atá freagrach as iarratais ar thacaíocht airgeadais a phróiseáil agus as íocaíochtaí a dhéanamh le tithe altranais príobháideacha.

48.31 Tá Oifigí Áitiúla freagrach as íocaíochtaí le tithe altranais príobháideacha a dheimhniú tríd na sonraí ar shonraisc a chuireann an teach isteach a chur i gcomparáid lena dtaifid. Má athraíonn cúinsí a bhfuil tionchar acu ar an gcónaitheoir de bharr báis nó scaoileadh ón áis, tá an teach altranais freagrach as an oifig áitiúil a chur ar an eolas fúthu sin.

48.32 Chun tacú le riaradh na scéime ceannaíodh córas ríomhaireachta agus cuireadh i bhfeidhm é i dtrí cinn de na hoifigí um thacaíocht tithe altranais agus san Aonad Náisiúnta Comhordaithe go deireanach in

---

407 Baintear leas as an Innéacs Praghsanna do Thomhaltóirí a fhoilsíonn an Phríomh-Oifig Staidrimh chun tionchar amluach airgid ar an iasacht a ríomh

408 Áiseanna arna maoiniú go poiblí a fheidhmíonn comhlachtaí deonacha iad tithe altranais deonacha.

409 Sainmhínítear tithe altranais ceadaithe san Acht mar iad siúd atá cláraithe de réir na reachtaíochta cuí, sa chás go bhfuil comhaontú i scríbhinn i bhfeidhm maidir le praghsáil agus gur tugadh deimhniú imréitigh cánach a d'eisigh na Coimisinéirí Ioncaim do FSS.

2010. Táthar ag súil go gcuirfear i bhfeidhm é sna 15 oifig eile[410] in 2011 chomh maith le forbairt gnéithe breise don chóras.

Measúnacht ar Riachtanais Chúraim

48.33 Nuair a dhéantar iarratas ar chúram eagraíonn an oifig áitiúil um thacaíocht tithe altranais Measúnacht ar Riachtanais Chúraim chun a chinneadh an dteastaíonn cúram fadtéarmach i dteach altranais. Tugann gairmí sláinte a cheapann FSS faoin Measúnacht ar Riachtanais Chúraim a chuimsíonn measúnú ar chritéir éagsúla a leagtar amach san Acht. Baineann gairmithe sláinte leas as uirlisí éagsúla measúnaithe,[411] ach tugtar na measúnachtaí le chéile i dTuarascáil Measúnaithe Comh-achoimre chun críche measúnachta náisiúnta caighdeánaithe Déanann an Fóram Áitiúil Láithriúcháin an cinneadh an dteastaíonn cúram fadtéarmach nó nach dteastaíonn[412]. Féadfar achomharc a dhéanamh ar chinneadh nach dteastaíonn cúram fadtéarmach ón iarratasóir leis an oifig áitiúil.

48.34 Shonraigh an Roinn toisc go gcinntear go dteastaíonn cúram teach altranais ó gach duine de thoradh measúnacht chaighdeánaithe ar riachtanais chúraim, agus in éagmais uirlis chaighdeánaithe measúnuithe amháin a shainaithneodh leibhéil dhiscréideacha spleáchais i mbealach tréan agus mion, nach féidir difríochtaí a aithint idir riachtanais chúraim iarratasóirí éagsúla ná é seo a úsáid mar bhonn chun tosaíochtaí a chinneadh do mhaoiniú.

Measúnú ar Acmhainní Airgeadais

48.35 Tugann an oifig áitiúil faoin measúnú ar acmhainní airgeadais an iarratasóra trí shonraí a cuireadh isteach ar an bhfoirm iarratais agus fianaise tacaíochta a sheiceáil. Sa chás go bhfuil duine tar éis cur isteach ar Thacaíocht Stáit Choimhdeach deimhníonn an ANC mionsonraí maoine ó thaifid an Údaráis Clárúcháin Maoine.

48.36 Nuair a dhéantar cinneadh ar an tacaíocht airgeadais

- cuirtear an t-iarratasóir ar an eolas faoina leibhéal ranníocaíochta
- cuireann an oifig áitiúil áiseanna príobháideacha ar an eolas faoin ranníocaíocht phoiblí do chúram faoin STTB
- cuireann an teach altranais fógra iontrála ar ais chuig an oifig áitiúil nuair a théann an duine chun cónaí ann
- déanann an oifig áitiúil socruithe íocaíochta don áis ar chur isteach agus deimhniú sonraí sonraisc
- sa chás go bhfuil an duine in áis phoiblí ordaíonn an oifig áitiúil don áis an ranníocaíocht a chúiteamh ón duine
- i gcás daoine a cheadaítear do thacaíocht iasachta cuireann an ANC an tOrdú Muirir i bhfeidhm leis an Údarás Clárúcháin Maoine.

---

410 Cé go bhfuil taifid ar chóras TF ag na 15 oifig níl na sonraí a thaifeadtar chomh fairsing agus atá ar an bpríomhchóras.

411 Baineann gairmithe sláinte leas as uirlisí ar nós Innéacs Leasaithe Barthel chun feidhmíocht i ngnáthimeachtaí laethúla a thomhas.

412 Téarma ginearálta é Fóram Áitiúil Láithriúcháin do ghrúpaí faoi cheannaireacht FSS ar a bhfuil cliniceoirí agus baill foirne sláinte arb é a bpríomhról riachtanas an iarratasóra do chúram cónaithe fadtéarmacha faoin STTB a chinneadh.

Caibidil 49

Saoráidí Cúraim Leanaí

Vóta 41 Leanaí agus Gnóthaí Óige

Saoráidí Cúraim Leanaí

49.1 Thosaigh an Stát ag cur le hacmhainneacht cúraim leanaí ó dheireadh na 1990idí. Bhí leibhéal ard d'fhorás eacnamaíochta ann ag an am sin, bhí an leibhéal dífhostaíochta ag titim agus bhí níos mó mná páirteach sa líon lucht oibre. Aithníodh go gcaithfí aghaidh a thabhairt ar aon bhacainní a bhí ann maidir le mná ag dul isteach sa lucht saothair dá mba rud é go raibh an forás le leanúint ar aghaidh. Bhí easpa soláthair cúraim leanaí ar cheann de na príomhbhacainní i ndáil leis sin. Tugadh aghaidh air sin trí chláir a leagadh amach chun tacaíocht airgid a thabhairt do chruthú áiteanna le haghaidh aire a thabhairt do leanaí.

- Rinneadh an chéad chlár cúraim leanaí – an 'Clár Comhdheiseanna Cúraim Leanaí' (EOCP), a bhí i mbun oibre suas go dtí 2006, a mhaoiniú trí mheascán de Chistí Rialtais agus Cistí Struchtúracha AE. Rinneadh €500 milliún a infheistiú i gcúram leanaí a fhorbairt faoin EOCP agus mar thoradh air sin cruthaíodh beagnach 40,000 áit cúraim leanaí[413].
- Tugadh isteach Clár Náisiúnta Infheistíochta sa Chúram Leanaí (NCIP) sa bhliain 2006 agus leithdháileadh €575 milliún[414] ar an gclár sin a bhí le seachadadh sa tréimhse cúig bliana 2006 go 2010.

49.2 Chomh maith le cruthú áiteanna cúraim leanaí a mhaoiniú trí dheontais chaipitil, bhí raon maoinithe Stáit ar fáil chun cuidiú le costais reatha soláthróirí seirbhísí agus chun tacú le rochtain ar chúram leanaí le haghaidh catagóirí áirithe leanaí. Áiríodh orthu sin

- deontais soláthar foirne[415]
- táillí a ísliú le haghaidh na dteaghlach sin ar ioncam íseal
- tacaíocht cúiram leanaí le haghaidh na ndaoine sin i gcláir oiliúna agus i gcláir fostaíochta[416]
- bliain de chúram agus oideachas luath-óige saor in aisce le haghaidh leanaí in aois réamhscoile.

49.3 Cuirtear cúram leanaí ar fáil i saoráidí pobalbhunaithe mar aon le saoráidí príobháideacha. Meastar go gcuirtear dhá thrian d'ioncam saoráidí pobalbhunaithe ar fáil trí fhóirdheontas Stáit.

Freagracht maidir le Cláir Cúraim Leanaí

49.4 Is ar an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige (DCYA)[417] atá an fhreagracht maidir le cláir cúraim leanaí. Déanann Pobal[418] oibríochtaí an chláir ó lá go lá a bhainistiú thar ceann na Roinne.

---

413 Tugtar ar aird i dTuarascáil Bhliantúil 2007 Pobal gur cruthaíodh 39,108 áit nua cúraim leanaí faoin EOCP (16,714 áit lánaimseartha agus 22,394 áit pháirtaimseartha).

414 Ba é €357 milliún an leithdháileadh de chaipiteal poiblí. Maoinítear an NCIP ó Fhotheideal B in 2010.

415 Bhí siad sin ar fáil do sholáthróirí cúraim leanaí pobalbhunaithe go dtí gur tugadh isteach Scéim Fórdheontais Chúraim Leanaí Pobail in 2008.

416 Cláir arna riaradh ag FÁS nó ag na VECanna.

417 I Meitheamh 2011, ghlac an DCYA nua-bhunaithe na feidhmeanna a bhí ag Oifig an Aire Leanaí agus Gnóthaí Óige (OMCYA) roimhe sin. In 2006, thug an OMCYA baill foirne iomchuí le chéile a d'oibrigh le chéile roimhe sin ar raon feidhmeanna a bhain le leanaí sna Ranna Sláinte agus Leanaí, Dlí agus Cirt agus Athchóirithe Dlí agus Oideachais agus Scileanna.

418 Is cuideachta sheachbhrabúsach é Pobal ag a bhfuil stádas carthanachta agus a bhainistíonn cláir thar ceann an Rialtais agus an AE.

49.5 Chomh maith leis sin, tá baint ag 33 Coiste Cúraim Leanaí Cathrach agus Contae (CCCanna), arna mbunú sa bhliain 2001, le seachadadh an NCIP a éascú. Déanann seacht nEagraíocht Náisiúnta Dheonacha Cúraim Leanaí (NVCOnna)[419] seirbhísí a sheachadadh sa réimse cúraim leanaí freisin. Leagtar amach ról na CCCannna agus na NVCOnna amach in Iarscríbhinn A.

49.6 Tá roinnt coistí nó grúpaí náisiúnta sa réimse cúraim leanaí chomh maith. Is iad sin

- An Coiste Náisiúnta Comhordaithe Cúram Leanaí (NCCC), arb iad a dtéarmaí tagartha comhairle agus cúnamh a thabhairt don DCYA i ndáil leis an gclár cúraim leanaí, saincheisteanna caighdeáin agus cur chuige comhordaithe a fhorbairt maidir le soláthar cúraim leanaí.
- Grúpa Feidhmithe Rialachán Cúraim Leanaí ag a raibh cruinnithe ó mí Mheán Fómhair 2007 go dtí deireadh na bliana 2010 chun fóram a chur ar fáil chun déileáil le saincheisteanna a tháinig chun cinn ó thosach feidhme na Rialachán um Chúram Leanaí (Seirbhísí Réamhscoile) (Uimh. 2) 2006.
- Grúpa Oibre maidir le Caighdeáin, arna bhunú sa bhliain 2008 faoi choimirce an Ghrúpa Feidhmithe chun sraith caighdeán náisiúnta a fhorbairt le haghaidh úsáideoirí agus soláthróirí seirbhísí. Foilsíodh iad sin i mí na Nollag 2010.

Costas na gClár Cúraim Leanaí

49.7 As an €575 milliún a leithdháileadh ar dtús ar an gclár, ceadaíodh €452 milliún[420] le híoc ina dhiaidh sin. Tá maoiniú de €406.7 milliún íoctha suas go dtí an 31 Nollaig 2010 faoi raon beart a chuimsítear sa NCIP. Tabhaíodh €31.6 milliún[421] i ndáil le riarachán, íocadh €170 milliún i ndeontais chaipitil agus an t-iarmhéid i dtacaíocht leanúnach.

49.8 Ar leithligh Íocadh €153.5 milliún breise faoin Scéim um Chúram agus Oideachas na Luath-Óige (ECCE) a tugadh isteach sa bhliain 2010[422]. Mionsonraíonn Fíor 192 soláthar agus eiscíocaíochtaí an NCIP.

---

419 Go ginearálta is eagraíochtaí ballraíocht-bhunaithe iad sin a thacaíonn le catagóirí éagsúla de sholáthróirí cúraim leanaí (m.sh. lánchúram lae, Montessori, Naíonraí). Tugtar liosta de na NVCOnna in Iarscríbhinn A.

420 Luaitear é seo glan ar dhídhílsithe.

421 Cuireadh an figiúr sin i dtoll a chéile bunaithe ar chionroinnt an chaiteachais thuairiscthe ar chostais riaracháin na CCCanna agus na NVCOnna sna blianta idir 2006 go 2010. Chomh maith leis sin, tá an méid iomlán a íocadh le Pobal san áireamh ann. Níl aon ghné de chostais riaracháin a thabhaigh na CCCanna ná na NVCOnna a maoiníodh faoin ECOP sa tréimhse 2006 agus 2007 san áireamh ann.

422 Tá tuairim is €9 milliún san áireamh ansin a leithdháileadh go príomha ar na CCCanna agus na NVCOnna agus do ról comhlíonta Pobal.

Fíor 192 Maoiniú NCIP 2006 – 2010

	Ceadaithe	Íoctha Amach[a]	Ceangaltas gan íoc
	€m	€m	€m
Caipiteal[b]	181.6	170.4	11.2
Fóirdheontas agus Deontas Soláthar Foirne	188.6	165.1	23.5
Tacaíocht Oideachais agus Oiliúna Cúraim Leanaí	14.4	6.7[c]	7.7
Coistí Cúraim Leanaí Cathrach agus Contae	40.6	38.3[d]	2.3
Eagraíochtaí Náisiúnta Deonacha Cúraim Leanaí	7.9	7.3[e]	0.6
Costais Riaracháin Pobal	17.4	17.4	-
Deontas Forbartha Cúramóirí Leanaí	1.0	1.0[f]	-
Tionscnamh Grúpaí Tuismitheoirí agus Lapadán	0.5	0.5	-
Iomlán	**452.0**	**406.7**	**45.3**

Foinse: Pobal

Nótaí:
a Ba é €560.2 milliún an eisíocaíocht iomlán maidir leis an NCIP agus an ECCE go dtí an 31 Nollaig 2010
b An méid caipitil ceadaithe glan ar mhéideanna dídhílsithe.
c Fuarthas tuairim is €3 milliún ó FÁS agus na Coistí Gairmoideachais maidir leis an scéim sin.
d Ina theannta sin, íoctha €8.8 milliún agus €7.3 milliún in 2006 agus 2007 faoi seach leis na CCCanna as maoiniú EOCP.
e Ina theannta sin, íoctha €3 milliún leis na NVCOnna in 2006 agus 2007 as maoiniú EOCP.
f Tá €415,000 den méid iomlán a híocadh i ndáil le Deontais Forbartha Cúramóirí Leanaí faoin EOCP agus NCIP agus nár caitheadh le forchúiteamh ó na CCCanna.

An Comhthéacs Níos Leithne maidir le Beartas Cúraim Leanaí

49.9 Déantar an NCIP a riaradh i gcomhthéacs na Straitéise Náisiúnta um Chúram Leanaí 2006 – 2010. Áiríodh iad seo a leanas ar chuspóirí gaolmhara a cuimsíodh sa straitéis i gcoitinne

- Clár uilechuimsitheachta sóisialta nua, 'Ag Seachadadh Comhionannais Deiseanna i Scoileanna' (DEIS), a raibh sé i gceist leis cuidiú freastal ar riachtanais oideachais leanaí agus daoine óga i bpobail faoi mhíbhuntáiste agus a raibh sé beartaithe go gcuirfeadh an Roinn Oideachais agus Scileanna (DES) i bhfeidhm é i gcomhar leis an DCYA.
- Rialacháin níos daingne i ndáil le seirbhísí réamhscoile a fhoilsiú.
- Teidlíochtaí nua agus níos fearr le haghaidh tuismitheoirí. Bhí forlíonadh nua luathchúraim leanaí de €1,000 in aghaidh na bliana do thuismitheoirí maidir le gach leanbh faoi sé bliana d'aois, saoire mháithreachais agus uchtála níos fearr agus sochar máithreachais níos airde san áireamh orthu sin.

Athruithe i gCoinníollacha Eacnamaíochta

49.10 Tá cúrsaí eacnamaíochta náisiúnta athraithe go mór in Éirinn ó thosach feidhme an NCIP sa bhliain 2006. Mar shampla, sa tréimshe cúig bliana, 2006 go deireadh na bliana 2010, d'ardaigh an ráta dífhostaíochta coigeartaithe ó 4.4% go 13.6%[423]. Thit GDP[424], arna thomhas ag praghas margaidh seasta, 11.8% sa tréimhse 2007 go dtí deireadh na bliana 2010. Thit rátaí rannpháirtíochta na mban sa lucht saothair ó 54.4% go 53.1% sa tréimhse chéanna[425].

49.11 Bhí soláthar saoráidí cúraim leanaí a mhéadú mar phríomhchuspóir Rialtais suas go dtí go luath in 2009. D'athraigh an bhéim a bhí ar bheartas cúraim leanaí ón bpointe sin ar aghaidh agus mar fhreagairt don chúlú i gcúinsí eacnamaíochta náisiúnta. Tháinig deiridh le gné an mhaoinithe chaipitil den NCIP in Aibreán na bliana 2009 agus cuireadh deireadh leis an bhfóirdheontas luathchúraim leanaí de réir a chéile ó Bhealtaine 2009.

Béim na Caibidle

Sa chaibidil seo, scrúdaítear toradh na hinfheistíochta caipitil faoin NCIP, na rioscaí maidir le luach a fháil agus conas a dhéantar seachadadh cúram leanaí a riaradh, a mheas agus conas a dhéantar monatóireacht air.

Infheistíocht Chaipitil in Áiteanna Cúraim Leanaí

49.12 Faoi chlár caipitil an NCIP, d'fhéadfadh soláthróirí cúraim leanaí san earnáil phríobháideach iarratas a dhéanamh ar chúnamh deontais de suas le €100,000 i ndáil leis an gcostas caipitil chun saoráid cúraim leanaí a fhorbairt[426] faoi réir ag uaschostas de €15,000 an áit sa bhreis ar chúig uair an chloig cúraim[427]. Chaithfeadh an soláthróir cúraim leanaí 25% ar a laghad den maoiniú iomlán a theastaigh don tionscadal a chur ar fáil óna chistí féin.

---

423 Suirbhéireacht Ráithiúil Náisiúnta ar Theaghlaigh an CSO.

424 Is éard is Olltáirgeacht Intíre (GDP) ann ná luach margaidh na n-earraí agus seirbhísí go léir a tháirgtear laistigh de thír i dtréimhse áirithe.

425 D'ardaigh ráta rannphaírtíochta na mban sa lucht saothair 13.4% nuair a fhéachtar air thar tréimhse infheistíochta níos faide i gcúram leanaí – mar shampla idir 1995 agus 2010 (ó 39.7% go 53.1% faoi seach).

426 D'fhéadfadh iarratasóir iarratas a dhéanamh ar níos mó ná deontas amháin, ach na saoráidí cúraim leanaí eile a bheith in abhantracha éagsúla agus bheadh sé faoi réir ag teorainn iomlán de €500,000.

427 Déantar áit lánaimseartha a aicmiú mar níos mó ná cúig uair an chloig cúraim. Bhí deontas níos lú, arbh ionann é agus 50% den deontas a bhí ar fáil d'áit lánaimseartha, ar fáil do sholáthróirí cúraim leanaí príobháideacha d'áit pháirtaimseartha (3.5 go 5 uair an chloig) nó d'áit sheisiúnach (3.5 uair an chloig leanúnach sa ló). I gcásanna eisceachtúla, bhí deontais €5,000 an áit, a bhí ann cheana féin, ar fáil chun cáilíocht seirbhíse a bhí ann cheana féin a thabhairt go dtí caighdeán inghlactha, suas go dtí uasmhéid €100,000.

49.13 D'fhéadfadh iarratasóirí pobalbhunaithe iarratas a dhéanamh ar chúnamh deontais chaipitil faoi réir ag uasdeontas foriomlán de €1.2 milliún agus uaschostas de €24,000[428] an áit sa bhreis ar 3.5 uair an chloig cúraim[429]. Ba é €357 milliún an leithdháileadh de chaipiteal poiblí a beartaíodh.

49.14 Ba iad seo a leanas na spriocanna a leagadh amach le haghaidh an NCIP

- 50,000 áit nua cúraim leanaí breise a chruthú (bhíothas ag súil go mbeadh 22,000 díobh sin san earnáil phríobháideach agus 28,000 san earnáil phobail agus dheonach)
- tuairim is 10,000 (20%) de na háiteanna sin a úsáid chun freastal ar an ngrúpa 3-4 bliain d'aois agus béim á cur ar chúram agus oideachas luath-óige
- tuairim is 5,000 (10%) de na háiteanna a úsáid chun freastal ar leanaí in aois scoile lasmuigh de na gnáthuaire scoile.

49.15 Leis an gcáipéisíocht atá ar fáil, tugtar le tuiscint gur cinneadh an sprioc thosaigh sin de 50,000 áit nua cúraim leanaí ag tráth an Bhuiséid in 2006, bunaithe ar an toradh measta i dtéarmaí áiteanna ón bpacáiste infheistíochta beartaithe seachas ar mheasúnú riachtanais foirmiúil.

49.16 Ní raibh aon réasúnaíocht ar fáil inar leagadh amach bonn don roinnt idir áiteanna san earnáil phríobháideach agus áiteanna pobalbhunaithe. Níor leagadh amach an bonn ach oiread don sprioc maidir le háiteanna nua le haghaidh an ghrúpa 3-4 bliain d'aois ná don aoisghrúpa scoile.

Measúnú maidir le Riachtanais Áitiúla

49.17 Nuair a bhí an clár NCIP á chur i bhfeidhm, rinneadh anailís ar riachtanais cúraim leanaí ag leibhéal áitiúil agus chuaigh CCCanna i mbun cleachtadh mapála chun an leibhéal riachtanais maidir le cúram leanaí ina gceantar a chinneadh. Tríd is tríd, is éard a bhí i gceist leis sin

- an leibhéal de sholáthar cúraim leanaí ina gceantar a aithint trí shuirbhé a dhéanamh ar sholáthróirí cúraim leanaí agus cúramóirí leanaí agus
- eolas maidir leis an bhforás réamh-mheasta don todhchaí ina gcathair nó ina gcontae a úsáid chun bearnaí sa soláthar reatha maidir le seirbhísí cúraim leanaí a aithint. Baineadh úsáid as liostaí feithimh freisin agus riachtanais á mheasúnú.

49.18 Ach, níor ghlac na CCCanna go léir cur chuige caighdeánaithe maidir leis an gcleachtadh mapála, agus os rud é go raibh an t-eolas uile a úsáideadh bunaithe, tríd is tríd, ar fhreagraí ar cheistiúcháin, d'fhéadfadh sé nach raibh an leibhéal iomlán de sholáthar cúraim leanaí i ngach cathair ná contae cuimsithe ann. Mar thoradh air sin, ní raibh achoimre déanta ar an eolas a bailíodh chun léargas náisiúnta iomlán a thabhairt maidir leis an leibhéal de sholáthar agus riachtanais maidir le seirbhísí cúraim leanaí ag an am.

---

428 Rinneadh é seo a leasú suas in 2007 ó uaschostas tosaigh €20,000 an áit agus teorainn deontais iomlán de €1 milliún.

429 Bhí an uasdeontas de €24,000 an áit infheidhme i gcás saoráidí pobalbhunaithe le haghaidh áiteanna lánaimseartha (níos mó ná 5 uair an chloig) agus áiteanna páirtaimseartha (3.5 go 5 uair an chloig) araon. Bhí deontas níos lú, arbh ionann é agus 50% den deontas a bhí ar fáil d'áit lánaimseartha, ar fáil d'áit sheisiúnach (3.5 uair an chloig leanúnach sa ló). I gcásanna eisceachtúla, bhí deontais €5,000 an áit, a bhí ann cheana féin, ar fáil chun cáilíocht seirbhíse a bhí ann cheana féin a thabhairt go dtí caighdeán inghlactha, suas go dtí uasmhéid €125,000.

Ceadú Tionscadal agus Íocaíochtaí

49.19 B'ionann €229.3 milliún na deontais chaipitil a ceadaíodh faoin NCIP suas go dtí deireadh 2010[430]. Ach, as an méid sin, rinneadh €47.7 milliún a dhídhílsiú, rud a d'fhág an glanmhéid a ceadaíodh ag €181.6 milliún[431].

49.20 I bhFíor 193, tá achoimre de stádas an mhaoinithe chaipitil le linn na tréimhse go dtí mí na Nollag 2010.

Fíor 193 Seasamh Maoinithe Chaipitil an NCIP 2006 – 2010

An Cineál Saoráide	Ceaduithe Comhláin	Dídhílsithe	Glan-Cheaduithe	Íoctha Amach	Ceangaltais amhail an 31 Nollaig 2010
	€m	€m	€m	€m	€m
Príobháideach	44.0	(9.4)	34.6	34.1	0.5
Pobalbhunaithe	185.3	(38.3)	147.0	136.3	10.7
Iomlán	**229.3**	**(47.7)**	**181.6**	**170.4**	**11.2**

Foinse: Pobal

49.21 Foráiltear, i rialacha an NCIP, do chistí a leithdháiltear ar thairbhithe deontais a dhídhílsiú agus a aisghabháil in imthosca áirithe. Is iad sin

- mura sínófar conradh laistigh de 12 mí ó eisiúint litreach tairisceana deontais nó faoin 31 Márta 2010, cibé acu is luaithe
- mura gcomhlíonfar oibleagáidí airgeadais agus reachtúla agus/nó caighdeáin bhainistíochta agus rialachais
- mura n-áiritheofar maoiniú de réir an amfhráma shainiúil
- mura dtíolacfar tuarascálacha airgeadais agus tionchair
- gan leanúint ar aghaidh le tionscadal nó le cuid de thionscadal.

49.22 Faoi dheireadh na bliana 2010, bhí deontais de €47.7 milliún dídhlísithe, agus b'ionann é sin agus díreach os cionn 20% de cheaduithe comhláin ag an dáta sin. Tharla an líon is mó de dhídhílsithe in 2008 agus 2009.

49.23 Tharla beagnach 90% de na dídhílsithe mar gheall nár síníodh conarthaí laistigh de na hamlínte a éilíodh. Tharla tuairim is 9% de na dídhílsithe tar éis don tairbhí cinneadh a dhéanamh gan leanúint ar aghaidh mar a bhí beartaithe agus tharla an chuid eile mar nár comhlíonadh oibleagáidí.

---

430 Bhí luach €57 milliún de thionscadail chaipitil san áireamh ansin a aistríodh ón EOCP go dtí an NCIP i lár 2006.

431 Níl na deontais a ceadaíodh faoi Scéim na nDeontas Forbartha Cúramóirí Leanaí nó faoin Tionscnamh Grúpaí Tuismitheoirí agus Lapadán san áireamh ansin.

49.24 Tá seachadadh iomlán an chláir moillithe agus níor chuidigh sé leis nach bhfuil in san líon iomlán tionscadal caipitil atá ceadaithe ach timpeall is leath de sprioc an chláir agus go bhfuil tarraingt na gcistí moillithe ag céim na seachadta. De na tiomantais €11.2 milliún a bhí amuigh amhail an 31 Nollaig 2010 bhí cion maith díobh sin a raibh an teorainn[432] dhá bhliain a bhain leis an airgead sin a tharraingt anuas sáraithe acu. Bhí 11 tionscadal a raibh leithroinnt de bhreis is €100,000 nach raibh tarraingthe anuas amhail an 31 Nollaig 2010 nár chloígh leis an gcoinníoll seo. €9.98 milliún an méid glan caipitil a ceadaíodh sna cásanna sin agus bhí €5.6 milliún gan íoc an 31 Nollaig 2010. .

Íocaíochtaí Eisceachtúla

49.25 Ceadaíodh seacht ndeontas chaipitil a sháraigh na teorainneacha a ceadaíodh faoin gclár[433]. Bhí méideanna na ndeontas sin idir díreach os cionn €1.2 milliún agus €2 milliún.

49.26 Luaigh Príomhoifigeach Feidhmiúcháin Pobal maidir le sé cinn as na seacht gcás, gur ceadaíodh maoiniú caipitil i dtús báire faoin EOCP áit nach raibh aon teorainn i bhfeidhm maidir le caipital pobalbhunaithe. Beartaíodh agus forbraíodh tionscadail bunaithe ar an gceadú a rinneadh faoin EOCP. Nuair a bhí deontais á n-aistriú go dtí an NCIP, rinne Pobal mionanailís ar gach tionscadal cás ar chás, inar breithníodh costas tairbhe an tionscadail a sheachadadh a mheasúnú bunaithe ar an gceadú bunaidh seachas gan iad a sheachadadh.. Tríd is tríd, measadh, sna cásanna eisceachtúla seo, go rachadh sé chun tairbhe cuspóirí an chláir agus riachtanais gach ceantair (na gceantar) dá gcuirfí na tionscadail i gcrích leis na deontais bhunaidh a ceadaíodh. Luaigh sé, gur próiseas bainistithe faoi réir ag nós imeachta agus ceadú cuí a bhí sa chás eile.

49.27 Bhí líon beag tionscadal caipitil nár leanadh leo agus ar tabhaíodh eisíocaíocht ina leith. Mar shampla, d'ainneoin nár leanadh le tionscadal, íocadh táillí gairmiúla de €104,000 i leith an tionscadail thobscoirthe.

Áiteanna a Cruthaíodh

49.28 Ba 24,356[434] é líon na n-áiteanna a cruthaíodh suas go dtí deireadh mhí na Nollag 2010 a thuairisc Pobal. De réir Pobal cruthaíodh cion níos mó áiteanna na mar a bhí beartaithe i saoráidí príobháideacha agus cuireadh breis is a dhá oiread áiteanna ar fáil don aois ghrúpa 3-4. Ach, léirigh an t-iniúchadh go leor míchruinnis sa bhunachar sonraí ar tógadh an t-eolas sin as. Mar gheall ar an imní a léirigh mé, d'fhostaigh Pobal a chuid iniúchóirí inmheánacha chun dul i mbun gnímh chun cruinneas na sonraí i mbunachar sonraí an Chláir Cúraim Leanaí a chinneadh. Ar bhonn sampla randamach de dheontais cúraim leanaí a scrúdú, léirigh iniúchadh inmheánach ráta earráide 4.5% sa bhunachar sonraí i gcomparáid leis na taifid bhunaidh[435].

---

[432] Éilíodh ar dheontaithe tuairisc a thabhairt ar a gcaiteachas deontais laistigh de dhá bhliain ón litir tairisceana deontais ón DCYA nó an 31 Márta 2011 cibé acu is túisce.

[433] €1.2 milliún le haghaidh iarratasóirí pobalbhunaithe agus €100,000 le haghaidh soláthróirí san earnáil phríobháideach.

[434] Cé go bhfuil sonraí faighte ar líon na n-áiteanna i ngach catagóir éagsúil de sholáthar cúraim leanaí níl comhshó déanta ar na sonraí sin go áiteanna comhionanna lán-aimseartha. Ina áit sin, féachtar orthu ar fad go comhionann chun críche tuairisc a thabhairt ar spriocanna agus ar sheachadadh.

[435] An sprioc líon áiteanna agus an líon áiteanna iarbhír a raibh tionchar ag earráidí orthu. Baineann an ráta earráide 4.5% le sprioc áiteanna.

Pátrún Úsáide Saoráidí

49.29 Ag leibhéal úsáide na saoráidí sin, tá athrú suntasach tuairiscthe ag CCCanna le blianta beaga anuas maidir leis an gcineál seirbhíse atá á chur ar fáil ar soláthróirí cúraim leanaí áitiúla agus iad ag athrú ó áiteanna lánaimseartha go háiteanna seisiúnacha. Léiríonn sé sin athrú in éileamh a bhaineann leis an ardú sa líon daoine atá dífhostaithe agus inacmhainneacht cúraim leanaí.

49.30 De réir dealraimh, chuir ioncam ráthaithe bliain réamhscoile saor in aisce an ECCE go mór leis an athrú sa phróifíl éilimh. Faoin scéim ECCE, a tugadh isteach i mí Eanáir 2010, tá leanaí atá idir 3 bliain agus 2 mí agus 4 bliain agus 7 mí d'aois an 1 Meán Fómhair gach bliain, i dteideal áit réamhscoile de chúig sheisiún laethúla trí huair an chloig a fháil saor in aisce le haghaidh 38 seachtain sa bhliain.[436]

Conclúid – Infheistíocht Chaipitil i gCúram Leanaí

Níor bunaíodh an sprioc bhunaidh de 50,000 áit cúraim leanaí nua ar mhionanailís de riachtanais cúraim leanaí feadh an Stáit agus ní raibh roinnt an tsoláthair idir an earnáil phríobháideach agus an earnáil phobail bunaithe ar aon réasúnaíocht shainiúil.

Ag an leibhéal feidhmithe, ghlac CCCanna cur chuige maidir le pleanáil cúraim leanaí a bhí réasúnta struchtúrtha, cé go raibh an t-eolas a úsáideadh éagsúil.

Léiríodh le tástáil iniúchta nach raibh tuairisciú spriocanna ná aschuir áiteanna nua cúraim leanaí ar aon dul le taifid bhunaidh agus trí obair imscrúdaithe a rinne Pobal, fuarthas ráta earráide de thuairim is 4.5% sna huimhreacha a tuairiscíodh. Tá impleachtaí i gceist leis sin i ndáil leis na torthaí go léir a foilsíodh go dtí seo. Mar sin féin, tá an t-eolas leordhóthanach chun tacú le roinnt conclúidí leathana.

- Cruthófar tuairim is 25,000 áit cúraim leanaí faoin gclár.
- Bhí struchtúr an chláir a seachadadh, laistigh den leibhéal aschuir a tuairiscíodh, éagsúil ón méid a beartaíodh. Cuireadh cion níos mó d'áiteanna cúraim leanaí ar fáil i saoráidí príobháideacha.
- Cuireadh an bhéim maidir le seachadadh den chuid is mó ar chatagóir an ghrúpa leanaí 3-4 bliain d'aois, áit a mheastar a cruthaíodh leath de na háiteanna go léir i gcomparáid leis an 20% a bhí beartaithe

Mar gheall ar an athrú i gcúrsaí eacnamaíochta agus an t-ioncam ráthaithe a bhaineann le seirbhísí seisiúnacha na bliana réamhscoile saor in aisce, tá athrú tagtha ar an gcineál seirbhíse cúraim leanaí atá á cur ar fáil, a bhfuil níos mó seirbhísí seisiúnacha seachas seirbhísí lán-aimseartha mar thoradh air.

Luach ar Airgead

49.31 Baineann na nithe seo a leanas le luach ar airgead a bhaint amach i ndáil le hinfheistíochtaí caipitil *inter alia*

- Na háiteanna a chruthaítear a mheaitseáil leis an éileamh atá ar na háiteanna sin
- Easáitiú a sheachaint
- A chinntiú go bhfuil costas an tsoláthair ar aon dul leis an eisíocaíocht a bheartaítear.

---

[436] Is féidir le teaghlaigh leas a bhaint as an scéim laistigh de sheirbhís cúraim leanaí lánaimseartha nó pháirtaimseartha, agus beidh leanbh i dteideal 50 seachtain de sholáthar réamhscoile saor in aisce a fháil déanta suas de 5 seisiún sa tseachtain de 2 uair an chloig agus 15 nóiméad sa ló.

Glacadh le hÁiteanna

49.32 Bunaithe ar shonraí a chuir Pobal ar fáil, bhí áit amháin as gach cúig áit nach raibh líonta ag deireadh mhí na Nollag 2010. Leis sin, tugtar le tuiscint go bhfuil acmhainneacht iomarcach de thuairim is 15,000 áit i gceist sna seirbhísí go léir arna dtacú leis an NCIP.

49.33 Tugtar le tuiscint leis an acmhainneacht iomarcach, go raibh níos mó ná leath na n-áiteanna nua a cruthaíodh faoi dheireadh mhí na Nollag 2010 sa bhreis ar an méid a theastaigh. Chomh maith leis sin, d'fhéadfadh cion níos mó de na háiteanna atá á gcomhaireamh mar aschur a bheith ina n-áiteanna páirtaimseartha nó ina n-áiteanna seisiúnacha seachas áiteanna lánaimseartha mar a samhlaíodh.

49.34 Bunaithe ar chostas measta de thuairim is €5,165 an áit, chosain na háiteanna breise measta a cruthaíodh €75 milliún ar a laghad[437].

49.35 Is dóigh go bhfuil éileamh spealta mar gheall ar ioncaim laghdaithe, rátaí dífhostaithe agus cúrsaí eacnamaíochta tríd is tríd mar chúis mhór leis an acmhainneacht iomarcach atá ann faoi láthair. Luaigh Pobal mar gheall ar thacaíocht an NCIP, go bhfuil an acmhainneacht agus t-infrastruchtúr ann anois chun freastal ar an éileamh sin nuair a bheidh deis agus acmhainní ag teaghlaigh a riachtanais a athrú go éileamh. Ag an am céanna, beidh dúshlán roimh sholáthróirí a n-oibríochtaí a chothabháil nó go méadóidh éileamh.

Dúnadh Saoráidí

49.36 Chomh maith leis na costais neamhéifeachtúla a bhaineann le caiteachas agus saoráidí nó áiteanna á gcruthú nach dteastaíonn, tá dóchúlacht ann go mbeadh tionchar easáitithe ag acmhainneacht iomarcach. Cé nach féidir saoráidí a dúnadh a cheangal go díreach le maoiniú saoráidí nua, tá 126 saoráid a fuair tacaíocht Stáit dúnta anois.

49.37 Tá fios ag Pobal ar 40 seirbhís chúram leanaí NCIP maoinithe nach bhfuil a stop ag feidhmiú sa tréimhse 2006 go dtí deireadh na bliana 2010. Tá eolas maidir leis na saoráidí sin i bhFíor 194. Íocadh díreach os cionn €0.5 milliún i ndeontais chaipitil leis na haonáin sin, le soláthróirí seirbhísí príobháideacha den chuid is mó.

Fíor 194 Seirbhísí Cúraim Leanaí NCIP Maoinithe a Stop ag Feidhmiú sa Tréimhse 2006 go dtí deireadh 2010

	Saoráidí Pobail	Saoráidí Príobháideacha	Iomlán
An Líon a Dúnadh	30	10	**40**
An Líon ar Ceadaíodh Caipiteal NCIP dóibh	7 [a]	10[b]	**17**
An Méid Caipitil a Ceadaíodh	€ 1,690,365	€ 607,586	**€ 2,297,951**
An Méid Caipitil a Íocadh	€ 33,853	€ 502,316	**€ 536,169**

Foinse: Pobal

Nótai: a Íocadh maoiniú caipitil le soláthróirí seirbhísí i gceann amháin as na seacht gcás.

b Íocadh maoiniú caipitil le soláthróirí seirbhísí i naoi gcinn as na deich gcás.

[437] Luaitear deontais athchóirithe le háiteanna áirithe. Níorbh fhéidir measúnú cinnte a dhéanamh ar an tionchar a bhí acu sin ar chostas in aghaidh gach áit. Dá nglacfaí iad ar fad sa gcomhaireamh d'ardódh an costas go dtí €6,400 in aghaidh gach áit.

49.38 Chomh maith leis na 40 seirbhís NCIP maoinithe a dúnadh, dúnadh 86 seirbhís eile EOCP maoinithe (51 soláthróir pobalbhunaithe agus 35 soláthróir príobháideach). Bhí tuairim is €6.3 milliún ceadaithe i ndeontais chaipitil EOCP do sheirbhísí a dúnadh agus íocadh €3.2 milliún amach. Íocadh €10.9 milliún eile amach i ndeontais soláthair foirne EOCP le saoráidí pobail a dúnadh ina dhiaidh sin. Tá a fhios gur chomhcheangail nó gur bhog 18 de na seirbhísí thuas (17 soláthróir seirbhísí pobail agus 1 soláthróir seirbhísí príobháideach) isteach i seirbhís eile tar éis dóibh dúnadh.

Costas an Toraidh in aghaidh an Phlean

49.39 Ar an iomlán, tá an glanmhaoiniú caipitil a ceadaíodh go dtí deireadh mhí na Nollag 2010, ag leath an mhéid caipitil bhunaidh a ndearnadh soláthar ina leith, ag teacht leis an leibhéal gníomhaíochta mar a thuairiscítear[438].

49.40 Ba léir le sampláil deontas tar éis ceartúcháin le haghaidh earráidí sa bhunachar sonraí nár sháraigh aon chuid den sampla an costas tagarmharcála i ndáil le gach áit a socraíodh don chineál saoráide a fuair fóirdheontas. Ach, i ndiaidh na bhfóirdheontas a fháil tháinig athrú mór ar úsáid na n-áiteanna sin, arna rianú ag tuairiscí airgdeadais agus tionchair leath-bhliantúla Pobal., Tháinig méadú 18% ar úsáid sheisiúnach i saoráidí pobail agus 11% i saoráidí príobháideacha. Tharla laghdú comhfhreagrach in úsáid áiteanna lánaimseartha agus páirtaimseartha.

Conclúid – Luach ar Airgead

Tá a fhios gur dúnadh thart ar 126 soláthróir cúraim leanaí a fuair maoiniú faoi chláir cúraim leanaí. Ba €3.7 milliún an maoiniú caipitil iomlán (NCIP agus EOCP) a íocadh leis na saoráidí sin.

Meastar, bunaithe ar shonraí tinrimh, go bhfuil 15,000 áit cúraim leanaí iomarcach san earnáil. Is ionann sin agus níos mó na leath an spriocmhéid áiteanna nua a bhí le cruthú go dtí deireadh 2010 faoin NCIP.

Agus é measta go gcosnaíonn gach áit cúraim leanaí €5,165, is ionann costas na n-áiteanna iomarcacha agus €75 milliún ar a laghad.

Leis an éileamh laghdaithe, tá baol ann nach mbainfear úsáid iomlán as gnéithe den infrastruchtúr chun na críocha a cruthaíodh iad nó nach n-úsáidfear saoráidí áirithe a fuair fóirdheontas níos mó mar gheall ar éileamh níos lú.

Tá an meascán úsáide éagsúil ón úsáid a samhlaíodh, tuairiscítear go bhfuil níos mó úsáid sheisiúnach á léiriú sna saoráidí pobail agus príobháideach araon.

[438] Anailís Cóimheasa: €357m : 50,000; €181.6m : 25,000

Riarachán agus Meastóireacht

49.41 Chomh maith leis an maoiniú caipitil a chuirtear ar fáil do sholáthróirí cúraim leanaí, cuidíonn dhá scéim seo a leanas a mhaoinítear faoin NCIP le tuismitheoirí ar ioncam íseal lena gcostais chúraim leanaí.

- An Fóirdheontas um Chúram Leanaí Pobail (CCS) – atá ar fáil do sholáthróirí cúraim leanaí pobalbhunaithe agus iad sin amháin[439].
- An clár um Thacaíocht Oideachais agus Oiliúna Cúraim Leanaí (CETS) – atá ar fáil do sholáthróirí cúraim leanaí príobháideacha agus pobalbhunaithe araon.

49.42 Ina theannta sin, tugadh isteach Scéim um Chúram agus Oideachas na Luath-Óige (ECCE)[440] ó mhí Eanáir 2010, nuair a tháinig deireadh leis an bhForlíonadh Luathchúraim Leanaí[441]. Tá sé sin ar fáil do sholáthróirí cúraim leanaí pobalbhunaithe mar aon le soláthróirí príobháideacha. Leis sin cuirtear bliain de chúram agus oideachas luath-óige saor in aisce le haghaidh leanaí in aois réamhscoile ar fáil.

Fóirdheontas Cúraim Leanaí Pobail

49.43 Tháinig an CCS i bhfeidhm sa bhliain 2008 agus tháinig sé in áit deontais soláthair foirne, a bhí á n-íoc roimhe sin le seirbhísí cúraim leanaí pobalbhunaithe. Leis an CCS, tugtar tacaíocht airgid do sheirbhísí pobalbhunaithe chun táillí cúraim leanaí a ghearrtar ar theaghlaigh atá ar ioncam íseal a laghdú. Tá na fóirdheontais ar fáil i ndáil le tuismitheoirí a fhaigheann íocaíochtaí leasa shóisialaigh nó atá i mbun cláir oideachais, oiliúna nó taithí oibre, i gcásanna a mbunaítear teidlíocht d'íocaíocht leasa shóisialaigh, chomh maith le daoine a bhfuil Forlíonadh ar Ioncam Teaghlaigh á fháil acu agus daoine a bhfuil cártaí liachta nó cártaí dochtúirí teaghlaigh acu. Íoctar an fóirdheontas go díreach leis na seirbhísí, agus bunaítear na leibhéil mhaoinithe ar líon na dtuismitheoirí cáilithe i seachtain thagartha.

49.44 Tá sé in ann a bheith deacair téarmaí airgeadais na scéime a chur i bhfeidhm ar shlí shoiléir. Mar shampla thug Coiste Cúram Leanaí Chathair Bhaile Átha Cliath ar aird gur féidir le deacrachtaí a bheith i gceist le táillí breisithe cúram leanaí a bhailiú ó roinnt tuismitheoirí a fhaigheann tacaíocht faoin CCS. Is é an taithí a bhí acusan ná go mbeadh drogall ar shaoráid phobalbhunaithe deireadh a chur leis an tseirbhís mar go mb'fhéidir nach rachadh sé chun tairbhe is fearr an linbh é sin a dhéanamh. D'fhéadfadh maoiniú a bheith ar fáil ó Oifigeach Leasa Pobail an HSE i gcásanna den sórt sin.

An Clár um Thacaíocht Oideachais agus Oiliúna Cúraim Leanaí

49.45 Thosaigh an clár CETS i mí Mheán Fómhair 2010 agus tháinig sé in áit scéimeanna tacaíochta cúraim leanaí a chuir FÁS agus na Coistí Gairmoideachais (VECanna) i bhfeidhm roimhe sin agus trína leithdháiltí íocaíochtaí cúraim leanaí go díreach ar mhic léinn agus oiliúnaithe cáilithe chun tacú leo lena gcostais chúram leanaí. Faoin scéim nua, íoctar táille chaipitíochta in aghaidh na seachtaine le seirbhísí cúraim leanaí rannpháirteacha i ndáil le gach áit cúraim leanaí ar conradh lena seirbhís[442]. In éiric air sin, éilítear ar an tseirbhís áit cúraim leanaí a chur ar fáil don mhac léinn no don oiliúnaí cáilithe saor in aisce. Tógann an DCYA áiteanna cúraim leanaí ar conradh i gcomhchomhairle leis na CCCanna ar bhonn an eolais a chuireann FÁS agus na VECanna ar fáil.

---

439 Nuair a tugadh isteach é in 2008 agus go dtí go ndearnadh é a mhodhnú i Meán Fómhair 2010, rinneadh tagairt de ghnáth don CCS mar an CCSS (Scéim Fóirdheontais Chúram Leanaí Pobail).

440 Dá dtagraítear de ghnáth mar 'Bliain Réamhscoile Saor in Aisce'.

441 Íocadh an Forlíonadh Luathchúraim Leanaí le tuismitheoirí leanaí faoi sé bliana d'aois agus is €1,000 sa bhliain a bhí i gceist sular cuireadh deireadh leis ó mhí na Samhna 2009. (Fotheideal A).

442 Athraíonn an méid ag brath más áit lánaimseartha, áit pháirtaimseartha nó áit iarscoile atá ann.

49.46 Bhí dúshlán ag baint le riarachán an chláir in 2010 agus níor líonadh na háiteanna go léir a tógadh ar conradh mar a samhlaíodh. Bhí baol ann freisin leis an gclár in 2010 go mbeadh forluí maoinithe i gceist le scéimeanna eile ós rud é nach ndearnadh uimhreacha pearsanta seirbhíse poiblí (PPSNanna) leanaí a bhfuil áit á fáil acu faoin gclár a chros-seiceáil le scéimeanna eile mar na scéimeanna CCS nó ECCE.

49.47 Luaigh an tOifigeach Cuntasaíochta gur bhain dúshlán le tabhairt isteach an chláir CETS mar nach raibh ach tréimhse ocht seachtaine ón am ar ceadaíodh é agus an t-am a tugadh isteach é. Chomh maith leis sin bhí sé deacair a thuar an méid daoine a ghlacfadh áiteanna CETS timpeall na tíre i Meán Fómhair 2010 mar gheall ar shonraí easnamhach maidir le híocaíochtaí roimhe sin agus mar gheall go mbeadh líon na dtuismitheoirí a mbeadh áiteanna CETS ag teastáil uathu ag athrú ó bhliain go bliain agus ó mhí go mí. Luaigh sé go raibh a fhios ag an DCYA go mbeadh roinnt neamhréire i gceist sa chéad tréimhse den chlár CETS agus rinneadh áiteanna FÁS a leithdháileadh le haghaidh sé mhí seachas le haghaidh dhá mhí dhéag, chomh maith le roinnt áiteanna a choinneáil mar chúltaca mar gheall air sin. Rinne sé a réamh-mheas, bunaithe ar an eolas a fuarthas ó chéad tréimhse an CETS go mbeadh socruithe riaracháin níos fearr i bhfeidhm ó Mheán Fómhair 2011.

49.48 Luaigh sé, cé nach bhféadfaí PPSN leanaí a mbeadh áit CETS acu i rith Meán Fómhair 2020/Lúnasa 2011 a chros-seiceáil, mar gheall ar an tréimhse ghearr a bhí ann chun an clár a chur i bhfeidhm agus go mb'fhéidir nach mbeadh áiteanna tógtha ach ar feadh tréimhse ocht seachtaine, go mbeadh córas i bhfeidhm do bhliain CETS Mheán Fómhair 2011 trína mbaileofaí na sonraí sin.

An Scéim um Chúram agus Oideachas na Luath-Óige

49.49 Meastar gur bhain 94% díobh sin a bhí incháilithe le páirt a ghlacadh sa scéim ECCE leas as áit sa scéimbhliain 2010/11

49.50 Éilítear ar sheirbhísí a bhíonn rannpháirteach sa scéim ECCE clár oideachais oiriúnach d'aois na leanaí a bheadh rannpháirteach a sholáthar. Éilítear orthu cloí le prionsabail Síolta, an Creat Náisiúnta do Chúram agus Oideachas sna Luathbhlianta agus Aistear, an Creat Curaclaim d'Oideachas sna Luathbhlianta. Leagtar amach in Iarscríbhinn B mionsonraí na gcreataí ar leith seo.

49.51 Chomh maith leis sin, tá íosriachtanais cháilithe i gceist le haghaidh ceannairí réamhscoile i dtimpeallachtaí ECCE. Caithfidh siad teistiúchán olldámhachtana i gcúram leanaí nó luathoideachas ag Leibhéal 5 ar a laghad de Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí na hÉireann (NFQ) nó a chomhionann a bheith acu. Beidh socruithe idirthréimhseacha i bhfeidhm suas go dtí Meán Fómhair 2010, nuair a mheasfar an t-íosriachtanas a bheith á chomhlíonadh bunaithe ar theistiúcháin dámhachtana eile agus taithí áirithe maidir le bheith ag obair i post freagrachta le leanaí sa raon aoise 0-6 bliain d'aois.

49.52 Tugadh ar aird i bPlean Forbartha Lucht Saothair (WDP) a foilsíodh i mí na Nollag 2010, nach raibh na buncháilíochtaí a theastaigh le bheith rannpháirteach sa scéim don bhliain réamhscoile saor in aisce a thosaigh in Eanáir 2010 ag thart ar 40% den lucht saothair i seirbhísí réamhscoile.

49.53 Tá táille chaipitíochta níos airde iníoctha leis an soláthróir (€400 sa bhliain) sa chás a mbíonn céim i gcúram leanaí nó in oideachas luathbhlianta (Leibhéal 7 ar a laghad ar an NFQ nó a chomhionann) agus taithí trí bliana ag ceannairí réamhscoile ag obair san earnáil agus sa chás a mbíonn olldámhachtain i gcúram leanaí nó in oideachas luathbhlianta ag Leibhéal 5 ar an NFQ nó a chomhionann ag gach cúntóir réamhscoile[443].

[443] Níl aon cheanglas cáilíochta do chúntóir réamhscoile ann don ghnáth-tháille chaipitíochta.

49.54 Luaigh an tOifigeach Cuntasaíochta go rabhthas ag glacadh le leibhéal cáilíochta eatramhach le haghaidh ceannairí réamhscoile idir Eanáir 2010 agus Lúnasa 2012 agus, go raibh formhór na ndaoine ag an leibhéal sin uasoilte go dtí dámhachtain Leibhéal 5 iomlán. Bhí an DCYA ag cur fóirdheontas ar fáil ar mhaithe le líon beag daoine nach bhfuair uasoiliúint a oiliúint, lena chinntiú go mbeadh gach ceannaire réamhscoile in ann riachtanas Mhean Fómhair 2010 a chomhlíonadh.

Acmhainní a Chur ar Fáil le haghaidh Seirbhísí Cúraim Leanaí

49.55 Meastar go bhfuil suas le 30,000 duine ag obair go díreach le leanaí i suíomhanna ionad-bhunaithe. Tá sé deacair tionchar fostaíochta na hinfheistíochta in infrastruchtúr leanaí a mheas ó tharla nár leagadh amach aon fhigiúirí bonnlíne nuair a cuireadh tús leis an gclár.

49.56 Cé gur samhlaíodh faoin Straitéis Náisiúnta Cúraim Leanaí 2006-2010 go bhforbrófaí clár oiliúna níor déanadh aon dul chun cinn suntasach go dtí amach i 2010 nuair a tugadh an WDP chun críche.

49.57 Ar cheann de phríomhchuspóirí an WDP tá a chinntiú go mbeadh na cáilíochtaí cuí ag gach duine a bheadh páirteach i seirbísí oideachais agus cúraim luathóige a chur ar fáil do leanaí óga agus dá dteaghlaigh lena ról agus a bhfreagrachtaí a chomhlíonadh. Ní mór monatóireacht ghéar a dhéanamh ar an bplean lena chinntiú go gcomhlíontar cuspóirí an phlean.

49.58 Léirigh sonraí a thuairisc na CCCanna agus na NVCOnna gur bhain daoine aonair 7,446 cáilíocht chreidiúnaithe cúraim leanaí amach sa tréimhse ón 2006 go 2010. [444] Ní fios cé méid acu sin ar cuireadh oiliúint orthu atá ag obair san earnáil cúraim leanaí.

49.59 Luaigh an HSE go raibh ról an HSE i dtaobh oiliúint chreidiúnaithe a chur ar fáil do gach duine atá páirteach i soláthar seirbhíse agus monatóireacht a dhéanamh ar an oiliúint sin fós á fhorbairt. I dtimpeallacht a bhfuil ciorruithe buiséid á ndéanamh agus seirbhísí ag feidhmiú ag 80% dá n-acmhainn tá baol ann go dtiocfaidh ardú ar an líon foirne gan oiliúint nó le leathoiliúint. Bheadh tionchar aige sin ar chreidiúnacht agus ar mar a fhéachann an pobal ar sheirbhísí atá ann cheana agus dá bhrí sin chruthódh dúshláin maidir le cigireacht atá ceaptha caighdeáin agus rialacháin a fhorfheidmiú faoi na creataí caighdeánaithe atá ann.

Infheistíocht an Stáit a Chosaint

49.60 Caithfear infheistíocht an Stáit i saoráidí cúraim leanaí

- a chosaint trí chúram a ghlacadh ar shaoráidí a fuair maoiniú
- a fháil ar ais nuair nach n-úsáidtear seirbhísí nó nuair a chríochnaíonn siad.

Cúraimí maidir le Saoráidí

49.61 Leis an NCIP, samhlaítear cosaint infheistíocht an Stáit i dtionscadail chaipitil le luach €200,000 nó níos mó trí chúram dlíthiúil ar an maoin ar a bhfuil an deontas infheidhme. Is cumhacht lánroghnach é sin áfach, agus níl sé infheidhme i ngach cás. Chomh maith leis sin, mar gheall ar an méid caipitil atá i gceist (€200,000), ní bhaineann sé le soláthróirí cúraim leanaí príobháideacha ar íocadh €34.1 milliún leo[445]. Léirítear le heolas a fuarthas ó Phobal gur tugadh díolúine i 82 cás.

---

[444] D'fhéadfadh an figiúir seo a bheith ró-ard mar thoradh ar shonraí a bheadh á dtuairisciú ag CCCanna agus NVCOanna a bheith ag teacht salach ar a chéile. Mar gheall go gcuireann NVCO i gcomhar le (nó coimisiúnaithe ag) CCC cúrsaí oiliúna ar fáil é seo.

[445] €100,000 an t-uasdeontas caipitil a bhí ar fáil do shaoráid cúraim leanaí phríobháideach.

49.62 Tá cúram á lorg i bhfabhar an Aire maidir le 105 tionscadal caipitil a fuair maoiniú faoin NCIP ar ceadaíodh caipitil de timpeall is €86 milliún dóibh. 13 díobh sin (12%) nach raibh cláraithe fós i Márta 2011[446] Bhí formhór na ndeontas a ceadaíodh íoctha go luath in 2011.

49.63 Dhearbhaigh Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin Pobal dom go bhfuil na cúraimí nach bhfuil cláraithe fós leis an CRO faoi réir ag gealltanas ó dhlíodóir an tairbhí iad a chlárú agus go bhfuil sé dearbhaithe arís agus arís eile do Phobal ag a chomhairleoirí dlí féin gur féidir muinín a bheith sa ghealltanas chun críche an phróisis forbartha.

49.64 Léirigh an tOifigeach Cuntasaíochta gur réamhriachtanas é i ngach cás go leasófaí Airteagail Chomhlachais lena chinntiú go mbeidh oibleagáid daingean orthu leasanna na Roinne a chosaint i ndáil le húsáid na maoine, nó ó leas na Roinne sa mhaoin a chomhréiteach. A luaithe a áiritheofar an cúram sin, cláróidh Dlíodóir an deontaí an teideal agus ina dhiaidh sin, cláróidh sé an cúram leis an CRO, chun infheictheacht a thabhairt do thriú páirtithe agus chun cosaint a thabhairt in aghaidh cúraimí nó breithiúnais eile. Luaigh sé gur lorg an DCYA tuairisc ó Phobal maidir leis an seasamh i ndáil leis na cúraimí a bhí ann agus a gclárú, go háirithe i ndáil le haon mhoill i gclárú.

Gníomh Aisghabhála

49.65 Nuair a fhaigheann Pobal fios gur dhún saoráid nó nach bhfuil saoráid in úsáid, téitear i mbun athbhreithnithe maidir leis an deontas. Braitheann an méid is féidir a aisghabháil ar an méid ama ar fhan an soláthróir oscailte tar éis an íocaíocht dheiridh den deontas, ar mhéid an deontais agus ar thréimhse ama an chonartha. Scríobhfaidh Pobal ansin chuig an soláthróir cúraim leanaí ag lorg íocaíochta.

49.66 Measadh go raibh €395,953 den tuairim is €500,000 de mhaoiniú caipitil NCIP a íocadh le soláthróirí príobháideacha a ndúnadh a seirbhísí in-aisghabhála. Bhí méid iomlán de €22,395 aisghafa faoi Mhárta 2011. Bhí €5,188 díscríofa tar éis é sin a chomhaontú leis an DCYA agus mar gheall ar na cúinsí pearsanta speisialta a bhain leis an soláthróir. Tá Pobal ag leanúint leis an gcuid eile den airgead a aisghabháil.

49.67 Measadh go raibh tuairim is €300,000 in-aisghabhála as an €3.2 milliún i maoiniú caipitil a íocadh le seirbhísí EOCP maoinithe a dúnadh. Chomh maith leis sin, measadh go raibh tuairim is €90,000 in-aisghabhála i ndáil le deontais soláthair foirne a íocadh le saoráidí pobalbhunaithe faoin gclár sin. D'aisghabháil Pobal €45,000 in aghaidh deontais chaipitil EOCP ach ní raibh aon aisghabháil déanta ar dheontais foirne amhail Lúnasa 2011.

49.68 I gcás deontas eile a dídhílsíodh tá €82,000 a d'fhéadfaí a in-aisghabháil ó ocht soláthróir seirbhíse. Faoi dheireadh Iúil 2011 bhí maoiniú de suas le €64,754 curtha ar ais ag sé sholáthróir seirbhíse. Tá Pobal ag dul i ndiaidh na hiarmhéide.

49.69 Luaigh an tOifigeach Cuntasaíochta maidir le maoiniú caipitil EOCP a fhorchúiteamh, go rachadh an Roinn i gcomhairle leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus go lorgófaí comhairle ó Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit maidir leis an tslí is éifeachtaí chun leanúint ar aghaidh i gcoinne daoine a raibh airgead dlite uathu.

---

[446] Tagraíonn seo do chlárú muirear leis an Oifig um Chlárú Cuideachtaí.

Meastóireacht an NCIP

49.70 Luaitear sa Phlean Forbartha Náisiúnta 2007 – 2013, go ndéanfaí dul chun cinn maidir le haghaidh a thabhairt ar riachtanais cúraim leanaí a athbhreithniú roimh dheireadh an NCIP lena chinntiú go raibh bearta oiriúnach i ndáil le riachtanais a thiocfadh chun cinn agus go mbeadh athbhreithniú mar fhaisnéis ag aon fhreagra beartais ina dhiaidh sin. Ní dheachthas i mbun aon athbhreithniú dá leithéid. Luaigh an tOifigeach Cuntasaíochta nach ndearnadh an t-athbhreithniú ar an NCIP mar gheall ar imeachtaí mar thabhairt isteach an Fhóirdheontais Chúram Leanaí Pobail in 2008 agus leasú an Fhóirdheontais in 2010 agus bhí an clár caipitil dúnta d'iarratasóirí nua ó 2008. Ba é cuspóir an bheartais ó 2009 ar aghaidh ná na seirbhísí cúraim leanaí a bhí ann a choinneáil a mhéad agus ab fhéidir.

Comhlíonadh na gCeanglas Tuairiscthe

49.71 Éilítear ar sholáthróirí cúraim leanaí a fhaigheann maoiniú caipitil faoin NCIP tuairisiú chuig Pobal faoi dhó sa bhliain. Ní raibh ach 37.5% de na tuairisceáin dé-bhliantúla a éilíodh do na sé mhí go dtí Meitheamh 2010 i ndáil le tionscadail chaipitil a maoiníodh faighte faoin dáta dlite (16 Lúnasa 2010). D'ardaigh an ráta comhlíonta go dtí 67.7% faoin 30 Meán Fómhair 2010. 81% ab ea an ráta comhlíonta le haghaidh na dtuairisceán caipitil do mhí na Nollag 2010.

49.72 Éilítear ar sheirbhísí cúraim leanaí a fhaigheann maoiniú fóirdheontais (CCS) tuairiscí a chur faoi bhráid Pobal trí huaire sa bhliain. Léirítear le sonraí ó Phobal, nach ndearnadh ach 46% de thuairisceáin don tréimhse go dtí Lúnasa 2010 a chomhadú faoin dáta dlite (21 Deireadh Fómhair 2010). D'ardaigh an ráta comhlíonta go dtí 82% faoi deireadh na Samhna 201. 96% ab ea an ráta comhlíonta le haghaidh tuairisceáin CCS na Nollag 2010.

49.73 79% ab ea an ráta freagartha don cheistiúchán bliantúil le haghaidh 2010 nuair a rinneadh é a thomhas in Aibreán 2011. 70% ab ea an ráta freagartha le haghaidh 2009 agus 90% le haghaidh 2008.

49.74 Is é polasaí Pobal gan soláthróirí cúraim leanaí a bhfuil ceanglais tuairiscithe le comhlíonadh acu a íoc.

Eolas maidir le Soláthróirí Cúraim Leanaí

49.75 bheadh bunachar sonraí cuimsitheach de sholáthróirí úsáideach chun cláir cigireachta agus cinntí beartais a chur ar an eolas. Níl aon bhunachar sonraí aontaithe de sholáthróirí cúraim leanaí ar fud na tíre.

49.76 Tá clár ag Pobal de gach soláthróir cúraim leanaí a fhaigheann maoiniú NCIP (caipiteal agus fóirdheontas) agus díobhsan a bhain leas as EOCP san am a caitheadh.

49.77 Ó tharla gurb é an DCYA féin a riarann an maoiniú ECCE bíonn mionsonraí aige orthusan a bhíonn ag éileamh an mhaoinithe sin chomh maith le mionsonraí orthsan a fhaigheann maoiniú CCS agus CETS.

49.78 Bheifí ag súil go mbeadh an bunachar sonraí is iomláine ag an HSE mar gheall ar an gceanglas rialála fógartha atá ann. Ach, os rud é nach bhfuil de cheangal ar sheirbhísí le haghaidh leanaí in aois scoile clárú leis an HSE, ní dóigh go mbeidh an cohórt seirbhísí sin nó cuid de i gcóras an HSE.

Príomhtháscairí Feidhmíochta

49.79 Chuir Fitzpatrick Associates athbhreithniú luach ar airgead i gcrích maidir leis an EOCP thar ceann an DCYA i mí an Mheithimh 2007. Aithníodh táscairí feidhmíochta don todhchaí san athbhreithniú a d'fhéadfaí a úsáid chun monatóireacht níos fearr a dhéanamh ar fheidhmíocht an NCIP. Bhí béim na dtáscairí nua a moladh dírithe ar luach ar airgead agus caighdeán seirbhíse i saoráidí cúraim leanaí tacaithe a thomhas ar shlí níos éifeachtaí. Bhí siad dírithe go háirithe ar mhaoiniú, ar chostais, ar ioncam, ar fhoireann agus ar chaighdeán.

49.80 Áiríodh iad seo a leanas ar roinnt de na príomhshonraí feidhmíochta a moladh

- An méid maoinithe infheistithe mar thacaíocht d'áiteanna nua cúraim leanaí (roinnte i gcaiteachas caipitil agus caiteachas reatha) chomh maith leis an méid maoinithe infheistithe mar thacaíocht d'áiteanna cúraim leanaí ann cheana féin (roinnte i gcaiteachas caipitil agus caiteachas reatha).
- Costas caipitil iomlán maidir le saoráidí cúraim leanaí a bhunú (lena n-áirítear ranníocaíochtaí neamh-NCIP).
- Costais foirne iomlána i seirbhísí cúraim leanaí tacaithe (lena n-áirítear ranníocaíochtaí lasmuigh de dheontais soláthair foirne NCIP).
- Cóimheasa foirne/leanaí i seirbhísí cúraim leanaí tacaithe (i dtéarmaí foirne iomláine, oibrithe cúraim leanaí díreacha agus de réir an chineáil spriocghrúpa laistigh den tseirbhís).
- Ráta athruithe foirne i seirbhísí cúraim leanaí a fhaigheann tacaíocht.
- Rátaí iomlaoide foirne i seirbhísí cúraim leanaí tacaithe.
- Líon na seirbhísí tacaithe le cur chuige curaclam-bhunaithe maidir le forbairt leanaí i bhfeidhm.
- Líon na seirbhísí tacaithe i mbun riachtanais fhoirmiúla gach linbh ag úsáid na seirbhísí a mheasúnú.

49.81 Ní dhearnadh monatóireacht ná tuairisciú ar gach uile cheann de na táscairí feidhmíochta nua a moladh san athbhreithniú luach ar airgead i dtréimhse an NCIP. Tá céimeanna glactha ag Pobal chun roinnt de na táscairí feidhmíochta a moladh san athbhreithniú VFM a ionchorprú (mar shampla rátaí iomlaoide foirne i measc foirne cúraim leanaí agus costais iomlána a bhaineann le hoibriú na seirbhíse cúraim leanaí le haghaidh seirbhísí pobalbhunaithe arna maoiniú faoin CCS). Luaigh an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin nár chabhraigh uainiú na tuarascála luach ar airgead le comhtháthú iomlán na moltaí san NCIP ón tús.

Cigireacht

49.82 Tá ról ag an HSE mar aon le Pobal i gcigireacht a dhéanamh ar shaoráidí cúraim leanaí.

Ról na Cigireachta Cúraim Leanaí

49.83 Tá de cheangal ar sholáthróirí cúraim leanaí faoin Acht um Chúram Leanaí, 1991 fógra a thabhairt don HSE maidir lena seirbhís agus ní mór do Chigireacht Cúraim Leanaí an HSE cuairt a thabhairt ar sheirbhísí réamhscoile lena chinntiú go bhfuil an tseirbhís ag comhlíonadh a dualgas faoin Acht.

49.84 Tá formáid na cigireachta leagtha amach chun meastóireacht réamhscoile a chur ar fáil feadh catagóirí leathana – cóimheasa leanaí/foirne, cóimheasa spáis, saoráidí sosa, forbairt leanaí, cláir chúraim struchtúrtha, bia, cóiríocht sláintíochta, saoráidí spraoi agus ábhair forbartha, sábháilteacht ghinearálta, garchabhair agus na taifid a choinnítear.

49.85 Tá 37 Oifigeach Réamhscoile/Cigire Luathbhlianta Cóibhéis Lánáimseartha (WTE) ag an gCigireacht ar fud na tíre atá freagrach as caighdeáin i níos mó ná 4,800 saoráid cúraim leanaí. Cuireann Oifigigh Sláinte Chomhshaoil, a bhfuil 24 WTEnna díobh ann, le cigireacht a dhéanamh ar sheirbhísí réamhscoile chomh maith. Rinneadh cigireacht ar 3,016 saoráid in 2010. Chuathas i mbun 612 cuairt athbhreithnithe/leantach eile chomh maith le 774 cuairt chomhairleach. Níl na tuarascálacha cigireachta foilsithe fós ag an HSE.

49.86 Luaigh Coiste Cúraim Leanaí Chathair Bhaile Átha Cliath nach ndearnadh cigireacht ar roinnt seirbhísí cúraim leanaí i limistéar Bhaile Átha Cliath le dó nó trí de bhlianta. Meastar go bhfuil gá le córas cigireachta caigdeánaí níos minice lena mbeidh seirbhísí níos freagraí.

49.87 Ba chóir go mbeadh tuarascáil chigireachta neamhshásúil ina príomhghné le háireamh agus cinneadh le déanamh maoiniú NCIP nó maoiniú Stáit eile a thabhairt do sholáthróir cúraim leanaí áirithe nó gan a thabhairt.Ní chuirtear torthaí cigireachtaí an HSE ar fáil don DCYA ná do Phobal mura mbeidh an soláthróir seirbhísí faoi réir ag ordú ionchúisimh. Nuair a dhéanfar iarratas ar mhaoiniú caipitil áfach, cuirfidh Cigireacht Réamhscoile an HSE ionchur agus aischur ar bhonn contae ar chontae ar fáil.

49.88 Luaigh Príomhoifigeach Feidhmiúcháin Pobal go rabhthas i dteagmháil le Speisialtóir Réamhscoile an HSE ar bhonn náisiúnta agus é beartaithe idirchaidreamh, comhordú agus roinnt eolais leanúnach a fheabhsú.

Cáilíocht

49.89 Is freagra á thabhairt ar fhiosruithe a rinne mé luaigh an HSE nach raibh próisis chaighdeánaithe i bhfeidhm i measc na bhfoirne cigireachta. Dá bhrí sin ní raibh leanúnachas ag baint le cleachtas ar bhonn náisiúnta. Baineann an imní atá orthu faoi láthair le minicíocht cigireachtaí, tuairiscí cigireachta a fhoilsiú agus torthaí na bpróiseas rialúcháin i ndáil le seirbhísí ar fho-chaighdeáin a scaipeadh. Tá Oifig Náisiúnta na Seirbhísí Sóisialacha do Theaghlaigh agus Leanaí ag tabhairt aghaidh ar na nithe seo faoi láthair ina ról dearbhú cáilíochta agus rialúcháin.

49.90 Níl aon phróiseas mheasúnaithe cáilíochta sainiúil i bhfeidhm go dtí seo le haghaidh seirbhísí cúraim leanaí. Le cigireachtaí réamhscoile an HSE, scrúdaítear roinnt gnéithe cáilíochta (faoi Rialachán 5 de na Rialacháin um Chúram Leanaí (Seirbhísí Réamhscoile), 2006), ach tá raon na hoibre sin go dtí seo teoranta. Meastar san HSE go gcuirfear níos mó béime ar cháilíocht le cur i bhfeidhm na gCaighdean Náisiúnta do Sheirbhísí Réamhscoile, ina ndíreofar ar chigireacht bunaithe ar chritéir leagtha amach chun torthaí cáilíochta a bhaint amach le haghaidh leanaí.

49.91 Luaigh an tOifigeach Cuntasaíochta go bhfuiltear i mbun meastóireachta ar chur i bhfeidhm phrionsabail Síolta i seirbhísí ECCE faoi Aonad Polasaí Luathoideachais na Roinne Oideachais agus Scileanna atá lonnaithe sa DCYA. Rachaidh an Chigireacht Oideachais agus an HSE i mbun comhchigireachtaí ar sheirbhísí ECCE ó Mheán Fómhair 2011.

Obair Chomhlíonta á Déanamh ag Pobal

49.92 Tá Pobal i mbun cuairteanna comhlíonta bliantúla chuig soláthróirí cúraim leanaí a bhfuil maoiniú fóirdheontais (CCS) á fháil acu. Tá seirbhísí a bhfuil maoiniú á fháil acu faoi na scéimeanna ECCE agus CETS ó cuireadh tús leo in 2010 faoi réir ag cuairteanna comhlíonta freisin ó Phobal thar ceann an DCYA. Chuathas i mbun líon iomlán de 2,882 cuairt chomhlíonta in 2010. Bhain 345 de na cuairteanna sin le seirbhísí CCS maoinithe agus sin amháin. Is ionann na cuairteanna chuig seirbhísí rannpháirteach sa scéim ECCE agus 62% de na seirbhísí go léir a bhfuil maoiniú ECCE á fháil acu.

49.93 Is é an príomhchuspóir atá le cuairteanna comhlíonta ná a chinntiú go bhfuiltear ag comhlíonadh coinníollacha na scéime. Seiceáiltear go háirithe na nithe seo a leanas

- go bhfuil an tseirbhís ann
- go bhfuil an beartas íocaíochta táillí a comhaontaíodh leis an DCYA á chur i bhfeidhm
- go bhfuil na leanaí a bhfuil tacaíocht á fáil acu faoin scéim ag baint úsáide as an tseirbhís. De ghnáth, dhéanfaí tinreamh na seachtaine roimh an chuairt chomhlíonta a scrúdú. D'fhéadfadh fiúntas a bheith le tinreamh a thomhas thar tréimhse ama níos faide nó ag tráthanna ama éagsúla.
- go bhfuil na cáilíochtaí riachtanacha ag an bhfoireann le bheith rannpháirteach sa scéim ECCE.

49.94 Féadann go raibh fiúntas ag baint le cuntas a choinneáil ar thinreamh thar tréimhse níos faide ama le linn tréimhsí éagsúla. Chuir Pobal ar an eolas mé go bhfuil cuairteanna comhlíonta gan fógra roimh ré le tabhairt isteach ó Mheán Fómhair 2011. Tá úsáid na seachtaine roimh ré mar an tseachtain tagartha á hathbhreithniú sula dtosódh cuairteanna Mheán Fómhair 2011.

49.95 Áirítear na nithe seo a leanas ar roinnt torthaí ó na cuairteanna

- bhí 13% de na seirbhísí ECCE maoinithe neamhchomhlíontach i ndáil leis na beartais íocaíochta táillí. Ciallaíonn 'neamhchomhlíontach' nach bhfuil seirbhís ag gearradh táillí de réir a beartas táillí féin arna cheadú ag an CCC. Áirítear cásanna ann mar shampla nach gcuirtear 'muirir roghnacha bhreise' i bhfeidhm i gceart.
- nuair a chuirtear torthaí na gcuairteanna go léir le chéile, ní raibh ach ráta áitíochta de 63% d'áiteanna cúraim leanaí i bhfeidhm ag tráth na gcuairteanna comhlíonta chuig seirbhísí ECCE. Tá sé sin bunaithe ar fhianaise tinrimh le haghaidh 33,000 leanbh as tuairim is 52,000 áit ceadaithe ag an DCYA sna seirbhísí ar tugadh cuairt orthu.
- chonacthas nach raibh dhá sheirbhís i mbun oibríochta.

49.96 Maidir le leanúnachas muirear, tá sé beartaithe ag Pobal tuairisc a thabhairt do CCCanna agus cuidiú leo a gcur chuige a chur in oiriúint do bheartais táille-íocaíochta le cur chuige leanúnach ar mhuirir roghnacha a chinntiú.

Athbhreithnithe Airgeadais

49.97 Téann an tAonad Fíoraithe laistigh de Chlár Luathoideachais agus Cúram Phobal i mbun cuairteanna fíoraithe freisin ar thionscadail chaipitil.. Maidir le tionscadail chaipitil, is ar bhonn samplaí a bhíonn siad sin agus cinntítear go dtabharfar cuairt ar gach tionscadal ar scála mór le hinfheistíocht chaipitil le níos mó ná €200,000 sula n-íocfar go hiomlán iad. Chuathas i mbun 106 cuairt fhíoraithe ar an meán in aghaidh na bliana sa tréimhse 2006 – 2010.

49.98 Tá an tAonad freagrach freisin as cuairteanna fíoraithe chuig CCCanna agus NVCOnna. Chuathas i mbun 26 cuairt CCC agus cúig chuairt NVCO in 2010.

49.99 Ina theannta sin, is féidir le Foireann Iniúchta Phobal dul i mbun iniúchtaí riosca-bhunaithe ar sholáthróirí cúraim leanaí. Bíonn siad sin bunaithe de ghnáth ar shaincheisteanna a thagann chun cinn nuair a scrúdaítear tuairiscí monatóireachta. Chuathas i mbun dhá iniúchadh dá leithéid in 2010.

49.100 B'iad seo a leanas na príomh-shaincheisteanna a aithníodh le linn cuairteanna fíoraithe ar sholáthróirí cúraim leanaí agus ar CCCanna agus ar NVCOnna

- caiteachas neamh-incháilithe faoi threoirlínte cláir
- ní raibh deimhnithe imréitigh cánach ar fáil chun tacú le híocaíochtaí
- ní raibh sonraisc bhunaidh ar fáil chun tacú le híocaíochtaí

- ní raibh aon chlár sócmhainní seasta i bhfeidhm
- níor baineadh spriocleibhéil amach
- níor cuireadh ainm le miontuairiscí Boird
- neamhchomhlíonadh treoirlínte fála poiblí
- teastaíonn lámhleabhair nósanna imeachta airgeadais inmheánacha a uasdátú agus/nó a leasú.
- bhí cásanna ann nach raibh comhaontuithe léasa, sainorduithe bainc, deimhnithe sábháilteachta ó dhóiteán, cóipeanna de mheamram agus airteagail chomhlachais, cuntais iniúchta, conarthaí fostaíochta agus miontuairiscí Boird ar fáil lena n-iniúchadh

49.101 Áiríodh saincheisteanna a bhaineann le fáil phoiblí, easaontacht leasa agus éifeachtacht rialuithe inmheánacha ar shaincheisteanna a tháinig chun cinn sna hiniúchtaí riosca-bhunaithe.

49.102 Luaigh Príomhoifigeach Feidhmiúcháin Pobal gurb é ról na feidhme fíoraithe laistigh de Phobal chomh luath is a aithníodh saincheisteanna ná a chinntiú go dtabharfaí ar aird iad agus go dtabharfaí aghaidh orthu go cuí. Leis an bpróiseas i bhfeidhm, formhéadaíodh neamh-fheidhmíocht thromchúiseach nó diansheasmhach agus cinntíodh monatóireacht agus leanúint suas níos fearr. Tugadh aghaidh ar fhadhbanna a aithníodh, don chuid is mó, i dtuairim Phobal go sásúil agus go tráthúil.

Conclúid – Riarachán agus Meastóireacht

Tugadh ar aird i bPlean Forbartha Lucht Saothair a foilsíodh i mí na Nollag 2010, nach raibh na buncháilíochtaí a theastaigh le bheith rannpháirteach sa scéim don bhliain réamhscoile saor in aisce ag thart ar 40% den lucht saothair ECCE reatha. Tá socruithe idirthréimhseacha infheidhme suas go dtí Meán Fómhair 2012.

Tuairiscíonn na CCCanna agus na NVCOnna gur bhain líon iomlán de 7,446 duine cáilíocht cúraim leanaí chreidiúnaithe amach i dtréimhse an NCIP. Ba ag Leibhéal 5 FETAC – an t-íosleibhéal a éilítear chun oibriú le leanaí faoi riachtanais na scéime ECCE a baineadh an cion ba mhó de na dámhachtainí.

Chonacthas trí chuairteanna comhlíonta Phobal go raibh 13% de sheirbhísí neamhchomhlíontach lena mbeartas íocaíochta táillí féin.

Tá gá le soiléire níos fearr maidir leis na costais a chlúdaítear leis an íocaíocht ECCE.

De réir cuairteanna comhlíonta suas go dtí Eanáir 2011 63% de na háiteanna arna maoiniú faoin scéim ECCE a bhí in úsáid tráth na gcuairteanna comhlíonta. Léirítear áfach go bhfuil an ráta ardaithe sna sé mhí go dtí Feabhra 2011.

Ní dheachthas i mbun an NCIP a athbhreithniú, mar a samhlaíodh san NDP, go mór mhór mar gheall ar eachtraí i gcion air agus gur tháinig beartais mharthana agus soláthar réamhscoile ina ionad.

Tá iarracht déanta ag an DCYA an infheistíocht i saoráidí cúraim leanaí a chosaint trí chúram a ghlacadh ar mhaoin chuimsithe i ndeontais chaipitil luach €86 milliún. Tá urrús glactha maidir le 60% de gach deontas caipitil chuig saoráidí pobalbhunaithe.

Rinneadh réimse cigireachtaí agus athbhreithnithe airgeadais ar shaoráidí, I gcás cigireachta HSE áfach tá imní ar an bhFeidhmeannacht maidir le minicíocht cigireachtaí, tuairiscí cigireachta a fhoilsiú agus torthaí na bpróiseas rialúcháin i ndáil le seirbhísí ar fho-chaighdeáin a scaipeadh.

Tuairimí Ginearálta an Oifigigh Chuntasaíochta

49.103 Stop an DCYA ceaduithe deontais chaipitil ó lár 2008 ar feitheamh chinneadh na Roinne Airgeadais an scéim deontais chaipitil a dhúnadh in Aibreán 2009. Luaigh an tOifigeach Cuntasaíochta go raibh coigilt chaipitil de €139 milliún in 2009/2010 mar thoradh ar fhreagairt luath an DCYA agus gur seachnaíodh 20,000 áit cúraim leanaí bhreise a chruthú, rud a dhéanamh cúrsaí níos measa le haghaidh na seirbhísí a bhí ann cheana féin mar gheall ar an gcúlú eacnamaíochta.

49.104 Luaigh sé go mba léir don DCYA go raibh an earnáil cúraim leanaí i mbaol mór mar gheall ar an gcúlú eacnamaíochta agus go bhféadfadh an infheistíocht chaipitil a dhéanfaí faoin EOCP agus faoin NCIP faoin tráth sin a bheith i mbaol. Thacaigh an DCYA leis an gclár le haghaidh Bliain Réamhscoile saor in aisce (ECCE) chun an earnáil agus infheistíocht an Stáit a áirithiú, agus baineadh é sin amach ó Eanáir 2010, an dáta ba luaithe a d'fhéadfaí dul ina bhun. Anuas air sin, leasaíodh an clár CCS in 2010 chun an tslí a spriocdhírítear an clár ar thuismitheoirí a bhíonn ag obair ar ioncam íseal a fheabhsú agus tugadh isteach an clár CETS chomh maith. Le chéile, is ionann an tacaíocht bhliantúil a tugadh don earnáil trí na cláir agus €232 milliún ag leibhéil 2011.

49.105 Luaigh an tOifigeach Cuntasaíochta gur díríodh an tacaíocht go príomha ar thorthaí forbartha leanaí a bhaint amach – trí thacaíocht uilíoch i bhfoirm bliain réamhscoile agus tacaíocht bhreise do na daoine sin ar ioncam íseal - agus tacaíocht don mhargadh saothair agus é a ghníomhachtú trí na cláir go léir ach go háirithe an CETS. Thug sé ar aird gurbh iad na tairbhí i bpoist agus i ngníomhaíocht eacnamaíochta a bhí á gcothabháil san earnáil cúraim leanaí na fotháirgí tábhachtacha a bhí mar thoradh ar thacaíocht na gclár do chúram leanaí i gcodarsnacht le híocaíochtaí le teaghlaigh nach rabhthas á spriocdhíriú chomh mór leis an bhForlíonadh Luathchúraim Leanaí roimhe sin. Chomh maith leis sin, nuair ba ghá chun inbhuanaitheacht a chinntiú, ceadaíodh do sheirbhísí a riachtanais ar leibhéal na seirbhíse a laghdú mar bheart ghearrthéarmach a bhí le hathbhreithniú ar bhonn bliantúil.

49.106 Luaigh an tOifigeach Cuntasaíochta gur measadh go ndearna na bearta sin an earnáil cúraim leanaí a chothabháil a mhéad agus ab fhéidir ó 2010 agus murach iad nach bhféadfaí dúnadh forleathan seirbhísí dosheachanta. Ba é cuspóir an DCYA a chur ar chumas seirbhísí an fód a sheasamh le linn na tréimhse sin le go mbeadh an t-infrastruchtúr a tógadh fós ann chun freastal d'aon ardú in éileamh ar chúram leanaí amach anseo nuair a ardóidh leibhéil fostaíochta. Measadh gur cinntíodh gur freagraíodh go tapa agus chomh héifeachtaí agus ab fhéidir do na hathruithe i gcúrsaí mar gheall ar mhonatóireacht leanúnach an DCYA ar an NCIP.

49.107 Maidir leis an CCS, ba é tuairim an Oifigigh Chuntasaíochta go bhfuil an clár seo i bhfad níos trédhearcaí ná an clár tacaíochta foirne a tháinig roimhe. Is mar gheall gur cinneadh maoiniú ar bhonn líon na dtuismitheoirí cáilithe a taifeadadh i dtuairisceán gach seirbhíse agus ar leibhéal na seirbhíse a cuireadh ar fáil dóibh é sin, seachas ar bhonn acmhainneacht na saoráide agus leibhéal díothachta an limistéir. Luaigh sé nuair a tugadh isteach an CCS in Eanáir 2008, gur taifeadadh arduithe agus íslithe móra i leibhéil mhaoinithe i ndáil le go leor seirbhísí.

49.108 Luaigh an tOifigeach Cuntasaíochta gur chóir torthaí cuairteanna comhlíonta Pobal a chur i gcomhthéacs roinnt chur i gcoinne maidir leis an gclár ECCE nuair a tugadh isteach ar dtús é. Bhí roinnt seirbhísí ag gearradh táillí níos airde ná ráta caipitíochta an ECCE, sular thosaigh an cúlú eacnamaíochta, agus bhí siad ag iarraidh dul timpeall ar an gceanglas an bhliain réamhscoile a chur ar fáil saor in aisce trí tháillí breise a ghearradh ar thuismitheoirí, táillí nach raibh roghnach. Rinne an DCYA, le cúnamh ó Phobal, dlúthmhonatóireacht ar an gcás i rith 2010 nuair a tugadh an ECCE isteach ar dtús agus is iomaí seirbhís a rinne iarracht dul timpeall ar na rialacha.

49.109 Cé go raibh saincheisteanna ann maidir le neamhchomhlíonadh in 2010, luaigh an tOifigeach Cuntasaíochta gur aimsíodh iad sin agus go ndeachthas i mbun gnímh ina leith (i.e. bhí ar an tseirbhís a dhearbhú go gcloífí leis an gclár nó chuirfí deireadh leis an gconradh. Cuireadh íocaíochtaí eile ar fionraí ar feitheamh toradh sásúil). Luaigh sé go mbeadh cuairt chómhlíonta ó Phobal gach bliain agus gur éilíodh ar sheirbhísí beartas ceadaithe maidir le táillí a bheith i bhfeidhm roimh gach tréimhse chonartha a dhéanfaí a sheiceáil le linn cuairte comhlíonta mar fhianaise chomhlíonta. Luaigh sé go bhfuarthas roinnt mhaith gearán ó thuismitheoirí in 2010 ach nach bhfuarthas mórán in 2011.

49.110 Chomh maith leis sin, luaigh sé go ndearna roinnt seirbhísí praghsanna arda seachtainiúla a chothabháil sular cuireadh tús leis an gclár ECCE trí ligean to thuismitheoirí a leanaí a chlárú ar bhonn pro-rata (i.e. le haghaidh dhá nó trí lá sa tseachtain in áit cúig lá). Leis an gclár ECCE, bhíothas ag iarraidh dícheall a dhéanamh seirbhísí a bhogadh i dtreo samhail cúig lá agus a chur ina luí ar thuismitheoirí gurb é sin a chóir a chur ar fáil. De bhrí gur thosaigh an chéad bhliain réamhscoile le linn na bliana acadúil, ní raibh tionchar iomlán an athraithe sin le brath go dtí Meán Fómhair 2010.

Conclúid

Bhí easpaí móra i gceist maidir leis an eolas a bhí i seilbh Pobal i ndáil leis an gclár cúraim leanaí. Tá tionchar acu sin ar na torthaí atá tuairiscthe go dtí seo.

Mar thoradh ar an gclár, cuirfear tuairim is 25,000 áit nua ar fáil agus athrófar an bhéim thar tréimhse an chláir go dtí soláthar don ghrúpa leanaí 3-4 bliain d'aois.

Ag an bpointe seo, meastar gur cruthaíodh acmhainneacht iomarcach de 15,000 ar chostas €75 milliún ar a laghad.

Leis an éileamh laghdaithe, tá an baol ann nach mbainfear úsáid iomlán as gnéithe den infrastruchtúr chun na críocha a cruthaíodh iad nó nach n-úsáidfear saoráidí áirithe a fuair fóirdheontas níos mó mar gheall ar éileamh níos lú.

Chomh maith leis na costais neamhéifeachtúla a bhaineann le caiteachas agus saoráidí nó áiteanna á gcruthú nach dteastaíonn, tá dóchúlacht ann go mbeadh tionchar easáitithe ag acmhainneacht iomarcach. Cé nach féidir saoráidí a dúnadh a cheangal go díreach le maoiniú saoráidí nua, tá 126 saoráid a fuair tacaíocht Stáit dúnta anois.

Maidir le hacmhainní a chur ar fáil, tugadh ar aird i bPlean Forbartha Lucht Saothair a foilsíodh i mí na Nollag 2010, nach raibh na buncháilíochtaí a theastaigh le bheith rannpháirteach sa scéim don bhliain réamhscoile saor in aisce ag thart ar 40% den lucht saothair ECCE reatha. Tá socruithe idirthréimhseacha infheidhme suas go dtí Meán Fómhair 2012.

Ar an iomlán, is é an dúshlán na seirbhísí a cruthaíodh le hinfheistíocht Stáit a chothabháil a mhéad in Éirinn agus is féidir le go bhféadfaidh an acmhainneacht bhreise a bheith ar fáil nuair a thiocfaidh méadú ar éileamh.

Maidir le cigireachtaí ábhar imní don HSE is ea minicíocht cigireachtaí, tuairiscí cigireachta a fhoilsiú agus torthaí na bpróiseas rialúcháin i ndáil le seirbhísí ar fho-chaighdeáin a scaipeadh.

Iarscríbhinn A Ról na gCoistí Cúraim Leanaí Cathrach agus Contae agus na gCoistí Náisiúnta Deonacha Cúraim Leanaí

Chuimsigh íocaíochtaí le Coistí Cúraim Leanaí Cathrach agus Contae agus le hEagraíochtaí Náisiúnta Deonacha Cúraim Leanaí 12.5% de na híocaíochtaí iomlána faoin NCIP sa tréimhse 2006 go 2010.

Coistí Cúraim Leanaí Cathrach agus Contae (CCCanna)

Bunaíodh tríocha a trí Coiste Cúraim Leanaí Cathrach agus Contae (CCCanna) sa bhliain 2001, chun forbairt cúraim leanaí a spreagadh go háitiúil.

Is iad na Coistí Cúraim Leanaí Cathrach agus Contae an chéad phointe teagmhála don phobal agus iad ag déanamh iarratais ar chúnamh deontais faoin gClár Náisiúnta Infheistíochta sa Chúram Leanaí. Cuireann siad raon leathan seirbhísí éagsúla ar fáil go háitiúil, lena n-áirítear; comhairle maidir le gnó cúraim leanaí a bhunú; seisiúin eolais maidir le cúram leanaí; cúrsaí oiliúna le haghaidh na ndaoine sin atá ag brath slí bheatha a bhaint amach i gcúram leanaí; chomh maith le comhairle agus tacaíocht i ndáil le hiarratas a dhéanamh ar dheontas faoin gClár Náisiúnta Infheistíochta sa Chúram Leanaí. Cuireann Coistí Cúraim Leanaí Cathrach agus Contae seirbhísí ar fáil le haghaidh tuismitheoirí freisin, mar eolas a chur ar fáil maidir le saoráidí cúraim leanaí áitiúla agus eolas faoi líonraí tuismitheoirí.

Eagraíochtaí Náisiúnta Deonacha Cúram Leanaí (NVCOnna)

Maoinítear seacht Eagraíocht Náisiúnta Dheonacha Cúraim Leanaí (NVCOnna) neamhrialtasacha, chomh maith le Líonra Cúraim Leanaí Chontaetha na Teorann, faoin NCIP. Tá a cuid aidhmeanna agus straitéisí féin ag gach eagraíocht ach tá leas agus saineolas faoi leith ag gach ceann i gcúram leanaí agus i luathoideachais le haghaidh leanaí.

Is iad seo a leanas na heagraíochtaí

- Barnardos
- Cumann Náisiúnta Feighlíocht Leanaí na hÉireann
- Forbairt Naíonraí Teo
- Irish Preschool Play Association
- Irish Steiner Kindergarten Association
- Cumann Náisiúnta na Naíolann
- St. Nicholas Montessori Society of Ireland

Is comhaltaí iad ionadaithe an NVCO den Choiste Náisiúnta Comhordaithe Cúraim Leanaí. Cuireann sé sin ar a gcumas eolas a fháil ar an mbeartas náisiúnta cúraim leanaí agus obair a n-eagraíochtaí féin a chomhordú dá réir.

Iarscríbhinn B Riachtanais Cháilíochta na Scéime ECCE

Is creataí cáilíochta iad Síolta agus Aistear a n-éilítear ar sheirbhísí atá rannpháirteach sa scéim ECCE iad a chur i bhfeidhm. Tá aistear níos dírithe ar fhorbairt leanaí fad is atá Síolta dírithe ar sheirbhís cúraim leanaí a sheachadadh.

Síolta

Is creat cáilíochta é Síolta le haghaidh na seirbhísí go léir a bhíonn ag obair le leanaí sa san aoisghrúpa 0-6. Is é an Lárionad Oideachais agus Forbartha don Luath-Óige (CECDE) a d'fhorbair é in 2006. Leis sin, cuirtear creat ar fáil le bheith mar threoir d'fheabhsú cáilíochta i ngach seirbhís ECCE. Tá 12 prionsabal agus 16 caighdeán mar bhonn taca aige. Baineann na caighdeáin le gnéithe éagsúla de sheachadadh seirbhíse, lena n-áirítear cearta an linbh, an timpeallacht, tuismitheoirí agus teaghlaigh, comhchomhairle, idirghníomhú, súgradh, curaclam, pleanáil agus meastóireacht, sláinte agus leas agus mar sin de.

Chun tacú le seirbhísí cúraim leanaí Síolta a chur i bhfeidhm, tá comhordaitheoirí Síolta ceaptha chun meantóireacht agus treoir a chur ar fáil do sheirbhísí a mbíonn cúnamh uathu. Déantar comhordaitheoirí Síolta a mhaoiniú trí na NVCOnna.

Aistear

Cuireann Aistear síos ar an gcineál foghlama agus forbartha atá tábhachtach do leanaí sna luathbhlianta agus cuirtear smaointe agus moltaí ar fáil maidir leis an tslí is féidir iad sin a chothú. Is í an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (NCCA) a d'fhorbair Aistear. Baintear úsáid as ceithre théama in Aistear a nascann lena chéile agus a fhorluíonn ar a chéile chun foghlaim agus forbairt leanaí a léiriú. Is iad Folláine, Féiniúlacht agus Muintearas, Cumarsáid, agus Fiosrú agus Machnamh na téamaí.

Is féidir Aistear a úsáid i raon timpeallachtaí luathóige, lena n-áirítear sa bhaile, timpeallachtaí feighlíochta leanaí, timpeallachtaí cúraim lae lánaimseartha agus páirtaimseartha, seirbhísí seisiúnacha agus ranganna naíonán i mbunscoileanna.